

An Odaisé



Aistritheoir: Monsignor Pádraig de Brún

Eagarthóir: Ciarán Ó Coigligh

AN ODAISÉ

Alain Audebert

AN ODAISÉ

An Odaisé

An Monsignor Pádraig de Brún
a d'aistrigh

Ciarán Ó Coigligh
a chuir in eagar

Máire Mhac an tSaoi
a scríobh an Brollach

COISCÉIM

Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Ciarán Ó Coigligh a chlóchuir
Johnswood Press Ltd. a chlóbhuail
Rhoda Uí Chonaire a dhear an clúdach

Faigheann Coiscéim cúnamh airgid ón gComhairle Ealaíon.

Clár

Brollach	vi
Réamhrá	viii
An Odaisé.....	1
Liosta Ainmneacha.....	454

Brollach

Dá fhaid siar agus a théann mo chuimhne, bhíodh m'Uncail Pádraig ag obair ar aistriúchán, i leith is go bhféadfadh sé féin ina aonar an tsaoíocht a bhí ceilte ag an stair ar phobal na Gaolainne a chothú thar n-ais ins an teangain: *Beatha Íosa Críost*, *Beathaí Phlútaire*, *Sofaicléas*, *Dante*, *Racine*, *Corneille*, agus ar deireadh thiar, *Hoiméar*.

Bhí a chleachtadh oibre tíosach agus córach. Bhíodh a chuid féin déanta ar dtús aige den mbuntéacs; bhí sé ráite mar gheall ar Phádraig óg de Brún, agus é fós ina choláisteánach, dá dtosnófa ar Hoiméar ag aon líne den dá mhóreipic go leanfadh seisean de ghlanmheabhair ar aghaidh as san go deireadh.

Dá mbeadh il-leaganacha i gceist bhídís cíortha aige; níor ghnách leis cloí le haon eagrán de théacs ach eagrán pearsanta a chur ar fáil dó féin do réir mar is dílse a thaibhsigh dó. Chuir an t-aistriúchán ceann ar shuí fhada le húdar ionmhain; bhí slánú muintearais ann tar éis an chaidrimh fhada ar aigne agus ar shaothar an mháistir.

Is faoin dtuairim sin a shuíodh sé i mbun pinn gach maidin dá laethanta saoire fada táirgiúla ar an gCill, i nDún Chaoin, tar éis Aifrinne agus céadphroinne, go mbreacfadh sé an chéad dhréacht dá thasc. Scoradh sé lár an lae chun suaitheadh coirp agus caitheamh aimsire, agus arís tráthnóna dheineadh sé cóip ghlan ina pheannaireacht álainn phearsanta, de rith trialach na maidine - ach is istoíche a thagadh anam sa scríbhinn.

Tigh cuileachtan a bhí sa Chill agus mise ag fás suas. Bhailíodh dáil comharsan ann gach oíche - bhíodh buidéal amháin *stout* an duine ann dos gach aoine - agus níl insint scéil ar dhathannacht, ar dhoimhne agus ar mheidhir an chomhráidh a bhíodh ann. Is faoin gcaibidil seo a chuireadh m'Uncail gach oíche toradh a mheabhraithe, nuair léadh sé ós ard cantam an lae dá shaothar, go gcuirtí, ina fhocla féin, "faghairt is binne" orthu "le bréithre an bhreithimh réidh."

Im' chuimhne ní chomh réidh sin i gcónaí a bhíodh na bréithre, ach do sháraigh an t-aighneas ar aon phlé eile dá shórt dár chuala riamh ar ghreann is ar aibiúlacht thuairime. Ar shlí, is buanú ar thréithiúlacht mhuintir Dhún Chaoin, agus mhuintir thuithe na Gaeltachta agus na hÉireann i gcoitinne, gach líne dár scríobh

m'Uncail riamh. Fear tuaithe a bhí ann ó phréimh, nár imir riamh pátrúnaíocht ar a phobal féin.

Follas seana-thrialta atá ann gur mhair an saol Hoiméarach isteach sa fichiú haois ins na Gaeltachtaí. Tá an méid sin fíoraithe anso gan cháim. Ní hiad atá anso laochra dothuigthe na hársaíochta ina bpéintéireacht ar áraistí cré, ach fir a bhí go maith i mbád agus i ngort; nathannach ceartaiseach ina gcaint ar uairibh agus tapaidh as a mbuille ar uaireanta eile; oileánaigh de stampa Thomáis ' Chriomhthain, áilteoirí ó stábla Christy Mahon. Má chuir an tseana-Ghréig comaoín ar shibhialtacht uile an Iarthair tá an comhar díolta anso léi ag an gcine is iartharaí dá páirtithe i gcultúr Eoraip na sean.

Tá an domhan clasaiceach scaoilte ag an saothar so ó bhréigriocht na hochtú haoise déag agus ó leimhe na scol. Aithnímid anso na huirilí agus na gréithre, teicníc agus taithí tuaithe agus mara, faoi mar bhíodar ag ár seanmhuintir féin, faoi mar nochtann siad, abair, i bhfilíocht Shéamais Heaney. Agus an t-éirleach? An lámh láidir? An bhrúidiúlacht? Mo léir! Ní dall sinn orthu san ach oiread.

"Séideann an ghaoth mar a mbíonn a héirim..." (Eoin, caib. 3, v.8). Tá eachtraithe ag fear eagar an leabhair seo, ag Ciarán Ó Coigligh, ar an scailp neamhshuime agus faillí faoinar chlaochlaigh loinnir an tsaothair seo le blianta fada. Tréas na bhfaisean agus leisciúlacht an ainmí duine faoi ndear a ligint go hiomlán i ndearmad go dtí gur dhírigh an chinniúint súil ghéarchúiseach Chiaráin ar an dtéacs agus gur aithin sé a thábhacht. Tá moladh nach beag ag dul dó as dhíograis agus éifeacht na hiarrachta a rinne i dtreo go leighisfí gan mhoill neamhaistear agus neamhchúram na mbliain. Guím an t-aitheantas is dual dó ar a dhúthracht, agus maidir liom féin de, téann díom an insint is dual dom' bhuíochas a dhéanamh air. Guím gach rath ar an iarracht, agus is eol dom go bhfuil fós ar fud na tíre slua de chairde agus de dhaltaí "Shagart na Cille" a chuirfidh áiméan leis an ngú.

Máire Mhac an tSaoi

Is i nGráinseach Mhóicléir, Co. Thiobraid Árann, a rugadh Pádraig de Brún ar an 13 Deireadh Fómhair 1889.

Fuair sé a chuid oideachais i gColáiste Charraig an Tobair, i gColáiste na Croise Naofa, Cluain Life, in Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, i bPáras agus in Ollscoil Ghöttingen.

Oirníodh é i 1913. Bhí sé ina Ollamh le Matamaitic i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad, 1914-45. Toghadh é ina Uachtarán ar Choláiste Ollscoile na Gaillimhe in Aibreán 1945.

D'aistrigh sé go leor scríbhinní ón nGréigis, ón Laidin, ón bhFraincis agus ón Iodáilis go Gaeilge: *Antiochaine* (1926), *Rí Oidiopús* (1928) agus *Oidiopús i gColón* (1929) le Sofoicléas; *Atáile* (1930) le Racine; *Poileacht* (1932) agus *Iodhbairt Ifigéine* (1935) le Corneille; *Beathaí Phlútair* (1936), *Cúpla laoi as Edda* (1940) agus *Coiméide Dhiaga Dante, Leabhar 1, Ifreann* ([a foilsíodh tar éis a bháis,] 1963). D'aistrigh sé cuid den *Íliad* freisin agus cuid de liricí Shéicspéir. Foilsíodh go leor dá dhéantúis fhileata féin freisin ar ndóigh go háirithe *Miserere* (1973). D'fhoilsigh sé *Beatha Íosa Críost* (i bpáirt leis an Ath. Ó Baoighealláin, 1929) agus *Scéal Naomh Pádraig do Bhuaichailbh agus do Chailínibh* (c. 1932). Tá cáil mhór i gcónaí ar dhá aiste dhíospóireachta leis a foilsíodh i *Humanitas* (1930). D'fhoilsigh sé "Bhéarsaí as Leabhartha Hómér" i *Humanitas* (Márta, 1931) chomh maith.

Rinneadh prealáid teaghaise de i 1950. Is ar Dhomhnach Cincise, an 5 Meitheamh 1960, a bhásaigh sé.

Is dhá chóip chlósscríofa den *Odaisé* atá ar marthain. Tháinig an tAthair Connla Ó Dúláine SJ ar chóip amháin (a raibh Leabhra V agus VI in easnamh uirthi) i seomra an Athar Pádraig Ó Ceallaigh SJ i gColáiste Iognáid, Gaillimh sna seachtóidí. Thug sé an téacs do Phroinsias Mac an Bheatha i mí Lúnasa 1984 le súil go mb'fhéidir go bhféadfadh FNT é a fhoilsiú.

Bhí an tAth. Ó Dúláine den bharúil go mb'fhéidir gurbh é Máirtín de Bhailis SJ nó Aindrias Ó Fearghail SJ an t-údar. Dhearbhaigh an tAth. Maitiú Midheach SJ don Dúlánach i dTeach Mhanresa, Baile Átha Cliath, faoi Cháisc na bliana 1987 gurbh é Máirtín de Bhailis

an t-údar agus gur ón Ath. Seán Ó Mealláin (RIP) a chuala sé féin an méid sin.

Is ar an 17 Meán Fómhair 1986 a fuair an t-eagarthóir seo an chóip easnamhach den téacs ó Phroinsias Mac an Bheatha go dtabharfadh sé a bharúil faoi fhiúntas na hiarrachta agus dá mb'fhonn leis go gcuirfeadh sé cúpla sliocht as in eagar le foilsiú i gceann éigin de na hirisi liteartha.

Bhí sé den bharúil tar éis cúpla leabhar (24 leabhar ar fad atá san *Odaisé*) a léamh gur sáriarracht a bhí ann agus gur mhór ab fhiú an téacs iomlán a fhoilsiú. Shíl sé go mb'fhéidir gurbh é Seoirse Mac Tomáis an t-aistritheoir. Chuaigh sé i dteagmháil lena bhean Katharine Thomson agus dhearbhaigh sise gur aistrigh Seoirse *An Odaisé* nó cuid di ar a laghad ach go ndeachaigh an téacs amú air. Dúirt sí nach raibh aon chosúlacht idir cló clóschríobhain Sheoirse agus cló na clóschríbhinne a frith i nGaillimh. Dhearbhaigh sí thairis sin nárbh í lámh Sheoirse a bhreac na ceartúcháin ná na hathruithe i bpeann dúigh atá ar fud na clóschríbhinne.

Chuaigh sé i dteagmháil le Máire Mhac an tSaoi, iníon deirfear leis an mBrúnach, in earrach na bliana 1988 agus dhearbhaigh sise láithreach gur leis an Monsignor Pádraig de Brún an chlóschríbhinn agus gurbh í a lámh seisean a bhreac na ceartuithe. Dúirt sí thairis sin go raibh sí den bharúil go raibh cóip eile den chlóschríbhinn i measc pháipéir liteartha an Bhrúnaigh i gCartlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Thug an t-eagarthóir agus Máire Mhac an tSaoi cuairt ar an gcartlann chéanna ar an 10 Bealtaine 1988 agus tar éis tamaill ag póirseáil trí roinnt boscaí a raibh páipéir liteartha leis an mBrúnach iontu thángthas ar leagan clósscríofa iomlán den *Odaisé*.

Is i gclúdach donn poist cláraithe leis an dáta 6.vi.57 atá Leabhar a hAon den chóip atá sa gCartlann. "Seán Ó hÉigearthaigh, Uasal, Sáirséal agus Dill, 44, Br. na hArdpháirce, Áth Cliath" an seoladh atá ar an gclúdach. Tá cóip, cúig charbóin den chlóschrift, agus litir chlúdaigh ón gclóschríobhaí Máire Ní Choindealbháin faoin seoladh "50, Sr. Oilibhéir Pluincéid, Corcaigh" in éineacht leis an leabhar.

Dhearbhaigh Brighid Bean Uí Éigearthaigh go raibh sé i gceist ag Sáirséal agus Dill *An Odaisé* a fhoilsiú agus go raibh an-mheas ag Seán Ó hÉigearthaigh ar aistriúchán an Bhrúnaigh. Bhí eagarthóireacht déanta ag Máire Mhac an tSaoi ar an gcéad dá leabhar mar chuid den iarracht. Ní bhfuair an tÉigeartach ach an t-aon leabhar amháin ón Monsignor do réir cosúlachta. Shíl Bean Uí Éigearthaigh go

mb'fhéidir gur de bharr ceal airgid nach ndeachthas ar aghaidh leis an bhfoilsíú.

"Gaillimh, an 16ú lá de Shamhain, 1949" na focla deireanacha clóscríofa atá sa gclóscríbhinn. Díreach fúthu sin tá na focla "Deire ceartaithe is líofaithe, Domhnach Cásca, 25 de Mhárta 1951" i láimh an Bhrúnaigh. Is léir dá réir sin go raibh *An Odaise* ar fad aistrithe le blianta sular chuir an tÉigeartach an chéad leabhar di a clóscríobh i gcomhair a foilsithe pé ar bith uair a ndeachaigh an Brúnach i dteagmháil leis i dtaobh an scéil i gcéadóir. Cothrom an lae sin naoi mbliana ina dhiaidh sin is ea a bhásaigh an Brúnach is gan *An Odaise* fós foilsithe. Ghabhfadh deich mbliana fichead eile thart sula bhfeicfí an saothar céadach seo i gcló i bhfoirm leabhair.

Glactar leis anois gur saothar aon duine amháin — Hoiméar — *An Odaise* a fásceadh as cumadóireacht liteartha ní ba shíne agus thairis sin gur thar achar roinnt céadta bliain a saothraíodh teanga na heipice agus nach déantús údair amháin í. Is é Hoiméar an scríbhneoir Gréagach is sine a bhfuil déantús liteartha leis ar marthain. Mhair sé do réir cosúlachta sa 9ú haois roimh Chríost i gceann éigin de na cathracha a bhunaigh na Gréagaigh ar chósta Aeigéach na hÁise Bige; agus tá seans ann gur scríobh sé síos a chuid déantús liteartha.

Is dhá ghné den aon téama amháin *An Íliad* agus *An Odaise* — scéal Chogadh na Traí agus ar lean de. Is iad an dá shaothar seo i dteannta a chéile an léargas is sine ar mheon an Iarthair i gcruith liteartha atá ar marthain. Ní fhéadfadh dhá shaothar chomh cumasach a theacht ar an saol gan sinsir ealaíonta. Is dánta eipiciúla iad ó thaobh crutha de. Is soiléire a bheas a n-ábhar don léitheoir nua-aimseartha má thugtar traigéid ar *An Íliad* agus úrscéal ar *An Odaise*. Is san *Íliad* a chloistear den chéad uair glór firinneach na Bé Traigéidí ar an gcaoi chéanna gurb í *An Odaise* lena plota dea-fhuinte, a spéis shíceolaíoch, le himirt a cuid carachtar ar a chéile, sinsear fíor na líne fada úrscéalta a lean í.

Is saothar ealaíne neamhspleách ar fad gach aon cheann den dá dhéantús liteartha seo arb é Cogadh na Traí a gcúlra coiteann. Bhí Cathair na Traí nó Iliam faoi léigear ar feadh deich mbliana nó gur scriosadh í ar deireadh ag Agamamnón agus a lucht leanúna feodach do réir chuntas Hoiméir. Is cosúil gurbh ionann an chathair seo agus Hissarlik, seanáitreabh i ngar don Mhuir Aeigéach i gcúinne thiar thuaidh na hÁise Bige. D'fháisc Hoiméar scéal a bhfuil dealramh na firinne air as meall ábhair finscéalaíochta agus mheaseolaíoch. Ba iad gaiscígh a chuid déantús liteartha sinsir mar dheana na ndaoine uaisle

ar aithris sé a chuid dánta ina láthair. Ba mhór an t-údar gaisce dóibh siúd a shamhlú gur de na neachanna diaga seo iad féin agus nach raibh eatarthu ach cúpla glúin. Ar ndóigh is spéisiúil ó thaobh na staire de an cur síos ar shaol agus ghnásanna a linne féin a thugas an t-údar dá bhuíochas féin.

Is éard atá san *Íliad* eachtra amháin de chuid léigear deich mbliana na Traí. Tá longa an fhórsa sluaíochta Ghréagaigh i líne ar an trá; tá na trúpaí ar ceathrúin i mbothanna lena dtaobh; tarlaíonn an troid ar an maigh réidh idir na bothanna agus ballaí na cathrach. Mheall Agamamnón mac Aitréis, an t-ardtiarna Gréagach, agus a dheartháir Meinelás Sparta, mheall sé na prionsaí a bhí faoi mhoghaine aige ceangal leis in aghaidh na Traí agus Phriamais, a rí, i ngeall air gur fhuadaigh Páras, duine de chlannmhac líonmhar Phriamais, bean Mheineláis, Héilin álainn. Ní thráchtar sa scéal ach ar chúlú Aichilléis ón troid tar éis caismirte le hAgamamnón, a ghabháil i mbun airm athuair, agus bhás an phrionsa Thraíoch, Eachtar, ar frith a chorp ó Aichilléas le haghaidh cur de bharr iarrachtaí pearsanta a athar, Rí Priamas. Cuirtear deireadh leis an *Íliad* le sochraid Eachtair. D'fhág Hoiméar faoi na filí eipice ba lú ceird ná é féin a lean é cur leis an scéal ag a thosach agus ag a dheireadh.

Lean sé dá chuid oibre féin san *Odaise*, a thosaíos ag pointe sa deichiú bliain tar éis na troda, arb iomaí féachaint siar uirthi a fhaightear, agus déanann sé cúram d'eachtraí na dtaoiseach Gréagach agus iad ag triall ar an mbaile. Déantar trácht ar na taoisigh mhóra uilig, ach is í cinniúint duine amháin acu, Odaiseas, Rí Iticé, oileán amach ó chósta thiar na Gréige, a roghnaítear mar théama láir ar mhaithe le gnóthaí ealaíne. Déantar cúram ar leith de Mheinelás, d'Agamamnón, agus de Neastór. Tá a oiread cuir síos i Leabhar IV ar eachtraí Mheineláis agus tá a oiread cosúlachta acu le heachtraí Odaiseis go mbeadh fonn ar dhuine a cheapadh go bhfuair Hoiméar finscéal an Phrionsa Fháin ceangailte le hainmneacha na beirte acu san ábhar ar bhain sé earraíocht as gur thug sé dhá leagan den scéal dúinn. Ar aon nós tá deacracht anseo don dream a deireas gur carachtair de chuid na staire an bheirt acu. Is díol suime, dála an scéil, nach gcuireann cinniúint na dTraíoch agus a gcuid comhghuaillithe tar éis an Scriosta aon imní ar Hoiméar, fág as bás Chasandra, iníon Phriamais, ní hionann is an bhail shlachtmhar a chuireas sé ar thaobh na nGréagach den scéal.

Cuirtear ceann ar an scéal díreach roimh fhilleadh Odaiseis ar an mbaile le comhairle de chuid na ndéithe Oilimpeacha sa deichiú bliain

tar éis Scriosadh na Traí. Gabhann Séas sa gcathaoir agus tráchtann ar dtús ar chinniúint Agamamnoín, a dúnmharaíodh tar éis dó triall ar an mbaile ón Traí ag Cliotaeimnéistre, a bhean, agus a leannán, Aegastas; scéal tubaisteach a chuireas Hoiméar inár láthair anseo agus arís agus arís eile ar mhaithe leis an éagsúlacht idir míchlú Chliotaeimnéistre agus fíorshuáilce Pheanápla, banríon Odaiséis a chur i gcion orainn. Ansin tráchtar ar Odaiséas é féin, agus braitear go mba cheart an carachtar míshásta seo ar chinn air an baile a shroicheadh le deich mbliana, i ngeall ar naimhdeas an dé mhara Poiséadón atá as láthair ón gcomhairle (agus ar mharaigh Odaiséas a mhac Polaiφέμας), braitear gur cheart é a thabhairt ar ais chuig a ríocht. Tá sé coinnithe faoi láthair in éadan a thola ar oileán iargúlta Ógaigia ag an nimfeach Calapsó, mion-bhandia a bhfuil a cuid cleasanna oibrithe aici air in aisce; agus is ann sin (i Leabhar V) a chastar dúinn é den chéad uair, agus ní chloiseann muid i dtaobh na rudaí a rinne sé i gcaitheamh na chéad trí bliana dá fhánaíocht tar éis Scriosadh na Traí go dtí Leabhar IX.

Tar éis d'Aitéine a mholadh go gcuirfi Heirméis, Teachtaire na ndéithe, chun bealaigh le haghaidh Odaiséas a shaoradh, tugann Aitéine, crann seasta agus cosantóir Odaiséis, cuairt ar a phálás in Iticé go ndéana sí a mhac óg Teilimiceas a shaighdeadh lena dheaide atá ar iarraidh le fada a aimsiú, nó, dá gcinnfeadh air, ar a laghad ar bith go dtabharfadh sé tionól le chéile le go gcuirfeadh sé deireadh leis an staid dhofhulaingthe a tháinig chun cinn i gcaitheamh an achair a raibh Odaiséas as láthair. Tá a bhean dhílis Peanápla faoi léigear ina teach féin ag slua mionphrionsaí collaí uaillmhianacha ó Iticé agus na hoileáin faoi chuairt, agus fonn ar gach uile fhear acu an bhanríon atá slachtmhar i gcónaí a phósadh agus fonn níos mó fós orthu a ghabháil i mbróga Rí Odaiséas. Seo é ábhar Leabhra I-IV.

Cuireann Teilimiceas fáilte roimh Aitéine agus í i mbréagrioht strainséara agus tugann cuntas di ar an staid sa bpálás. Tá a mháthair Peanápla ag iarraidh a cuid leannán a chur ó dhóras agus fanacht dílis dá fear Odaiséas. Tugann Aitéine comhairle. Cuireann Teilimiceas cuma na maítheasa air féin agus é ag déileáil lena mháthair agus glaonn tionól don lá dar gcionn. (Leabhar I).

Cáineann Teilimiceas na leannáin sa tionól ach is cuma leo. Déanann siad casaoid faoi iompar Pheanápla agus molann do Theilimiceas í a sheoladh ar ais chuig teach a hathar. Iarrann Teilimiceas long le haghaidh an aistir. Déanann na leannáin magadh faoi sa bpálás an oíche sin ach mar sin féin faigheann sé a long agus

tugann aghaidh ar Phiolas (Leabhar II). Castar Neastór air ansiúd agus cloiseann sé trácht ar ghaiscí a athar sa Traí agus ar fhilleadh gaiscíoch Gréagach eile ón bhfeachtas Traíoch. Ach níl a fhios ag Neastór cá bhfuil Odaiséas faoi láthair (Leabhar III). Coinníonn Teilimiceas air chomh fada le Sparta áit a gcuireann Meinealás agus Héilin, a bhfuil cuimhní acu ar a athair agus ar fhilleadh na nGréagach, cóir air. Insíonn Meinealás an scéala atá faighte ó Phróitéas faidh go bhfuil Odaiséas ina phríosúnach ag Calapsó ar oileán Ógaigia. Beartaíonn leannáin Pheanápla in Iticé Teilimiceas a mharú i luíochán nuair a d'fhilleadh sé (Leabhar IV).

Cuireann Séas Heirméis chomh fada le Calapsó ón dara comhairle de chuid na ndéithe lena rá léi Odaiséas a ligean saor. Tógann Odaiséas rafta agus crochann a chuid seolta chun Sceiria, aistear fiche lá. Faigheann Poiséadón atá ag filleadh tar éis cuairte ar na hÉatópaigh amharc ar Odaiséas ar an ochtú lá déag agus ardaíonn sé stoirm a fhágas Odaiséas longbhriste. Ar deireadh thiar tar éis deacrachta agus contúirte móire tagann sé i dtír i Sceiria. (Leabhar V).

Tar éis chodladh na hoíche dúisítear é ag glórtha bainearna agus castar Násacá iníon Rí Alcanús na bhFaidhicéach dó agus í féin agus a cuid searbhóntaí mná ag níochán éadaí in abhainn atá gar do láthair. Tugann sise eolas an bhealaigh dó go dtí an pálás agus molann dó achainí a dhéanamh ar a máthair Banríon Airéite (Leabhar VI). Déanann sé rud uirthi agus iarrann sé bealach abhaile. Insíonn sé de bharr fhiafraí na Banríona i dtaobh a choraintín le Calapsó agus a thurais ó Ógaigia (Leabhar VII).

Cuireann na Faidhicéigh siamsa ar fáil dó an lá dar gcionn a mbíonn idir dhamhsa agus amhráin ón bhfile Déimidiceas ann. Cuirtear cluichí ar bun agus déanann Odaiséas gaisce nuair a thugann Faidhicéach óg a dhúshlán le teann masla. Deireann Déimidiceas amhrán i dtaobh an Chapaill Adhmaid ag cóisir na hoíche. Tugann Alcanús faoi deara go mbriseann na deora ar Odaiséas agus iarrann air cuntas a thabhairt air féin (Leabhar VIII).

Insíonn Odaiséas i dtaobh a chuid fánaíochta ón Traí nó gur shroich sé oileán Chalapsó i gcuntas a shíneas thar cheithre leabhar. Tosaíonn sé le scrios Ísmiris agus an teagmháil leis na Cicinigh agus leanann leis an teagmháil le lucht ite an lótais agus na Cioclópaigh, leith ar leith (Leabhar IX). Castar Aeólas, na Laestragónaigh agus Circe dó agus insíonn siad sin dó nach mór dó Téirisias a cheadú i Háidéas (Leabhar X). Ar chomhairle Chirce glaonn sé ar sprideanna na marbh agus labharaíonn ar dtús le Téirisias a chomhairlíos dó gan dochar

a dhéanamh do mhairt Heilias (.i. dia na gréine), a thugas eolas dó i dtaobh an bhaile agus a dhéanas tairngreacht i dtaobh a bhfuil i ndán dó, agus ansin labhraíonn Odaiséas lena mháthair Antaíclia. Leanann ansin catalóg na mban cáiliúil. Labhraíonn Odaiséas ansin le hAgamamnón, Aichilléas agus Aeas, agus feiceann laochra eile (Leabhar XI). Filleann sé ar Chirce ansin agus insíonn sise i dtaobh contúirtí atá roimhe. Seachnaíonn sé na Clocha Fáin ach castar dó na Síreanaí agus tagann sé ar Scille agus Charaibdis.

Ar deireadh sroicheann sé Trínicia áit a maraíonn a chuid fear mairt Heilias. Cailleann siad a mbeatha nuair a scriosas Séas a long le saighneán. Imíonn Odaiséas, an t-aon duine a tháinig slán, le sruth chomh fada le hoileán Ógaigia (Leabhar XII).

Tionlacann na Faidhicéigh Odaiséas faoi ualach bronntanas i gceann dá longa draíochta faoi choim oíche go hlticé. Nuair a dhúisíós sé ar chósta Iticé áit ar fágadh é ina chodladh ní aithníonn sé an áit. Cuireann Aitéine agus í i mbréagríocht ar an eolas é. Insíonn Odaiséas a chéad scéal Créatach agus é féin i mbréagríocht. Nochtann an bandia í féin, beartaíonn a bhréagríocht mar bhacach agus seolann é ar an mbóthar go dtí áit chónaithe Eomaeais a shearbhónta dílis (Leabhar XIII). Cuireann Eomaeas fáilte roimh an strainséara a insíos a dhara scéal Créatach le nach n-aithneofar é (Leabhar XIV). Tosaíonn Teilimiceas ag téiscim le gabháil abhaile. Fiafraíonn Odaiséas i dtaobh a athar Lacirtéis. Insíonn Eomaeas a scéal féin. Tagann Teilimiceas i dtír in Iticé tar éis dó beartaíocht na leannán a sheachaint (Leabhar XV). Tagann sé go dtí both Eomaeais. Nochtann Odaiséas é féin dá mhac agus i bpáirt lena chéile beartaíonn siad bás na leannán. Nuair is léir do na leannáin gur éalaigh Teilimiceas óna mbeartaíocht labhraíonn siad i dtaobh luíochán a dhéanamh air nuair a thrialldas sé ar an bpálás (Leabhar XVI).

Aistrítear an ghníomhaíocht go dtí an pálás anois. Is é Teilimiceas is túisce a chuireas chun bóthair agus leanann Odaiséas agus Eomaeas ar ball é. Tugann an t-aire gabhar Meilintéas masla d'Odaiséas ar bealach. Téann sé isteach sa bpálás agus iarrann déire ar na leannáin. Caitheann Antanús stóilín leis (Leabhar XVII). Troideann sé leis an bhfear déirce Íreas agus tugann an searbhónta mná Meileantó masla dhó agus maslaíonn an leannán Eoramacas freisin é (Leabhar XVIII). Labhraíonn sé le Peanápla agus insíonn sé an athuair a scéal Créatach di. Níonn a sheanbhanaltra Eoraiclia a aithníós é ó ghearbóg é. Cuirtear faoi deara dhi gan bacadh leis ach é a choinneáil ina rún. Cuireann Peanápla in iúl don strainséara an rún atá aici tús a chur le comórtas

boghadóireachta le go bpósa sí an buaiteoir (XIX). Is léir d'Odaiséas caitheamh a chuid acmhainní sa réiteach a dhéantar faoi chomhair na cóisireach. Tugann an leannán Stéisipeas masla dhó. Tairngríonn Teoiclimineas fáidh oidhe na leannán (Leabhar XX). Aimsíonn Peanápla an bogha a fhéachas na leannáin ach a gcinneann orthu streang a chur air. Fiafraíonn Odaiséas an bhféadfaidh sé a thriáil. Ordaíonn Teilimiceas an bogha a thabhairt dó agus éiríonn leis streang a chur air agus scaoileann saighead tríd an dá thua dhéag (Leabhar XXI).

Tosaíonn anois sléacht na leannán agus athbhunú Odaiséis mar mháistir ar a theach féin. Is é Antanús is túisce a mharaítear. Nochtann Odaiséas é féin agus tosaíonn an sléacht dáiríre. Crochtar na searbhóntaí mná fánacha agus toitrítear an teach (Leabhar XXII). Insíonn Eoraiclia do Pheanápla i dtaobh Odaiséas a bheith fillte ach ní féidir léi an scéala a chreidiúint. Tar éis di é a fhéachaint caitheann sí uaithi a míchreideamh agus insíonn Odaiséas di faoina chuid fánaíochta (Leabhar XXIII). Treoraíonn Heirméis anamacha na leannán go Háidéas áit a bhfiafraíonn sprid Agamamnóin díobh céard a tharla a thug ann a oiread sin acu in éineacht. Nuair a insíos Amfamadón dó tugann Agamamnón ardmholadh do ghníomh Odaiséis agus do shuáilce Pheanápla. Téann Odaiséas go dtí feilm a athar áit a n-aithnítear é go cinnte. Cinneann gaolta na leannán i gcomhairle ar bhás a gelann mac a íoc. Téann Lacirtéis, Odaiséas agus Teilimiceas i mbun catha a gcuireann Séas agus Aitéine deireadh leis le hordú na síochána a gcríochnaíonn an dán léi (Leabhar XXIV).

Tá infhéachaint, fineáilteacht, agus fírinne i láimhseáil chaidreamh an laoi le baincannaigh idir bhandéithe agus mhná.

Is díol suntais an trua a chothaíos Hoiméar don duine a bhfuil drochbhail air de bharr na cinniúna nó de bharr a dhíth céille féin.

Creideann Hoiméar gur neachanna síoraí a chuid déithe ach go bhfuil siad deilbhíthe i gcosúlacht an duine. Tá ómós aige dá gcumhacht, tá meas acistéitiúil aige ar a n-áilleacht, agus tá tuiscint aige dá mianta agus dá laigí. Bhí a leithéidí ann le haghaidh cód morálta an chine daoine a stiúradh ní hea le cloí leis an gcód céanna.

Is cuid suntais an chontrárthacht idir sástacht gan teorainn an chomplachta Oilimpigh i gcomórtas le sclámhaíocht agus imshníomh shaol an duine.

Is é Séas, mac Chronais, athair déithe agus daoine. Níl sé an-soiléir cé acu an bhfuil nó nach bhfuil anáil ag an gcinniúint air. Is air a thiteas sé cinniúint daoine a riaradh. Is faoi siúd atá riaradh an dlí

agus an chirt agus piónós a ghearradh. Is leis an trócaire a roinnt. Is truachríche é ná a chuid comh-Oilimpeach.

Is carachtar i bhfad níos míthaitneamhaí a dheartháir Poiséadón, dia an chreatha talún, a rialaíos an fharraige, ar nós mar a rialaíos Séas na flaithis, agus a imríos géarleanúint ar an laoch a bhfuil gráin as cuimse aige air i ngeall air gur dhall sé a mhac Polaiféamas Cioclópach.

Is deartháir eile le Séas Háidéas. Is iad Háidéas agus a chaoifeach Peirsifine na cumhachtaí géara uafásacha a rialaíos ríocht na marbh.

Is é Heirméis óg slachtmhar, mar a dúradh cheana, Teachtaire Shéis, is é freisin Treoraí na marbh. Is é a rinne an gaisce nuair a mharaigh sé Argas gruagach an chéad súil.

Airéis, dia an Chogaidh; Afraidíte ghealgháireach, bandia an Ghrá; agus Héafaestas bacach, an Máistir ceirde a dtráchtar orthu go minic san *Íliad*, níl acu ach páirt fhánach san *Odaisé*. Is é a fhearacht é maidir le Féabas Apalló, an Rí Boghaire, agus Artaimís, an Mhaighdean Bansealgair, cé go gcuirtear bás gan choinne síos don bheirt acu go minic sa dán.

Is carachtar ríthábhachtach Pallas Aitéine a bhfuil páirt cheannais mura bhfuil páirt banlaoich aici sa bplota. Is iníon le Séas Aitéine agus tugann sí léi go leor dá chuid cumhachtaí agus dá chuid cáilíochtaí. Níl sí ollchumhachtach; tá sí i leith na tobainne agus tá faitíos a hanama aici roimh a huncail Poiséadón; ach in ainneoin na mbuairíní seo, is í eiseamláir na gcáilíochtaí intleachtúla agus morálta is mó a bhfuil meas orthu i saothar Hoiméir agus atá go barr bachall ag Odaiséas é féin í, mar atá, gliceas, diongbháilteacht, dúthracht, agus misneach dochloíte. Is í freisin a bhronn a cuid gifteanna iontacha ar Pheanápla, a scil i mbun lámhcheardaíochta, a héirim chumasach, agus a hábaltacht lena comhairle féin a fháil. Bhronn Hoiméar acmhainn grinn ar Aitéine chomh leochaileach lena acmhainn grinn féin.

Ní úsáideann Hoiméar na focla: An Ghréig, Gréagaigh; ná ní mó ná sin a úsáideas sé Heilleas ná Heilléanach le haghaidh trácht a dhéanamh ar limistéar uilig an cheantair a dtugtar an Ghréig air sa lá inniu. Acaigh an t-ainm a bhí aige ar an gcine a dtráchtann sé orthu, agus Acaea an t-ainm a bhí ar a dtír, cé go dtugann sé Airgíbhagh agus Danaigh orthu chomh maith céanna.

Is ón 6ú haois dheireanach roimh Chríost don téacs scríofa is sine de chuid Hoiméir. Is sa 3ú haois agus sa 2ú haois roimh Chríost a rinneadh an chéad léirmheastóireacht théacsach ar Hoiméar agus a

cuireadh leagan caighdeánach dá dhéantús liteartha le chéile i bhfoirm leabhra. Is é seo sinsear na dtéacsanna uilig atá tagtha anuas chugainn.

Seo síos scanadh nó pátrún na meadarachta a chleacht Hoiméar san Odaisé: (Ciallaíonn – siolla aiceanta; ciallaíonn u guta neamhaiceanta. Tá aiceann nua i ndiaidh gach barra [|].)

- u u | - u u | - u u | - u u | - u u | - -

Nó

- - | - - | - - | - - | - u u | - u

Is léir uaidh sin gur heicsiméadar í, is é sin, meadaracht a bhfuil sé aonad inti a dtugtar troithe orthu. Is dachtal (- u u) an troigh a mbíonn siolla aiceanta agus dhá shiolla neamhaiceanta inti. Is minic a thugtar an heicsiméadar dachtalach ar mheadarachtaí Hoiméir. Is spoindé (- -) an troigh a bhfuil dhá shiolla aiceanta inti. Is trócae (- u) an troigh a bhfuil siolla aiceanta agus siolla neamhaiceanta inti.

Mar is léir ón bpátrún thuas bhí rogha ag an bhfile maidir leis na chéad cheithre troithe: d'fhéadfadh sé dachtal (- u u) nó spoindé (- -) a chur ag obair. B'éigean dó dachtal (- u u) a bheith aige sa cúigiú troigh. Bhí saoirse aige spoindé (- -) nó trócae (- u) a úsáid sa séú troigh. Chloígh an Brúnach leis an bpátrún ginearálta seo cé gur trócae (- u) a bhíos aige i gcónaí sa troigh dheiridh agus gur minic leis trócae (- u) seachas dachtal (- u u) a chur ag obair i gcuid de na chéad cheithre troithe.*

Tá aistriúchán an Mhonsignor de Brún (nach bhfuil a fhios cén buntéacs ar bunaíodh air é – ach féach an Brollach-) ar cheann de na saothair Ghaeilge is cumasaí agus is tarraingtí. Tá fineáilteacht agus fileatas as cuimse ag roinnt leis. Ba dheacair cuimhneamh ar aon phíosa Gaeilge dá fhad atá chomh hinléite agus ag an am céanna a léiríós acmhainn teanga chomh suntasach. (Ní miste a lua gur fhoilsigh Gairm, Glaschú, *Odusseia Homair*, aistriúchán i nGaeilge na hAlban le hIain Mac Gilleathain, sa mbliain 1976.)

Ar deireadh thiar is é gaisce an Mhonsignor de Brún gur éirigh leis aistriúchán atá chomh dúchasach sin ar leibhéal na teanga a chumadh gur comaoín *An Odaisé* ar litríocht laochais na Gaeilge a mbaintear a oiread taitnimh aisti agus a bhaintear as scéalaíocht na Ríthe, an Rúraíocht, agus an Fhiannaíocht, leith ar leith. Is curadhmhír feasta *An Odaisé* i gcoire féasta na litríochta dúchasáí.

*Tá a bhfuil thuas i dtaobh dhéantús liteartha Hoiméir bunaithe ar E.V. Rieu, *The Odyssey*: 1946, 1959 (9)-21 agus Robin Sowerby, *Notes on The Odyssey*: 1986 1-18.

Nuair a dhéanfar athmheas ar litríocht na 20ú haoise aithneofar an Monsignor de Brún mar mháistir ar an teanga agus mar fhile richumasach. Is mór an trua é seoda liteartha an Bhrúnaigh a bheith ag bailiú deanaigh i gCartlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Nára fada go bhfeictear déantúis liteartha uilig an fhile agus an scoláire rídhúthrachtaigh seo i gcló i bhfoirm leabhair.

Is díol suntais na focla seo a leanas a chuir an t-aistritheoir ag obair agus a luaitear in ord do réir mar a chastar don léitheoir iad: (*sean*)ráit (deasghnáth), 33, 37, 44, 48, 49, 330; *poirtic* (colúnáid), 46, 60, 125, 416; *bróinse* (cré-umha), *passim*, *geidh(canna)* (teanntá(i)n), 91; *reaca(i)* (sceir(eacha), 97; *scimireáil* (scimeáil), 109; *gránúl(a)* (pomagrainít(i), 117, 212; *sácrálta* (coisriche), 119; *pláinéad* (mí-ádh), 121; *siúráil* (cinnteacht), 126; *shácráil* (choisric), 277; *geard* (clós) 294, 331, 337.

Modh Eagarthóireachta

Maidir leis an eagarthóireacht a rinneadh ar chlósscríbhinn an Bhrúnaigh, ní miste na pointí seo a leanas a lua:

Féachadh leis an ngramadach agus an deilbhíocht a thabhairt chun rialtachta an oiread agus ab fhéidir. Mar sin féin cloíodh le malairtí leagain nuair a bhí call leis sin ó thaobh na meadarachta de.

Cuireadh an litriú caighdeánach i gcion an oiread agus ab fhéidir chomh maith arae ba léir gurbh é sin mian an Bhrúnaigh féin ar fhianaise an cheartaithe a bhí déanta aige féin ar an gclósscríbhinn.

Coinníodh an mhír bhriathartha *do* le briathartha neamhspleácha sa gCaite, sa nGnáthchaite agus sa Modh Coinníollach do réir mar a theastaigh ón meadaracht.

Coinníodh ar an gcaoi chéanna *a* nó *do* mar mhír choibhneasta cé is moite gur cloíodh tríd síos le d' roimh ainm briathartha dar tús guta nó f.

Scriobhadh gutaí a bháitear sa gcaint de bharr dhá ghuta a theacht i ndiaidh a chéile.

Fágadh an aidiacht phearsanta scartha nó ceangailte leis an réamhfhocail (mar shampla, *ód'* nó *ó do*) do réir mar a theastaigh siolla le cois nó a mhalairt.

Rinneadh idirdhealú idir *de* agus *do* tríd síos; agus coinníodh an séimhiú ar chéadchonsain na bhforainmneacha réamhfhoclacha in *do* agus *de* tar éis guta. Cláíodh le *do* de roghain ar *de* sa réamhfhocail comhshuite *do réir*.

Coinníodh chomh maith céanna an dhá fhoirm den aidiacht thaispeánteach *sin*, *san*.

Scriobhadh uaschamóg (') le haghaidh guta nó focal ba ghá a bhá nó a fhágáil ar lár (nuair nach dtarlódh sin go nádúrtha).

Scriobhadh *ag* nó *aige* mar réamhfhocail do réir mar d'fheil don mheadaracht.

Is é a fhearacht maidir le seanfhoirceann an tabharthaigh iolra (-*ibh*, -*ibh*) agus foirm chaighdeánach an tuisil chéanna. Coinníodh na foirmeacha réamhfhoclacha *aiges*, *des*, *dos*, *ós*, *faois*, roimh an alt iolra.

Níor scriobhadh an guta cunta ach i gcorrchás cé gurb iomaí focal a mbíonn sé le fuaimniú ann scaití agus nach mbíonn sé le fuaimniú ann scaití eile. (Go deimhin mura slánaíonn athrú béime deacracht mheadarachta is dóighí ná a mhalairt go leigheasfaidh guta cunta an scéal).

Cloíodh tríd síos le foirm stairiúil tháite na dara pearsan iolra den Mhodh Ordaitheach in -*idh*, -*idh*.

Buíochas

Cuirim mo bhuíochas ó chroí in iúl: do Mháire Mhac an tSaoi a thug cead dom *An Odaisé* a fhoisliú agus a thoiligh profaí a léamh agus brollach a scríobh; do Phroinsias Mac an Bheatha a tharraing m'aírd ar an aistriúchán i gcéadóir; don Athair Ó Dúláine a chur dlús lena fhoilsiú; do mo bhean Máirín a chuidigh le léamh profaí; do Shéamas Ó Murchú as ucht a chúnamh leis an Innéacs; do John Richmond agus do Thomás Mac Liam a chuidigh le roinnt de na pearsana a aithint; do Sheán Ó Lúing, Shéamas Mac Mathúna, Katharine Thomson a chuir suim ar leith san iarracht seo agus a thug misneach mór don eagarthóir; do Liam Mac Cóil agus Cholm Breatnach a chaith dúthracht mhór a chúnamh le traslitriú caighdeánach ainmneacha dílse a chinntiú agus ar ndóigh do na baill den Choiste Téarmaíochta a thuig tábhacht na hoibre seo agus a chuidigh chomh fiúntach sin leis an eagarthóir; agus do gach uile dhuine eile a chuidigh liom ar aon bhealach.

Go gcúití Dia a gcórtas leo uilig.

Ciarán Ó Coigligh
28 Bealtaine 1990

AN ODAISÉ

Eachtraigh, a Bhé bhinn, domsa ar an bhfear iltréitheach a thaistil
Mórán mór ar an bhfán tar éis Traí chlú-naofa do léirscrios,
D'amharc ar mhórán bailte agus d'fhoghlaimigh intinn a ndaoine,
Is d'fhulaing a lán anró ar an muir mar gheall ar a chúram
D'iarraidh an anama a shaoradh is a mhuintire a bhreith leis
abhaile.

Ach dá mhéad a imshníomh, níor éirigh leis aoinne acu d'fhuascailt.

Éagainn gan mheabhair ab ea iad, agus ba é a gceannndáine do chaill iad.

Nuair nár scrupallach leo mairt Heilias tiarna na spéire
D'ithe d'ainneoin diangheas; d'fhág seisean gan fillleadh go deo
iad.

Ó do rogha tosaigh, a dhiabhean infon Shéis, inis-se dhúinn é.
Gach laoch eile den tslua san a thug leis an t-anam as éirleach,
Ráinigh ag baile ansin, saor slán ón gcogadh agus ón muir.
Eisean amháin is é ag tnúth lena chéile de shíor is lena dhúchas,
B'amhlaidh a bhí á choimeád ag Calapsó réilteann na ndiabhan
Faoi dhíon uamhnach i bhfaill agus fonn uirthi riamh chun a
phósta.


Faoi dheoidh tháinig an bhliain trí chasadh na haimsire timpeall
Nuair bhí meáite aige déithe go bhfillfeadh an laoch ar a
theaghlach

Is Iticé d'fheiscint arís, ach ní raibh sé réidh le cathaí fós,
 Agus a chairde lena ais. Bhí trua ag na déithe go léir dó
 Seachas Poiséadón amháin; gan staonadh a dhul ar a chuthach,
 D'fhair sé choíche Odaiséas sarar éirigh leis teacht ar a thír féin.
 Bhí seisean, áfach, i gcéin ar a chuairt ar an gcine Éatópach —
 Táid sin ar deighilt ina dhá leath, ina dhá n-áithreabh ar imeall
 an domhain dóibh.

Cuid acu ar thaobh luí gréine is a thuilleadh acu i gcóngar a héirí -

Théadh sé chucu go bhfaigheadh éacht molt agus tarbh 'na n-íobairt.

B'ann dó, suite chun boird, lán d'aoibhneas. Ráinigh na déithe



Bailithe thuas lena linn mar a gcónaíonn Séas ar Oilimpeas.
Oscailt chainte ina measc rinne Athair na ndaoine is na ndéithe,
Óir bhí smaointe ina cheannsan ar íde Aegastais an-uasail,
D'fhulaing an bás ó láimh chlú-mhac Agamamnoin, Oraistéis.
Labhair sé ag cuimhneamh air sin leis an slua síoraí agus adúirt
leo:

"Och, murab ait liom an tslí a mbíonn déithe aige daoineibh á
gcúisiú!

Deirid gur uainne don olc. Ach chím lena n-éagantacht féinig
Léanta acu á dtarraingt anuas orthu féin thar a gcionn faid a
mhairid.

Chuaigh Aegastas thar cion nuair phós sé céile mhac Aitréis
Agus gur mhairbh é sin tar éis fillte dhó. Romhaith ab eol dó
Léirscrios a bheith os a chionn. Óir chuireamar Heirméis ag
triall air,

Dia geal faire na cruinne do bhásaigh an t-arrachtach Argas;
D'ordaigh seisean gan an Rí do mharú is gan a chéile do
phósadh

Sara mbeadh díol ar a thóir ó láimh mhac an mhairbh Oraistéis,
Nuair bheadh éirithe ina fhear is gur mhian leis filleadh ar a
dhúchas.

Ach níor fhéad a dhea-chomhairle Aegastas a chosaint ar a
aimhleas;

Rinne sé neamhspeis dá ghlór; tá díolta aige anois as a
ghníomhartha."

D'fhreagair an diabhean Aitéine na súl glas is dúirt lena hathair:
"Éist liomsa, a Athair, a Rí gach rí ó Chronas a shíolraigh.
Thuill sé siúd gach ar fhulaing, ní bhfuair ach an íde ba chóir
dó.

Pé duine a dhéanfas ar domhan a leithéid, gurab amhlaidh a
thitfeas!

Ach is i dtaobh Odaiséis ardmheabhraigh atáimse go buartha.
Fada don laoch seo, mo dhiachair, ag fulang i gcéin óna
mhuintir

In san oileán atá suite aige ceartlár cruinn an aigéin mhóir,
Lán d'ardfháiscanna crann, is gurb ann atá diabhean ina cónaí,
Bean darb athair Atlas feallbheartach, an té gurb eol dó
Gach duibheagán faoin muir, is ar a ghuaile go luíonn na
colúna

Fada a choimeádas ar deighilt ó chéile na spéartha is an talamh.

Tá an t-ainniseoir síorchásmhar á shíorchoinneáil ag a iníon sin.
Bíonn tláthínteacht ar siúl aici is bréithre atá bladartha milis,
D'fhonn is go ndéanfaidh sé dearmad ar Iticé, is níl ag Odaiséis
Dúil ach in aon ní amháin, radharc d'fháil ar an ndeatach ag éirí
Suas chun na spéire ón dtír sin, is b'fhearr leis an bás mura
bhfaighidh é

Is ní corraítear do chroise lena íde sin, a Athair Oilimpigh!
Cé nár shuarach a bhfuairis d'onóir agus d'íobairt Odaiséis
Le hais na long Airgíbeach i dTraí? Cén t-olc seo agat chuige?"
D'fhreagair is dúirt lena iníon dia chruinnithe scamail na
spéartha:

"Cad é an chaint sin, a iníon, atá éalaithe amach thar do bhéals!
Conas a dhéanfaínn dearmad ar Odaiséis éachtach a rug barr
Meabhrach ó fhearaibh ar domhan is do b'fhéile ná aoine
d'oifrádh

Íobairt don tslua síoraí a chónaíonn in sa bhfairsinge spéirghil?
Diacht an aigéin atá i bhfeirg de chionn an Chioclópaigh gan
staonadh

Riamh ó dhall Odaiséis a aonsúil, Polaiféamas, a deirim,
Gaiscíoch cáilmhear is treise dá bhfuil ar an gcine Cioclópach,
Is gurb i máthair a shaolaigh an fathach, an ainnir Todhósa
Iníon Fhoircís a bhfuil réim aige ar ríocht fhuarmálach na mara.
Shín sí sin le Poiséadón go grách ins na huamhnacha uaithne.
Riamh ó shin is ar thóir Odaiséis dár Luascaire Cóstaí
Is cé ná cuireann chun báis, bagraíonn ón mbaile ar an bhfán é.
Ach cuirimisne le chéile ar an bhfód seo le comhairle do bheartú
Conas mar a shillfidh an laoch. Agus cuirfidh Poiséadón an
fiúnach

Uaidh faoi dheireadh, mar níl ar a chumas san seasamh i gcoinne
Rún dhéithe uile na síre agus déanamh dá neamhthoil ina
aonar."

D'fhreagair an diabhean Aitéine na súl glas is dúirt lena hathair:
"Éist liomsa, a Athair, a Rí gach rí ó Chronas a shíolraigh.
Más áil ráite do bhéil mar chomhairle le déithibh an aoibhnis,
Is filleadh ar a theaghlach a bhronnadh ar an laoch
sármheabhrach Odaiséis,

Brostaímis ar an mball an té a mhairbh an t-arrachtach Argas
Síos chun oileáin Ógaigia go neosfaidh do bhruinnill na
ndlúthchraobh

Comhairle na ndéithe atá suite; Odaiséis an fhadfhulaing go

bhfillfidh.

Raghadsa go hticé láithreach ag labhairt leis an dtánaiste is mac dó,

Cuirfidh mé deabhadh ar a ghníomh agus líonfaidh mé a aigne de mhisneach

D'fhonn is go nglaofaídh sé slua na nAcacach foltfhada chun dála

Agus go bhfógróidh a intinn do chomplacht éilithe a mháthar, Dream go bhfuil caoire agus mairt acu á dtreascairt ar dalladh air chun féastaí.

Cuirfead ag triall é ar Sparta is ar Phiolas na gainimhe báine Ionas go bhfaighidh faisnéis, más féidir in aon chor, ar a athair Agus go raghaídh ina theannta méadaíocht ar a chlú i súile na ndaoine."

Cheangail sí faoin dá bhonn tar éis labhartha dhi a sandailí áille, Baill dhia-chaithiseacha óir, d'iompraíodh í ar dhromanna an uisce

Agus ar leithead talún chomh mear leis na feothainí gaoithe. Thóg sí spiara na mbua go raibh bior géar bróinse ar a bharra, Mór groí cumasach trom, is go gcloíonn sí línte na bhfear leis Nuair bhíonn fiúnach 'na croí, agus go músclaíonn meanma a hathar.

Ghluais sí láithreach anuas ina lasaí ar bheannaibh Oilimpis, Nó go raibh Iticé fúithi is í i mbéal rí-áitreabh Odaiséis.

Bhí sí ina seasamh ar thairsing na cúirte is a bos ar a spiara, Dealrach le cóisireach teaghlaigh, le Meintéis taoiseach na dTafach.

Fuair sí an complacht éilimh go mustarach suite ar na seithí A feannadh de tháinte na mart a bhí básaithe cheana ag a lámha féin.

Bhíodar i bhfianaise an dorais is táiplis go sásta acu á himirt. Bhí seirbhísigh ar séirse agus óglaigh á dtionlacan timpeall, Fíon agus uisce acu seo dá meascadh go gnóthach i mbabhlaí, Is boird acusan á nglanadh le spúinsí ramhra mionphollta Is á socrú acu ina n-áit, is acu siúd éacht feola dá gearradh. B'fhada ba thúisce den bhuín sin a thóg Teilimiceas ceann di, Suite go brónach dó i gcuibhreann an chomplachta éilimh. Do taibhríodh

A athair dó ina aigne is chrom sé ar mhachnamh conas a tharlódh

Dá ráineodh sé sa láthair is an complacht éilimh a sceimhliú Roimhis i dteaghlach na sean is go bhfaigheadh thar n-ais mar ba dhual dó

Géilleadh ó chách is go mbeadh ina rí shíochánta ar a sheilbh. B'amhlaidh á thaibhreamh dó a bhí, nuair leag sé súil ar Aitéine. Dhírigh sé láithreach ar phóirse agus fearg is náire ag gabháil dó Toisc gur i bhfad ag an ngeata do chóisireach. Sheasaimh sé láimh léi

Rug ar a láimh dheis is ghlac sé a spiara agus labhair agus dúirt léi:

"Fáilte, a fhir mhuinteartha, romhat. Gheobhair dúthracht uainne, is tar éis duit

Béile a chaitheamh, inneosair an cúram a thug chun an tí thú." Chas sé ina dhiaidh sin isteach, lean Pallas Aitéine ar a shála, Is nuair bhí an bheirt acu istigh faoi dhíon ard fhraitheacha an halla,

Shocraigh sé an spiara ina sheasamh i bpoll a bhí snoite go líofa Láimh le piléar mór ard fara dorn de shleaghaibh Odaiséis. Stiúraigh sé an bhandia suas go cathaoir agus leath sarar shuigh sí

Súsa ar an mball dea-ghreanta, agus shocraigh an stól ag a cosa. Leag sé dhó féin lena hais suíochán a bhí breac le figiúirí, D'fhonn is go bhfágfaí ar leithrigh an complacht éilithe dána, Is ná beadh buairt ar an gcóis'reach de dheascaibh a ragairne ghlóraigh

Is col lena bhéile aige á ghlacadh, is go bhfaigheadh Teilimiceas féinig

Caoi ar fhiafraí i dtaobh a athar a bhí ina fhánaí le cianta. Tháinig cailín seirbhíse agus dhoirt sí amach os a gcoinne Ó chrúsca óir bhuí álainn i mbáisín airgid ghléigil

Uisce chun nite na lámh, agus leag bord líofa ina láthair; B'iúd maor mná le harán, is níor spárail sólaistí orthu, Agus ina diaidh riarthóir agus gach saghas feola aige ar mhiasa, Tógtha de bhord an tsoláthair, is chuir dhá órchoron rompu; B'eo, leis, giolla na dí, agus fíon ins na coirn aige á líonadh. Chruinnigh an complacht éilimh go tiarnúil. Bhíodar sa halla Suite ina n-ordú ceart i gcathaoireacha timpeall is ar bhinsí. Tháinig na giollaí do dhoirteadh an t-uisce ar a lámha roimh a mbéile,

Tháinig na mná seirbhíse do thug an t-arán i gciseán dóibh,

Tháinig na hógfhir ag líonadh na mbabhláí d'fhionta go barra.
Shíneadar lámha chun an bhídh a bhí ullmhaithe rompu go
blasta.
Tar éis dá ndúil a bheith sásta do bhí acu san ól is san ithe,
Taibhríodh nithe nach iadsan don chomplacht éilithe feasta.
Rince agus ceol is amhráin nach suaithinseach féasta dá
n-éagmais.
B'éigean d'Fhéimias canadh ina gcomhair; chuir óglach a
chláirseach
Álainn ina lámha, agus thosnaigh ar sheinm is ar chanadh go
binn dóibh.
Labhair Teilimiceas óg lena linn le hAitéine na súl glas;
Dhruid sé a cheann lena cluais d'fhonn cogar i gan fhios is dúirt
léi:
"Ní fheadar an gcuirfidh, a chara, na bréithre seo a déarfad leat
ole ort?
Níl sin thall spéisiúil ach i gcláirsigh amháin is in amhráin:
Dóibhsean is fusa, ó tá saorchonradh acu ar ghustal fir eile.
B'fhéidir gur bán dá chnámhasan ag lobhadh faoi fhearthain na
spéire,
Más ar an míntír dóibh, nó go mbogann an tonn leis i dtóin iad.
Á! Dá bhfillfeadh sé sin is go seasfadh in Iticé rompu,
Níl fear díobh nárbh fhearr leis go mbeadh 'na chosa rith
tapaidh
Ná gach a bhfuil aige d'ór is na héadaí niamhracha a chaitheann.
Ach ó tharla gur cailleadh is go rug drochíde na gráine air,
Ní haon tsólás dúinne má deir fear d'fhearaibh go bhfillfidh
Slán ar a thír lá éigin; ní fheicfidh sé aimsir an fhille.
Abair an méid seo liom, áfach, is inis go fíor dom gan cham é:
Cér díobh thusa? Cad as duit? Is cé hiad t'athair is do mháthair?
Cén saghas áthaigh a sheol leat go hIticé? Conas a tháinís?
Líon mairnéalach do bháid, cén treabhchas a mhaídh orthu féinig?
Óir dar liom nach de chois atá siúlta agat trasna na mara.
Abair an méid seo liom freisin, go bhfaighe mé tuairisc go
cruinn ort;
Arbh é an chéad uair duit ag teacht? Nó an bhfuil
seanmhuintearas féile
Snaidhmthe le m'athair agat? Mar is mó duine a thagadh 'on
tigh seo,
Óir bhí caidreamh ag m'athair ar mhuintir i gcéin is i gcógar."

D'fhreagair an diabhean Aitéine na súl glas is dúirt leis an
ógfhear:
"Gach a bhfuil fiafraithe anois agat díom, freagróidh mé go fíor
é.
Meintéis m'ainm, is mac d'Aincialas mise, agus rialáim
Tír na dTafach, lucht bád atá oilte chun ólaithe a chur díobh.
Tá cuan tarraingthe agam san oileán seo le háthach is foirinn,
Trí mhórfharraige ar seol dom le cóstaí deoranta a chuardach.
Leanaím go Teimise ag triall dom ar chopar, is beirim liom
iarann.
Láimh leis an dtuaith slí mhaith ón gcathair ar ród atá
m'áthach,
Mar a bhfuil cuanphort Réatrain is Néian na gcoillte ar an
ardán.
Maíonn ár dteaghlaigh araon seanmhuintearas riamh ar a chéile.
Gheobhair fíor gach a n-abraím ón laoch Laeirtéis, má cheistí
Sinsear do chineise a deirtear ná triallann a thuilleadh ar an
gcathair,
Ach go bhfuil cruatan ag breith air amuigh faoin dtuaith mar a
mbíonn sé
Faoi sheanmhnaoi mar chúram, a bheir a chuid bídh agus dí dhó
Nuair bhíonn tuirse ar a ghéaga le máineáil fhada sa
bhfioghort.
Thángas-sa i leith, mar do chuala á rá go raibh t'athair ag baile,
Ach taibhsíonn gurb amhlaidh atá dia ag teacht trasna sa tsiúl
air.
Óir bí cinnte dhe seo, nár cailleadh ar talamh Odaiséas
Ach gur ina bheathaidh dó fós agus farraigí fairsinge leata
Timpeall oileáin agus eisean le fórsa á choimeád ann ag daoine
Goirgeacha fiaine ná ligfidh dó imeacht d'ainneoin a bhfuil
d'fhonn air.
Déanfaidh mé tairngreacht duitse, do réir mar bhronnann na
deithe
Roinnt dá bhfios ar mo mheabhair, agus gheobhairse go
dtiocfaidh chun críche,
Cé nach fáidh mé go deimhin is nach eolach ar éanlaithe in aon
chor.
Chífidh tú eisean ina thír, is is dó nach fada atá téarma
Ceapaithe anois, fiú amháin má tá slabhra iarainn á cheangal;
Meabhróidh seisean an tslí, mar is fear ardbheartach é i gcónaí.

Abair an méid seo liom, áfach, is inis go fíor dom gan cham é:
Éachtach liom t'airde is do mhéid, a ógánaigh. An mac tú
d'Odaiséas?

Óir dealraíonn tú go hiontach, dar liom, leis id' cheann is id'
shúile,

Agus ba mhinic go deimhin ar a chéile ár gcuaire sarar imigh
Seisean go Traí leis an loingeas a thug sall scoth na nAcaeach.

Ó shin i leith ní fhaca féin Odaiséas ná ní fhaca sé mise."

Dúirt Teilimiceas óg ardeagnach ag freagairt na bandé:

"Gach a bhfuil fiafraithe, a chara, agat díom, freagróidh mé gan
cham é.

Is é a deir mo mháthair gur leis mé, ach maidir liom féin de, ní
heol dom,

Óir níl léamh aige neach ar a chúrsaí saolaithe féinig.

B'fhearr liom go mbeinn i mo mhac d'fhear séanmhar go
bhfágfadh an aois é

Choíche ina thiarna ar a sheilbh, ach an té is duibhe dán ar an
saol seo,

Is é atá dá lua liom mar athair - sin é agat mo fhreagra ar do
cheistse."

D'fhreagair an diabhean Aitéine na súl glas is dúirt leis an
ógfhear:

"Slíocht gan cáil air go brách ní dhuitse do bheartaigh na déithe
Thuas, mar is gas fíorbhréa tú do Rín Peanápla a saolaíodh.

Abair an méid seo liom, áfach, is inis go fíor dom gan cham é:

Cad é mar dháil é seo? Cén féasta é? Conas a bhain leat?

Cóisir nó bainis? Is léir nach dinnéar páirteach atá acu.

Féach murab éachtach an lán, teach fleatha do dhéanamh ded'
theaghlach

Chomh tiarnúil sin; do chuirfeadh an radharc díbheirg ar aoinne
A thiocfadh 'na measc, agus tuiscint 'na chroí, nuair chífedh an
náire."

Dúirt Teilimiceas óg ardeagnach ag freagairt na bandé:

"Ó taoi ag fiafraí, a chara, is go gcuireann tú tuairisc na gcúrsaí,

Bhí an pálás seo fadó, do réir dealraimh, go saibhir onórach

Nuair bhí an laoch sin ag baile; tá a mhalairt sin meáite aige
déithe

A shocraigh drochíde ina chomhair, cinniúint atá diamhair thar
eolas

Aoinne ar an saol; níor leath é mo léan dá mba bhásaithe a

bheadh sé,

Dá mba ar an machaire i dTraí fara slua compánach á
threascairt,

Nó bás d'fháil is a chairde ina bhun, tar éis buaite go glórmhar,

Thógfadh an t-arm Acaeach ann sin leachtán le honóir dó,

Is bheadh clú mór ar a mhac dá chionn feadh na mblianta ina
dhiaidh sin.

Tá in áit éigin, mo dhiachair, gan ainm, mar d'ardaigh na
deamhain acir

Leotha chun siúil é; cheiliúir gan a thásc ná a thuairisc ag aoinne

A mhaireas ar domhan, agus d'fhág orm féin síormhairg is
caoineadh.

Ná ní heisean amháin m'aonábhar olagóin agus cneadaí;

Bíonn imshníomh ag mo chrá dá éagmais le cruathoil na
ndéithe.

Óir a bhfuil d'uaisle i gceannas oileáin Dhúlaiciam is Shama

Agus Shacantas na gcoillte is in Iticé mhéiscreach na boirne,

Táid uile ag éileamh mo mháthar mar mhnaoi agus ag ídeach an
teaghlaigh.

Is bíodh is gur gráin léi an pósadh, ní thugann eiteach, ná ní
fhéadann

Leor a ghabháil le himeacht. Is é críoch a bheas orainne, dísciú

Gach a bhfuil ann, is nach fada go geríochnóid liomsa ina
theannta."

Agus le buaireamh ina guth labhair Pallas Aitéine agus dúirt leis:

"Fóirfór géar! Nach mór é do chruatan i ngátar Odaiséis!

D'fhéadfadh sé sin mínáirí an chomplachta éilimh a chloí dhuit.

Á, dá bhféadfadh sé teacht agus seasamh i ndoras an tí seo

Faoina chafarra is a sciath is dhá spiara aige faoi mar ba thúisce

A chonac ag ól is ag aoibhneas im' bhaile é. Ráinigh sé ag
filleadh

Trínár dtír ó thuras a thug sé ar Íleas mac Mheirmir.

Sheol Odaiséas thar lear chuige sin go dtí Eifire in ártach

D'fhonn nimh bháis d'fháil uaidh lena cuimilt de reannaibh a
shaigheadaí.

Ní thug seisean dó an nimh, mar do b'eagal leis déithe na síre,

Ach thug m'athair, mar b'éachtach an cion a bhí riamh aige ar
t'athair.

Dá mbeadh seisean sa chló sin is an complacht éilithe dána

Thall os a chomhair, níorbh fhada dá moill ag fanacht lena

n-íde,
 Ná níorbh fhada gur bréan a bheidís dá dteallaireacht
 chleamhnais.
 Ach faoi riaradh na ndéithe ní mór duit an cúrsa seo d'fhágaint,
 Eisean a thurling ina theaghlach ag agairt na gcionta, nó a
 mhalairt.
 Comhairlím duit lena linn bheith ag smaoineamh is ag
 machnamh i t'intinn
 Conas a dhéanfaid an complacht éilimh a dhíbirt as t'áitreabh.
 Cruinnigh amárach chun dála go moch tiarnaí na nAcaeach;
 Léirighse t'intinn do chách, agus a fhianaise bíodh aige déithe.
 Ordaigh go daingean don chomplacht éilimh imeacht chun a
 mbailte.
 Maidir led' mháthair ansin, más mian léi glacadh le céile,
 Tá cumhacht mór ag a hathair is téadh sí thar n-ais chun a
 theaghlach.
 Socraídís ar an gcleamhnas 'na dhiaidh, beartaítear ar spré dhi,
 Faoi mar is gnách ag leanúint na hiníne dea-mhuintire a póstar.
 Stiúrfad thú féin chomh maith ar do leas, má ghlacair mo
 chomhairle.
 Faigh fiche ráimhaí tréan agus ullmhaigh rogha do chuid árthaí,
 Is gluais ag fiosrú i dtaobh t'athar, atá chomh fada ar an bhfán
 uaibh,
 Pé acu ó dhaoine do gheobhair aon scéal, nó go gcloisfir an ráfla
 A thagas i gcluais ó neamh is faisnéis á leathadh ar an saol tríd.
 Imigh go Piolas ar dtúis agus fiafraigh den Ridire Neastór
 Is lean leat go Sparta go bhfaighir Meinealás órfholtach 'na
 phálás,
 Óir is é sin an tAcaeach is déanaí a d'fhill ar a dhúchas.
 Más clos scéal duit go bhfuil sé ina bheathaidh is ag meáchaint
 ar fhilleadh,
 Fiú más creach duit an mhoill, tabhair bliain ag fanacht is ag
 foighneamh;
 Ach más clos duit a bhás is gan aon rian fágtha ar an saol de,
 Fill ansin ar do thír agus tóg leachtán agus déan dó
 Íobairt mar thuilleann a cháil, agus tabhair uait d'uasal do
 mháthair.
 Gach aon dualgas dá shórt, nuair bheas agat tugtha chun críche,
 Meabhraigh le dícheall ansin, pé acu cleas nó comhrac a
 theastós,

Imirt an bháis ar an gcomplacht éilimh; is ná cuir ar cairde é
 Tamall ar scáth ró-óige, mar nílir id' leanbh a thuilleadh.
 Nár chualais faisnéis ar an ardchlú a chuaigh ar Oraistéis
 Ó ba é a mhairbh an té a mhairbh a athair? Ba mac dod'
 leithéidse
 A leag Aegastas an fheallta, do rinne Agamamnón a threascairt.
 Agus, a chara do chím os mo chomhair, taoi mór agus álainn,
 Bí, leis, calma, agus bíodh lena mhaíomh ag a dtiocfaidh id'
 dhiaidhse.
 Caithfeadsa triall ar an gcuan sara mbeadh mairnéalaigh mo
 loinge
 Ró-mhífhóighneach ag feitheamh; ach déansa mar dúirt leat is
 machnaigh."
 Dúirt Teilimiceas óg ardeagnach ag freagairt na bandé:
 "Tuigim, a chara mo chléibh, gur le dúthracht chroí dhom a
 labhrais,
 Amhail agus athair le mac, is ní dhéanfaidh mé dearmad air
 choíche.
 Ach fán tamall ar cuairt, cé go bhfuil fonn bóthair go dian ort.
 Ionlaigh san iomar thú féin, blais aoibhneas na féile san áit seo
 Nó go mbeidh sásamh id' chroí, nuair bhéarfair thar n-ais chun
 do bháid leat
 Bronntas dem' stór mar is gnách dár muintir a bhronnadh ar a
 gcairde,
 Suaitheantas álainn is luachmhar a mhairfeas id' theaghlach mar
 chuimhniú".
 D'fhreagair an diabhean Aitéine na súl glas is dúirt leis an
 ógfhear:
 "Ná cuir moill ar mo chois nuair chír mé fonnmhar chun
 bóthair,
 Agus an bronntas a mhol do dhea-chroí dhuit a bhronnadh orm,
 gheobhad é,
 Is bhéarfad abhaile liom é, san athchuart ort. Bíodh sé ina
 sheoid gheal,
 Ionas gur fiú tú go bhfaighir uaim féin ceann álainn ina
 mhalairt."
 Labhair mar sin leis an bprionsa agus d'imigh Aitéine na súl glas
 Suas in san aer mar léimfeadh an t-éan. Méadaíodh in san óglach
 Meanma is misneach dá cionn, agus feasta do chuimhnigh sé ar
 a athair

Breis is mar chuimhnigh ariamh, is ag machnamh dó féin ar ar tharla,

Tháinig an-alltacht ar a aigne, agus thuig sé gur dhiacht a bhí fairis.

B'eo leis ag siúl chun an chomplachta éilimh ag féachaint mar dhia dhó.

Bhí amhránaí an chlu ag amhrán dóibh is bhíodar ag éisteacht Suite ina dtost dóibh timpeall; do chan sé filleadh dobrónach Mhuintir Acaea ón dTraí, ' chionn bheartuithe Phallas Aitéine. Shroich an t-amhrán cumhach álainn na seomraí barra is ba chlos é

D'inín Iciris Mhoir, Peanápla rogha na mban meabhrach. Láithreach do tháinig sí anuas dá seomra sa dréimire fada, Is níorbh ina haonar a thuirling ach beirt bhan choimhdeachta léi.

Tháinig an bhanríon álainn i láthair chuideachtan an éilimh Is sheasaimh sí láimh le piléar dár dhaingnigh fraitheacha an halla,

Is choinnigh a leicne i bhfolach faoi scáth binne báine dá bairéad,

Agus a beirt bhan óga gach taobh di go dílis ar garda. Shíl sí deora agus dúirt leis an bhfile a bhí múinte aige déithe: Guím thú, a Fhéimias an cheoil, ós eol duit a lán rudaí eile A thabharfadh an-aoibhneas do mhuintir an tsaoil agus faoiseamh dá n-aigne,

Gníomhartha na laochra is na ndéithe gur gnách d'amhránaithe a gcanadh,

Can ábhar éigin dá shórtsan ina measc, chun go suifid ag éisteacht

Is fion acu á ól ina dtost; ach éirigh as canadh na n-amhrán Brónach go léitear an croí seo im' chliabh leo; tagann dá dheascaibh

Caoineadh na nithe ná féadaim a dhearmad. Maireann i m'intinn Machnamh de shíor agus tnúth leis an gceann ródhílis a chuaigh uaim

Is clú a bhfuil déanta aige sin forleathan ó Heilleas go hArgas."

Dúirt Teilimiceas óg ardeagnach ag freagairt a mháthar:

"Cén fáth doicheall, a mháthair, id' chroí, má rinne an t-amhránaí

Aoibhneas a thabhairt do réir a éirime féin? Níl seisean in aon

chor

Ciontach ann, ach Séas Mór, is é a bheireas do mhuintir an tsaoil seo

Gach ní do réir mar is toil leis a thabhairt. Ní tógtha ar an bhfear seo

Íde dhobronach na laochra do rá; is ó bhéalaibh na ndaoine A théann ardcháil ar amhrán, is gur gnách leo éileamh ar nuachtaí.

Glac misneach dá réir sin, is foighníodh t'aigne le héisteacht.

Ní hé amháin Odaiséas nár dhán dó filleadh ar a dhúchas

Dá raibh i dTraí, bhí a lán ann nach é nár tháinig ach oiread.

Más ea, téir leat 'on tigh, tabhair t'aghaidh ar na tascanna is dual duit,

Seol agus coigil, is ordaigh dod' bhantracht cromadh ar a saothar.

D'fhearaibh is ea a oireann an t-aighneas, is domsa sa tigh seo thar aoinne.

Fág fúm labhairt is ordú, mar is liom féin ceannas an teaghligh."

D'imigh a mháthair in airde thar n-ais faoi iontas a ndúirt sé.

Luigh caint eagnach a mic ar a croí. Suas léi chun a seomraí

Fairis na mnáibh, agus chaoin Odaiséas ann go dtáinig an codladh

Milis anuas ar a súile ó láimh thruambéalach Aitéine.

D'éirigh i halla na scáth gleo cainte aige muintir an éilimh;

Chrom gach fear acu ar ghuí gura taobh léi sínte a bheadh sé.

Dúirt Teilimiceas óg ardeagnach leotha dá gceartú:

"Éistidh, a shlua fola boirbe gur mian libh mo mháthair a phósadh,

Téanaidh feasta chun aoibhnis an bhoird, is ná cloistear na glórtha

A bhuairfeadh an ceol, mar is álainn an pléisiúr éisteacht le file,

Is féach amhránaí farainn is binneas na ndéithe ina cheolghuth.

Ach nuair thiocfaidh an lá, cruinneoidimid uile chun dála,

Is labharfadsa libh gan agó, is achaineod oraibh m'áitreabhsa d'fhágaint

Is féastaí eile a sholáthar ag ithe oraibh féin is ag dul daoibh

Ó ritheaghlach go chéile. Ach más é rud a thaitníos libh,

Beatha aonphearsan amháin bheith á reic agaibh choíche gan díol as,

Leanaidh sa bhfoghail, ach éifead ar dhéithibh a mhaireas go síoraí
 D'fhonn go n-agróidh Séas oraibh na cionta le gníomhartha a dhíoltais.
 Bás gan teasargain chugaibh is gan éiric faoi ia seo mo thíse!"
 Dúirt seisean amhlaidh; bhreathnaigh an dream air is scaimh orthu chuige.
 Chuir sé alltacht ar chách, an fear óg, lena dháine do labhair sé.
 Labhair Antanús mac Eoipéitéis ansin agus dúirt leis:
 "Mhúin ard-déithe na spéire go breá, a Theilimicis, duitse Máistríocht aighneas na dála, agus labhairt inár láthair le dánaíocht.
 Nár lige Séas mac Chronais gur ortsa a thitfeadh an ríocht seo Iticé do réir mar ba dhual duit í a thógaint mar oidhre de t'athair!"
 Labhair Teilimiceas óg ardeagnach á fhreagairt is dúirt leis:
 "Is ea, fiú amháin má chuireann mo bhréithre, a Antanús, olc ort.
 Dá mba é toil Shéis Mhóir í a bhronnadh orm, thógfainn le fonn í.
 Díogha gach a mbuaileann le duine, dar leat? Sin tuairim is ait liom;
 Óir ní dochar do neach réim rí. Tarlaíonn ar an bhfód dó Flúirse ina theaghlach is barr ómóis. Ar a shonsan, is iomaí Taoiseach Acaeach nach mé san oileán, idir óg agus chríonna. Téadh fear éigin den dream seo i gcoróin, ó cailleadh Odaiséas. Ach fógraím dá ainneoin sin gur mé féin máistir an tí seo, Is máistir a lucht seirbhíse do bhuaigh Odaiséas dom i gcogadh."
 Dúirt Eoramacas groí mac Pholaib ag freagairt an ógfhir:
 "Do réir mar a thaitníos le dia, a Theilimicis, déanfar a shocrú Cé hé an taoiseach Acaeach in Iticé i lár mara a rialós. Coinnibh do mhaoín agat féin, agus bunaigh id' mháistir id' theaghlach.
 Nár chás d'aon duine teacht is lámh láidir a bhualadh ar do sheilbh
 Choíche dod' dheargainneoin, faid a bheidh cónaí san oileán seo! Ach, a dhuine, ba mhian liom, i dtaobh an fhir iasachta a tháinig.
 D'fhiafraí dhíotsa cad as dó, agus cén tír dhúchais atá aige?

Fós, céir díobh é, agus cá bhfuil an talamh a chuireann a mhuintir?
 Arbh amhlaidh a thug sé scéala leis chugat go bhfuil t'athair ag filleadh?
 Nó gur ar chúram leis féinig a thug sé cuairt ar an áit seo? Chuaigh mar cheiliúrann an splanc, níor fhan sé le haithne a chur air,
 Is meáim ón amharc a fuaireas ar a aghaidh, ná raibh sé go suarach."
 Labhair Teilimiceas óg ardeagnach á fhreagairt is dúirt leis:
 "M'athairse d'fhilleadh ar a thír, a Eoramacais, cuirim mo shúil de.
 Creid mise leis, ní thugaim do theachtaire géilleadh, má thagann, Ná fiú amháin fear feasa dá dtagann ar chuireadh mo mháthar, Is mioncheistiú aici dá dhéanamh go géar air, ní ghlacaim le fios uaidh.
 Bhí seanmhuintearas féile ag an ndeoraí uasal le m'athair, Meintéis a ainm; is mac d'Aincialas an duine, agus rialaíonn Tír na dTafach, lucht bád atá oilte chun ólaithe a chur díobh."
 Labhair Teilimiceas amhlaidh, is gur aithin sé diabhean na síre. Chasadar siúd ar an rince is ar aoibhneas is mhilse na n-amhrán Is leanadar riamh ar a spórt nó go scoirfeadh an oíche dá gceol iad.
 Ach nuair leath dúscáth faobhair oíche sa deireadh ar a n-aoibhneas,
 Scaradar láithreach is d'imigh gach aoinne chun suain ina thigh féin.
 Chuaigh Teilimiceas óg go dtí seomra ard leapa a bhí tógtha Breá scópúil cliathánach don chlós in san áit ab onóraí. Chuaigh sé chun sínte ann sin, is a lán cúrsaí aige dá meabhrú. Thionlaic bean aosta isteach é agus tóirsí lasta ina lámha aici, Eoraiclia b'iníon d'Óps mac Phéiséanóir; do cheannaigh Sean-Laeirtéis ina cailín fadó í, agus thug fiche bó uirthi, Is bhí gradamúil di sa tigh chomh mór is a bheadh sé do chéile, Cé nár shín léi riamh, mar b'eagal leis fiúnach a mhná féin. B'ise do thionlaic le solas isteach é; do bheireadh sí grá dhó De bhreis ar a raibh d'aos freastail sa tigh, ba í a bhanaltra ar dtúis í.
 D'oscail sé doras an tseomra dhea-thógtha agus shuigh ar an leabaidh,

Is bhain sé dhe cóta de chéadscóth an éadaigh, a thug sé don chailligh;
 D'fhill sí sin ar a chéile é agus bhain gach roc as le cáiréis,
 Is chroch é ar dhola a bhí le hais na leapa, agus chuaigh as an seomra.
 Tharraing sí an doras ina diaidh leis an ngeamhal, agus d'iaigh leis an laiste é.
 Rinne sé ann feadh na hoíche faoi chlúid theolaí olla caorach
 Machnamh doimhin is staidéar ar an aistear a chomhairligh Aitéine.

II

Nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rósdeirg na Maidine,
 Ghaibh mac óg Odaiséis 'na chuid éadaigh é féin agus d'éirigh Láithreach de léim as a leabaidh is shocraigh a chlaíomh ar a ghuaile.
 Faoi chosa gléigeala líofa do cheangail sé sandailí áille,
 Is shiúlaigh amach chomh niamhrach 'na dhealramh le diacht as a sheomra.
 Labhair sé le buín léirfhógartha is d'ordaigh a nguthanna d'ardú
 Is muintir Acaea do ghlaoh na slua foltfhada chun dála.
 Thógadarsan ardghleo, agus ba thapaidh a fhreagair na daoine iad.
 Nuair bhí an pobal sa láthair 's 'na gcuinniú socair go rabhadar,
 Ghluais sé féin chun na dála agus sleath fhada bhróinse ina láimh dheis,
 Is níor gan tionlacan dó, bhí dhá ghadhar mheara sa tsiúl leis.
 B'éachtach an ghlóire do bhí fialbhronnta ag Aitéine ar a phearsain,
 Is chas gach súil ina threo nuair chuaigh sé isteach ar an ndáil sin.
 Ba é suí a athar a thóg as a shlí chuige dhruid na seanóirí.
 Rinn' seanlaoch a bhí ann, Aeigiptias, tosach na cainte,
 Fear a bhí cromtha le haois, lán d'eolas na nglún d'imigh roimhe.
 D'imigh a mhac ins na báid d'fhág Iticé i gcuibhreann Odaiséis
 Nuair bhí a thriallsan ar Chathair na Traí agus ar phlána na n-each groí.

Antafas b'ainm dó, is mhairbh Cioclópach na fíochmhaire in uamhain é;
 Ba é an duine deireanach é dár ith sé de mhuintir Odaiséis.
 Bhí triúr mac aige fós, ba ar an gcomplacht éilithe d'fhear díobh,
 Ba é Eoranas é, is bhí beirt seachas é aige i mbun a fheirme.
 Más ea ní dhearna sé dearmad an té ná raibh ann ná sos caointe,
 Agus ba ag síleadh na ndeor dó do labhair sé is dúirt leis an ndáil sin:
 "Éistidh, a chlann díl Iticé, liomsa, agus cloisidh a n-abraím.
 Dáil mhór dhaoine againn riamh níor tharlaigh san áit seo na seisiún
 Ó ghluais ár rí niamhrach Odaiséas trasna na mara.
 Cén té a bhunaigh an dáil? Cén géibheann a thug air é a dhéanamh,
 Pé acu ar den óige é nó d'aos níos sine? Is an amhlaidh atá scéal
 Nua aige ar an arm a bheith ar na cóngair, 's a neosfadh sé dhúinne
 Gach faisnéis go soiléir? Nó an bhfuil sé i dtinneas ruda eile a Bhaineas le saol an oileáin, is gur mhian leis labhairt ina thaobh linn?
 Measaim gur fóna é is go bhfuil dia buíoch de. Go dtaga chun críche
 Gach a bhfuil meáite aige ina intinn, le cabhair ardtiarna na ndéithe."
 Labhair seisean amhlaidh, is thug mac Odaiséis taitneamh dá bhréithre,
 Ná níorbh fhada ina shuí dhó, mar bhí uaidh labhairt ar an mball leo,
 Is d'éirigh i láthair na dála. Do chuir Péiséanór na bhfógraí,
 Fear a bhí oilte ar na bearta ba chiallmhaire, bachall 'na láimh dheis.
 Labhair sé, is thagair a bhréithre don tseandúine ar dtúis agus dúirt leis:
 "Ní has láthair don duine do ghlaigh ár muintir chun dála;
 Cloisfir anois, a sheanóir, é is mo léanta thar teorainn ba bhun leis.
 Níor chlos domsa aon scéala ar an arm a bheith ar na cóngair,
 Níl agam aon fhaisnéis air ná tuairisc a neosfainn go cruinn daoibh,

Ná ní labharfad ar ní dá mbaineann le saol an oileáin seo,
Ach ar mo riachtanas féin, 's ar an ndonas a thit ar mo
theaghlach.

Tá léan dúbalta i gceist; ar an gcéad cheann, chailleas an t-athair
B'fhearr dár mhair, agus eisean 'na rí agus ina athair don tír seo.
Scéal níos troime ná sin, 's nach fada go gcreachfaidh an
teaghlach

Ó bhun barr, is go bhfágfaidh i ndisc a shealúchas 's a bheatha,
Tá slua comharsan ag d'iarraidh mo mháthar a phósadh dá
neamhthoil,

Clann mhac daoine is onóraí cáil is foláiocht in san áit seo.
Icireas uasal a hathair, ní leomhfadh an dream seo dul chuige
D'fhonn is go nglacfaidh sé spré na hiníne is go dtabharfaidh í
féin uaidh

Faoi chuing phósta don bhfear a thaitneodh léi féin agus leis
féin.

Bionn, gach lá dá dtig, 'nár dteaghlach a dtitim 's a dtuirling.
Is mairt agus caoire agus gabhair acu á n-íobairt is féasta dá
chaitheamh

Is fion dearglasrach dá ól gan straothadh acu is raidhse dá reic
ann,

Óir ní hann d'fhear leighiste na pláighe, ní mhaireann Odaiséas.
Linne ní féidir é a dhéanamh, mar tá ceal nirt orainn chuige;
Ba é rud a thiocfadh den iarracht go dtaibhseoinn ainis gan brí
ionam;

Ach dá mbeadh buille cosanta im' láimhse, do bhuailfinn le fonn
é.

Óir tá gníomhartha thar fulang ar siúl 's ní huasal liom cúrsaí
Chreachta mo thí. Nár cheart díbheirg ar aoine mar gheall air,
Is náire a bheith oraibh roimh dhaoineibh atá in bhuir dtimpeall
'na gcónaí,

Is eagla roimh dhéithe atá thuas sara n-iompóid oraibh ag agairt?
Guím ar son Thiarna na ndéithe oraibh, guím ar son dhiabhean
na Córa,

Ós é is cúram di daoine do chruinniú i ndáil is a scor di,
Stadaidh, a chairde, agus ligidh dom' chroí bhocht fulang ina
aonar,

Is brón á chnaí; murab aahlaidh a thaispeáin m'athair Odaiséas
Antoil fuatha d'Acaciaigh faoi airm, is go bhfuil sibh á agairt
Ormsa le fuath thar n-ais, 's iad seo agaibh á sá chun mo

scriosta.

B'fhearr dom mo sheilbh á hídeach agaibhse idir thréada agus
earraí;

Tar éis léirchreachta do b'fhéidir gur ghearr go mbeadh
cúiteamh i ndán dom,

Óir d'ardóinn chomh láidir mo ghuth in sa chathair seo againne
Ag d'iarraidh mo ghustail thar n-ais, in sa tslánchruinne uaibhse
go bhfaighinn é.

Faoi mar atá, sin brúite mo chroí agaibh gan súil lena leigheas
uaibh."

Labhair seisean amhlaidh i bhfeirg, is bhuail ar an dtalamh a
bhachall.

Bhí uabhar goil air, is leáigh croí dílis na ndaoine le trua dó.
D'fhanadar uile ina dtost, ar an gcruinniú mór ní raibh aoine
A leomhfadh gearán sin an ógfhir do fhreagairt le goirgeacht
aighnis,

Aon duine, ach amháin Antanús; do fhreagair sé sin agus dúirt
leis:

"Mórbhéalaí, a Theilimicis óig, agus buile gan srian léi!
Leomhfá náire do thabhairt dár mbuin agus sinne do chiontú.
Más ea ní hiad atá ciontach, an complacht éilimh seo againne;
Is í atá ciontach, do mháthair, ná maireann a máistir ar chúinsí.
Féach go bhfuil trí bliana éalaithe cheana, is is gearr go mbeidh
ceathair,

Is croí na nAcacaeach á chrá aici le fionnraí fhada ar a ndóchas.
Tugann sí dóchas do chách, is le scéal faoi leith chun gach
aoine

Geallúint, ach is é a mhalairt a bhíos istigh aici meáite.

Bheartaigh sí an mealladh seo dhúinn: bhí seol scópúil aici leata;
B'éachtach an dlúth a bhí ann, is do b'ardcháiréiseach an obair,
Is deireadh sí linn - 'A fheara uaisle do tháinig ag d'iarraidh mo
phósta,

Ó tharlaíonn ná maireann mo chéile, gur cailleadh Odaiséas,
Scoiridh den tathant go fóill, nó go bhféadfaidh mé an t-éadach
seo a chríochnú,

D'fhonn is nach obair in aistear dom' shnách atá sníte go breá
agam.

Is é an seanlaoch Laeirtéis a gheobhad lá éigin sa bhrat sin
Fós, nuair sínfear ar a fhaid, lena chorp nuair scarfaidh an
t-anam,

Ionas ná féadfar a rá chun mo náirithe i measc bhan Acaea,
Tar éis gach ar ghnóthaigh, go bhfuil faoi chlár gan clúid ar a
mharbh.'

B'iadsan na bréithre do chuir sí siúd lena mealladh ina luí
orainn.

Bhíodh sí feasta de ló agus an anairt fhairising á fi aici,
Ach in san oíche do scaoileadh an snách faoi sholas na dtóirsí.
Mar sin i gan fhios ar feadh trí mblian lean mealladh na
n-uaisle,

Ach nuair tháinig an ceathrú bliain is athchasadh na séasúr,
Fuaireamar cruinnfhaisnéis ar a birt ó dhuine dá bantracht,
Is tháingamar d'oíche uirthi féin agus obair an lae aici dá
scaoileadh.

Leis sin b'éigean di a saothar a thabhairt chun críche dá
neamhthoil.

Ach bíodh a fhios agat féin, bíodh a fhios aige slua na nAcaeach
Gurb é freagra a thugann an complacht éilimh ar t'aighneas:
Abair led' mháthair imeacht, agus pé fear is maith lena hathair
Agus is mian léi féin, leis an té sin déanadh sí cleamhnas.

Ach más fada dhi fós ag cur buairimh ar uaislibh Acaea
Is bearta aici á gceapadh do réir ardbhua a thug Aitéine thar
mnáibh di —

Óir thug rogha na ndea-cheard agas barr intlíochta agus cúinsí
Ab fhearr ná ar ghnáthaigh riamh clú-mhná de sheanaimsir na
Gréige,

Is níor fhéad Tioró riamh, Ailcméine, Mícéine chorónta,
Meabhrú cliste do dhéanamh mar ghní Peanápla mheabhrach.
Níorbh fholláin daoibh, áfach, an meabhrú déanach do rinne,
Óir beidh beatha agus fáiltas do theaghlaigh againne dá
chaitheamh

Faid is a dhéanfaidh sí sin leadrán ar an aigne atá aici,
Cé go bhfuil déithe á spreagadh, is gur méadú mór sin ar chlú
dhi,

Fágfaidh sé mairg ort féin nuair chífir do ghustal á ídeach.

Ach sara ngéillfidh 's go bpósfaidh an t-uasal Acaeach is mian
léi,

Ní aistream as do thigh 'nár bhfeirmeacha féinig ná in aon áit."

Labhair Teilimiceas óg ardeagnach á fhreagairt is dúirt leis:

"Conas a gheobhainn ionam féinig an té sin a shaolaigh 's a
thóg mé

A ruaigeadh óm' thigh dá hainneoin. Fód iasachta is ionad do
m'athair

Marbh nó beo. Is é a chúiteamh le hIcireas, b'éachtach an
chreach é,

Éiric thar cuimse do dhíol, má dhíbrim mo mháthair dom'
dheoin féin.

D'agródh m'athair é sin, agus d'agródh amhailteanna an
domhain thíos

Tar éis dóibh éisteacht le dianmhallachta mo mháthar im'
choinne

Sara n-imeodh; agus bheadh díbheirg ar mhuintir an tsaoil
chugam.

Deirim go neamhbhalbh é, sin focal ná labharfaidh mé choíche.

Fiú más gráin libh a chlos, fógraím oraibh m'áitreabhsa
d'fhágaint

Is féastaí eile a sholáthar ag ithe oraibh féin is ag dul daoibh
Ó rítheaghlach go chéile. Ach más é rud a thaitníos libh
Beatha aonphearsan amháin a bheith á reic agaibh choíche gan
díol as,

Leanaidh sa bhfoghail, ach éifead ar dhéithibh a mhaireas go
síoraí

D'fhonn go n-agróidh Séas oraibh na cionta le gníomhartha
díoltais.

Bás gan teasargain chugaibh is gan éiric faoi ia seo mo thise."
Labhair Teilimiceas amhlaidh, is scaoil Séas d'fhaireas go fairsing
Láithreach anuas ó mhullach an chnoic dhá fhiolar chun léime.
Sheoladar san aer ag imeacht le fleánna na gaoithe
Láimh lena chéile is a sciatháin bhríomhara ar leathadh sa
ghluaiseacht.

Ach nuair bhíodar os cionn dháil chuallacht an aighnis in airde,
B'iúd guairneánach sa tsiúl an dá éan is ag suaitheadh na
sciathán

Agus ag tuirling i gcóngar na ndaoine agus léirscrios 'na
bhféachaint

Is iad ag gabháil dá n-ingne ar phluic is ar scornaigh a chéile
Nó gur imíodar ar deiseal os cionn thithe mhuintir an bhaile.

Líon cách d'alltacht le hamharc na n-éan, ní raibh a fhios
aige fear díobh

Dá mhéad machnamh a dhéanfaidh 'na dtaobh, cad a bhí acu dá
thuaradh.

D'éirigh fear feasa na n-éan, Halatairséis mac Mhastóir, chun labhartha;
 B'fhearr ná duine dá aois a thuig éanlaithe is thairngir ar bhri leo;
 D'éirigh sé sin go dea-intinneach chucu agus dúirt leis an ndáil sin:
 "Éistidh, a chlann dil Iticé, liomsa, agus cloisidh a n-abraím.
 Éistidh, a chomplacht éilimh, an rún seo do nochtaim is daoibh é —
 Iompó roth na cinniúna in bhur leith. Ní fada d'Odaiséas Feasta ar an bhfán ó chairde, ach is amhlaidh atá sé ar na cóngair
 Agus ag ullmhú báis agus dúdhán treascartha dhóibh sin. Béarfaidh go dian lena linn ar a lán nach iad, ach gur áitreabh Iticé dhóibh, is do b'fhearr roimh ré dhúinn cosc a chur leothe. Coisceadh an dream iad féin chomh maith, agus láithreach do b'fhearr sin.
 Ní le neamhoilteacht a thairngirim daoibh, ach is fáidh mé gur fios dó.
 Óir is é a deirim, go bhfuil gach cúrsa dá sheoladh chun críche Dá ndúrt féin leis fadó agus an t-arm Airgibheach ag gluaiseacht Is Prionsa Odaiséas ina measc; b'iad ráite mo bhéil go raibh fulang
 Éachtach i ndán dó, is go gcaillfeadh sé gach compánach dá fhoirinn,
 Agus gan aithint ag aoinne air, sa bhfichiú bliain dó go dtarlódh Filleadh ar a dhúchas, is féachaidh!
 Tá gach aon ní acu dá fhíorú."
 Labhair Eoramacas groí mac Pholaib is dúirt leis an seandraoi:
 "Imigh abhaile, a sheanóir, agus tairngir do mhuirear do theaghlach
 Sara mbeadh íde ar a dtóir 's ná múinfi seachaint in am dóibh. Maidir le fiolair an aird, b'fhearr tairngreacht uaimse go fairsing. Bíonn sluaite éan ag imeacht faoi dhearcadh na gréine is ní fhoilsíd
 Uile cinniúint dos na daoineibh. I gcéin uainn cailleadh Odaiséas, Is ní bhréagnód gurb oth nár tharlaigh a dhálasan duitse. Fios ó dhéithe ní bheadh chomh flúirseach id' bhéal ná ní feicfi Ógfhear an tí dá ghríosadh ina dhíbheirg chugainne, is go sílir, Ní nach ionadh, go sroichfidh a bhronntas 'na dhiaidh seo do

theaghlach.
 Deirimse leat go neamhbhalbh, is gheobhair fíor bréithre mo bhéilse
 Ós fear críonna tú féin agus eolas na sinsear de theist ort, Más é rud a thaithir, bheith ag deargadh ar ógfhear chun buile, Caoínfidh sé féin é ar dtúis, agus ní éireoidh leis dá bharra, Is cuirfeamna fineáil ortsa, a sheanóir, agus luífidh go dóite ort. Gaibheadh Teilimiceas óg ar an ndáil seo lem' chomhairle agus ordaíodh
 Feasta dá mháthair imeacht thar n-ais go dtí teaghlach a hathar. Socraídís ar an gcleamhnas ansin, beartaítear ar spré dhi Faoi mar is gnách ag leanúint na hiníne dea-mhuintire a póstar. Leanfaidh an uaisleacht Acaeach go dtí sin ag éileamh na rí-mhná
 Is gheobhfar a lán dár ndua, mar níl sceon orainn roimh aoinne Dá mhórbhéalaí chugainn Teilimiceas, linne ní baol é; Spéis dá laghad níl againn i dtairngreacht bhaoth dá leithéid sin D'fhoilsís dúinn, a sheanóir; ní thiocfaidh chun cinn as ach gráin ort.
 Déanfar den stór anspás, agus cúiteamh ní bhfaighfear ann choíche
 Faic atá sise go righin leis an gcomplacht éilimh 's go gcuireann Cleamhnas ar cairde; beimidne sa treis mar gheall ar a feabhas féin
 Choíche is ag súil leis an mbua; ní chasfaim ar thóir ainnire eile Bíodh is gur dual dár sórt ár rogha d'fháil d'áilleacht na gceantar."
 Labhair Teilimiceas óg ardeagnach á fhreagairt is dúirt leis:
 "Tuig, a Eoramacais bhreá, agus, a chomplacht éilimh an-uasail, Ná bead ag achaint arís ná ag labhairt libh feasta sa dáil seo, Toisc gurb eol dos na déithe mo chás is do mhuintir Acaea. Níl aon ní agam á iarraidh ach ártach maith d'fháil 's fiche ráimhaí
 Ionas go seolfar mé sall is anall ar na hólaithe mara, Agus go dtiallfad ar Sparta is ar Phiolos na gainmhe báine. Bead ag fiosrú i dtaobh m'athar atá chomh fada ar an bhfán uainn,
 Pé acu ó dhaoine do gheobhad aon scéal, nó go gcloisfead an ráfla
 A thagas i gcluais ó neamh 's faisnéis á leathadh ar an saol tríd.

Más clos scéal dom go bhfuil sé ina bheathaidh 's ag meáchaint ar fhilleadh,

Fiú más creach dom an mhoill, caithfead bliain ag fanacht is ag foighneamh.

Ach más clos dom a bhás is gan aon rian fágtha ar an saol de, Fillfead ansin ar mo thír, 's ardód leachtán dó agus déanfad íobairt mar thuilleann a cháil, agus bhéarfad mo mháthair le pósadh."

Labhair seisean amhlaidh is shuigh; b'in Meantór 'na láthair ag éirí.

B'é fear páirte Odaiséis é san am, 's nuair ghluais sé sa loingeas, Faoi sin d'fhág sé an teaghlach le riaradh, is dúirt lena chara A bheith géilliúil don tseanóir is gan bearna do ligint 'na sheilbh.

D'éirigh sé sin go dea-intinneach chucu agus dúirt leis an ndáil sin:

"Éistidh, a chlann dil Iticé, liomsa agus cloisidh a n-abraim. Prionsa i gcoróin ná bíodh sárdhfógraiseach feasta dá mhuintir. Ná bíodh lách ná geanúil, ná cóir fiú amháin in sa phlé leo, Ach bíodh cruaidh ina bhreith, agus an-tréan goirgeach 'na ghníomhartha,

Tráth is nach cuimhin lena mhuintir a rí agus a ndiafhear Odaiséas.

Is bíodh ní hamháin ina rí, ach ina athair do chlainn lena dhílseacht.

Níl fúm tagairt go naimhdeach don chomplacht éilithe dána A ghnathaíos síorlámh láidir do réir dhúbheartuithe a meabhrach.

Óir is é an t-anam a chuirid i gcumha, nuair chaithid le foirneart Rachmas an Tiarna Odaiséas, is go sílid ná tiocfaidh sé choíche. Is é rud a lasas chun feirge mise is a líonas de náire, Sibhse na daoine d'fhanacht in bhur dtost agus dá iomadúla Atataoi féin, 's dá laghad atá an complacht éilimh, ná faighimse Caint in bhur mbéal ná bagairt a choisceadh an ragairne gránna."

D'éirigh Léacratas mac Eoéanóir 'na choinne agus dúirt leis:

"Mura tú an mac dícheille is an tionsclóir achrainn, a Mheantóir! Is iadsan a shá chun sinne do chosc; Ach is deacair an chéim í, Comhrac a dhéanamh mar gheall ar shuipéar, fiú amháin ina slua dhóibh.

Fiú tiarna Iticé féin, fiú amháin dá dtiocfadh Odaiséas

Ag d'iarraidh an chomplachta éilimh a bhagairt amach as a halla, Is iad ann suite chun boird is ag caitheamh a bhféasta le mórtas Ní bheadh áthas dá bharr ar a mhnaoi dá shíre atá ag tnúth leis, Ach tharraingeodh sé air féin deargíde is a choimheascar le céadta.

Maidir leat féin is do chaint leis an ndáil, níl dealramh ar bith leat.

Sílim gur mithid do chách bheith ag scaipeadh chun saothair a ghoirt féin.

Bíse á chur seo chun bóthair, a Mheantóir, is bíse, a Halatairséis. Daoibhse ba chórtas é sin, seanchairde ba ea sibhse dá athair; Bíodh is gur dóigh liom féin gur 'na shuí dhó in Iticé d'fhanfaidh

Seisean ag feitheamh le nuacht, 's ná déanfaidh an t-aistear seo choíche."

Labhair seisean amhlaidh, is scoireadh an dáil sin ar nóimint na boise.

D'imigh na daoine ina dtáinrith is scaip gach fear chun a thí féin,

Is d'imigh an complacht éilimh thar n-ais go dtí teaghlach Odaiséis.

Chuaigh Teilimiceas uathu go haonarach síos chun an chladaigh. Nígh sé sa tsáile ann a lámha agus ghuigh chun Aitéine agus dúirt léi:

"Éist liom, a dhia ghil na dílse do tháinig inné chun mo theaghlach,

Is d'ordaigh dom gluaiseacht i mbád ar an muir mhóir dhiamhair ag lorg

Fhaisnéis m'athar fadó a scar linn, 's arbh fhéidir dó ar deireadh Filleadh ar a thír; tá na daoine go léir ag cur moille ar mo chúrsaí,

Agus an complacht éilimh go mórmhór, teallairí an díomais." Labhair seisean amhlaidh ag guí, agus do tháinig Aitéine ina chongar,

Dealrach le Meantór 'na gné agus 'na guth, agus labhair agus dúirt leis:

"Feasta, a ógánaigh, a chroí, ní bheirse neamh-mheabhrach ná meata,

Ionat i gceart má fuineadh an braon ó t'athair a fuairis.

Ós é d'fhéadfadh a ghníomhartha is a bhréithre do sheoladh
chun críche.
Má taoi amhlaidh, do thuras ní bheidh gan déanamh ná in
aistear.
Ach mura gin tú go dílis do Rín Peanápla is dósan,
Nílím ag súil le do chúrsa do theacht chun cinn mar is mian
leat.
Deirtear gur beag clann daoine do bheir leo maitheas a n-athar,
Deirtear gur measa a bhformhór, mac is fearr ná a athair is
annamh.
Ach ós cinnte ná beirse neamh-mheabhrach ná meata ina dhiaidh
seo,
Is nár tháinis ar an saol gan do chuid féin d'éirim Odaiséis,
Tá súil láidir agamsa go dtabharfair an iarracht chun críche.
Lig dá chionnsan don chomplacht éilimh 's dá gcogarnaigh
dhíomaís,
Is ná bí buartha, mar táid gan mheabhair 's níl spéis acu i
gceartas,
Ná ní heolach a ndúchreach dóibh ná an bás atá i ndán dóibh,
Agus ag druidim 'na ngaobhar, aon lá amháin socair dá
dtreascairt.
Ná ní fada uait féin mar is mian leat do thaisteal a dhéanamh,
Óir chír láithreach led' thaobh compánach triallta do t'athair
A fhéadfas duit ártach na seolta a sholáthar 's a raghfás ar a
bord leat.
Gluais leat anois chun an teaghlaigh is bí i measc mhuintir an
éilimh,
Is ordaigh ann lón d'ullmhú dhuit is líontar in áras gach earra,
Crúscáí fiona, is min eornan i málaí, téagar na dtréanfhear.
Raghad faoin mbaile agus gheobhad mairnéalaigh a thioctas dá
dtoil féin.
Báid idir shean agus nua tá flúirseach in Iticé is féachfad
Cé acu do b'fhearr, 's cóireom gan mhoill agus scaoilfeam ar
muir í."
B'amhlaidh di ag labhairt leis an ógfhear, iníon Shéis Pallas
Aitéine.
Moill ní dhearna sé sin nuair chuala sé bréithre na bandé.
Chuaigh sé 'on teaghlach is tocht ar a chroí. Bhí muintir an
éilimh
Cruinnithe roimhe go dána sa chlós agus gabhair acu á

bhfeannadh
Is bhí fordhó acu á dhéanamh ar chraiceann na gcéiseanna saille.
Chuaigh Antanús díreach i dtreo an ógánaigh le gáire,
Agus do labhair os ard chuige is rug ar a láimh agus dúirt leis:
"Chugainn Teilimiceas óg, óráidí fíochmhar na buile!
Nár bh fhearr duitse gan bréithre agus gníomhartha na feirge a
cheapadh
Ach bheith ag ithe is ag ól mar ba ghnách in san am a ghaibh
tharainn?
Gach a bhfuil uait, ná faighir ón muintir Acaeach i dtráth é?
Ártach na seolta agus rogha tréanrámhaithe, is déanfair go
tapaidd
Tráigh bhán Phiolais a tharraing ag fiosrú i dtaobh t'athar
uasail."
Labhair Teilimiceas óg ardeagnach á fhreagairt is dúirt leis:
"Ní fhéadfainnse feasta gabháil leis an meon tiarnúil sin atá
agaibh!
Feasta in bhur gcuibhreann im' thost, a Antanúis, aoibhneas gan
mhairg,
Tá col glacaithe agamsa leis sin. Nach leor a bhfuil scoite
Cheana de sheilbh mo theaghlaigh, a chomplacht éilimh mo
mháthar,
Reicithe agaibhse is mé óg, gan i mblianta na tuisceana fós dom?
Ach tá tuiscint anois agus fás agam, 's cloisim i mbéal fear
Caint ar mo chás, agus méadaíonn fiúnach i m'aighe dá
chionnsan,
Is déanfad le fonn imshníomh chun go n-éireoidh daoibh go
cinniúnach,
Pé acu ag imeacht dom go Piolas nó ar fhód féin Iticé an
dúchais.
Bád duine eile, is ní turas in aistear é, a bhéarfás anonn mé.
Óir ní máistir ar bhád mé féin, 's níl rámhaithe a'm' fhreastal.
Sibhse ba bhun leis an gcúrsa a bheith amhlaidh, ar mhaithe libh
féinig."
Labhair seisean amhlaidh; as láimh Antanúis stath sé go
héascaidh
Méireanna a láimhe. Bhí an complacht éilimh ar séirse agus
féasta
Dá chóiriú acu; do bhíodar go tarcaisniúil seanbhlasta.
Caint dá leithéid seo ó fhear des na teallairí óga do cloisfi:

"Tá Teilimiceas óg, do réir dealraimh, ag meáchaint an bháis dúinn.
 Seolfaidh sé trúpanna leis ó Phiolas na gainimhe báine,
 Seolfaidh as Sparta iad, b'fhéidir, is mór atá fonn air chun díoltais,
 Nó arbh é Eifire a thriall, mar a bhfaigheadh sé nimh na cinniúna,
 D'fhonn is go meascfadh sa bhfion í agus sinn a mharú le linn fleatha?"
 Cloisfí ag labhairt ina dhiaidh comhtheallaire a déarfadh á fhreagairt:
 "Cé aige a bhfuil a fhios ná go mbéarfadh an íde air a rug ar Odaiséas,
 Fánaíocht fhada ar an muir 's bás d'fháil ann gan cara ina chongar?
 B'amhlaidh ba throime don dua a bheadh fágtha dá chionnsan aige orainn.
 B'éigean an tseilbh ba leis bheith dá riaradh againn eadrainn, is an pálás
 D'fhágaint 'na dhiaidh ag a mháthair 's an té sin do gheobhadh í mar chéile."
 Labhradar amhlaidh; ach d'imigh an mac go dtí seomra leapa a athar,
 Seomra ard fairsing go raibh neart óir agus bróinse ann i dtaisce,
 Is éadaí i gcomhraí fillte gan cháim agus stór d'ola chumhra,
 Is cascanna fiona dheabhlasta go raibh aos mór aige, a dhéanfadh
 Deoch shásúil dos na déithibh, in ordú le hais an fhalla;
 Fion gan meascadh ba ea é, do bhí ullamh i dtómas Odaiséis
 Dá ráineodh sé ag filleadh tar éis a raibh fachta aige d'anró.
 Bhí doras dúbalta á iamh seo go raibh a dhá chomhlain so-chasta,
 Coinnithe d'oíche is de ló faoi ghlas ag bean aeraithe an teaghlaigh,
 Is níor mhór dise chun cosanta a raibh aici de ghliocas na meabhrach
 Eoraiclia b'iníon d'Óps mac Phéiséanóir. Ba chlos di Glao Theilimicis óig, agus tháinig sí. Dúirt seisean léithi:
 "Seo leat, a bhanaltra, brostaigh is tarraing dom fion maith i gcrúscáí,

Rogha gach a bhfuil faoid' chúram i dtánaiste d'fhíon sin na dúla
 Atá agat i dtaisce don bhfear mhífhortúnach, má thagann Odaiséas
 Choíche tar éis dó éalú ón mbás agus ós na cinniúintí.
 Líontar dom dhá cheann déag agus stoptar go daingean a mbéil sin,
 Is líontar 'na theanntasan fiche buiséal de mhín eornan i málaí.
 Bí leis i t'aonar á dhéanamh, is cruinnigh i bhfóiribh a chéile iad,
 Óir tráthnóna ardóidh mé liom iad, nuair bhraithfead mo mháthair
 Dulta chun seomra na leapa is ag cuimhneamh ar chodladh do dhéanamh.
 Triallfad ar Sparta is ar Phiolas na gainimhe báine go gcloisfead Faisnéis éigin ar m'athair, 's an féidir go bhfillfeadh abhaile."
 Labhair seisean amhlaidh, is chorrigh sean-Eoraiclia chun caointe
 Is labhair sí go diachrach 's go deorach ag cneadaigh, is dúirt leis an ógfhear:
 "Abair, a dhalta mo chroí, cén fáth dhuit an éirim seo a thógaint?
 Aonmhac dílis is ea tú; cá raghair thar an dteorainn i t'aonar?
 Cailleadh i gceantar as eolas, i bhfad ón ndúchas, Odaiséas,
 Is chomh luath is bheir sé as a radharc seo, beidh bearta acu id' choinne dá ndéanamh,
 D'fhonn is go bhfaighir feallbhás is go riaróid eatarthu an tseilbh.
 Fan ar do shuaimhneas i mbun do shealbhú; ní gá dhuit in aon chor
 Farraige an fhiantais a thaisteal, 's a hanró d'fhulang i t'fhánaí."
 Labhair Teilimiceas óg ardeagnach is dúirt leis an maor mná:
 "Cogar, a bhanaltra, a chroí, ní gan comhairle ó dhia a chuireas romham é.
 Dearbhaigh dom, áfach, gan insint dom' mháthair go bhfuilimse gluaiste,
 Nó go mbeidh dhá lá dhéag gafa tharainn, nó fós go mothóidh sí
 Imithe mé is ó dhuine gur clos di ina dhiaidh sin gur sheolas,
 D'fhonn is ná fágfadh sí máchail ar áilleacht a leicne le deora."
 Labhair seisean amhlaidh; dar brí mionna móra do dhearbhaigh

an chailleach,
 Is láithreach 'na dhiaidh sin do tharraing i gcrúscáí fíon, agus
 líon dó
 Málaí mine, agus d'fhill an fear óg ar chuideachtain an halla.
 Bhí lena linn rudaí eile ag Aitéine na súl glas á mbeartú.
 Shiúil sí i ngné Theilimicis óig gach aird in sa bhaile,
 Is deireadh le daoine bailiú chun an áthaigh le titim na hoíche.
 Bhuaíl sí sa tsráid le Néamón mac Fhroinias, óglach an-álainn,
 Is d'iarr sí air ártach a thabhairt, agus gheall sé go fonnmar
 go dtabharfadh.
 D'imigh an ghrian ón spéir agus leath scáth oíche ar na bóithre.
 Tharraing sí anuas chun na farraige an bád agus shocraigh inti
 Gach a bhfuil riachtanach d'ártach maith seoil idir áis agus
 fhearas.
 Chuir sí ar ród í sa chuan taobh thall, agus bhailigh an
 complacht
 Fear tréan chuici san áit, agus bhrostaigh an diabhean chun oibre
 iad.
 Bhí lena linn rudaí eile dá dtaibhreamh d'Aitéine na súl glas.
 Chuaigh sí go dtí pálás Odaiséis agus d'fhoirleath an codladh
 Sámh ar an gcomplacht éilimh, do chuir sí mearathal suanmhar
 Orthu san ól dóibh is leag sí na coirn as a lámha ar na bordaibh.
 B'iúd leo amach faoi dhéin leapa suain; níorbh fhada ina suí
 dhóibh
 Ó bhí súile gach aon fhir ag druidim le codladh na tuirse.
 Agus le linn dóibh titim dá gcodladh do tháinig Aitéine
 Dealrach le Meantór 'na gne agus 'na guth, agus rinne sí
 láithreach
 Glao ar Theilimiceas óg chun go bhfágfadh an teaghlach, is dúirt
 leis:
 "Tá compánaigh do shlí, a Theilimicis, suite ar na tochtai
 Cheana is ag feitheamh go seolfair, ná bíodh aon mhoill ar an
 aistear."
 Nuair bhí ráite aige Pallas Aitéine, do chuir sí chun bóthair
 Chomh dianmhear agus d'fhéad; lean seisean ar shála na bandé,
 Is nuair bhí cuan agus bád acu sroichte, do fuaireadar rompu
 Foireann na bhfear ar an gcladach, is dúirt Theilimiceas leotha:
 "Téanaigí oraibh ag triall ar an lón. Tá an uile rud cheana
 Ullamh, a chairde, sa tigh. Cuimhnídh ná feadar an bhantracht
 Focal 'na thaobh, ná mo mháthair; ní chuala ach aon bhean

amháin é."
 Labhair seisean amhlaidh is d'imigh chun tosaigh; do leanadar
 siúd é.
 Thugadar leo gach ní agus stobháladar iad in san ártach,
 Éalaitheach ciúin cáiréiseach mar d'ordaíodh mac Odaiséis dóibh.
 Chuaigh Theilimiceas óg ar a bord, ach ba roimhe d'Aitéine,
 Is shuigh sí síos i dtosach na dea-loinge is an prionsa ina
 cóngar.
 Scaoileadh na cáblaí róid, shuigh lucht rámhaíochta ar na tochtai.
 Bhí cóir bronnta orthu, leis, aige diabhean na súl glas Aitéine,
 Gaoth anamúil leo aniar ar an dtonn fhíondathach go ceolmhar.
 Dúirt Theilimiceas óg lena lucht mairnéalach go fuinniúil
 Breith ar na fearaistí seoil, agus rinneadar rud air le lán-toil.
 Shádar an crann mór giúise ina pholl, dhíriodar in airde é,
 Is rinneadar timpeall ansin diongbháil air le téadracha cnáibe.
 Shíneadar seolta na loinge ina n-ionad le hiallacha leathair.
 Bholg na seolta sa ghaoith is do threabhaigh an t-ártach deas
 roimpi,
 Is chualathas tuargain na dtonn is a bhfuarmáil timpeall an chile.
 Ghluais sí mar éan feadh na n-ólaithe móra le fonn chun a
 sprice.
 Tar éis gach feistithe a dhéanamh san ártach, do lionadh go
 barra
 Fíon ins na coirn agus doirteadh ofráil leis do dhéithe na síre,
 Agus thar dia dá bhfuil orthu d'inín Shéis, diabhean na súl glas.
 Bhíodar mar sin feadh na hoíche is san amhascarraig fós ag
 imeacht leo.

III

D'éirigh an ghrian ón muir agus chuaigh ar an spéir chun go
 ndéanfadh
 Solas do dhéithe na síre do mhaireas sa bhfairsinge in airde
 Agus don lucht gearrshaolach a shaothraíos talamh an ghráinne.
 Shroicheadar Piolas a tógadh go daingean i laethanta Néileis,
 Agus ar imeall na trá lena linn bhí an mhuintir ag déanamh
 Íobairt tharbhaí ciardhubha i gcomhair Luascaire ceann dubh na
 gCóstai.
 Naoi n-altóiracha a bhí ann, is cúig chéad duine ag gach ceann

díobh

Suite, agus naoi dtarbhaí i gcomhair gach altórach le hÍobairt.
Bhíothas ag ithe na n-ae agus ag dó na gceathrún do

Phoiséadón,

Nuair tharraingíodar an cuan, is ba ghearr go raibh seolta na
loinge

Scaoilte is í féin acu ar ród, is go ndeachadar isteach ar an
dtalamh.

Chuaigh Teilimiceas óg as an ártach ar shála Aitéine,
Agus do rinn bandia na nglas-súl túis labhartha agus dúirt leis:
"Ní ham náire dhuit é, a Theilimicis, rian di ná biodh ort.
Sheolais an mhuir chuige seo, chun go bhfaighfeá tuairisc ar
t'athair,

Cá bhfuil a fhólacha ar an dtalamh is cad é mar íde do fuair sé.
Téir leat díreach anois go dtí Neastór bhriste na gcapall
D'fhonn is go nochtfaidh sé dhúinn pé comhairle do bheadh
aige ina intinn,

Achainigh féin air go dian fioreolas a rá gan agó leat;
Bréag ní neosfaidh sé dhuit, mar ní mhaireann a mháistir ar
eagna."

Labhair Teilimiceas óg ardeagnach is dúirt leis an ndiabhean:
"Conas, a Mheanatóir, a raghaid faoina dhéin is a dhéanfad
beannú dhó?

Maidir le hinneach na céille do chur faoim' bhréithrese, nílím
Triallta, agus fós bíonn náire ar fhear óg roimh sheanduine a
cheistiú."

D'fhreagair an diabhean Aitéine na súl glas is dúirt leis an
ógfhear:

"Cuid dár cheart duit a rá, a Theilimicis, gheobhair asat féin é,
Is meabhróidh dia dhuit a thuilleadh; dar liomsa nach amhlaidh a
saolaíodh

Thusa gan déithe i do pháirt, 's gan a bhfabhar nach amhlaidh a
tógadh."

Nuair bhí ráite aige Pallas Aitéine, do chuir sí chun bóthair
Chomh mearchosach is d'fhéad; lean seisean ar shála na bandé
Is ghluaiseadar leo go tionól 's altóracha mhuintire Phiolais.
Fuaireadar Neastór ann suite is a chlann mhac 's uaisle ina
dtimpeall,

Is feoil á róstadh chun féasta agus feoil á cur acu ar bearaibh.
Díreach ar radharc d'fháil dóibh ar na coigrígh, tháingadar

chucu;

Sméideadh go fáilteach le láimh orthu is fuaireadar cuireadh na
féile.

Chuaigh Peisistriteas óg ar an gcéad mhac taoisigh 'na ngaire,
Is rug sé ar láimh orthu araon agus sheol iad suas chun na
fleatha

Is shocraigh ar lomraí boga, a bhí leata ar an dtraigh, ina sui
iad,

Taobh lena rí-athair féin agus lena dhéarthair Trasaiméidéis;
Thug dóibh cion des na haenna, agus líon corn fiona as an
gcrúsca,

Corn breá óir, agus shín é go fial fáiltiúil chun na bandé
Pallas na súl glas iníon Shéis Tiarna na Scéithe agus dúirt léi:
"Ardaigh, a chóisirigh, guí mar is cóir chun an Tiarna

Poiséadón,

Óir is ar fhéasta ina onóir sin a thug bhur dtriall sibh ar maidin.
Is nuair bheidh do réir sheanráit t'ofráil di doirtithe ag guí
dhuit,

Sín chun an fhir seo atá farat an t-órchoron fiona dheabhlasta,
Ionas go ndoirtfidh sé ar a uain, mar is dóigh liom go ngufonn
sé na déithe

A mhaireas de shíor; níl duine ar an saol ná go mbíonn ina
ngátar.

Ach ar a shon sin is óige é ná tú, comhaos dom, mar mheasaim,
Agus is chugatsa dá réir sin is túisce do shínim an corn seo."

Labhair seisean amhlaidh, is chuir sé ina láimh corn óir sin an
fhíona,

Agus ba bhreá le hAitéine dea-aighe an ridire chóir sin
Tráth is gur chuici ba thúisce do shín sé an corn sin óir bhuí.
Láithreach do ghuigh sí go fuíoch is go fonnmhar Tiarna

Poiséadón:

"Éist liom, a dhia a bhfuil an talamh id' bhaclainn, nára thar
meon leat

Nuair ghuimidne go ndéanair na nithe seo a sheoladh chun
críche!

Méadú glóire ar an gcéad rud ar Neastór cóir 's ar a chlann
mhac,

Agus 'na theanntasan cúitigh le sonas na tuatha seo im'
thimpeall,

Muintir na bhFilceach a thug duit go cáiliúil íobairt a méith-

mhairt.
 Faigheadh Teilimiceas, leis, agus faighimse go bhféadfam gach
 aon ní
 A dhéanamh faoi ndear dhúinn teacht in san áit seo de thaisteal
 na mara."
 Labhair sise amhlaidh ag guí, agus do fhreagair a hurnaithe
 féinig,
 Is thairg an corn dáchlúasach is ghlac Teilimiceas óg é,
 Agus do b'umhal mar an gcéanna do ghuigh mac dílis Odaiséis.
 Is nuair bhí an fheoil barra-rósta is gur bhaineadar i des na
 bearaibh,
 Riaradh a chion ar gach aoinne agus chaitheadar féasta na féile;
 Is tar éis dá ndúil a bheith sásta do bhí acu san ól is san ithe,
 Thosaigh an Ridire Neastór Geiréineach ar labhairt agus dúirt
 leo:
 "Is ea, tar éis aga na fáilte is an fhéasta, ní miste anois d'fhiafraí
 Dár mbeirt chóisireach cé hiad. Cér díobh sibh, insidh, a chairde?
 Cad as ar sheolabhair bóithre na farraige? An ceannaithe sibhe?
 Nó an é go mbeadh sibh ag seoladh bhur bhfánaithe ar
 chumadh na gaoithe
 Faoi mar a imíonn píoráidithe ar muir ag leanúint mar a mbíonn
 slaid
 Agus an t-anam á chur acu i gcumha i mbun chreachta na
 gcoigríoch?"
 Labhair Teilimiceas óg ardeagnach ag freagairt an taoisigh.
 Mhúscaíl a mheanma go tréan, thug Aitéine dá aigne misneach
 Ionas go gcuirfeadh sé tuairisc an athar a chuaigh ar an bhfán
 uaidh,
 Agus go raghadh méadaíocht ar a chlú i measc daoine. Ba é a
 dúirt sé:
 "Chuiris, a Neastóir, a mhic Néiléis is a ghrian gheal Acaea,
 Ceist bheacht orainn araon, cá dtángamar? Neosfadsa dhuit é.
 Iticé, oileán faoi chliathán Néian, is uaithi don teacht seo.
 Cúram liom féin, 's ní gnó poiblí, faoi ndeara dhom triall ort.
 Leanaím go fairsing ar thóir aon tuairisce a chloisfinn ar
 m'athair
 Cáilmhear, ar ghníomh is ar fhulang, Odaiséas. Deirid gur
 chomhraic
 Seisean in éineacht leatsa san am, nuair scriosabhair Iliam.
 Maidir le gach laoch eile le muintir na Traí a rinne comhrac,

Fuaireamar eolas go cruinn cá rug íde uaibhreach an bháis air,
 Ach fiú fód a chinniúnasan d'fhág mac Chronais as eolas.
 Téann ó aon duine a rá linn go deimhnitheach cathain a
 cailleadh,
 Pé acu ar an dtalamh a cloíodh é agus trúpanna namhad ag
 gabháil air
 Nó faoi mhúchadh na n-ólaithe mara do scar sé lena anam.
 Táim ag barróga do ghlún dá bhí sin 's ag achaint go neosfair
 Íde an droch-bháis sin a fuair, pé acu a bhfaca do shúilese cinn
 é,
 Nó fear fáin ar a shiúl; mar do shaolaigh a mháthair chun bróin
 é
 Thar a bhfuil d'fhearaibh ar domhan. Ná déan aon bhréaga le
 trua dhom,
 Ná ná féach chun mo phearsan, ach inis an cúrsa mar tharla.
 Dar a bhfuil déanta aige m'athair, Odaiséas calma na gelúbheart,
 Dar a bhfuil geallta is comhlíonta aige riamh, idir bhréithre agus
 ghníomhartha,
 Timpeall na Traí nuair rug duais mhór ar Acaea, achainím ort
 Cuimhneamh anois orthusan, is do scéal d'eachtraí gan agó
 dhom."
 D'fhreagair an Ridire Neastór Geiréineach an t-ógfhear is dúirt
 leis:
 "Laetha na hainnise, a chara, ós duitse á dtabhairt chun mo
 chuimhinte,
 Laetha gur tríothu do ghaibh clann fhíochmhar Acaea sa tír sin,
 Pé acu ar an bhfarraige dhiamhair i ndiaidh éacht slaide do
 bhímis
 Is ár mbáid dírithe riamh pé aird ina seolfadh Aichilléas,
 Nó faoi chlúchathair mhóir Rí Priam 'nár bhfianna sa
 choimheascar,
 Thall in sa láthair sin síneadh na laochra ba chróga do bhí
 againn.
 Thall atá Acaea dea-shaighdiúir dílis, is sínte ann d'Aichilléas,
 Treascaradh ann Patraclas, go raibh meabhair dé aige chun
 comhairle,
 Agus mo mhac croí féin, go raibh neart agus maitheas le chéile
 ann,
 D'éag Antalcas ann, dá fheabhas é chun reatha is chun
 comhraic.

Agus is mó seachas iad d'fhulaingiomar de dhochar. Cé a
d'fhéadfadh

D'fhearaibh gur dán dóibh bás slánchruinne na gcuntas a
thabhairt uaidh?

Dá leanfá cúig bhliana nó sé gan staonadh dem' cheistiú,
D'iarraidh gach eolais a bhreith leat ar anró thrúpanna Acaea,
Sara mbaileofa, is amhlaidh a sheolfá tuirsithe abhaile.

Bhíomar ar feadh naoi mblian ar an bhfód á gcluicheadh is ag
ceapadh

Gach saghas beart, 's is d'fhoréigean a thug mac Chronais chun
críche iad.

Riamh lena linn níor bhuaigh aon fhear ann i dtreis le hOdaiséas
Nuair b'intliocht a bhí ag imirt; do bhí stór cleas ina mheabhair
sin

Nár bhuan cosaint 'na n-aghaidh — is is tú mac dílis an fhir sin,
Más fíor ráite do bhéil! — tagann alltacht im' chroí le breathnú
ort.

Óir ní hamháin gur mar bhí aige dod' chaint — níl aoinne do
chreidfeadh,

Ógfhear do t'aos-sa, go bhfaighfi an fhuaimneant chéanna ina
bhréithre.

Is ea, faid a bhíos-sa agus t'athair de shíor gan deighilt lena
chéile,

Pé acu ar an ndáil a bheimis nó i seomra na comhairle, do nímis
D'aon bhuin cruinn-mheabhrú a stiúraíodh ar a leas na
hAcaeaigh.

Nuair ba ina fothraigh, áfach, do chathair sin Phriaím ar a
maoilinn,

Is sinne sna bádaibh ag gluaiseacht, do scaip dia loingeas Acaea,
Is bhí i ndán dóibh trí mheáchaint Shéis gurb é rud a
gheobhaidís,

Filleadh dobrónach, mar bhíodar gan mheabhair is gan spéis acu
i gceartas.

Rug droch-chinniúint ar a lán dá slua tré chuthach na bandé
Pallas Aitéine is infon 's agarthóir cruaidh Athair na ndéithe;
Ba ise do tharraing an bheirt Aitréideach in earraid le chéile.
Ghlaodar chun dála go hobann le buíú gréine ar Acaeaigh,
D'am nár achtaigh an rát, agus lucht deargmheisce ba ea a
chruinnigh.

Labhair Meinealás ansin agus d'ordaigh do chlannaibh Acaea
Meabhrú láithreach ar fhilleadh ar na hólaithe fairsinge abhaile,
Ní nár thaitin le Rí Agamamnón; do b'fheart leis go gcuirfi
Moill ar an bhfórsa go fóill, nó go ndéanfaí íobairt na
méith-mhart

D'fhonn is go n-éireodh leo díbheirg Aitéine do mhaolú;
Is é a bhí saonta go deimhin, 's nár thuig ná géillfeadh an
dia-bhean,

Óir ní ar nóimint na boise a thig athrach intinne ar dhéithe.
Sheasaimh an bheirt ar an ndáil is ba chruaidh d'aithisíodar a
chéile,

Is d'éirigh na sluaite chun gleo scanrúil, ó deighleadh i bpáirt
iad.

Rinneamar codladh, agus olc 'nár gcroí ag boirbeáil feadh na
hoíche

Toisc mífhortúin thar meon a bheith beartaithe dhúinn aige Séas
féin.

Tharraing, le lóchaint an lae, cuid mhór againn báid chun na
taoide

Is lionamar iad dár slaid is de mhna com-chrioslaithe i róbaí.
Scaradh an t-arm ó chéile, bhí a leath ag fanacht mar a rabhadar,
Faoi stiúradh an Aitréidigh, faoi aoire na bhfiann Agamamnón,
Is thugamar linn an leath eile ar an muir, is ba thapaidh sa tseol
sinn

Trí dhiacht éigin a chiúnaigh an fharraige leathan 'na plána.
Buaileadh i dTeinideas port, agus rinneamar íobairt do dhéithe
ann,

Lán d'fhonn fillte, ach mo léir, bhí Séas neamhthrócaireach fós
dúinn,

Is níorbh aon fhilleadh do cheap, ach in earraid le chéile an
athuair dúinn.

D'iompagh a lán acu soir thar n-ais goib lúbtha na n-árthaí
Faoi threorú an rí ábalta, Odaiséas meabhrach na gcúinsí,
D'fhonn go dtaitneodh a n-athsheoladh le mac Aitréis
Agamamnón.

Ach do bhailíos-sa le chéile a raibh d'árthaí ag lucht mo
leanúna,

Is theitheas le m'anam, mar thuigeas cad é mar chinniúint a bhí
chucu.

Theith Diaiméidéis mar aon liom 's a mhuintir, is tamall 'na

dhiaidh sin
 Theith Meinileás, agus rug ar an ndream d'fhág roimis i
 Leisbeas.
 Bhíomar ag meáchainn san áit sin ar threo seoltóireachta fada,
 Cé acu do b'fhearr lastuaidh ag gabháil thar Chias na
 bhfailltreach
 Agus oileán beag Shiria a choimeád lena linn ar an láimh chlé,
 Nó laistear ag gabháil faoi Mhíneas feothanach sceirdiúil.
 Ghuíomar an dia comharthaí a thaispeáint dúinn, agus do rinne,
 Is d'ordaigh sé dhúinn lár mara a choimeád 's Eoibé do
 tharraing,
 D'fhonn is gur luaithe mar sin d'éireodh linn an t-anam a
 bhreith linn.
 Shéid gaoth dheas anamúil 's faoi rop siúil sheolamar roimpi;
 Bhuaileamar port i nGearaestas san oíche, agus b'iomaf ceathrú
 mhairt
 Íobarta ann sin do Phoiséadón tar éis mórfharraige a chur dinn.
 Shroicheamar Argas sa cheathrú lá dár seoladh; ar an bport sin
 A thiorraigh lucht Dhiaiméid mac Thidéis bhriste na gcapall.
 Leanas-sa riamh agus choíche sa réim nó gur tharraingeas Piolas
 Gan aon traoidhadh do dhul ar an ngaoith sin do shéid i dtosach
 dúinn.
 B'amhlaidh, a dhalta, do m'fhilleadhsa, ar deighilt ón arm, is ní
 fios dom
 Cé acu do saoradh de mhuintir Acaea nó cé acu do cailleadh.
 Faighim ar mo shuaimhneas anseo a lán scéalta ó dheoraithe
 taistil,
 Is gheobhair iad, do réir mar is cóir, ní cheilfead an tuairisc is lú
 acu.
 Deirtear go dtug mac niamhrach Aichilléas na meanman éachtaí
 Complacht cróga na sleath leis abhaile, na Mirmideoin mhóra,
 Agus gur slán ina thír Filictéitís scaoilte na saigheadaí,
 Agus gur slán ar an gCréit d'fhill Idimínéas is a chuallacht,
 Thugadarsan leo an t-anam as ár 's níor bádh fear amháin díobh.
 Maidir le Rí Agamamnón, dá fhaid siar daoibhse, ba chlos daoibh
 Conas mar tháinig, is conas mar cheap Aegastas an bás dó;
 Más ea do dhíol sé go daor as a choir, 's nach breá sin go
 maireann
 Oidhre an fhir mhairbh le hagairt a bháis, is gur mac ded'
 leithéidse

A bhain cruadhíoltas amach is do mhairbh an té a mhairbh a
 athair,
 Prionsa Aegastas an fheallta do bhásaigh an rí Agamamnón.
 Agus, a chara do chím os mo chomhair, taoi mór agus álainn,
 Bí leis, calma, agus bíodh lena mhaíomh ag a dtiocfaidh id'
 dhiaidhse."
 Labhair Teilimiceas óg ardeagnach á fhreagairt is dúirt leis:
 "Fíor duit, a Neastóir, a mhic Néiléis is a ghrian gheal Acaea,
 D'agair sé sin bás a athar go tréan, is i measc na nAcaeach
 Beidh clú forleiththeadúil 's amhráin ag a mairfidh ar domhan air,
 Is, ó, dá mbronnfadh na déithe orm féin a leithéid sin de threise,
 Chun go n-agróinn tiarnúlacht is teinn liom ar mhuintir an
 éilimh,
 Gach ré sholais ag broic lena mbeartú gránna gan srian dom!
 Níl a leithéid d'ardaoibhneas in intinn dhiamhair na ndéithe
 Ceapaithe dhomsa is do m'athair, ach foighneamh choíche le
 dólás."
 D'fhreagair an Ridire Neastór Geiréineach is dúirt leis an
 ógfhear:
 "Deirtear, a chara mo chléibh, ós duitse á thabhairt chun mo
 chuimhinte,
 Deirtear go mbíod faoid' dhíon, slua éilithe phósta led' mháthair,
 Agus dod' dheargainneoin dubheartú cráite go ndéanaid.
 Abair, an bhfuilir ded' shaorthoil ag luí thíos fúthu, nó an
 dtugann
 Muintir na tíre dhuit fuath, agus fios diachta éigin 'na mbéal
 duit?
 B'fhéidir go dtiocfadh sé fós, is go n-agródh orthu gach
 anbheart,
 B'fhéidir, ina aonar gan coinne aige fear leis, nó fara a bhuíonta.
 Óir más toil le hAitéine na súl glas a dílseacht a thabhairt duit,
 Faoi mar bhíodh sí de shíor ardspéiseach i t'athair Odaiséas
 Timpeall na Traí nuair bhíodh na hAcaigh ag fulang an
 chruatain -
 Ní fhacasa riamh aon dia chomh hoscailte i bpáirt dhuine shaolta
 Agus a leanadh Aitéine go hoscailte ag obair 'na pháirt sin -
 Is dá mba é a toil sin a grá a thabhairt duitse agus spéis aici id'
 chúram,
 Geallaim gur ghearr dóibh siúd nó go dtitfeadh a gcleamhnas i
 ndearmad."

Labhair Teilimiceas óg ardeagnach á fhreagairt is dúirt leis:

"Ní mheáim féin, a sheanáir, go mbeidh aon chomhlíonadh ar do bhréithre.

Éacht rómhór do ba ea é, ní leimhte dhom smaoineamh air.

Creidim,

Dá mbeadh déithe á thoiliú fiú amháin, nár liom bheith ag súil leis."

D'fhreagair an diabhean Aitéine na súl glas is dúirt leis an ógfhear:

"Cad é mar chaint, a ógáin, atá éalaithe amach thar do bhéalsa? Fiú duine i gcéin, is fuiriste do dhia, más toil leis é a shaoradh. Pé anró a bheadh i ndán dom ag taisteal an domhain dom 's ag fulang,

B'fhearr liom filleadh ar mo thigh 's lá áthasach filte a bheith romham ann

Ná an dúbhás ar mo thinteán féin, mar ba dhán d'Agamamnón D'fháil ó láimh Aegastais an fhúil 's ón gcéile do luigh leis.

Más ea, ní fhéadfadh na déithe dá fheabhas iad cara na páirte A chosaint ar ionsaí an bháis, más dán faoi dheireadh don duine Teach ar an am 's ar an bhfód atá ceapaithe riamh chun a shínte."

Labhair Teilimiceas óg ardeagnach á freagairt is dúirt léi:

"Dá mhéad spéis againn ann, ní chuimhneom feasta air, a Mheantóir.

Ní fíorófar do m'athair go bhfillfidh, le fada do bheartaigh Déithe na síre go bhfaigheadh sé an bás agus dubhaíocht na cinniúna.

Ach mar is mian liom anois, fiafród ceist eile de Neastór, Toisc go bhfuil colas thar chách aige ar thuairimí is intinn na ndaoine,

Óir tá ráite go raibh sé ina rí ar thrí ghlúine fear saolta, Is taibhsíonn domsa dá chionn a bheith síoraí nuair a bhreathnaím air.

Inis, a Neastóir, a mhic Néiléis, agus abair go fíor liom Conas a leagadh an rí ró-ard, Agamamnón mac Aitréis? Cá raibh Rí Meinealás lena linn? Aegastas an fheallta, Conas a bheartaigh sé bás fir ba chróga go fuíoch ná é féinig? Arbh é nach in Argas a bhí Meinealás, ach i dtír eile ina fhánaí, Agus gur mhisnigh an namhaid dá chionn chun a bhuille do bhualadh?"

D'fhreagair an Ridire Neastór Geiréineach is dúirt leis an ógfhear:

"Neosfaidh mé firinne an scéil duit, a dhalta, do réir mar is cios dom.

Chaithis-se t'amhras go cruinn, a ógáin, ar an gcuma go dtarlódh

Dá bhfaigheadh Rí Meinealás Aegastas 'na bheathaidh sa phálás Díreach ar theacht dó ón dTraí; ní chaithfeadh na sluaiste ar a mharbh

Cré dá thíre; is iad éanlaithe an aeir agus conairt na gorta A réabfadh an fheoil dá chnámha is é sínte lasmuigh des na fallaí,

Is bean ní thógfadh an caoineadh ag a thuama, mar b'éachtach an choir í.

Cuimhnigh go rabhamarna thall is gur mó lá treise do bhí againn,

Is eisean i ngrianán Argas na n-each ar a shuaimhneas ag mealladh

Chéile Agamamnóin le bladar. Ar dtúis níor ghéill Cliotacimnéistre

D'aon ghníomh náireach a dhéanamh, mar bhí ó dhúchas go ciallmhar,

Is bhí, leis, file farae dár fhág Agamamnón mar ordú Céimeanna a chéile do sheachaint ar bhaol. Ach ag druidim le ham dó

Nuair bhí meáite aige déithe go bhfaigheadh an chinniúint ina lúib é,

D'ardaigh sé isteach in oileán leis an file agus d'fhág é sa bhfásach

Ionas gur thit sé le hocras 'na chonablaigh d'éanlaithe mara, Is thug sé ansin dá dheoin í sin dá deoin chun a theaghlaigh. Dhóigh sé na céadta ceathrún mart breá ar altóracha déithe, Is thíolaic sé a lán nithe dhóibh, íomháigh agus ór agus éadaí, Toisc go raibh coir mhór déanta, agus riamh nár shíl sé go bhféadfadh.

Ráingíós féin is deartháir Agamamnóin ag filleadh san am seo Trasna na mara ó Thraí agus i muintearas maith lena chéile. Ach nuair bhíomar ag seoladh thar ceann tíre Ataca, Súiniam, D'aimsigh Apalló an bhogha fear stiúrach bhád an Aitréidigh Is bhuail é is an maide ina lámha leis an saighid luatrócairigh

obainn;

Ba é sin Frontis Oinéatóir, is ba é mairnéalach ab fhearr é
D'fhearaibh an tsaoil seo chun báid faoi ghála agus aimsir a
stiúradh.

Chaith Meinealás moilliú dá fhonnmháire a bhí sé chun bóthair
Ionas go gcuirfeadh sé a chara is go dtógfadh leacht ar an dtír
dó.

Bhí sé ina dhiaidh ag imeacht faoi lántseol timpeall Mhailia
Nuair mheáigh Séas ar a thaisteal a chros, is gur scaoil leis na
gaoithe

Ab éachtaí fuinneamh is búireach, do thóg tromólaithe in airde
Builc an-tréana, mar chliatháin chnoic thaibhsíodar 'na choinne.
Dheighil sé na báid ó chéile agus shéid roinnt díobh i leith
Chríte

Mar a bhfuil muintir Chiodóinia cois abhann móire Iardain 'na
gcónaí.

Tá cloch sheasaitheach líofa os cionn mara diamháire ar
theorainn

Ghoirtin, go rúideann an stoirm aneas ann in éadan na haille
Farraigí fíochmhara, ach briseann an chloch bheag fórsa na tuile.
Faestas an áit, agus chuadar i dtír ann; bhí a raibh acu d'árthaí
Smiotaithe, ach fuair a gcuid foireann an lá ar an gcinníúint lena
ndícheall.

D'ardaigh an gála is an mhuir leo a chúig bháid eile go hÉigipt,
Is bhí Meinealás ansin ar an bhfán trí bhailte na gcoigríoch,
Is bhailigh ann mórán rachmais is óir. Lena linn sin ag baile
Rinne Aegastas a ghníomhartha uafáis. Seacht mbliana ina
dhiaidh sin

Rialaigh sé cathair Mhicéanae tar éis Agamamnón a threascairt,
Is muintir na cathrach ag luí thíos faoi, nó go dtáinig a
chomhardú

Chuige san ochtú bliain, as Aithin nuair tháinig Oraistéis,
Is mhairbh Aegastas an fhíll, an té a mhairbh Aitréideach an
ardchlú.

Nuair bhí an gníomh mór déanta, do chuir sé máthair na gráine
Fara na leannán meata, agus thug d'Airgíbhígh an féasta.

D'fhill Meinealás ar an lá céanna úd ar an gcathair, is ualach
Éachtach earraí aige ón muir, oiread d'fhéad gach bád acu a
thabhairt léi.

Agus, a chara, ná caill t'am féin ó bhaile ar an bhfán duit,

Agus do sheilbh id' dhiaidh agus complacht teallairí 'en tsórt
sin,

D'eagla go mbeadh a bhfuil thall sa chaisleán orthu féin acu á
riaradh,

Is bia dá chaitheamh is deoch, 's gan agatsa ach do thuras in
aistear.

Más ea do mholfainn duit gluaiseacht i leith Mheinealáis, mar do
tháinig

Seisean le déanaí abhaile, agus ón bhfód iasachta a shílfeadh
Aoinne a bheith chomh fad-deighilte aige fairsinge mhara is
nach féidir

Filleadh go deo dá ruaigfeadh na stoirmeacha rompu ina threo é,
Tráth is ná tiocfadh le héanlaithe mara ag imeacht ar feadh
bliana.

Gluais dá réir sin id' bhád agus seol chuige i dteannta do
chairde,

Nó más mian leat, ar talamh, is gheobhaimid carr duit is capaill
Is cuirfeadh mo chlann mhac féinig le tionlacan 's eolas a
thabhairt duit

Trasna go tír Lacadaemóin, go bhfaighir Meinealás ann 'na
chónaí.

Achainigh féin air go dian gach firinne a rá gan agó leat;
Bréag ní neosfaidh sé dhuít, mar ní mhaireann a mháistir ar
eagna."

Labhair seisean amhlaidh 's an ghrian ag dul faoi agus an
doircheacht ag leathadh.

Thosnaigh an diabhean Aitéine na súl glas ar labhairt agus dúirt
leo:

"Gach a bhfuil ráite agat linn, a sheanóir, b'oiriúnach 's ba chóir
é.

Seo libh anois, gearraidh na teangaí sin is meascaidh an fíon
dúinn,

D'fhonn is go ndoirtfeam ofráil do Phoiséadón 's do dhéithe na
síce,

Agus go ragham chun na leapa ina dhiaidh; is é am chuige anois
é,

Óir tá an solas ceiliúrtha sa domhan thiar, agus ní ceart dúinn
Feasta a bheith suite chun boird aige féasta na ndéithe, ach
imeacht uaidh."

Labhair leotha amhlaidh, iníon Shéis Mhoir, agus d'éisteadar léithe.

Tháinig na giollaí a dhoirteadh an t-uisce ar a lámha roimh imeacht dóibh,

Tháinig na hógfhir ag líonadh na mbabhláí d'fhionta go barra,
Ghluaiseadar timpeall ag riaradh ofrála sna coirn ar gach aoinne,
Caitheadh na teangaí 'on tine, do héiríodh chun na hofrála.
Tar éis na hofrála do dhoirteadh agus a oiread san d'ól is ba mhian leo,

Thagair an diabhean 's an flaith Teilimiceas d'fhilleadh ar a n-árthach,

Caint nár thaitin le Neastór, a dhianchoisc iad is a dúirt leo:
"Nár lige Séas agus déithe na síre go raghadh sibh 'on bhád uaim

Amhlaidh, i leith is gur duine gan éadach mé féin is gan gustal,
Ná beadh i dtaisce ina thigh aon dlús plaincéad agus súsaí,
Is ná faigheadh cóir leapa suain a sholáthar dó féin ná dá chóisirigh.

Ach tá taisce sa tigh seo de rogha plaincéad agus súsaí.
Nár abraítear gur chaith mac dílis mo laoi ghil Odaiséas
Codailt ar bord lom báid, faid atáim ar an saol, faid a mhairfidh
Clann mhac im' dhiaidh agus nós á choimeád acu ar rátaibh a n-athar,

Is fáilte agus féile ina gcroí roimh an gcara do thiocfas 'on tigh seo!"

D'fhreagair an diabhean Aitéine na súl glas is dúirt sí le Neastór:
Molaim do bhréithre, a sheanóir, is ba cheart Teilimiceas óg seo
A ghlacadh led' chuireadh is is córtas dó sin agus leanfaidh sé thusa

Is déanfaidh sé suan faoid' dhíon; raghad féin chun an áthaigh is tabharfad

Misneach don bhfoirinn is nuacht agus orduithe i dtaobh a bhfuil rompu;

Óir is mé an t-aon fhear amháin lena rá go bhfuil aois agam orthu.

Tá an chuid eile ina n-ógfhir, do thug Teilimiceas leis iad,
Ós comhaos gach fear dó agus dlúthchara dílis dá phrionsa.
Ligtear dom féin dul anonn agus codailt farótha san ártach,
Is le céadlóchaint an lae is í an tír Chácónach mo thriallsa,
Is éileamh na bhfiach ann mo ghnó, is ní gearr iad orthu ná suarach.

Ós ina chóisiréach teaghlaigh an prionsa dhuit, tabharfairse carr dó

Is duine ded' mhacaibh 'na bhun, agus rogha na ndea-chapall id' stábla,

Péire acu is mire chun reatha is is treise is is buaine chun tairric."

Labhair leotha amhlaidh, Aitéine na súl glas, is d'imigh sí uathu
Dealrach le seabhac ar an aer. Ghlac alltacht a raibh ag breathnú air;

Rinne an seanóir ardiontas ag féachaint in airde ar an spéir dó,
Is rug sé ar láimh ar an ógfhear is labhair os ard agus dúirt leis:
"Ní hé a shílim, a chara, go mbeirse neamhchalma droch-thréitheach,

Má gheibhir déithe na spéire a'd' thionlacan amhlaidh i t'óige.
Ní haoinne eile de dhéithibh a mhaireas ar bheannaibh Oilimpis
Is ach iníon Shéis éachtaigh as inchinn a hathar a saolaíodh,
Is do bheireadh an gradam do t'athair i lár na nAcaeas.
Bí, leis, fabhrach dom féinigh, a bhanríon, méadaigh ar chlú dhom,

Ardaigh mo chlann i ndea-cháil agus bíodh ardurraim dom' chéile.

Geallaim duit íobairt, a dhiacht, bó bhliana atá leathan san éadan,

Bó nár briseadh riamh 's nár bhraith fós daoirse na cuinge.
Bhéarfad 'na híobairt duit í, is ór liocaithe fillte ar a badharca."
Labhair seisean amhlaidh ag guí; thug Pallas Aitéine dhó éisteacht.

D'iompaigh an Ridire Neastór Geiréineach a dhrom leis an áit sin,

Is ghluais chun a pháláis bhreá chun cinn ar a mhic 's ar a chleamhna.

Is nuair bhí an líne istigh faoi dhíon ardteaghlaigh a shoilse,
Shuíodar 'na n-ordú cóir ar chathaoireacha baclan 's ar bhinsí,
Is mheasc an seanóir ar a dteacht lánbhahla de chéadrith an fhíona.

D'fhan ar feadh aon bhliain déag ón solas ag feitheamh le maor mná

A scaoil as a chasc é; do mheasc an seanóir é is le hurnaithe dhoirt sé

Tíolacadh fíona do Phallas iníon Shéis Tiarna na Scéithe.

Nuair bhí an tíolacadh déanta agus a oiread san ólta is ba mhian leo,

Scar an chuideachta le chéile agus d'imigh gach aon aoinne acu a chodladh.

D'ordaigh an Ridire Neastór Geiréineach an leabaidh a chóiriú Láithreach sa phoirtic le haghaidh Theilimicis mhic Odaiséis Mhoir,

Is d'fhág compánach aige ann, Péisistriteas plúr a chuid óglach; B'eisean an t-aon mhac amháin a bhí fós aige baile gan phósadh. D'imigh sé féin isteach faoin gcúirt go dtí seomra na lánúin Is chodail 's a bhanríon fairis sa leabaidh a choirigh sí féin dó. Nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rósdeirg na Maidine, D'éirigh go luath as a leabaidh, an Ridire Neastór Geiréineach, Is chuaigh sé amach agus shuigh mar a raibh na cathaoireacha cloiche

Socrathe i bhfianaise an dorais an-aird; le faid aimsire bhíodar Líofa agus geal ' chionn smeartha; is ar cheann acu bhíodh sean-Néiléas

Suite ina bhreitheamh san am, agus bhí meabhair dé aige chun comhairle,

Nó go raibh cloíte aige dán ár gcine agus dulta go Háidéas. B'inti ina chomharba ar an lá seo do Neastór Sciath na nAcaeach,

Is bachall 'na lámh, agus chruinnigh a chlann mhac timpeall, Eiceafrón,

Straitias, Peirséas, Airéiteas, Trasaiméidéis, cúigear mac pósta; Tig ar an séu mac Péisistriteas óg as a sheomra,

Is seoladh le gradam 'na measc Teilimiceas suas chun an bhinse. Thosnaigh an Ridire Neastór Geiréineach ar labhairt agus dúirt leo:

"Seo libh, a chlann, brostaídh, comhlíonaidh an ní atá ar m'intinn,

D'fhonn is go ndéanfaidh mé guí, thar a bhfuil ann de dhéithe, ar Aitéine

A tháinig go hoscailte im' láthair ag íobairt is féasta na féile. Téadh fear ag triall ar an mbó chun na ngort; chomh luath is is féidir

Bíodh sí chugainn ar an bhfód seo, agus bagraíodh aoire na dtréad í,

Téadh fear, leis, chun na trá go dtí bád Theilimicis uasail, Is seoladh i leith leis a chairde, ach amháin beirt fhaire na loinge. Gluaiseadh duine eile go dtí an gabha geal Laeircéis le hordú

Teacht chun go bhfillfidh an t-ór ar na hadharca roimh íobairt na bó seo.

Fanaidh i bhfóiribh a chéile anseo, gach fear seachas iadsan, Is abraidh le bantracht an tí sárthéasta don tráth seo do chóiriú Is gléas altóra idir stóil agus adhmaid is fhíoruisce a thabhairt chugainn."

Labhair seisean amhlaidh is rinne a raibh ann séirseáil. As na gorta

Tháinig an bhó, foireann fhear Theilimicis chalma do tháinig Chucu ón mbád, agus tháinig an gabha geal is fearas a cheirde Ullamh 'na lámha, inneoin is casúr agus dlú, gach a n-iarrann Gaibhneacht an óir; agus tháinig Aitéine le híobairt a ghlacadh. Thug Rí Neastór don cheardaí an t-ór, liocaigh seisean is d'fhill é Timpeall ar adharca na bó chun go bhféachfadh an diabhean le bród air.

Ghreamaigh Eiceafrón is Straitias na hadharca agus sheoladar suas í.

Tháinig Airéiteas as seomra na taisce, do thug sé leis báisín Is uisce ann chun níocháin choisricthe, is bláthanna greanta go gleoite air,

Is birdeog, leis, ar a chuislinn is gráinní eorna ann le scaipeadh. Bhí an tua shaobhrach i nglac Thrasaiméidéis churanta láidir, Is bhí sé ar an bhfód 's ar a bhiorda le buille na treascartha a thabhairt di.

Bhí Peirséas i mbun áras na fola. Do cuireadh na gnótha Láithreach ar bun nuair nigh Rí Neastór a lámha is gur scaip sé Gráinní eorna idir adharca na bó; ansin bhearraigh is chaith sé Fionnadh ón gceann in sa tine le hurnaithe fada d'Aitéine. Láithreach ar ghuí don chuid eile agus gráinní eorna do scaipeadh,

Dhruid Trasaiméidéis cróga mac Neastóir i leith agus bhuaile sé. Ghearraigh an tua féithleoga an mhuiníl agus leagadh 'na pleist í.

Hardaíodh liúrach na mban, gach infon 's bean mhic shean-Neastóir

Is Ríon Eoraidice a chéile ba shine d'infonacha Chlimin.

Tógadh an ceann ón dtalamh, do rop Péisistriteas óglaoch Scornach na bó lena sciain, agus rith fuil dhorchá ina slaoda Is d'éalaigh an t-anam; gan mhoill bhí an fheoil acu roinnte ina spólaí.

Gearradh amach aisti cnámha na gceathrún mar d'ordaigh an rát dóibh,

Is filleadh i ngeir agus buaileadh anuas orthu míreanna feola.
Dhóigh an seanóir iadsan ar an ngríosaigh is dhóirt ar an lasair
Ofráil dhearg an fhiona; agus taobh leis do bhí na fir óga
Is foirc cúig mbeann ina lámha; ar bheith dóite do chnámha na gceathrún sin,

Blaiseadh na míreanna rósta, do gearradh go beag an chuid eile
Is sháigh gach fear acu a bhí trí phíosa agus róst leis an dtine é.

Fuair Teilimiceas óg lena linn sin ionladh san iomar.

Ba í Polacasta do nigh é, an iníon gheal do b'óige do Neastór.
Tar éis di é d'ionladh is a ghéaga d'ólú leis an ola ba ghlaire,
Ghaibh sí i gcóta é agus bhuail clóca álainn dá stór ar a ghuaile.
Is chuaigh sé amach as an iomar is gné dé shíre ar a phearsain,
Is shiúlaigh sé suas agus shuigh fara Neastór aoire na ndaoine.
Nuair bhí an fheoil barra-rósta, do baineadh anuas des na beara í,

Is shuíodar chun féasta; do bhí lucht uasal 'na dtimpeall ag freastal

Agus ag líonadh na gcorn le fion dóibh do réir mar a theastaigh.
Tar éis dá ndúil a bheith sásta do bhí acu san ól is san ithe,
Thosnaigh an Ridire Neastór Geiréineach ar labhairt agus dúirt leo:

"Seo libh, a mhaca liom, faigheadh Teilimiceas péire dea-chapall,
Is gaibhidh iadsan faoi charr chun go bhféadfaidh sé bóthar a thabhairt air."

Labhair seisean amhlaidh; ní túisce ba chlos é ná rinneadar rud air.

Gaibheadh ar an bhfód agus ceangladh an dá each mheara den pholla.

Chuir maor mná lón bríomhar aráin agus fiona sa charr dóibh,
Agus na sólaistí is gnách aige daltaí Shéis lena mbéile.

Chuaigh Teilimiceas suas in sa charr ríniamhrach is shuigh ann,
Is chuaigh agus shuigh lena thaobh Peisistriteas Taoiseach na laochra,

Is thóg sé na téada ina lámh is an sciúirse agus bhuail orthu buillín.

B'eo leo fonnmhar sa tsiúl agus ritheadar síos chun an phlána
Is d'fhágadar Piolas 'na ndiaidh atá suite go hard ar a mhaoilinn.

Bhíodar de shíor feadh an lae cos in airde is ag crothadh na cuinge.

D'imigh an ghrian ón spéir agus leath scáth oíche ar na bóithre.
Shroicheadar Fearae an uair sin is caisleán fáilteach Dhiaicléis,
Mac do ba ea é d'Ortalacas uasal a shíolraigh ó Ailféas.
Chodladar oíche ansin agus fuairadar bronntaisí carad.
Nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rosdeirg na Maidine
Ghaibheadar a gcapaill arís faoin gcarr agus chuadar 'na suí ann.
B'eo leo amach ó iamb na macallaí, b'eo geata amach leo.
Buillín éadrom den sciúirse agus ghluais an dá chapall le hardchroí.

Chuadar le fánaidh an aird chun an phlána chruithneachta agus chríochnaigh

Mireacht a reatha den stáir sin a raibh fós uathu den aistear.
D'imigh an ghrian ón spéir agus leath scáth oíche ar na bóithre.

IV

Shroich na fir óga ar an am seo go cruinn Lacadaemón na ngleann doimhin;

Suas go dtí teach Mheinealáis chlú-éachtaigh thiomáineadar leotha.
Fuairadar eisean 'na theaghlach i measc slua cóisireach is bainis
Dhúbalta ar siúl, bhí mac is iníon leis ag pósadh ar an lá seo,
Ise le dul go caisleán mhac Aichilléis bhriste na dtréanchath,
Do réir a raibh ráite acu cheana agus geallta ag a hathair i dTraí dhó.
Is pósadh acu inniu dá bhunú do réir rátaí beannaithe déithe.
Bhí Meinealás á cur chun an Rí sin le cairr agus eacha
A bhéarfadh an nuachar go cathair na Mirmideon 's teaghlach a céile.

Fuair sé iníon le hAlachtór i Sparta dá mhac Meigipintéis,
Gaiscíoch dílis a shaolaigh leannán dá sclábhaithe ban dó
Nuair ná bronnadh na déithe aon chlann eile ar Héilin tar éis di
Leanbh iníne do thabhairt ar an saol, Heirmíóna na gile
A dhealraigh i ngné agus in áilleacht le hórniamhraíocht Afraidite.

Bhíodar ag ithe is ag ól faoi dhíon ard fhraitheacha an pháláis,
Gaolta agus comharsain an Rí Meinealás Mór d'fhuil na nAitrideach,

Is aoibhneas 'na gcroí is ceoltóir acu ag seinm na cruite is ag

amhrán,

Is bhí beirt chleasaithe ag rince ina measc is ag déanamh figiúirí
Sall is anall sa chuideachtain do réir mar a rialaigh an tiúin
dóibh.

Ach lena linn lasmuigh des na doirse gan aon duine chucu
Bhí Teilimiceas óg agus mac breá Neastóir 'na seasamh
Le hais a gcapall. Ag gluaiseacht amach dó, do chonaic Eiteonas
Teachtair an rí iadsan, agus bhrostaigh chun aoire na ndaoine
Is d'inis a scéal dó os íseal 'na sheasamh lena ais agus dúirt leis:
"Tá beirt dheoranta anseo, a Mheinealás rídhalta na ndéithe,
Beirt óglaoch ag an ndoras, de shíol Shéis Mhóir ar a
ndealramh.

Abair an ceart dúinn féinig a gcapaill a scor ar an mball dóibh,
Nó an dtreorófar ar thigh nach linn agus féile dhuine eile iad?"
Las Meinealás órfholtach le díbheirg chuige agus dúirt leis:
"Níor ghnách leatsa breallaí nuair labhartá im' láthair, a
Eiteonais,

Riamh roimhe seo; más ea, is ag brilléis mar leanbh ataoi anois.
Bhímis féinig go minic i dtaobh leis an mbéile do bronntaí
Is sinn ar an mbóthar abhaile, agus nár lige Séas go mbeadh
anró

Orainn arís dá leithéid! Is é a deirim leat, capaill na beirte
A scor dá gcarr is iad féinig a sheoladh isteach chun na fleatha."
Labhair seisean amhlaidh, is d'imigh an teachtaire mear as an
halla,

Is ghlaigh sé ar theachtairí eile leanúint má luaith ar a shála.
Scoireadar láithreach den charr faoi chúrán allais na capaill,
Is cheangladar iad in sa stábla de stáiceacha le hais na mainséar
Is chaithedar chucu cruithneacht agus tríthi do mheascadar
corna.

Casadh an carr i leataobh agus teanntaíodh suas leis an bhfalla é,
Is seoladh an bheirt isteach in sa chúirt. Tig leathadh ina súile
Teach rídhalta de Séas nuair bhreathnaid a áilleacht atá sé,
Óir bhí gile na gréine ina thaibhsiú is gile na gealaí
Pé treo a dhírigh a radharc faoi fhraitheachaibh arda mhac
Aitréis.

Nuair bhí sásamh a súl go hiomlán acu d'iontas an amhaire,
Chuadar go seomra na n-iomar dea-líofa agus fuaireadar iontu
Níochán ban seirbhíse, do thug ina dhiaidh sin olú dhóibh,
Is chlúdaigh i dteolaíocht chlóa de chéad-rith na holla is i gcóta

iad,

Is chuadar 'na suí ansin i gcathaoireacha cois an Aitréidigh.
Tháinig cailín ina leith agus dhoirt sí amach os a gcoinne
Ó chrúscá óir bhuí álainn i mbáisín airgid ghléigil
Uisce chun nite na lámh, agus leag bord líofa ina láthair;
B'eo maor mná le harán, 's níor spáráil sólaistí orthu,
Agus 'na diaidh riarthóir agus gach saghas feola aige ar mhiasa
Tógtha ó bhord an tsoláthair, is chuir dhá órchorn rompu.
Shín Meinealás órfholtach a rilámh fháiltithe is dúirt leo:
"Caithidh, is sláinte go ndéana sé dhaoibh! Fiafróm ina dhiaidh
sin,

Is gan oraibh ocras ná tart, cén díobh sibh d'fhearaibh an tsaoil
seo.

Óir ní deighlit ó dhúchas don bheirt agaibh; chímse gur
shíolraigh

Sinsir de dhaltá Shéis dár dhual ríbhachall an chumhachta
Sibhse; d'fhuil shuaraigh riamh níor saolaíodh bhur
macasamhla."

Labhair seisean amhlaidh, is thóg ón mbord mairteoil shaibhir
rósta,

Is leag os a gcomhair í, do ba í an churadhmhír a bhí facht a aige
féin í.

Shíneadar lámha chun an bhídh a bhí ullmhaithe rompu go
blasta.

Tar éis dá ndúil a bheith sásta do bhí acu san ól is san ithe,
Labhair Teilimiceas óg leis an té a bhí láimh leis i gcogar,
Agus a bhéal lena chluais d'fhonn ná beadh fios acu. Dúirt sé:
"Breatnaigh, a mhic Neastóir, is, a chara na n-árann, id'
thimpeall.

Féach ar an áilleacht ag lonradh i bpálás mór na macallaí,
Glioscarnach óir agus ómra agus airgid is eabhair is bhróinse.
Cúirt dá leithéid seo, mar mheasaim, is áitreabh do Shéas ar
Oilimpeas,

A oiread san nithe thar insint! Sin amharc a líonas mé
d'alltacht."

Ach ní gan fhios do Rí Meinealás a bhí labhartha ag an ógfhear,
Is labhair sé chucu go smaointeach i gcaint dhoimhin bhríomhair
is dúirt leo:

"Á, dul i dtreis le Séas ní féidir le haon fhear, a dhaltá,
Óir is de shíor agus choíche do mhaireann a theaghlach 's a

rachmas.

Maidir le saibhreas ar talamh, is beag duine ar chomhchaitheamh liomsa,

Má tá fear, mar is mó callshaoth agam fulaingthe is fánaíocht Is iadsan ar feadh seacht mblian á mbailiú agam 's á seoladh ar an ndúchas.

Bhí Féinice agus Éigipt is Cipir ar thíortha mo chuarta, Mhaireas i measc Éatópach, Siodónach, Eirimbeach ar m'aistear, Chuas chomh fada le Libia go mbeirtear an t-uan ann faoi adharca;

Faoi thrí a bheireann na caoire idir thúis agus deireadh na bliana ann.

Prionsa ná aoire ní bhíonn ann i nganntanas cáise ná feola, Is ní bhíonn leamhnacht in easnamh ar aoinne acu; gheibhtear i gcónaí

Máithreacha bainne atá ullamh le crú feadh na bliana is le deol ann.

B'fhada mé ag taisteal na ndúthaí siúd 's maoín bhreá agam á cnuasach,

Ach lena linn sin do thug an fear eile gan coinne leis buille Fealltach an bháis dom' dheartháir tré bhrath dhúchéile na mallacht;

Is féach gur gan aoibhneas dá bhrí sin a riaráim lán na sealbh seo.

Chualabhair trácht, ní foláir, ó bhéal bhuir n-athrach tharamsa, Pé hiad féin, is gur mó cruachás d'fhulaingíós is gur chailleas Áilleacht is ansacht an tí a bhí lán des na seoda ba ghile. Deirim libh, áfach, go mb'fhearr liom ná mairfeadh im' thigh ach a dtrian san

Is taoisigh na gcath a bheith slán gurb é deargfhód a gcinniúna Machaire fairising na Traí, fad-deighilte ó Argas na n-ardeach. Cuimhnim orthu go léir in sa halla seo im' shuí dhom go minic, Laethanta an uaignis, motháim uaim iad agus cromaim ar chaoineadh

Diachrach mar fhaoiseamh dom' chás, nó go stadann na deora ar a n-uain féin;

Dóthanach díobh éirítear, ní fada go bhfuairann a sólás.

Ach dá mhéad é mo bhrón, níl aoinne acu is léanmhaire a chuireas

Tocht ar mo chroí gur dá chionn d'fhuathaím mo chuid bídh is

mo chodladh,

Ná mar a chuireann mo chuimhne ar mo laoch; ní raibh fear ar an gcamtha

Ab éachtaí a thóg ardéirim 's ba chrua d'fhulaing dua ná Odaiséas.

Agus a cheapadh gur dhán dó ina dhiaidh anró, agus gur fhág sé Mairg gan sos orm féin; do cheiliúir is ní fheadramar cé acu Beo nó marbh atá; bíonn muintir an bhaile dá chaoineadh, Dubhach ina dhiaidh Laeirtéis seanóir, Peanápla mheabhrach, Dúch Teilimeacas óg, ná raibh ann ach bunóc ag imeacht dó." Labhair seisean amhlaidh, is mhúscaíl sa mhac fonn a athair a chaoineadh.

Tháinig na deora go fuíoch leis ag sileadh ar an dtalamh dá fhabhraí,

Is thóg sé go mear lena lámha a bhrat corcra is rinne go náireach

Scáth dá shúile. Do thug Meinealás faoi ndeara mar bhí sé, Is d'fhan tamall idir dhá chomhairle agus machnamh ar siúl aige ina intinn

Cé acu do b'fhearra dhó ligint don mhac féin tagairt dá athair, Nó túis chainte do dhéanamh is ceist chruinn dhíreach a chur air.

Faid a bhí sin á phlé aige leis féin ina chroí agus ina intinn, Chucu as a seomra ard cumhra mar réalt ar an aer tagann Héilin,

Dealrach le hArtaimís diabhean a ghnáthas órchoigeal d'ionramh.

Ghluais lena cois Adrasta, do shocraigh cathaoir d'obair bhreá dhí,

Is lean Ailcípe ina diaidh sin is bhuail súsa olla ar an suíochán, Is thug Fioló léi isteach an ciseán fuála dá máistreás.

D'airgead pláta ba ea an ball sin a thug Alcandra do Héilin; Is í a bhí pósta aige Polab a chónaigh i gclú-chathair Théibhe Theas in san Éigipt go mbíonn éacht seod ina teaghlaigh le feiscint.

Fuair Meinealás uaidh sin dhá iomar do sheomra na bhfolcaí, Is dhá choiré chóreacha trí gcos is deich n-ór-thallainnt 'na dteannta.

Thug a bhean chéile as a stór roinnt bronntaisí áille do Héilin, Coigeal den ór bhreá bhuí agus an bascaod airgid ghléigil

Is rothanna faoi is órú ciúirialta ar a chiumhaiseanna timpeall.
Thug Fioló bean choimhdeachta é sin léi isteach in sa halla
Is d'fhág lena hais agus snách dea-shníte á líonadh go barra,
Is trasna air in airde don choigil 's roithléith dhúghorm uirthi
casta.

Chuaigh Ríon Héilin 'na suí sa chathaoir agus stól ag a cosa,
Is cheistigh sí láithreach a fear faoin mbeirt ógánach is dúirt leis:
"Inis, a Rí Meinealás, an bhfuil tuairisc againn ar an mbeirt seo
A tháinig isteach 'nár dtigh, cén cine do mhaíd orthu féinig:
Cé acu do b'fhearr é a nochtadh nó a cheilt? Deir mo chroí liom
é a rá libh.

Ní fhacasa i bhfear ná i mnaoi chomh cruinn léirchinnte
cosúlacht

Riamh faid atáim ar an saol; is ea, líonann an t-amharc mé
d'alltacht.

Más mac d'aon fhear é seo, is é mac Odaiséis churadh-chroífaigh
é,

Is é Teilimiceas é, d'fhág seisean 'na dhiaidh 'na bhunóic bhig
Is sibhse i mbun seolta go Traí chun an chogaidh ba dhéine go
fionnmhar

In bhur slua calma as Acaea do chionn mhínáire mo bhirte."

Labhair Meinealás órfholtach go réidh á freagairt is dúirt léi:

"Ós á rá dhuit, a bhean, admhaímse go measaim gur fíor duit.
B'ionann do lámha Odaiséis is a lámha seo is b'ionann dá chosa,
B'ionann do dearcadh na súl agus ceann agus gruaig ar a bharra.
Is ea, is ó chianabhis is mé ag cuimhniú agus ag tagairt
d'Odaiséas,

Conas mar d'fhulaing an laoch duaisiúlacht thar meon ar mo
shonsa,

Tháinig na deora go fuíoch leis, do shil braonaíocha dá fhabhraí,
Is thóg sé go mear lena lámha a bhrat corcra mar scáth ar a
shúile."

Labhair Peisistriteas mac Neastóir is dúirt sé á fhreagairt:

"Ceadaiigh, a Rí Meinealás Aitréideach, 's, a thaoisigh na
ndaoine,

Ceadaiigh dom labhairt ar a shon; is é mac Odaiséis é, mar
deirir,

Ach tá meonaíocht ann, agus tuigfir gur náireach lena aigne
Aon ródhánacht a dhéanamh ar theacht os do chomhairse den
chéad uair,

Is aoibhneas le fáil ód' bhréithribh i leith is gur dia a bheadh ag
labhairt linn.

Maidir liom féin, táim curtha ag an Ridire Neastór Geiréineach
Fairis á thionlacan chugatsa; ba mhian leis an ógfhear thú
d'fheiscint,

D'fhonn is go ndéanfadh a leas má mholfa comhairle nó gníomh
dó.

Nach mó deacair a bheireas 'na theaghlach ar mhac go bhfuil a
athair

Imithe i gcéin is gan aon chúntóirí fágtha ina dhiaidh ann?

Tá Teilimiceas amhlaidh in éagmais an athar a bhéarfadh

Cosaint dá óige, is gan daoine ar an mbaile do ruaigfeadh an
t-olc uaidh."

Labhair Meinealás órfholtach á fhreagairt is dúirt leis an ógfhear:

"Ó! Nach iontach an teacht chun mo thí, mac an té sin ba dhílse
Dá raibh agamsa de chairde, ar mo shon chomh minic do
choimheascar.

B'airsean a chuireas-sa crann, thar a raibh d'Airgibhigh sa
chamtha,

Mar chroí páirte ar a theacht, dá bhfillfi choíche ar an ndúchas

Trasna na mara le toil Shéis Mhóir leathan-radharcaigh

Olimpigh.

Bhéarfainn dó cathair in Argas ansin agus thógfainn dó pálás;

Sheolfainn as Iticé féin fara n-a airnéis is fara n-a mhac óg

Agus a mhuintir go léir, d'fholmhóinn aon chathair amháin dó

Dá bhfuil im' thimpeall á háitreabh ag daoineibh a ghéilleas dom'
cheannas.

Minic a bheadh ár gcuairt ar a chéile, ár gcuibhreann ní brisfi

Is blianta á gcaitheamh againn síoch grách lena chéile faoi
aoibhneas

Choíche go gclúdódh scamall an bháis faoi dheoidh lena
dhuibheacht sin.

Ach bhí dia des na déithibh in éad, ní foláir, leis an séan úd,

Dia nár fhág ach an laoch sin gan filleadh gan sóchas i ndán
dó."

Labhair seisean amhlaidh, is chuir fonn goil ar a raibh in sa
láthair.

Chaoín an infon úd a shíolraigh ó Shéas Mór, Héilin as Argas,

Chaoín Teilimiceas, chrom Meinealás Aitréideach ar
chaoineadh,

Is níor fhan mac Neastóir gan na deora do theacht lena shúile.
B'amhlaidh a tharla don mhac cuimhniú ar Antalacas cróga
A fuair ó mhac lonrúil Áróra anbhuille cinniúnach;
Agus ag cuimhneamh air sin dó, do mhúscaíl an chaint ann is
dúirt sé:

"Chloisinn, a mhic Aitréis, nuair bíti ag caint aige baile,
M'athairse Neastór á ra, t'ainm féin nuair thagadh anuas ann,
Ná raibh duine dá maireann ar chomhrian leat do leith eagna.
Is ea, más amhlaidh é, géill dom anois; mar is beag a thaitníonn
liom

Caoineadh le linn ár bhfeasta, do b'fhearr cur ar cairde go
n-éireoidh

Grian an athlae. Ní mór liom go deimhin d'aon fhear ar an saol
seo

D'fhulaing an bás a bhí i ndán dó, go gcaoinfi deora mar gheall
air.

Is é an t-aon dualgas amháin atá ag dul uainn d'fhearaibh na
léanta,

Loca do bearrtar den cheann agus braonacha a shileas den
leacain.

Chailleas-sa freisin deartháir, nárbh é saighdiúir é ba mheasa
D'fhearaibh Acaea; do b'aithnid duit é, ní foláir; maidir liomsa,
Níor bhuail riamh liom ná ní fhaca é; ba é rogha, más fíor a
bhfuil ráite, é.

D'éag Antalacas thall, dá fheabhas é chun reatha is chun
comhraic."

Labhair Meinealás órtholtach ansin á fhreagairt is dúirt leis:

"Gach a bhfuil ráite agat linne, a mhic ó, tá ráite mar dhéanfadh
Fear ardchéille ba thúisce go mór ar an saol seo ná tusa:

Is nach dual athar duit labhairt mar labhrais-se linne, go fóduil?
Fuiriste an duine sin d'aithint gur bheartaigh mac Chronais dá
athair

Pósadh le nuachar an tséin agus saolú clainne dá réir sin,
Díreach mar thug sé do Neastór bheith séanmhar feadh laethanta
a bheatha

Agus maireachtaint 'na thigh faoi shó go dtí teacht na seanaoise,
Is clann mhac d'fhás ann 'na thimpeall is iontaí meabhair agus
crógacht.

Bíodh deireadh feasta le caoineadh ó chianaibh a tharla go grod
dúinn

Is cuimhneamh arís ar an mbéile. Soláithríd uisce na lámh
dúinn.

Fanfam go maidin le trácht fhadchúrsach ar ghnótha do
dhéanamh,

Mé is Teilimiceas óg, nuair gheobham caoi labhartha le chéile."
Labhair seisean amhlaidh, is b'in Asfaión chucu le huisce,
Teachtaire luath Mheinealáis, agus dhoirt níochán ar a mbosa,
Is shíneadar lámha chun an bhídh a bhí ullmhaithe rompu go
blasta.

Bhí lena linn rudaí eile dá dtaibhreamh do Héilin iníon Shéis.
Chaith sí in áras an fhíona, go rabhthas ag tarraing as, druga
Is bua ann chun piain agus feirge do mhaolú, is dearmad na
léanta.

Pé duine d'ólfadh an luibh sin tar éis a bheith meascailte i
bhfion di,

Ní fhéadfadh feadh an lae sin 'na dhiaidh aon deoir ar a leacain
a shileadh,

Fiú dá mbéarfadh an bás leis go Háidéas a athair is a mháthair,
Nó dá mbeadh a dheartháir os a choinne dá threascairt le spiarai
Nó a mhac dil fiú amháin, is é féin ag breathnú lena shúile air.
Bhí roinnt luibheanna dá sórt á gcoimeád aige Héilin iníon
Shéis;

Ó Pholadamna bean Thóin is ea a fuair sí san Éigipt fadó iad,
Tír thorthúil sin an ghráinne, is is flúirsí luibheanna na mbánta
Tá go folláin, cuid mhór acu, i ndigh, is a lán acu nimhneach.
Bíonn gach liaigh ann dea-eolach 'na dtaobh thar a bhfuil ar an
saol seo,

Óir is de shíol Phacóin gach a bhfuil d'fhearaibh leighis in sa tír
sin.

Nuair bhí an luibh in sa bhfion is gur tharraing an giolla ar a
hordú,

Labhair Ríon Héilin arís lena raibh os a comhair agus dúirt leo:
"Éist liom, a dhalta le Séas Meinealás Aitréideach, 's, a mhaca
Laochra na n-éacht! Bheir Séas mar is toil leis ar uainibh do
dhaoine

Olc agus maith, óir níl aon ní ná féadann sé a dhéanamh.
Bídh, ar an ábhar sin, ag caitheamh na féile is ag aoibhneas sa
halla,

Is bítear ag rannscéalaíocht; sid é m'eachtrasa is measaim go
n-oireann.

Nílím i mbun gach gnímh dá ndearna mo laoch geal Odaiséas
 Fulangthach foighneach a lua, ní áirímhse a bhfuil déanta aige
 d'insint.
 Déarfad an t-aon rud amháin seo do rinne agus d'fhulaing an
 tréanfhear
 Iontach i gcathair na Traí, mar a bhfuair sibh, a Acaeacha,
 callshaoth.
 D'athraigh sé a ghné nádúrtha ag gabháil ar a phearsain den
 sciúrse,
 Bhuaíl sé drochbhalcaisí timpeall a ghuaile gur dhealraigh le
 giolla,
 Is chaolaigh go cúthail isteach in sa chathair gur naimhde dhó a
 muintir.
 D'fholaigh sé i gcló bochtáin é féin agus déire aige á hiarraidh,
 Is ní raibh aoinne d'aithneodh é dá bhfacaidh é láimh leis na
 hárthaí.
 B'in é mar dhealraigh sé ar shráideanna Thraí, is níor thógadar
 ceann de,
 Aoinne acu; níor fhéad duine ach mé féin é d'aithint sa ghné sin.
 Chuireas air ceist; más ea, chuaigh ó m'fhiosrú lena chlisteacht.
 Ach nuair níos in san iomar a bhaill is gur ungas le hola é,
 Ghaibheas é ina mhalairt de chulaith agus thugas mo mhóid dó
 go láidir,
 Ná faigheadh muintir na Traí céadéachtaint uaim ar an rún seo
 Nó go mbeadh loingeas Acaea is na bothanna sroichte ag
 Odaiséas.
 D'inis ansin dom gan cheilt a raibh beartaithe ag arm na
 n-Acaeach.
 Mhairbh sé ag imeacht dó ina dhiaidh mórán d'fhearaibh na Traí
 lena ráipéir,
 Is ghluais sé thar n-ais chun an chamtha is a lán faisnéise aige
 facha.
 Thóg mná eile na Traí liú caointe dá chionn, ach is amhlaidh
 A d'fhág sé ina ionad san bród ar mo chroí; bhíos iompaithe i
 m'intinn
 Cheana chun fillte ar an mbaile, agus b'oth liom gur fhéad
 Afraidíte
 M'aighe a dhalladh le grá, nuair mheall sí óm' dhúchas anonn
 mé
 Mílte ó inín 's ó sheomra na lanún 's chéile mo leapa,

Ná raibh in éagmais na mbua, mar bhí sé dea-mheabhrach dea-
 chumtha."
 Labhair Meinealás órfholtach ag freagairt is dúirt lena chéile:
 "D'insis an scéal sin go briomhar, a bhean, agus oireann don am
 seo.
 Tá a lán laoch mór feicthe lem' ré agam is cloiste sa chomhairle,
 Is thuigeas a n-aighe, go cruinn, mar is mó fód siúlta ag mo
 chosa.
 Ach níl aoinne go dtí seo dá bhfaca ar an saol seo de laochra,
 Is croí chomh cróga ann 's a bhuaíl in sa bhfear tréanbheartach
 Odaiséas.
 Neosfad an ní seo do rinn' gaiscíoch sin na gcomhrac is
 d'fhulaing,
 Uair in san each mór crainn mar a raibh gach laoch againn suite,
 Slua Airgibheach gur ghéar fonn treascartha mhuintir na Traí
 orthu.
 Tháinís féin ar an bhfód, dia éigin do sheol ar an bhfód thú,
 Dia, ní foláir, gur mhian leis an clú Traíánach a mheádu,
 Is lean chomh hálainn le diacht ina chló Déifibeas ann thú.
 B'iúd é an capall 'na sheasamh is sinne i bhfolach ina bholg:
 Chuais trí huaire ina thimpeall is chnagais le t'ailt ar an adhmaid
 Is ghlaois faoi leith ar gach ainm dá raibh ar na laochraibh istigh
 ann
 Is aithris go breá agat á déanamh ar ghuth mná céile gach aon
 fhir.
 Bhíos-sa agus mac Thidéis is Odaiséas iontach na ndiabheart
 Suite ann i lár na coda eile is ba chomhchlos dúinne mar
 labhraí.
 Chuir anamúlacht do ghlóir sceitimíní ar chuid againn; bhí uainn
 Gluaiseacht amach, nó labhairt ón dtaobh istigh leat, a Héilin.
 Ach dá ghéire ár bhfonn-na do choisc Odaiséas lena smacht
 sinn.
 B'ionann is dream gan anáil is gan anam do mhacaibh Acaea
 Seachas an t-aon fhear amháin, Antaclas, gur dhealraigh air fonn
 fós.
 Is é rud a rinne Odaiséas ná a dhá láimh láidre a bhualadh
 Trasna ar a bhéalsan, is d'fháisc air go teann agus choinnigh an
 t-arm,
 Slán go dtug Pallas Aitéine ort féinig imeacht as an láthair."
 Labhair Teilimiceas óg ardeagnach ag freagairt is dúirt leis:

"Móide ár ndonas, a Mhic Aitréis, is, a thaoisigh na ndaoine,
Gach a bhfuil ráite; ní lú d'fhulaing seisean an ide chinniúnach,
Bíodh is gur d'iarann an croí a bhí istigh ann, tá sé ina chónaí.
Ach nach mithid do chách a bheith ag druidim le suaímhneas na
leapa

D'fhonn is go sínfeam i suan is go bhfaigheam ann aoibhneas na
hoíche?"

Labhair seisean amhlaidh is d'ordaigh an Bhanríon Héilin dá
bantracht

Leapacha a chur faoin bpoirtic is súsaí corcra a leathadh
Is anairt anuas orthu sin agus pluideanna cluthara ar barra.
Chuadar amach as an halla agus tóirí lasta ina lámha,
Is rinneadar cóiriú dhóibh, is le tionlacan giolla chun suaímhnis
Chuaigh Teilimiceas óg agus mac breá Neastóir Gheiréinigh,
Is chodail an bheirt sin go maidin sa phoirtic i dtosach an
pháláis.

Chodail mac Aitréis féin istigh faoi fhraitheachaibh arda,
Is Héilin na róbaí fada lena ais, chomh hálainn le diabhean.
Nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rósdeirg na Maidine,
D'éirigh an Rí Meinealás as a leabaidh is chuir air a chulaithirt,
Is chroch ar a ghualainn a chlaíomh agus cheangail a shandailí
áille

Is shiúlaigh amach chomh niamhrach le dia ina cheannaithe as a
sheomra.

Shuigh sé le hais Theilimicis óig agus labhair agus dúirt leis:
"Cad faoi ndeara dhuit gluaiseacht, a laoich Teilimiceas,
chugainne,

Trasna na ndromanna mara is ar bhóithre go tír Lacadaemóin?
Inis go fírinneach dom, cé acu tuath nó teaghlach is bun leis?"
Labhair Teilimiceas óg ardeagnach ag freagairt is dúirt leis:
"Neosfad mo scéal duit, a Mhic Aitréis, is, a thaoisigh na
ndaoine.

Thánga le súil is go bhfaighinn aon ráfla ba chlos duit ar
m'athair.

Tá an pálás á ideach, 's an talamh 's an rachmas á gcreachadh;
Líonadh mo theaghlach de naimhde, agus chím gach lá acu mo
chaoire

Á marú ann 'na dtáinte agus mairt chasadharcacha méithe —
Teallairí gránna is ea iad, atá ag éileamh mo mháthar le pósadh.
Táim ag barróga do ghlún dá bhrí sin, 's ag achaint go neosfair

Scéal dobrónach a bháis, pé acu an bhfaca do shúilese cinn é,
Nó fear fáin ar a shiúl; mar a shaolaigh a mháthair chun bróin é
Thar a bhfuil d'fhearaibh ar domhan. Ná déan aon bhréaga le
trua dom,

Ná ná féach chun mo phearsan, ach inis an cúrsa mar tharla.
Dar a bhfuil déanta aige m'athair, Odaiséas calma na glúbheart,
Dar a bhfuil geallta aige is críochnaithe riamh, idir bhréithre
agus ghníomhartha

Timpeall na Traí nuair rug duais mhór ar Acaea, achainím ort
Cuimhneamh anois orthusan, is do scéal d'eachtraí gan agó
dhom."

Labhair Meinealás faoi thocht díbheirge is dúirt leis an ógfhear:
"Faire go deo! Ba é ba mhian leis an gcomplacht meata go
bhfaighidís

Ionad i leabaidh an té a bhí ina phátrún d'fhearaibh ar
chalmacht.

Faoi mar a thiocfadh an cilit go pruais leoin láidir 's a
chuirfeadh

Dhá lao mhaola atá fós gan deighilt ó mháthair chun suain ann;
Siúd léi ag inbhear di féin ar na dromannaibh arda is ar
mhóinéir

Uaithne sa ghleann, ach filleann an leon ar an bpruais ina
dhiaidh sin

Is déanann sé coscáirt ghránna ar an dá lao bhochta sin d'aon
ráib;

Amhlaidh don laoch Odaiséas is don bhfeolbhach a dhéanfaidh
sé dhíobhsan.

Ó! Dar Séas is Aitéine is Apalló, dá mbeadh sé mar bhí sé
Lá sin na treise fadó, nuair bhíomar i mbánchathair Leisbeais.
Sheasaimh sé is rinn' babhta iomrascála le Filiméilidéis
Is chaith ar an bhfód é de phleist, 's chuir bród ar a raibh ann
d'Acaeigh.

Dá mbeadh seisean sa neart sin 's an complacht éilithe dāna
Thall os a chomhair, níorbh fhada dá moill ag fanacht lena
n-ide,

Ná níorbh fhada gur bréan dá n-éiliú buacach a bheidís.
Maidir le t'fhiafraí dhíom is do dhá lámh fillte ar mo ghlúine,
Focal ní bhfaighir óm' bhéal chun do mheallta ó fhírinne an
chúrsa,

Ná ní neosfad duit bréag, ach a gcuala ó Sheanfhear na Mara,

Saoi gan dearmad go deo, ní cheilfead ort aon rud dá ndúirt sé.
Bhíos dom' choimeád, nuair bhí uaim filleadh, aige déithibh san Éigipt,

Toisc ná fuaireadar uaim, mar a gheallas, na híobairtí méith-mhart;

Ní maith leo, mar is eol duit, go ndéanfaí a n-aitheanta a dhearmad.

Chítear oileán in sa tsuail lasmuigh de ribhéaraibh na Níle;
Faras an ainm atá air, is é faid idir é agus an talamh,
A oiread 's a dhéanfadh an long mhear sheoil in sa tsiúl ar feadh lae dhi,

Is gaoth anamúil ina diaidh. Tugann cuan ann lon agus foscain,
Téann mairnéalaigh isteach ann de ghnáth chun fíoruisce a tharraing,

Is ligid thar n-ais ón dtráigh chun na farraige an bád ar a cile.
Choinnigh na déithe ann mé féin fiche lá, is níor bhraitheamar miam ann

D'aon ghaoth mhara do shéideas na hárthaí seoil ar a n-aistear
Agus a ghníos síorthionlacan dóibh ar na dromanna móra.
Bhí lón á dhísciú ann is neart mairnéalach ag tréigean,
Nuair bhuail trócaire is trua do mo chás croí dé des na déithe,
Éidite iníon Phróitéis ardchumhachtúil, Seanfhear na Mara.
B'ise ba mhó a bhí corraithe 'om' chionn, agus tharla sí lá orm
Is mise ag imeacht liom ar deighilt óm' chairdibh i m'uath agus i m'aonar.

B'amhlaidh a théidis siúd mórthimpeall na hinise ag iascach
Bhreac le dubháin, is a mbolg á thraochadh le hocras i gcónaí.
Sheasaimh an diabhean le m'ais agus chuir orm caint agus dúirt liom:

'Cogar, a fhir iasachta, an amhlaidh ataoi lagmheabhrach nó simplí?

'B'amhlaidh is cuma do chás leat 's go bhfaighir féin taitneamh i t'anró?

Féach a fhaid ataoi san oileán dútheanntaithe cheana is ná féadair
Aon bheart éalaithe a cheapadh, is an croí á chailliúint ag do chomplacht'.

Labhair sise amhlaidh, is labhras ar m'uain dá freagairt is dúrt léi:

'Déarfaidh mé leat go neamhbhalbh, a dhiabhean nach eolach dom t'ainm,

Nár teanntaíodh san oileán mé dom' dheoin; ní foláir nó do rinneas

Mórpheaca in éadan na ndéithe do mhaireas sa bhfairsinge in airde.

Abairse féin liom, más ea, mar is eol dos na déithe gach aon ní,
Cé acu den lucht síoraí atá 'om' chosc is ná ligeann dom seoladh,

Is conas mar a fhéadfaidh mé filleadh thar áitreabh an éisc ar mo dhúchas?

Sin é mar labhras, is d'fhreagair an bhandia mhánla agus dúirt liom:

'Déarfadh ar eol dom, a fhir dheoranta, leat, ní cheilfead mo scéal ort.

Seanfhear na Mara gan dearmad 'na mheabhair, gnáthaíonn an t-oileán seo.

Tugtar air sin Próitéas Éigipteach, 's is eolach go cruinn dó
Gach duibheagán faoin muir 's rialaíonn faoi cheannas Phoiséadóin.

Ba é sin an t-athair, adeirtear, go bhfuair sa beatha agus saol uaidh.

Éalaigh i gan fhios air sin, más féidir leat, greamaigh go docht é,
Is neosfaidh sé slí dhuit chun taistil is faid gach stráice den bhóthar,

Is conas mar a fhéadfaidh tú filleadh thar áitreabh an éisc ar do dhúchas.

Neosfaidh sé, leis, duit, a dhalta oll-Séis, más mian leat a chlos uaidh,

Gach a bhfuil déanta le fada de mhaitheas is d'olcas id' phálás
Ó ghluaisís ar an mbóthar i gcéin a bhí lionta de dheacair'.
Labhair sise amhlaidh, is labharas ar m'uain á freagairt is dúrt léi:

'Conas, a dhiabhean na trua, d'éalód ar an Seandúine Síoraí,
D'fhonn is ná tabharfadh sé an cor dom, má chionn mé ag teacht nó má bhraitheann?

Deacair an iarracht sin d'fhear, dia cumhachtach a chloí lena dhícheall.'

Sin é mar labhras, is d'fhreagair an bhandia láithreach is dúirt liom:

'Déarfadh ar eol dom, a fhir dheoranata, leat, ní cheilfead mo scéal ort.

Nuair bhíonn siúlta ag an nGréin leathrian lae timpeall na spéire,
Nochtann an Seanfhear ná déanann dearmad ón sáile ar an uair
sin,

Nuair bhíonn Steifir ag séideadh is an fharraige dubh le
droimíní,

Is téann sé i gceann des na huamhnacha cabhaiteacha is síneann
'na chodladh.

Bíonn ina thimpeall na róna ina suan, tréad dhíabhean an tsáile;

Fágaid an mhuir liath fairis is siúlaí suas ar a lapaí,

Is boladh na nduibheagán doimhin á shéideadh go géar acu in
éineacht.

Seolfad amárach thú féin chun na háite is an mhaidin ag
breacadh

Fairis an dtriúr mairnéalach is fearr dá seolann i t'árthaí —

Toghsa na fir sin gan cháim; socród ar an bhfód sibh in ordú.

Neosfad anois roimh ré dhuit a ndéanfaidh an seandúine
draíochta.

Féachfaidh sé ar dtúis ar a róna go haireach is déanfaidh an
comhaireamh,

Is tar éis iadsan a bhreathnú agus a chomhaireamh 'na gcúig is
'na gcúig dó,

Sínfidh 'na chodladh 'na dteannta mar aoire le caoiribh a
thréada.

Tuigidh ansin, chomh luath is a chífidh sibh cloíte le suan é,

Gurb é ionú agaibh é sin bheith ag cuimhneamh ar neart is ar
fhórsa.

Luídh air go teann pé únfairt is iarracht a thabharfaidh ar éaló.

Níl aon atharach gné ná triailfidh sé, tiocfaidh air dealramh

Gach ainmhí dá siúlann is lasracha tine agus uisce.

Is é is ceart daoibhse gan bogadh ach luí níos doichte ar a
ghéaga,

Ach nuair labharfaidh sé libh is go gcromfaidh ar cheisteanna
d'fhiafraí

Faoin gcló céanna do bhí air ar dtúis nuair shín sé ina chodladh,

Bogaidh ansin de 'ur ngreim agus scaoilidh dá ghéibheann an
Seanfhear,

Is loirg, a laoich, faisnéis cén dia atá ag déanamh ciotaí dhaoibh

Is conas is féidir leat filleadh thar áitreabh an éisc ar do
dhúchas.

Labhair sise amhlaidh, is thom as mo radharc ins na hólaithe

móra.

Chuas-sa thar n-ais chun na mbád, a bhí tiormaithe thuas ar an
ngainimh,

Is bhí tocht smaointe ar mo chroí, mar ba mhór é mo
bhuaireamh ag siúl dom.

Nuair bhíos fillte ar an dtráigh 's ar an ártach, do fuaireamar
ullamh

Is d'itheamar bia an tráthnóna, agus thuirling an oíche orainn
láithreach.

Shíneamar siar ar an ngainimh is chodlamar ann feadh na
hoíche,

Is nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rósdeirg na Maidine,
Ghuíos-sa na déithe go fuíoch agus ghluaiseas le hais na mara,

Is thugas a'm' thionlacan triúr mairnéalach do thoghas as an
bhfoirinn,

Fir gurbh astu ba mhó mo mhuinín, pé bearna ina ngeobhaimis.

Idir dhá uisce do shnámaigh, ar thomadh sa bhfarraige, an
bhandia,

Is thug léi aníos ar an dtráigh ceithre chroicinn róin ar an uair
seo,

Feannta le gairid, ba leo a bhí an fealladh aici meáite dá hathair.

Thóch sí i ngainimh na trá ceithre leapacha is shuigh ag fanacht
linn.

Thángamar suas ina gaire agus shocraigh sí cách ina leabaidh,

Is ghaibh ina chraiceann. A'm' bhriathar gur phiantach an
oirchill dúinn é,

Óir bhí bréntas dofhulaingthe i mboladh bheithigh sin na
mara —

' Bhuil aon fhear ann a luifeadh lena amhlachas céile ina
leabaidh?

Más ea, do chuimhnigh an diabhean ar leigheas agus d'fhóir ar
an gcruatan.

Thug sí chugainn ambróise agus d'fhág aige cách lena shróin í,

Cumhracht mhilis thar meon, gur cloíodh léi boladh na róna.

B'amhlaidh ansin dár mbuín feadh na maidine ag feitheamh go
foighneach.

Tháinig na róna ina dtrúip ón muir agus luíodar 'na line.

Is chuadar a chodladh go sámh ar an dtráigh mar a mbristear an
t-ólaí.

Nocht an Seanóir ón bhfarraige um mheán lae is fuair sé na

róna
 Méithe os a chomhair, agus ghaibh orthu timpeall is
 chomhairigh go cruinn iad.
 Chomhairigh sé sinne ina dteannta ar na ceannaibh ba thúisce,
 agus níor chaith
 Amhras dá laghad ar an bhfeall; faoi dheireadh do shín agus
 chodail.
 Léimeamar féin d'aon ráib air ag liúraigh 's ag fásadh na ngéag
 dúinn
 Timpeall a chabhlach go teann. Níor thréig na healaíona ina chás
 é;
 Bhí sé ina leon féasógach ar dtús, is 'na dhiaidh sin 'na dhragan;
 Bhí sé ina phantar, 'na thorc, is ar ball beag rith sé mar uisce,
 Is d'fhás sé tamall 'na dhiaidh sin 'na chrann mhór ghéagach
 duilliúrach.
 Ach níor bhogamar riamh dár ngreim 's níor lagaigh ar
 mheanmain.
 Tuirse den treis faoi dheireadh do thit ar Sheanóir sin na
 draíochta,
 Is d'oscail a bhéal agus labhair chun a cheiste do chur agus dúirt
 liom:
 'Ce acu de dhéithibh, a mhic Atréis, a bhí i bpáirt leat i
 gcomhrún.
 D'fhonn is go bhfaighfeá mise i do lúib do m'ainneoin? Cad atá
 uait?
 Labhair seisean amhlaidh, is thugas air freagra ar m'uain agus
 dúirt leis:
 'Tá a fhios agat féin, a Sheanóir! Cad é seo agat mar lúbaireacht
 aighnis?
 Féach a fhaid atáim san oileán dútheanntaithe cheana is ná
 féadaim
 Aon bheart éalaithe a cheapadh, is an fonn á chailliúint ag mo
 chroí istigh.
 Abairse liom, más ea, mar is eol dos na déithe gach aon ní,
 Cé acu den lucht síoraí atá a'm' chosc is ná ligeann dom
 seoladh,
 Is conas mar a fhéadfaidh mé filleadh thar áitreabh an éisc ar mo
 dhúchas.'
 Labhras leis amhlaidh, is d'fhreagair sé láithreach mo chaint agus
 dúirt liom:

'Dualgas ba cheart duit a dhéanamh, is é ná dearnais roimh
 sheoladh,
 Íobairt na féile do Shéas agus dá chomhdhéithibh Oilimpis,
 D'fhonn is go sroichfir do dhúchas ag seoladh na n-ólaithe
 fiondubh.
 Óir ní dán duit do chairde d'fheiceáil ná seasamh i ndoras
 Phálás álainn do shinsear 's i ndúthaí breátha do chine
 Nó go mbeidh sruthanna Níle do líontar as toibreacha Shéis
 Mhóir
 Seolta thar n-ais ag do bháid is go ndéanfaidh na híobairtí
 méith-mhart
 Taitneamh do dhéithibh Oilimpis a mhaireas sa bhfairsinge
 spéirghil.
 Fillfir ansin lena dtoil ar an mbaile go bhfuilir ag tnúth leis.'
 Labhair seisean amhlaidh, is briseadh mo chroí leis na horduithe
 a fuaireas
 Faid mhór bhóthair thar n-ais chun ribhéir sin na hÉigipte a
 thabhairt orm,
 Tré cheo diamhair anonn 's trí shruthanna mara piolóidí.
 Ach dá mhéad é mo dhochma, do b'éigean dom géilleadh agus
 dúirt leis:
 'Ós i mbun orduithe dhuitse, a sheanóir, ní mór dom é a
 dhéanamh.
 Ach tá ceist agam ort, agus freagair dom i go neamhbhalbh:
 Gach a bhfuil fágtha ár ndiaidh aige Neastór 's agamsa
 d'Acacigh
 Thall cois fhothracha Thraí, an bhfuil seolta acu slán ar a
 ndúchas,
 Nó an bhfuil cinniúint ar an bhfarraige le mífhortún tarlaithe
 d'fhear díobh,
 Nó tar éis chríochnaithe an chogaidh, gur éag is a chairde ina
 thimpeall?
 Labhras leis amhlaidh, is d'fhreagair sé laithreach mo cheist agus
 dúirt liom:
 'Á! Cad ab áil leat, a mhic Aitréis, ag cur thuairisc na rún sin?
 B'fhearr nár chlos duit 'na dtaobh, ná m'intinn a chuardach dá
 n-eolas.
 Creid mé nach fada go gcaoinfir, ar fháil fhaisnéise ar a bhfuil
 uait.
 Óir tá a lán díobh marbh, má fágadh 'na mbeathaidh a lán

díobh.
 Más ea, le linn dóibh filleadh ar a dtír, níor cailleadh de
 thaoisigh
 Shlua na nAcaeach ach beirt. Ní thagraim don chogadh, mar
 bhís ann.
 Tá fear amháin acu i gcéin, á dheighilt ó dhúchas ag mórmhuir.
 Smiotadh a chuid bád leis an bhfaill, atá tarlaithe d'Aeas mac
 Oilis;
 Bhagair Poiséadón ar dtúis aige Giorae in éadan na faille iad,
 Is d'fhuascail ar Aeas 'na dhiaidh, agus cé gurbh fhuath le
 hAitéine é,
 Thiocfadh sé slán ón mbás, mura mbeadh gur liúigh is go ndúirt
 sé
 Caint mhórbhéalach thar meon, á mhaíomh ann gur éirigh leis
 éaló
 Ó shuaill éachtach na mara d'ainneoin gach ar thoiligh na déithe.
 Chuala Poiséadón ag éamh é agus rug sé ar bhachall na dtrí
 mbeann
 Láithreach 'na láimh antréin, 's bhuail aon bhuille amháin ar an
 gcarraig.
 Bhí an fhaill fós ann 'na dhiaidh, ach do thit scailp mhór di san
 uisce;
 B'uirthi a bhí Aeas 'na shuí nuair rinne sé screadach an
 mhórtais.
 Scaoileadh é síos léi i muir mhóir dhoimhin a bhí ag búirthigh
 le tarrac,
 Is chaill sé an t-anam gan mhoill nuair múchadh le sáile a
 scamóga.
 Níor bháigh stoirm an lae sin sa mhuir do dheartháir
 Agamamnón.
 D'éalaigh sé roimpi ina bhád; ba í a d'fhuascail é, Héire
 bantiarna.
 Ach nuair bhí sé ar tí ceann tíre Mhailia do shroichint
 Faoin gcnoc seasaitheach ard, rug gála ansin air go hobann,
 Is dá mhéad cneadach a rinne, do bhagair sé roimhe gan
 staonadh é
 Sall go dtí talamh na teorann, go mbíodh Tistéis 'na chónaí
 Ann sa tseanaimsir, 's a mhac Aegastas i láthair na huair ann.
 Más ea, do samhlaíodh fós go raibh filleadh ina bheathaidh i
 ndán dó;

Thoiligh na déithe go gcasfadh an ghaoth, tharraingíodar an
 baile,
 Is shiúil Agamamnón an fód a bhí siúlta ag a shinsir is rinne
 Talamh a dhúchais a phógadh le bród, agus shíl sé dá shúile
 Deora ina gceathanna teo, mar ba mhór é a chion ar a thír féin.
 Ach níor dhall an fear faire gur gheall Aegastas an fhíll dó
 Dhá órthallainnt 'na luach, ar feadh bliana do bhí sé ina phosta
 D'fhonn is ná tiocfadh an Rí faoi mheanmain mhúscaite i gan
 fhios.
 Ghluais sé gan mhoill lena scéal agus fuair Aegastas 'na phálás.
 Bhí siúd ullamh 'na chomhair, agus thosnaigh sé láithreach ar
 bheartú.
 Chruinnigh sé buíon as an áit, fiche fear des na fearaibh ab
 fhearr ann,
 Is cheil iad timpeall an halla agus d'ordaigh sé féasta do chóiriú.
 Suite ina chóiste go hard dó agus machnamh gránna ina chroí
 istigh,
 Ghluais sé ag éileamh an Rí, mac Aitréis aoire na ndaoine,
 Is thug sé thar n-ais leis an fear nár taibhríodh riamh a
 chinniúint dó,
 Is mhairbh ag bord é gan taise, mar leagfaí mart ag an mainséar.
 Aoinne de bhuín Aegastais ná aoinne de bhuín Agamamnón
 Beo níor fágadh 'na dhiaidh, threascraíodar a chéile sa halla.
 Labhair seisean amhlaidh is briseadh an croí ionam de
 dheascaibh a scála.
 Shuíos ar an ngainimh ag gol, ar an uair sin ba chuma liom bás
 d'fháil.
 Óir níor mhian liom bheith beo ná féachaint ar sholas na gréine.
 Ach tar éis chaointe mo dhóthain, ag síorphiastáil ar an dtraigh
 dom,
 Labhair fear aosta na farraige, an fáidh gan dearmad, is dúirt
 liom:
 'Ná bí, a mhic Aitréis, ar an gcuma seo ag caoineadh gan
 traoadh.
 Níl aon tsochar i ndán duit dá bharr. Chomh luath agus
 d'fhéadfáir,
 Cruinnigh do mheabhair agus triail beart éigin le filleadh ar do
 dhúchas.
 Béarfáir 'na bheathaidh air siúd, nó bainfidh Oraistéis tosach
 díot,

Is agróidh díoltas na fola air 's ar fhéasta na sochraide a gheobhair é."

Labhair seisean amhlaidh, is mhúscail im' chroí lena bhréithre fearúlacht,

Is dá mhéad diachair a bhí orm, do théigh sólás ar an mball mé. Tháinig mo chaint dom thar n-ais, agus labhras is dúirt leis an Seanfhear:

'Sin agam cuntas ar bheirt; tá an tríú fear gan a scéala, Taoiseach atá beo fós, á dheighilt ón ndúchas ag mórmhuir. Nó an marbh dósan? Ba mhian liom é a chols, dá mhéad é mo dhólás.'

Labhras leis amhlaidh, is d'fhreagair sé láithreach mo cheist agus dúirt liom:

'Mac Laeirtéis an fear sin, gur bronnadh in Iticé saol air. Chonac é sin in oileán agus deora ar a leicne le huaigneas, Toisc nach mór dó fanacht lena neamhthoil i dteaghlach Chalapsó

Bandia mhara, is ná féadann sé filleadh ar a thír agus fonn air, Óir níl ártach le fáil faoi mhaidí rámha aige ná complacht A d'ardódh leo lena neart é thar dhromanna leathana an tsáile. Duitse tá ceapaithe, a Rí Meinealás, gan ré do sheanaoise A chaitheamh in Argas na n-each, ná bás d'fáil choíche ar an bhfód sin.

Seolfaidh na déithe do shiúl chun an phlána Éilisigh is imill Thalamh an domhain mar a bhfuil cónaí ar Radamantas an órfhoilt,

Is aoibhneas thar aoibhneas an tsaoil ag an muintir a thig chun na háite —

Níl aon tsneachta ann go deo ná gálaí gaoithe ná báisteach, Ach bíonn leoithne ón mórmhuir aniar ann ag séideadh go séimh bog

Ceolmhar de shíor ar an bhfán agus fuarthan do dhaoine aige á dhéanamh —

Toisc go bhfuil Héilin agat is gur cliamhain tú do Thiarna na Spéartha.'

Labhair seisean amhlaidh, is thom as mo radharc ins na hólaithe móra.

Chuas-sa thar n-ais chun na mbád is mo thriúr compánach im' theannta,

Is tocht mór smaointe ar mo chroí, mar ba mhór é mo

bhuaireamh ag siúl dom.

Nuair bhí fillte ar an dtráigh 's ar na báid againn, fuaireamar ullamh

Is d'itheamar bia an tráthnóna, agus thuirling an oíche orainn láithreach.

Shíneamar siar ar an ngainimh is chodlamar ann feadh na hoíche,

Is nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rosdeirg na Maidine,

Chuamar ar dtúis chun na mbád 's tharraingíomar anuas chun an uisce iad.

Chuireamar iontu na crainn is na seolta, agus b'iúd leis an gcomplacht

Tréan mairnéalach ar bord, agus shuíodar 'na mbaill ar na tochtai,

Is thóg gach fear acu a mhaide agus bhánaigh an mhuir lena mbuillí.

Filleadh ar bhéal an ribhéir sin a líontar as toibreacha Shéis Mhoir;

Cuireadh na báid ann ar ród, agus rinneas na hiobairtí méithmhart,

Is tar éis dianfhearg an tslua shíoraí a mhaolú dhom, do thógas Leacht le honóir d'Agamamnón a bhuanódh a ainm 's a ghlóire. Tar éis chomhlíonta do sheolas, is cóir agam 's cúnamh na ndéithe,

A luathaigh mo bhárc ar an sáile is a thug go dtí cósta mo thíre í. Glac le mo chuireadhse anois agus fan in sa teaghlach seo againne

Nó go mbeidh aon lá dhéag nó dhá lá dhéag gafa tharainn, Is ligfead ansin thú chun siúil tar éis bhronnta go niamhrach dem' stór ort.

Gheobhair trí chapaill is carr breá líofa, agus gheobhair ina dteannta

Corn fíorálainn go ndoirtfir do dhéithe na síre ofráil as Gach uile lá dá mairfir 's go gcuimhneoir orm lena linn sin."

Labhair Teilimiceas óg ardmheabhrach ag freagairt is dúirt leis: "Géill dom, a mhic Aitréis, is ná coinnigh i bhfad mé san áit seo.

Níor rófhada liom bliain le fanacht ar mo shuaimhneas id' chuibhreann.

Teach agus muintir an bhaile, ní bheadh aon uaigneas 'na ndiaidh orm;
 Óir faighim aoibhneas thar meon nuair éistim led' chaint is le t'eachtraí.
 Ach tá buaireamh ar m'aighe de chionn chompánaigh na loinge
 A d'fhágas i bPiolas im' dhiaidh agus mé agat san áit seo dom' mhoilliú.
 Má bhíonn bronnas i gceist, tabhair seoid le coimeád in sa tigh dom.
 Capaill ní thabharfad go hIticé liom, mar do b'fhearr agat féinig
 Áilleachtaí chraiceann an ghléis; mar is machaire fairsing do ríochtsa,
 Mar a bhfuil seamar go flúirseach ag fás agus mileanna ' gach saghas,
 Is gach saghas gráinne, cruithneacht agus seagal is eorna ghealchraobhach.
 Níl bonn ráiseanna im' dhúthaigh, ní feictear in Iticé móinéar,
 Níl ann ach féarach do ghabhair, más fearr liom ná talamh na n-each é.
 Téann na hoileáin sin le fána ina dtaoibh chnoc síos chun na mara;
 Táid gan pháirc mharcaíochta, agus m'Iticé féin, is í díogha í."
 Labhair seisean amhlaidh is leath fáth an gháire ar aghaidh Mheinealáis leis.
 Leag sé a lámh ar an ógfhear le fonn tláithinteachta is dúirt leis:
 "Measaim, a dhalta mo chroíse, ar do chaint an fhuil uasal atá ionat.
 Is gheobhair uaim athrach seod dá chionn. Tá sin ar mo chumas.
 As a bhfuil bailithe istigh faoim' dhíonsa de shaibhreas an tsaol seo,
 Toghfad an taitneamh is áille is is luachmhair is bhéarfad duit féin é;
 Babhla de ghaibhneacht ghil is ea a bhéarfaidh mé dhuit; atá déanta
 D'airgead pláta agus ciumhais óir bhuí mórthimpeall an bhéil air.
 Ba é Héafaestas a rinne, ó Fhaedamas Rí na Siodóine
 A fuairéas é faoi dhíon tí aige is ag fáil óstaíochta ina theaghlach
 Tamall ar m'aistear abhaile, is is toil liom anois é do thabhairt duit."

Bhíodarsan amhlaidh go muinteartha i gcomhrá séimh lena chéile.
 Bhailigh an chóisir isteach lena linn trí gheata na cúirte,
 Caoire á mbagairt ag fear, fíon meidhre ag a chomharsain á thabhairt leis,
 Is ba iad mná breátha na n-uaisle do rinne an t-arán a sholáthar.
 Chrom gach duine go gnóthach ar chóiriú féasta sa halla.
 Ráinig an complacht éilimh ar aghaidh rítheaghlach Odaiséis,
 Is bhíodar ag caitheamh an gha is an chaidhte i gcomórtas le chéile.
 Ba iad sin na teallairí céanna ar an bhfaiche dhea-phalcaithe chéanna.
 D'fhan Antanús suite i leataobh 's Eoramacas álainn;
 Ceannas na buine ba leo, ba iad rogha thar a raibh ann ar ghaisce iad.
 Tháinig Néamón i leith, mac Fhroinias, dhruid sé ina gcóngar
 Is rinne sé ceist d'fhiafraí d'Antanús uasal, á rá leis:
 "Abair an eol, a Antanús, dúinn, nó nach amhlaidh a ceapadh Téarma do theacht Theilimicis óig ó Phiolas na fionntrá?
 Thug sé mo bhád ag imeacht leis, is táim ar an uair seo ina gátar
 D'fhonn is go seolfaidh mé trasna go hÉilis na bpáirceanna móra
 Mar a bhfuil dhá láir dhéag liom is faoi gach láir acu correach
 Fásta chun oibre, gan briseadh, is go bhfuil fúm ceann acu a bhriseadh."
 Labhair seisean amhlaidh is líon iad d'alltacht. B'iontach go léir leo
 É do bheith gluaiste go Piolas. Do ba é a samhlaíodh ina thaobh dóibh
 Turas ar an bhfeirm 's ar an stoc, nó ar aoire na muc 'na bhothán féin.
 Bhí Antanús fiosrach, is dhírigh sé ceist air is dúirt leis:
 "Abair gan chlaon liom cathain atá seolta aige? Inis an complacht
 Óglach a chuaigh lena chois. Is ar thogh ar fuaid Iticé an fhoireann?
 Nó ar sheirbhísigh leis iad is tionóntaithe? Dhéanfadh an gnó leo.
 Eachtraigh é seo chomh maith dhom, is abair go fírinneach cruinn é:

Arbh amhlaidh a thóg sé an t-árthach i gcoinne do thola le fórsa?
 Nó go raibh scéal aige réidh is go dtugais led' thoil dó mar d'iarr sé?"
 D'fhreagair Néamón an cheist sin go hoscailte is dúirt leis an ógfhear:
 "Thugas go toilteanach uaim í! Cad eile do b'fhéidir a dhéanamh Nuair ráingeodh a leithéid sin ag iarraidh is buaireamh ar a intinn?
 Measaim go deimhin in sa chás seo gur dheacair dom diúltadh don iasacht.
 Thionlaic an chuallacht is fearr ar an mbaile seo i dtánaiste dhúinne
 Eisean sa bhád. Is é a chonac ag dul ar a bordsan 'na chaptaen, Meantór, nó dia des na déithe do dhealraigh i ngné leis go hiomlán.
 Más ea, sid é agaibh an t-iontas: do chonnac ar maidin inné féin Meantór ar éirí an lae; is bhíos cinnte gur sheol sé go Piolas."
 Labhair seisean amhlaidh is ghluais gan a thuilleadh do rá go tigh a athar.
 Ghaibh díbheirg lastuas dá meanmain mhórtais araon leis; Ghlaodar chun suite ar an gcomplacht éilimh 's a geluiche do thréigean;
 Chrom Antanús mac Eoipéitéis go mairgeach ar labhairt leo, Fiúnach 'na chroí, agus a shúile mar lasracha tine; is é a dúirt sé: "Cloisidh an bua seo, mo dhiachair, a rug Teilimiceas orainn: Thug sé an t-aistear chun críche, is é maíte againn uile ná déanfadh.
 D'imigh an gearrchach de neamhthoil an oiread seo daoine go simplí.
 Chuir sé dea-árthach ar snámh is a rogha den oileán aige d'fhoirinn.
 Déanfaidh an buachaill seo scrios orainn fós is go luath, mura dtoileoidh
 Séas, mar a ghuím, críochnú lena neart sara dtiocfaidh a mhéid ann.
 Brostaídh, faighidh bád mear agus cruinnídh fiche maraí dhom D'fhonn is go seolfad ag faire ar a theacht is go ndéanfad go cliste air
 Oirchill in sa bhealach idir Iticé is Samas na bhfailltreach,

Agus go gcaoinfidh an t-ógmhac a thaistil ar muir ar son a athar."
 Labhair seisean amhlaidh, is mholadar leis, gach duine den chomplacht,
 Is láithreach do sheasadar suas 's isteach leo i dteaghlach Odaiséis.
 Níor rófhada ina dhiaidh sin a bhí Peanápla fágtha Dall ar na bearta gan trua a bhí an complacht éilimh a mheáchaint.
 Ba é a dúirt léithi, Meadón fógróir, mar do ráinig ag éisteacht Lasmuigh ' dhoras an halla is an feall istigh acu á chuimsiú. D'imigh sé siar in sa tigh chun go bhfaigheadh Peanápla a scéala.
 Chonaic sí sin é is a chos aige á cur thar tairsing is dúirt leis: "Inis, a fhógróir, dom cad d'ordaigh an complacht éilimh mar ghnó dhuit?
 Ba é ní a tugadh le rá dhuit le bantracht theaghlach Odaiséis, Scor dá n-obair is féasta do chóiriú láithreach sa halla?
 B'aoibhinn liom, ó, dá bhfeicinn an lá is deireanaí dá gcuid fleatha,
 Is ná beadh éileamh mo phósta ná tuilleadh dá gcruinnithe i ndán dóibh!
 Bíonn bhur slua gach lá is anspás acu á dhéanamh den bheatha A shaor Teilimiceas óg lena chnuaisciúin. Do réir mar a chimse, Níor chlos d'aoinne agaibh riamh ina pháiste bhur n-aithreacha ag insint
 Conas a bhíodh Odaiséas leo féinig san am ar an mbaile: Gníomh mírialta ní dhearna le haoinne dá raibh in sa tír seo, Ná cruachaint ní dúirt, is gur minic is gnách leis na ríthe Naimhdeas do dhuine dá muintir is fabhar do dhuine eile do thaispeáint.
 Ach ní dhearna sé sin aon éagóir riamh ar na daoine. Sibhse le gránnacht bheart léiríonn sibh an aigne atá ionaibh, Is níl aon bhuíochas inniu dá dhílse do bhí sé fadó dhaoibh."
 D'fhreagair Meadón an bhean uasal go mánla dea-mheabhrach is dúirt léi:
 "B'aoibhinn duit é, a bhanríon, dá mba é barr donais an méid sin!
 Tá níos measa go mór ag an gcomplacht éilimh á bheartú, Gníomh níos gráine ná riamh, is nár thuga mac Chronais chun

críche é!
 Is é is mian leo, Teilimiceas d'fháil ar a bhóthar abhaile
 Is feallbhás d'imirt le faobhar air; do ghluais sé go Píolas le
 déanaí
 Agus go tír Lacadaemóin le tuairisc a athar a lorg."
 Labhair seisean amhlaidh, is tháinig lagú croí is glún ar an
 mbanríon.
 B'fhada gan aon urlabhara í, do líon deoraíocha ina súile,
 Coisceadh a glór binn; labhair faoi dheoidh agus dúirt leis an
 bhfógróir:
 "Ó! Cad chuige gur imigh mo mhac uaim? Ganntar ní raibh
 leis.
 Cad a chuir riamh ina cheann marcaíocht ar na capaill sin mara
 D'ardaíos leotha na daoine, na cianta thar fhairsinge an tsáile?
 Arbh é nár mhian leis go mbeadh rian a ainme féin ina dhiaidh
 ann?"
 D'fhreagair Meadón an bhean uasal go mánla dea-mheabhrach is
 dúirt léi:
 "Ní fheadar an raibh diacht éigin á ghríosú chuige, nó ar thóg
 sé
 Éirim as féin ar an aistear go Píolas, go gcleisfeadh sé faisnéis
 Cé acu an raibh a athair ag filleadh nó an raibh sé básaithe is
 conas."
 Labhair seisean amhlaidh is d'imigh thar n-ais trí ríthigh
 Odaiséis.
 Bhí sise cloíte aige brón bristechroíach 's ní dhéanadh sí feasta
 Suí in aon cheann de chathaoireacha an tí is mórán acu láimh léi;
 Shuigh sí síos ar an dtairsing i ndoras a seomra ghil álainn
 Is ghol sí go dubhach truamhéalach 's a bantracht 'na timpeall
 ag caoineadh.
 Bhailigh gach aoinne acu chuici ón dtigh idir óg agus aosta,
 Is labhair Peanápla leo trí fháscaí goil agus dúirt leo:
 "Éistidh, a mhná ' chroí, liom! Níor thoiligh an Máistir
 Oilimpeach
 D'aon mhnaoi eile de mhná a saolaíodh agus tógadh lem' linnse
 Brón chomh géar le mo bhrónsa; óir chailleas an céile do
 b'uaisle,
 Fear 'na raibh meanma leoin, an tAcaeach do b'fhearra dea-
 thréithe,
 Is insint ar a éachta go forleiththeadúil tré Heilleas is Argas.

Féach ina dhiaidh sin an mac a bhí fágtha agam ardaithe as tigh
 uaim,
 Imithe ar bord gan a chlos dom, ar muir faoi thuargain na
 ngálaí.
 B'eolach sin daoibhse go maith, 's ní tháinig, a scata gan taise,
 Smaoineamh i gceann aon mhná agaibh gur cheart di mé a
 dhúiseacht im' leabaidh
 Nuair chuaigh seisean 'on chuan is gur bhordáil ártach san
 oíche.
 Óir dá gcleisinn in am go raibh meáite aige an t-aistear seo a
 dhéanamh,
 Bheadh air fanacht mar a raibh sé, dá mhéad a bhí fonn air chun
 bóthair,
 Nó nuair d'fhágfadh an teach, is é a d'fhágfadh 'na dhiaidh ann,
 mo mharbh.
 Ach téadh duine go tapaidh ag triall ar mo Dhoilias críonna
 A fuaireas mar ghiolla ó m'athair san am d'aistríos chun an tí
 seo.
 Gheobhfar é i mbun m'úlloird; chomh luath is is féidir, imíodh
 sé
 Chun Laeirtéis anonn, suíodh láimh leis á insint go léir dó,
 D'fhonn is go bhfaigheadh an seanóir beart éigin a cheapadh is
 go ngluaisfeadh,
 B'fhéidir, amach is go ndéanadh gearán leis an bpobal gur mian
 leo
 Deireadh do chur lena chine is le cine a mhic uasail Odaiséis."
 D'fhreagair an bhanaltra ghrách sean-Eoraiclia agus dúirt léi:
 "Mairbh, a iníon gheal mo chroí, más áil leat é, láithreach le
 faobhar mé,
 Nó fág beo faoid' dhion; pé ar domhan é, ní cheilfead an scéal
 ort.
 B'eolach an cúrsa go léir dom is thugas dod' mhac gach ar
 ordaigh,
 Plúr agus fíon, agus chuir sé siúd cuing láidir na mionn orm
 Focal amháin as mo bhéal gan a rá leat mar gheall ar an aistear,
 Nó go mbeadh dhá lá dhéag gafa tharainn, nó fós go mothófá
 Dulta as an áit é is gur chlos ó bhéal duine eile gur sheol sé,
 D'fhonn is ná déanfá lot ar do dhreach rí-álainn le deora.
 Déan t'aghaidh feasta do ghlanadh agus éadaí úra a chur umat,

Is téir lasnairde agus téadh chun an tseomra mar aon leat do bhantracht

Is guigh ar Aitéine na heagna iníon Shéis Tiarna na Scéithe; Tíocfaidh sé fós ón mbás más toil léi sin é do shaoradh.

Is, ó, ná cráigh an seanóir, róchráite atá cheana! Ní mheasfad Choíche go dtugann na déithe do shliocht Aircéisias sinsear Fuath gan staonadh, ach go bhfaighfear go brách brách oidhre acu i seilbh

Phálás ard seo na sean is na ngarraithe méithe ina thimpeall." Labhair sise amhlaidh is chiúnaigh an gol agus thiormaigh na deora,

Is nigh Peanápla a haghaidh, 's rinne éadaí úra a chur uimpi, Is chuaigh lasnairde agus chuaigh chun a seomra ina fochair an bhantracht.

Is líon sí de ghráinní eorna ciseán agus ghuigh ar Aitéine: "Éist liom, a dhiabhean neamhthuirseach, a iníon Shéis Tiarna na Scéithe,

Riamh ina thigh má dhóigh do dheala-laoch ilbheartach Odaiséas Cnámha ceathrún mairt mhéith nó caorach dá thréad chun t'onóra,

Cuimhnigh anois ar an íobairt is fuascail i dtráth ar mo mhacsa, Is cuireadh do bheart drochéirim an chomplachta éilimh ar neamhní."

Labhair sise amhlaidh is thóg geoin ard, agus chuala Aitéine í. D'éirigh i halla na scáth gleo an chomplachta éilimh dá chionn-san,

Is labhair ógánach de lucht sin an teaspáigh is dúirt lena chairde: "Bainis atá inár gcomhair ag an mbanrín a d'éiligh a lán fear, Cinnte, is is dise nach col go bhfuil treascart meáite dá mac féin."

Bhíothas ag caint ar an slí sin, ach is iad a bhí dall ar an gcúrsa. Sheasaimh ina údar 'na measc Antanús, labhair agus dúirt leo: "Scoiridh, a bhuíon róshaonta de chaint ardmhaíreach den tsórt seo,

Is coinnídh iata bhur mbéal sara gclóisfear do mhuintir an tí sibh.

Téanaidh láithreach im' theannta agus tugaidh i gciúnas chun críche

Cúrsa do socraíodh eadrainn inniu is gurbh fhabhrach gach fear dó.

Dúirt seisean amhlaidh is thogh fiche fear des na fearaibh ab fhéarr ann.

Is ghluaiseadar leo go dtí ártach na míre agus imeall na taoide. Rinneadh ar dtúis an dea-bhád sin a tharraing amach in sa doimhneacht,

Is cuireadh inti ina sheasamh an crann agus chrochadar seol air,

Is d'fhágadar cosa na rámh ina lúbáin leathair i gceangal. Socraíodh gach rud i bhfearas go ceart agus leathadh an seol geal.

D'iompair a ghiolla do chách a chuid arm leis síos chun an chladaigh.

Cuireadh 'na dhiaidh sin an t-ártach ar ród agus thiormaigh a foireann.

D'itheadar béile agus d'fhanadar ann nó go dtitfeadh an oíche. Thuas ina seomra, ina leabaidh, do bhí Peanápla mheabhrach. Níor bhlaís bia tráthnóna, ní dheachaigh aon bhraon ina béal siar.

Bhí sí ag smaoineamh de shíor cé acu an ngeobhfadh an chinniúint thar a mac cóir,

Nó an raibh an bás ar a thí trí bhoirbeacht scuain sin an éilimh. A oiread 's a bhíonn d'imshníomh ar an leon agus fiagaithe á chluicheadh

Is eagla ina chroí roimh an mbás nuair bítear ag iamh ina thimpeall,

Bhí uirthi sin nó go dtáinig an suan sólasach le fuascailt.

Chodail 's a ceann ligthe siar, is ba scortha gan tapa dá géaga.

Bhí lena linn rudaí eile dá dtaibhreamh d'Aitéine na súl glas.

Chum sí samhlú mná, Iftíme deirfiúr leis an mbanrín —

Iníon eile do shíolraigh ó Icíreas taoiseach an chroí mhóir;

Phós Eoiméileas í sin, is mhair sí i bhFearae leis 'na phálás.

Ba é a samhlú san do sheol ón ndiabhean go teaghlach Odaiséis D'fhonn is go bhfaigheadh bean bhrónach an tí, Peanápla dhiachrach,

Sos ó shileadh na ndeor 's ó shíorolagón agus chaoincadh.

Chaolaigh an amhailt isteach trí pholl beag na héille sa doras,

Is sheasaimh i gcóngar na leapa aige ceann Pheanápla is dúirt léi:

"Ó! A Pheanápla, a chroí, is róléanmhar a thitis dod' chodladh. Ní theastaíonn ó dhéithe do mhaireas go haoibhinn i gcónaí

Tusa a bheith dubhach faoi bhrón. Creid mise gur ceapaithe cinnte
Filleadh do mhic, óir ní raibh riamh cúis pheacaidh ag déithe air."

Labhair Peanápla mheabhrach ag freagairt an tsamhlaithe i gcodladh

Sámh milis trom is í sínte aige Geata na nAislingí is dúirt sí:
"Cad chuige a dtáingís chugam, a dheirfiúr? Níor ghnách roimhe seo dhuit

Turas a thabhairt, mar is fada go deimhin ón áit seo do theaghlach.

Fógraí deireadh le diachair is deireadh le pianta iomadúla
A bhíos ag mo chiapadh le fada, óir chailleas an céile do b'uaisle,

Fear 'na raibh meanma leoin, an tAcaeach do b'fhearra dea-thréithe,

Is insint ar a éachta go foirleitheadúil tré Heilleas is Argas.
Féach ina dhiaidh sin mo mhac, m'aonghrá-sa atá imithe in ártach,

Is gan puinn céille aige fós ná cleachtadh ar an dtreis is ar an stáitse.

Caoinim é sin is a chás níos mó ná íde an fhir eile.

Bíonn síorchrith ar mo chroí is síoreagla go mbéarfadh droch-chríoch air

Thall in san áit ar a bhfuil sé ag triall, nó i ndiamhair na mara.
Óir tá complacht naimhdeach ag ullmhú beart ina choinne
D'fhonn an fhir óig a mharú sara sroichfidh sé cuan an oileáin seo."

D'fhreagair an samhlú modartha an bhanríon bhrónach is dúirt léi:

"Glac misneach agus ná bíodh t'aighe cloíte le sceimhle.

Óir tá coimhdeacht thréan lena thaobh, a leithéid is a ghuífeadh
Mórán daoine nach é dhóibh féin, mar is cumhachtach an chabhair í,

Pallas Aitéine na bhfeart; bhí trua aici do ghéire do dhóláis,
Is chuir sí chugat mé ar an aer chun go maolóinn t'amhgar lem' scéala."

Labhair Peanápla mheabhrach arís ina codladh agus dúirt sí:

"Más dia tusa go fíor, 's má chuir diacht éigin le scéal thú,

Tabhair faisnéis dom 'na theannta ar an té truamhéalach a luas duit.

An bhfuil sé fós 'na bheathaidh is an bhfeiceann sé solas na gréine,

Nó an bhfuil básaithe cheana is an bhfuair áit chónaithe i Háidéas?"

D'fhreagair an samhlú modartha an bhanríon bhrónach is dúirt léi:

"Ní bhfaighir scéal ar an té sin anocht tríd síos go soiléir uaim,
Pé acu an bhfuil marbh nó beo; ní maith liom na ceisteanna baotha."

B'in é mar dúirt, is cheiliúir trín bpoll beag le hais an sparra,
Is d'imigh sa ghaoith, agus do mhúscail iníon bhocht leiris láithreach,

Is líon sólás ina croí lena chruinne do chonaic sí an aisling,
Chuici as an ndoircheacht d'éirigh in am mhímhairbh na hoíche.

D'imigh an complacht éilimh ar bord lena linn sin ag seoladh
Bhóithre na mara, agus bás Theilimicis óig ar a n-intinn.

Tá oileán beag leath cúrsa idir Iticé is Samas na bhfailltreach –
Astairís ainm na cloiche, is is méiscreach atá sí sa bhealach –
Más ea, tá cuainín inti go bhfuil dhá bhéal air, oiriúnach
D'árthaí ar ród, agus d'fhan na hAcacigh ag faire ann i gan fhios.

V

D'éirigh anoir Áróra ó leabaidh Thiotónais a leannán

D'fhonn is go dtabharfadh sí solas do dhéithe na síre is do dhaoine.

Chruinnigh na déithe ina suí, is ina cheann ar a gcomhairle do bhí Séas

Tiarna na toirní is barr gach cumhachta ina láimh ar an gcruinne.

Thosnaigh Aitéine ina láthair ar scéal thrioblóidí Odaiséis;

Bhíodar á buaireamh, 's an laoch san i dteaghlach na hAinnire;
dúirt sí:

"A athair, a Shéis, is a dhéithe do mhaireas in aoibhneas go síoraí,

Prionsa corónta ná bíodh sárdhiograiseach feasta dá mhuintir,

Ná bíodh lách ná geanúil ná cóir fiú amháin in sa phlé leo,
Ach bíodh cruaidh ina bhreith agus antréan goirgeach 'na
ghníomhartha,

Tráth is nach cuimhin lena mhuintir a rí agus a ndiafhear
Odaiséas.

Is bhíodh ní hamháin ina rí, ach ina athair do chlainn lena
dhílseacht.

Maireann sé anois in oileán faoi bhrú thromualach a léanta,
Toisc nach mór dó fanacht lena neamhthoil i dteaghlach
Chalapsó

Bandia mhara, is ná féadann sé filleadh ar a thír agus fonn air,
Óir níl ártach le fáil faoi mhaidí rámba aige ná complacht
D'ardódh leo lena neart é thar dhromanna leathana an tsáile.
Táthar anois chun a mhic dhil d'fháil ar a bhóthar abhaile,
Is feallbhás d'imirt le faobhar air; do ghluais sé go Piolas le
déanaí

Agus go tír Lacadaemóin le tuairisc a athar a lorg."

D'fhreagair is dúirt lena iníon dia chruinnithe scamail na
spéartha:

"Cad é an chaint sin, a iníon, atá éalaithe amach thar do bheals!
Nach agat féin atá beartaithe is molta go ndéanfadh Odaiséas
Agairt a dhíoltas ar bhuin sin an éilimh ar theacht ar an bhfód
dó?

Fút Teilimiceas óg, ós tusa atá deas air, a stiúradh,
Ionas go mbuailfidh sé port san oileáinín dúchais gan mháchail,
Agus go bhfillfidh an complacht éilimh is a dturas in aistear."
Labhair seisean amhlaidh, is d'iompaigh chun Heirméis a mhac
agus dúirt leis:

"Ós i do theachtaire dhúinne ba ghnáthach ariamh duit, a
Heirméis,

Seo leat go cúilinn na dtonn leis an reacht nach folamh a
fágfar —

Fillfidh Odaiséas cásmhar — is inis di conas mar ghluaisfidh
Gan cabhair d'fháil ó neach, gan tionlacan déithe ná daoine,
Ach anró aige dá fhulang ar chliath mhóir chláracha snaidhmthe.
Sroichfidh sé i gceann fiche lá port éigin ar chósta na Sceiria,
Tír mhórfhóid na bhFaicidhicéach go maítear a ngaol leis na
déithe.

Déanfaidh a muintir onóir dó mar gheobhadh dia uathu le
hardchroí,

Tabharfaid dó foireann is ártach a bhéarfas thar lear chun a
thíre é,

Is ní spárálfaidh a bhféile ar an laoch, bróinse, ór agus éadach,
Níos flúirsí ná a chion tar éis Traí agus a muintir a chreachadh,
Fiú dá mbéarfadh sé slán leis an tslaid sin go deireadh na scríbe.
Óir tá i ndán dó sa deireadh go bhfeicfidh a chairde is a phálás
Ceannard breá faoin aer, is go bhfillfidh ar thalamh a shinsear."
Níor chás diúlta do Heirméis a mhairbh an t-arrachtach Argas.
Chuir sé gan mhoill dá laghad ar a chosaibh a shandailí áille,
Baill ardchaithiseach óir, d'iompraíodh é ar phlánaí an uisce
Agus ar fairsinge thíre le mire na bhfeothainí gaoithe.

Thóg sé an tsat san go gcuireann sé draíocht léi ar shúile na
ndaoine

Do réir mar is toil leis, 's is léi a dhúisíonn sé na daoine as a
gcodladh.

D'eitill, is an tsat san 'na lámha, an té a mhairbh an
t-arrachtach Argas.

Thuirling den spéir ar Phíria, agus léim ar an sáile den chnoc
san.

B'iúd leis ar chuma na faoilinne i gclaiseacha doimhne na mara
A ghnáthaíos fiach ar an iasc trí fhiantas na n-ólaithe móra,
Is clúmh mion tiubh is cleití faoi stealladh na farraige cáití.
B'amhlaidh do Heirméis a rinne marcaíocht ar na tonna
iomadúla.

Ach nuair shríoch sé an t-oileán atá suite a fhorimeall an
domhain seo,

D'fhág sé an fharraige chorcra is thiormaigh ar chósta na tíre,
Is tháinig go dtí an uamhain mhór 'na raibh áitreabh na hainnre
gile,

Is ráinigh an chúileann istigh. Bhí búirthé tine sa teallach,
Is leath sí ar fuaid an oileáin boladh dhóite na giúise is an
chéadair.

Bhí sí féin ag gabháil amhráin de ghuth álainn istigh ann
Is chloisfeá anonn is anall in sa tseol spól óir aici á chaitheamh.
Bhí coill uaithe go craobhach ag fás mórthimpeall na
huamhnach,

Cufróg chumhra agus trom agus crann caol crithin le chéile.
Faoi scáth dorchá a nduilliúir do bhí éanlaithe taibhseacha ag
neadú,

Seabhac agus liathcheann cait is préachán coisdearg na scréachaí,

Éanlaithe mara go ndéanann an tonn dóibh iomaire a gceirde.
 Bhí gais fite ina chéile go scáfar ar dhoras na huamhnach,
 Finiúin bhorb a bhí ann is caortha uirthi fästa ina dtriopaill.
 Le hais a chéile do bhí ceithre toibreacha fíoruise ghléigil,
 Is uathu do leath máguaird ceithre cinn de shruthánaibh go
 húrmhar,
 Is móinéir mhíne ina dtimpeall a raibh sailchuach agus peirsil
 Flúirseach ina measc; fiú amháin dia síoraí ag teacht ina láthair,
 Chaithfeadh sé tamall ag féachaint is líonfadh ina aigne
 d'aoibhneas.
 D'fhéach, leis, tamall, an dia san a mhairbh an t-arrachtach
 Argas,
 Ach nuair bhí lán súl aige fachtá dá raibh ar a chongar,
 D'iompáigh sé láithreach ar dhoras na huamhnach. Ní de
 Chalapsó
 A chuaigh é d'aithint gan mhoill, is í i bhfianaise an dé sin 'na
 diabhean,
 Óir bíonn aithne láithreach ag déithe na síre ar a chéile,
 Fiú más scartha óna chéile na mílte de mhílte dá n-áitreabh.
 Níorbh istigh ar an uair seo don laoch mhórmheanmach
 Odaiséas;
 Ráinig sé suite ar an dtráigh mar ar ghnách leis ag caoineadh
 gan traoadh,
 Agus a chroí á bhriseadh le síorolagán agus léanta,
 Is fairsinge an tsáile ina radharc agus deora go deo lena leacain.
 Réilteann na ndiabhan Calapsó, do sheol sí an dia chun
 cathaoireach
 Gléigile líofa, is ar bheith dhó ina shuí chuir ceist air is dúirt
 leis:
 "Cad faoi ndear duit, a Heirméis na hórshlaite, an chuairt seo a
 thabhairt orm?
 Bheirim duit cairdeas is urraim, ach fós, ní minic a thig tú.
 Abair an ní atá ar t'intinn - is déanfad go fonnmhar rud ort,
 Má tá an gníomh ar mo chumhacht, más amhlaidh is féidir é a
 dhéanamh.
 Lean mé, led' thoil, chun an bhoird seo, go ndéanfaidh tú
 m'fhéile do thástáil."
 Labhair sí leis amhlaidh, an diabhean, is leag sí an bord os a
 choinne,

Lán d'ambróise agus mheasc sí i gcorn deargneachtar 'na
 thómas.
 Shuigh agus d'ól agus d'ith an té a mhairbh an t-arrachtach
 Argas,
 Is nuair bhí a bhéile aige caite agus a aigne líonta de shástacht,
 Thosnaigh sé láithreach ar chaint agus d'fhreagair is dúirt le
 Calapsó:
 "Dia mé, is, a dhiabhean, do chuiris-se ceist mar gheall ar mo
 thuirling.
 Do réir mar d'fhiafraís diom, gheobhair freagra gan cháim gan
 agó uaim.
 Ba é Séas d'ordaigh dom turas a thabhairt ar an áit seo dom'
 neamhthoil -
 Is dá dheoin féin cé a shiúlfadh an t-éacht mór sáile do leath
 romham
 Fairsing is diamhair, gan cathair im' chongar a ndéanann a
 muintir
 Íobairt is urraim do dhéithe, is a lán mart méith acu á
 threascáirt? -
 Ach Séas Tiarna na Scéithe ó bheartaíonn aon rud ina intinn,
 Níl dul uaidh aige dia des na déithe ná déanamh 'na choinne.
 Deir sé gur farat don bhfear san ba mhífhortúnaí des na laochra
 A chomhraic ar feadh naoi mbliain faoi fhallaí láidre a chosain
 Priam is a chathair, is d'ionsaigh sa deichiú bliain í is a
 léirscios,
 Is d'imigh 'na dhiaidh; ach sa bhfilleadh pheacaíodar in éadan
 Aitéine,
 Is mhúscaíl an diabhean drochghála ina n-aghaidh agus ólaithe
 fada.
 Cailleadh a bhuíon chompánach le briseadh na loinge go
 hiomlán,
 Is hardaíodh eisean i leith leis an ngaoith is le fórsa na taoide.
 Ordaíonn Séas duit anois é a ligint abhaile gan righneas,
 Óir ní bás san oileán seo is i bhfad ó mhuintir is dán dó;
 Is é atá i ndán dó sa deireadh, go bhfeicfidh a chairde is a phálás
 Ceannard breá faoin aer, is go bhfillfidh ar thalamh a shinsear."
 B'in é mar labhair, is bhain crith as Calapsó réilteann na
 ndiabhan,
 Is d'fhreagair sí teachtaire Shéis agus mire ina caint agus dúirt
 leis:

"Dream gan trua sibh, a dhéithe, agus formad agaibh thar a maireann,

Ó dhoicheallafonn bhur gcroí bandéithe do chodait le fearaibh,
Nuair ná ceiltar a searc is go bpóstar an laoch leis an ndiabhean.

Tharla mar sin d'Áróra na méar rósdearg is d'Óiríón -
Bhíobhair i bhformad go deo leo is parthas saoil agaibh féinig,
Is Artaimís Maighdean an fhiaigh, d'fhág sise a cathaoir in Oilimpeas

Is bhí in Ortaigia ar a thóir agus mhairbh le saighid an neamhphiaín é.

Agus le géilleadh dá mian nuair luigh Déiméitéir na mbúclaí
Codlatach grách in sa ghort trín mbarr úd i mbaclainn lásain,
Séas gan a scéal níorbh fhada, is gur mhairbh a thoirneacha an leannán.

Amhlaidh anois de 'ur n-éad liom, a dhéithe, de chionn go bhfuil fear liom,

Fear a fhuasclaíos ón anaithe is é ag marcaíocht ar a chile
Tar éis dá bhád a bheith briste agus réabtha aige toirneacha
Shéis mhóir,

Mílte ón gcósta seo ar muir, is go dtáinig sé ina aonar ag taoideáil.

Cailleadh a bhuíon chompánach le briseadh na loinge go hiomlán,

Is hardaíodh eisean i leith leis an ngaoith is le fórsa na taoide.
Chabhras go muinteartha leis, do chothaíos é, gheallas go dtabharfainn

Saol dó gan bás is gan aois ag mo thaobh feadh na laethanta síoraí.

Ach Séas Tiarna na Scéithe ó bheartaíonn aon rud ina intinn,
Níl dul uaidh aige dia des na déithe, ná déanamh 'na choinne.
Is má bhíonn seisean ag tathant go ligfinn chun siúil é is ag ordú,

Téadh sé ar fairsinge an tsáile, ach fearaistí iompair ní bhfaighidh uaim,

Óir níl ártach le fáil faoi mhaidí rámha agam ná complacht
D'ardódh leo lena neart é thar dhromanna leathana an tsáile.
Ach meabhród dó go fonnmhar is ní cheilfead air aon chuid de m'colas

Ionas go mbuailfidh sé port san oileáinín dúchais gan mháchail."

D'fhreagair an teachtaire a mhairbh an t-arrachtach Argas is dúirt léi:

"Lig é, mar deirir, chun siúil, agus ná cuir Séas leat in earraid,
D'fhonn is ná braithfir a chumhacht lá éigin ag agairt a dhíoltais."

B'in é mar labhair an té a mhairbh an t-arrachtach Argas, is d'fhág í.

Gach a raibh ráite aige ar orduithe Shéis nuair chualaidh an ainneir,

Shiúil sí amach faoi dhéin a leannáin mhóraigeanta Odaiséas.
Fuair sí suite ar an dtráigh é, agus riamh níor thirim dá shúile;
Milseacht an tsaoil a ghaibh thairis le linn deoraíochta do chaoineadh,

Is fillleadh ar a thír nár fhéad is nár thaitin an bhruinneall leis feasta,

Is oícheanta á dtabhairt lena taobh aige sínte mar b'éigean dó a dhéanamh

Faoi dhíon uamhnach oileáin is nárbh eisean ach ise a bhí fonnmhar.

Chaitheadh sé laethanta a bheatha ina shuí faoin bhfaill is ar an gcladach,

Agus a chroí á bhriseadh le síorolagón agus léanta,
Is fairsinge an tsáile ina radharc agus deora go deo lena leacain.
Sheasaimh an diabhean go maorga, go hálainn lena ais agus dúirt leis:

"Nár chás domsa, a ainmiseoir, thú a choimeád faoi dhiachair san áit seo,

Is nárab ag leá ann dod' shaol. Féach, ligfead chun siúil thú le lánóil.

Is é nach mór duit anois, crainn arda do leagadh is do phlánáil,
Is cliath bhreá leathan a dhéanamh is bord uirthi in airde do thógaint,

D'fhonn is go mbéarfaidh sí slán trí fairsinge cheoch an aigéin thú.

Cuirfidh mé féin ar a bord fion dearg is arán agus uisce,
Stór chun do ghoile do shásamh san aistear 's an ghorta do dhíobirt.

Geobhaidh mé go cluthar thú in éadach is bhéarfaidh mé cóir ag imeacht duit

D'fhonn is go mbuailfidh tú port san oileáinín dúchais gan
mháchail,
Más é is toil leis na déithibh a mhaireas sa bhfairsinge spéirghil,
Is cumhacht acu is mó ná mo chumhachtsa chun meabhraithe is
tabhartha chun críche."
B'in é mar labhair, 's bhain crith as Odaiséas éachtach an
fhulaing.
Tháinig ar a aigne líonrith, is d'fhreagair sé is dúirt le Calapsó:
"Filleadh ar mo dhúchas, a dhiabhean, ní hé atá id' cheann ach a
mhalairt,
Nuair a ordaírf dom ar chliath suaill éachtach na farraige a chur
díom.
Sin gníomh deacair is diamhair, is minic ná tagann le hárthaí
Dá fheabhas déanamh atáid, is a seolta go buacach le gaoith
Shéis.
Dul ar an gcliath ní leomhfainn, a dhiabhean, i gcoinne do thola
Choíche go gcuirfir thú féin faoi bhrí mionn mór ar an mball
seo,
Gan dochar éigin de bhreis ar ar tharla dom cheana do bheartú."
Dúirt, agus bhí fáthadh an gháire ar Chalapsó réilteann na
ndiabhan.
Leag sí a lámh ar an gcuradh le fonn tláithínteachta is dúirt leis:
"Cladhaire is ea tusa go deimhin, is ba dhearmad dom saonta do
thabhairt ort,
Tráth is go dtiocfadh id' mheabhair a leithéid sin de bhréithre
do rá liom.
Cloiseadh an talamh anois, agus fairsinge spéireach in airde,
Is abhainn chrón Stiocs ag imeacht léi síos - is é an mionn san is
treise
Agus is déine do cloistear á thabhairt aige déithibh an
aoibhnis -
Ná beartód aon dochar de bhreis ar ar tharla duit cheana.
Ní bheartód, ach a mhalairt, mar dhéanfainn dom féinig a
bheartú
Dá dtarlódh dom a bheith in sa riachtanas chéanna ina bhfuilir.
Óir tá m'intinnse cóir, is ní d'iarann a chruthaigh an nádúir
Croí do Chalapsó ina cliabh; is é is fearr liom, an trócaire a
ghnáthú."
Nuair bhí labhartha aige bruinnill na scéimhe, do chuir sí chun
bóthair

Chomh mearchosach is d'fhéad; lean seisean ar shála na bandé.
Ghluaiseadar leo go dtí an uamhain faoin bhfaill idir dhiabhean
is dhuine.
Shuigh Odaiséas sa chathaoir a bhí fágtha ó chianaibh ag
Heirméis,
Is bhailigh an ainnir 'na chomhair ar an mbord gach ar
theastaigh chun béile,
Deoch agus bia den chineál a chothaíos ár gcine ar an saol seo.
Shuigh sí féinig i bhfianaise an laoich go raibh dealramh na
diachta air,
Is chóirigh a bantracht is thug di a cuid féin, ambróise agus
neachtair.
Shíneadar lámha chun an bhídh a bhí ullmhaithe rompu go
blasta,
Is bhaineadar sásamh a ndúl as a raibh ann le n-ól is le
n-ithe.
Dúirt ansan leis an gcuradh, Calapsó réilteann na ndiabhan:
"Abair, a dhalta de Shéas, is, a mhic Laeirtéis, a Odaiséis,
A fhir ilbheartaigh, an fíor go bhfuil t'aigne socair ar fhilleadh
Uaimse ar do dhúchas is láithreach? Go dtéir slán ann ar a shon
san!
Ach dá mb'eolach go fíor duit a bhfuil fós d'amhgar le breith
ort
Sara mbeidh port agat buailte in oileáinín dúchais do shinsear,
D'fhanfá faram san áit seo agus mhairfeá i gcúram an tí seo
Saor ón mbás faoi shó, dá éachtaí is mian leat do chéile
D'fheiscint arís, dá dhiachraí a bhí feadh na laethanta ag tnúth
léi.
Maím orm féin dá ainneoin sin ná beircann do chéilese barr
uaim
Maidir le scéimh is le déanamh; ní oireann do dhaoine gur dán
dóibh
Bás faoi dheoidh a bheith á fhéachaint le déithibh i ngné agus in
áilleacht."
Labhair Odaiséas ilbheartach ag freagairt is dúirt le Calapsó:
"Ná tóg ormsa a labharfad, a dhiabhean; is eolach go
dianmhaith
Domsa gur iarracht gan chéill Peanápla a chur i gcomórtas
Leatsa, is gur suarach a háilleacht i gcomhnard leatsa is a hairde.
Óir níl inti ach duine, agus bás ní bhéarfaidh ná aois ort.

Féach ar a shon san gur mian liom 's go nguim feadh na
laethanta a mbairim
Teacht chun mo theaghlaigh arís agus grian lae an fhille do
bhreathnú.
Is má mheánn dia des na déithe mé a bhriseadh an athuair ar an
mórmhuir,
Broicfead leis sin; tá an croí seo im' chliabhsa seanoilte ar an
ndiachair.
Óir d'fhulaingíós mórán ar na hólaithe cheana is i gcogadh,
Is ghaibheas trí neart callshaoth, is biodh seo fairis sin in sa
mharc orm."
Labhair seisean amhlaidh, is d'imigh an ghrian agus tháinig an
oíche.
Chuadar araon isteach mar a raibh cúlsheomra na huamhnach,
Is fuairadar aoibhneas na seirce, ina luí dhóibh le hais a chéile.
Nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rósdeirg na Maidine,
D'éirigh Odaiséas láithreach is chuir air a chóta is a chlóca,
Is ghaibh, leis, an ainnir i féinig i bhfallaing a bhí fada gléigeal
Caithiseach éadrom, is cheangail sí órchrios lonnraitheach álainn
Timpeall a coim is chuir caidhp ar a ceann, agus thosnaigh ar
mheabhrú
Conas mar ligfeadh chun bóthair a laoch móraigeanta Odaiséas.
Thug sí dhó tua mhór bhróinse, a bhí déanta go cruinn chun
dea-ghreama,
Is faobhar dhá thaoibh ar a béal; crann ola ba ea an t-adhmad dá
ndearnadh
Cos bhreá dhaingean na tua; tál líofa ina teannta do fuair sé.
Shiúil sí is eisean 'na diaidh nó gur shroicheadar rinn an oileáin
bhig
Mar a raibh coill chrann ard; bhí giúiseanna fāsta go haer ann
Is trom agus críthean farótha, gan éirí súlaigh i gcrann díobh,
Stálaithe críonna, thar barr chun snáite lena éadroime a bhíodar.
Nuair a thaispeáin sí an ball dó ina raibh crainn arda na coille,
D'fhág agus d'imigh abhaile, Calapsó réilteann na ndiabhan.
Chrom seisean láithreach ar ghearradh na gcrann agus rinne go
pras é.
Leag sé ar fad fiche ceann acu a thál sé go gasta lena fhearas,
Is liomhaigh go heolgaíseach iad, agus dhírig go cruinn le dorú
iad.
Tháinig is thug chuige tarathar, Calapsó réilteann na ndiabhan.

Tharathraigh seisean na crainn is in oiriúint dá chéile do chuir
iad.
Shnaidhm sé le chéile na plaine le pionnaí trí phoill is le siúntaí.
Nuair bhíonn ceardaí cliste i mbun báid luchtóireachta a
dhéanamh,
Ceapann sé leathan sa bhíoma í, agus lean an dea-shaor san
Odaiséas
Patrún leathan dá shórt nuair bhí sé ag déanamh a chléithe.
Thiar uirthi thóg sé an stáitse, ba dhlúth lena chéile dá sheastáin,
Is chríochnaigh sé a dhéanamh go deas ag cur lataí fada orthu
trasna.
Shocraigh sé crann ar an gcliath agus chuir cleith sheoil air in
airde
Is chuir inti maide chun stiúrtha a choinneodh i díreach 'na
cúrsa.
Rinne sé timpeall a chiumhaise obair chléibhe tuigí chun go
maolódh
Tuargain na dtonn, agus leag ar a bord last adhmaid go
flúirseach.
Tháinig arís chun na coille, Calapsó réilteann na ndiabhan
Is anairt 'na lámha chun an tseoil, agus ba é féin d'fhuaigh é go
hoilte,
Is cheangail go cruinn lena mbaill háilléir agus geidheanna agus
siotaí,
Is tharraing an cliath leis ar mhuin chrann iompaithe síos chun
an tsáile.
Tháinig an ceathrú lá is bhí an laoch mór scortha dá shaothar.
Chuir sé chun siúil ar an gcúigiú lá is d'fhág slán le Calapsó,
Tar éis dise folcadh do thabhairt dó agus éadaí cumhra a chur
uime.
Chuir sí ar bord fion crón agus fíoruisce in áraistí seithe,
Is lón chun an aistir i sac is iomadúlacht shólaistí breátha.
Mhúscaíl sí gaoth bhog shéimh lena shéideadh ar a chúrsa go
haoibhinn.
Mhéadaigh ar fhonn Odaiséis agus leath sé a sheol leis an
leoithne,
Is d'oibrigh sé maide na stiúrach go hoilte is é suite ar an stáitse.
Níor thit néal ar a shúil ach ag faire de shíor ar an dTreighdín,
Agus ar réaltain gur déanach a dul faoin uisce, Bóidhitéis,

Agus ar Bhéar mór neimhe go nglaoid chomh maith air an Céachta
 A iompaíos timpeall an Pholla go hard agus faire aige ar Óiríón,
 Is ná faigheann ionladh na mara go deo, an t-aon réalt atá amhlaidh.
 D'ordaigh don laoch sarar ghluais sé, Calapsó réilteann na ndiabhan,
 Bóithre na mara do sheoladh is an réalt so do choiméad ar a láimh chlé.
 Seacht lá dhéag do bhí caite mar sin aige ag siúl ar an mórmhuir,
 Is bhí an lá gealta ina ndiaidh nuair nocht faoi chrannaibh sa bhfíoraí
 Cnoic Fhaeidhicé ar an dtaoibh di ba ghiorra do thaisteal Odaiséis,
 Is thaibhsigh an talamh mar sciath trí dhiamhaireacht cheomhar na mara.
 Ráinig an diacht antréan ar an uair sin, an Luascaire Cóstaí,
 Díreach ag filleadh ón dtír Éatópach aníos, agus chonaic Ó chnoc Sholama i gcéin Odaiséas ar a chliath, agus do tháinig Fearg air ' bhreis ar sheanfheirg, is chroith sé a cheann agus d'éirigh
 Boirbeáil smaointe ina mheabhair, agus dúirt leis féin ina chroí istigh:
 "Tháinig na déithe, mo mhairg, i dtaoibh Odaiséis ar athchomhairle,
 Le linn domsa do dhéanamh mo chuairte ar an gcine Éatópach. Breathnaigh anois air ag druidim le tír Fhaeidhicé is gur dán dó Éaló choíche ann ar deireadh as an anró cráite ina mbíonn sé. Deirim go dteannfaidh mé, áfach, a dhóthain den ainnise fós leis." Labhair seisean amhlaidh, is shuaith sé an fharraige is chruinnigh na scamaill,
 Is slat trí mbeann ina láimh, is do mhúscaill a bhféadann na gaoithe
 A shéideadh de stoirmeacha fiaine in san aer, is do chlúdaigh le ceobhrat
 Farraige is talamh in éineacht; is thuirling an oíche as na spéartha.
 Bhíodar anoir is aneas ann, na gaoithe, is go nimhneach aniar ann,

Is gaoth sa spéir gheal an tuaiscirt a bhagraíos roimpi an drochólaí.
 Lagaigh na glúine ag an laoch ar an mball agus lagaigh a chroí mór,
 Is lig sé go hard cnead throm, is ag caint leis féinig dó, dúirt sé:
 "Ó, nach brónach mo chás! Cén íde atá i ndán dom ar deireadh? Rómhór m'eagla anois gurbh fhíor gach a ndúirt liom an bhandia.
 Thairngir go bhfaighinn ar an muir sara sroichfinn dúchas mo shinsear
 Saol comhlíonta d'iomard; agus tá san tugtha chun críche; Óir leath Séas uilechumhachtach a scamaill ar fhairsinge neimhe Is rinne sé suathadh na dtonn, agus d'ionsaigh na stoirmeacha in éineacht
 Ós gach aird as a séideann an ghaoth; níl romham ach an t-anbhás.
 B'aoibhinn go deimhin 's ró-aoibhinn don tslua Airgíbeach a básaíodh
 Thall faoin dTraí mhóir fhairsing ag comhrac ar son na nAitrideach.
 B'fheart liom gur dhán dom mo bhás agus teacht mo chinniúna ar an bhfód san
 Thall ar an lá úd go raibh slua d'fhianna na Traí lena sleatha Fonnmhar ag caitheamh i m'aghaidh mórthimpeall ar mharbh Aichilléis.
 Gheobhainn ardtuama dom' chorp is mo chlú dá chanadh ag Acaeaigh;
 Saoradh mé, tuigim anois é, chun báis níos gráinne do bhreith orm."
 Sin é mar dúirt, agus léim tonn mhór agus d'ionsaigh anuas é D'aon ráib fhíochmhair amháin, agus chas mórthimpeall an chliath air.
 Caitheadh i bhfad as an gcliath é agus sciobadh go hobann dá lámha
 Maide na stiúrach, is lúbadh an crann nó gur briseadh 'na lár é Trí ghuairneán uafásach na ngaoithe ina gcoimheascar le chéile. Thit idir sheol agus chleith, agus scuabadh amach ar an muir iad.
 Faid gach 'n fhaid bhí an laoch faoi loch, is níor fhéad lena dhícheall

Barra do shroichint go luath lena threise a bhí tuargain an ólaí,
Is éadaí troma Chalapsó go raibh sé gafa ina n-achrann.
Tháinig sé aníos faoi dheireadh agus shéid gach ar shloig sé den tsáile

Ghoirt as a bhéal; 's lena cheann do bhí sáile ina slaodaibh ag sileadh.

Ach dá thnáiteacht a bhí, níor chás dó dearmad a chléithe;
Ghearraigh sé fogha trí thonnaibh 'na diaidh agus ghreamaigh go teann í.

B'iúd uirthi suas leis is suite ina lár sara mbéafradh an bás air.
D'ardaigh an tsuail ag srutháil í anonn is anall ar an muir léi.
Díreach mar a ardaíonn feothain aduaidh léi feochadáin chrionna
Timpeall i ngort in sa bhfómhar is iad casta ar a chéile ina gceirtlín,

Thug séideáin leo an chliath san anonn is anall ar an mórmhuir.
Uaireanta chaitheadh an fheothain aneas faoin bhfeothain aduaidh í,

Is uaireanta ligeadh an fheothain anoir leis an bhfeothain aniar í.
Chonaic iníon Rí Cadmas i gcrúatan é, Íonó na n-alt deas.
Bhí sí ina duine fadó is caint daoine aici; b'ainm anois di Leocaité, agus mhair faoin muir is onóracha dé aici.
Ghlac sise trua d'Odaiséas, faoi léanta ag imeacht ar an bhfán dó,

Is d'éirigh i gcló faoileáin ón dtóinn agus leath sí na sciatháin,
Is léim agus thuirling den aer ar an gcliath, agus labhair agus dúirt leis:

"Cad faoi ndear, a ainniseoir, do Phoiséadón Luascaire Cóstaí
Lasadh le feirg i t'aghaidh, mar is mó pláigh dírithe aige ortsa?
Ní bhásóidh sé thú, áfach, dá mhéad é an fonn atá chuige air.
Glac uaim comhairle le céill; ní mheáimse go bhfuilir neamh - mheabhrach.

Bain díot gach a bhfuil ort, agus fág faoi ghaoithibh an chliath seo,

Is tabhair faoin muir in sa tsnámh agus oibrigh do dhícheall go mbéarfair

Greim ar an dtír Fhaeidhicéach; is tabharfair an t-anam leat amhlaidh.

Seo dhuit ball ó dhia! Faoid' chliabhlach ceagail an chaidhp seo.
Tá bua inti do chuirfeas an dochar 's an bás as do ghair.

Ach tar éis snámh duit i dtír agus breith ar an dtalamh led' ghéaga,

Scaoil ód' bhrollach an chaidhp, agus fill agus caith i bhfad uait i Trasna na dtonn fíorchrón, is cas uaithi ina dhiaidh sin do shúile."

B'amhlaidh don diabhean ag labhairt leis, is thug dó bronntas na caidhpe,

Is thom í féinig i gcló faoileáin ins na hólaithe dorchá.

Chrom sé ar mhachnamh ansan, dialaoch an fhadfhulaing Odaiséas,

Is lig faoi bhuairt tromosna agus dúirt leis féin ina chroí istigh:
"Ó! Is é m'amhras, mo dhiachair, go bhfuil diacht éigin ag beartú

Fill dom arís, is go ndúirt dá réir liom an chliath seo do thréigean.

Ach ní ghéillfeadh di fós, óir níorbh ar mo chongar don amharc Cósta do fuaireas a dúirt sí siúd liom a shroichfinn le m'anam.
Leanfadh a mhalairt de bhirt, samhlaítear dom féinig gur fearr í.
Faid agus a fhanann na plainc in sa chliath seo go dlúth lena chéile,

Fanfadsa féin ina bun 's fulaingeod pé iomard atá i ndán dom;
Ach má réabtar an chliath as a chéile le tuargain na mara,
Snámhfaidh mé, tráth is ná féadfainn a mhalairt de chúrsa do mholadh."

Le linn machnamh mar sin d'Odaiséas agus a aigne do shocrú,
Bhí tonn scaoilte ar a thóir ag Poiséadón Luascaire Cóstaí,
Ólaí seasaitheach ard antréan, agus d'ionsaigh le fíoch é.

Faoi mar a scaipeann camfheothain an chruach 'na bhfuil beatha na bliana

Curtha ina sprios, is go séidtear na soip soir siar in sa gharraí,
Rinneadh le cláracha fada na cléithe. Do ghreamaigh Odaiséas Ceann acu is chuaigh ar a mhuin mar a dhéanfadh marcach le capall,

Is bhain sé dá chorp an troméadach a fuair ón ndiabhean Calapsó,

Is cheangail go pras faoina ucht caidhp Leocaité 'na dhiaidh sin,
Is thug a thosach don aigéan agus thosnaigh ar shnámh ar a dhícheall,

Agus na lámha aige á leathadh. Do chonaic Luascaire an domhain é,

Chroith sé le díomas a cheann agus dúirt leis féin ina chroí
istigh:

"Téir ar an bhfán faoin muir, is bí amhlaidh ag foghlaim an
anró,

Aithne go bhfaighir ar an dtír go bhfuil daltaí déithe ina seilbh!
Is fiú mar sin ní shílím gur beag leat a mbéarfaidh den olc ort."

Labhair seisean amhlaidh is thiomáin roimhe capaill na
moingeacha breátha,

Is bhain leotha Aegae amach mar a bhfuil aige teampall an
ardchlú.

Bhí rudaí eile á dtaibhreamh do dhiabhean na súl glas Aitéine.
Choisc sí na gaoithe ar imeacht ar a mbóithribh i bhfairsinge
neimhe,

Is d'ordaigh sí scor dá séideadh agus titim dá gcodladh gan
mhiam dóibh,

Is mhúscaíl sí gaoth mhear aduaidh, is leibhéil na tonnafocha
d'Odaiséas

D'fhonn is go dtiocfadh i measc Faeidhicéach, scoth na bhfear
mara,

Agus go raghadh rídhalta na ndéithe ó lá na cinniúna.

Dhá lá fhada is dhá oíche bhí farraige bhog ar gach taobh de,
Agus ba mhinic sa bhfán dó do shíl go raibh deireadh ar an
mball leis.

Ach Áróra an dea-fhoilt nuair thug léi maidin an treas lae,
Mhaolaigh an stoirm agus laghdaigh chun suain agus tháinig an
ciúnas

Gan aon mhiam as an spéir, agus chonaic sé talamh 'na chongar
Le géarfhéachaint a thug ar a thógaint in airde ar an ólaí.

Aoibhinn do chlainn a bheith ag féachaint ar athair ag téarnamh
chun beatha

Tar éis bheith ina luí faoi aicíd is na pianta antréana do chuaigh
léi;

B'fhada do bhí sé á chaitheamh is deamhan gránna éigin ag
gabháil dó,

Ach trí ghrásta na ndéithe sin saor ón olc é sa deireadh.

B'aoibhinn mar sin d'Odaiséas radharc d'fháil ar an dtír 's ar a
coillte,

Is bhrostaigh sa tsnámh chun a chosa do luí faoi dheireadh ar an
míntír.

Ach nuair bhí faid a ghlaio ón dtalamh, do chuala sé ag labhairt
ann

Cliatháin ard na gcloch faoi thuargain na haimsire tréine,
Is gach tonn éachtach ag búirtheigh do réir mar a chasadh an
fhaill í.

Siar lena cruacht is gach radharc faoi chlúdach na farraige cáití.
Cuan chun loinge ní raibh ann ná lon ó ghála ann in aon lúib,
Ach cinn mheisceacha tíre agus maoileanna cloiche agus reacaí.
Lagaigh na glúine ag an laoch ar an mball agus lagaigh a chroí
mór,

Is lig sé go hard cnead throm, is ag caint leis féinig dó, dúirt sé:
"Súil nár síleadh an talamh a chím, is mo chreach mé, ní túisce
A thaispeáin Séas é dom' radharc tar éis duibheagán mara do
chur díom,

Ná a léirítear ná faighead aon chaladh le teacht as an gcúran,
Reacaí géara lasmuigh agus na hólaithe geonach 'na dtimpeall,
Is faill gan stuaic uirthi in aon chor, ach líofa ó bhun go dtí
barra,

Is farraige dhoimhin lena hais is gan aon bhonn seasaimh do dhá
chois

Inti ná aon éaló agam as uafás. Agus má thugaim

Iarracht faoi thiormú, ní móide aon ní ná go mbéarfadh

Ólaí mór orm agus go smiotfadh mo bhaill leis an maolchloich,
Is d'fhágfadh sé sin tar éis fuinnimh is fogha gur in aistear
dom' dhícheall.

Is má shnámhaim stáir níos sia feadh an chósta seo ag faire is ag
cuardach

Cuanta i leataobh ón mórmhuir is tránna do bhriseas an taoide,

Rómhór m'eagla ansan go n-imeoinn mar rámh leis an stoirm

Siar ar an muir mhór iascach ag gol is ag cneadaigh im'
ghéibheann,

Nó míol éachtach go nochtadh aníos ar mo thóir as an
nduibheagán,

Arrachtach éigin den ál go bhfuil Amfairíte ina mbun thíos;

Óir is soiléir dom an fuath do bheir Luascaire clúitech an
domhain dom."

Le linn machnamh mar sin d'Odaiséas 's a bheith idir dhá
chomhairle,

Thóg tonn mhór agus d'ardaigh an laoch leis in éadan na faille.
Bhí sé feannta ar an uair sin is mínmhéilt déanta dá chnámhlach

Murach gur mheabhraigh Aitéine na súl glas an bheart seo dá intinn.
 Rinne sé sciúird i leith cloiche agus ghreamaigh go docht lena lámha í,
 Is chnead faoin strus nó gur mhothaigh an t-ólaí mór gafa thairis.
 Shaor ón mbaol san é féin, ach ar chasadh ón bhfaill air don toinn san,
 Fuair an t-athbhuille de rúid i bhfad siar chun na farraige arís é.
 Chítear go tiubh nuair baintear amach as a mháithreacha an scodal,
 Grean ón mbonn ag greamú dá chosa; do b'amhlaidh do chraiceann
 Dhá láimh láidre an laoi ch ar an gcloich, agus d'fholaigh an tonn é.
 Bás thar a raibh ar a chion bhí tarlaithe an uair sin d'Odaiséas,
 Murach go dtáinig dea-chuimhneamh 'na cheann ó Aitéine na súl glas.
 D'éirigh sé aníos go dtí barr; bhí búirthé tairig cois faille;
 Shnámh sé lasmuigh dhe is é ag faire na tíre le súil is go bhfeicfeadh
 Cuanta i leataobh ón mórmhuir is tránna do bhriseas an taoide.
 Tháinig sé ar deireadh sa tsnámh go dtí béal abhann fíoruisce ghléigil,
 Is thaibhsigh dó gurbh é rogha gach baill é le teacht ar an dtalamh,
 Gan aon charraig 'na chongar is scáth ó ghaoithe le fáil ann.
 D'aithin sé cúrsa an Ribhéir agus ghuigh air ina intinn is dúirt leis:
 "Éist liom, cibé tú, a Rí! Tú féinig mo thriall, is gur minic Urnaithe ráite agam leat ar an dtaisteal a rinneas ag teitheadh Chugat ón bhfarraige mhóir is ó dhíbhheirg fhada Phoiséadóin.
 Déithe na síorbheatha féin, nach amhlaidh a thugaid sin urraim D'aon fhear d'fhearaibh a thagas tar éis fánaíochta, mar a thagaim
 Chun do shrutháin is in imeall do ghlún as a bhfuairreas de challshaoth.
 Déan orm trócaire, a Rí; éilim ort ceart ainniseora!"
 Labhair seisean amhlaidh, is stad an Ribhéir idir shruth agus ólaí,

Is rinne sé ciúnas i mbealach an tsnámháí, is d'fhuascail is thug é Slán chun na bruaiche ag a béal, 's a dhá ghlúin crampálta gan anam
 Agus a dhá láimh chróga, mar a bhí a chroí cloíte ag an dtréanmhuir.
 B'aon at amháin dá chraiceann, is bhí á shéideadh ina slaodaibh Sáile as a bhéal is as a shróin, is é i ndeireadh na feide is na gotha,
 Sínte gan bhrí, is b'uafásach thar meon aige fulang na tuirse.
 Ach nuair fuair sé a anáil thar n-ais is gur chruinnigh an neart ann,
 Scaoil dá bhrollach an leithead a fuair ón ndiabhean is lig é Síos leis an sruth ina raibh sáile agus fíoruisce ag caismirt le chéile.
 D'ardaigh an sruth leis anuas é chun Íonó diabhean na mara, Is thóg sí ina lámha é. Do chuaigh Odaiséas ar na ciosaí ag lamhcán
 Is shín sé sa ghiolcaigh ar a ucht, agus phóg sé talamh na beatha,
 Is lig sé os ard cnead throm, is ag caint leis féinig dó, dúirt sé: "Ó! Nach dubhach é mo chás! Cén íde atá i ndán dom ar deireadh?
 Óir má luím faoin mbruaich 's mé ag fulang iomaird feadh na hoíche,
 Beidh sioc cruaidh agus drúcht ón spéir ag gabháil dom in éineacht,
 Is cloífid sin anam an duine do tháinig as fanntais le gairid. Éiríonn gaoth fhuar, freisin, ag seideadh ón abhainn leis an lóchaint.
 Is má théim suas ar an ard faoi scáth crón diamhair na coille, Agus go sínim chun suain faoi chrannaibh is clúid lutharnaí orm,
 D'fhonn a bheith scartha le fuacht agus tuirse, is go dtitfinn dom' chodladh,
 Cá bhfios dom ansan ná go mbeinn i mo chonabhlach d'ainmhithe allta."
 Chaith sé tamall ag smaoineamh is mheas gurbh amhlaidh ab fhearr dó,
 Is shiúil sé suas chun na coille. Ba chongarach bruach an ribhéir di,

Is áit mhaol oscailte timpeall, is dhá chrann ola sa choill sin,
 Fiain agus mín, ó aon stoc amháin, agus chaolaigh sé fúthu.
 Níor fhéad gaoithe na taise aon tsiolla do shéideadh sa bhall san,
 Ná ga gréine gabháil trí scáfaireacht chluthair na mbrainsí,
 Ná braon fearthana riamh, chomh tiubh ar a chéile do bhíodar
 Casta agus fillte. Ba fúthu chun sínte do shleamhnaigh Odaiséas,
 Chrom sé istigh ar dhuilleoga a bhailiú lena lámha chun leapa,
 Óir do bhí raidhse duilliúr faoi chois in sa phruais sin ina easair,
 Oiread 's a dhéanfadh do bheirt nó do thriúr clúid mhaith do
 sholáthar,

Is cosaint ar dhuibheaca na spéire sa gheimhreadh ba dhéine do
 thiocthadh.

B'amharc é a líon d'ardaoibhneas an laoch tromfhulaing
 Odaiséas,

Is shín sé i lar na nduilleog agus bhailigh an t-éacht acu anuas
 air.

Faoi mar a fholaíonn feirmeoir in sa tuaith iargúlta ar a thinteán
 Faoi luaith clár dearglasta, ag coimeád síol tine go maidin
 D'fhonn triall fada do sheachaint, mar ná fuil comharsain 'na
 thimpeall,

Chuaigh Odaiséas faoi chlúid an duilliúir, is níor mhoilligh
 Aitéine

Codladh do leathadh ar a shúile, is na fabhraí do dhúnadh le
 chéile

Ionas go dtabharfadh sí faoiseamh dá bhaill ón dtuirse do
 chloígh iad.

VI

B'amhlaidh ansan dó ina shuan, laoch mór an fhadfhulaing
 Odaiséas,

Cloíte le codladh is le tuirse, agus d'imigh an diabhean Aitéine
 Roimpi sa tír Fhaeidhicéach gur shiúil isteach in sa chathair.

D'áitribh an cine fadó Hipiria sa mhachaire fairsing
 Is chónaíodh treibh an-tréan na gCioclópach láimh lena
 ndúthaigh,

Is bhídís riamh á gcreachadh, mar b'fhearr chun an chogaidh go
 mór iad.

D'aistrigh a rí diabhreá Násatús iad as an dtír sin

Is bhunaigh arís i Sceiria in imigéin ó fhearaibh an anró
 Is d'iaigh dóibh láthair le falla agus thóg dóibh tithe san ianm
 san,

Is rinne sé teampall dá ndéithe agus riar orthu féin na talúintí.
 Bhí sé ar lár ag an mbás roimh an am seo agus seolta go
 Háidéas,

Is shuigh Alcanús ina áit agus déithe á chomhairleach chun
 stiúrtha.

Dhírigh an diabhean Aitéine na súl glas a siúl ar a phálás
 Is mheáigh lena linn cóir fhille dá laoch móraigeanta Odaiséas.
 Bhain sí amach seomra álainn na leapa a raibh inti ina codladh
 Maighdean a dhealraigh le déithe ina patrún scéimhe is ina
 féachaint,

Násacá iníon rí mhóir Fhaeidhicé, Alcanús uasal,
 Is beirt bhan óg ann farae do fuair ó Ghrásaibh a n-áilleacht,
 Sínte i leapacha i gcóngar an dorais i leith an dá phosta;
 Bhí doras iata is a chomhláí go lonrach i solas na Maidine.
 Chaolaigh an bhandia tríothu mar shiolla beag gaoithe agus
 shroich sí

Leaba na maighdine is sheas os a cionn agus thosnaigh ar
 labhairt léi.

Bhí sí i gcosúlacht iníon Dhimis saor éachtach na n-árthaí;
 Comhaos dise ba ea Náscacá is thug sí taitneamh a croí dhi.
 Léithe ab ea a dhealraigh Aitéine na súl glas, is dúirt leis an
 gcailín:

"Á, cad é seo mar neamhchúram ar Náscacá iníon na dea-
 mháthar?

Éadaí gléigeala breátha, sin caite i leataobh le neamhspéis iad!
 Agus do bhainis ag teacht is nach mór a bheith gafa go hálainn
 Duitse is don chomplacht ógfhear a dhéanfas do thionlacadh
 abhaile.

Óna leithéid is ea a thig ardchlú i measc mhuintir an tsaoil seo
 Is bród lúcháireach ar athair 's ar mháthair mar gheall ar a
 leanbh.

Téanam le lóchaint an lae chun na habhann agus déanfam an
 níochán.

Beadsa led' chois agus páirteach san obair leat, d'fhonn is gur
 luaithe

A dhéanfair thú féin d'ullmhú, mar ní fada dhuit feasta i do
 mhaighdin;

Óir gach a bhfuil d'ógánaigh d'fholaíocht arduasail na tíre,
 Éilid thusa mar mhnaoi, mar is tú féin rogha na fola uaisle.
 Seo, sara mbreacfaidh an lá, bí ag tathant ar athair an mhórchlú
 Miúileacha is carr a sholáthar a bhéarfás anonn chun an uisce
 Triúis agus róbaí fada agus fallaingí gléigeala míne.
 Meáim nach gluaiste de chois duit féin ach gur fearra go mór
 duit
 Marcaíocht chairr, mar is fada ón gcathair go pollaibh an
 níosáin."
 Tar éis di na bréithre do rá, chuaigh diabhean na súl glas Aitéine
 Suas go hOílimp' go bhfuil áitreabh na ndéithe de shíor ann,
 mar ráitear,
 Is ná bíonn gaoth á shuaithheadh go deo ná fearthain anuas air,
 Is ná gaibheann sneachta ina leith; os a chionn tá fairsinge spéire
 Leata gan scamail is gile na gile ina thimpeall i gcónaí.
 Bíonn feadh an tsaoil shíoraí sólás aige déithibh an tséin ann.
 B'ann d'imigh diabhean na súl glas tar éis di an mhaighdean a
 chomhairleach.
 Chuaigh Áróra leis sin ar an spéir; bhí Násacá dúiste.
 Ghaibh sí mar réilteann í féin agus ionadh aici á dhéanamh den
 aisling.
 Ghluais sí léithi go neosfadh a scéala do cheannaibh an
 teaghlaigh,
 D'athair is do mháthair, is fuair in sa tigh iad. Ráinig a máthair
 Suite cois tine agus coigeal 'na láimh agus bantracht 'na
 cuibhreann
 Cromtha ar an snáithín corcra do shníomh; bhí a hathair san am
 sin
 Glaoite chun comhairle ag an uaisleacht 's ag déanamh ar dhoras
 an pháláis
 D'fhonn is go suífeadh i gceannas 'na measc, nuair tharla a iníon
 air.
 Sheasaimh an ainnir 'na ghaire os a chomhair agus dúirt sí go
 grách leis:
 "A athair, a chroí, carr ard na ndea-rothanna, ar mhiste leat a
 ordú
 É a chóiriú chun mo ghnó; gach a bhfuil in sa teaghlach seo
 d'éadaí
 Breátha salach agus caite gan aird, tá meáite agam iadsan

D'ardú liom síos chun na habhann agus níochán éachtach a
 dhéanamh.
 Nach cóir duitse thar cách, nuair bhíonn tú fara uaisle na tíre
 Suite is ag stiúradh an stáit, a bheith gafa i nglanédach go
 maorga?
 Tá clann mhac agat, cúigear, 'na gcónaí farat sa phálás,
 Beirt acu pósta, agus triúr ógán go bhfuil bláfaireacht iontu,
 Is ná bíd sásta go bhfaighid linéadaí nite go gléigil
 Nuair bhíonn rince le dul air; is bíonn a solátharsan fúmsa."
 Labhair sí mar sin, mar ní ligfeadh an náire dhi i gcaint lena
 hathair
 Tagairt dá pósadh; más ea, thuig seisean go maith í agus dúirt
 léi:
 "Ní dhiúltaim duit na miúileacha, a linbh, ná pé rud atá uait.
 Téir, agus gheobhair carr ard na ndea-rothanna cóirithe
 láithreach.
 Déanfaidh na giollaí é sin duit, is leathfaid in airde air an húda."
 Dúirt seisean amhlaidh is d'ordaigh dá ghiollaí is rinneadar rud
 air.
 Chromadar láithreach sa chlós ar an gcarr dea-shiúlach a
 chóiriú.
 Sheoladar péire deas miúileach i láthair is ghaibheadar don charr
 iad.
 Thug an iníon as a seomra na héadaí gléigeala breátha
 Is rinne sí iad a stobháil ina gcarn ar na cláracha líofa.
 D'ullmhaigh a máthair i gcófra gach aon tsaghas lóin a
 thaitneodh leo
 Is sólaisti eile le blaiseadh, agus tharraing as áras is líon dóibh
 Fíon i mbuidéal seithe ghabhair. B'in suas in sa charr leis an
 gcailín.
 Próicín óir lán d'ola do thug an dea-mháthair ansan di
 Ionas go dtabharfadh olú tar éis ionlaithe dhise is don bhanracht.
 Thóg sí an sciúirse ina láimh agus téada a raibh gléas ina leathar,
 Is bhuaill buille beag is ba chlos glór sodaí á bhaint as an
 dtalamh;
 Shíneadar siúd iad féin, d'ardaíodar an t-éadach is í féin leo,
 Is níorbh ina haonar a chuaigh, mar do thionlaic a bantracht de
 chois í.
 Nuair shroich buíon na mban óg abhainn álainn na sruthanna
 geala

Mar a raibh poill níocháin pé séasúr bliana do bheadh ann
Is uisce ina shlaodaibh ag teacht ann a nífeadh dá shailliche iad
éadaí,

Scoireadh an dá ainmhí dá gcuing agus ligeadh chun fain iad,
Is chuadar ag siúl feadh na bruaiche is ag inbhear ar mhilseach
an fhéir ghlais

D'fhás le hais abhainn na ndroimíní. Do thógadar féin ina
mbaclainn

Éadaí leo as an gcarr, agus thugadar síos chun an uisce iad
Is b'iúd leo i dtreis lena chéile dá satailt i bpollaibh an níocháin.
Nuair bhí gach ball tomtha go maith acu is nite go gléigil,
Leathadar iad ina líne ar an dtraigh mar a dtagadh an taoide
Suas is go mbíodh grean mion á ghlanadh ag an muir is á
líomhadh.

Tar éis dóibh snámh ansan is an ola do chuimilt dá gceiceann,
Tógadh an lón as an gcófra agus chaitheadar sínte ar an
mbruaich é

Is thiormaigh a sraith éadaí lena linn faoi sholas na gréine.
Nuair bhí blaiste go leor ag an gcomplacht ban 's ag an
máistreás,

Scaoileadar caidhpeanna dhíobh agus luíodar chun cluiche le
liathróid

Is cantaireacht bhinn amhráin á stiúradh ag Násacá féin dóibh.
Artaimís diashaigheadóir nuair bhíonn ar na hardaibh ag tuirling
Cliathán fada Thaiseatais anuas nó beanna Eoramantais,
Is fonn uirthi is aoibhneas ag fiach éacht tore agus eilití luatha,
Nimfi tuaithe ó Shéas ardtiarna na scéithe do shíolraigh,
Bíd in sa spórt lena taobh, agus bíonn ardáthas ar Léató,
Is ceann agus aghaidh a hiníne os a gcionn 's gur féidir í
d'aithint

Láithreach mar beireann sí léi barr scéimhe ón bhfoirinn an-
álainn;

B'amhlaidh i lár na coda eile don ógh nár bh eolach di céile.
Ach nuair ráinig an ógbhean ag faire ar thiomáint chun an
bhaile

Nuair bheadh míúileacha gafa agus éadaí fillte stobhála,
Bhí rudaí eile á dtaibhreamh do dhia-bhean na súl glas Aitéine,
Dúiseacht a laoi Odaiséas is go bhfeicfeadh sé maighdean na
gile

Agus go seolfadh sí sin go dtí cathair is muintir Fhaicidhicé é.

Chaith banphrionsa na slua an liathróid i leith duine dá
bantracht,

Is d'imigh an t-urchar amú — b'in i gcuilthe an tsrotha don
liathróid.

Thógadar liú is dúisíodh Odaiséas as a chodladh sa bhfascain.
Shuigh se aniar agus mhachnaigh is dúirt leis féinig ina aigne:
"Cad é mar thalamh, mo dhiachair, é seo! Cé a mhaireas mar
dhaoine ann?

Cé acu ina dtreigh fhiain ghoirgeach dóibh is gan aird acu ar
dhlihte,

Nó an mbíonn fáilte roimh fhear coigríoch acu is urraim do
dhéithe?

Cloisim im' thimpeall aníos liú caol mar a thógfadh cailíní,
Nimfi, b'fhéidir, go mbíonn géarbheanna na gcnoc á lonnú acu
Is máithreacha shruth na n-aibhnte agus móinéir mhíne
ghlasuaithne.

Nó an mbeadh daoine ar na cóngair a labhras an teanga do
labhram?

Ach éireod as an áit seo chun eolais is féachfadh im' thimpeall."
B'in é mar dúirt, agus tháinig amach as na fáiseanna ag
lámhacán,

Is ón gcoill chraobhaigh do bhris mar chosaint is chlúdach dá
náire

Brainse dhuilliúir lena láimh ghroí láidir, is d'éirigh is ghluais
leis

Mar gheobhadh leon darbh áitreabh an cnoc le muinín as a
threise

Síos faoi bháistigh is ghaoith, agus a shúile le mire ina spréacha
Tine agus fonn tóraíochta air i ndiaidh na mbeithíoch nó na
gcaorach

Nó i ndiaidh eilití fiaine, is a ghoile dá spreagadh chun ionsaí
A thabhairt faoin dtréad fiú amháin tar éis daingnithe dhóibh ins
na stáblaí.

B'amhlaidh ba mhian leis an laoch Odaiséas dul in imeall na
maighdean

Fáinneach gan ceirt ar a chabhail, mar ba mhór é a riachtanas
chuige.

Thaibhsigh sé míghnáíuil agus screamh ón sáile ar a chraiceann;
Theitheadar leo soir siar chun na bport cois cladaigh le
sceimhle.

Níor fhan díobh ach iníon Alcanúis. Mhúscaíl Aitéine
 Misneach 'na croí is níor lig d'aon chreathadh do theacht ar a
 géaga.
 Sheasaimh sí cruinn os a chomhair. Bhí Odaiséas idir dhá
 chomhairle
 Cé acu do b'fhearr achainí dhó aige glúine na hainnre gile
 Nó labhairt chuici go milis ar leith mar a raibh aige is impí
 Uirthi go neosfadh an tslí chun na cathrach is éadach a thabhairt
 dó.
 Tuigeadh dó gurbh é a leas; tar éis meabhraithe tamall is
 machnamh,
 Milseacht bhréithre do thriail is gan teacht ina cóngar, ar eagla
 Feirge a chur ar an ógh dá mbéarfadh go grod ar a glúine.
 Láithreach ar mhaithe leis féinig do chum caint bhladartha is
 dúirt léi:
 "Féach ar mo ghlúine mé, a Réilteann, i t'fhianaise! An dia tú nó
 duine?
 Más dia tusa de dhéithibh a mhaireas sa bhfairsinge spéirghil,
 Is í gurbh uirthi ba thúisce do chuimhneoinn, Artaimís fiagaí,
 Maighdean 's iníon Shéis mhóir, ar a gné agus a toise is a
 déanamh.
 Ach más duine tú dhíobhsan a lonnaíos talamh na cruinne,
 Aoibhinn don athair gur leis tú, agus aoibhinn don mháthair a
 shaolaigh,
 Aoibhinn dod' bhráithre sa tigh; níorbh fhéidir gan gairdeachas
 choíche
 A theacht ar a gcroí nuair chuimhníod ortsa is go bhfeiceann a
 súile
 Gas chomh hálainn den stoc ag gabháil faoi mhaise chun rince.
 Ach is é duine gur dó thar a maireann ar talamh is aoibhne,
 Eisean a bhéarfas de bharr mórbhronntaisí thusa mar mhnaoi
 leis.
 Óir níl feicthe ag mo shúile go dtí an lá inniu do leithéidse,
 Fear ná bean, agus líonann an mhíorúilt m'aighe d'iontas.
 Lá amháin, chonac i nDéileas le taobh altórach Apalló
 Planda óg pailme ag fás ón bhfód chomh díreach le gáinne.
 Óir ráiníos ann ar aistear, is b'éachtach a raibh faram d'fhianna
 A thionlaic mo shiúl ar an slí gur dhán dom go mbéarfadh chun
 bróin mé.
 Agus ag féachaint dom rinneas i bhfad ardiontas den phlanda,

Óir chomh hálainn leis riamh níor fhás aon tsat as an dtalamh.
 Tig orm uait mar an gcéanna, a bhean óg, néal iontais is
 adhartha,
 Is faoim' dhólás róléanmhar is eagál liom breith ar do ghlúine.
 Tar éis fiche lá ar dhroim mhara b'inné do tharlaíos ar an
 abhainn seo:
 Bhíos lena linn faoi thuargain na n-ólaithe tréana is na ngálaí
 Riamh ó d'fhágas oileán Ógaigia. Ar an dtráigh seo do bhagair
 Lámh dé chruaigh mé, is is breis, ní foláir, den iomard atá
 romham ann.
 Óir ní mheasaim go stadfaidh, tá tuilleadh aige déithibh im'
 chomhair de.
 Bíodh agat trua, a bhantiarna, dom' chás! Ort féinig is túisce
 A tharlaím tar éis a bhfuil gafa agam tríd, is ní mhaím ar an uair
 seo
 Aithne ar aon duine eile dá maireann sa tír nó sa chathair.
 Faighim uait eolas na slí, faighim uait ceirt éigin le cur orm,
 Blúire de chlúid éadaí, má thugais ag teacht a leithéid leat.
 Guímse go dtuga na déithe dhuit féin gach ar mian leat 'na
 chúiteamh,
 Guím fear céile agus teaghlach, is guím ina dteannta san réiteach
 Álainn na dea-lánún, mar ní fearr aon ní ná ní treise
 Ná saol fir agus mná a riaráíos ar an aighe chéanna
 Teach agus clann agus seilbh. A leithéidí is gnáthach go leanann
 Sólás carad is dólás namhad 's barr céime acu féinig."
 Is dúirt Násacá shéimh fhionnghuailleach ag freagairt an
 taoisigh:
 "Ní dhealraí le drochghéig ná le duine neamh-mheabhrach, a
 dheoraí.
 Is é Séas Athair Oilimpeach a riaráíos féin ar na daoine
 Séan pé fóna iad nó suarach, do réir mar is toil leis do chách
 díobh.
 Riaráigh sé ortsa do chion, is níl dul agat uaidh ach é d'fhulang.
 Ach ar an uair seo go sroichir i t'aonar an tír seo is an chathair,
 Éadach nó aon ní eile gur chóir iad d'fháil d'achainíoch bocht
 A insíos a scéal truamhéala go fíor, ní raghairse dá n-éagmais.
 Gheobhair uaim eolas na slí agus inneosad duit ainm an chine.
 Is iad atá i seilbh na háite, idir chathair is thuath, na
 Facidhicéigh,
 Agus is mise, a fhir dheoranta, iníon Alcanúis an chroí mhóir

Rí go bhfuil neart agus cumhacht na bhFaeidhicéach ag brath ar a stiúradh.

Labhair sise amhlaidh, is d'ordaigh dá bantracht fháinneach is dúirt leo:

"Fanaidhse socair, a mhná! Ó radharc fir cá 'il sibh ag teitheadh? B'amhlaidh a bheadh sibh á cheapadh gur fear dár naimhde an té seo?

Níl sé saolaithe fós, ná ní saolófar, an duine

A bhéarfais a naimhdeas is a airm isteach leis i dtír na bhFaeidhicéach.

Óir tá an slua síoraí róbhuíoch dár muintir a lonnaíos
Dúthaigh ar imeall an domhain agus ólaithe móra ina timpeall
Is gan aon chaidreamh go deo orainn ag aon daoine eile dá maireann.

Ach tá an fánaí bocht seo tar éis teach chugainn ar a shiúlta
Is ní mór féachaint 'na dhiaidh; ó Shéas is ea a thagaid go léir chugainn,

Deoraithe trua is lucht déirce atá buíoch d'aon tabhartas dá laghad é.

Seo libh, a mhná liom, is tugaidh le n-ól is le n-ithe don deoraí.
Ionlaidh, leis, in san abhainn é, sa chúil ná béarfaidh an ghaoth air."

Labhair sise amhlaidh, is b'iúd ina stad is ag glaoch ar a chéile iad.

Sheoladar síos faoin scairt Odaiséas mar d'ordaigh a máistreás
Násacá iníon ardrí an chroí mhóir Alcanús dóibh é.

Thugadar clóca agus cóta don té a bhí i ngátar gabhála

Is thugadar próicín óir go raibh ola na sleamhaine ina chomhair ann,

Is mholadar síneadh san abhainn dó agus ligint dá sruthanna é d'ionladh.

Labhair Odaiséas ina measc ansan agus dúirt leis an mbantracht:
"Fágaidh an láthair seo, a mhná; tá screamh ghéar sháile ar mo chraiceann

Is nífead dem' ghuaile le huisce na habhann í is déanfad an ola
A chuimilt arís leis an gcabhail seo atá fágtha le fada dá héagmais.

Ach ní nífead mé féinig, a mhná, os bhur gcomhairse; ba náireach

Liomsa do bheith lomnocht agus maighdeana fáinneacha i m'fhochair."

Labhair seisean amhlaidh, is d'fhágadar é is mhíníodar dá máistreás.

Bhí lena linn screamh shalainn dá chraiceann á glanadh ag Odaiséas;

Nigh sé le huisce na habhann í dá dhrom agus trasna na ngualann

Is dhíbir sé ile na mara le neart scimireála a chuid gruaige,
Is d'ionlaigh a chorp ansan agus chuimil an ola dá ghéaga,
Is chuir air na baill sin a fuair ón ógh nárbh eolach di céile.
Mhéadaigh iníon Shéis chumhachtaigh Aitéine ar an ngroíocht is ar an airde

A bhí ó dhúchas sa laoch, agus scaoil sí go bláfar na locaí
Síos lena cheann ina dtriopaill ar nós iasaintí ina séasúr.

Ceardaí cliste gur mhúin Héafaestas is Pallas Aitéine

Barr gach ceirde dhó is bua, nuair ligeann ar airgead ór buí,

Ceapann sé seod fíorbhreá is bíonn aoibhneas ar chách a bhreathnaíos air;

B'amhlaidh don taitneamh a chuir sí le ceann is le guaillibh Odaiséis.

Shuigh sé ina dhiaidh ar an gcladach ar leitriugh ag imeall na mara,

Is lonraigh le háilleacht mar réalt agus bhreathnaigh an mhaighdean le hionadh air,

Is labhair leis an mbuín bhan fáinneach a bhí á coimhdeacht is dúirt leo:

"Cloisidh, a mhná fionnghuaillleacha, an ní atá ar m'aighe le rá libh.

Ní gan comhthoil déithe gur buan ar Oilimpeas dá lonnú

A tháinig an duine seo inniu i measc mhuintire diaga Fhaeidhicé.

Óir ní fada gur thaibhsigh go suarach im' shúile is go gránna,

Is dealraíonn láithreach le déithe do mhaireas sa bhfairsinge spéirghil.

Dá mbeadh fear dá leithéid ag fanacht in sa dúthaigh seo farainn
Agus go bpósfadh sé liom! Dá mb'áil leis an bhfear seo fanacht ann!

Seo libh, a mhná liom, is tugaidh le n-ól is le n-ithe don deoraí."

Labhair sise amhlaidh, is rinneadar rud uirthi ar nóimint na boise.

Leagadar deoch agus bia faoi bhráid Odaiséis mar a raibh sé. Is b'amlach ag ithe is ag ól laoch mór an fhadfhulaing Odaiséas,

Óir níor bhlaís lena bhéal aon ghreim ná bolgam le fada.

Bhí rudaí eile dá dtaibhreamh do Násacá réilteann na mbáingheag:

Filleadh an beart éadaí agus stobháladh 'na bhall in sa charr é,

Is gaibheadh leis an gcarr an dá mhiúil thréanchrúbacha is d'imigh sí féin suas,

Is ghlaigh sí chuici Odaiséas agus labhair á chomhairleach is dúirt leis:

"Téanam don chathair anois, a fhir dheoranta, d'fhonn is go bhfaighir uaim

Treorú ceart agus eolas chun pálás m'athar. San áit sin

Chífidh tú cruinnithe i ndáil lena rí rogha uaisle Fhaeidhicé.

Éist liom is déanfair do leas, ní dhealraíonn easpa na céille ort.

Faid a bheimidne ag gabháil thar pháirceanna is gharraithe tuaithe,

Bíse sa tsiúl ar an mbóthar go tapaidh i dteannta na mban seo;

Lean leo miúileacha is carr; raghad féin chun tosaigh ag bagairt.

Sroichfeam an áit faoi dheireadh go bhféactfar anuas ar an gcathair,

Is fallaí móra le feiscint is cuanta ag an gcathair ar dhá thaobh,

Is eatarthu teanga thalún ar an dtéitear isteach, agus fánáin

Déanta ann le longa do tharraingt, is caladh faoi leith aige cách ann.

Chífir ann láthair na dála, urlár bloc gearrtha as an gcoiréal,

Daingnithe i dtalamh is teampall an-álainn Phoiséadóin 'na lár san.

Is iad nithe a mbítear 'na gcúram ansan, gach a mbaineann le hárthaí,

Cáblaí is anairt na seolta agus maidí rámha agus a liomhadh.

Saigheadaí cás agus bogha, is róchuma le muintir Fhaeidhicé iad;

Cuirid i gcrannaibh a spéis 's i maidí agus i ndéanamh na n-árthaí

A bheireas a geomplacht fear ar na farraigí liatha go buacach.

B'fhearr liom suainseán gear a leithéidí a sheachaint, ní maith liom

Cáineadh na mbéal antréan rósaoilte nach annamh 'na meascan.

Déarfadh fear coiteann den tslua, dá dtarlódh linne, a leithéid seo:

"Cé hé an fear mór álainn atá i ndiaidh Násacá ag coisíocht?

Cá mbeadh buailte aici leis? Ní foláir nó pósfaidh sí eisean.

Bhí sé i mbád ar an bhfán agus d'fhuascail sí féin ar a chruatan.

Ó thír éigin i gcéin é, mar níl aon treibh ar na cóngair.

Nó an mbeadh freagartha inniu ón spéir ar a hurnaithe diana?

B'fheidir gur thuirling 'na leith dia geal is go mbeidh sí go deo aige.

B'amhlaidh ab fhearr, dá bhfaigheadh ar a siúl ó thiorthaibh i bhfad uainn

Céile, mar níl aon mheas aici ar fhearaibh de mhuintir Fhaeidhicé,

Lucht iomadúil arduasal atá dá héileamh le tamall."

Sin é mar a bheid sin ag caint is náireofaí mise dá dheascaibh;

Is cháinfinn go deimhin, má dhéanfadh iníon nach mise a leithéid sin,

Má shiúlódh sí le fearaibh i gan fhios do mháthair is d'athair,

Sara mbeadh cleamhnas i gceist is go mairfeadh i gcuibhreann an phósta.

Glacsa le m'intinn gan righneas, a fhir dheoranta, d'fhonn is gur túisce

A gheobhair ó m'athair an fhoireann a bhearfás abhaile thú leotha:

Chífir an choill dheas chaorthainn a thíolaic na sinsir d'Aitéine

Le hais na slí; faoina scáth tá tobar, 'na timpeall tá móinéar.

Tá feirm m'athar ansan agus fíoghórt álainn in úrbhláth,

Oiread amach ón mbaile is go mbeadh liú duine le clos uaidh.

Fansa sa choill sin id' shuí nó go mbeidh sé d'aga ag an mbuín seo

Dul faoin mbaile isteach agus pálás m'athar a shroichint.

Ach nuair shílir gur mithid an teach a bheith tarraingthe againne,

Gluais leat amach as an gcoill go dtí cathair Fhaeidhicé agus loirg

Eolas ar phálás m'athar an prionsa Alcanús uasal.

Creid mé gur fuirsíte é d'aithint 's go ndéanfadh an leanbh gan chiall duit

Eolas na slí, mar níl ar na tithe do thóg na Faeidhicéigh

Teach de leithéid phálás Alcanúis gile na laochra.

Lean leat isteach faoi iamh na bhfallaí nó go seasfair sa chlós
mhór;

Díreach is tapaidh ar aghaidh ansan trí halla go sroichfir
Ionad mo mháthar ar lic thinteáin faoi sholas na lasrach,
Agu a drom le piléar agus snáithín corcra aici dá shníomh -
Álainn an t-amharc go deimhin - is a bantracht suite taobh thiar
di.

Chífidh tú m'athair 'na shuí 'na chathaoir is a dhrom leis an
dtine

Láimh léi is fion aige á ól mar a bhíos aige déithe na síre.
Gaibh thairis sin agus umhlaigh go talamh os coinne mo
mháthar

Is beir ar a glúine agus guigh go lamhálfar duit filleadh ar an
ndúchas,

Is ní rófhada uait sólás croí, dá fhaid atá sprioc uait.

Má bhíonn sise ar dea-aighe chugat, níor mhiste go nglacfa
Dóchas go bhfeicfir do chairde an athuair is go sroichfir ar
deireadh

Caisleán t'áitribh i gcéin agus fódán dúchais do shinsear."
Labhair sise amhlaidh is bhuaile ar na miúileacha buille den
sciúirse,

Is d'fhágadar bruach an ribhéir agus chuireadar díobh chun an
bhaile,

Uaireanta sodar deas fúthu agus uaireanta ag gluaiseacht de shiúl
mear.

Bhagair sí roimpi ar an gcuma go bhféadfadh na mná agus
Odaiséas

Teacht suas léi de chois, gan sciúirse do bhualadh ach go fánach.
D'imigh an ghrian ón spéir agus shroicheadar sciorta na coille
A thiolaic na sinsir d'Aitéine, agus chuaigh Odaiséas ina shuí
ann,

Is rinne sé urnaithe láithreach d'inín Shéis mhóir agus dúirt léi:
"Éist liom, a dhiabhean neamhthuirseach, a iníon Shéis Tiarna na
Scéithe,

Éist liom anois faoi dheireadh, ós léir nár éistis liom cheana
Nuair a bhíos scuabtha dem' chléith is í briste ag an Luascaire
Cóstal.

Guím go raibh fabhar dom ag muintir Fhaeidhicé agus trua
dhom go nglacaid."

Labhair seisean amhlaidh ag guí, agus do chuala Pallas Aitéine é,
Cé nár tháinig ina fhianaise fós, de chionn urraime a bhí aici
D'olldeartháir a hathar, a choinnigh go fíochmhar ina intinn
Fiúnach in aghaidh Odaiséis nó gur shroich sé talamh an
dúchais.

VII

B'iúd é san áit ag guí, laoch mór an fhadfhulaing Odaiséas,
Faid a bhí an mhaighdean ag miúileacha tréana dá hiompar 'on
chathair.

Nuair shroich sise go dtí caisleán 's clú-áitreabh a hathar,
Stad sí i gcóngar an phóirse, agus bhí a deartháireacha láithreach
Timpeall 'na ngiollaí breátha do dhealraigh le déithe is a rinne
Miúileacha a scor dá bpolla, is na héadaí d'iompar isteach di.

Chuaigh sí féin chun a seomra, agus ráinigigh ann Eoraimeadúsa
Seantseirbhíseach de mhuintir Éipiris, a dhearg di tine.

D'ardaigh na hárthaí ag luascadh ar an bhfarraige leo as Épireas
Ise fadó, is d'Alcanús uasal a tugadh 'na duais í

'Chionn bheith 'na rí, agus go bhfaigheadh na honóracha a
tugtar do dhéithe.

Bhí sí ina banaltra dhílis do Násacá maighdean na mbánghéag.
Is dhearg sí tine ar an uair seo agus chóirigh suipéar di ina
seomra.

Ghluais Odaiséas ón gcoill lena linn sin ag triall ar an gcathair,
Agus le fabhar dá laoch d'fholaigh diabhean na súl glas le ceo é
D'fhonn is ná geobhadh fear éigin de phoiblíocht lánmhair
Phaidhicé

Chuige le géarfhiosrú céir díobh é is ag tabhairt asacháin dó.

Ach nuair bhí sé ag druidim le geata na cathrach áille,

Ráinigigh Aitéine na súl glas go cruinn ina bhóthar, is dealramh
Aici le cailín de mhuintir na háite agus crúsca aici á iompar.

Sheasaimh sí sin as a chomhair, agus cheistigh an laoch í agus
dúirt léi:

"Cogar, a linbh, an bhféadfá an t-eolas a thabhairt dom chun
teaghlaigh

Phrionsa Alcanúis go bhfuil réim rí aige ar na daoine seo im'
thimpeall?

Óir fear deoranta mé d'fhulaing anró éachtach ag teacht dom
Chugaibhse ó thalamh i gcéin is ná haithnín duine sa tír seo
Pé acu sa chathair dá áitreabh nó ar fheirm i mbun oibreacha
tuaithe".

D'fhreagair an diabhean Aitéine na súl glas an laoch agus dúirt
leis:

"Déanfad le fonn, a fhir dheoranta, é sin; taispeánfad an pálás
Duit 's ní deacair dom sin, mar tá teach m'athar 'na chongar.
Siúlaidh id' thost i mo dhiaidh agus raghaidh mise romhat ar do
bhóthar.

Fear orainn má tharlaíonn, ná breathnaigh air agus ná ceistigh.
Óir ní ghlacaid le fonn lucht iasachta, an mhuintir seo againne,
Is ní bhíonn fáilte na bpóg roimh a dtig ó thíorthaibh i gcéin
chugainn.

Cuireann an dream seo muinín as an luathbhárc seoil lena
bhfágaid

Duibheagán mara ina ndiaidh mar is toil leis an Luascaire Cóstaí:
Téid níos mire ná sciathán éin, níos mire ná smaoineamh."

Tar éis di na bréithre do rá lena laoch, chuaigh Pallas Aitéine
Láithreach chun tosaigh sa tsiúl: lean seisean ar shála na bandé.
Ceann de ar an sráid níor thóg clúmharaithe Chathair Phaidhicé
Is eisean ag gluaiseacht 'na measc; ní ligfeadh Aitéine na bhfáinní
D'aon duine dhíobh radharc d'fháil air, is d'oibrigh le páirt is le
fabhar dó

Cumhacht míorúilteach a tola agus chuir ceo draíochta ina
thimpeall.

Rinne Odaiséas ardiontas de chuanta is de dhéanamh na n-árthaí
Is áiteanna dála na laochra agus faid agus airde na bhfallaí
Agus an pháil mhór sáite ina mbarr — Ó! B'éachtach an radharc
iad.

Tar éis dóibh teacht chomh fada le pálás niamhrach an ardrí,
Thosnaigh an diabhean Aitéine na súl glas ar labhairt agus dúirt
sí:

"Féach, a fhir dheoranta, an teach go bhfuil iarrtha agat ormsa
a 'spáint duit.

Gheobhair ann suite chun boird daltaí Shéis, taoisigh na tíre,
Is féasta acu á chaitheamh. Ná lig d'aon mheatacht dul ar do
mhisneach;

Níor chaill riamh ar an bhfear misniúil, ach is fearra ná aoinne
A dhéanfaidh sé gníomh, fiú amháin más ó thíre eile do thagann.

Téir chun an halla, agus déan ar an mbanrínn láithreach ar theacht
ann.

Tugtar Airéite uirthi sin; b'ón lánúin chéanna do tháinig
Rí Alcanús féin ar an saol agus athair a chéile.

Ba í Peiribé fadó, ba í rogha na mban álainn a shaolaigh
Rí Násatús ar dtús do Phóiséadón Luascaire Cóstaí.

Ba ise do b'óige de shíolbhach iníon Eoramadóin chalma
Bhí lena linn sin 'na thaoiseach ar shlua mhórálach na
bhFathach.

Scriosadh dá chionnsan a threibh mhírialta, agus scriosadh é
féinig.

Shín dia cumhachtach na dtonn lena iníon sin is shaolaigh sí mac
dó,

Rí Násatús an mhórtais a rialaigh an mhuintir Fhaidhicéach.
Saolaíodh mac, Réicséanór dósan, 's Alcanús 'na dhiaidh sin.
Phós Réicséanór sa teaghlach; ní raibh aon mhac aige fós ann,
Ní raibh fós ach iníon, nuair mhairbh Apalló le saighid é.
D'fhág sé Airéite ina dhiaidh, agus phós Alcanús ise,
Is thugadh di gradam de shórt ná faigheann bean eile ar an
dtalamh,

Seachas í féin, dá maireann i gcuibhreann an phósta le fearaibh.
Lean a leithéid d'ómós dá fháil aici riamh, agus tá fós,
Ó chroí chlann na n-ae is ó chroí Alcanúis féinig
Is ó chroí mhuintir na tíre do bheireas onóracha dé dhi,
Is iad ag beannú dhi go buíoch nuair a théann sí ag siúl in sa
chathair.

Óir níl éifeacht na meabhrach ná uaisleacht de cheal ar an
mbanrínn,

Is más ar dea-intinn di, réann fiú amháin idir fhearaibh an
t-achrann.

Má bhíonn spéis ionat féin ag an mnaoi, más fabhrach a hintinn,
Gheobhair gur i ndán duit sa deireadh go bhfeicfir do chairde is
do phálás

Ceannard breá faoin aer, is go bhfillfir ar thalamh do shinsear."
Tar éis di na bréithre do rá, d'fhág diabhean na súl glas Aitéine
Inis na háille Sceiria, agus do ghluais léi ar uaigneas na mara.
Bhain sí amach Maratón, agus sráideanna Aithine ina dhiaidh
sin,

Is chuaigh faoi dhíon tí dhaingin Eirictéis. Dhírigh Odaiséas
Faoi phálás cáiliúil Antanúis uasail a choiscéim,

Is thit trombhuaire ar a chroí sarar ghaibh thar bhróinse na tairsí.
 Óir bhí gile na gréine le feiscint is gile na gealaí
 Pé treo d'iompaigh a radharc trí phálás Rí na bhFaidhicéach.
 Chonaic sé ón dá thaobh fallaí plátálta le bróinse
 Siar ó thairsigh go cúl, agus fríos cruain ghoirm orthu timpeall.
 D'ór ab ea comhlain an dorais a dhaingnigh halla na cúirte,
 Is dhá laí airgid leo, do bhí bunaithe thíos in sa tairsigh,
 Is fardoras airgid trasna ar a mbarr, 's geamhal óir ar an ndoras.
 Bhí gadhair airgid 's óir ón dá thaobh dorais ag cosaint,
 Obair a rinne Héafaestas le ceird agus eolas a dhiachta.
 D'fhág sé i mbun phálás Alcanúis taoiseach na féile iad,
 Gan aon chomhartha seanaoise go deo ná caitheamh i ndán dóibh.
 Bhí líne fhada chathaoireach 's a ndrom leis an bhfalla ar an dá thaobh
 Siar ó dhoras go cúl, agus éadaí deasa orthu leata,
 Rogha fíodóireachta míne a bhí fuaite gan cháim ag an mbantracht.
 Bhíodh tiarnaí na bhFaidhicéach 'na suí orthusan agus féasta
 Bídh agus fíona ina gcomhair, pé séasúr bliana do bheadh ann.
 Íomháigh óir ógánach is tóirsí lasta ina lámha acu,
 Bhíodar 'na seasamh ar stoic ann le solas a dhéanamh san oíche
 Dá mbíodh suite chun boird. Bhí caoga ann de mhná seirbhíse,
 Cuid acu is gráinne órbhuí dá mheilt acu i mbróinte, cuid eile
 Gnóthach ag fí, nó ag láimhseáil choigeal, 's a méireanna ag casadh
 Díreach mar chasann duilliúr ar an gcrann ard crithin sa leoithne;
 Is ola ina braonacha ag síleadh go bog as an éadach dea-fhite.
 Faoi mar a bheireann Faidhicéigh an barr ó fhearaibh an tsaoil seo,
 Nuair bhíonn ártach le seoladh ar an bhfarraige, beireann a mná, leis,
 Barr fíodóireachta leo; do thug diabhean na súl glas Aitéine
 Eolas ar rogha na ndea-cheard agus barr intlíochta thar mnáibh dhóibh.
 Lasmuigh d'áitreabh an Rí tá úllúird mhór cheithre n-acraí
 Suas go dtí geata na cúirte agus fál groí tógtha uirthi timpeall.
 Tá crainn mhóra arda inti is is flúirseach 's is úrmhar a nduilliúr.

Fásann piorraí is gránúla agus úlla ann ag lonradh go hálainn,
 Is figí milse go tiubh, agus bíonn crainn ola ann go craobhach.
 Ní bhíonn meath ar a bhfás, ní théann díobh, geimhreadh ná samhradh;
 Bíonn torthaí feadh na bliana ann; do shíor bíonn Steifir ag séideadh,
 Is péacann crann lena anáil, agus tig crann eile chun bairr léi.
 Tagann piorraí i ndiaidh a chéile chun aoise agus úll i ndiaidh úlla,
 Is aibíonn triopaill na gcaor i ndiaidh a chéile agus fige i ndiaidh fige.
 Tá fíniúna sa ghairdín chéanna is is éachtach é a dtoradh,
 Is cuid de ar an dtalamh i bpaiste gan scáth ón ngréin ag triomú ann,
 Is cuid de á bhaint chun an fhómhair agus cuid á phasáil aige cosa;
 Agus ar chrannaibh nach iad os a gcomhair, ná fuil ach go díreach
 Tar éis a gcuid bláth do chailliúint, táid glas nó ag deargadh den chéad uair.
 Thall thar an ró is deireanaí fíniún tá leapacha glasraí
 Gach sórt curtha go néata agus ullamh le baint feadh na bliana.
 Tá dhá thobar san áit, agus scaoiltear go fársing sa ghairdín
 Uisce ó cheann acu; téann faoi gheata na cúirte as a mhalairt
 Uisce do shlua an tí mhóir, is gheibheann muintir na cathrach a gcion de.
 B'in é mar bronnadh ar chúirt Alcanúis féile na ndéithe.
 Seal ann ag féachaint do sheas laoch mór an fhadfhulaing Odiséas,
 Is nuair bhí lán súl bainte as a bhfaca de nithibh an chlú aige,
 Dhírigh sé ar dhoras na cúirte agus ghluais leis trasna na tairsí.
 Fuaire sé istigh ann na taoisigh 's seanóirí comhairle Fhaidhicé,
 Is fíon acu á dhoirteadh don bhFaraire a mhairbh an t-arrachtach Argas;
 Óir roimh chodladh na hoíche do ba é a gheibheadh deireadh a n-ofrála.
 Suas trí halla na bhflaith chuaigh laoch an fhadfhulaing Odiséas,
 Is mórán ceoigh á fholachadh a bhailigh Aitéine ina thimpeall,
 Nó go raibh thuas mar ar shuigh Alcanús Rí agus Airéite.

Timpeall ar ghlúinibh Airéite ansin b'iúd fáiscithe a dhá láimh;
Leáigh ceo diamhair na draíochta ar an uair sin is bhí sé le
feiscint,

Is bhí gach a raibh in sa halla ina dtost nuair fuairadar radharc
air,

Is allacht orthu dá chionnsan. Do ghuigh Odaiséas agus dúirt
sé:

"Féach ag do ghlúine mé, a infon Réicséanóir, a ríbhean Airéite!
Tar éis mórán anró achainím ort féin 's ar do chéile
Cabhradh liom, agus ar lucht bhur bhfleatha. Go dtuga na
déithe

Fad saoil dóibh agus séan, is go bhfága gach fear acu a chlann
féin

Buanaithe i scilbh a theaghlai 's ar bhronn fir a thuithe go
fial air.

Árthach is foireann is ea a éilim oraibh, a bhéarfás go luath mé
Trasna na dtonn chun na gearad gur fada mé léanmhar dá
n-éagmais."

Labhair seisean amhlaidh; ansin ar an dtinteán, láimh leis an
dtine,

Shuigh sé sa luaith. Bhí an dáil sin mar bheadh gan anáil is gan
anam.

Faoi dheoidh labhair Eicinéas seanlaoch Faidhicéach 'na láthair.
B'fhada dhósan 'na sheanóir ar na fearaibh a stiúraigh an tír sin;
B'eisean do b'fhearr óráid 's b'fhearr eolas ar rialacha sinsear,
Is labhair sé ansin le dea-aighe chucu agus dúirt leis an
gcuallacht:

"Ní nach ceart is ea a chím, 's nach dual, a Alcanúis, duitse,
Deoraí d'fhágáil sínte mar sin in sa luaith ar an dtinteán,
Is nach dtig linne a bheith gníomhach 'na pháirt ach ag
feitheamh le t'fhocal.

Beirse ar a láimh agus tóg é, agus socraigh go hard i gcathaoir
é,

Is ordaigh do ghiolla na dí roinnt fíona do mheascadh sa
bhabhla

D'fhonn is go bhféadfam an uair seo, do Shéas ardtiarna na
toirní,

Ofráil fíona do dhoirteadh, ós faoi atá deoraithe d'aoireacht.
Is faigheadh bean mhaoirseacht an bhídh as a stór dea-bhéile
don chuairteoir."

Chuala an rí sácrálta Alcanús bréithre an tseanóra,
Is chuaigh agus rug sé ar láimh ar Odaiséas togha na bhfear
meabhrach,

Is thóg ó luaithreach na tine agus shocraigh go hard i gcathaoir é.
Ba í an chathaoir í ba ghiorra dhó féin, agus Laodamas inti,
Rogha an rí féin dá chlann, is go ndúirt leis an mac sin í
d'fhágáil.

Tháinig cailín seirbhíse agus dhoirt sí amach os a choinne
Ó chrúscá óir bhuí álainn i mbáisín airgid ghléigil
Uisce chun nite na lámh, agus leag bord líofa ina láthair.
B'eo maor mná le harán, 's níor spáráil nithe dea-bhlasta air.
Chrom sé ar ithe is ar ól, laoch mór an fhadfhulaing Odaiséas,
Is ghlaoigh Alcanús ar ghiolla na dí is thug orduithe is dúirt leis:
"Tá, a Phontanúis, babhla le líonadh agat fós is le riaradh
Orainn sa halla, go bhféadfam do Shéas ardtiarna na toirní
Ofráil eile do dhoirteadh; ós faoi atá deoraithe d'aoireacht."
Labhair seisean amhlaidh, is mheasc an fear óg fion aoibhneas an
chroí dhóibh,

Is chuaigh sé timpeall ag riaradh na mbraon ofrála ar na
cóisirigh.

Tar éis dóibh doirteadh do dhéanamh, is fion d'ól, oiread is ba
mhian leo,

Sheas Alcanús 'na láthair is rinne óráid agus dúirt leo:
"Éistidh liom, a fheara na comhairle, is, a thaoiseacha thír na
bhFaicidhicéach,

Faid is a thógfad ag labhairt mar a ordaíonn m'aighe a
dhéanamh.

Filltear anois tar éis féasta ar an mbaile agus téitear a chodladh.
Glaofam le lóchaint an lae ar chruinniú níos mó de sheanóirí,
Is cuirfeam go fial 'nár gcúirt roimh an ndeoraí fáilte, agus
bhéarfam

Íobairt do dhéithe; ina dhiaidh sin is linn cóir fhille ar a
dhúchas,

Árthach is foireann, a thabhairt dó, go bhféadfaidh gan saothar
gan buaireamh

Talamh a shinsear a shroichint go luath lúcháireach, 's go
dtuigfidh

A fheabhas atá seoladh ár bhfear, dá fhaid idir é agus an baile.
Gheobhaidh sé tionlacan uainn, 's ní bhéarfadh air cruatan ná
óspairt

Nó go mothóidh faoi chois fód áitribh a ghaolta; ina dhiaidh sin
Tá a bhfuil i ndán dó le teacht — fulaingeoide sé ina dhiaidh sin
na nithe

A cheap Triúr dian lena sníomh nuair a shaolaigh a mháthair ar
dtúis é.

Ach más amhlaidh is diacht ón spéir atá tuirlingthe chugainne,
Sin nuacht beartaithe dhúinn aige déithe na síre ar an lá seo.
Riamh roimhe seo ghnáthaíodh gach dia taibhsíú go soiléir
dúinn

Nuair bhíodh íobairt na féile á dó ar altóracha breátha,
Is bíd linn suite chun boird is ag caitheamh an fhéasta mar aon
linn.

Is má tharlaíonn fear aonair ag taisteal ar dhia des na déithe,
Ní nós dóibh ganfhiosáocht, óir táimid gairid i ngaol dóibh,
Faoi mar atá na Cíoclópaigh is treabhchaistí fiaine na
bhFathach."

D'fhreagair an laoch ilbheartach an rí Alcanús is dúirt leis:
"Déanadh a mhalairt de chúrsa imshníomh duit, a Rí, mar ní
feictear

Dealramh agamsa le déithibh a mhaireas sa bhfairsinge spéirghil;
Airde ní hionann ná gné dhom — de shíol gearrshaolach na
bhfear mé.

Áirmhídh muintir an tsaoil seo ba mhó a fuair léanta, go bhfios
daoibh,

Ní mó a gcreach ná mo chreachsa, do raghainn i gcomórtas ar
bhrón leo.

Eachtra mo mhífhortúinse, ba shia fiú amháin é, dá neosfainn
Gach a bhfuil fachtá dá dhua agam lem' bheo, trí fheirg na
ndéithe.

Ligidh dom, áfach, mo bhéile do chaitheamh, dá mhéad é mo
bhuaireamh;

Óir rud is mínáirí ná an goile antréan, ar an saol seo
Níl sé le fáil; ordaíonn sé go laidir 's ní ligeann sé d'aoinne
Dearmad a dhéanamh air féin, dá ghéire iad léanta sa chroí
istigh.

Más gearr brón orm féin, is é ordú an ghoile de shíor dom
lthe agus ól, díbríonn sé go lánchumhachtúil as mo chuimhne
Gach a bhfuil gafa agam tríd ar an saol; níl uaidh ach a líonadh.
Oraibhse is é m'achainí, chomh luath is a thiocfaidh an lóchaint,
Fánaí diachrach na tuirse do sheoladh thar n-ais ar a dhúchas.

B'éachtach é m'fhulang; bead sásta le bás chomh luath is a
chífead

M'fheirm 's mo sclábhaithe féin agus ceann ard fairsing mo thí
mhóir."

Labhair seisean amhlaidh, is bhíodar 'na pháirt agus mholadar
d'aonghuth

Árthach is foireann a thabhairt dá gcúairteoir ' chionn a dhea-
aighnis.

Tar éis ofrála do dhoirteadh agus fion d'ól, oiread 's ba mhian
leo,

Scaradar láithreach is d'imigh gach aoinne chun suain ina thigh
féin,

Is fágadh sa halla ina ndiaidh rílaoch an fhadfhulaing Odaiséas
Agus Airéite ina theannta agus Rí Alcanús maorga

Suite le chéile, is an lucht seirbhíse i mbun áraistí a thógaint.
Bhíodar mar sin, agus thosnaigh Airéite fhionnghuailleach ar
labhairt,

Tráth is gur aithin sí láithreach an clóca is an cóta ar an ndeoráí,
Éadaí breátha a bhí déanta le ceird aici féin 's ag an mbantracht.
D'iompaigh sí i leith Odaiséas agus chuir ceist chruinn air is
dúirt leis:

"Is ea anois, cead agam féin tús fiafraithe a dhéanamh, a dheoraí.
Inis céir díobh thú is cad as? Cé a thug duit an t-éadach seo a
chím ort?

Ná dúraís gur thar éis fanaíochta ar an bhfarraige a tháingís?"
D'fhreagair Odaiséas iontach na mbeart agus dúirt leis an
mbanrín:

"B'fhada is ba thuirsiúil dúinne, a bhean uasal, mo léanta go
huile

D'insint; is mó mífhortún a thit ormsa ó dhéithe na spéartha.
Ach tá fiafraithe agatsa, agus gheobhair uaim freagra do cheiste.
Bhíos in oileán darb ainm Ógaigia sa bhfarraige i gcéin uainn;
Maireann iníon d'Atlas ann, an bhandia mhealltach Calapsó.
Craobhach a folt, contúrthach a mian; níl caidreamh ag aoinne,
Pé acu de dhéithibh Oilimpis nó d'fhearaibh an tsaoil, ar an
ainnir.

B'in pláinéad a bhí ormsa amháin, a bheith léithi ar a tinteán
Tar éis do mo bhád a bheith briste agus réabtha aige toirneacha
Shéis Mhóir

Mílte ón gcósta ar an muir is go rugas lem' ghéaga ar a cile.

Cailleadh mo bhuíon chompánach le briseadh na loinge go
hiomlán.
Naoi lá a chaitheas sa tsnámh, in sa deichiú hoíche, ina coim
dhuibh,
Bhagair na déithe mé i dtír in san oileán mar a maireann
Calapsó.
Craobhach a folt, contúrtach a mian — is í a thóg as an muir
mé;
Chabhair sí go muinteartha liom, is do chothaigh 's do gheall sí
go dtabharfadh
Saol dom gan bás is gan aois ag a taobh feadh na laethanta
sioraí.
Más ea, dícheall a meallta ní dheachaigh i bhfeidhm ar mo
chroíse.
D'fhanas 'na lúib seacht mbliana, agus riamh agus choíche do
shileas
Deora ar an éadach dochaite do bhronn Bantiarna Calapsó.
Ach nuair tháinig an t-ochtú bliain, ní fios dom ar cuireadh
Teachtair chuici ó Shéas, nó ar athraigh a hintinn go hobann —
Pé acu do tharlaigh, is cinnte gúr ordaigh sí dhomsa dul uaithi.
Chuir sí chun siúl mé ar chleith dhea-shnaidhmthe agus thug sí
dhom éacht lóin,
Rogha gach bídh agus fiona, agus ghaibh sí mé in éadach
dochaite,
Is mhúscaíl sí gaoth bhog shéimh chun mo sheolta ar mo chúrsa
go haoibhinn.
Seacht lá dhéag a bhí caite agam amhlaidh, ag siúl ar an
mórmhuir,
Is bhí an lá tagtha ina ndiaidh nuair nocht faoi chrannaibh sa
bhfioraí
Cnoic bhur dtíre, agus líon ar a bhfeiscint m'aighe d'áthas.
Líon, ach mo mhairg! Bhí fós mórán duaisiúlachta i ndán dom
' Chionn fogha deiridh a rinne Poiséadón Luascaire Cóstaí.
Choisc sé mo shiúl, óir mhúscaíl is scaoil fúm gaoithe na
cruinne
Is rinne sé suaill ar an bhfarraige thar meon, 's dá mhéad í mo
chneadach,
Ní fhéadfadh mo chliath dul ar aghaidh mar gheall ar na
hólaithé tréana.
Rinne mionrabh di sa ghála gan mhoill, is b'eo amach in sa

tsnámh liom,
Is chuireas an duibheagán díom faoi chothrom na gaoithe is na
taoide
Nó go raibh sroichte go cóngar an chósta agam. Tharla dhom
tuargaint
D'fháil ó thoinn in san áit sin a smiot mé i gcoinne na faille
Móire sporaí méiscrí, ball gránna ná faighinn dul i dtír ann.
D'iompaíos uaidh, agus siar liom sa tsnámh nó go bhfuairéas ar
deireadh
Béal abhann; do mheás gurbh é rogha baill é le teacht ar an
dtalamh,
Gan aon charraig 'na chongar, is scáth ón ngála le fáil ann.
Chuas i ndeireadh anama 'on bhruaich, chruinníos ann mo neart,
agus tháinig
Diamhaireacht oíche ar an saol. Dhruideas suas ó chiumhais an
ribhéir sin,
Moladh le hard-dia bhronnta a shruthán, agus shíneas i mothall
Tor, is bhailíos duilliúr orm suas, is le grásta dé éigin
Thiteas dom' chodladh go sámh, chomh traochta do bhí an uile
ghéag díom.
Chodlaíos ann feadh na hoíche, rug maidin im' chodladh orm is
meán lae,
Is bhí an ghrian cheana ag dul siar nuair scar suan milis lem'
shúile.
Thíos ar an dtráigh thugas iad faoi ndeara agus cluiche acu á
imirt,
Foireann t'iníne agus ise ina measc chomh hálainn le diabhean.
Dúirt m'achainí léi; is uirthi ná raibh meabhair uasal in easnamh.
B'uaithi do b'fhearr é, do rinne sí gníomh ná bítear ag súil leis
Ón aos óg, mar ní gnách leis an aos óg tuiscint do dhaoine.
Thug sí go leor dom le n-ithe, agus thug fíon craorag mar aon
leis;
Thug níochán dom san abhainn is na héadaí nua seo le cur orm.
Bíodh is go bhfuilim go buartha, sin firinne ghlan duit, a
bhanríon."
Labhair Alcanús uasal ansin leis an laoch agus dúirt leis:
"Faighim aon chórtas amháin nár chuimhnigh m'iníon air, a
dheoraí.
Chuala, go háirithe, id' scéal ná tug sí i leith lena bantracht
Suas chun an tí thú, is is uirthi ba thúisce do rinne tú t'impí."

D'fhreagair Odaiséas iontach na mbeart agus dúirt sé lena óstóir:
 "Maighdeán gan locht, a ardrí, nár chás dom a cáineadh do
 chlos uait!
 D'ordaigh sí dhomsa leanúint ar an mbóthar 'na diaidh lena
 bantracht,
 Ach níor thoil liom é a dhéanamh, b'fhaitíosach liom é agus ba
 náireach.
 Mheasas go mb'fhéidir go gcuirfeadh an radharc míchéadfá i mo
 choinne ort.
 Óir a bhfuil d'fhearaibh ar talamh, is éadmhar, a thaoisigh, an
 dream sinn."
 Labhair Alcanús uasal arís agus dúirt leis an gcuradh:
 "Nílim, a fhir dheoranta, a chroí, chomh híogair i m'aighe is go
 músclódh
 Suarachas fearg im' chliabh; is í an mheonaíocht rogha gacha
 comhairle.
 B'fhearr liom go deimhin, dar Séas ár n-athair 's Aitéine is
 Apalló,
 Fear chomh tréitheach 's ataoi, fear atá ar chomhaighe liomsa,
 D'áitreabh im' thír chun m'iníne do phósadh is a bheith ina
 chliamhain dom!
 Thabharfainn duit teach agus seilbh, dá bhfanfa farainn dod'
 dheoin féin;
 Ach mura toil leat é sin, ní cuirfeadh é d'fhiachaibh go brách
 ort —
 Séas ár n-athair go deo nár lige a leithéid sin go dtarlódh!
 Fógraím dát duit le filleadh, ná bíodh aon amhras 'na thaobh
 ort.
 Is é an lá amárach an lá; beir sínte in san ártach id' chodladh,
 Is rámhóid trasna na farraige ciúine thú d'fhonn is go sroichfir
 Fódán dúchais is teach, nó pé sprioc eile ba mhian leat,
 Fiú más sia in imigéin é ná tír Eoibé, go n-áiríonn
 Cuid dár muintir a chuaigh ann gur sia in imigéin é ná aon áit.
 Chuadar ann sin nuair sheoladar leo Radamantas an órfhoilt
 D'fhonn is go dtabharfadh sé cuairt ann ar Thitias fathach den
 Dombanchlainn,
 Chuadar anonn, agus bhuaileadar port ann, is d'fhilleadar orainn;
 Aon lá amháin do ba ea a thógadar chuige, gan saothar gan
 tuirse.
 Gheobhair féin eolas gan mhoill gurb iad rogha gléis ar an saol

seo
 M'árthaí is m'óglaigh le chéile chun rop rámhaíochta do
 dhéanamh."
 Labhair seisean amhlaidh; bhí áthas ar laoch an fhadfhulaing
 Odaiséas.
 D'ardaigh sé a ghuth chun na spéartha is le hurnaithe díograise
 dúirt sé:
 "A Athair a maireann, a Shéis, nár chaille ar an dtaoiseach seo a
 bhréithre
 A thabhairt chun críche. Do bheadh air dá bharrsan ar thalamh
 na beatha
 Clú ná múchfaí choíche, agus bheinn féin fillte ar mo dhúchas."
 Bhíodarsan amhlaidh go muinteartha i gcomhrá séimh lena
 chéile.
 D'éirigh Airéite fhionnghuailleach ar deireadh agus d'ordaigh dá
 bantracht
 Leabaidh a chur faoin bpoirtic is súsaí corcra do leathadh
 Is anairt anuas orthusan agus pluideanna cluthara ar barra.
 Chuadar amach as an halla agus tóirí lasta ina lámha acu,
 Agus le séirse ansin chóiríodar dó leabaidh an chompoird.
 Suas ina dhiaidh go cathair Odaiséis leo is ghlaodar a chodladh
 é:
 "Tair, a dhuine uasail," ar siad, "tá do leabaidhse cóirithe againn
 duit."
 Dúradar amhlaidh, is ba é rogha aoibhnis dó an codladh ar an
 am sin.
 Bhí sé gan mhoill ina shuan, laoch mór an fhadfhulaing
 Odaiséas,
 Faoi mhóráirí an chlóis in sa leabaidh a rinne dea-cheardaí.
 Chuaigh Alcanús siar in sa chúirt go dtí seomra na lánún
 Is chodail 's a bhanríon fairis sa leabaidh a chóirigh sí féin dó.

VIII

Nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rósdeirg na Maidine,
 D'éirigh an rí sácrálta Alcanús tréan as a leabaidh,
 Is d'éirigh an dalta de Shéas, fear scriosta na gcathrach Odaiséas.
 Stiúraigh an rí sácrálta Alcanús uasal a chuairteoir
 Síos i leith chúirt na dála a bhí tógtha acu le hais na n-árthaí.

Chuadar ar shroichint na háite ina suí ar bhinsí cloiche líofa
 Láimh leis an gcúirt. Shiúil Pallas Aitéine gach aird in sa
 chathair
 Is dealramh 'na pearsain le giolla do níodh d'Alcanús fógairt,
 Is mheabhraigh sí conas mar a fhilleadh a laoch móraigeanta
 abhaile.
 Théadh sí i leith gacha fir, sheasaíodh lena thaobh agus deireadh:
 "Seo libh, a thaoiseacha thír na bhFaidhicéach, is, a mhuintir na
 comhairle,
 Gluaisidh libh chun na dála le heachtra do chlos ar an ndeoraí
 Tháinig aréir go dtí cúirt Alcanús uasal na heagna
 Tar éis fánaíochta ar an muir. Dealraíonn sé le déithe ina
 phearsain."
 Labhradh sí amhlaidh is ghríosáíodh fonn agus aigne gach
 aoinne,
 Is níor rófhada gur líonadh de dhaoineibh an halla is a bhinsí
 Is mórán súl ann ag féachaint ar mhac ardchliste Laeirtéis.
 Óir chuir Aitéine ardáille ón spéir lena cheann 's lena ghuaille,
 Is mhéadaigh go mór ar an ngrofacht 's ar an airde ó dhúchas a
 bhí ann,
 D'fhonn is go mbeadh na Faidhicéaigh ag téamh leis, is fáilte
 acu roimhe
 Is eagla is urraim 'na teannta, is go mbéarfadh sé bua gacha
 treise
 Dá raibh i ndán dó sa lá trí dhúshlán laochra Faidhicéach.
 Nuair bhí cách ar an bhfód is iad cruinnithe i gcomhairle le
 chéile,
 Rinne Alcanús uasal sa dáil óráid agus dúirt leo:
 "Éistidh, a fheara na comhairle, is, a thaoiseacha thír na
 bhFaidhicéach
 D'fhonn is go gcloisfidh sibh uaim faisnéis ar ar mhian liom a rá
 libh.
 Tá an deoraí seo tar éis fánaíochta ina chóisireach agamsa —
 Cé hé ní fheadar, ná cé acu do mhuintir an oirthir nó an
 iarthair —
 Iarann sé orainn é d'iompar abhaile agus guíonn orainn siúráil;
 Is molaimse, faoi mar is gnách linn riamh, cóir iompair a
 thabhairt dó.
 Aoine ní raibh go dtí seo dá dtáinig riamh chun mo pháláis
 D'fhéad a ghearán gurbh fhada dá mhoill ann ag feitheamh le

hárthach.
 Más ea, scaoilfeamna bád nár sheol riamh fós ar an ólaí,
 Is toghfam di dáréag óglach is daichead as fearaibh an bhaile,
 Rámhaithe triallta ina gceird gurb iad rogha iad thar a bhfuil
 ann.
 Feistíodh gach uile dhuine acu a mhaide den tochta le cáiréis,
 Is fágadh an bád agus tagadh i leith chun mo theaghlaigh ag
 lorg
 Beile roimh aistear; is fúm atá féachaint i ndiaidh an tsoláthair.
 Is iadsan m'orduith d'óglaigh na loinge. Seo cuireadh do
 thugaim
 Daoibhse ag a bhfuil ríbhachall, chun fleatha liona féinig im'
 halla
 D'fhonn is go bhféadfaí fáilte do chur mar is cóir roimh an
 ndeoraí.
 Ná faighim diúltadh ó neach. Agus glaoigh Déimidiceas
 chugainne,
 Ardamhránaí an chlu, go bhfuil bua aige do dheonaigh an dia
 dhó,
 Aoibhneas a thabhairt pé eachtra do thoghann agus fonn air
 chun amhráin."
 Labhair seisean amhlaidh, is d'imigh chun tosaigh, is ríthe na
 mbachall
 Láithreach 'na dhiaidh; lena linn chuaigh teachtaire ag triall ar an
 bhfile.
 Toghadh dáréag agus daichead san áit des na hóglaigh ab fhearr
 ann,
 Is chuadar in imeall na mara, mar d'ordaigh an rí, chun an
 áthaigh.
 Rinneadh ar dtúis an dea-bhád sin a tharraing amach in sa
 doimhneacht,
 Is chuireadar inti ina sheasamh an crann agus chrochadar seol
 air,
 Is d'fhágadar cosa na riamh ina lúbáin leathair go socair.
 Socraíodh gach rud i bhfearas go ceart agus leathadh an seol
 geal.
 Cuireadh an t-árthach ar ród lasmuigh agus thriomaigh a
 foireann,
 Is ghluaiseadar suas faoi dhéin pháláis Alcanúis na heagna.
 Bhí sé idir chlós agus phóirse agus sheomraí líonta de dhaoine

Chruinnigh chun féasta, fir óga is seanóirí i gcuibhreann a chéile.

Mhairbh Alcanús dhá cheann déag dá chaoire le híobairt
Is ocht dá mhuca gealfhiacлча is dhá mhart mhéithe
chamshiúlacha.

D'fheannadar iad 's chóiríodar, is b'in togha fleatha ina dtómas.
Tháinig an glaoire thar n-ais agus file na mbua aige dá sheoladh.
B'air a bhí cion ag an mBé, bhronn sise idir mhaith agus olc air;
Thóg uaidh solas na súl, agus thug dó amhránaíocht aoibhinn.
Thug Pontanús chuige cathaoir stodaí airgid ghléigil,
Is shocraigh i dteannta piléir í, is i lár rímhuintir na fleatha,
Is chroch sé ar dhola os a chionn an dea-chruit bhinnghlórach,
is mhínigh

Conas mar bhéarfadh a lámh uirthi, is dhruid bord álainn ina aice

Is áras aráin 's corn fiona air chun óil pé uair a bheadh fonn air.
Shíneadar lámh chun an bhídh a bhí ullmhaithe rompu go blasta,

Is tar éis dá ndúil a bheith sásta do bhí acu san ól is san ithe,
Chogair an Bhé lena bard clúghníomhartha na laochra do chanadh,

Dán go raibh cáil forleata ar an am seo go crannaibh na gréine air,

Earraid na beirte le chéile, Odaiséas is Aichilléas mac Phéiléis,
Conas mar bhrúionadarsan ar an bhfleá agus ar íobairt na ndéithe,

Is glór ard buile ina mbéal, is gur thóg rí féinne Agamamnón
Áthas dá chionn, go raibh rogha na nAcaeach in achrann le chéile.

Bhí sin cloiste aige i dtairngreacht, uair, ó Fhéabas Apalló,
Thall in sa teampall i nDeilfí ar ghabháil dó thar thairsigh an mharmair,

Is fios aige á lorg ar an ndia, nuair cuireadh sa tsiúl roth an donais

D'fhearaibh na Traí agus Acaea le beartú Shéis uile-
chumhachtaigh.

B'in é mar chan amhránaí an chlu, agus ag éisteacht d'Odaiséas,
Tharraing sé aníos lena dhá láimh ghroí go dtí a éadan a chlóca
Corcra, is choinnigh a bhinn os comhair a cheannaithe ina clúdach.

Óir bheadh náire air go bhfeicfeadh an mhuintir na deora do shil sé.

Ach nuair stadadh an bard sárbhinn dá sheinm 's dá amhrán,
Thriomaíodh seisean a dheora agus scaoileadh an clóca dá cheann síos,

Is thógadh sé cupa an dá chluais agus dhoirteadh oifrail dos na déithe.

Chromadh an file thar n-ais faoi thathant uaisle Faidhicéach,
Óir b'an-bhreá leo ar chan sé, ar eachtra na laochra d'athnuachaint,

Is théadh Odaiséas faoina fhallaing ag cneadaigh arís is ag osnail.
Lean sé ag síleadh na ndeor ar an nós sin i gan fhios don mhuintir

Ach d'Alcanús amháin; bhí an t-ardrí suite ina chongar,
Is thug sé a ghol faoi ndeara is na hosnaí troma do ligeadh.
D'ardaigh sé a ghuth gan mhoill 's le Faidhicéigh na rámh fada dúirt sé:

"Éistidh, a fheara na comhairle, is, a thaoiseacha thír na bhFaidhicéach,

Tá a chion fachta ag gach aoinne den bhféasta agus sásamh 'na theannta,

Agus den chruit atá oiriúnach mar thionlacan d'fhéasta na mílse.
Téanaídh feasta ar an bpáirc chun go dtiallfam an uile chomórtas

Lúthchleas, d'fhonn is go bhféadfaidh an cóisireach a rá lena chairde

Nuair bheidh fillte ar a dhúchas, gur fearr dá maireann a nímid
Dornáil 's iomrascáil agus léim agus rás na coisíochta."

Labhair seisean amhlaidh is d'imigh chun tosaigh is leanadar siúd é.

Chroch fear ghlaioite na gcruinnithe an chruit bhinnghlórach ar dhola

Is rug sé ar láimh ar an mbard Déimidiceas; sheol sé le hurraim
Dall na filíochta as an halla is amach ar an mbóthar a shiúlaigh
Uaisleacht thír na bhFaidhicéach le féachaint ar threiseanna lúthchleas.

Ghluaiseadar leo chun na faiche; ina ndiaidh lean muintir na cathrach,

Mílte acu, is d'éirigh a lán óglaoch in sa pháirc chun comórtais.
D'éirigh ann Mac Giolla Crainn, Mac Conmara, Mac Giolla

Céasla,
 Mac an Mharáí, Mac Stiúrach, is Mac Bord Árthaigh 's Mac
 Rámhaí,
 Mac Olaí, Mac an Ghoib, Luath-Chos mac Dréimire Loinge,
 Is Maol mac Lir chomh maith gurbh ó Shaor Loingse do
 shíolraigh.
 Sheas mac Nábalais suas, Eoirialas a dhealraigh le hAiréis
 Mhillte na bhfear; agus rug sé barr ón muintir Fhaidhicéach,
 Idir a phearsa is a scéimh, ach amháin ó Laodamas uasal.
 Sheas triúr mac Alcanúis suas ar an bhfód chun comórtais,
 Laodamas céadghin an rí, Clitinéas ardálainn is Halas.
 Ba é céadtreis ghaiscíochta do rinneadh, comórtas an reatha.
 Socraíodh gach fear díobh ag an bpost, le chéile d'imíodar
 Rompu agus bhaineadar smúit as an bplána le mire choisíochta.
 Ba é flaith breá Clitinéas ab fhearr díobhsan go fairsing chun
 reatha;
 Leithead an tsratha do dhéanfadh an tseisreach mhiúileach i
 mbranar,
 A oiread san rompu do shín sé agus d'fhág fada fánach 'na
 dhiaidh iad.
 Rinneadh 'na dhiaidh sin an iomrascáil dhuaisiúil idir óglaigh,
 Is bhuaigh Eoirialas go fuíoch ar na hiomrascálaithe ab fhearr
 díobh.
 Ba é a rug craobh i gcomórtas na léime uathu, Maol mire mac
 Lir,
 Is ba é Mac Rámhaí ab fhearr gan agó nuair chaitheadar caidhtí.
 Laodamas breá mac an rí ba é a bhuaigh ar gach aoinne sa
 dornáil.
 Nuair bhí dóthain a gcroí acu de threis is chomórtas le chéile,
 Is é a dúirt Laodamas óg mac an rí lena pháirtithe lúthchleas:
 "Cogar, a chairde, dá gcuirfí ceist ar an gcóisiréach seo againne,
 Arbh amhlaidh a bheadh aon spórt aige ar fheabhas? Ní suarach
 í a phearsa.
 Féach ar a phéire cromán 's a dhá cholpa is na géaga atá in airde
 air!
 Breathnaídh cumhacht an mhuiníl sin, 's a chliabhlach
 taibhseach, mar mheasaim,
 Níl sí caillte aige, an óige; más ea, tá sé briste ag an bhfulang.
 Creid mé leis, níl ar an saol ní is measa ná an fharraige a
 dhéanfadh

Fuinneamh an duine do leá, d'ainneoin go bhfuil dúchas an nirt
 ann."
 Labhair Eoirialas ansin á fhreagairt is dúirt leis an bprionsa:
 "M'anam, ach molaím do chuimhneamh, a Laodamais; tá sé go
 tráthúil.
 Gluais leat, is abair an focal anois leis. Glaoigh chun na treise
 air."
 Chomh luath riamh is a chuala mac cóir Alcanúis a bhréithre,
 Chuaigh sé amach ar an bhfaiche agus ghlaigh agus dúirt le
 hOdaiséas:
 "Tairse ar an láthair is tóg, a dhuine uasail, do pháirt i
 gcomórtas,
 Má bhí cleachtadh agat riamh. Samhlaímse taithí leat ar chluichí.
 Níl aon ghlóire aige fear chomh fada is atá sé ar an saol seo
 Ab fhearr ná an ghaisce do ní lena lámha is lena chosa go
 cáiliúil.
 Tair agus triail é, is an bhuairt atá ar t'aighe díbir chun fáin í.
 T'aistear ar muir, tá anois i ngiorracht duit. Tuig go bhfuil
 cheana
 T'árthach ar ród agus buíon chompánach i bhfearas chun
 gluaiste."
 Dúirt leis an bprionsa dá fhreagairt an laoch ilbheartach
 Odaiséas:
 "Á! Cad chuige an dúshlán duit, a Laodamais, agus an magadh?
 Ualach na buartha seo ar m'aighe, comórtas na craoibhe ní
 théann leis.
 Creid go bhfuil fulaingthe agam, trí challshaoth gafa go
 bhfuilim,
 Is gurb é a chionn sibh anois, achaineoir atá suite sa dáil seo
 D'iarraidh ar rí agus ar mhuintir na tíre seo é a sheoladh ar a
 dhúchas."
 Dúirt Eoirialas ansin á fhreagairt 's ag déanamh fonóid' faoi:
 "Déanta na firinne, a chara, ní dhealraím thusa, le cleachtóir
 Spóirt pé ar domhan é a shaghas, is ní beag dá shaghsanna ag
 daoine,
 Ach leis an té darb eolach na tochtaí báid is scipéireacht
 Lucht mairnéalach a sheolas ag gáinneáil timpeall na gcóstaí,
 Is cuimhne aige siúd ar a last agus faire de shíor ar na hearraí
 Is cuntas go cruinn ar an slaid — níl dealramh agatsa le
 gaiscíoch."

Thit na malaí ag Odaiséas, agus d'fhreagair sé a dhuine agus dúirt leis:

"Ní róchneasta, a dhuine uasail, an chaint sin. Is éagann a dúirt i.

Chítear dá chomharthasán féin ná tugann na déithe a suáilcí Uile do chách lena chéile, dea-phearsa is dea-mheabhair is dea-bhriathracht.

Tóg fear d'fhearaibh an tsaoil atá suarach 'na chló agus 'na dhealramh;

Bhronn diacht éigin air, áille chorónta ina bhréithre, agus féachann

Daoine air le háthas; is réidh is is muiníneach a thugann sé aighneas

Meonúil líofa, agus bíonn sé sa dáil ar an bpearsain is tábhachtaí,

Is nuair a shiúlíonn sé na sráideanna, is dia é i súile na ndaoine.

Tóg fear eile, tá a phearsa i gcosúlacht dhéithe na síre,

Is dhiúltaigh na déithe coróin na geanúlachta d'aighneas a bhéil sin.

Amhlaidh sin duitse; breathnaíonn tú thar barr - dá mbeadh dia i mbun do dhéanta,

Ní har a mhalairt de chuma é - is is folamh é ionad do mheabhrach.

Chorraís m'aigne istigh, admhaím, chun feirge in éineacht

Is bréithre neamhbhlasta á rá agat; ní haon nóibhíseach i spórt mé,

Faoi mar a deirir, ach measaim go rabhas ar na fearaibh ab fhearr díobh

Nuair b'iontaoibh liom na géaga seo fós, gan an óige pasálta.

Ach ghaibh bráca mo léin lastuas díom; b'éachtach é m'fhulang,

Meascaithe riamh i gcogaí dhom nó ag taisteal ar ólaithe an anró.

Fág sin; bainfidh mé triail, dá mhéad é mo bhráca, as comórtas,

Oir ghoin t'fhocal sa bheo mé; do ghríosaigh do chaint mé chun treise."

Phreab sé ina chlóca ansin ina sheasamh is ghlac chuige caidhte

Mór groí, ceann níos troime go maith ná sórt a raibh caite

Cheana i gcomórtas an lae seo idir ghaiscígh thír na bhFaidhicéach.

D'iompaigh sé timpeall leis sin agus scaoil as a láimh é le

fuinneamh

Is chuaigh sé le bús ar an aer. B'in cromtha go talamh le heagla Daoine Fhaidhicé na rámh fada caol, clú-mhuintir na n-árthaí, Faoi léim bhríomhar na lice. Do sheol sí go binn os a gcionn sin Is ghéaraigh go buach ar a raibh ann de mharcanna. Shocraigh Aitéine

Marc ar an mball, is í dealrach le fear, agus ghlaoigh agus dúirt leis:

"Dall fiú amháin, is é ag dornáil roimhe, d'aithneodh, a dhuine uasail,

Marc seo do chaidhte; ní hamhlaidh atá sé i measc na coda eile;

Taoise chun tosaigh go fuíoch. Cailliúint ní baol duit sa treis seo.

Duine de lucht na bhFaidhicéach ní raghaidh thairis seo ná ní shroichfidh."

Labhair sise amhlaidh, is b'áthasach d'fhear an fhadfhulaing Odaiséas,

Tráth is gur thuig sé dá chionn go raibh cara muiníneach sa tslua aige,

Agus do b'éadroime croí dhó le lucht na bhFaidhicéach, is dúirt sé:

"Sroichidh é sin, a ógánacha! i gcionn tamaillín ar athuain dom. Gearrfaidh mé marc ba chomórtas leis sin, nó b'fhéidir, ba shia fós.

Is ea, agus cibé treis eile a thoileodh aon duine do thriail liom, Tagaidh is bíodh tástáil, mar atáim do bhur ndeascaibhse tógtha. Doirne nó iomrascáil nó rás, pé ceann acu is mian libh, Is raghad féin síos le cibé leis gur mian, seachas Laodamas féinig.

Oir 's é féin m'óstóir. Cé a raghadh i gcoimheascar le cara?

Duine gan mheabhair is gan mhaith, mar mheasaim, an té sin do chuirfeadh

Slán chun treise na ngéag faoin bhfear sin a thug sa gcoigrích dó Fáilte agus féile; nach amhlaidh a dhúnfadh na dúileanna air féin leis?

Pé fear eile gur mian leis, ní dhiúltaím treis ná ní scorn liom,

Ach geobhfad síos ar an bpáirc leis is beam á fhéachaint le chéile.

Oir ní suarach ar fad mé, cibé cluiche daoine do thriailfinn.

Tugtar dom bogha breá líofa agus ionramhálfad go hoilte é,

Is bheinn ar an nduine ba thúisce do leagfadh a dhuine den
chomplacht
Namhaid a bheadh romhainn ar an bpáirc, dá mhéad a bheadh
d'arm na gcarad
Bailithe láimh liom is namhaid mar spic aige saigheada gach
aoinne.
Ní rug craobh shaigheadóireachta uaim ach amháin Filictéiteis,
Nuair d'aimsíodh na hAcaeigh i gcíocha na Traí lena mboghaite
Seachas an laoch úd, tóg gach a n-itheann arán ar an saol seo,
Maím orm féin é seo, ná fuil aoinne acu i dtánaiste dhomsa.
Maidir le laochra na sean, ní chuirim mé féin i gcomórtas
Leotha, le hEoraiteas Rí Éacailia, nó Earcail na saothar,
Daoine do leomhaigh dul i dtreis bhoghadóireachta i bpáirc leis
na déithe.
Rug dán éaga go luath dá chionnsan ar Eoraiteas; níor mhair
Siúd go seanaois ina thigh, mar do mhairbh Apalló le fíoch é,
Toisc go raibh slán curtha faoi aige, go raghadh i gcomórtas an
bhogha leis.
Bhuailfinnse posta le sleá ná sroichfeadh fear eile le saighid é.
Is é an t-aon amhras atá agam, go mbéarfadh fear éigin den tír
seo
Barr uaim in sa choisíocht; ghaibh cruatan na mara lastuas díom
Is ólaithe a'm' shíorionsaí, mar a chuaigh dem' chuid bídh in sa
bhád úd
Is traochadh mé faid gach 'n fhaid; tá mo chosa gan lúth ar an
ábhar sin."
Labhair seisean amhlaidh is d'fhág iad uile ina dtost lena
bhréithre.
Labhair Alcanús amháin á fhreagairt is dúirt lena chuairteoir:
"Ní dóichíde dod' chaint, a fhir chóir, míthaitneamh a mhúscailt
Eadrainne; chuiris in iúil go raibh neart ionat riamh is go
maireann,
Ó bhí fearg 'od' phriocadh de chionn dhú-tharcaisne an té seo
A sheas os do chomhair agus d'ísligh do mhaitheas ar chuma ná
hoireann
D'fhear sibhialta a bhfuil bua na dea-chainte ina bhéal is ina
intinn.
Is ea, anois, éistse lem' thuairim, is inis do chóisireach ar t'uain
í,
Nuair bheir suite chun boird leis i dteannta do chéile is do

chlainne,
Agus gur cuimhin leat na tréithe atá againne is na hoibreacha a
choinnigh
Séas 'nár measc á gcleachtadh ó aimsir na sean go dtí an lá seo.
Ní dornálaithe sinne ná iomrascálaithe trialta;
Bíodh, ach is luath ár gcosa sa rás 's ár longa ar an ólaí;
Is riamh is iad nithe do b'fhearr linn, an féasta is an chruit is an
rinne,
Is athrach éadaigh is ionlaithe teo is ardaoibhneas na seirce.
Seo libh, a rogha lucht rinne Faidhicéach, tógaidh an t-urlár
Láithreach mar shúil is go bhféadfadh an cóisireach d'insint dá
chairde
Nuair bheidh fillte ar a dhúchas, go mbeireann an chathair seo
barr léi
In sa mharáíocht, in sa rás, san amhránaíocht agus sa rinne.
Téitear go luath agus tugtar go dtí Déimidiceas file
Cláirseach an bhinnis a fágadh ar crochadh ó chianaibh sa
phálás."
Labhair Rí maorga Alcanús amhlaidh, is d'imigh an glaoire
Ionas go mbéarfadh sé chucu thar n-ais ón dteaghlach an chruit
leis.
D'éirigh an naonúr maor poiblí gurbh aidhmeannas buan dóibh
Féachaint i ndiaidh ullmhóide do théadh roimh an uile
chomórtas.
Scuabadh an láthair go réidh, bhí an t-urlár fairsing is álainn.
Tháinig an glaoire thar n-ais agus fuair Déimidiceas bard uaidh
Cláirseach an bhinnis is dhruid leis an lár, agus sheasaimh an
complacht
Ógfhear 'na thimpeall i mbláth geal a nirt is a bhfeabhasa chun
rinne,
Is bhuaileadar bonn lena gcosa go ceolmhar. Ba bhreá le
hOdaiséas
Féachaint ar mhíre na gcor sin do b'ionann 'na shúile le
míorúilt.
Sheinn an dea-chruitire suas ina dhiaidh sin is b'álainn mar chan
sé
Conas mar thugadar searc, Afraidíte agus Airéis, dá chéile.
Airéis a tháinig go dtí pálás Héafaestais i gan fhios
Chuici i dtosach, agus bhronn sé go fial agus d'aithis sé leabaidh
Phósta a dhearthár; ba é d'imigh ansin chun an ghabha leis an

scéala,
 Heilias tiarna na gréine do chonaic i gcuibhreann na seirce iad.
 Níor thúisce inste aige Heilias don ghabha an dúscéala do ghoin
 é,
 Ná chuaigh seisean 'on cheártain is boirbeáil díoltais 'na chroí
 istigh.
 Chuir sé ina cheap an inneoin áibhéil, agus shnaidhm sé ina
 slabhraí
 Lúba dobhriste doscaoilte do dhaingneodh iadsan 'na luí dhóibh.
 Nuair bhí an t-inneall sin déanta ag an ndiaghhabha i mbuile
 chun Airéis,
 Dhírigh sé láithreach ar sheomra na leapa, agus timpeall na
 bpostáí
 Chas sé go cliste le fonn gach a raibh aige déanta de shlabhraí,
 Is d'fhág sé ina dteannta as na fraitheacha in airde éacht
 sreanganna crochta
 Bhí ar chomhchaoile le sníomh dubháin alla; ní fheicfeadh an
 duine iad,
 Ná fiú amháin dia séanmhar, lena fhealltaí a sníomhadh an gléas
 sin.
 Díreach ar fhearas an fhíll a bheith feistithe timpeall na leapa
 Dhealraigh sé a bheith ag imeacht go dtí dúnbhaile daingnithe
 Léimnis,
 Áitreabh is fearr lena chroí ná aon chathair eile sa chruinne.
 Níor dhall faire air do bhí lena linn sin ag Airéis na n-órhéad.
 Chonaic sé siúd Héafaestas na clúcheirde imithe ar aistear,
 Is ghluais leis láithreach go dtí pálás Ghabha cáilmhear Oilimpis,
 Is lasadh istigh ann le searc Chitéire chorónach na háille.
 Ráinig sí sin tar éis filte ó chuairt ar a háthair Oilimpeach.
 B'eo leis an ndia isteach agus fuair í suite ina haonar.
 Rug sé ar láimh ar an ndiabhean is bheannaigh go grách agus
 dúirt léi:
 "Téanam 'on leabaidh, a mhaoineach, chun aoibhnis i mbaclainn
 a chéile.
 Níl Héafaestas anois 'nár ngaire; um an dtacaíd seo bheadh sé
 Sroichte go cóstaí Léimnis is treibh gharbh-ghlórach na
 Síntiach."
 Labhair seisean amhlaidh, is fuair sise sult, leis, i smaoineamh na
 leapa.
 Chuadar araon inti is shíneadar siar; níor thúisce ina luí dhóibh

Ná iad gafa sna líonta do cheap Héafaestas go hintliúil,
 Is gan ar a gcumas a ngéaga a chorraí ná a thógaint in airde.
 B'eolach ansin dár mbeirt go raibh fuar acu cuimhneamh ar éaló,
 Is cé a bhí chucu ar an bhfód ach an clúbhacach éachtach i
 bpearsain!
 Tharraing sé srian agus chas, ní foláir, ar an mbóthar go
 Léimneas,
 Óir bhí Heilias ag brath, agus thug dó focal na faire.
 Chuaigh sé suas chun a chúirte agus léan ag goilliúint ar a chroí
 istigh.
 Sheas sé idir dhá laí an dorais, is dóbair don bhfiúnach é a
 thachtadh,
 Is d'ardaigh sé geoin uafáis, agus liúigh ar na déithibh is dúirt
 leo:
 "A Athair, a Shéis, is, a dhéithe do mhaireas go brách is go
 séanmhar,
 Tagaidh i leith agus faighidh cúis gháire agus scannail in
 éineacht.
 Bím ag iníin Shéis mhóir Afraidíte dom' shíoreasonóru.
 Gráin léi siúd mo bhacaí, is é is ansa léi, Airéis an scriosta,
 Toisc go bhfuil seisean go hálainn dea-ghéagach 's go dtánga ar
 an saol seo
 Is máchailí gránna ar mo chosa. Ní hamhlaidh is mise ba bhun
 leo.
 M'athair 's mo mháthair an chúis — b'fhearr gan a bheith
 saolaithe riamh dom.
 Feicidh anois mar ar thogh ár mbeirt cúláisean chun seirce!
 Chuadar im' leabaidhse chuige! Sin amharc a ghoineas go géar
 mé.
 Nóimeant amháin níos sia níor mhaith leo a bheith lena chéile
 Sínte, dar liom, dá mhéad í a ndúil; ach is col sara fada
 A ghlacfaid le codladh na seirce. Ach coimeádfar le mogaill 's le
 slabhra iad
 Nó go mbeidh cúiteamh agamsa ó Shéas ins na bronntaisí pósta
 A thugas dó i malairt a mhéirdrí iníne go fíal is go fairsing:
 Géillim gurb iontach a scéimh, ach go bhfuil gan srian lena
 mianta."
 Labhair seisean amhlaidh; b'eo leo chun na cúirte do tógadh le
 gaibhneacht.
 Tháinig an Luascaire Cóstaí Poiséadón, is Máistir na mire

Heirméis, is tháinig an Tiarna do leagas i gciantaibh, Apalló.
Choinnigh a náire bhanúil bandéithe na spéartha aige baile.
Bhíodar 'na seasamh sa phóirse, na déithe do bhronnas an t-ádh
orainn,

Agus ar dhéithibh an tséin ansin bhris gáire domhúchta,
Nuair bhí radharc ag a súile ar ar cheap Héafaestas na ceirde.
Sid í an chaint a bhí eatarthu, i súilibh a chéile ag breathnú
dhóibh:

"Ní éiríonn le drochbhearta. Is é an mall mar do rug ar an luath
é.

Féach Héafaestas, dá mhoille é, tá beirthe go dóite aige ar Airéis,
Cé gurb eisean is mire dá bhfuil ann de dhéithibh Oilimpis.
Buann an bacach lena cheird. Agus díolfar as adhaltranas éiric."
B'in é mar bhíodar ag caint ina gcomhrá grinn lena chéile.
Chas mac Shéis uilechumhachtaigh Apalló chun Heirméis is
dúirt leis:

"Cogar, a Heirméis, a mhic Shéis mhóir, a bheir nuacht agus
maoin leat,

Abair, ar mhian leat bheith gafa is an líontán trom sin anuas ort,
Sinte ar an leabaidh seo dhuit, 's Afraidíte ór-álainn ag luí leat?"
D'fhreagair an teachtaire a mhairbh an t-arrachtach Argas is
dúirt leis:

"Á! Dá mba i ndán dom mar deirir, a Apalló do leagas i gcéin
uait,

Dá mbeadh a thrí oiread líonta gan deireadh ná tosach im'
thimpeall,

Agus na déithe go léir, idir mhnáibh agus fhearaibh, ag
féachaint,

Shínfinn le fonn ar an dtocht, 's Afraidíte ór-álainn lem' thaobh
air."

Labhair seisean amhlaidh, 's arís bhris gáire domhúchta ar na
déithe;

Bhris, ach amháin ar Phoiséadón — is amhlaidh bhí seisean ag
impí

Riamh ar an ngabha clúcheirde as an líontán Airéis a scaoileadh.
Chuaigh sé go dtí Héafaestas is díograis 'na ghuth agus dúirt
leis:

"Scaoil é! Díolfaidh sé an éiric, do réir mar is toil leat, go
hiomlán.

Seasaim i m'urra leis sin duit i bhfianaise dhéithe na síre."

Sin é mar gheall sé. Do fhreagair an clúbhacach eisean is dúirt
leis:

"Ná hiarr ormsa sin, a Phoiséadón bhaclainn na dtíortha.
Nuair atá an marc fíorlofa, tá an urra gan mhaith mar an
gcéanna.

Conas a chuirfinnse slabhra ort féinig i láthair na ndéithe,
Má théann Airéis chun siúil is gan beann aige ar fhiacha ná
cheangal."

Dúirt leis an nGabha á fhreagairt Phoiséadón Luascaire Cóstaí:
"Má théann Airéis chun fáin, a dheartháir Héafaestas, gan aon
tsuim

Ionatsa ná ina chuid fiach, is mé féinig a dhíolfas an éiric."

D'fhreagair an clúbhacach mór an gheallúint sin is dúirt le
Phoiséadón:

"Focal mar sin, ní féidir 's ní ceart aon diúltadh do thabhairt
dó."

Tar éis dó na bréithre do rá, scaoil neart Héafaestais an ceangal.
Feasta do bhí an bheirt saor ó ghéibheann an fhórsa do chloigh
iad,

Is bailithe leo ar nós éanlaithe an aeir. Chuaigh seisean go
Traícia,

Is ghluais Afraidíte an gheanfháthaidh go Pafas i gCipir, go
tearmann

Léi féin 's bálnaltóir atá cumhra le boladh na túise.

D'ionlaigh na Grása ansin í is d'olaíodar a corp leis an ola
Dhiachtúil lonrach a smearar ar chneas geal dhéithe na síre,
Is ghaibheadar 'na dhiaidh sin i róba na draíochta í — b'álainn
an radharc sin.

Ba í sin an eachtra do chan Déimidiceas éigeas an ardchlú.
Chuala mo laoch an fhadfhulaing le haoibhneas a ghuth, agus
chuala

Daoine Fhaidhicé na rámh fada caol, clúmhuintir na n-árthaí.
Dúirt Alcanús 'na dhiaidh sin le Heilias is Laodamas rince
A dhéanamh 'na gcomhair leo féin; ní raghadh neach leotha i
gcomórtas.

Thógadar san chun cluiche na lámh ball álainn, an liathróid
Chorcra a bhí déanta aige Polabas dóibh, aige máistir na ceirde.
Fear acu a thógadh í, chasadh a dhrom thar n-ais agus
chaitheadh

Suas chun na scamall, 's in airde ina dhiaidh sin léimeadh do

pháirtí
 Is ghaibheadh í le barr saoráide roimh chosa do bhualadh ar an dtalamh.
 Nuair chríochnaíodar a ngreas liathróide do chaitheamh in airde,
 Rinceadar babhta ina dhiaidh sin ar thalamh na mbonn, agus caitheamh
 Mire ó dhuine go duine acu, is bhuail fir óga ar na himill
 Comhcheol leo lena gcosa, agus d'eirigh a nglór chun na spéartha.
 Dúirt Odaiséas dialaoch lena Shoilse Alcanús Ardrí:
 "A Ardrí mhóir Alcanús an ghradaim is airde ar na tuatha,
 Chuala thú ag éileamh na craoibhe do chuallacht rince Fhaidhicé.
 B'in deimhniú dhom ar t'fhocal, is a fheabhas a bhí, líonann mé d'alltacht."
 Labhair seisean amhlaidh, is bhí lánbhród ar a Shoilse dá chionn san,
 Is labhair sé le lucht Faidhicéach na rámh fada caol agus dúirt leo:
 "Éistidh, a thaoiseacha thír na bhFaidhicéach, 's, a shaoithe na comhairle!
 Cóisireach é seo do dhealraíos lán d'eagna dhomsa agus d'eolas,
 Is bronnatar go fial dá réir air mar a ordaíonn córtas na tíre.
 Tuatha na tíre seo againn, tá dáréag ríthe ina gceannas,
 Is duine de bhreis orthusan mé féinig i bhfeidhmeannas ardrí.
 Clóca dea-nite agus cóta ó gach ríflaith acu faigheadh sé,
 Is tallaint de chéadscóth an óir fhíneálta le taithneamh dá uaisleacht.
 Cuirtear i bhfóiribh a chéile gan mhoill iad, d'fhonn is go bhfaighe sé
 Seilbh, is gairdeachas mór dá chionn air ag suí chun suipéir dó.
 Ordaím, leis, d'Eoirialas a phardún d'iarraidh le mánlacht
 Chainte agus bronnatas a thabhairt, ó dúirt sé breithre neamhchneasta."
 Labhair seisean amhlaidh, is bhíodar 'na pháirt agus mholadar d'aonghuth,
 Is dúirt gach rí lena ghlaoire na bronntaisí a thabhairt chun an pháláis.
 Chuaigh Eoirialas suas agus d'fhreagair is dúirt leis an ardrí:
 "A ardrí mhóir Alcanús an ghradaim is uaisle ar na tuatha,

larrfaidh mé féin pardún ar an gcóisireach deoranta ar t'ordú,
 Is bronnfad an claíomh seo ar an laoch gur de bhróinse dá lansa, agus dorn
 Airgid ghil air is cás nuasháite as an éabhar 'na thimpeall,
 Dlúite go beacht leis. Tuigfidh sé féinig a luachmhaire atá sé."
 Labhair seisean amhlaidh, is chuir ina lámhasan a chlaíomh doirn airgid,
 Agus i gcaint mhín íscal adúirt sé go díograiseach mánla:
 "Móra dhuit, a athair, 's, a chóisirigh, is má tá focal le faobhar nimhe
 Ráite do ghoin in sa mbeo thú, go n-ardaí gaoithe chun siúil é.
 Duitse go dtuga na déithe do chéile is do dhúchas d'athfheiscint,
 Guím, mar is rófhada t'aimsir i bhfad ód' mhuintir ag fulang."
 Is é rud a dúirt, á fhreagairt, an laoch ilbheartach Odaiséas:
 "Móra dhuit féin, leis, a chara, is go dtuga na déithe dhuit sonas;
 Is aithreachas ort nár thaga de dheascaibh an chlaíomh seo do thabhairt uait
 Domsa, is do phardún buaite agat orm le taithneamh do bhréithre."
 B'in é mar dúirt, agus chroch ar a ghualainn an claíomh doirn airgid.
 D'imigh an ghrian ón spéir, agus tháinig na bronntaisí ardchlú,
 Tugtha chun tí Alcanúis ag complacht uasal na nglaoirí.
 Clann mhac Rí Alcanús a thógadh a dtiomargain uathu,
 Is d'fhágadh 'na dhiaidh sin na seoda ag a máthair onóraigh le haoireacht.
 Chrom Alcanús ansin ar na huaisle do stiúradh ar an halla,
 Is leanadar eisean is chuadar chun suite i gcathaoireachaibh arda.
 Thosnaigh a Shoilse Alcanús ar labhairt agus dúirt le hAiréite:
 "Ordaigh, a bhean, togha comhra do bhreith chugainn, rogha a bhfuil againne,
 Agus i dtaisce don laoch cuir clóca dea-nite agus cóta ann.
 Deargaídh faoin gcorcán is beirítear an t-uisce chun níocháin;
 Nuair bheidh ionladh aige fachta is go bhfeicfidh stobhála gach aon ní
 Dá bhfuil bailithe im' chúirt aige ríthe Fhaidhicé le bronnadh air,
 Gheobhaidh sé suáilceas thar meon in sa bhféasta is i nduantaibh an fhíle.

Bhéarfad an bronntas seo im' pháirtse dhó, leis, sáráilleacht na ceirde,
 Órchupa, d'fhonn is gur cuimhin leis mé féin feadh na laethanta is beo dhó
 Le linn fiona do dhoirteadh do Shéas is do dhéithe na spéire." Labhair seisean amhlaidh, is d'ordaigh Airéite dá mná seirbhíse Chomh luath is b'fhéidir an tine d'athadhaint faoi choire na dtrí gcós.
 Thugadar suaitheadh don ghríos, shocraíodar an coire ar an dtine, Dhoirteadar uisce isteach ann is chaitheadar bloic ar an ngríosaigh.
 Léim mearlasracha aníos faoin dtóin is bheiríodar an t-uisce. Tháinig Airéite ón stór lena linn sin is comhra don deoraí, Ceann sárbhreá aici dá iompar, is chuir gach bronntas i dtaisce ann
 Dá raibh facht aige sin i bhFaidhicé, idir ór agus éadach. Chomh maith chuir sí isteach ann 'na páirt féin clóca agus cóta, Is d'ardaigh sí a guth ina dhiaidh sin le comhairle do thabhairt dó agus dúirt leis:
 "Fágaim an chlúid fút féin, cuir snaidhm chomh maith uirthi is a fhéadfair,
 Ionas ná déanfar arís, nuair thitfir dod' chodladh, bradaíocht ort, Sínte san ártach go sámh duit ar bhóthar na dtonn sara fada." Chomh luath is cloiseadh a bréithre do laoch an fhadfhulaing Odaiséas,
 Shocraigh sé láithreach an chlúid is ba ghasta do shnaidhm uirthi an tsnaidhm sin
 Draíochta a bhí múinte dhó cheana aige Circe diabhean an fheasa.
 Dúirt maor mná leis ar ball bheith ag déanamh ar iomar an níocharín
 D'fhonn is go sínfeadh sé ann, agus b'éachtach an gairdeachas croí dhó
 Feiscint an ghail, níor ghnáthach go mbíodh a leithéid de chineál dó
 Riamh ón lá sin a scar sé le hainnir na gcraobh, le Calapsó. B'iúd é an parthas beatha mar bheadh aige dia aige ina cúirt sin. Nuair bhí an laoch mór ionlaithe is olaithe ag mná seirbhíse, Ghaibheadar i gcóta thar n-ais é agus clóca ar a ghuaillibh ar áilleacht,

Is d'fhág sé go héascaidh an seomra agus faoi chóip ibhe na bhfionta
 A dhírigh a shiúl. Bhí Násacá roimhe do sciamhaigh na déithe. Ráinig sí lámh le piléar dár choinnigh go daingean an dion mór
 Agus na súile aici ar leathadh ag breathnú dhi ar an sárfhear Odaiséas.
 Tháinig a caint di agus labhair leis an laoch; ba le díograis a dúirt sí:
 "Slán leat, a dheoraí, is nuair bheidh t'amharc ar thalamh do shinsear,
 Coinnigh mé id' chuimhne — dom' chionn is ea d'fhéadais an t-anam a thabhairt leat."
 Dúirt leis an ógh á freagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:
 "A ógbhean dhílis, a Násacá iníon Alcanúis an mhórchroí, Guím Séas éachtach na dtóirneach gur céile dhó Héire a Bhantiarna
 Filleadh ar an mbaile a thoiliú dhom 's an fód binn dúchais d'athfheiscint.
 Urnaithé buíochais mar dhéanfainn do dhia, duit féinig do dhéanfainn
 Choíche ansin feadh mo shaoil, mar is tú féin d'fhuascail mé, a mhaighdean."
 Dúirt, agus chun na cathaoireach le taobh Alcanúis Ardri Chuaigh sé agus shuigh. Bhí an fheoil á gearradh is an babhla dá mheascadh.
 Tháinig an glaoire isteach 's Déimidiceas dall aige á stiúradh, Éigeas an chlú a thuill urraim na ndaoine, is i lár na bhfleathóirí Shocraigh 'na shuí é agus drom a chathaoireach i dteannta piléir aird.
 Rinne Odaiséas mír fheola do ghearradh de dhrom muice méithe Bánfhiacraí, is d'fhág flúirse air 'na dhiaidh faoi mhéithreas dea-rósta,
 Is d'ordaigh an laoch ilbheartach do ghlaoire ina chongar is dúirt leis:
 "Beir leat, a ghlaoire, an dea-mhír seo go bord Dhéimidicis uasail;
 Glacadh sé uaim í agus itheadh — dá mhéad í mo dhiachair, beannaím dó.
 Óir tá meas agus urraim 'na ndualgas d'fhillibh ar a maireann

D'fhearaibh ar domhan, agus fáth leis, mar cuireann an Bhé
bhinn a n-eachtraí
Áille filíochta ina meabhair, agus gránn sí muintir na héigse."
Dúirt, agus b'iúd leis an nglaoire go dtí Déimídeas file
Is thug dó an pláta is an mhír; ghlac seisean é is áthas thar meon
air.
Shíneadar lámha chun an bhídh a bhí ullmhaithe rompu go
blasta,
Is tar éis dá ndúil a bheith sásta do bhí acu san ól is san ithe,
Labhair Odaiséas chun an bhaire Déimídeas 'gus adúirt leis:
"Gairm thú féinig, a bhaire Déimídeas, seachas a maireann!
Ba í Bé an bhinnis, iníon Shéis mhóir, nó Apalló do mhúin thú.
Measaim é ar a fheabhas ó chianaibh a chanaís-se dán na
nAcaeach;
Gach a bhfuil déanta acu is fulaingthe is gach a bhfuil facht de
challshaoth,
Tá agat i leith is go rabhais ar an bhfód, nó gur fear acu a
labhair leat.
Crom leat ar sheinm arís agus inis dúinn eachtra úd an chapaill
Adhmaid, an t-inneall a mheabhraigh Eipéas le cúnamh Aitéine,
Is beartú an tiarna Odaiséas chun go seolfá suas é go caisleán
Chathair na Traí is é líonta de chomplacht Iliam a léirscrios.
Má taoi ábalta, a bhaire, ar an scéal ó thúis deireadh d'insint,
Neosfadsa i láthair an tsaoil agus fágfaid ag daoine mar chlú ort
Féith na filíochta ó neamh gur mheasc dia fabhrach id'
dhúchas."
Dúirt, agus ghlaoigh sé siúd ar an ndia, agus do thosnaigh ar
chanadh
Conas mar chuaigh na hAcaigh 'na mbáid is gur suíodh ar na
tochtaí,
Agus gur sheoladar leo tar éis tine do chur 'na mbothánaibh.
Bhí lena linn rogha fiann faoin gcaptaen cáilmhear Odaiséas
Folaithe i mbolg an chapaill i láthair na dála sa Traí féin;
Bhí sin tarraingthe aníos aige muintir na Traí chun a gcaisleáin.
Bhí sé ina sheasamh ansin, agus rinneadar, suite ina thimpeall,
Caint dhíomhaoin gan staonadh. Do bhí trí thuairim 'na
meascan,
Cuid acu a mholfadh an t-adhmaid a pholladh gan taise le spiaráí,
Cuid acu é a thabhairt chun na scéimhe is é a chaitheamh le fána
na faille,

Agus a thuilleadh acu é d'fhágaint mar sheoid chun na ndéithe
do mhaolú;
Agus do ba é sin an moladh gur dhán dóibh cloí leis ar deireadh —
Óir bhí a léirscrios in áirithe dhóibh nuair thabharfadh a ngeataí
Saorthead tríothu don each mór crainn, agus scoth na nAcaeach
Suite ann le héirleach is íde do dhéanamh ar Thraí is ar a
muintir.
D'eachtraigh an file mar tháinig an bhuíon sin amach ina scátha,
Mar d'fholmhaíodar a nead ganfhiosáíochta, mar creachadh an
chathair,
Conas mar thugadar sciúird ins gach aird, mar shladadar rompu,
Conas mar chuaigh Odaiséas go dtí cúirt Dhéifibis ardfhlaith
Is fíochmaireacht Airéis 'na ráib, agus Rí Meinealás ina
chuibhreann,
Conas mar sheasaimh an laoch in san áit sin an comhrac ba
mhillí,
Is má bhuaigh ann faoi dheoidh, gur le cabhair mhóraigeanta
Aitéine é.
D'eachtraigh an t-éigeas glórmhar na nithe sin. Chuala Odaiséas
lad agus léigh sé, is shíl óna fhabhraí anuas ar a leicne;
Dála na mná caointí atá fáiscithe le marbh a céile
A thit faoin bhfalla sa chomhrac i bhfianaise a chomhchathreoirí
D'iarraidh a chathair 's a muintir ar lá na neamhthrócaire a
chosaint.
Breathnaíonn sise ar a hógach i gcróití déanacha an éaga,
Casta ar a chabhail di le géarolagón; seo aniar uirthi ag
buachaint
Naimhde agus gaibhid ar a drom 's ar a guaillí le crannaibh a
sleatha,
Is seolaid i gcéin leo ar adhastar chun saothar is bráca na daoirse
í;
Bíonn a cinnaghaithe sin scriosta le racht thruamhairg a léanta
Bhí an trua dheoir chomh géar san ag síleadh ó shúilibh
Odaiséis.
Lean sé ag síleadh na ndeor ar an nós sin i gan fhios don
mhuintir
Ach d'Alcanús amháin; bhí an t-ardrí suite ina chongar,
Is thug sé a ghol faoi ndeara is na hosnaí troma do ligeadh.
D'ardaigh sé a ghuth gan mhoill, 's le Faidhicéigh na rámh fada
dúirt sé:

“Éistidh, a fheara na comhairle, is, a thaoiseacha thír na bhFaidhicéach,
 Is éistíodh cláirseach an bhinnis 's an bard Déimídiceas feasta,
 Óir dealraíonn nár thaitin a cheolta le cách in san áit seo.
 Ón uair thosnaigh a ghuth diachtúil sin i gcaitheamh an tséire,
 Riamh lena linn níor stad osnaíl thruamhéalach is caoineadh
 Ár ndeoraí; tá a chroíse aige brón dubhach éigin dá fháscadh.
 Sosadh an file dá réir sin, is bíodh comhaoibhneas againne,
 Lucht óstaíochta agus cóisireach, sin é agaibh an córtas is áille,
 Gach a bhfuil ordaithe againn, is le hurraim do chóisireach a rinneadh,
 Ártach is tíolacadh carad, a thug ár dtír dó le hansacht.
 Is é mo bharúilse gur geall le deartháir achaineoir agus deoraí,
 D'aon duine a choinnígh 'na chroí rian tuisceana daonna dá laghad é.
 Ná ceilse orm, dá bhrí sin, le cúinsí beartaithe, pointe
 Dá bhfuil agamsa le fiafraí dhíot; is é is córa dhuit, d'insint.
 Abair an ainm a thugadh do mháthair is t'athair id' thír ort.
 Agus a glaotaí ort in sa chathair 's i dtuatha ina timpeall.
 Óir ní facthas riamh aon duine á fhágaint gan ainm.
 Pé acu arbh íseal nó uasal dá fhuil, más teacht ar an saol dó;
 Tugann an t-athair 's an mháthair, ar aimsir a shaolaithe, ar chách í.
 Abair liom fairis sin cé acu do thír is do thuath is do chathair —
 Sall chuige i gceann dár mbáid, go bhfuil meabhair leo féin acu, seolfair.
 Óir tuig uaimse ná bíonn fir stiúrach i mbáid na bhFaidhicéach;
 Bíonn crainn stiúrach i longa nach iad, is neamhspleách orthu dhóibhsean.
 Smaointe agus aigne na ndaoine ar a mbord, dár longa-na is eolach,
 Agus is eol dóibh cathair gach n-aon agus páirceanna méithe
 Lucht curadóireachta, is seolaídh thar dhuibheagán mara go tapaidh
 Faoi bhrat scamall is ceo, is ní baol dóibh briseadh ná dochar.
 Ach fós, seo rud a chuala á rá ag Násatús m'athair:
 Deireadh go mbeadh lá fós ann go gcasfadh Poiséadón chun fiúnaigh
 Linne de chionn slániompair a dhéanamh do pé duine a thig chugainn.
 Dúirt sé go mbrisfeadh an dia bád breá dár loingeas Faidhicéach,

Lá, nuair bheadh sí ag filleadh tar éis luchtóireachta a dhéanamh
 Trí cheo mara, agus cliath mhór chnoc ar an gcathair go n-iafadh.
 Ba iad san bréithre an tseanóra, agus tabharfaidh an dia chun a gcríche iad,
 B'fhéidir, is b'fhéidir ná tabharfadh, do réir mar tá éirim 'na cheann air.
 Abair an méid seo liom, áfach, is inis dom é go neamhbhalbh,
 Cár ghluaisís ar an bhfán, agus cad iad tíortha do shiúlta.
 Inis dúinn áilleacht na gcathrach, is cén saghas daoine a bhí iontu,
 Cé acu ina dtreibh fhiaín ghoirgeach dóibh is gan aird acu ar dhlíthe,
 Nó an mbíodh fáilte roimh fhear coigríoch acu is urraim do dhéithe?
 Inis cad chuige go gcaoinir 's go n-éiríonn t'aigne go léanmhar
 Nuair éistir leis an íde do fuair na hAcaigh is Iliam.
 D'oibrigh na déithe é sin, is do cheapadar d'fhearaibh a dtreascairt
 D'fhonn ábhar éigse do thabhairt dá dtiocfadh 'na ndiaidh ar an saol seo.
 Arbh amhlaidh a thit, faoi fhalla na Traí, gaol cleamhnais duit féinig,
 Cliamhain fóna uasal, nó athair do chéile, duine éigin den mhuintir
 Uainne ba mhó gheobhadh dílseacht i dtánaiste d'fhuil is de chine?
 Nó arbh fhear maith compánaigh a bhí ar chomhaigne leatsa
 A cailleadh sa chogadh sin? Óir ní measa deartháir linn ná cara
 A bhíos ina ghnáthchompánach sa bheathaidh 's a thuigeas go ceart dúinn.”

IX

Dúirt ar an mball á fhreagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:
 “A Ard-Rí mhóir Alcanús an ghradaim is uaisle ar na tuatha,
 Sid é an t-aoibhneas go deimhin in san áit go bhfuil fleath agus féile
 Éisteacht le bard dá leithéid go bhfuil guth aige ar bhinneas na ndéithe.

Óir níl aiste ar an saol seo, mar mheasaim, is glórmhaire
 taitneamh
 Ná nuair chítear dea-mhuintir ar aigne shoilbhir in éineacht
 Timpeall in ordú cruinn is iad suite chun bord atá lionta
 D'fheoil is d'arán, agus giolla na dí griothlánach ag tarraing
 Fíona as an mbabhla is á thabhairt leis le doirteadh isteach ins na
 cupaí:
 Rogha gach saoil é sin, más liomsa mo thuairim a chaitheamh.
 Ach is é cheapair i t'intinn, iomard ródheorach mo bheatha
 D'fhiosrú, ionas gur móide mo dheora is mo dhiachair an cheist
 sin.
 Cá dtosnód? Cá leanfad 'na dhiaidh? Cad a neosfad ar deireadh
 Ó líon déithe na spéire go barra mo chion-sa de léanta?
 Déarfaidh mé ar dtúis libh m'ainm, le heolas a thabhairt ar an
 méid sin
 Daoibh, 's má thugaim 'na dhiaidh ó lá na neamhthrua liom an
 t-anam,
 Cuimhnídh orm mar chara, dá fhaid a bheidh m'áitreabh i gcéin
 uaibh.
 Mise Odaiséas Laeirtéis, an té sin go mbíonn ar a chúinsí
 Insint i scéalta na cruinne, is a chlú ag dul go crannaibh na
 spéire.
 Iticé oileán an dea-shnó, is i m'áitreabh. Tá cnoc san oileán sin,
 Néiríteas álainn duilliúrach, is tá oileáin eile ina thimpeall,
 Clais acu, i gcóngar a chéile sa mhuir, 's daoine iontu ina
 gcónaí;
 Tá Dúlaiciam orthu, agus Sama is Sacantas na gcoillte.
 Is í féin talamh is sia chun na farraige móire den chléith sin;
 Féachann sí siar, 's an chuid eile chun éirí gréine agus oirthir.
 Garbh an chloch, ach cothaíonn sí dea-óglaigh; is maidir liom
 féinig,
 Níl faoin spéir aon amharc is gile lem' shúile ná an fód sin.
 Choinnigh 'na humhain mhóir líofa, Calapsó réilteann na
 ndiabhan
 Léi mé faid gach 'n fhaid, 's gurbh áil léi snaidhmeadh mar
 mhnaoi liom.
 Circe, diabhean an fheasa is an fhíll, do choimeád mar an
 gcéanna
 Thall mé ina cúirt Aeéiach, ba mhian léi snaidhmeadh mar
 mhnaoi liom.

Ach níor éirigh le mealladh na mban dul i bhfeidhm ar mo
 chroise;
 Á chomharthú nach mílse ná a dhúchas is a athair 's a mháthair
 Aon ní d'fhear, fiú amháin más pálás saibhir a chónaí
 Is fód méith iasachta i bhfad ón muintir a thug ar an saol é.
 Ach cár fhágas? Neosfad an cúrsa anróiteach a thoiligh
 Séas ó d'fhágas im' dhiaidh ardchathair na Traí agus a cósta.
 Sheolamar roimhis an ngaoith ó Iliam go hIsmireas cuanphort
 Chríocha na gCicineach. Chreachas a gcathair sin, threascras a
 hóglaigh.
 Mná fara slaid rífhluirseach do thugamar linn as an gcathair,
 Is rinneadh an riaradh sa tslí go raibh cion ag gach aoinne gan
 tormas.
 Chomhairlíos dóibh ina dhiaidh bheith ag greadadh go diair as
 an gceantar
 Fear má luaigh, ach na héagain, ní ghéillfeadh a n-intinn dom'
 chomhairle.
 Hóladh ansin cois trá éacht fíona, maraíodh an-raidhse
 Chaorach is mhart camadharcach is borraíl iontu le méithreas.
 Cicinigh d'éalaigh le gairid, do ghlaodar ar Chicinigh eile
 Thuas faoin dtír mórthimpeall ba chalma ná iad 's b'iomadúla,
 Dream armálta do ghnáthaigh an dá shlí dhulta sa choimheascar,
 Comhrac a dhéanamh 'na marcaigh 's 'na gcoisithe do réir mar a
 theastaíodh.
 Tháinig a slua chomh tiubh le duilleoga agus blátha sa tséasúr
 Faoin gceo maidine, agus b'in dúphláinéad orainn le toil Shéis
 D'ordaigh an t-ole 'nár gcomhair, agus mórán láithreach le
 fulang.
 Socraíodh linte na n-arm agus bhruíonadar le hais na n-árthaí,
 Scaoil an dá thaobh faoi chéile na spiaráí bróinse is na sleatha.
 Faid a bhí grian ag dul suas is an lá i mbrí bheannaithe ag
 méadú
 B'fhéidir lem' fhearaib a bhfoghasan a sheasamh dá mhéad a bhí
 ann díobh,
 Ach nuair mhaolaigh an lá in am scortha na ndamh des na
 céachtaí
 Sád siar buíon na nAcaeach faoi theannadh na gCicineach
 láidir.
 Fuarthas le comhaireamh na bhfear go raibh seisear in easnamh
 ar gach bád;

Is ní raibh ann don chuid eile ach na cosa is an t-anam a thabhairt linn.

Sheolamar linn ar an muir 's ár gcroí dá fháscadh go léanmhar Toisc ár gcairde a chailliúint, má ba mhilis an t-anam againn féin.

Níor dhearmhadamar, áfach, na bochtáin úd; ní lamhálfainn Fágaint a róid d'aon bhád sarar glaoth trí huaireanta ar ainm Gach a raibh fágtha ar an bplána aige sleatha na gCicineach sínte.

Scaoil Séas chruinnithe scamail an aeir gála éachtach aduaidh linn

Is sinn ar an bhfarraige, le hardfhuarmáil, agus d'fholaigh le scamail

Muir agus talamh in éineacht, is ón spéir thuirling an oíche. Séideadh i bhfad ina dhiaidh ón slí sinn le fórsa na stoirme Is rinn' géiríocha go luath dár seolta le stracadh na bhfleánna, Agus le heagla an bháis do bhailiúmar anuas ar an mbord iad. Rinneamar dícheall ansin ar an dtalamh a tharraing le rámháiocht Is leanamar riamh air ar feadh dhá lae is dhá oíche gan staonadh, Is bhí ár n-aighe go dubhach á mheilt aige brón 's aige tuirse. Bhreac, ar an dtríú lá, Áróra agus loinnir 'na craobhfhoit, Is cuireadh 'na seasamh na crainn agus tógadh in airde na seolta, Is shuíomar is d'fhágamar é faoin ngaoith is faoi fhearaibh na stiúrach.

B'iúd mise slán folláin 's mé ag teacht faoi dheoidh ar mo dhúchas!

Is féach, ag gabháil dúinn timpeall Mhailia, go dtáinig athbheochaint

Anma sa ghaoith, is ná ligfeadh na srotha is na hólaithe seoladh Tríd an mbealach, 's gur séideadh mé amach laisteas de Chitéire. Mar sin ar feadh naoi lá faoi fheothainí millteacha gaoithe. Seoladh ar áitreabh an éisc. Ar an ndéichiú lá tharraingíomar Tír lucht lótais a chaitheamh, a ghníos dá mbláthanna a mbeatha.

Chuamar i dtír in san áit sin ag fáil lón uisce, agus caitheadh Bia meán lae mairnéalach gan aon mhoill le hais na n-árthaí. Tar éis dár dtart a bheith múchta agus tar éis dár ngoile a bheith sásta,

Rinneas-sa beirt chompánach a thoghadh is fear eile mar ghlaoire,

Is chuireas chun bóthair ag fáil faisnéise ó mhuintir na háite iad Cé acu de threabhchaistí chaite an aráin a bhí i seilbh na tíre. Chuadar 's ba ghearr gur i measc lucht lótais a chaitheamh a bhíodar,

Is níor taibhríodh dóibh siúd aon choscairt a dhéanamh dem' chairde,

Níor taibhríodh, ach a mhalairt, na bláthanna lótais a thabhairt dóibh,

Toradh ba mhilse ná mil, is do réir mar a chaitheadh an duine é, Níor thoil feasta leis scéal a bhreith leis, ná ní fhilleadh in aon chor. Ní raibh uathu ach fanacht ann, i measc lucht lótais a chaitheamh,

Is lúf leo ag inbhear an lótais a loit acu cuimhne ar a ndúchas. Thugas thar n-ais chun na mbád le foréigean an triúr sin ag caoineadh,

Is cheanglas i mbolg a bháid faoi thochta gach aoinne acu saite. D'ordaíos láithreach do lucht compánach na dílse gur mhithid Dul faoi dheabhadh is na longa agus rop rámháiochta do dhéanamh

D'eagla go loitfí a gcuimhne ar a ndúchas le lótas a chaitheamh. B'iúd leis na fearaibh ar bord, agus shuíodar go pras ar na tochtaí,

Is thóg gach fear acu a mhaide agus bhánaigh an mhuir lena mbuillí.

Sheolamar linn ar an muir 's ár gcroí dá fháscadh go léanmhar. Bhuaileamar tír na gCioclópach gur cuma idir bhéas agus dhlí leo.

Fágann an treibh sin a dtalamh 's a ngnó faoi dhéithe na síre; Síol ná planda ní chuirid, ná treabhadh leis an gcéachta ní dhéanaid.

Bíonn, gan síolchur gan treabhadh, gach fás ón dtalamh ag eascar,

Eorna, cruithneacht, fíniúna do bheir dóibh fion as a dtriopail Éachtacha caortha, go dtagann na ceatha ó Shéas chun a mborrtha.

Ní bhíonn dáil acu siúd chun comhairle nó dlithe do mholadh, Ach ins na huamhnacha líofa atá thuas faoi mhullaigh na mbeann ard

Bíonn cónaí orthu, agus bíonn cách díobh i mbun dlithe do dhéanamh

Dá mhná féin 's dá chlainn, agus mairid gan spleáchas dá chéile.
Taobh amuigh ' chuan dúthaí na gCioclópach tá Beaginis sínte
Trasna ar an mbéal faoi choillte; ní gairid dó atá ná ní fada,
Is éacht gabhar fiain ag imeacht ann 'na sluaite gan eagla roimh
aon ní.

Óir níl conair ann déanta aige fearaibh ná fiagaithe ag teacht ann
Á dtóru lena ngadhair, dream dian atá ullamh chun saothair
D'fhulang in achrann na gcoillte is ag déanamh ar bharra na
gcnoc dóibh.

Níl an t-oileán aige tréada ina pháirc, ná ina bhranar do
chéachtaí,

Is fanann sé choíche gan cur is gan aon tsaothrú curadóirí,
Is níl glór daoine le clos ann, ach meigleach na ngabhar a
bheathaíonn sé.

Óir níl aon árthaí gob craorag i dtír na gCioclópach
Ná saoir dhéanta na long sraith-bhanc rámbaíochta agus seolta,
A bhéarfadh anonn is anall chun cathracha daoine agus uathu
Gach saghas earra do bheir lucht tráchta thar lear chun a chéile.
Sin dream d'fhágfadh san áit ardchathair dea-bhunaithe i
rachmas;

Óir ní talamh beagfhóid é; ina ionú níl toradh ná tabharfadh.
Chítear ann síos go dtí bruacha na farraige léithe na móinéir
Úrmhara boga; do bheadh finiúna gan feochaint ag fás ann.
Bheadh saoráid ann chun treafa; agus barra na déise go hard ann
D'fhaobhar speal buanaithe fómhair, mar tá méithreas thar meon
in san ithir.

Cuan nár ghanntar an cábla ann, 's is saoráidí calaitheoireacht,
Is nach gá t'ancaire a chaitheamh, ná téadracha róid leis an
árthach,

Tá sé san áit, gan le déanamh ach bualadh le port is fanacht ann
Nó go mbeidh fonn ar an bhfoirinn 's an ghaoth go hoiriúnach
ag séideadh.

Agus ag ceann an dea-chuain tá feadán geal fíoruisce ag briseadh
Ó ghabhal cloiche agus fás crann crithin 'na mothall 'na
thimpeall.

Sheolamar cruinn go dtí an ball, ní foláir nó bhí dia againn 'na
phíolóit,

Trí dhall diamhair na hoíche, mar romhainn ní raibh tada le
feiscint,

Is ceo ramhar timpeall na mbád; aon ghatha dá solas ní tháinig

Chugainn ón ré, mar do bhí an spéir múchta aige clúdach na
scamall.

Ní fhaca, is sinne sa tseol, aon fhear an t-oileán lena shúile,
Ní fhaca na hólaithe fada ag leanúint ar a chéile go himeall
Cladaigh, go dtí go raibh buailte ar an ngainimh ag longa na
dtochtaí.

Tar éis a bheith tiormaithe dhóibh, tharraingíomar a gculaithirt
anuas díobh,

Is chuamar amach ar an dtraigh agus suas ó shroichint na taoide,
Is shíneamar siar 'nár gcodladh go lóchaint bheannaithe an lae
ghil.

Nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rósdeirg na Maidine,
B'iontach thar meon linn radharc an oileáin, agus b'iúd linn á
chuardach.

Nimfi iníonacha Shéis ardtiarna na scéithe do mhúscail
Romhainn gabhair fhiaine ar an gcnoc chun go mbeadh dinnéir
ag mo mhuintir.

Láithreach do chuamar ag triall ar na spiaráí fada is na hárthaí
Is boghaite chun seilge, is riaradh 'na trí bhuíon fiagaithe an
fhoireann.

Scaoileamar leotha, agus thug dia fabhrúil seilg thar barr dúinn.
Dhá bhád déag a bhí ann, is in aghaidh gach foirinne ceapadh
Slaid naoi ngabhar, ach domsa is do m'fhoireann do tugadh
deich gcinn díobh.

Mar sin do bhíomar ar feadh lae fhada gur imigh an ghrian
uainn

Suite chun féasta ar an éacht mór feola agus céadrith an fhíona,
Óir níorbh amhlaidh a bhí ár stór d'fhíon dearg i ndisc fós;
Bhí earasbarr ann, mar bhí neart fíona againn tarraingthe i
gcrúscaí

Tar éis dúinn cathair na gCicineach d'argain is saibhreas a
teampall.

Trasna ón áit sin i gcóngar bhí amharc at thír na gCioclópach;
D'éirigh a ndeatlach san aer, is ba chlos iad féin is a dtréada.
D'imigh an ghrian ón spéir, gan mhoill bhí titim na hoíche ann,
Is shíneamar siar 'nár gcodladh ar an dtraigh nó go mbreacfadh
an lá geal.

Nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rósdeirg na Maidine,
Chruinníos foirne na bhfear, agus labhras 'na láthair is dúrt leo:
'Fanaidh le chéile anseo liom, a lucht compánach na dílse.

Raghad féin trasna sa bhád seo is mo chomplacht rámhaithe im' theannta,

Á fhiosrú cén saghas dream daoine atá thall in sa tír sin,
Cé acu ina dtreibh fhiain ghoirgeach dóibh is gan aird acu ar dhlithe,

Nó an mbíonn fáilte roimh fhear coigríoch acu is urraim do dhéithe.'

Dúrt, agus chuas in sa bhád, agus d'ordaíos d'fhearaibh na foirne

Éirí isteach ann im' dhiaidh is na cáblaí ródaíthe a scaoileadh.
B'eo leis na fearaibh ar bord, agus shuíodar go pras ar na tochtaí,

Is thóg gach fear acu a mhaide agus bhánaigh an mhuir lena mbuillí.

Bhí an tír cóngarach dúinn 's níorbh fhada gur bhuaileamar port ann.

Láithreach ba léir 'nár radharc ar an gceann sléibhe in aice na mara

Umhain mhór ard faoi scáth crann labhrais, is loc os a coinne
Dá lán tréad, idir ghabhair agus chaoire. Do b'fhairsing an dún é

Is fál ramhar daingean 'na thimpeall go groí, go raibh clocha cairéil ann

Sáite idir chrainn chaolghiúise is daraí d'fhás suas thar a bharra.
Chónaíodh arrachtach fir ann i bhfad ó dhaoineibh ina aonar,
Is gan aon bheann aige ar chomharsain, ag aoireacht a thréad in san uaigheas,

Riamh agus choíche ina chaonaí dhubh 's coirptheoireacht sa chroí aige.

Bhí sé ar iontas na cruinne mar arrachtach. Dealramh le daoine
A chaitheas arán ní raibh aige siúd; is é is mó atá cosúil leis,
Spor cnoic aird faoi chrannaibh, a chítear ar leithrigh sa bhfioraí.
Díreach ar theacht d'ordaíos d'fhormhór mairnéalach na loinge
Faire a choiméad uirthi ansin; dáréag des na fearaibh ab fhearr díobh

Thoghas chun gluaiste liom féin, agus thugas liom mála dea-fhíona

Mhilis a bhronn mac Eointéis, an sagart d'Apalló Marón orm.
Tharla sé in Ísmireas linn; bhí an tír faoi choimirce Apalló,
Is bhí naomhthearmann d'Fhéabas i gcraobhchoill d'áitribh an

sagart

Fara n-a mhnaí agus a leanbh. Do thugamar urraim dó is saoradh,

Agus ba niamhrach an bronntas a thug sé dhúinne ina chúiteamh.

Thug, seacht dtallintí óir a bhí greanta go binn aige ceardaí,
Is ribhabhla airgid phláta, agus thug dúinn, tarraingthe i gcrúscaí,

Dhá cheann déag acu, an fion milis úd gan meascadh; a leithéid sin

Líontar do dhéithibh ag bord. Ní raibh aon tseirbhíseach dá theaghlach

D'fhéadfadh an bairille d'fháil; cá raibh, níorbh eolach do dhuine
Seachas é féinig amháin is a chéile agus maorbhean na n-eochrach.

Nuair bhíodh muintir an tí á ól san ina fhíon dhearg mhilis,
B'amhlaidh a meascaí aon chupa amháin de le fiche oiread uisce,

Is d'éiríodh boladh san aer chomh cumhra ón mbabhla is gur ionann

Parthas leis, 's ná faigheadh croí duine aon tsásamh 'na dhiúltadh.

Thugas sa tslí lán mála den bhfion 's lón bídh i sac eile,
Óir taidhríodh ar an bhfód dom i m'aigne chróga go mbuailfinn,

B'fhéidir, le fathach an-fhiain a bhí beagbheann dall ar gach aon dlí

Daoine agus déithe, is a ghéaga go héachtach 's a ghaisce go han-tréan.

Bhíomar go luath ag an umhain. Níor ráinigh an máistir istigh romhainn;

Bhí sé ar an uair sin ag aoireacht a bhánstoic mhéith in sa bhfásach.

B'eo isteach linne san umhain is ag tabhairt faoi ndeara a raibh inti,

Cléibheanna líonta de cháis, neart uan is mionán ins na locaibh
Bhíodar ar deighilt ó chéile, uain láidre an earraigh ar leithrigh,
Uain níos óige ná iad leo féin, is i loc lena chéile

Uain nuabheirthe, agus bhí na mionáin ar scarúint mar an gcéanna.

Agus i mball leo féin bhí dlús mór áraistí crúite
 Líonta go barra de mheidhg, bheistí agus chaláin agus bhabhlai.
 D'achain mo lucht compánach ar dtúis orm céadrith na cáise
 D'ardach thar n-ais linn is uain is mionáin as a locaibh a
 scaoileadh,
 Is creach mhór díobh a thiomáint romhainn síos chun na loinge,
 agus seoladh
 Trasna ar an saile go luath. Níor ghéilleas, is b'fhearra go
 ndéanfainn,
 Ghéilleas do mhian radharc d'fháil air, is féachaint an
 dtabharfadh dom féile.
 B'fhíor nár dhán dos na cairde go bhfaighidís taitneamh sa
 bhfeiscint.
 Tar éis dúinn tine do dheargadh, mharaíomar is rinneamar
 íobairt.
 Thógamar cáis, bhí bia againn; 'na dhiaidh sin do bhíomar ag
 feitheamh
 Inár suí istigh lena theacht; agus tháinig ag aoireacht a thréada
 Is beart mór groí crín choille ar a dhrom chun tine na hoiche.
 Chaith sé anuas de istigh é le pleist uafáis ar an urlár,
 Is b'iúd linn ag teitheadh as a láthair le sceimhle go hiarthar na
 huamhnach.
 Bhagair sé isteach in san uamhain mhóir leathain na gabhair is
 na caoire,
 Gach a raibh díofa le crú aige, ach d'fhág ag an ndoras na firinn,
 Idir phocáin is reithí; bhí fairsinge an chlóis ag an saghas sin.
 D'ardaigh sé cloch ansin agus chuir in sa doras go docht í,
 Ceann áibhéil; ní bhfaigheadh fiche cairt is ceithre rothanna
 fúthu,
 Dá fheabhas patrún 's adhmaid, an chloch sin a bhogadh den
 talamh;
 Chuir sé a leithéid sin de bhoirnigh 'na seasamh go cruinn in sa
 doras.
 Shuigh sé ansin agus chrúigh a chuid caorach is gabhar go
 coinníollach,
 Is tar éis gach máthar a chrúigh dhó, do scaoileadh a beireatas
 fúithi.
 Láithreach 'na dhiaidh sin le binid do chas sé ina ghruth leath an
 chrútaigh,
 Is bhailigh é sin agus chuir i leataobh é i gcléibheanna fite,

Is chuir an leath eile den bhainne ar na beistí, d'fhonn is go
 bhfaigheadh sé
 Slogadh as ar uairibh a tharta, is go ndéanfadh sé deoch chun
 suipéir dó.
 Nuair bhí fuirsithe tríd aige is deireadh na gcúraimí déanta,
 Dhearg sé tine, do thóg ceann dúinn, agus d'fhiafraigh is dúirt
 linn:
 'Arbh in dream deoranta a chím? Freagraídh cér díobh sibh, a
 dhaoine.
 Cad as gur sheolabhair bóithre na farraige? An ceannaithe
 sibhse?
 Arbh amhlaidh a bheadh sibh ag dul in bhur bhfánaithe ar
 chuma na gaoithe,
 Faoi mar a imíonn píoráidithe ar muir ag leanúint mar a mbíonn
 slaid,
 Agus an t-anam á chur acu i gcumha is coigrigh acu á
 gcreachadh?
 Labhair seisean amhlaidh, is dóbair le scanradh go scoiltfeadh an
 croí againn
 Roimhis an nglór mór doimhin agus amharc an arrachtaigh
 féinig.
 Más ea, bhí mar a bhí; níor mhór dúinn freagairt, is dúirt leis:
 'Dream is ea sinne de mhuintir Acaea; ón dTraí b'ar an bhfán
 dúinn.
 D'ardaigh na gaoithe ins gach aird sinn thar dhuibheagán
 farraige móire.
 Bóthar abhaile a bhí uainn, ach is mó treo eile agus bóthar
 Seolta againn; measaim-se féin gurb é Séas cumhachtach a
 mheáigh é.
 Maímid orainn gur fir sinn de shluaite Agamamnoín mhic
 Aitréis,
 Nach comhnard lena chlú d'aon laoch faoi spéartha na cruinne;
 Scrios sé cathair a bhí chomh mór 's chaill a oiread san daoine.
 Chugatsa is ea a thig ár gcuallacht ag achaint 's ag breith ar do
 ghlúine,
 D'fhonn is go bhfaigheam treidhis éigin de chionn óstaíochta,
 nó tabhartas
 D'aon tsórt eile gur béasmhar é a bhronnadh ar na deoraithe
 bochta.
 Á, a dhuine chóir, tabhair urraim do dhéithibh; is lucht achainí

sinn,
 Is agraíonn Séas gach a ndéantar in aghaidh achaineora agus
 deoraí;
 Bíonn Séas leo, is éilíonn dóibh urraim; is é údar na fáilte é.
 Dúirt sin. D'fhreagair sé láithreach is dúirt ó chroí na
 neamhthaise:
 'Taoise go saonta, a fhir anall, nó is fada ó bhaile do tháinís,
 Tráth is go molfá an urraim do dhéithe is a n-eagla dhomsa.
 Fiú ar Shéas féin ardtiarna na scéithe is gan bheann do
 Chioclópaigh,
 Agus ar dhéithibh an tséin, mar is láidre sinne ná iadsan.
 Deirim nach é fuath Shéis a choinneodh mé ó threascairt a
 dhéanamh
 Ort 's ar a dtáinig le t'ais, mura mbeinn ag toiliú leis i m'aigne.
 Ach cár fhágais-se t'árthach muiníneach ar ród sara dtáinís?
 Arbh amhlaidh a bheadh ag an ngob nó cóngarach? Cloisim é
 sin uait!
 Labhair seisean amhlaidh a'm' thriail, ach bhíos ró-oilte dá
 iaracht,
 Is chumas mar fhreagra cosúil ar a cheist scéal mealltach is dúrt
 leis:
 'Tá mo dhea-árthachsa briste ag Poiséadón Luascaire Cóstaí,
 Crústaíthe i gcoinne na faille aige teorainn na tíre seo agaibhse.
 Bhuail sé in aghaidh chinn tíre go grod ag rith roimhis an ngála.
 Thugas 's an dream seo le m'ais ón anachain ghéir linn an
 t-anam.'
 Dúirt, ach an t-arrachtach dubh gan trua, níor fhreagair sé focal.
 Rinne sé fogha faoim' lucht compánach ag leathadh na ladhar
 dó,
 Is rug sé ar bheirt agus smiot iad ar chuma choileán leis an
 dtalamh.
 Léim a dhá n-inchinn amach ina n-allaití fliucha ar an urlár;
 Strac sé as a chéile ina mball is 'na mball iad 's rinne suipéar
 díobh.
 D'ith sé ar nós leon craosach na gcnoc idir fheoil is phutóga
 Is chnámha agus smior is é ag alpadh de shíor; ní raibh fuilleach
 'na dhiaidh díobh.
 Bhíomar ag caoineadh is na lámha chun Séis á dtógaint le trua
 againn
 Is gráin ar an radharc uafáis, gan beart 'nár meabhair ina

choinne.
 Thiar faoi dheireadh, tar éis don Chioclópach a bholg a líonadh
 D'fheolbhach daoine do chaith is de chiotáí leamhnachta a d'ól
 sé,
 Shín sé ar leithead na huamhnach i measc a chuid gabhar agus
 caorach.
 Músclaíodh smaoineamh im' cheann a bhí do réir mhisniúlachta
 m'aigne.
 Druidim 'na ghaire is aníos dem' chromán claíomh faobhrach a
 tharraing,
 Is cuardach lem' láimh ansin ar a chabhail is é a ropadh sa
 chliabhlach
 Cruinn trí chrathacha isteach — ach do tháinig athsmaoineamh
 do chois mé.
 Bheimis féin in san uamhain, is caillfí sinne mar aon leis
 D'ainneoin dhícheall na ngéag; ní raibh acmhainn 'na raibh ann
 le chéile
 A d'fhéadfadh an bhoirneach a bhogadh do chuir sé ina seasamh
 sa doras.
 B'éigean fanacht mar a rabhamar le lóchaint bheannaithe an lae
 ghil.
 Nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rosdeirg na Maidine
 Dhearg sé tine agus chrúigh a chuid caorach is gabhar go
 coinniollach,
 Is tar éis gach máthar a chrú dhó, do scaoileadh a beireatas
 fúithi.
 Nuair bhí fuirsithe tríd aige is deireadh na gcúraimí déanta,
 Rug sé ar bheirt dár mbuín an athuair agus d'ullmhaigh a
 chéadphroinn.
 Tar éis di a bheith caite aige, bhain sé anuas ón ndoras an
 bhoirneach,
 Is bhagair a thréad roimhe amach as an uamhain, agus d'ardaigh
 thar n-ais í
 Chomh saoráideach is d'iafadh an clúdach ar bhosca na
 saigheadaí.
 Chuaigh sé ag tiomáint chun an chnoic lena lán feadaíle agus
 geonach,
 Is d'fhág sé mise san uamhain is dúbhearta sa chroí agam á
 meáchaint,
 Conas, dá n-éistfeadh Aitéine lem' ghuí, d'agróinn air a

ghníomhartha.
 Agus sid é, ag meabhrú dhom, do b'fhearr a thaibhsigh ar deireadh.
 Bhí staf mór crainn ola, a bhí úr fós, leis an gCioclópach, Fágtha ina luí cois loic. Staith siúd é le breith leis 'na mhaide Nuair bheadh stálaithe i gceart. Ar a feiscint, dhealraigh an chleith sin
 Dúinne mar chrann báid sheoil thóinleathain 'na mbeadh fiche tochta,
 Bád luchtóireachta a sheolfadh i gcéin ar na hólaithe móra. Thaibhsigh an chleith dár súile, idir raimhre agus fhaid mar an gcéanna.
 Dhruideas 'na gaobhar; tar éis féa dhi do thomhas dom, do ghearras den mhaide í,
 Is thugas dom' lucht compánach, á rá leo a fadhbanna a bhaint di.
 Rinneadar líofa go deas í; ina dhiaidh, phárálas chun beara í, Is tar éis dom an tine d'athbheochaint, do chuireas í ag cruachaint 'na himeall.
 Bhí brat tuair feadh na huamhnach, is d'fhágas mo spíce i bhfolach faoi.
 D'fhógraíos dóibh ina dhiaidh sin go dtoghfaí ar crannaibh na daoine
 A leomhfadh im' theanntasa an polla do thógaint in airde is a chasadh
 Timpeall i súil an Chioclópaigh ar bheith dhó go sámh ina chodladh.
 Cuireadh ar crannaibh é, is tharla gur toghadh na fir chéanna do thoghfaínn,
 Ceathrar díobh, agus chuas ar an gcúigiú duine mar aon leo. Tháinig sé chugainn tráthnóna, agus thug leis tréad na ndealómar,
 Is bhagair sé díreach isteach in san umhain a chuid ainmhithe méithe,
 Gach ceann díobh, níor fhág aon cheann acu amuigh in sa chlós mhór,
 Pé acu a raibh amhras 'na dtaobh air, nó ar ordú diachta go ndearna é.
 D'ardaigh sé an chloch ansin agus chuir in sa doras go docht í. Shuigh sé ina dhiaidh sin is chrúigh a chuid caorach is gabhar

go coinníollach,
 Is tar éis gach máthar a chrú dhó, do scaoileadh a beireatas fúithi.
 Nuair bhí fuirsithe tríd aige is deireadh na gcúraimí déanta, Rug sé ar bheirt dár gcomplacht arís agus rinne suipéar díobh. Dhruideas in aice an Chioclópaigh ansin agus labharas is dúrt leis,
 Is babhla de chrann eidhneáin dár bhfion milis crón i mo lámha dhó:
 'Ól braon fiona, a Chioclópaigh, tar éis feoil dhaoine do chaitheamh,
 D'fhonn gurb eol duit cad é an saghas dí a bhí ar bord in sa bhád úd
 Linne; do mheás ar ofráil a bhreith chugat d'fhonn trócaire d'fháil uait
 Is cabhair chun m'aistir abhaile, ach tá fíoch ortsa thar fulang. A ainscian, conas a bheadh aon éileamh ar thuras a thabhairt ort Feasta aige fearaibh an tsaoil? Níl riail ná teora led' ghníomhartha.'
 Labhras leis amhlaidh. Do thóg agus d'fholmhaigh m'áras. Do thaitin
 Milse na dí leis go héachtach, agus d'iarr orm breis di á rá liom: 'Tabhair dom a thuilleadh, led' thoil, agus faighim uait t'ainm a chlos uait
 Láithreach baill, chun go dtabharfad duit bronntas is mórtas dá bharr ort.
 Talamh na beatha seo againn, níl dabht ná go dtugann sé fion dúinn
 Ó mhóorthriopaill na gcaor; cuireann Séas chugainn ceatha á mborradh;
 Ach tá an babhla seo agatsa ina shú ambróise agus neachtair.' B'in é mar dúirt, agus shíneas arís chuige an fion dearglasrach. Thugas dó é trí huair agus shloig sé é le híota neamh-mheabhrach.
 Tamall 'na dhiaidh, nuair bhí an fion laidir 'na cheannsan ag éirí, B'in é mo chaoi, agus do labhras go bladartha milis is dúrt leis: 'Fiafrair díom, a Chioclópaigh, an ea, cén ainm atá orm? Neosfaidh mé sin duit, is déanfair an bronntas a gheallais a thabhairt dom.
 Sid é agat é, Náfuilaon; Náfuilaon is é ainm an ardchlú

A thugann mo mhathair is m'athair 's mo lucht compánach go léir orm.'

Dúirt, agus d'fhreagair sé láithreach is dúirt ó chroí na neamhthaise:

'Beidh Náfuilaon ar an té is deireanaí des na fearaibh seo a íosfad.

Raghaidh an chuid eile acu roimhis. Sin é agat an bronntas a gheobhair uaim.'

Dúirt, agus baineadh dó is thit sé siar ar a dhrom. Ina luí dhó, Rinne sé lúb dá mhuineál fada ramhar. Rud a chloíós gach a maireann,

Codladh, do chloígh sé é siúd. Tagann urlaicí fiona as a scornaigh

Is dabhaide duinfheola, do bhí sé le meisce a raibh ólta aige ag brúchtaíl.

D'aireas an uain; bhí liom, is do shás faoin ngríosaigh mo pholla

Nó go mbeadh dearg, is caint mhisniúil lem' pháirtithe á rá agam,

D'fhonn is ná scanródh aoinne acu anois is go gcaillfeadh in antráth.

Nuair a bhí an polla ar tí lasta, dá úrmhaire ' chrann ola a bhí sé,

Tharraingíós amach é, is an barra, b'in aon philéar chraorag amháin dó!

Thugas é i leith mo chuid fear mar a rabhadar 'na seasamh 'na timpeall,

Ullamh chun gnímh, agus fúthu do shéid diacht éigin á spreagadh.

Thógadar uaim é agus shádar an bior dearg faobhair lena ndícheall

Cruinn ina shúil sin, is luíos-sa ar an gceann lasnairde is do chasas.

Mar phollaíonn saor loinge le druil trí chearchaill adhmaid

Is beirt eile ag tarraing ar éill laistíos atá timpeall na druile

Ón dá cheann, is go gcasann 's go bpollann gan staonadh sa bhíoma,

Chasamar féin agus shámar an bior dearglasta ina shúil sin,

Is timpeall an bheara do phléasc fuil aisti ina slaodaibh ag fliuchadh.

Bhí a fhabhraí agus a mhala, aige séideán tine as an gcroíachán,

Loiscthe, is chuala á róstadh le cnagarnaigh máithreacha a shúla.

Nuair bhíonn tua nó tál á thomadh sa cheártain i ndromhlach

Uisce chun fagharta ag an ngabha, mar ghní sé chun iarainn a chruachaint,

Cloistear an t-éacht fuarmála ag an uirlis chraorag á dhéanamh;

B'amhlaidh do shúil an Chioclópaigh ag siosarnaigh timpeall an pholla.

Rinne sé geoin uafásach a mhúscaíl macalla sa charraig;

Phreabamar uaidh leis an sceimhle. Do tharraing sé an crann as an logall,

Is fuil siar síos leis go bior, agus chaith sé uaidh é ina bhuile.

Ghlaoigh se go hard is go fíochmar ar threibh na gCioclópach, a bhráithre,

A bhí ag lonnú máguaird ins na huamhnacha ar chruacha na sceirde.

Thángadar chuige go luath as gach aird ar an liúraigh a chlos dóibh,

Is bhíodar amuigh ag fiafraí cad ba bhun lena bhuairt is ag rá leis:

'Cad é an t-íomard seo a'd' chloí, a Pholaiféamais, gur ligis mar sin uait

Liú trí uaigneas na hoíche agus sinne gan chodladh ded' dheascaibh?'

Arbh amhlaidh a leomhfadh duine éigin do thréada a thiomáint do t'ainneoin uait?

Arbh amhlaidh a bheadh aon duine a'd' mharú le calaois nó le fórsa?'

Labhair Polaiféamas de ghuth tréan ard as an umhain agus dúirt leo:

'Tá Náfuilaon a'm' mharú le calaois is ná féadfadh le fórsa é.'

Tháinig a bhfreagra do ghoill ar a chroí. Is é a dúradar san leis:

'Mura bhfuil aoinne ag gabháil duit le neart, is go bhfuilir i t'aonar,

Níl aon dul ó chnag na n-aicídí a thagas le toil Shéis.

Cromsa le dúthracht ar ghuí ar ár rí is ár n-athair Poiséadón.'

Dúradar amhlaidh 's d'ímíodar, is b'in cúis gháire dom' chroí istigh,

Conas mar dhall Náfuilaon agus beart m'intlíochta gan cháim iad.

Bhí an Cioclópach ag cneadaigh 's ag fulang i gcóinthe pianta.

Chuaigh sé ag dornáil timpeall, do bhain sé an bhoirneach den doras,
 Is shuigh sé féin mar a raibh sí is a ghéaga aige ar leathadh go mbéarfadh
 Greim ar an nduine do gheobhfadh chun an dorais i dteannta na gcaorach.
 Féach murab é sin an gníomh leanbaíochta do shamhlaigh sé liomsa!
 Ach bhíos féin ar mo dhícheall ag meabhrú conas ab fhearr dúinn,
 Agus an bhfaighinn slí éalaithe as íde dom' chairde is dom féinig.
 Cuireadh go dtí m'aon bheart mé, ag ceapadh seo siúd is ag machnamh
 Nuair bhí an t-anam i dtreis, 's gur ag faire ar na cóngair don uafás.
 Agus sid é, ag meabharú dhom, do b'fhearr dom a thaibhsigh ar deireadh.
 Bhí na reithí sin istigh, go raibh lomar thar barr is cothú orthu;
 Bhíodar go breá mór groí, agus ba chiar í a n-olann 's ba thiubh í.
 Cheanglas iadsan le chéile go ciúin; b'iad gadracha a bhí agam, Tuigí leaba an Chioclópaigh, an t-arrachtach gránna bithiúnaigh.
 Bhíodar 'na dtrí agus 'na dtrí; faoin gceann láir, duine de m'fhearaibh,
 Is dhá cheann eile lena ais mar gharda ar an bhfear sin sa tsiúl dóibh.
 Iompar don bhfear, trí reithe; ach maidir liom féinig, do leagas Súil ar an reithe ba threise go mór dá raibh ar an dtréad díobh.
 Rugas go gasta ar a dhrom, faoin mbolg do lúbas mé féinig, Is greim síorthéann ag mo lámha ar an ndlús ramhar olla lastuas díom.
 B'iúd mé crochta ar an slí sin, ag foighneamh le dua mar is gnách liom,
 Is d'fhanamar amhlaidh ag fulang go lóchaint bheannaithe an lae ghil.
 Nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rósdeirg na Maidine, Bhí na pocáin 's na reithí ag suaithneáil chun an fhéaraigh a shroichint,
 Ach bhí gabhair agus caoire go hardtruamhéalach ag méiligh

Timpeall na loc is a n-úthanna i reachtaibh pléasctha le bainne. Níl fear a gcrúite ina gcomhair; chíd uathu é suite ag an ndoras
 Tnáite le racht conaphianta is ag láimhseáil dhromanna a thréada
 A fhanas ina imeall 'na seasamh, ach ní taibhrítear don éagann
 Cuardach do dhaoine atá ceangailte thíos faoin mbolg sa lomar.
 Reithe na tábhachta do tháinig ar deireadh na líne chun dorais
 Is ualach de bhreis aige ar ualach na holla, mé féin is mo smaointe.
 Rinne Polaiféamas na gaisce é seo a láimhseáil agus dúirt leis:
 'Nach tú, a reithe mo chroí! Cén fáth dhuit ar deireadh mo thréada
 Teach as an uamhain? Níor ghnách roimh an uair seo an chuid eile chun tosaigh
 Ortsa, ach ba thúisce tú ag inbhear ar chéadscoth d'fhéarach na páirce
 Faoi réim shiúil, is ba thúisce tú ag sroichint bhruacha na n-aibhnte,
 Agus ba thúisce ort fonn tráthnóna chun fillte ar an bhfascain Riamh, ach anois taoi ar deireadh. Arbh é gurbh oth leat in éagmais
 Shúla do mháistir, a dhall coirpeoir agus daoscar na ndaoine Fairis is páirteach 'na bhirt, nuair bháigh sé mo mheabhair 'na chuid fiona?
 Is é Náfuilaon sin a luaim, 's ó threascairt ní héalaithe fós dó. Á, dá bhféadfá m'intinn a thuiscint is teanga do theacht duit
 D'fhonn is go bhfaighinn ód' bhéal cá 'il siúd óm' bhuile á cheilt féin,
 Dhéanfainn an inchinn a scaoileadh as a cheann ar an dtalamh le tuargaint
 Thall is abhus in san umhain, is do bhraithfinn i m'aigne ar deireadh
 Faoiseamh na bpianta do chuir dúlámh Náfuilaon an drocháidh orm.'
 Dúirt, agus lig sé an reithe chun siúil, is trí dhoras amach leis. Beagán slí lastall d'fhál clóis nuair bhíomarna gafa,
 Scaoileas dem' reithe mé féin, 's ansin d'fhuasclaíos ar mo chairde.
 Síos chun an bháid bhagraíomar go tapaigh ar sodar an tréad sin Ainmhithe méithe, ag breathnú dhúinn siar thar gualainn go minic.

Is ó nach romhainne bhí áthas is fáilti geala na gearad,
Romhainne a bhí éalaithe slán! 'S nach diachrach a caoineadh na
mairbh!

Ach ní ligfinnse dhóibh, chruinníos na malaí chun gach aoinne,
Is d'ordaíos dóibh roinnt mhaith des na caoire dea-lomarthas
d'ardach

Feasta isteach in sa bhád agus gluaiseacht trasna thar sáile.
B'eo leis na fearaibh ar bord agus shuíodar go pras ar na tochtáí
Is thóg gach fear acu a mhaide agus bhánaigh an mhuir lena
mbuilli.

Bhreathnaíos suas; faid mo ghlaio uaim fós bhí an namhaid ar an
leirg,

Is labhras go hard ón mbád chuige is dúrt leis i mbréithre
fonóide:

'Níor gan bheart, a Chioclópaigh, don té seo gur mheasais a
chairde

D'alpadh gan dua faoi dhíon t'arduamhnach le goirgeacht fhórsa.
B'amhlaidh a bhí do dhrochghníomhartha le filleadh ort féinig
in éineacht,

Nuair nárbh eagál, a bhrútaigh, led' chroí lucht cuairte do
theaghlach

D'ithe gan trua! Tá sé agarthas ag Séas is ag déithe na spéire ort.'

Dúrt leis é sin, is ba threiside an fiúnach a dhearg ina chroí é.

Strac sé spor gear cloiche de bharr binn charraige móire

Is ruid leis an ártach le fuinneamh, is thit in sa bhfarraige
amach romhainn.

D'éirigh an mhuir faoi thuirling na cloiche agus d'ardaigh an
tsuaill léi

Sinne chun cladaigh thar n-ais. Rugas féin ar an bpolla ba shia
againn,

Is shaoras lem' dhícheall ag sá, is d'ordaíos dos na fearaibh le
sméideadh

Teann rámháiochta do dhéanamh 's an anachain ghránna do
sheachaint.

Luíodar go fonnmar chuige agus shádar amach chun na mara,
Is nuair bhí a dhá oiread slí is a bhí cheana idir thalamh is sinne,
Chromas ar liú ar an gCioclópach; ach labhair mairnéalaigh na
loinge

Ós gach taobh chugam ag d'iarraidh mé a chomhairleach go
séimh is ag rá liom:

'Cén mífhortún atá ort, is rud allta do sporadh chun cuthaigh?
Chaith sé a urchar sa mhuir ó chianaibh is bhagair an t-ártach
D'ionsaí suaille isteach, agus mheasamar deireadh a bheith linne.
Focal nó fuaim dá gcleisfeadh ansin ó aoinne sa bhád seo,
Dhéanfadh sé brútam de chloiginn na bhfear is de chláracha in
éineacht

D'aon ruid ghéarchloiche amháin, sin fíor, leis an gcaitheamh atá
aige.'

Dúradar sin, 's níor mhaolaigh a dtathant m'aigne chróga.
Labhras arís chun an fhathaigh le feirg is díomas is dúrt leis:

'Duine de mhuintir an tsaoil má fhiafraíonn díotsa, a
Chioclópaigh,

Conas a fágadh gan radharc thú agus gránna de dheascaibh na
daille,

Abair leis gurbh é a dhall thú, Odaiséas chreachta na mbailte,
Mac cáiliúil Laeirtéis, go bhfuil aige in Iticé pálás.'

Labhras leis amhlaidh, is gheoin sé go hard agus d'fhreagair is
dúirt liom:

'Fóiríor, sin seanráiteas na dtairngreacht fíoraithe dhomsa!
Óir bhí fáidh 'nár measc gurbh ainm dó Téilim mac Eoraim,
Fear mór éachtach dea-iompartha, is fios ó dhéithe de bhua aige.
Mhair sé anseo go seanaois agus thairngir do threibh na
gCioclópach.

Dúirt seisean liomsa gur dhán dom na nithe do tharlaigh inniu
dhom,

Agus go gcaillfinn mo radharc trí ghníomh Odaiséis ar a theacht
chugam.

Más ea, do shíleas ariamh gurbh fhear mór álainn a thioctadh
Chugainn ar an bhfód seo uair éigin is neart áibhéil ina ghéaga;
Is féach cé a rinne é, an tsruth sin, de cheal gach nirt is
scruthaíochta!

Dhall a leithéid sin mo shuíl tar éis m'intinn a mhúchadh le fíon
dó.

Ach tar i leith, a Odaiséis, chun go bhfaighir uaim bronntas na
féile

Is cóir chun t'aistir abhaile lem' ghuise ar an Luascaire Cóstaí.
Óir nach mac mé dhósan, 's nach é féin m'athair mar mhaíonn
sé?

Leigheasfaidh sé sin, más toil leis, mo shuíl, 's aoinne eile ní
fhéadfadh,

Pé acu de dhéithibh an tséin nó de lucht gearrshaolach na ndaoine é.'

Labhair seisean amhlaidh a'm' mhealladh; do thugas-sa freagra air is dúirt leis:

'Á, dá bhféadfainn do chorp d'fhágáil gan anáil is gan anam Agus tú a ligint ar bhóthar na scáth chomh cinnte go Háidéas Is ná faighir leigheasta do shúil fiú amháin ag an Luascaire Cóstaí.' Sin é mar dúirt. Shín seisean a lámha chun spéire na réaltaí Is ghuigh sé go díograiseach ard chun a thiarna Poiséadón is dúirt leis:

'Éist liom, a dhia fholtghoirm a thógas id' bhaclainn an talamh, Más mac duit mé go fíor, má mhaír gurb athair dom tusa, Filleadh ar a thír ná ceadaigh don scriosaire cathrach Odaiséas Mac Lacirtéis a deir liom go bhfuil aige in Iticé teaghlach. Ach más dán dó sa deireadh go bhfeicfidh a chairde is a phálás, Ceannard breá faoin aer, is go bhfillfidh ar thalamh a shinsear, Déanach go dtaga agus creachta, is gan aoinne dá fhoirinn 'na bheathaidh;

Is bíodh bád iasachta á iompar, 's go bhfaighe léan roimhe aige baile!'

Labhair seisean amhlaidh ag guí, agus do chuala a thiarna Poiséadón.

Cloch eile ab éachtaí i bhfad ná a chaith sé roimhe do thóg sé Is chas mórthimpeall chun fuinnimh 's le fórsa thar cuimse do scaoil uaidh.

Thit sí beagán laistiar dinn féin is de dheireadh na loinge, Is dóbair don chloich áibhéil ceann mhaide na stiúrach a bhualadh.

D'éirigh an mhuir faoi thuirling na cloiche agus d'ardaigh an tsuaill sinn

Léi chun cinn 's tharraingíomar an tír lastall lena cúnamh.

Bhuaileamar port san oileán agus fuaireamar romhainn ar an dtráigh ann

Árthaí breátha na loingse is an lucht compánach 'na gcógar Timpeall 'na suí go dobrónach, ag faire de shíor is ag fionraí. Chuamar i dtír, 's thiormaíomar an t-árthach 'na measc ar an ngainimh,

Is thugamar caoire an Chioclópaigh amach ó bholg an árthaigh, Is rinneadh riaradh sa tsí go raibh cion ag gach aoinne gan tormas.

Tar éis dár slaid a bheith riartha do thug compánaigh an chogaidh

Reithe na tábhachta dhom féinig ar leith. Ar an dtráigh sin do rinneas

Íobairt an reithe do Shéas Rí scamail na spéire is na ndaoine, Is dóiteán chnámha na gceathrún. Ach ní raibh sé i spéis na hofrála;

Is é a bhí ar aigne aige Séas, beart éigin a scriosfadh in éineacht Árthaí breátha mo scuaine agus complacht dílis mo chairde. Mar sin do bhíomar ar feadh lae fhada gur imigh an ghrian uainn

Suite chun féasta ar an éacht caoireola is ar chéadrith an fhíona. D'imigh an ghrian ón spéir, gan mhoill bhí titim na hoíche ann, Is shíneamar siar 'nár gcodladh ar an dtráigh nó go dtiocfadh an lá geal.

Nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rósdeirg na Maidine, Bhrostaíos cách chun gnímh agus d'ordaíos d'fhearaibh na bhfoireann

Éirí isteach ins na báid is na cáblaí ródaithe a scaoilcadh. B'eo leis na féaraibh ar bord agus shuíodar go pras ar na tochtaí, Is thóg gach fear acu a mhaide agus bhánaigh an mhuir lena mbuillí.

Sheolamar linn as an gcuan, 's ár gcroí dá fháscadh go léanmhar Toisc ár gcairde a chailliúint, má ba mhillis an t-anam againn féin."

X

"Bhuaileamar port in oileán Aeóile. San áit sin a chónaigh Aeólas mac Hipitis go dtug déithe na síorbheatha páirt dó. Snámhann an t-oileán ar an muir, agus tá mórthimpeall air falla Bróinse dohriste, agus suas go bun falla tá failltreacha líofa. Maireann a dháréag clainne go bláfar 'na theannta sa teaghlach. Fásta chun aoise agus nirt, seisear mac agus seisear iníonach. B'amhlaidh a thug sé do cheachtar dá mhacaibh iníon leis le pósadh,

Is caithid mar aon lena n-athair 's le máthair an ghradaim i gcónaí

Saol breá fleatha agus aoibhnis, is éacht saghas sólais ar láimh ann.

Líontar an teach, gach lá dá dtagann, de bholadh na bhféastaí
 Agus de ghleo lucht boird, agus bíd in san oíche go teolaí
 Le hais a gcéilí i leapacha clúimh faoi chlúdach na súsaí.
 Chuamar in airde go cathair an rí sin is áitreabh na háille,
 Is thug sé féile ar feadh mí dhom is cheistigh go mion is go
 fairsing
 Conas mar tharlaigh i dTraí, is ar an loingeas, 's ar fhilleadh na
 laochra,
 Is thugas i dtaobh gach cúrsa, do réir a raibh tarlaithe, freagra.
 Is nuair d'fhiafraíos de sa deireadh mo bhóthar abhaile is gur
 iarras
 Cabhair air, ní bhfuair aon eiteach, ach bhronn sé cúnamh go fial
 orm.
 Mhairbh sé is d'fheann damh ramhar naoi mblian agus thug
 dom an seithe
 Fuaite, agus theanntaigh istigh ann gach balcaire gaoithe dá
 séideann.
 B'fhéidir dó sin, mar do thug mac Chronais dó maoirseacht na
 ngaoithe,
 Ionas go gcuireadh an fheothain ba mhian leis ar siúl nó ina
 cónaí.
 Dhaingnigh seisean le sreing bháin airgid i mbolg na loinge
 Mála na ngaoithe ar an gcuma ná héalódh puth as dá laghad é,
 Is thug as an aer dom anáil bheag aniar des na Steifirí ab
 aoibhne
 Ionas go dtabharfadh na báid 's sinn slán. Is ná raibh i ndán
 dúinn,
 Críoch dá leithéid, ach go gcaillfeadh an bhaois a bhí ginte
 ionainn féin sinn.
 Sheolamar amhlaidh ar feadh naoi lá is naoi n-oíche gan
 staonadh,
 Is nocht ar an ndeichiú lá an tír dhúchais in íochtar na spéire,
 Is chuamar 'na gaobhar nó go raibh lucht adaithe tinte le feiscint.
 Géilleadh do mhílseacht an tsuain níor mhór dom an uair sin le
 tuirse,
 Óir is im' láimh a bhí an siota de shíor; níor liges dem' ghlaic
 é
 D'aon fhear d'fhonn is gur thúisce do stroichfí talamh an
 dúchais.
 B'iúd ansin compánaigh ag cur is ag cúiteamh le chéile;

Ór agus airgead, dar leo, bhí i dtaisce sa tsac sin a fuaireas
 Bronnta ó Aeólas mac Hipitis croí fairsing na féile.
 Dearca agus ráite do chuaigh ó dhuine go duine. Is é deirtí:
 'Ó! Nach éachtach a gheibheann sé siúd ó fhearaibh na cruinne
 Gradam is grá, pé cathair is talamh go siúlann a chos ann.
 Tá sloid mhór sheod álainn sa bhád aige á hardach abhaile
 Leis ón dTraí, is féach sinne do thaistil is d'fhulaing mar aon
 leis,
 Féach ár bhfilleadh ar an ndúchas is lámha gach fir againn
 folamh.
 Breathnaigh a bhfuair ár dtiarna de bhreis ó phrionsa an oileáin
 sin
 Aeólas d'fhóir air le gean; beidh a fhios againn láithreach cad atá
 aige,
 Is cé méid óir agus airgid a cuireadh sa mhála seo i dtaisce.'
 Labhradar amhlaidh, is ghlac compánaigh mo bháid an droch-
 chomhairle.
 Scaoileadar láithreach an tsreang, agus phreab gach gaoth as an
 mála,
 D'éirigh an stoirm de ráib agus shéid chun na fairsinge gach bád
 Is complacht caointeach i bhfad ón dtír. Dhúisíos leis an
 bhfuarmáil,
 Is cuireadh mo mhórchroí dilis i gcás cruaidh idir dhá
 chomhairle,
 Cé acu do b'fhearra dhom tomadh agus bás d'fháil faois na
 tonnaíocha,
 Nó a bheith ag broic leis im' thost is maireachtaint fós ar an
 saol seo.
 D'fhanas ag fulang. D'fholafós faoim' chlóca mo cheann agus
 d'fhanas
 Sínte san ártach. Do séideadh an loingeas le fórsa na stoirme
 Siar chun oileán Aeóile thar n-ais, 's olagón ar gach taobh díom.
 Bhuaileamar port ann, do chuamar i dtír agus tharraingíomar
 uisce,
 Is chaith mairnéalaigh an donais a ndinnéir láimh leis na hárthaí.
 Tar éis dár dtart a bheith múchta is tar éis dár ngoile a bheith sásta,
 Thugas-sa liom fógróir agus aon chompánach amháin leis,
 Is bhaineas amach pálás Rí Aeólas. Fuaireamar eisean
 Suite chun féasta agus aoibhnis i gcuibhreann a chéile is a
 chlainne.

Tháingamar suas chun an tí, is idir dhá laí an dorais ar thairsigh
Shuíomar. Le halltacht chroí b'iúid iad chun ceistithe ag rá linn:
'Tusa thar n-ais, a Odaiséis! Cén dúphláinéad atá ag faire ort?
Ligeamar uainn ar an muir thú le gach a mbeadh uait chun go
sroichfeá

Fódán dúchais is teaghlach is pé seoid eile ba rogha leat.'

Dúradar amhlaidh. Go léanmhar im' chroí istigh d'fhreagras is
dúirt leo:

'Droch-chompánaigh ba bhun lem' scrois, is 'na dteanntasan
codladh

Mífhortúnach. Ach fóiridh, a chairde, orm! Tig libh a
dhéanamh.'

Labhras mar sin, chomh tláth, chomh mílis 's a fuaireas im'
theangain.

Bhíodar 'na dtost. Faoi dheireadh do fhreagair a n-athair is dúirt
liom:

'Fág an t-oileán seo gan mhoill, a bhithiúnaigh, 's, a dhíogha
gach a maireann!

Óir ní dleathach dom duine ded' shóirtsa do ghlacadh le féile

Ná cóir shlí do sholáthar don té gur gráin leis na déithe é.

Gread leat, a pheacaigh; is léir ód' thuras go dtugaid sin fuath
dhuit.'

Labhair seisean amhlaidh, 's thiomáin ón dtigh faoi chneadaigh
an bhróin mé.

Sheolamar linn ar an muir 's ár gcroí dá fháscadh go léanmhar.

Is faoin rámháiocht ródhocht bhí croí gach complachta briste.

Ní raibh cúnamh na gaoithe inár gcúl, 's díchéille ba chúis leis.

Threabhamar ar feadh sé lá is sé n-oíche ar an ndul sin i gcónaí,

'S d'éirigh an t-ochtú lá orainn ag dúnbhaile Lamaís ar a ardán.

Ba é Téilipíleas é, Laestragónaigh b'iadsan a mhair ann.

Aoire san áit sin 's a thréad tráthnóna aige á bhagairt abhaile,

Liúnn sé chun aoire i mbun bagartha amach, agus cloiseann
athliú uaidh.

Bheadh pá dúbailte á thuilleamh ag fear ná raghadh a chodladh
ann,

Ceann acu ag aoireacht bhó, ceann eile i mbun thréada na
gcaorach,

Óir bíonn eascar na hoíche is an lae ann i gcóngar a chéile.

Chuamar isteach in sa chuan cháiliúil, go raibh failltreacha móra
Seasaitheach sínte ina timpeall gan gleann á scaradh le chéile,

Is dhá cheann tíre ag a bhéalsan go carraigeach méiscreach ag
caitheamh

Díreach i gcoinnibh a chéile is gur chaol chúng eatarthu an
bealach.

Seachas mo chomplacht féinig do sheoladar tríd sin a n-árthaí

Le hais a chéile, mar b'áit gan a bheag ná a mhór ann de shuaill
é,

Ciúnas gan aon chorraí, agus an fharraige timpeall 'na
leamhnacht.

Ní dheachas, áfach, sa chuan; do choimeádas go haireach mo
chrónbhád

Lasmuigh faoin gceann tíre, agus cheanglaíos d'fhiacail le cáblaí.

Rinneas ansin dreapadóireacht go stáitse a raibh radharc ar an
dtír uaidh,

Is ní raibh páirceanna treafa ná oibreacha daoine le feiscint

Ní fhacamar uainn ach amháin ceo deataigh 'na scailpeanna ag
éirí.

Rinneas-sa beirt chompánach a thoghadh is fear eile mar
fhógróir,

Is chuireas an triúr sin ag fáil faisnéise ó mhuintir na háite,

Cé acu de threabhchaistí chaite an aráin a bhí i seilbh na tíre.

Fuaireadarsan ar a siúl an cosán a bhí déanta aige daoine

D'iompraíodh adhmaid i gcairr ó choillte na gcnoc chun an
bhaile,

Is casadh an bhean orthu ag triall ón gcathair ar uisce, agus ba í
féin

Níon Antafaitéis Rí Laestragónach, agus ba thréan í.

Ráinig sí sin ag dul síos go dtí tobar na sruthanna geala,

Artaicia féith na fionnuaire, a sholáthraíodh uisce don chathair.

Chuadar 'na leith agus labhradar léi is d'fhiafraíodar go cruinn
di

Cérbh é taoiseach na tíre is na daoine do bhí aige dá rialú,

Is láithreach do thaispeáin dóibh ceann ard ritheaghlaigh a
hathar.

B'eo leo isteach trí dhoras an tí sin, is fuaireadar rompu

Bean a bhí chomh cliathánach le cnoc, is ba ghráin lena súile í.

Chuir sise fios gan mhoill ar a fear Antafaitéis; do tháinig

Siúd ó láthair an aonaigh, is bheartaigh drochíde don triúr sin.

Rug sé láithreach ar dhuine acu is mhairbh gan taise chun bídh
é,

Is b'iúd leis an mbeirt a bhí fágtha sa rith chun na mbád lena
n-anam.
D'fhógair sé tóir ina ndiaidh, agus b'in Laestragónaigh mhóra
Chuipe ina sluaite as gach aird 's ag imeacht ins na tréintibh ar
séirse,
Fonnmhar chun fiaigh - ní le daoine do bhíodar cosúil ach le
fathaigh,
Is raideadar clocha ba mhó ná d'fhéadfadh an duine do thógaint
Síos ón bhfaill leis na báid; b'uafásach an gleo sin do rinne
Geonacha fear á marú acu, agus tuargain is briseadh na n-árthaí.
Bhíodar 'na dhiaidh sin ag iascach na gcorp le gathaí agus á
n-ardach
Leo chun na dtithe mar fheoil chun a bhféastaí déistin a
dhéanamh.
Le linn d'fhearaibh mo loingse do bheith dá dtreascart sa chuan
sin,
Tharraingíós an cláimh dem' chromán agus ghearras na
téadracha a cheangail
M'árthach don chloich; d'ordaíos dá complacht luí leis an
rámháiocht
Agus imeacht chomh luath is do b'fhéidir as láthair an scriosta.
Chuir uafás lena neart, léim farraige cháiteach dá maidí,
Is bhrostaigh an t-árthach go bríomhar le fonn chun na fairsinge
is d'fhág scáth
Failltreacha móra ina diaidh; níor saoradh den loingseas ach í
féin.
Sheolamar linn ar an muir 's ár gcroí dá fháscadh go léanmhar
Toisc ár gcairde a chailliúint, má ba mhillis an t-anam againn
féin.
Bhuaileamar port in oileán Acéia na draíochta inar chónaigh
Circe diabhean an mhillte agus ghutha na binne is an
chraobhfhoilt.
Deirfiúr dhílis an diacht seo do dhraoi na feillintinne Acéitéis;
Shíolraigh an bheirt acu araon ó Heilias solas na ndaoine,
Is Peirse iníon an Aigéin ba í an mhathair a thug ar an saol iad.
Tháingamar gairid don chósta gan torann is d'imigh an t-árthach
Cruinn isteach sa dea-ród, ní foláir nó bhí dia againn 'na
phíolóit.
Chuamar amach ar an dtraigh; dhá lá is dhá oíche do bhíomar
Sínte go dubhach tuirsiúil 's ár gcroí dá chaitheamh le hanró.

Ach nuair thug Áróra an dea-fhoilt chugainn maidin an treas
lae,
Thógas mo spiara is mo chlaíomh agus d'éalaíos uathu de shiúl
mear,
Is ghluaiseas suas ón dtraigh chun go bhfaighinn ard éigin 's go
bhfeicfinn
Oibreacha fear, má bhíodar san áit, is go gcleisfinn a nglórtha.
Rinneas 'na dhiaidh dreapadóireacht go stáitse a raibh radharc ar
an dtír uaidh,
Is thaibhsigh dom deatach san aer ag dul suas ón dtalamh i
bhfad uaim
Trí choill 's lutharnaigh thiubh, ó thigh mhór chónaithe Chirce.
Ansin chromas-sa tamall ar mhachnamh i m'aighe is i
m'intinn —
Ní fheadar an ceart dul ar aghaidh, ó chím ruadheatlach ag éirí?
Tuigeadh dom, áfach, go mb'fheart dom, tar éis seal
meabhraithe a dhéanamh,
M'aghaidh d'iompú chun na farraige ar dtúis agus filleadh ar an
árthach
D'fhonn is go n-íosfadh na fir is go scaoilfinn ag cuardach na
háite iad.
Tharla agus mé feadh na slí ón ard chun na loinge go dtáinig
Trua dhom i gcroí dé éigin ar fhear chomh haonarach
d'fheiscint.
Scaoil sé im' leith fia mór craobhadharcach, díreach im' bhóthar.
Ráinigh sé sin ag dul síos chun na habhann ó fhearach na coille
Is fonn air chun óil, óir bhí teas éachtach na gréine ag gabháil
air.
Cruinn leis an spiara, agus é ag éirí ón uisce, do bhuaileas
Cnámh fada a dhroma; do chuaigh glan tríd is amach ar an
dtaobh thall,
Is thit sé ar an bhfód sin le géim dhóláis; scar a anam leis
láithreach
Luíos air mo chos agus staitheas an spiara as an gceá, is do
chuireas
Uaim ar an dtalamh de thuras na huaire é; bhaineas 'na dhiaidh sin
Mórán gad sliotharnaí; faid feá dhíobh d'fhíos ina cheangal
Dhúbalta ghasa; leis sin cheanglaíos cosa an fhámaire mhóir
ghroí.
Chuireas an téad faoim' bhráid agus shiúlas i dteannta mo spiara

Síos chun an bháid is an fia orm aniar; ní fhéadfainn an t-ualach
D'iompar ar ghualainn le neart mo leathláimhe, óir b'ollainmhí
é.

Chaitheas é i bhfianaise an árthaigh anuas díom, 's rinneas mo
chairde

A mhúscailt ag dul ó dhuine go duine á mealladh is ag rá leo:
'Féachaidh, a chairde, dá mhéad ár gcumha, níl ceapaithe fós
dúinn

Tuirling go Talamh na Scáth — ní hé lá na cinniúna go fóill é.
Téanaidh libh! Faid atá stór beatha agus fiona san ártach,
Bíodh ár n-intinn ar bhia, sara gcaillfi sinn leis an ocras.'
B'in é mar labhras-sa leotha, agus géilleadh dom' bhréithre go
héascaidh.

Nocht gach ceann ón gclúid, agus bhíodar ag féachaint le
hiontas

Le hais na mara gan bharr ar an bhfia, óir b'ollainmhí é.
Tar éis tamaillín, nuair bhí lán súl acu bainte as an amharc,
Níodar a lámha, agus chrom gach fear ar an bhféasta do choiriú.
Mar sin do bhíomar ar feadh lae fhada gur imigh an ghrian
uainn

Suite chun féasta ar an éacht mór feola agus chéadrith an fhíona.
D'imigh an ghrian ón spéir, gan mhoill bhí titim na hoíche ann,
Is shíneamar siar 'nár gcodladh ar an dtraigh nó go mbreacadh
an lá geal.

Nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rósdeirg na Maidine,
Chruinníos foireann na bhfear agus labharas 'na láthair is dúrt
leo:

'Éistidh anois le mo bhréithribh, a chairde liom d'fhulaing an
t-anró.

Soir agus siar ní haithnid sa dúthaigh seo seachas a chéile.
Grian mhór sholas an tsaoil, ní léir cá bhfágann an spéir seo
Ná cá bhfilleann arís. Beartaímis láithreach rud éigin
Más eol d'aoinne againn beart; táim féinig in amhras gur
deacair.

Óir, nuair dhruideas liom suas go dtí barra na faille le radharc
d'fháil,

Is é do bhreathnaíos ann, oileán, agus fairsinge mhara ina
thimpeall.

Bhí plána íseal le feiscint, is deatach 'na lársan ag éirí
Trí fhás tiubh lutharnaí is trí mhórchrainn chraobhacha coille.'

B'in é mar labhras-sa leotha, agus scoilteadh a gcoí leis an
scéala.

Óir gach a ndearna Antafaitéis Rí Laestragónach cheana,
Bhí sé ina gcumhne, agus neart an Chioclópaigh d'alpadh na
daoine,

Bhíodar ag caoineadh go géar agus deora go fuíoch acu á
sileadh;

Ach bhí fuar acu ag gol is ag déanamh ochláin agus cneadaí.
Riaras ar deireadh ina dhá mbuín iad, agus ceann ar gach buín
díobh;

Thógas-sa buíon fúm féin, 's Eoralacas cróga an chuid eile.
Cuireadh ar chrannaibh an cheist, cé a raghadh, is i gcafarra
bróinse

Croitheadh na crainn, 's léim crann Eoralacais láithreach amach
as.

Chrom sé ar imeacht is mar aon leis an dá chompánach ar
fhichid,

Is iadsan, is sinne a bhí fágtha ina ndiaidh, chomh deorach le
chéile.

Fuaireadar cluthar i lúib dhoimhin choille áit chónaithe Chirce
Tógtha le clocha dea-líofa agus lantán déanta ina thimpeall.
Bhí mac tírí cnoic agus leoin ar na cóngair le feiscint;
Daoine ba ea iad faoi dhraíocht ag an ndiabhean le luibheanna
do thug dóibh.

Fogha ní thugadar siúd faoim' fhearaibh; do rinneadar uile
Lútáil 's croitheadh na n-eireaball is éirí ar ingne deiridh.
Díreach mar thagann na gadhair tar éis dinnéir timpeall a máistir
Nuair a éiríonn ón mbord agus sólaistí éigin 'na láimh dóibh,
Bhí mac tírí is leoin sin na n-ingne láidre timpeall
Mhuintir mo bháid; scanraíodar ar fheiscint na n-ainmhithe allta,
Is chuadar 'on phóirse as a radharc faoi dhíon tí dhiabhean an
chraobhfhoilt.

Chualadar Circe an bhéil bhinn féin istigh ag amhránaíocht
Agus ag ionramh a seoil shíoraí; b'in sall is anall í
Is brat niamhúil ciúirialta d'ealaín bhandéithe aici á dhéanamh.
Ba é compánach ab fhearr is ba mhó b'iontaoibh liom, Polaitéis,
Ardchaptaen - is é is túisce do labhair leis na fearaibh is dúirt
leo:

'Tá seol mór fiodóireachta i ngléas istigh ag duine éigin,
Is amhrán álainn á chanadh is an talamh ar crith leis na glórtha.

Tá bean shaolta ann nó diabhean; is ceart dúinn glaoh uirthi láithreach.'

Labhair seisean amhlaidh, is faoi mar a dúirt, d'ardaíodar a ngutha.

Phreab sí chucu go luath agus d'oscail sí doirse na gile,
Is d'iarr orthu teacht isteach, agus leanadar uile go saonta í.
Leanadar uile, ach amháin Eoralacas; bhraith sé calaois ann.
Sheol sí isteach agus chuir ar chathaoireacha is stóil ina suí iad.
Rinne sí dhóibh a posóid, mil ghlas agus cáis is min eorna
Meascaithe i bhfion Praimniach, is shuaith sí leotha sa chupa
Luibh dhíobhálach; b'in oideas a chuir orthu dearmad a dtíre.
Thógadar uaithi é agus d'óladar deoch. Bhuaile sise orthu láithreach

Buille dá slait dhraoiúil, agus dhaingnigh i gcróithe na muc iad.
Bhí guairí ar gach fear acu is ceann agus colainn na muice
Is gnús mar an gcéanna, ach fágadh a meabhair ar an aiste go raibh sí.

Bhíodar ag sileadh na ndeor 's iad daingnithe. Tháinig an diabhean

Is theann sí leo faighneoga agus meas na daraí agus mogóirí
A chaitheann na muca do bhíos á n-íomlasc féin in sa lathaigh.
Ghluais Eoralacas roimhe thar n-ais chun an áthaigh is chugainne

D'fhonn is go neosfadh sé dhúinn cinniúint chruaidh dhiachrach a thrúipe.

Ach dá mhéad a bhí fonn air, ní fhéadfadh sé focal de d'insint,
Óir bhí a chroí dá fháscadh le léan agus lionadh a shúile
Suas dá dheora; do ghaibh síorghol lastuas de agus osnaíl.
Ach nuair leanamar féinig ag síorfhiafraí dhe le halltacht,
D'éirigh ar deireadh leis íde na mbochtán d'insint, is dúirt sé:
'Chuamar sa lutharnaigh úd do réir t'orduithe, a thaoisigh Odaiseas,

Is fuaireamar cluthar i lúib dhoimhin choille áit chónaithe Chirce
Tógtha le clocha dea-liófa agus lantán déanta ina thimpeall.
Bhí fíodóireacht ar séirse ann is amhrán binn ag duine éigin,
Pé acu bean shaolta í nó diabhean, is ghlaodar go léir uirthi d'ardghuth.

Phreab sí chugainne go luath agus d'oscail sí doirse na gile
Is d'iarr orainn teacht isteach, agus leanadar uile go saonta í,
Leanadar uile ach amháin mé féin, óir do bhraitheas calaois ann.

Chuadar go léir as mo radharc 's níor nocht aon fhear acu a thuilleadh

Dhomsa as an bpálás, bíodh is gur fhanas i bhfad ann ag faire.'
B'in é mar dúirt. Ar mo ghualainn a chrochas mo chlaíomh stodaí airgid,

Claíomh mór bróinse ba ea é, agus do chrochas mo bhogha mar an gcéanna,

Is d'ordaíos láithreach dósan mé do sheoladh ar an mbóthar a ghaibh sé.

B'amhlaidh a chaith sé é féin ag mo ghlúine agus rug orthu ag achaint,

Is thóg sé go hard olagón is de ghuth thruamhéalach adúirt liom:

'Fág mé! Ná tabhair mé thar n-ais de m'ainneoin leat, a dhalta na ndéithe!

Óir táim cinnte ná fillfirse féin is ná féadfair ach oiread
Aon chompánach a thabhairt leat. Do b'fhearr dúinn teitheadh faró seo

Is b'fhéidir go bhféadfaí fós éalú ó lá na cinniúna.'

Labhair seisean amhlaidh. Do thugas gan mhoill air mo fhreagra is dúirt leis:

'Faoi mar tá ráite agat liom, a Eoralacais, fan ar an mball seo.
Fan ann ag ithe is ag ól, agus sín faoi bholg an áthaigh.
Ach gluaiséodsa ar mo thriall, mar is treise orm dualgas ná aon ní.'

Labhras leis amhlaidh, is d'fhágas an bád agus imeall na mara.
Ach nuair dóbair dom teacht, agus mé i lúib choille na draíochta,

Mar a raibh áitreabh is dún aige diabhean na luibheanna Circe,
Cé a ráineodh i mo choinne ann ach ara na hórshlaite Heirméis!
Is mé ag dul i gcóngar an teaghlaigh. Do dhealraigh an dia dhom le hógfhear

D'aois sin na háille is an taithnimh go mbíonn féasóg air ag céadfhás.

Rug sé sin ar mo láimh agus labhair liom. Ba é rud a dúirt sé:
'Cá bhfuil do thriall, a ainiseoir, is tú ag taisteal an fhiantais i t'aonar

Agus thar t'eolas, is go bhfuil compánaigh leat daingnithe ag Circe

Láimh lena teaghlach 'na muca sna cróite atá lán dá leithéidí.

Táir ag dul síos á bhfuascailt, an ea? Ní fhillfidh tú féin as,
Creid mise leis, ach is amhlaidh coimeádfar thú i measc na coda
cile.

Tá beart, áfach, agamsa, do bhéarfais thú slán as an ndainséar.
Breathnaigh ar luibh seo na mbua — beir leat í isteach go dtí
Circe,

Is casfaidh a cumhacht i leataobh ód' cheann dúlá na cinniúna.
Neosfadsa dhuit gach a ndéanfaidh an bhandia d'iarrachtaí
milte.

Measfaidh sí dhuit a posóid agus cuirfidh sí luibheanna sa chupa.
Is fós, ní chloífidh do neart dá bharr, mar is treise ná iadsan
Luibh seo na mbua a gheobhair uaim. Insím gach cúrsa mar
tharlóidh:

Chomh luath is a dhéanfaidh an diabhean thú a bhualadh le slait
fhada draíochta

Tarraingse féin ded' chromán claíomh faobhrach an chomhraic is
ionsaigh

Circe ar nós duine mire do bheadh dianmheáite ar a bású.
Scanróidh sise, agus iarrfaidh go séimh ort síneadh ina leabaidh.
Glacsa mo chomhairle ansin 's ná diúltaigh do leabaidh na
bandé,

Tráth is gur fúithi atá saoradh do chairde agus dúthracht a
thabhairt duit.

Ach ná dearmad í a chur faoi bhrí mhionn uamhnach na ndéithe
Gan díobháil ná dochar do bheartú feasta i do choinne.
Is tar éis duit nochta, ná fágfaidh gan fireannacht thú agus
fearúlacht.'

B'in é mar labhair an té a mhairbh an t-arrachtach Argas, is
staith sé

Luibh sin na gcumhacht ón dtalamh, is mhínigh dom conas
d'aithneoinn í.

Bhí sí dubh as a préimh, is a bláth chomh bán leis an mbainne.
Mollai a hainm i mbéalaibh na ndéithe; is le dícheall a dhéanfaidh
Fear gearrshaolach i a staitheadh, ach féadann na déithe gach aon ní.
Ghluais Heirméis ina dhiaidh sin go cliathán fairsing Oilimpis
Faoi scáth crann; ghluaisíos faoi dhéin áit chónaithe Chirce,
Is b'fhada na smaointe do bhí ag boirbeáil i mo cheann ar mo
shiúl dom.

B'iúd faoi dheoidh mé im' sheasamh i mbéal dorais dhiabhean
an chraobhthoilt.

Is d'ardaíos glao, agus do chuala an diabhean an liú sin a ligeas.
Phreab sí go luath faoim' dhéin agus d'oscail sí doirse na gile,
Is d'iarr orm teacht isteach, is do leanas go dubhach
tromchroíach í.

Dúirt sise liom suí fúm i gcathaoir stodaí airgid ghléigil,
Ball ciúirialta dea-cheirde, agus saois ag a bun dos na cosa.
Líon sí ansin corn óir dá posóid agus thug dom go n-ólfainn,
Is mheasc sí an luibh in sa chorn, ar intinn fill di agus dochair.
Thug sí dhom sin agus d'ólas, ach feidhm ní raibh ag a draíocht
orm.

Bhuail sí ina dhiaidh lena slait mé agus thug ordú dhom is dúirt
liom:

'Seo leat go cróite na muc, agus sín ann i dteannta do chairde!
Dúirt sé é sin, 's tharraingíos dem' chromán claíomh faobhrach
is d'ionsaíos

Circe ar nós duine mire do bheadh dianmheáite ar a bású.
Gheoin sí go hard is chaith síos í féin agus rug ar mo ghlúine,
Is rinne sí tréanachainí orm is d'ardaigh a guth agus dúirt liom:
'Cé acu tú d'fhearaibh an tsaoil? Cén chathair 's an mhuintir ar
díobh thú?

Iontach an scéal nár fhéad corn dí seo na luibheanna thú a
chloíochaint.

Aon fhear ar domhan seachas tú níor shlán uaidh riamh go dtí
an lá seo,

Aon fhear d'ól is a scaoil thar teorainn na bhfiacal isteach iad.
Ní bhuann ceard aon draoithe ar an gcroí sin a bhuaileas id'
chliabhsa,

Is creidim gur tusa Odaiséas iltréitheach, an duine gur clos dom
Riamh ó dhia shlat an óir, an té a mhairbh an t-arrachtach
Argas,

Gur dhán domsa go mbuailfeadh im' leith ón dTraí agus é ag
filleadh.

Lig díot t'arm agus folaigh 'na chás é, go ndéanfam 'na dhiaidh
sin

Dul 'nár leabaidh araon is go sínfeam le chéile go síoch grách,
Agus go mbeidh iontaobh dá bharr san againn lena chéile.'
Labhair sí liom amhlaidh, ach thugas-sa freagra uirthi láithreach
is dúrt léi:

'Conas a thiocfadh id' cheann-sa go dtéifeadh mo chroí leat, a
Chirce?

Tar éis compánaigh mo bháid d'iompó i gclo muc in sa tigh seo,
Agus ar bheith dhom id' lúib, go bhfuil iarrtha agat ormsa go
fealltach

Dul leat go seomra na leapa agus síneadh leat inti go síoch
grách,

Is tar éis dom nochta, go bhfágfair gan fireannacht mé agus
fearúlacht.

Ní bhfaighir toilteanach mise chun sínte sa leabaidh sin leatsa
Nó go mbeidh geallta agat dom faoi bhrí mhionn uamhnach na
ndéithe

Gan díobháil ná dochar a bheartú feasta i mo choinne.'

B'in é mar dúrt, agus thug sise láithreach na mionna mar d'iarras,
Is tar éis di a bheith dearbhaithe is curtha aici féin faoi bhrí
mhionna móra,

Ghéilleas is chuas ar an uair sin i leabaidh na háille le Circe.
Ceathrar ban seirbhíse do níodh obair theaghlaigh don diabhean,
Is iad ná raibh fuarthé díomhaoín lena linn sin sa phálás.

Saolaíodh iad ó choillte na scáth is ó thoibreacha geala
Is ó naomh-aibhnte do ritheas le glór chun na mara le fána.

Leath bean díobhsan amach linéadaí líofa cathaoireach,
Is bhuail orthu anuas ina dhiaidh sin na súsaí corcra breátha.
Leag bean eile os comhair na gcathaoireach na boird a bhí
déanta

D'airgead, is chuir orthusan bascaodaí óir chun na gcistí.
Fíon go raibh mílseacht na meala ann a mheasc bean eile acu i
mbabhla

Mór groí airgid, is chuir na cupáin óir ghléigil 'na mbaill féin.
Tharraing an ceathrú bean éacht uisce isteach is do dhearg
Faoi mhórchoire na dtrí gcos, is théimh gan mhoill ann an
t-uisce,

Is nuair bhí an méid sin ag fiuchadh sa chorcán lasrach bróinse,
Dúirt sí liom dul in san iomar, is mhaolaigh an te leis an bhfuair
dom,

Do réir mar ba mhian liom, is dhoirt ar mo cheann 's ar mo
ghuaillibh an folcadh,

Ionas gur tógadh dem' ghéaga le níochán cráiteacht na tuirse.
Tar éis di mé d'ionladh is mo ghéaga d'olú leis an ola ba
ghlaine,

Ghaibh sí i gcóta mé is bhuail ar mo ghuaillibh an clóca ba
niamhraí.

Sheol sí isteach mé agus d'fhág i mo shuí mé i gcathaoir stodaí
airgid,

Ball ciúirialta dea-cheirde, agus saoisie ag a bun do mo chosa.

Tháinig cailín i mo leith agus dhoirt sí amach os mo choinne

Ó chrúsca óir bhuí álainn i mbáisín airgid ghléigil

Uisce chun nite na lámh, agus leag bord líofa i mo láthair.

B'eo maor mná le harán, 's níor spáráil sólaistí ormsa,

Is dúirt liom cromadh ar an mbia. Fóiríor, ní raibh fonn orm
chuige;

D'fhanas ag smaoineamh ar nithe nach é, agus ag tuaradh
drochíde.

Thug Circe faoi ndeara mé im' shuí is nár shíneas mo lámha
Riamh chun an bhídh, agus brón ina bhráca uafásach ar m'aigne,
Is tháinig ag seasamh lem' thaobh, is le dúthracht do labhair
agus dúirt liom:

'Cén fáth dhuitse, a Odaiseis, a bheith suite mar bhalbh gan
teangain

Is cian ar do chroí, agus gan aon teagmháil leis an bhfíon 's leis
an mbia agat?

'Bhfuil in amhras go bhfuil feall eile ar do thí? Cad a
chuirfeadh

Scanradh dá shaghas ort fós? Nár thugas na mionna ba mhó
dhuit?

Labhair sise amhlaidh, ach thugas mo fhreagra air sin agus dúirt
léi:

'Cé hé an duine go mbeadh rianán ann de dhílseacht, a Chirce,
A bhroicfeadh le béile do chaitheamh is d'ólfadh an fíon ar a
shástacht

Riamh sara saorfaí a chairde is go bhfeicfeadh sé féin lena shúile
iad?

Ach más fíor gur le páirt dom a mholair dom ól agus ithe,
Scaoil as a ngéibheann mo chairde agus faighim iad d'fheiscint
lem' shúile.'

B'in é mar dúrt; b'in síos is amach as an seomra le Circe,
Is slat ina láimh, is ba ghearr go raibh cróite na muc aici ar
leathadh,

Is bhagair sí amach mo chuid fear i gcosúlacht mhuca dea-
fhásta.

Sheasadarsan os a comhair ina dhiaidh sin is chuaigh sí ina
n-imeall,

Is shíúil ó dhuine go duine agus chuimil druga eile do chách díobh,
 Is chíféa ag titim dá ngéaga ina scrimh ar an uair sin na guairí
 D'fhás orthu ' dheascaibh na luibhe a thug Circe diabhean ar dtúis dóibh.
 Is rinne thar n-ais díobh fir ní b'óige ná a bhíodar 'na gcéadchló,
 Is b'áille go mór ná cheana is ba thaibhsí d'fhearaibh le feiscint.
 D'aithin gach aoinne acu mise agus rug gach fear acu ar láimh orm,
 Is tháinig gan mhoill fonn caointe agus goil orthu, is d'éirigh ina ardghéoin
 Diamhair go fraitheacha an tí, is gur ghlac trua diabhean na draíochta,
 Is dhruid sí láithreach im' chóngar, an bhandia sciamhach, is dúirt liom:
 'Téir, a Odaiséis Laeirtéis, a dhalta ilbheartaigh na ndéithe,
 Síos go dtí bád luath-threatha na dtonn agus ciosa na mara.
 Ordaigh ar dtúis bhur n-árthach a tharraing aníos is a thiormú,
 Is déantar gach fearas is stór a stobháil ins na huamhnacha faille.
 Fill ansin ar mo theaghlach 's do lucht compánach mar aon leat.'
 Labhair sise amhlaidh, is ghéilleas i m'intinn chalma dá bréithre.
 Chuas go dtí bád luath-threatha na dtonn agus ciosa na mara,
 Is tharlaíos láimh leis an árthach ar lucht compánach na dílse,
 Is síorolagón acu á dhéanamh is deora go fuíoch acu á sileadh.
 Dálta na ngamhna do léimeas in imeall na bólachta feirme,
 Nuair bhíd fillte ar an mbuaile ón bpáirc 's iad borrrha le fearach,
 Siúd leis na gamhna ina dtimpeall ag damhas as na loca ná féadann
 Iad a choimeád ón dtréad, agus téid ina dtáinrith ag géimrigh
 Timpeall na máithreach; do b'amhlaidh, ar radharc d'fháil ormsa,
 do m'fhearaibh,
 Bhíodar im' thimpeall ag sileadh na ndeor; bhí an aigne chéanna iontu,
 mar thaibhsigh, a bheadh dá bhfaighidís rompu go hobann
 Iticé gharbh an dúchais 'nar saolaíodh iad agus tógadh.
 Agus i lár a gcuid caointe do bhíodar ag caint is ag rá liom:
 'Áthasach linn chomh mór san, a dhalta na ndéithe, do theachtsa

Is dá mbeadh Iticé dhílis na sinsear go hobann i radharc dúinn.
 Ach inis dúinn, cén chaoi ar básaíodh lucht eile na foirne?'
 Dúradar amhlaidh; do thugas mo fhreagra go séimh agus dúrt leo:
 'Tabharfam ar dtúis faoin árthach a tharraing aníos is a thiormú,
 Is déanfam gach fearas is stór a stobháil ins na huamhnacha faille.
 Téanaídh liomsa ina dhiaidh, gach fear agaibh, 's leanaidh mo stiúradh,
 D'fhonn is go bhfeicfidh sibh féin radharc breá in áit chónaithe Chirce,
 Bhur gcompánaigh ag ól is ag ithe is a ndóthain go deo acu.'
 B'in é mar labhras-sa leo, agus ghéilleadar uile dom' bhréithre
 Láithreach le fonn, ach amháin Eoralacas. Bhí sin ag d'iarraidh
 Iad a choimeád ón dturas, is labhair sé im' choinne agus dúirt leo:
 'Cad é mar thriall, a fheara bochta, atá romhainn! Teach cónaithe Chirce!
 Cad é mar dhúil in sa donas atá agaibh? Déanfaidh sí muca Dhínn
 's mac tírí is leoin, agus cuirfidh ag cosaint a pálás
 Dár n-ainneoin. Cuimhnídh ar a ndearna an Cioclópach 'na stábla
 Dár gcompánaigh a chuaigh ann 's Odaiséas laochmhar mar aon leo.
 Cén rud a chaill iad siúd murab é ceanndáineach a rí é?'
 Labhair seisean amhlaidh; do bhíos ar feadh tamaill ag machnamh an leagfainn
 Méireanna ar dhorn mo chlaímh is go nochtfainn aníos dem' chromán é
 Is ceann an drochaighnis a scaoileadh ina phleist ar an dtalamh le buille,
 Bíodh is gur ghaol dom an fear 's gaol gairid, ach choisc na fir eile
 Ós gach taobh mé le caint thláthmhaolaithe is dúradar d'aonghuth:
 'Fágfam é le hais an árthaigh, a dhiaghin; fútsa atá a ordú.
 Bíodh sé ina bun, 's seol sinne go caisleán draíochta seo Chirce.'
 Dúradar amhlaidh, is suas d'aon bhuin ó bhád agus tráigh leo,

Ná níor than fiú amháin Eoralacas le hais an áthaigh.
 Thionlaic sé sinn trí sceon roimh rabharta na feirge a bhí orm.
 Thug Circe lena linn d'fhearaibh eile mo thrúipe ina pálás
 Féile thar barr, níochán agus cuimilt na hola ba mhíne,
 Agus i gcóta is i gclóca do ghaibh sí gach aoinne go cluthar.
 Fuaireamar romhainn ann iad agus féasta acu á chaitheamh go
 sásta.
 Ach nuair bhí an dá dhream compánach i bhfianaise a chéile,
 B'iúd leo ag caoineadh is ag gol, agus líonadh an teach den
 mhacalla.
 Tháinig an diabhean i ngileacht a scéimhe le m'ais agus dúirt sí:
 'Éist liom, a mhic Laeirtéis, a dhalta ilbheartaigh na ndéithe!
 Éiridh feasta as an síorolagón sin. Is dianmhaith is eol dom
 Gach a bhfuil fulaingthe agaibh ar an bplána go maireann an
 t-iasc faoi,
 Is gach a bhfuil déanta aige brútaigh gan tíreachas daoibh ar an
 gcóta.
 Scoiridh dá gcuimhne, agus caithidh an bia seo agus ólaidh an
 fion seo,
 Nó go mbeidh ionaibh arís tréanmhúscailt na meanman céanna
 Bhí ionaibh ar dtúis nuair d'fhág bhur n-árthaí failltreacha an
 dúchais
 Is Iticé gharbh na gcloch. Is gan anam anois is gan lúth dhaoibh
 Is cuimhne de shíor in bhur gceann ar an bhfánaíocht chruaidh,
 is ní thógann
 Sólás choíche bhur gcroise de dheascaibh an iomad den anró.'
 B'in é mar dúirt, agus láithreach do ghlac ár n-aighe misneach.
 Chaitheamar parthas saoil ar feadh bliana ina tigh agus bhí
 againn
 Rogha gach fiona lena ól agus rogha gach feola lena ithe.
 Ach nuair chríochnaigh an bhliain is na séasúir chéanna ag
 atosú,
 Tháinig mo chomplacht chugam agus dúradar liom go
 discreideach:
 'Tá sé in am duit, a Rí, a bheith ag cuimhneamh arís ar an
 mbaile,
 Má tá i ndán duit go deo teacht slán agus filleadh ar do phálás
 Ceannard breá faoin aer is t'oileáinín dúchais d'athfheiscint.'
 Dúradar amhlaidh. Ba chóir liom a gcaint agus ghéilleas don
 tathant.

Bhíomar 'na dhiaidh sin ar feadh lae fhada gur imigh an ghrian
 uainn
 Suite chun féasta ar an éacht mór feola is ar chéadrith an fhíona.
 D'imigh an ghrian ón spéir, gan mhoill bhí titim na hoíche ann,
 Is líon scáth dorcha an seomra agus chuaigh lucht m'árthaigh a
 chodladh.
 D'fhágas a mbuion agus chuas go dtí Circe i leabaidh na háille
 Is rugas go tláth ar a glúine, agus thug sise éisteacht do m'impí.
 Gach a raibh ráite acu liom, d'aithrisíos é le díograis is dúrt léi:
 'Comhlíon domsa an gheallúint sin a thugais fadó dhom, a
 Chirce.
 Lig dúinn filleadh ar an ndúchas, tá m'aighe luíte go dian air
 Is aighe mhuintir mo bháid. Tá mo chroí istigh cráite á
 gclos-san
 Bailithe im' thimpeall ag gol, nuair a fhágann tú féin an
 chuideachta.'
 B'in é mar labhras, is d'fhreagair an bhandia láithreach is dúirt
 liom:
 'Éist liom, a mhic Laeirtéis, a dhalta ilbheartaigh na ndéithe:
 Ná bí feasta ag fanacht do bhur n-ainneoin féinig im'
 theaghlach.
 Ach tá bóthar ar dtúis nach mór daoibh seoladh air is taisteal
 Síos go dtí teach Háidéis agus Ríon Peirsifine an uafáis,
 D'fhonn is go bhfaighe sibh fios ó scáth Théirisias fáidh dall
 Téibeach, go bhfuil meabhair slán aige fós mar bhíodh ar an saol
 seo.
 Óir fiú amháin tar éis bháis dó, do bhronn Peirsifine choíche air
 Ciall a choimeád, is gan ann ina thimpeall ach scáthanna ag
 eitilt.'
 Sin é mar d'inis an diabhean, is scoilteadh mo chroí lena scéala.
 Shuíos ar an leabaidh ag caoineadh; go deimhin, níor mhian
 liom a thuilleadh
 Seasamh ar thalamh na beatha ná féachaint ar sholas na gréine.
 Ach tar éis chaointe go leor dom ag iomlat le brón ar an
 leabaidh,
 Tháinig mo chaint dom thar n-ais; d'iompaíos chun na
 bruinnille is dúirt léi:
 'Ach cé a dhéanfas an t-eolas le dul ar an mbóthar seo, a
 Chirce?
 Óir ón saol roimhe seo níor sheol aon ártach go Háidéas.'

Sin é mar labhras, is d'fhreagair an bhandia láithreach is dúirt liom:

'Éist liom, a mhic Laeirtéis, a dhalta ilbheartaigh na ndéithe:
Ceal píolóit chun do stiúrtha, ná bíse ina thinneas ar bord duit.
Socraigh 'na sheasamh an crann agus leath amach seolta na gile,
Is fan bog id' shuí; séideán mear aduaidh is ea a sheolas an bád duit.

Nuair bheir gafa sa loing go dtí spriocáit trasna an Aigéin
Mhóir

Mar a bhfuil ceann fiain tíre agus coill Pheirsifine Mór-ríon,
Crainn chrithin a fhásas go hard is saileoga do chailleas a siolta,
Tiormaigh do long in san áit sin cois fharraige dhoimhin na nguairneán,

Is gluais féin romhat isteach i dtalúintí feoighithe Háidéis.
Sroichfir an áit sin go dtig Abhainn fhíochmhar na Lasracha
Tine

Is Abhainn dubh an Chaointe is an Chrá, atá ina brainse den
Stíocs, lena chéile

Cois an Stocáin, is go meascann a dhá bhfuarmáil ann mar
thoirneach,

Druid leis an nglaiic sin, a laoich, agus faoi mar a inneosaidh mé,
déan ann:

Trinse go mbeidh banlámh ann ar fhaid is ar leithead, nó geall
leis,

Rómhar ann is doirt ofráil ar a chiosa do shluaite na marbh,
Mil trí bhainne i dtosach, agus doirt fíon milis 'na dhiaidh sin,
Is ofráil uisce sa deireadh, agus scaip orthu bánmhín na heorna,
Is ná spáráil lena linn sin ar scáthanna fanna na marbh
Urnaíthe; geall dóibh uile go ndéanfair in Iticé fós dóibh
Iobairt bhreá bhó seisce is go dtoghfair an scoth as do thréada,
Agus go mbeidh stór saibhir mar aon léi cruachta ar an altóir.
Geall, is go ndéanfair ar leithrigh do scáth Théirisias íobairt
Mhoilt chiardhubh gan spota a bheas álainn i measc do chuid
caorach.

Tar éis na n-orthaí sin a rá go coinniollach le clúchine an
Domhain Thíos,

Mairbh ann uan breá fireann is fóisc chiardhubh ar an mball
dóibh,

Is síos i leith Eiribis cas a dhá gceann; féach féin i leataobh
uaidh

Sall i leith chuilithe an tsrutha, agus chífir ansin ina slua chugat
Anamacha a bhíodh ins na coirp atá éagtha ó bheatha na
ndaoine.

Ordaigh do t'fhearaibh ansin agus brostaigh chun gnímh is chun
séirse iad

D'fhonn is go bhfeannfaid 's go ndófaid go luath an dá chaora
atá sinte

Marbh le ropadh do lannsa, is go ndéanfaid a nguionna don dá
dhia

Háidéas Tiarna na gcumhacht agus Ríon Peirsifine an uafáis.
Suigh féin síos ar an bhfód, is go bagrach tarraing do ráipéar
Faobhrach aníos, 's ná ceadaigh do scáthanna fanna na marbh
Druidim i gcóngar na fola roimh fhios Théirisias d'fháil duit.
Nochtfaidh an fáidh romhat láithreach, a chaptaein stiúrtha na
dtréanfhear,

Is tabharfaidh duit eolas do bhóthair is faid gach stáire do
dhéanfair,

Is conas a fhillfir thar áitreabh an éisc ar na hólaithe móra.'
Nuair bhí ráite aici, chuaigh Áróra ar an spéir 'na cathaoir óir.
Ghaibh sí im' chóta mé féin agus chuir sí mo chlóca ar mo
ghuaille,

Is ghaibh, leis, an ainnir í féinig i bhfallaing a bhí fada gléigeal
Caithiseach éadrom, is cheangail sí órchrios lonraitheach álainn
Timpeall a coim, 's chuir caidhp ar a ceann. Ghluaisíos feadh na
cúirte

Síos go dtí foireann mo bháid 's dhúisíos ó dhuine go duine iad,
Is labhras go mín is go mánla le gach mairnéalach is dúrt leo:
'Ní ham suain daoibh feasta! Seo, fágaidhse leabaidh an aoibhnis!
Téanaidh! Is é lá an ghluaisite é seo, do réir orduithe Chirce.'
Labhras mar sin, agus ghéill fir m'árthaigh dom' bhréithre le
hardchroí.

Ach níor éirigh liom fós iad uile do thabhairt gan cinniúint
liom.

Ba é mac ab óige den dream, Eilpéanór; creid mé ná raibh sé
Riamh ar an nduine ba chalma sa chomhrac nó ab fhearr in sa
chomhairle.

Ráinig sé ar meisce le fíon, is ba mhian leis codailt sa
bhfuarthan,

Is d'fhág an chuid eile agus suas leis go ceann tí chónaithe
Chirce.

Nuair bhí an dream ag corraí agus go gcuala sé fothrom is glórtha,
 Phreab sé go hobann 'na shuí agus dhearmhad sé casadh mar tháinig
 Siar mar a bhfaigheadh le sonaíd dul síos in sa dréimire fada.
 B'amhlaidh a chuaigh sé ar aghaidh agus thit ón mbarra ar a bhaitheas,
 Is bhris sé cnámh a mhuiníl agus thuirling an t-anam go Háidéas.
 Tháinig mo mhuintir le chéile agus labhras 'na measc agus dúrt leo:
 'Síltear, mar mheasaimse, dhaoibh gur ag triall ar an ndúchas atáimid,
 Is fonn oraibh chuige, ach is bóthar nach é atá ordaithe ag Circe,
 Síos go dtí teach Háidéis agus Ríon Peirsifine an uafáis
 D'fhonn is go bhfaighimid fios ó scáth Théirisias Téibeach.
 Dúrt leo sin go soiléir, agus scoilteadh a gcroí leis an scéala.
 Síos ar an dtalamh a shuíodar ag caoineadh is ag stracadh a gcuid gruaige,
 Ach bhí fuar acu ag gol is ag déanamh ochláin agus cneadaí.
 Tháingamar linn go dtí ártach na siúlta agus ciosa na mara
 Is bráca go trom ar an gcroí againn is deora go fuíoch leis na súile.
 Ghluais Circe lena linn, agus fuaireamar ceangailte romhainn ann
 Fóisc chiardhubh agus uan breá fireann de staic cois an ártach.
 Tharainn i gan fhios do chuaigh. Cé a d'fhéadfadh an diacht dá hainneoin féin
 D'fheiscint ar aistear anonn is anall ar an dtalamh seo againne?"

XI

"Ghluaiseamar linn go dtí bád an mhearshiúil agus imeall na mara,
 Is rinneadh ar dtúis ár n-ártach a tharraing amach in sa doimhneacht.
 Thógamar inti ina sheasamh an crann agus chrochamar seol air.
 Cuireadh ar bord an dá chaora, is isteach linn féinig 'na dhiaidh sin,

Is bráca go trom ar an gcroí againn is deora go fuíoch leis na súile.
 Shéid laistiar dár mbád goib ghoirm ag líonadh na seolta
 Gaoth anamúil, compánach cineálta do mhúscail, mar gheall sí,
 Circe diabhean an mhillte agus ghuth na binne is an chraobhfhoit.
 Tar éis gach a raibh againn d'airm a stobháil conláisteach san ártach,
 Shuíomarna fuinn, 's fear stiúrach is gaoth ár seoladh chun sprice.
 Faid a mhair solas an lae faoi lántseol bhíomar ag gluaiseacht.
 D'imigh an ghrian ón spéir, agus thit scáth oíche ar na bóithre,
 Is tháingamar mar a bhfuil teora aige sruthanna doimhne an Aigéin Mhoir
 Is mar a bhfuil tír agus cathair na gCimireach folaithe i gclúdach
 Scamall is ceoigh; orthusan ní riaráinn Tiarna na gréine
 Choíche aon gha nuair thagann aníos go dtí spéartha na rélteann
 Ná nuair a fhágann arís ag imeacht faoin dtalamh dá chapaill,
 Ach bíonn oíche de shíor os cionn lucht ainnise leata ann.
 Chuamar amach 's thiormaíomar an bád agus thógamar aisti
 Caoirigh na bandé is b'iúd in sa tsiúl feadh bhrúach an Aigéin linn,
 No gur sheasaíomar ar deireadh in sa bhall a bhí ráite aige Circe.
 Fágadh go fóill in san áit sin na caoirigh do bhí againn le híobairt
 Faoi Pheiriméidéis is faoi Eoralacas. Nochtas mo ráipéar
 Faobhrach aníos dem' chromán, agus rómhras, mar d'ordaigh an diabhean,
 Trinse go raibh banlámh ann ar fhaid is ar leithead, nó geall leis,
 Is dhoirteas ansin oifríl ar a chiosa do shlúaithe na marbh,
 Mil trí bhainne i dtosach, fion milis 'na dhiaidh sin do dhoirteas,
 Is oifríl uisce sa deireadh, agus chroitheas ann bánmhín na heorna,
 Is níor spárálas ar scáthanna fanna na marbh lena linn sin
 Urnaithe; gheallas don aicme go ndéanfainn in Iticé fós dóibh
 Íobairt bhreá bhó seisce is go dtoghfaínn an scoth as mo thréada.
 Agus go mbeadh stór saibhir mar aon léi cruachta ar an altóir.

Gheallas go ndéanfainn ar leithrigh do scáth Théirisias íobairt
Mhoilt chiardhuibh gan spota a bheadh álainn i measc mo chuid
caorach.

Tar éis na n-orthaí sin a rá go coinniollach le muintir an
Domhain Thíos.

Rugas ar chaora is ar uan 's os cionn chré an trínse do ropas
Scornacha an phéire, agus rith an fhuil dborcha is láithreach do
bhailigh

Anamacha shluaite ná marbh aníos ó Eiribeas chugainne,
Mná nuaphósta, ógáin nár phós, seandaoine an fhadfhulaing,
Maighdeana mánla a raibh céadbhlás na diachaire fós á mhothú
acu,

Is mórán laochra do fágadh ar mhachaire sínte sa choimheascar
Is polladh na sleatha ina gcabhail is a n-armáil smeartha le fuil
fós.

Tháingadar siúd ina ngrathain ag eitilt timpeall an trínse,
Is geoin acu chomh fiain géar is gur glasaíodh m'aghaidh leis an
cagla.

D'ordaíos láithreach dom' bhuin 's bhrostaíos chun gnímh is
chun séirse iad

D'fhonn is go ndéanfaí feannadh agus dó an dá chaora a bhí
sínte

Marbh ag ropadh mo chlaímh, 's go n-abrófaí guíonna don dá
dhia,

Háidéas Tiarna na gCumhacht agus Ríon Peirsifine an Uafáis.
Shuíos féin síos ar an bhfód is go bagrach tharraingíos mo
ráipéar

Faobhrach aníos, 's níor ligeas do scáthanna fanna na marbh
Druidim i gcóngar na fola roimh fhios Théireisias d'fháil dom.
Ba é an chéad anam im' leith, Eilpéanór óglach dem' chomplacht
Ná fuair adhlacadh fós in san úir faoi thuama cois bóthair;
Bhí a chorp sínte ar an dtalamh in aice áit chónaithe Chirce
Fágtha gan caoineadh is gan cur; bhí a mhalairt de bhroid ar a
chairde.

Chonac a scáth is ghlac trua dhó mo chroí is líon deora mo shúile.
D'ardaigh mo ghuth leis an ionadh; go fiafraitheach labhras is
dúrt leis:

'Conas a bhainis amach, a Eilpéanóir, iarthar an tsíorcheoigh?
Agus gur thúisce ann de chois tú ná mise le scolta mo
chrónbháid.'

Labhras leis amhlaidh; do rinne sé cnead agus d'fhreagair is dúirt
liom:

'Éist liom, a mhic Láeirtéis, a dhalta ilbheartaigh na ndéithe.
Toil dhiachta éigin ba bhun lem' chinniúint, is ar ólas den
bhfion úd.

Phreabas as suan 's níor chasas ar cheann tí chónaithe Chirce
Siar mar a bhfaighinn le sonaíd dul síos in sa dréimire fada.
B'amhlaidh a leanas ar aghaidh agus thiteas den bharra ar mo
bhaitheas

Is briseadh cnámh mo mhuiníl agus thuirling m'anam go
Háidéas.

Iarraim ar son grá muintire is dílse leat 's ná fuil i láthair,
Céile do leapa is an t-athair a stiúraigh thú id' leanbh 'na
theaghlach

Agus an t-aonmhac d'fhágais id' dhiaidh, Teilimiceas ógfhlaithe.
Tógfair do sheol, mar is eol dom, is raghair ó cheantar seo
Háidéis

Is seolfair i gcuan Acéia isteach trí fheabhas do dheala-loinge.
Iarraim, a Rí, nuair bheirte ansin, gan mo chás-sa do
dhearmhad.

Ná fág ann mé gan caoineadh is gan cur nuair a fhágfair an
cósta

D'fhonn is ná leanfainn thú im' chúis mhífhortúin agus dhíoltas
na ndéithe.

Dóitear sa bhall sin mo chorp is an éide do chaithinn mar aon
leis

Is tógtar i gcóngar na trá mar a mbriseann na hólaithe liatha
Tuama do shamplóir bocht mar chomhartha dá dtiocfaidh im'
dhiaidh ann.

Tabhair dom an méid sin d'onóir, agus saigh ann 'na sheasamh
an maide

A bhíodh agam riamh á tharraing i dteannta na rámhaithe ar
sáile.'

Labhair seisean amhlaidh ag achaint is thugas-sa freagra air is
dúrt leis:

'Déanfad, a chara gan rath, le mo lámha féin do réir mar is mian
leat.'

Le linn dúinne a bheith amhlaidh i gcómhrá dubhach lena chéile,
Choinníos sínte mo chlaíomh d'fhonn trínse na fola do chosaint,
Is eisean 'na scáth compáin lastall de is a scéal aige á phlé liom.

Tháinig im' leith chun an trínse ina scáth duine mhairbh, mo mháthair

Antaíclia b'iníon d'Átalacas taoiseach an mhórchroí.

D'fhágas 'na beathaidh ag baile í, ag imeacht dom go hlliam naofa.

Chonac a scáth is ghlac trua dhi mo chroí is líon deora mo shúile.

Ach dá mhéad í mo dhiachair 'na diaidh, níor ligeas dá hanam
Druidim i gcógar na fola roimh fhios Théirisias d'fháil dom.
Is ba é scáth a tháinig im' leith ina diaidh, Téirisias Téibeach,
Is ribhachall óir ina láimh, agus d'aithin sé mise agus dúirt liom:
'Abair, a mhic Laeirtéis, a dhalta ilbheartaigh na ndéithe,
Cad a bhain duitse, a ainniseoir, gur scarais le solas na gréine
D'fhonn radharc d'fháil ar na mairbh 's ar mhíghnaíúlacht a dtíre?

Druid leat amach ón dtrínse agus iompaigh do chlaíomh i leataobh uaidh,

D'fhonn is go n-ólfad an fhuil is go neosfad an fhirinne ghlan duit.'

Sin é mar dúirt, agus dhruideas amach, is mo chlaíomh stodaí airgid

Á shá síos dom 'na chás. Tar éis fola dorcha d'ól dó,

D'inis an fáidh sin gan cháim dom a raibh romham fós agus dúirt liom:

'Lá meala an fhille ar do dhúchas, a Odaiséis niamhraigh, atá uait.

Fágfaidh do dhianamhaid, áfach, gur deacair é. Measaim nach féidir

Dearmad a chuthaigh id' choinne do theacht ar an Luascaire Cóstai,

Is dianrún oilc aige fós duit ó dhallais a mhac Polaiféamas.

Ach fiú amháin mar atá, trí mhórfhulang tiocfaidh sibh fós uaidh

Más toil leatsa do dhúile do shmachtú is dúile do chairde.

Fágfair id' dhiaidh, lá éigin ded' thaisteal, na hólaithe gorma

Is rachaidh do bhád maith i dtír in oileán Thrínicia is chífir

Tréad mór mart ann ag féarach is caoirigh 'na dteannta de sheilbh

Heiliás Tiarna na gréine do chíos is do chluineas gach aon ní.

Fágtar gan dochar an tréad, ná meabhraigh i t'intinn ach filleadh,

Is creidim, d'ainneoin bhur bhfulaing, go sroichfidh sibh Iticé slán fós.

Ach má ghortaí ceann acu siúd, mise t'urra go mbéarfaidh
Léirscrios ar bhád is ar bhuín, agus más dán duitse go n-éalóir,
Déanach is creachta is ea a thiocfair, gan aoinne de t'fhoirinn 'na bheathaidh,

Is beidh bád iasachta a' t'iompar is gheobhair léan romhat aige baile;

Fir mhínáireacha gheobhair ann a leanas ag ídeach do ghustail
Agus ag éileamh do mhná lena pósadh is ag tairiscint spré dhi.
Déanfair, gan amhras, a mbéas foréigneach d'agairt ar chách díobh,

Ach tar éis threascairt an lae sin, is complacht éilimh do chéile
Marbh id' chúirt faoi dheoidh, pé acu a ndéanfair le cleas nó le fórsa é,

Caithfir imeacht ar do shiúlta ina dhiaidh 's maide rámha ar do ghualainn

Nó go mbeir buailte le dream nárbh eolach an fharraige riamh dóibh,

Is ná gnáthaí aon tsalann a mheascadh le pé rud a chaithid.
Ní thaibhrítear don dream sin na báid atá daite go craorag
Ná na maidí a ghníós gnó sciathán ar na hólaithe d'árthaí.
Neosfad duit comhartha go cruinn — gan a thabhairt faoi ndeara ní féidir:

Fear siúil eile ar do shlí nuair bhuailfidh leat agus go ndéanfaidh
Tagairt don mhaide ar do ghualainn ag glaoch bos cháite air mar ainm,

Sáigh ansin in sa talamh go seasta do mhaide dea-líofa,

Is déan ofráil in san áit do Phoiscadón Tiarna na mara;

Íobair dó reithe agus tarbh is collach chlite na geráinte.

Gluais leat abhaile ina dhiaidh is onóraigh le híobairtí móra

Déithe na síorbheatha seanmhaire a mhaireas sa bhfairsinge spéirghil,

Do réir an tseanordaithe is dual. Ón muir is ea a thiocfaidh an bás chugat,

Éag saoráideach tar éis na seanaoise do chaithfeas go mín thú,

Is ríocht faoi rachmas id' thimpeall. Sin firinne ráite ag an bhfáidh leat.'

Dúirt sé a thairngreacht amhlaidh. Do thugas-sa freagra air is dúirt leis:

'Is iadsan na tointí a shníomh toil Dé, a Théirisias, domsa.
Inis an méid seo dhom, áfach, is abair go cruinn gan agó é:
Tá scáth cóngarach dúinn — is é anam mo mháthar a chím ann.
Féach í in aice na fola ina suí, is ní labhrann sí focal,
Ná ní fhéachfaidh ar aghaidh a mic féin 's ní dhéanfaidh beannú
dhom.

Inis an tslí dhom, a Thiarna, go bhféadfaidh sí a aithint gur ann
dom.'

Sin é mar labhras, is thug sé freagra orm láithreach is dúirt liom:
'Rún nach deacair a thuiscint, 's is fuiriste dhomsa é do mhíniú.
Pé duine marbh go ligir dá scáth teacht suas go dtí an trinse
Is druidim i gcógar na fola, inneoseoidh an t-anam sin fíor
duit.

Ach más diúltadh dó a dhéanfair, imeoidh chun na háite as a
dtáinig.'

Ba é sin deireadh na cainte do ráigh Téirisias Rí liom.

Bhí an fios léirithe ar fad aige is d'fhúill sé ar a áitreabh i
Háidéas.

D'fhanas-sa féin ar an bhfód sin ag feitheamh go dtiocfadh mo
mháthair.

Tháinig is d'ól ann an deoch fola dorcha. D'aithin sí láithreach
Mise, agus labhair sí go dubhach is go diachrach ag cneadaigh is
dúirt liom:

'Conas mar éirigh leat tuirling, a linbh, go hiarthar an
tsíorcheoigh,

Is teacht ann id' bheathaidh? Is deacair don bheo radharc d'fháil
ar an dtír seo.

Aibhnte atá leathan thar cuimse is gur mó sruth fealltach 'na lár
san,

Táid ina bhealach, is abhainn an Aigéin nach féidir dul thairsi
D'aoinne ag coisíocht, 's nár mhór saor maith chun an árthaigh
a dhéanamh.

Arbh amhlaidh is teacht duit san áit seo tar éis fhánaíocht na
mblianta

Siar ó chathair na Traí le do bhád is le t'fhearaibh is ná fuil
Iticé sroichte agat fós? Nár leagais-se súil ar do chéile?

B'iadsan bréithre mo mháthar. Do fhreagraíos féin agus dúirt léi:

'Triall níor mhór dom, a mháthair, a dhéanamh ar áitreabh seo
Háidéis

Ionas go gcloisfinn ann fios ón bhfaidh Téirisias Téibeach.

Fós níor bhuaileas-sa port in Acaea, mo chosa-sa níor shiúil
Fód dár ndúchas araon, ach ag taisteal an domhain dom go
léanmhar

Riamh ó d'fhágas a chósta is gur shroicheas in arm Agamamnoín
Iliam na gcapall thar barr chun go gcloifinn a mhuintir i
gcomhrac.

Inis an méid seo dhom, áfach, is abair go fírinneach cruinn é:
Cén dán báis a rug ortsa, is a leag siar sínte gan bhri thú?
Arbh amhlaidh a rinn' galar fada é nó Artaimís diabhean ag
tuirling,

Maighdean an fhaigh, ar do thóir, is gur mhairbh le saighid an
neamhphaiú thú?

Tabhair faisnéis dom ar m'athair 's ar m'ógmhac d'fhágas im'
dhiaidh ann.

An bhfuil m'ardfhlaithreas 'na lámha go dtí inniu, nó an
amhlaidh a tharraing

Fear eile chuige mo chumhacht, 's ná creidtear go bhfillfeadsa
choíche?

Inis dom scála ar mo mhnaoi; cuir in iúl dom a haigne is a
hintinn.

An bhfuil sí in sa teaghlach lem' leanbh 's ag aoireacht mo
ghustail go críochnúil?

Nó an bhfuil sí pósta lem' mhalairt, le fear d'arduaisleacht
Acaea?

B'in é mar labhras; do fhreagair mo mháthair go maorga agus
dúirt liom:

'Tá sí go deimhin ag fanacht is ag cloíochaint choíche led'
teaghlach,

Dílis 'na hintinn is foighneach is deora á sileadh go deo aici
Oícheanta is laethanta fada do leanas a chéile go brónach.

Níl t'ardfhlaithreas i lámha eile fós, is gan achrann le haoinne
Bíonn Teilimiceas óg i mbun riaraithe pháirceanna t'fheirme,
Is gnáthaíonn fleatha do bhíos á gcóiriú ag údair na cathrach;
Gheibheann sé cuireadh ó chách. Faoi dtuaith bíonn t'athair 'na
chónaí

Choíche gan turas a thabhairt ar an gcathair. Ní gnáthach leis
aon uair

Leaba ná teolaíocht shúsa ná líofacht gheal na mbráillíní,

Is nuair chodlaíonn in sa gheimhreadh, is i measc sheirbhísigh an
tí é

Sínte sa luaith cois tine is é gafa i ndrochbhalcaisí éadaigh.
 Ach nuair thagann an samhradh agus saibhreas an fhómhair ina dhiaidh sin,
 Agus go dtiteann duilleoga ar an dtalamh ar fhánaidh an fhíonghoirt,
 Síneann sé siar faoin gelúid sin is tógann a shuan mar a síneann.
 Bíonn sé ina luí ann go hainnis 's is móide na léanta air an cuimhneamh
 Ortsa agus tnúth le do theacht, agus éalaíonn aois air 's a cruatan.
 B'in é mar cailleadh mé féin is gur dhruideas le lá na cinniúna.
 Níorbh í Artaimís diabhean an fhaigh a bhí ag faire is a thuirling
 Riamh ar mo thóir in sa teaghlach 's a mhairbh le saighid an neamhphiain mé;
 Ná níor tháinig aicid aige m' chloí lena taomacha; níorbh aon Fhanntais ná tinneas a scar le mo ghéagaibh an t-anam; ach ba é an grá
 Éagmaise dhuitse is a bhuaireamh, a mhic róniamhraigh Odaiséas,
 Agus do mheon mín mánla do bhain díom beatha na milse.'
 B'in é mar labhair, is ag smaoineamh go géar ar a caint dom ba mhian liom
 Anam mo mháthar a cailleadh do thógaint is d'fháscadh i mo bhaclainn.
 Léimeas 'na treo trí huaire le breith uirthi; b'fhiain í mo dhúil ann.
 D'eitill sí sin óm' lámha trí huaire mar scáth nó mar aisling,
 Is ghéaraigh dá chionn ar mo bhrón agus ghaibh trí m'aenna mar ghatha.
 D'ardaíos chuici mo ghuth agus labhras go léanmhar is dúrt léi:
 'Á! Cén fáth dhuit, a mháthair, ag éalú uaim, is gur mian liom Thíos i dtigh Háidéis féin ár ngéaga a bheith timpeall a chéile
 Ionas go bhféadfam araon fuaraibhneas an chaointe do bhlaiseadh?
 Abair, an dtig t'iomhása le toil Pheirsifine Mór-ríon
 D'fhonn is ná faighinn dá dheascaibh ach méadú goil agus diachra?
 Sin é mar labhras, is d'fhreagair mo mháthair go maorga agus dúirt liom:

'Fear mífhortúnach tú, a linbh, fóiríor, thar a bhfuil ar an saol díobh!
 Ní bréag mise dhuit, áfach, a rinn' Peirsifine iníon Shéis.
 Dán ár gcine é seo; chomh luath agus a éagann an duine Níl féithleoga sa cholainn le feoil agus cnámha do tháthú,
 Ach chomh luath is a bhíonn gach cnámh geal tréigthe ag an mbeatha,
 Leánn neart fíochmhar na tine na páirteanna corpartha láithreach Is gluaisíonn anam an mhairbh mar bhrionglóid éadrom ag eitil.
 Ach bí féin gan mhoill ag imeacht chun an tsolais, is coinneigh Gach a bhfuil iniste id' chuimhne, go neosfair 'na dhiaidh seo dod' chéile é.'
 Le linn dúinne a bheith amhlaidh ag caint lena chéile, do tháinig Scáthanna ban a bhí umhal d'ordú Pheirsifine Mór-ríon,
 Mná agus iníonacha taoiseach a mhair romhainn féin ar an saol seo.
 Timpeall na fola a bhailíodar ag ciosaibh an trinse ina scátha. Rinneas-sa dianmheabhrú conas d'fhéadfáinn gach aoinne acu d'fhiafraí,
 Agus sid é, ag meabharú dhom, do b'fhearr dom a thaibhsigh ar deireadh.
 Tharraingíós mo chlaíomh fada faobhrach aníos, níor ligeas don tslua sin
 Teacht chun na fola ina dtáinrith, ach ól ina nduine is 'na nduine.
 Thángadar chugam ar an slí sin is d'óladar, 's d'inis gach bean díobh
 Cér díobh í agus a muintir, is d'fhéadas gach aoinne acu a cheistiú.
 Ba í an chéad bhean ar an bhfód, an iníon arduaisleachta Tioró. Mhaígh sí sin uirthi féin Salmóinéas éachtach mar athair,
 Is dúirt gurbh é Créitéas mac Aeólais a fuair lena pósadh í. Thug sise ansacht a tola do dhia geal shruthanna Einipéis,
 Abhainn ró-álainn thar aibhnte do théas trí thalamh an domhain seo,
 Agus ba mhinic a siúlsan i laethanta meala ar a bruacha. Tháinig i gcló an leannáin sin an muirdhia a luascas na tíortha Is shín sé léithi aige béal guairneánach na habhann, agus d'éirigh Tonn áibhéil chun na spéire agus cheil faoi áirse ghlasuaithne
 Ard-dia is ainnir den tsaol is do bhíodar i gan fhios le chéile.

Scaoil sé an crios dá com 's leath codladh ina bhrat ar a súile.
Nuair bhí saothar a ghrá comhlíonta aige Tiarna na mara,
Thóg sé a lámh ina lámh agus labhair leis an mbruinnill is dúirt léi:

'Aoibhinn, a bhean, duit de chionn ár ngrá! Agus i gcaitheamh na bliana

Saolóir clann mhac álainn, mar ní gan toradh do shíneann
Dia síoraíochta le mnaoi; tóg iad agus cothaigh le cáiréis.
Gluais leat láithreach abhaile is ná hinis do neach cad a tharla.
Is creid uaim féinig gur mise Poiséadón Luascaire Cóstaí.
Dúirt seisean amhlaidh, is thom sé as radharc is na hólaithe móra.

Ghabh sise gin ón diacht agus shaolaigh Peiliás agus Néiléas.
D'éirigh an bheirt acu suas ina ngiollaí tréana do Shéas mór,
Is d'aoirigh Peiliás neart tréad in Iólcas an mhachaire scópúil,
Is mhair Néiléas go fadsaolach i bPiolas na gainimhe báine.
Shaolaigh an bhanríon bhreá triúr clainne ina dhiaidh sin do Chréitéas,

Aesón agus Feiréis 's Amatóon ardrídire luathcharr.
Tháinig 'na diaidh chun na fola Aintiapa de theaghlach Aesópais
Is mhaigh uirthi féin gur ghlac Ard-Athair na ndéithe í ina bhaclainn.

Shaolaigh sí sin beirt chlainne do Shéas, Amfíon agus Séiteas.
Téibhe na seacht ngeataí, ba iad siúd sa tseanaimsir a thóg í,
Is chuireadar túir ar a falla; ní fhéadfadh a ndícheall dá n-éagmais

Machaire Théibhe do chosaint ar naimhde dá threise do bhíodar.
Thaibhsigh 'na dhiaidh Ailcméine ba bhean d'Amfaitríon
Taoiseach

Agus ba mháthair don laoch leonchroíoch ardmheanmnach
Earcail

D'fhág Séas mór ina bruinn in san oíche do chaith sí ina ghéaga.
Ba é mac éachtach dochloíte na saothar é sin; is do chonac Meigire iníon Chréoin rómhóraigh a bhí aige mar chéile.
Thaibhsigh dom máthair Rí Éadapús Mór, Eipiciste na scéimhe
A rinn' trí anchiniúint peaca dubh le neamheolas a meabhrach,
Pósadh le mac léi féinig a bhí tar éis a athar a threascart.
D'fhógair na déithe go hobann i láthair a muintire an t-uafás;
Lean seisean, áfach, 'na rí ar chlainn Chadmais i dTéibhe gheanúil fós

Is diachair ag caitheamh a chroí, trí bheartú naimhdeach na ndéithe.

Thuirling a bhean go dtí an Doirseoir tréan agus teaghlach an Domhain Thíos

Tar éis léim bháis sa tsealán sin a chroch sí den chearchaill droma,

Nuair chuaigh brón thar a fulang, is d'fhág ag an mac sin mar oidhreacht

Léanta thar meon, gach a bhféadann dubheascainí máthar a thabhairt leo.

Thaibhsigh dom Clóiris, an áilleacht a fuair Néiléas lena pósadh;
Thug sé gean dá scéimh agus mórán maoine ina malairt.

B'ise do b'óige d'iníonacha clú Aimfíona mac lasais,

Rí go raibh plána Orcamanais faoi agus Miniaigh aige á rialú.

Chuaigh sí go Piolas 'na rín agus shaolaigh dá céile dea-chlann mhac,

Neastór a lean i gcoróin, Peiriclímineas uaibhreach is Croimias.

Shaolaigh sí Péaró, leis, gurbh iontach le daoineibh a breáthacht,

Is gach a raibh timpeall de thaoisigh ag d'iarraidh í a phósadh.
ach ní thabharfadh

Néiléas ise ach amháin ina duais d'fhear calma do bhagródh

Mairt nárbh fhuiriste a thabhairt ó Filice is seilbh Íficlis,

Tréad leathanéadanach bó go raibh borraíl iontu le méithreas.

Ní thug fear faoin dtasc ach an fáidh nár lochtach, Meileampús;

Gheall sé na mairt a thiomáint, ach do chuir dia naimhdeach i bhfoighid é.

Is d'fhulaing sé dán príosúnaigh i slabhraí teanna na n-aoirí.

D'imigh na laethanta thairis 's na míosa, go dtáinig an séasúr

Céanna den bhliain thar n-ais, is mar gheall ar na feasa do nocht sé

Fuair sé saoirse ó Íficléas, is chomhlíon Séas gach ar thoil leis.

Chonac Léide, do fuair Rí Tindiréas Spartach mar chéile;

B'ise do shaolaigh dá fear clúchúpla na haigne cróga,

Castór bhriste na n-each, Polaideoicéis ghaisce na ndoirne.

Táid faoi thalamh na beatha gan bás ina mháistir go deo orthu,

Óir fiú amháin faoin dtalamh do thug Séas mór mar onóir dóibh

Gach le lá a bheith 'na mbeathaidh, is gach le lá do bheith

marbh,

Is gheibhid ar an saol dá réir sin an t-adhradh céanna le

déithibh.

Thaibhsigh dom Ífimidia ina diaidh sin, ba chéile d'Alóeas,
 Is mhaigh sí sin uirthi féinig gur chodail i mbaclainn
 Phoiséadóin,
 Agus gur shaolaigh dó cúpla, do bhí gearrshaolach dá ainneoin
 sin,
 Ótas a dhealraigh le dia, is Eifiailtéis cáilmhear an ardnirt.
 B'iadsan ba mhó dá bhfuair a gcuid bídh ó thalamh na beatha,
 Is b'iadsan do b'áille ins na tíorthaibh i dtánaiste d'áilleacht Óiríoin.
 Bhíodar in aois naoi mblian agus naoi mbanlámh acu ar leithead,
 Is airde ag an mbeirt dá réir, bhí naoi bhfeá d'fhaid ins na
 fathaigh.
 Bhí cath urchar is gleo acu á mbagairt ar dhéithibh Oilimpis;
 Osa do chruachadh ar Oilimpeas a chuireadar rompu, is ar Osa
 Péilian na gcoillte ina dhroinn ar bhun droinne, is na spéartha
 do shroichint;
 Is b'fhéidir go n-éireodh leo dá bhfaighidís blianta na hóige.
 Ach sarar fhás aon chlúmh faoin uisinn don bheirt, sara dtáinig
 Bláth féasoige ar a ngialla, do bhíodar ar lár ag an ógdhia
 A saolaíodh d'Athair na ndéithe ó Léató diabhean an
 chraobhfhoilt.
 Chonac Faedra agus Proicris is plúr na mban óg Airiadna
 Níon Mhíonós na feillintinne a sheol ó Chréit fara Téiséas
 D'fhonn is go mairfeadh sí leis in Aithin naomhchathair na
 dteampall.
 Ní bhfuair sásamh a dhúla ar a shon san, mar tharla gur
 bhásaigh
 Artaimís diabhean an fhaigh in oileán Dhia lena bogha i
 Toise Dianasas a thabhairt finnéachta go géar ina coinne.
 Thaibhsigh dom Climiné is Maera, is donuachar an fhill Eirifile
 A ghlac breab óir Pholainéicéis i ndíolaíocht anam a céile.
 Ach níorbh fhéidir liom scéalta agus ainmneacha a bhfaca den
 tslua sin
 Bhan is iníonach na dtaoiseach a mhair romhainn féin ar an saol
 seo
 D'eachtraí dhaoibh, mar ní bheadh roimh dheireadh na hoíche
 agam clabhsúr;
 Is measaim gur mithid dom suan in san ártach i dteannta na
 foirne
 Nó mar a bhfuilim; is bíodh faoi dhéithibh is fúibhse mo
 thaisteal.'

Labhair seisean amhlaidh, is d'fhanadar uile ina dtost in sa
 chiúnas,
 Is iad faoi dhraíocht ag an eachtra agus scáthanna an halla ina
 dtimpeall.
 Tháinig a caint faoi dheireadh d'Airéite ghealghuailleadh is dúirt
 sí:
 'A fheara an oileáin Fhaidhicéigh, cad é bhur dtuairim den
 bhfear seo,
 Chomh mór álainn 's atá, is fáthchiall agus eagna ginte ann?
 Bíodh is gur cóisireach domsa é, tá páirt san onóir aige cách
 díobh.
 Ná luathaídh, dá réir sin an duine chun bóthair 's ná ceilidh
 Bronntaisí breise ar an té atá ina ngátar, mar tá agaibh i dtaisce
 Rachmas thar cuimse le fábhhar gach dé in bhur gcúirteanna
 bréatha.'
 Labhair Eicinéas ina dhiaidh sin 'na measc, an seanóir go raibh
 blianta
 Aoise aige thar a raibh beo de sheandaoine sa tír, agus dúirt leo:
 'A fheara mo chroí, mar ba dhual di do labhair bantiarna na
 céille,
 Is níorbh aon urchar folamh a thug, agus bídhse go humhal di.
 Bíodh Alcanús féin ag adú as le gníomh is le comhairle.'
 Níorbh ina thost d'Alcanús fial, ach d'fhreagair is dúirt leo:
 'Más é mórthoil na ndéithe go bhfanfad im' bheathaidh 's ag
 rialú
 Threoraithe bád Fhaidhicé, ordód mar tá ráite ag mo chéile.
 Agus an cóisireach féin, dá phiacal is mian leis imeacht uainn,
 Bíodh sé ag broic le fanacht 'nár measc go dtí amárach, go
 ndéanfadh
 Lánchruinniú gach a mbronnfar. Is bíodh faoi fhearaibh na tíre
 Is fúmsa thar cách an t-imeacht, mar is mé atá im' phrionsa ar
 na tuatha.'
 D'fhreagair is dúirt leis an dtaoiseach an laoch ilbheartach
 Odaiséas:
 'Creid mé, a thiarna Alcanús, a thaoisigh onóraigh na dtuath
 seo,
 Fiú dá n-iarrfadh sibh ormsa fanacht 'n 'ur measc ar feadh bliana,
 Is filleadh ar an ndúchas 'na dhiaidh faoi ualach bronntaisí áille,
 Creid mé go ngéillfinn le fonn is gur móide mo shochar an
 géilleadh,

Óir ba ea ba shaibhre do bheinn nuair bhuaifinn mo chos ar mo
thír féin,
Agus ba mhó a bheadh urraim ag daoine dhom 's caitheamh im'
dhiaidh ann,
Pé duine a chífedh a Rí nuair bheadh sé ar Iticé fillte.
Labhair Alcanús Rí leis an laoch á fhreagairt is dúirt leis:
Ní samhlaítear go deimhin dúinn féin, a Odaiséis, ag breathnú
dhúinn
Ortsa gur mealltóir cainteach tú is cladhaire, leithéid a gcothaítear
Eadrainn go ró-iomadúil leis an mbeatha do thugann an fód
uaidh,
Cuallacht chumtha na mbréag, 's nach léir cá bhfuairadar eolas.
Nach ar do bhréithre atá dealramh! Is fuaimeantúil í do
mheabhairse!
D'eachtrais dúinne do scéal tríd síos chomh hoilte le file,
Bráca na híd do luigh ar an slua Airgibheach is ortsa.
Abair an méid seo liom freisin, go bhfaighe mé tuairisc go
cruinn uait:
Arbh amhlaidh a thaibhsigh duit aoinne de dhiachompánaigh na
n-éacht mór
D'imigh mar aon leat go Traí, is ar an bhfód sin gur tharlaigh a
dtreascairt?
Féach! Tá an oíche óg fós; beidh sí fada thar cuimse, agus níl fós
Intinn mo theaghlach ar shuan. Lean ag eachtraí ghníomhartha
an iontais.
D'fhanfainn go lóchaint an lae sa chuideachtain ag éisteacht im'
halla
Dá mbeadh fonn ort féin chun do chúrsaí léanmhara d'insint.
D'fhreagair is dúirt leis an dtaoiseach an laoch ilbheartach
Odaiséas:
'Éist liom, a Thiarna Alcanús, a thaoisigh onóraigh na dtuath seo!
Bionn a am féin ag an bhfonn eachtraí, is a am féin ag an
gcodladh.
Ach más mian leat anocht bheith ag éisteacht fós liom, ní uaimse
A gheobhair an t-eiteach, agus scéal níos diachraí fós is ea a
gheobhair uaim,
Íde na ndilchompán go raibh bás tar éis buachaint i ndán dóibh.
Thugadarsan leo an t-anam as anró an chomhraicthe timpeall
Chathair na Traí, agus le feall droch-chéile do cloíodh aige baile
iad.

Níorbh fhada a bhíos ag fanacht nuair bagraíodh thall is abhus
uaim
Scáthanna fanna na mban trí shmacht Pheirsifine Mór-ríon,
Is tháinig i m'fhianaise aníos scáth Rí Agamamnón mac Aitréis
Faoi dhólás, agus tháinig 'na sochraid mar aon leis an chuallacht
D'éag faoi dhíon Aegastais 'na thimpeall ar lá na cinniúna.
D'ól sé deoch fola dorchá is d'aithin sé láithreach 'na dhiaidh mé,
Is chrom sé ar chaoineadh go géar agus tháinig na deora go fras
leis.
Shín sé im' threo a dhá láimh chun go mbéarfadh sé greim ar
mo chabhailse,
Is ní raibh cumhacht aige chuige, mar ní raibh fágtha ann tar éis
bháis
Rian dá laghad é den neart sin a bhíodh ina ghéaga solúbtha.
Ghlac trua éachtach mo chroí dá scáth, líon deora mo shúile.
D'ardaigh mo ghuth leis an ionadh; go fiafraitheach labhras is
dúirt leis:
'Abair, a mhic Aitréis, a ardtaoisigh na bhfiann Agamamnóin,
Cén dán báis a rug ortsa is a leag siar sínte gan bhrí tú?
Arbh amhlaidh a mhúscail Poiséadón dubhanaithe stoirme id'
choinne
Agus gur bhris is gur sháigh faoi loch thú féin agus t'árthaí?
Nó an raibh do threascairt ar chósta talún aige naimhde gan
taise
Nuair bhí a gcaoire ina dtréada is a mba agat á mbagairt 'na
dtáinte,
Nó nuair bhís leo i dtreis chun go mbuafá a gcathair 's a
mbantracht?
Labhras leis amhlaidh, is d'fhreagair mac Aitréis láithreach is
dúirt liom:
'Nárbh ea! A mhic Laeirtéis, a laoich ilbheartaigh Odaiséas!
Níorbh é Poiséadón a mhúscail dubhanaithe stoirme im'
choinne,
Ná níor bhris 's níor sháigh faoi loch mé féin agus m'árthaí.
Ní raibh mo threascairt ar chósta talún aige naimhde gan taise.
Ach Aegastas an fhill, ba é d'ullmhaigh bás agus dán dom.
Mheall sé isteach mé ina theaghlach le cuireadh, is le cabhair mo
dhroch-chéile.
Mhairbh ag bord mé go goirgeach, mar leagfaí mart ag an
mainséar.

Trua ba ea mo bhás-sa thar trua, is bhí, siar go dtí an duine ba dhéanaí,
 Muintir mo bhuíne á dtreascairt mar mhuca gealfhiacalacha méithe
 A leagtar ar lár nuair bhíonn i dtigh cumhachta agus rachmais á chóiríú
 Bainis nó fleadh rannpháirteach nó dinnéar féile agus flúirse.
 Minic duit féin ar an bhfód 's bás fuilteach á imirt i gcomhrac
 Aonair ar fhear, nó ar fhearaibh in éineacht i gcuilte an choimheascair,
 Is riamh ní fhacaís radharc trua a bhí in aon chomhnard leis an radharc sin:
 Áras an fhíona inár bhfianaise is boird ládálta le stór bídh,
 Is sinn ar an urlar sínte agus gal ár bhfola ag dul suas ann.
 Chualasa iníon Rí Priam, Casandra, do chualasa ag geonail
 Ise le linn bháis d'fháil ó láimh Chliotacimnéistre na bhfeallbheart,
 Is ba é sin ba ghéire uafás agus trua. Bhíos treascartha láimh léi,
 Is thógas mo ghéag chun a saortha is an faobhar trím' chabhail — agus d'imigh
 Bean mhadrúil sin an fhíll agus thréig mé im' thuirling go Háidéas,
 Gan fiú cromadh as mo chionn chun go n-iafadh mo bhéal is mo shúile.
 Ní gráine aon rud is ní lú náire ná an bhean sin a thógfadh
 Éirim go dána antréan ar pheacaí dá leithéid sin a dhéanamh.
 Meabhraigh ar bheartaigh sí siúd d'anghníomh is de dhuibheacht ina hintinn,
 Coscáirt an duine do phós í in aimsir a hóige! Do mheasas
 Fáilte mo chlainne sa doras go bhfaighinn nuair d'fhíllfinn abhaile,
 Is fáilte mo lucht seirbhíseach; ach a fheabhas a bhí siúd de bhithiúnach
 Níor taibhríodh dom, 's go bhfágfadh sí náire uirthi féin 's ar a dtiocfadh
 D'aicme na mban ina diaidh, dá niamhraí béas agus cáil iad.
 Labhair seisean amhlaidh; do fhreagraíos féin nuair d'éist sé agus dúrt leis:
 'Fóiríor! B'éachtach ariamh aige Séas mór a fhaireas go fairsing
 Naimhdeas do chlainn Aitréis, agus thug gach ar thoil leis chun críche

Trí dhúbhearta na mban. Nach mór againn d'éag ar son Héilin!
 Is nuair bhís féinig thar sáile do cheap Cliotacimnéistre dhuit anbheart.'
 Sin é mar labhras ag cuimhneamh. D'fhreagair sé láithreach is dúirt liom:
 'Dá bhrí sin, ná bí róshéimh fiú amháin le do chéile,
 Is ná lig léi ina iomláine do rún atá socair i t'intinn.
 B'fhearra dhuit cuid de a nochtadh is cuid eile d'fholachadh sa chroí istigh.
 Ach ní hód' bhean chéile, a Odaiséis, atá i ndán duit an bás d'fháil,
 Óir is í pEARLA na céille í sin, is í croí na suáilce í
 Rí-iníon Iciris mhóir Peanápla rogha na mban meabhrach.
 D'fhágamar ise aige baile ina mnaoi nuaphósta ar an lá sin
 Sheolamar linn chun an chogaidh; do bhí leanbh óg ar an gcích léi;
 Suíonn seisean cheana i gcuideachtain na bhfear, ní foláir, ar an gcruinniú.
 Nach dó is aoibhinn, mar beidh sé roimh a athair ar fhilleadh dhó abhaile,
 Is fáiscfidh sé a athair leis féin mar is dual, agus pógfaid a chéile.
 Fuaireas sa tigh romham bean nár lig dom mo shúile do lionadh
 D'amharc mo mhic, ach do mhairbh sí mé sara bhféadfainn é d'fheiscint.
 Tá comhairle eile agam duit, agus téadh sé go daingean i bhfeidhm ort:
 Ná seol t'árthach abhaile go poiblí buacach, ach tarraing
 Cuan ann i gan fhios; as mná ná bíodh fear feasta muiníneach.
 Abair an méid seo liom, áfach, is inis go firinneach cruinn é:
 Arbh amhlaidh is clos ar do shiúl duit go maireann mo mhac i mball éigin,
 Pé acu Orcamanas é, nó Piolas na gainimhe báine,
 Nó i dtigh Rí Meinealás is ar phlánaí fairsinge Sparta?
 Óir táim cinnte dhe seo, nár cailleadh ar talamh Oraistéis.'
 Sin é mar labhair sé; do fhreagraíos láithreach a cheist agus dúrt leis:
 'Cén fáth fiafraí dhíomsa, a mhic Aitréis? Ní fheadarsa cé acu
 Marbh atá sé nó beo. Nár chás dom go labharfainn go baoth leat!
 B'amhlaidh don bheirt againn tamall i gcomhrá brónach le chéile,

Is diachair ag fáscadh ár gcroíthe agus deora ó shúile go fuíoch linn.

Tháinig aníos ina scáth mac Phéileis, anam Aichilléis
Maille le scáth Phatralacais is scáth Antalacais uasail,
Is Aeas éachtach 'na gcuibhreann, an laoch b'fhearr dealramh is déanamh

Dá raibh i dTraí d'Airgibhigh i dtánaiste d'áilleacht Aichilléis.
D'aithin an laoch luathchosach de chlúshliocht Aeacais mise,
Is labhair liom ag tromosnaíl, agus cheistigh go piacach mé ag rá liom:

'Abair, a mhic Laeirtéis, a laoich ilbheartaigh Odaiséas,
Iarracht is mó ná sin, a fhir cheanntreín, conas a bheartóir?
Conas a fuairis id' chroí turas Háidéis a thabhairt, mar a gcónaíonn

Mairbh atá gan mheabhair agus scáthanna daoine atá caite?
Labhair seisean amhlaidh, is d'fhreagraíos láithreach a chaint agus dúirt leis:

'Sid é ba bhun leis, a mhic Phéileis, is, a scoth na nAcaeach:
Thánga chun feasa do lorg ar scáth Théirisias Téibeach,
Is treorú d'fháil chun go bhfillfinn ar Iticé gharbh na bhfailltreach.

Fós níor tharla dhom druidim le cuan in Acaea, ná talamh
Dúchais a bheith faoim' chosa, is is buan é mo bhráca. Ach, a Aichilléis,

D'fhear dá dtáinig, nó d'fhear dá dtiocfaidh, ní haoibhne ná dhuitse.

Óir thug, nuair bhís beo, clann Argais onóracha dē dhuit
Thall in san am, is anois tá réim rí i ndúthaigh na marbh
Fachta ag do scáth; dá bhrí sin ní caointe do bhás duit, a Aichilléis.'

Sin é mar dúirt, agus d'fhreagair sé láithreach mo bhréithre agus dúirt liom:

'Ná mol an bás i mo láthairse, a chaptaein niamhraigh Odaiséas!
B'fhearr liom féin bheith ar talamh im' sclámhaí rómhartha d'fhear eile

Ná beadh rachmas 'na thigh ná flúirse ollmhaitheasaí ar bord ann,

Ná a bheith im' phrionsa ar na daoine do ghabh trí dhoras an éaga.

Abair liom, áfach — dom' mhac ardcháiliúil conas mar tharla?

Arbh amhlaidh a lean sé sa chogadh mo phatrún féinig nó nár lean?

Maidir le Péiléas mór, m'athair uasal, an eolach duit aon ní?
' Bhfuil sé fós faoi réim 's Mirmideonaigh timpeall air 's umhal dó?

Nó ' bhfuil in éagmais onórach ba dhual dó i bhFitia agus i Heilleas,

' Chionn crampaí na seanaoise do theacht ar a lámha is ar a chosa?

Dá mbeadh seasamh agamsa mar bhí agam i bplána na Traí, lá,
Is Argas agam á chosaint is scoth na cogaíochta dá threascairt,
Dá bhfaighinn teacht tamaillín in sa chló sin chun m'athar 'na theaghlach,

Chuirfinnse fuath na mbuillí le mo ghaisce is mo ghéaga dothraochta

Orthu seo a bhíos ag gabháil air 's ag íslíú ghradam a chumhachta.'

Labhair seisean amhlaidh, is d'fhreagraíos láithreach a bhréithre agus dúirt:

'Tásc dá laghad é ní bhfuairseas ar Phéiléas uasal im' shiúlta.
Ach tá scéala agam duit ar do mhac Neoptolamas dílis,
Is neosfad go firinneach cruinn duit, do réir mar d'iarrais, a thuairisc;

Óir thugas féin liom an mac ó Scíreas go harm na nAcaeach.
Sheolas á éileamh is thugas i m'árthach dea-dhéanta thar n-ais é.
Thall faoi fhalla na Traí nuair chruinníodh coiste na comhairle,
Bhíodh tús cainte aige riamh, 's níorbh urchar folamh a thugadh.

Comhairleoir ab fhearra ná é, seachas Neastór is mise, ní raibh ann.

Comhrac i bplána na Traí nuair bhíodh ag Acaeigh á dhéanamh,
Riamh ní fhanadh an fear sin i gcuilthe brúite na féinne;
Ritheadh chun tosaigh go fuíoch, 's gan a chomhshaighdiúir ann ar ghaisce.

B'éachtach ar mhairbh sé d'fhearaibh i gcoimheascar millteach an chogaidh.

Ní fhéadfainn anois gach scéal is gach ainm den aicme sin d'áireamh,

Gach a bhfuil sínte ag a láimh leis an gcamtha Airgibheach a chosaint.

Ní áireod ach amháin Eorapalas cróga den dream sin
D'éag lena chlaíomh. Ba é Téilifeas a athair, is thit iomadúlacht
Fear Céitéach lena ais ' chionn mná a mheall breab ar a
haimhleas.

Ba é sin ab áille dá bhfacasa i dtánaiste d'órghile Mheamnóin.
Nuair a bailíodh in san each mór crainn a bhí déanta ag Eipéas
Scoth na nÁcaeach le chéile is gur fúmsa do fágadh a riaradh
Is doras na traípe do dhúnadh nó d'oscailt do réir mar ba mhian
liom.

Lucht taoisíochta agus comhairle ár n-airm, do bhíodar san am
sin.

Cuid acu, is crith ar a nglúine agus deora dá ngruanna acu á
dtiormú.

Ach é siúd, feadh na tréimhse ní fhacasa a chraiceann geal álainn
Riamh ag glasú ' chionn eagla, ná ní fhaca aon deora dá leacain
Á dtiormú aige, is gur minic a bhí sé á dhianachainí orm
Ligint dó léim as an gcapall, is dorn claímh gach le nóimint
Á láimhsiú aige agus spiara, le fonn Traíánaigh a bhású.
Is nuair bhí fothrach déanta de ríchathair Phriaim ar a hardán,
D'ardaigh sé a shlaid leis 's a mhír, agus ghluais leis ina ártach
abhaile

Gan mágaíne ar a chorp; níor buaileadh le hurchar na sleatha é
Is níor gortaíodh ins na comhraicí aonair, mar thiteas go minic
D'fhearaibh i gcogadh; de ghnáth bíonn Airéis gan beann aige ar
aoinne.

Sin é mar dúrt, is bhí áthas ar anam Aichilléis na luathchos
Is d'imigh de choiscéim fhada feá ar mhóinéir Asfadail síos leis,
Tráth is gur thógas go hard clú a mhic os cionn na coda eile.
Agus is mó scáth eile de mhuintir Ácaea a bhí éagtha
A sheasaimh go brónach is d'fhiafraigh i dtaobh a raibh fós ag
cur buartha air.

Ach níor dhruid 's níor labhair anam Aeais mhic Theileamóin
liom;

D'fhan díbheirgeach ar deighilt ón mbuín ' chionn treise do
bhuas air

Nuair thairg Titias na hairm is an éide do chaitheadh Aichilléas
Dúinne mar dhuais, is a moladh ag infonacha Thraí agus
Aitéine.

Thairg a mháthair, cun treise do bheith orthu le hais na
n-árthaí;

Is ó! B'é ab fhearra go mór ná buafainnse barr an chomórtais,
Is gur dá dheasca a chuaigh gaiscíoch chomh mór san i dtalamh,
Aeas ab fhearr cló fir is ba niamhraí éachta sa phlána
D'fhianna Airgibheacha i dtánaiste d'éachta is de phearsain
Aichilléis.

Labhras go díograiseach chuige le briathra meala agus dúrt leis:
'Abair, a mhic Theileamóin gan cháim, a Aeais, an gcoimeádair
Olc i do chroí fiú amháin tar éis bháis dom de chionn is gur
bhuas ort

Airm sin an mhillte - cinniúint ab ea iad ó dhéithe d'Acacigh!
Daingean a gcosanta d'éag leat! Ba dhiachrach le muintir Ácaea
Nuair thit mac Phéiléis, dialaoch sin na luathchos Aichilléas,
Is níor lú diachair do bhás-sa, agus níorbh aoinne eile ba bhun
leis

Ach Séas mór agus fuath dúchroíoch thar na beartaibh a thug sé
D'fhianna ár dtíre, agus chaith sé an crann as an áras i
t'aghaidhse.

Tar i leith chugam, achainím ort, a Rí, tabhair cluas do mo
bhréithre.

Éist le mo scéala, agus maolaigh an fíoch is an díomas atá ort.
Sin é mar dúrt; níor fhreagair sé focal, ach d'imigh i dteannta
Anmain eile na laochra go hEiribeas dorchá na marbh.
B'fhéidir, dá mhéad é a chuthach, go dtabharfadh sé caint dom
nó éisteacht

Thíos ansin faoi dheoidh. Ach is amhlaidh a bhí fonn ar mo
chroíse

Chun radharc d'fháil ar a thuilleadh do chónaigh i ríocht sin na
n-anam.

Tugadh dom radharc ar Mhionós mac Shéis agus órbhachall rí
aige.

Bhí sé suite ina chúirt agus mairbh as a chomhair chun
breithiúnais,

Suite ag an gclár nó ina seasamh, ag plé gach a ndearnadar
riamh leis

Taobh istigh de gheataí leathanoscailte mhórhalla Háidéis.
Tháinig 'na dhaidh sin im' radharc Óiríon sealgaire fathaigh
Is ainmhithe fiaine aige á bhfiach in sa Mhóinéir Asfadail
choíche,

Díreach mar leanadh is chluicheadh a sheilg in uaigneas na
mbeann ard,

Agus 'na láimh cleith bhróinse go deo nach féidir í a bhriseadh.
 Titias a shaolaigh an Domhan clúmháthair na bhfathach, ba léir é
 Sínte ar an machaire romham, agus bhí naoi bpéirse talún faoi.
 Bhí dhá ghríbh ag a dhá chliathán san ag stracadh na n-ae ann.
 Agus a ngoib 'na phutóga gan aon chaoi chosanta láimhe aige.
 Óir thug fogha faoi Léató na glóire a raibh Séas 'na leannán di
 Nuair bhí a triall trí thír Phanoipéis ardálainn ar Dheilí.
 Chonac Tantalus freisin 'na sheasamh i loch is ag fulang
 Chruatan na bpian. Chomh hard lena ghiallsan do tháinig an
 t-uisce,

Is iarracht go deo aige á déanamh ar a íota do mhúchadh, agus
 théadh de.

Óir chomh minic 's a chromadh an seandúine is fonn air chun
 ólta

Shloigeadh an talamh an t-uisce, agus thíos ag a chosa do
 chíodh sé

Tón phoill, guta salach agus cumhacht deamhain éigin á
 thíormú.

Bhí neart tortha go bríomhar ag fás os a chionn ar na crannaibh,
 Flúirse phiorraí is ghránúl agus úll a bhí ag lonradh go hálainn,
 Is figí mulse farótha, agus bhí crainn ola go craobhach ann,
 Is chomh luath is shíneadh an seanfhear le breith orthu a
 mhéireanna in airde,

D'ardíodh láithreach an ghaoth chomh fada le scamail na
 spéartha iad.

D'fhéachas ar Shisifeas, leis; b'an-tréan mar d'fhulaing sé pianta,
 Is boirneach cloiche aige á shá lena dhearnacha i gcoinne na
 fánaí.

Luíodh sé go teinn teann tréan ar a lámha is ar a chosa san
 iarracht,

Is chuireadh sé roimhe i leith mullaigh an chloch. Ar an nóimint
 go mbíodh sé

Geall le bheith sroichte go barr, d'éiríodh fórsa obann 'na choinne
 Is ritheadh an mhéirdreach chloiche thar n-ais air le fána go
 híochtar.

D'fháisceadh sé chuige an athuair, tharraingíodh sé sreanganna a
 dhroma,

Is allas ag síleadh dá bhaill, 's ceo smúite ina thimpeall in airde.
 Tugadh dom amharc 'na dhiaidh sin ar Earcail na hacmhainne
 móire:

Tá a scáth thíos, cé go maireann sé beo fara déithibh Oilimpis
 Páirteach in aoibhneas a mboird, is go bhfuair ó dhéithibh mar
 chéile

Héibe na n-alt caol álainn iníon Shéis mhóir agus Héire.

Bhí slua scáth ag glisiam ina thimpeall mar éanlaithe ag
 scaipeadh

Roimhe le sceimhle, agus aghaidh air do dhealraigh le marbh na
 hoíche.

Bhí greim láimhe ar a bhogha aige, agus saighead ar an sreing,
 agus lasair

Mhillteach an chuthaigh 'na dhearcaibh, ag aimsiú sprice de
 shíor dó.

B'fhíoruaifásach an speilp a bhí ceangailte timpeall a chliabhlaigh,
 Obair gan cháim d'órghaibhneacht is íomháigh bhríomhara
 greanta air,

Béir agus collaigh na bhfiacal is leoin go raibh fraoch ina súile,
 Is ropadh na gcomhraicí aonair is coimheascar is coscairt na
 sluaite.

Ceardaí an iontais a chruthaigh an speilp sin le dícheall a
 cheirde,

Gléas dá leithéid sin arís nár chás dó do cheapadh dá fheabhas é!
 D'aithin sé láithreach mé féin chomh luath agus d'iompaigh a
 shúile orm,

Is labhair liom ag tromosnaíl agus cheistigh go piaclach mé ag
 rá liom:

'Abair, a mhic Laeirtéis, a laoich ilbheartaigh Odaiséas,
 ' Bhfuilirse fós ar an saol is ag foghlaim na hainnise, a
 bhochtáin,

Faoi mar a mhairinnse ag streachailt le dua faoi bheirbhtean
 gréine?

Mac do ba ea mise do Shéas mac Chronais, is diachair gan
 teorainn

Fuaireas; do mháistir ab ísle go mór ná mé féinig do rinneadh
 Slábhaí dhíom, agus d'ordaigh sé dhom gach ar dhéine de
 shaothar.

Ba é m'ordú, lá amháin, Cú Ifrinn a thabhairt liom; do mheas sé
 Ná raibh ar domhan aon iarracht ba dheacra ná sin is ba chráite.
 Rinneas-sa rud air, do ghluaiseas is thugas an chú liom as
 Háidéas;

Heirméis a chuir mé ar m'eolas, is diabhean na súl glas Aitéine.'

Dúirt seisean amhlaidh, is d'imigh thar n-ais go dtí a áitreabh i Háidéas.
 Mhoillíos fós in san áit sin le súil is go dtiocfadh duine éigin
 D'fhearaibh an chlú sa tseanam a bhí básaithe romhainn, is go
 bhfaighinn radharc,
 B'fhéidir, ar laochra ba shia siar fós, is gur mhian liom a radharc
 d'fháil,
 Clann ardcháilmhear na ndéithe, leithéid Phéiritiúis is Théiséis.
 Ach sara bhféadfainn, b'eo chugam éacht mór de chiníocha na
 marbh
 Is geoin an-diamhair san aer; do ghlasaíos leis an sceon is ba
 bhaol liom
 Arrachtach gránna, leithéid Ghorgó, a bheith ag teacht chun mo
 mhille,
 Dá ráineodh ordú aici ó Ríon Peirsifine an uafáis.
 Ghlanas go luath as an áit chun an bháid, agus dúrt leis an
 bhfoirinn
 Preabadh isteach ar a bord is na cablaí ródaíthe a scaoileadh.
 B'iúd leo isteach ar a chlos, is 'na suí gan mhoill ar na toctaí.
 Síos ansin leis an ártach i gcuilthe Shruth an Aigéin mhóir,
 Faoi rámháiocht i dtosach, agus cóir bhreá ghaoithe ina dhiaidh
 sin.

XII

"D'imigh an bád léi síos nó gur fhágamar abhainn an Aigéin
 mhóir,
 Is bhíomar ag gluaiseacht 'na dhiaidh sin ar ólaithe fairsinge an
 tsáile
 Sall go hoileán Aeéia, go dtosnaíonn solas na gréine ann
 Is mar a bhfuil teach Áróra is a lantáin aeracha rince.
 Shroicheamar cuan an oileáin, thiormaíomar an bád ar an
 ngainimh
 Is shíneamar siar ar an dtráigh 'nár gcodladh go lóchaint an lae
 ghil.
 Nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rósdeirg na Maidine,
 Chuireas fir éigin chun siúil go dtí pálás chónaithe Chirce,
 D'fhonn is go bhfaighidís corp Eilpéanóir a cailleadh le breith
 leo.

Ghearramar crainn ar an mball, 's ar an maolcheann tíre do
 b'airde
 Rinneamar adhlacadh an choirp faoi bhrón agus deora go fuíoch
 linn.
 Nuair bhí an marbh 'na luaith agus éide agus airm an mhairbh,
 Chruachamar leacht os a chionn 's tharraingíomar gallán chun a
 bharra,
 Is shámar 'na sheasamh sa chré, mar d'achain sé orainn, a
 mhaide.
 B'in comhlíonta dhó an tsochraid ba chóir. Ní gan fhios do
 Chirce
 A bhíomar thar n-ais ó Háidéas; do tháinig go luath ar an bhfód
 chugainn
 Gléasta go hálainn, 's a mná seirbhíse ina fochair ag iompar
 Feola is aráin agus áraistí fíona na lasracha dearga.
 Sheasaimh an réalt bandé inár measc agus labhair agus dúirt linn:
 'Nach sibh! A dhaoine an-tréana do chuaigh 'n 'ur mbeathaidh
 go Háidéas.
 Turas amháin air do chách, ach tá an t-aturas i ndán daoibh.
 Seo libh! Caithidh an bia seo ina dhiaidh agus ólaidh an fion seo,
 Is biodh faid lae agaibh go socair. Amárach le lóchaint an lae
 ghil
 Seolfaidh sibh uaim; taispeánfad an tslí agus inneosfad go léir
 daoibh
 Gach a bhfuil romhaibh, gach feall dá mbeadh 'n 'ur gcoinnibh
 á cheapadh,
 D'fhonn is gur saor ó phian 's ó dhochar ar muir is ar tír
 daoibh.'
 Sin é mar labhair sí is is sinne do ghéill dá comhairle go
 fonnmhar.
 Mar sin do bhíomar ar feadh lae fhada gur imigh an ghrian
 uainn
 Suite chun féasta ar an bhfeoil nár ghann 's ar an bhfion milis
 bríomhar.
 D'imigh an ghrian ón spéir agus dhortaigh an saol leis an
 oíche,
 Is le hais na dtéadacha róid thit codladh na hoíche ar na fearaibh.
 Rug sí féinig ar láimh orm 's sheol ón mbuín i leataobh mé.
 Is dúirt sí liom suí agus do shín sí lem' thaobh agus d'fhiosraigh
 go cruinn uaim,

Is d'eachtraíos ó thúis deireadh mo scéal is mar tharla gach aon ní.

Labhair Circe bantiarna na draíochta ansin agus dúirt liom:

'Tá gach cúrsa acu san comhlíonta; is i dtaobh gach a dtiocfaidh,

Éist lena neosfaidh mé dhuit, is go mbuanaí diacht i do chuimhne é!

Sroichfí ar dtúis ar do shlí Síreanaí a mheallas gach aon fhear D'fhearaibh a thagas 'na gcóngar le draíocht ná buaítear i dtreis léi.

Pé duine a dhruideas 'na leith sin gan coinne aige leotha is gur clos dó

Glórtha na Síreanaí, ní dán dó choíche ina theaghlach

Bean tí ag fáiltiú roimhe ná páistí beaga á phógadh,

Ach beidh Síreanaí dá léasan le haoibhneas a n-amhrán

Suite ina móinéar dóibh agus creatlaigh dhaoine ina dtimpeall

Leata go fairsing 's an fheoil orthu ag lobhadh agus an craiceann ag feo orthu.

Rámhaighse tharstu gan sos; bog céir mhilis bheach agus stop léi Cluasa na bhfear atá i mbun rámhíochta; ná cloiseadh an dream sin

Binneas an cheoil. Más mian leat féin, ní miste dhuit éisteacht

Leotha, ach téadracha teanna di a bheith ar do lámha is ar do chosa

Fáiscithe 'od' cheangal den chrann, agus tusa ar a cheapsan id' sheasamh

D'fhonn is go bhfaighir ón mbuín Síreanaí taithneamh a n-amhrán.

Ach má chromair ar iarraidh ar t'fhearaibh na snaidhmeanna a scaoileadh,

Cuireadh an complacht tréan ar do chorp breis ceangail gan taise.

Nuair bheidh tarraingthe tharstu ag do lucht compánach le fuinneamh,

Idir dhá shlí beidh rogha agat, is ní shocródsa go cinnte

Cé acu do gheobhair, ach bíodh do réir t'intinne féinig do bheartú;

Ní bhfaighir, sara n-imeoir, ach amháin faisnéis ar an dá shlí.

Gabhann ceann díobh faoi fhailltreacha móra go gcloistear ag búirthigh

Amfaitríte de shíor ann i dtuargain na n-ólaithe briste, Is cloisim na Fánaithe á dtabhairt aige déithibh an tséin ar na clocha.

Ní théann éanlaithe slán thar an áit, fiú amháin an colúr fiain Cúthail a bheireas 'na ghob ambróise chun Athar na ndéithe — Smiotar focheann dá n-ealtain in éadan na carraige i gcónaí, Is caitheann an tAthair in ionad an fholmhaithe an líonadh do thabhairt dóibh.

Aon mhairnéalach i mbád níor éalaigh as san leis an anam, Ach bíonn corpáin fear agus cláracha a n-árthaigh in éineacht Á dtabhairt leotha aige séideáin tine agus ólaithe sáile.

Argó rún na filíochta ó thír Aeéitéis a tháinig,

Ba í an t-aon ártach amháin thar na clocha do seoladh gan briseadh;

Is bheadh sí ruaigthe gan spás ag an bhfarraige in éadan na faille,

Mura mbeadh Héire do sheol í de chionn dlúthpháirte le hlásan.

Siúd é an chéad slí dhíobhsan, ach béarfaí ar bóthar nach é sibh

Sall go bealach na stocán, go bhfuil ceann acu in airde ins na spéartha

Is bior géar stuaice ar a bharr agus ceo dubh choíche ina thimpeall,

Ceo nár scaipeadh riamh 's ná ligeann do ghileacht na gréine Soilsíu ar cheann an stocáin sin sa bhfómhar fiú amháin nó sa tsamhradh.

Aoinne den tsaol, is dá mbeadh fiche lámh 's fiche cos ag an nduine,

Ní raghadh suas ar an gcloich, ná ní sheasódh ar a barra,

Tá a cliathán chomh sleamhain sin; ba dhóigh leat gur líofaithe atá sé.

Leath slí suas an stocán tá umhain cheodhiamhair sa taobh thiar Is téann i leith Eiribis síos; is é mo chomhairle dhuit t'ártach a stiúradh

Díreach ar aghaidh ina treo san, a laoich ardniamhraigh Odaiséas.

Ó bhord loinge ní fhéadfadh an saigheadóir ab fhearr a bhí riamh ann

Doras na huamhnach a shroichint le saighid ón mbogha. In sa phruais sin

Cónaíonn Scille na sceamh. Samhlófaí a glór le coileáinín,

Is tá dá ainneoin sin 'na harrachtach ghránna, is ní fearrde neach saolta

Radharc súl d'fháil ar a cló, ná dia fiú amháin a theagmhódh léi.
Dhá chois déag atá fúithi, agus gach cos díobh ina stumpa;
Tá sé chinn de mhuineáil as a cabhail, 's ar an uile mhuineál díobh

Ceann scanrúil 's trí cioracha fiacal istigh feadh a dhrandail,
Stóinsithe daingean, go dlúth lena chéile, agus bás acu á bhagairt.

Fanann a cabhail i bhfolach in san umhain agus síneann sí aisti
Cinn is muineáil, 's gnáthaíonn sí, ag faire dhi timpeall na cloiche,

Deilfeanna d'iascach is madraí éisc, nó sail des na míola
Móra do ghaibheas á gcothú ó Amfairíte na ngeonach.
Níor fhéad riamh aon fhoireann a mhaíomh gur ghaibheadar gan chinniúint

Thairsti, ach is amhlaidh a sciob béal gach cinn duine as a n-árthach.

Ón dtaobh eile, a Odaiséis, tá cloch níos ísle le feiscint,
Is chífidh tú crann mór fige go craobhach ag fás ar a barra.
Ní róleathan a ndeighilt ó chéile, faid urchar saighde.
Sloigeann Caraibdis anuas ón dtaobh sin na huaimhneacha dorchá.

Brúchtann sí aníos trí huaire sa ló, agus i gcomhardamh an bhrúchta

Sloigeann thar n-ais trí huaire - agus ná bíse ann lena linn sin,
Óir níl saoradh ón mbaol sin ar ardchumhacht Luascaire an domhain féin.

Stiúraigh, adeirim leat, t'árthach i leith dhúcharraig Scille,
Is thairsti le teann riamhaíochta, mar b'fhearra go mór duit in éagmais

Seisir den bhfoirinn id' bhád ná an complacht uile do chailliúint.'

B'in é mar labhair, agus thugas mo fhreagra air sin agus dúirt léi:

'Ach ar a shon san, a dhiabhean, ba mhaith liom a chlos go soiléir uait

Má tá slí chun an anama a thabhairt ó shlogadh Charaibdis,
Is cosaint a dhéanamh ar Scille le linn di gabháil ar mo mhuintir.'

Sin é mar labhras, is d'fhreagair an bhandia ghléigeal is dúirt liom:

'A fhir ródhána, an é an cogadh do bhíos á thaibhreamh de shíor duit

Agus an dua, is ná géillfir do dhéithe na síorbheatha choíche?
Ní fhéadann an bás í a chloí, mar is pláigh í a mhairfeas go deo deo

Millteach doláimhsithe fíochmhar, is comhrac ní féidir 'na coinne.

Tuig gur in aistear don neart; is é an teitheadh do b'fhearra go mór duit.

Óir má chaithirse tamall ag armáil le hais na cloiche,
Is é is baol liomsa go ndéanfaidh sí sin ón bpruais an athuair ort
Lonsaí oiread san ceann 's oiread eile go sciobfaidh den bhfoirinn.

Sáigh, sáigh thairsti le dícheall, adeirim leat — glaoigh ar Chrataes
Máthair an arrachtaigh Scille, do shaolaigh 'na sciúirse do dhaoine í.

Coiscfidh sí sin, nuair chloisfidh do ghuí, ón dtarna drochsciúird í.
Sroichfir 'na dhiaidh sin oileán Thrínicia is chífir ag fearach
Bólacht is caoire ar a fód, stoc pháirceanna Thiarna na Gréine
Heilias, seacht dtréad bó is oiread eile de chéadscóth na gcaorach,

Is leathchéad ceann in sa tréad. Ó mháithreacha an stoc sin ní rugadh,

Ná ní caillfear go brách, agus bíonn beirt dhiabhan an chraobhfhoilt

Á n-aoiriú, Lampaitia is a siúr Faetúsa mar aon léi.
Shaolaigh Naera na gile do Heilias máistir na spéire
Iadsan is thóg 'na leanaí, is nuair bhíodar 'na n-óige go bláfar,
Lig sí i gcéin uaithi iad chun oileán Thrínicia d'áitreabh
Is tréada na mbó agus na gcaorach de sheilbh a n-athar a chosaint.

Fágtar gan dochar an stoc, ná meabhraigh i t'intinn ach filleadh,
Is creidim, d'ainneoin bhur bhfulaing, go sroichfidh sibh Itice slán fós.

Ach má ghortaí ceann acu siúd, mise t'urra go mbéarfaidh
Léirscios ar bhád is ar bhuín, agus más dán duitse go n-éalóir,
Déanach is creachta is ea a thiocfair, gan aoinne de t'fhoirinn 'na bheathaidh.'

B'in é mar dúirt sí, agus chuaigh Áróra ar an spéir i gcathaoir
óir,
Is d'imigh an bhandia uaimse agus ghluais suas tríd an oileán léi.
Chuas féin síos chun na loinge agus d'ordaíos d'fhearaibh na
foirne
Éirí isteach ar a bord is na cáblaí ródaíthe a scaoileadh.
B'iúd leo láithreach ar bord is 'na suí dhóibh síos ar na tochtai
Is luigh gach fear lena mhaide agus bhánaigh an mhuir lena
mbuillí.
Shéid laistiar dár mbád goib ghoirm ag líonadh na seolta
Gaoth anamúil, compánach cineálta do mhúscail, mar dúirt sí,
Circe diabhean an mhillte agus ghutha na binne is an
chraobhfhoilt.
Tar éis gach a raibh againn d'airm a stobháil conláisteach san
árthach,
Shuíomarna fúinn, is fear stiúrach is gaoth ár seoladh chun
sprice.
Bhí buairt mhór ar mo chroí, agus do labhras lem' mhuintir is
dúirt leo:
'D'aon fhear amháin, nó do bheirt, níor chóir liom go neosfainn,
a chairde,
Beartuithe déithe do chuala ó Chirce réilteann na ndiabhan.
Labharfad go hoscailte libh, d'fhonn nach gan an t-eolas a
gheobhaimid
Pé rud a tharlós dúinn, bás d'fháil nó an t-anam a thabhairt linn
Le linn comhráidh dúinn, ba é an chéad rud d'ordaigh sí,
ceolghuth
Draíochta na Síréanaí agus a móinéar bláfar a sheachaint.
D'ordaigh sí a gclos do mo chluasasa amháin, ach go gcaithfidh
sibh ceangal
Téad a chur orm go teann 's ná féadfaidh mé bogadh as an
láthair.
Fáiscidh go docht leis an gcrann mé, agus mise ar a cheapsan
im' sheasamh,
Is má bhím oraibh ag d'iarraidh na snaidhmeanna a scaoileadh
dem' ghéaga,
Cuireadh a bhfuil in sa bhád ar mo chorp breis ceangail gan
taise.
B'amhlaidh ag leiriú dhomsa is ag aithris an chúrsa roimh ré
dhóibh,

Is ghluais an dea-bhád lena linn sin go buacach ar aghaidh nó
gur shroich sí
Inis na Síréanaí, mar a líon gaoth fhábhreach a seolta.
Láithreach do theip ar an leóithne agus thit ar an bhfarraige go
hobann
Ciúnas gan mhiam agus chuir diacht éigin na hólaithe a
chodladh.
D'éirigh na fir, is anuas ón gcrann do bhailíodar an anairt,
Is bhí sí stobhálda san ártach gan mhoill acu. Shuíodar 'na
dhiaidh sin
Chun rámhaochta le fonn is bhánaíodar an mhuir lena maidí.
Thógas-sa leac mhór chéireach is ghearras lem' sciaín í ina
píosáí,
Is idir mo dhearnacha bhrús í agus leáigh sí le fórsa mo bhrúite
Is le neart teasa do thig ó Heilias Tiarna na gréine;
Agus 'na nduine is 'na nduine, do dhingeas i gcluasa na bhfear í.
Shnaidhmeadar san ar an bhfód téad theann le mo lámha is le
mo chosa
Is d'fháisceadar docht leis an gcrann mé, agus mise ar a cheapsan
im' sheasamh,
Is shuíodar chun dianrámhaochta agus bhánaigh an mhuir lena
mbuillí.
Bhíodar ag brostú tharstu, ach gan fhios don bhuin sin ní
fhéadfadh
Ártach imeacht ar na cóngair, is ghlaodar i mbinneas a
n-amhráin:
'Tair i leith chugainn, a Odaiséis ardcháilmhir, is, a réalt na
nAcaeach!
Maolaigh do long agus stad nó go gcloisfir mar chanfám go
binn duit.
Óir níor ghluais aon mháistir 'na chrónbhárc thairis an áit seo
Riamh gan na nótaí ceolmhara a chlos ó bhéalaibh seo an bhinnis
Is fuair ardaoibhneas dá bharr agus bhí breis feasa aige ag fágaint.
Óir gach ar tharlaigh i dTraí is ar a plánaí fairsinge is eol dúinn
Nuair bhí an Traí agus Acaea san anró a thoiligh na déithe.
Ní gan fhios dúinn aon ní dá ndéantar ar thalamh na beatha.
Dúradar amhlaidh de ghuth chomh hálainn 's gur mhian liom
im' chroí istigh
Tuilleadh den bhinneas a chlos. Chomharthaíos do mo chairde
lem' mhaláí

Ionas go scaoilfi mé; ba ea ba dhéine do luíodar le rámháiocht,
Is phreab ar an mball Peiriméideis is phreab Eoralacas chugamsa
Is chuireadar ceangal de bhreis ar mo ghéaga le teannadh ba
mhó fós.

Nuair bhí rámhaithe tharstu ag an gcriú is nárbh fhéidir le
haoinne

Glór Síreanaí a chlos níos mó ná binneas a n-amhráin,
Bhain compánaigh mo bháid dá gclusaibh an chéir sin a
chuireas

Iontu á stopadh, agus scaoileadar mise ina dhiaidh sin dem'
shlabhraí.

Nuair bhí an inis sin fágtha inár ndiaidh againn fuairas go
hobann

Radharc ar dheatach tréantarraic is chuala na hólaithe ag
tuargain.

Lig mairnéalaigh an bháid dá ngreim leis an scanradh na maidí
Is chasadar siar leis an sruth agus cnagadh le chéile acu, is
láithreach

Mhaolaigh an long agus stad, nuair stad bosa caola den bhagairt
Shiúlas féin ó cheann ceann áthaigh is chuireas im' chairde
Misneach ag dul ó fhear dom go fear á mealladh is ag rá leo:
'Ní gan taithí trioblóide don bhfoirinn seo, a dhaoine na
n-árann,

Ná ní mó an chontúirt ná an tráth sin a rinne an Cioclópach
Dúnadh le hacmhainn a ghéag in san umhain orainn. D'éirigh
liom bealach

Éalaithe d'fháil as an áit sin le beartaíocht mheabhrach is
calmacht,

Agus a chuimhne seo, leis, is é a mheasaim go mairfidh againne.
Seo libh anois, glacadh orduithe uaimse agus déanaidhse rud orm.
Fanadh gach aoinne agaibh suite ar a thochta agus buaileadh a
mhaide

Doimhin in sa tarrac, is déanfam - a mhámh san le hAthair na
ndéithe —

Gabháil trí uain anbhách is dul ó lá na cinniúna.

Ordaím duitse mar leanas, a stiúrthóir. Coinnigh id' chuimhne
Bréithre mo bhéil; is i dtaobh leat don stiúir is do shaoradh na
loinge

Seachain go haireach an long ar an bhfarraige cháiteach 's na
bristí.

Stiúraigh i leith an stocáin, 's ná tugadh sí léim thar do gharda
Sall ar an dtaobh sin 's go scriosfadh an t-olc idir ártach is
sinne.'

B'in é mar dúrt leo is rinneadar rud ar mo bhréithrese
láithreach.

Focal ar Scille ní dúrt, b'in pláigh nárbh fhéidir a sheachaint,
Agus ar eagla go scoirfeadh mo lucht mairnéalach den
rámháiocht

Trí bharr scanraidh 's i mbolg na loinge iad féinig d'fholachadh.
Rinneas-sa dearmad ar roinnt cruachomhairle a bhí ráite aige
Circe,

Óir ba é d'ordaigh sí dhom, gan m'airm ná m'éide do ghlacadh.
Más ea do ghaibheas mé féinig i m'éide ardcháilmhear is thógas
Dhá shleath fhada i mo láimh, is go dtí an bord tosaigh in airde
Chuas; is ag feitheamh a bhíos ón áit sin gur thúisce do gheofaí
Amharc ar Scille na carraige, a bhuail drochbhuille ar mo
mhuintir.

Radharc uirthi d'fháil níor fhéadas, is b'fhada do leanas ag
d'iarraidh

Féachaint aníos trí cheo a bhí ag clúdach na cloiche go diamhair.
Sheolamar amhlaidh i gcaolmhuir an bhealaigh ag cneadaigh le
scanradh.

Bhagair ar thaobh dínn Scille; ar an dtaobh eile dhínn do
Charaibdís

Le glór millteach ag búirthigh 's ag slogadh na farraige goirte.
Dála mar bhíonn coire mór ar an dtine, nuair bhrúchtadh sí
aníos í,

Bhíodh boirbeáil faoin muir 's séidfíl uafásach, is d'éiríodh
Farraige cháiteach á stealladh ina slaodaibh ar bharr na stocán
sin.

Is nuair shúdh scornach Charaibdís na hólaithe anuas ina
duibheagán,

Chítí istigh an beiriú guairneánach, is bhúireadh an charraig
Timpeall de ghlór scanrúil, agus nochtaí in íochtar an ghainimh
Dhúghorm 's ní raibh aoinne den chriú nár ghlasaigh le heagla.
Le linn dúinn bheith ag faire ar an bpoll sin le sceon roimh an
anbhás,

Islíonn Scille agus sciobann aníos as an mbád lena béalaibh
Seisear dem' lucht compánach, na géaga ba threise agus ab
fhearr díobh.

Casadh do thugas aniar chun go bhfeicfinn an bád is mo mhuintir,
 Chonac a gcosa is a lámha san ar crochadh as na béalaibh in airde,
 Is í á dtabhairt léi suas, is le racht éadóchais is uafáis
 Dúradar m'ainm go hard agus ba é an uair dheireanach dóibh é.
 Nuair bhíonn iascaire ar scoth lena shlait is go gcaitheann sa tsáile
 Baoite ar dhubhán chun an éisc 's blúire adhairce ar dhorú aige
 mar mheáchain,
 Meallann sé chuige le feall bric bheaga do mhaireas sa pholl sin,
 Sciobann sé breac leis i dtír is na coir á dtabhairt ag an rud bocht;
 Bhíodar mar sin is na coir á mbreith suas le hais na faille,
 Is fós, agus iad ina mbéile á ithe aici i ndoras na huamhnach,
 Chonac na lámha acu á síneadh is a ngeoin ón gcaismirt do chuala.
 Ba é sin an t-amharc ba mhó truamhéil dá bhfaca lem' shúile,
 Dá mhéad fulang a bhuail liom ar muir 's mé ar lorg na mbealaí.
 Laistiar díom nuair fágadh Caraibdis an sceoin agus Scille
 Is caol ardghlórach na gcloch, níorbh fhada gur tharraing an fhoireann
 Inis shuáilceach an dé, ina raibh tréada na mbó leathanéadain
 Is caoire na méithe ba sheilbh do Heilias Tiarna na Gréine.
 Cheana is an t-árthach ag gluaiseacht ar aghaidh, in sa bhfairsinge fós dúinn,
 Chualasa géimreach na mbó do bhí daingnithe roimhis an oíche
 Is méileach na gcaorach i gcéin, is i m'aigne láithreach do tháinig
 Cuimhne ar an bhfios sin a dúirt fáidh dall Téirisias Téibeach
 Is Circe draoibhean oileán Aeéia, mar chomhairligh an bheirt sin
 Domsa go láidir gan baint d'Inis Heilias taitneamh na ndaoine.
 Bhí sin 'o m' bhuairt, agus labhras i láthair mo mhuintire is dúrt leo:
 'Éistidh liom 's foighnidh, dá mhéad bhur bhfulang, a chairde,
 Nó go n-inneosfad an fios sin a dúirt Téirisias Téibeach
 Is Circe draoibhean oileán Aeéia, mar chomhairligh an bheirt sin
 Domsa go láidir gan baint d'Inis Heilias taitneamh na ndaoine.
 Creididh a ndúradar siúd, go bhfuil creach in san áit sin i ndán dúinn.

Seachnaimis an t-oileán, agus rámhaidh thairis an t-árthach.
 Dúrt leo sin go soiléir, agus scoilteadh a gcroí leis an scéala,
 Is labhair Eoralacas láithreach is gráin ina ghuth agus dúirt liom:
 'Fear cruaidh tusa, a Odaiséis! Ní cloítear do neart is ní thagann
 Tuirse ar do ghéaga; mo thuairim gur d'iarann ar fad a cruthaíodh thú,
 Tráth is ná ligir do bhuin atá tnáite le tuirse is le codladh
 Tiormú tamall san áit seo, in oileán atá i lár mara móire
 Ionas go gcóireois bia breá tráthnóna go sásúil.
 Féach, tá titim na hoíche ann, is ordaí dúinn an t-oileán seo
 D'fhágaint 's an fhairsinge a sheoladh agus diamhaireacht
 cheoigh ar an mórmhuir.
 Nach in san oíche de ghnáth a thig gálaí a bhriseas na longa?
 Is conas a féadfaí teitheadh ón scrios atá ag dianfhaire ar thuirling
 Nuair a éiríonn stoirm fhíochmhar i ndubhspéir oíche go hobann,
 Feothain aneas, nó feothain aniar, tréanbhalcaire glórach
 D'fhéadfadh an-árthach a bhriseadh d'ainneoin mháistríocht na ndéithe?
 Stadfam i láthair na huaire agus géillfeam do scátha na hoíche,
 Is bíodh ár mbia tráthnóna á chaitheamh againn cois an árthaigh.
 Raghaim leis an lóchaint arís ar a bord chun na fairsinge a sheoladh.'
 Labhair Eoralacas amhlaidh is fuair ardmholadh na foirne,
 Agus ba léir dom ansin go raibh diacht 'nár gcoinnene ag beartú.
 Labhras, is faobhar ar mo ghuth, is le glór ard díograise dúrt leis:
 Sin, a Eoralacais, fórsa á imirt ar fhear atá ina aonar.
 Bíodh! Dearbhaídh ar a laghad mionn mór, achainím oraibh uile,
 Má tharlaíonn tréad bó orainn san áit, nó mórscata caorach,
 Ná beidh de pheaca cinniúnach is d'antoil ar aon duine ceann díobh,
 Bó nó caora, a mharú. Rinne Circe diabhean na draíochta
 Bia do sholáthar don bhád, agus fanaidhse sásta ar an gcion sin.'
 Sin é mar dúrt, agus rinneadarsan dearbhú dhom mar d'iarras.
 Nuair bhí a mionn mór ráite is go ndearna a dtéann leis go hiomlán,

Bhuaileamar talamh i gcuas béil chúing agus fíoruisce gléigeal
Láimh linn. Fágadh an t-árthach ar ród agus chuathas i dtír ann,
Is rinne mo lucht compánach le ceird rogha béile do chóiriú.
Tar éis dá ndúil a bheith sásta do bhí acu san ól is san ithe,
Cromadh ar shileadh na ndeor, mar ba chuimhin leo íde na
gearad

D'ardaigh Scille as an mbád agus d'ith ina bhfianaise féinig;
Agus ba shámh ar a súile, sa ghol dóibh, d'éalaigh an codladh.
Nuair bhí dhá thrian oíche chun deiridh is na réaltanna ag ísiú,
B'éachtach an gála do scaoil Séas chruinnithe scamaill na spéire,
Stoirm aneas agus búirtheach san aer, agus chlúdaigh go
diamhair

D'aon bhrat amháin muir is tír; agus thuirling an duibheacht as
na harda.

Nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rósdeirg na Maidine,
B'iúd leo ag tarraing na loinge isteach faoi fhascain na
huamhnach

A bhíodh aige Nimfi geala an oileáin chun rince is cuideachtan.
Ghlaos ina dhiaidh sin le chéile mo chomplacht 's dúrt ina
láthair:

'Tá neart bídh agus dí againn i mbolg an árthaigh, a chairde,
Is ó tá, fágтар gan bearna na mairt sin, ar eagla na heagla.
Chíonn sibh na ba agus na caoire, le Héilias Tiarna na Gréine
iad,

Dia uafásach an acir, ná fuil ní ná feiceann 's ná cloiseann.'
B'in é mar labhras-sa leosan, is thugadar géilleadh dom'
bhréithre.

Más ea, ina dhiaidh ar feadh mí níor shéid ach aneas as na
spéartha

Chugainne san áit, gaoth eile ní thig ach aneas go dtí anoir
chugainn.

Dóthain le n-ithe d'arán is fion dearg lena ól faid a gheibhidís,
Nuair bhíodh dúil acu i mbia, níor bhacadar bólacht na Gréine;
Ach nuair bhí deireadh caite den lón sin a bhí acu san
árthach,

B'éigean do m'fhearaibhse tabhairt faoi fhiach 's éaló go maróidís
Iasc agus éanlaithe an acir, pé seilg a bhéarfadh an t-ád dhóibh.
Bhíodar i dtaobh le dubháin, is a mbolg á thraochadh le hocras.
Lá amháin, bhuaileas i m'aonar liom suas faoin dtír chun na
ndéithe

A ghuí is chun go bhfaighinn aon dia a léireodh dom an bóthar
abhaile.

Nuair bhíos stáir mhaith isteach ann as radharc chompánaigh na
loinge,

Ghlanas mo lámha mar ar stadas, i gcúil ó shéideadh na gaoithe,
Is ghuíos gach dia dár mhair. Is é a cheap Tiarnaí sin Oilimpis,
Bronntanas milis an chodlata a dhoirteadh go fial ar mo shúile.
Dúirt Eoralacas ag d'iarraidh mo chairde do chur ar a
n-aimhleas:

'Eistídh tamall lem' chomhairle, dá mhéad bhur bhfulang, a
chairde.

Níl aon tslí chun an bháis nach gráin leis an gcine bocht daonna,
Ach is é díogha acu an ghorta, mar bhealach cinniúna agus éaga.
Téanaidh! Déanfanna rogha na mbeithíoch de chuid Thiarna na
Gréine

A bhagairt i leith chun go dtabharfam dea-íobairt gan cháim dos
na déithe.

Itice más dán dúinn is na páirceanna dúchais d'athfheiscint,
Tógfaim go luath is go hálainn do thiarna sin ghile na spéire
Teampall, is gheobhaidh sé go fial uainn ann na hofrála is
niamhraí.

Ach más toil leis ina fheirg na mairt phéacadharcacha d'agairt
Orainn 's an t-árthach a bhá, agus go dtagann na déithe go léir
leis,

B'fhearr liom an saile go tapaidh ag múchadh mo bhéil is
m'anála

Ná leadrán báis ocraigh in uaigneas na hinise d'fhulang.'
Labhair Eoralacas amhlaidh, is mhol compánaigh an bháid leis.
Láithreach do rinneadar rogha na mbeithíoch de chuid Thiarna
na Gréine

A bhagairt i leith, mar ní fada ón mbád goib ghoirm a ráinigh
Bólacht álainn fhadadharcach na n-éadan leathan ag féarach.
Timpeall na mart sin 'na bhfáinne bhailíodar is ghuíodar na
déithe.

Ó chrann craobhach daraí duilleoga le filleadh ar a n-éadain
Bhearradar, óir ní raibh eorna acu i dtaisce san árthach a
thuilleadh.

Nuair bhí a n-urnaithe ráite agus mairt acu treascartha is feannta,
Gearradh amach astu cnámha na gceathrún mar d'ordaigh an rát
dóibh

Is filleadh i ngeir agus buaileadh anuas orthu míreanna feola.
Ní raibh fion acu a thuilleadh le doirteadh is an íobairt ar
lasadh;

Fíoruisc a doirteadh ina ionad; is rinneadh na crathacha a
róstadh.

Tar éis a bheith dóite de chnámha na gceathrún mar onóir dos
na déithe,

Blaiseadh na míreanna rósta, do gearradh go beag an chuid eile,
Is sháigh gach fear acu a bhior trí phíosa agus róst leis an dtine é.
Tharla ar an uair sin go díreach gur imigh an codladh de
m'fhabhraí

Is ghluaiseas romham ar an slí go dtí an t-árthach is imeall na
mara.

Nuair bhíos ann, nach mór, is ag druidim i gcógar na loinge,
Tháinig im' shróin ar an ngaoith boladh breá sin an mhéithris ag
róstadh;

Chromas ar ghol is ar chneadaigh is d'éas ar na déithe ná
héagann:

'A athair na ndéithe, a Ard-Séis, is, a dhéithe eile a mhaireas i
gcónaí,

Mallacht, cinnte, ba ea an codladh do chuireabhair ormsa go
fealltach,

Is cad é mar pheaca uafásach a bheartaigh mo mhuintir i
m'éagmais!

Suas ina teachtaire phreab Lampaitia chun Tiarna na Gréine,
Gafa ina róba fhada ríobail is d'in's gur mhairíomar a bhólacht,
Is d'éigh seisean láithreach ina fheirg ar dhéithe na síre agus
dúirt leo:

'A athair na ndéithe, a ard-Séis, is, a dhéithe eile a mhaireas i
gcónaí!

Scríosaidh an mhuintir atá fara mac Laeirtéis Odaiséas,

' Chionn gur mhairíodar go dána mo bhólacht, an taitneamh is
milse

Chím nuair ghluaisim suas ón oíche go spéartha na réaltan
Is nuair iompaím ó bharra na spéartha chun fillte ar an dtalamh.
Féach, mura ngeartar pionós ar an ndream sin in éiric mo
bhósa,

Raghad féin síos go dtí Háidéas is soilseod feasta do mhairbh.
D'fhreagair is dúirt leis an nGréin Séas chruinnithe scamail na
spéire:

'Fan agus lonraigh in airde do dhéithe na síorbheatha, a Heilias,
Agus do lucht gearrshaolach a mhaireas ar thalamh an ghráinne.
Beidh agam féinig le caoir thoirní sara fada as an láimh seo
Mionrabh déanta dá n-árthach ar dhrom fíondorcha na mara.'
Chuala á insint é sin ag Calapsó diabhean an chraobhfhoilt
D'inis gur chlos di a leithéid ó Heirméis teachtaire Oilimpis.
Más ea, do tháingasa anuas go dtí an bád agus imeall na mara,
Is ghluaiseas timpeall ag casadh na birtle le m'fhearaibh. Ach
leigheas air

Ní raibh feasta le fáil; bhí an bhólacht treascartha cheana,
Is b'iúd leis na déithe ar an mball ag cur alltacht orthu le
comharthaí.

Thosnaigh na craicinn ar shiúl; is an fheoil a bhí sáite ar na beara,
Ghéim idir rósta agus amh; ba é glór na mbeithíoch ina
athbhreith é.

Sé lá fhada ina dhiaidh bhí an lucht compánach go súgach,
Rogha de bha Heilias réidh chun na tua acu agus féasta acu á
dhéanamh.

Ach nuair chuir mac Chronais an seachtú maidin ag éirí,
Mhaolaigh an stoirm chun sánais, do chuamar ar bord is le
séirse

Cuireadh 'na sheasamh an crann, hardaíodh agus leathadh na
seolta

Gléigeala, is bhíomar go luath ar na hólaithe fairsinge ag
gluaiseacht.

D'fhágamar radharc an oileáin; níor nocht dúinn aon talamh eile,
Is ní raibh feasta inár dtimpeall ach spéir agus sáile le feiscint.
Lig mac Chronais ansin ar an aer crónscamall go hobann
Díreach os cionn ár mbáid, agus dhorchaiigh an mhuir lena scáth
san.

D'imigh an t-árthach ar aghaidh, 's níorbh fhada dhi an réim
sin, mar tháinig

Feothain aniar ina balcaire ghlórach ag séideadh go han-tréan,
Is d'aon mhóriarracht amháin b'in tarraingthe is briste aici cáblaí
Theanntaithe an chrainn, agus leagadh an crann is i mbolg an
árthaigh

Rúideadh ar bhain leis, 's ag titim don chrann i leith boird
deiridh loinge,

Bhuail sé sa cheann fear stiúrach an bháid agus scoilteadh a
chloigeann.

Rinne dá inchinn brútam; ar nós tomadóra den stáitse
 B'iúd leis anuas; scar anam neamheaglach an fhir lena ghéaga.
 D'fhuarmáil toirneacha Shéis lena linn; leis an ártach do scaoil
 sé
 Splanc a bhain croitheadh go fiain as a cláracha. Líonadh de
 ruibh í,
 Is caitheadh de dheascaibh an bhuille mo lucht compánach san
 uisce.
 Bhíodar sa bhfarraige ar nós faoileán cois an ártach ag
 taoideáil
 Timpeall; do dhiúltaigh an dia a bheith i ndán dóibh filleadh ar
 a ndúchas.
 Leanas-sa féin in sa tsiúl ó cheann ceann báid nó go dtáinig
 lonsaí buile mhóir uisce do dheighil cliatháin agus cile,
 Is d'imigh an chile ina haonar sa tsruth agus stracadh an crann
 di.
 Más ea, an téad sin a dhaingníodh thiar é, bhí ceangailte fós leis.
 Téad chraicinn bhó do ba ea í, agus ba léithi do shnaidhmeas le
 chéile
 Crann agus cile; d'imíos faoi chóchanna an scriosta i mo shuí
 orthu.
 Stad ar an uair sin an ghaoth an-tréan dá séideadh as an iarthar;
 Shéid ina hionad aneas chun tuilleadh den tubaiste a bhreith
 chugam,
 Is d'ardaigh mé léi chun go ngeobhfainn an athuair trí bhearna
 Charaibdis.
 Bhíos feadh na hoíche sa tsnámh is le héirí gréine do shroicheas
 Bealach an bháis idir Scille an stocáin is Caraibdis an
 duibheagáin.
 Ráinig an poll i mbun súite na farraige anuas lena linn sin,
 Is tógadh mé féin ar mhuin droma go dtí an crann fige ar an
 gcarraig.
 Rinneas greamú dá chorp mar sciathán leathair gan agam
 Caoi ar bhonn d'fháil faoim' chois ná ar dhul níos airde sa
 chrann sin;
 Óir bhí a phréamha i bhfad síos is a ghéaga i bhfad suas os mo
 chionnsa.
 Ramhar groí fada do bhíodar, is leathadh a scáth ar Charaibdis.
 Rinneas mo ghreim a choimeád gan staonadh gur brúchtadh
 aníos chugam

Crann agus cile thar n-ais; bhí fionraí fhada agam orthu
 Is tháingadar déanach, san am gur gnáthach do bhreitheamh a
 bhinse
 D'fhágaint is dul chun suipéir tar éis mórán cúiseanna
 d'éisteacht;
 Cruinn ar an uair sin do nocht mo chuid adhmaid aníos as
 Caraibdis.
 Scaoileas mo lámha agus mo chosa den chrann chun go léimfinn
 'na n-imeall,
 Is thomas de phleist go sonaídeach sa bhfarraige láimh leis na
 bíomaí.
 Chuas ar a muin sin arís, rámhaíocht le mo lámha do rinneas.
 Níor lig Athair na ndaoine is na ndéithe don turas seo do Scille
 Radharc orm d'fháil; dá ndéanfadh, ní bhfaighinn éaló leis an anam.
 Bhíos naoi lá ag taoideáil; in sa deichiú hoíche le cúnamh
 Déithe do shroicheas oileán Ogaigia agus áitreabh Chalapsó
 Bandia bhaolach na draíochta agus bhinneas an ghutha is an
 chraobhfhoilt.
 Thóg sí sin mé agus chothaigh is ghráigh. Cad ab áil liom an
 scéal sin
 D'insint arís? Óir d'inseas inné tráthnóna é sa tigh seo
 Dhuitse is dod' mhnaoi ghradamúil. Tar éis scéil d'eachtraí go
 soiléir dom,
 Bheadh dochma orm, a Rí, roimh ghabháil uair eile lena insint."

XIII

Labhair seisean amhlaidh, is d'fhanadar uile ina dtost in sa
 chiúnas,
 Is iad faoi dhraíocht ag an eachtra agus scáthanna an halla ina
 dtimpeall.
 Faoi dheoidh labhair Alcanús ag freagairt an laoich agus dúirt
 leis:
 "O tháinís, a Odaiséis, go dtí tairsing bhróinse mo halla
 Atá chomh hard as do chionn, dá mhéad d'fhulaingís ar do
 thaisteal,
 Fánaíocht fhada dá sórt ní bhéarfadh, go bhfillfir, arís ort.
 Libhse ba mhian liom na bréithre seo a rá, is gach duine do
 dhéanamh

Gnímh dá réir, ó bhíonn fion lasrach dearg na seanóirí
 Gach lá anseo agaibh á ól, agus file dá chlos lena linn sin.
 Tá neart éadaí curtha sa chomhra dhea-líofaithe i dtaisce
 Cheana, agus obair a rinne gabha óir, is na háilleachtaí eile
 A bhronn Faidhicéigh na comhairle ar mo chóisireach uasal sa
 tigh seo.

Faigheadh sé de bhreis ó chách taca trí gcós is coire le dul air,
 Is glaofam 'na dhiaidh seo le chéile ár muintir is gearrfam mar
 chúiteamh

Cáin orthu; ar aon fhear amháin sin bronntas a thitfeadh go
 róthrom."

Labhair Alcanús amhlaidh is mhol an chuideachta go léir leis.
 Scaradar láithreach le chéile agus d'imigh gach aoinne acu a
 chodladh.

Nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rósdeirg na Maidine
 Chuadar 'on ártach ar séirse agus bróinse na laochra acu á
 thabhairt leo;

Chuaigh Alcanús maorga ar a bord is stobháil sé na seoda
 A bhronn gach cúirt ar an laoch faoi thochtaí d'fhonn is ná
 coiscfeadh

Aon ní muintir an bháid nuair beifí ag baint as na maidí.
 Gluaiseadh 'na dhiaidh go dtí teaghlach an Rí is hullmhaíodh
 ann an féasta.

Mhairbh Alcanús maorga dea-mhart chun na fleatha agus
 bhunaigh

Íobairt do Shéas mac Chronais a rialaíos neamh agus talamh.
 Dódh dó cnámha na gceathrún, riaráíodh gach sólas chun féasta
 Is aoibhnis, is cloiseadh 'na measc Déimidiceas éigeas ag canadh
 Agus ag fáil ardmholta, ach de shíor bhíodh amharc Odaiséis
 Iompaithe siar ar an ngréin a bhí ag druidim le híocht na spéire
 Is lonradh dearg 'na haghaidh, mar ba thréan a bhí fonn air
 chun bóthair.

Fonn curadóra chun bídh, tá gear tráthnóna tar éis dó
 Cuing damh donn agus céachta feadh an lae trí bhranar a
 stiúradh.

Dósan is áthasach féachaint ar mhaolú sholas na gréine
 Is téann sé le fonn chun suipéir, dá mhoille le tuirse na nglún é;
 B'amhlaidh ag faire le háthas ar shéalthú gréine d'Odaiséas.
 D'éirigh sé láithreach is labhair le dea-rámhaithe thír na
 bhFaidhicéach

Is dhúigh a bhréithre thar cách ar a rí Alcanús is dúirt leis:
 "A Ardri mhóir Alcanús an ghradaim is uaisle ar na tuatha,
 Doirtidh an fion agus seolaidh, is fágaimse slán agaibh féinig;
 Óir féach tugtha chun críche gach aon ní a mhianaigh mo
 chroíse,

Ártach chun seolta agus bronntaisí breátha, is go dtuga na
 déithe

Séan dom i gcaitheamh mo stóir, is go bhfaighead aige baile mo
 chéile

Dhílis gan cháim is go bhfeicead im' thimpeall gan mháchail mo
 chairde!

Sibhse ar an bhfód seo, go dtuga an uile fhear agaibh sonas don
 chéile

A phós sé ina hóige is dá chlainn, 's nár thuirlinge donas go deo
 oraibh!"

Labhair seisean amhlaidh, is bhíodar 'na pháirt, agus mholadar
 d'aonghuth

Ártach is foireann a thabhairt dá gcúairteoir ' chionn a dhea-
 aighnis.

Ghlaoigh Alcanús ar ghiolla na d'is thug orduithe is dúirt leis:
 "Tá, a Phontanúis, babhla le líonadh agat fós is le riaradh
 Orainn sa halla, go ndéanfam do Shéas mór urnaithe is ofráil,
 Agus go seolfam 'na dhiaidh ár gcóisireach uainn ar a dhúchas."
 Labhair seisean amhlaidh, is mheasc an fear óg fion aoibhneas an
 chroí dhóibh

Is chuaigh sé timpeall ag riaradh ar an gcuallacht. Rinneadar
 doirteadh

Fíona de dhéithibh an tsonais, a mhaireas sa bhfairsinge
 spéirghil.

Bhíodar 'na suí lena linn. Ina dhiaidh sin d'éirigh Odaiséas
 Is thug sé an corn dáchluasach a bhí aige d'Airéite 'na láimh féin
 Is ghuigh uirthi séan de ghuth ard agus dúirt sé go díograiseach
 léithi:

"Slán leat, a Ríon, agus sonas de shíor go raibh ort nó go
 dtiocfaidh

Lá na seanaoise is an bháis - is é dán ár gcine go léir é.

Focailín scoir, agus fágfad. Go bhfaighir in sa teaghlach seo
 choíche

Aoibhneas id' chlainn is id' mhuintir 's id' cheann Alcanús
 Ardri!"

Sin é mar labhair Odaiséas diachtúil, agus d'imigh thar tairsing
 Is óglaoch tionlacain láimh leis, mar thug Alcanús ordú
 Ionas go seolfadh sé síos chun an áthaigh is imeall na mara é.
 D'ordaigh Airéite do bhuin dá bantracht gluaiseacht mar aon leo,
 Duine acu ag iompar an chlóca dhean-nite is an chóta ar a
 cuislinn,
 Duine i mbun iompar an chomhra, is arán agus fion ag duine
 eile.
 Nuair bhí sroichte acu síos go dtí an bád agus imeall na mara,
 Thóg foireann uasal an áthaigh an bia agus an deoch agus
 rinneadh
 Iad a stobháil. Leis an éadach do leathadar leaba d'Odaiséas
 Thiar ar an mbord deiridh báid mar a bhféadfadh sé codladh gan
 bhuaire d'fháil;
 Is chuaigh seisean suas faoi chiúnas is shín sé siar in sa leabaidh.
 Mar chleachtaíodar ariamh shuigh foireann na loinge ar na
 toctaí,
 Is ón gcloich phollta cois calaidh do scaoileadar snaidhmeanna
 an chábla.
 Nuair bhí an sáile á chur acu suas des na bosa ina streancáin,
 Thuirling go hobann ar shúilibh an laoi chuan milis do chuir
 air
 Dealramh le suaimhneas an bháis níos mó ná le rud ar an saol
 seo.
 D'imigh an t-áthach ar aghaidh mar imíonn ceithre stailleana
 luatha
 Gafa le cuing, faoi bhuille na sciúirse ag imeacht cos in airde
 Is éacht fada slí acu sa phlána le teann comhtharrainge á chur
 díobh;
 B'amhlaidh do dheireadh na loinge seo ag ardú, is thagadh an
 mhórmhuir
 Bhorrtha ardghlórach ag iompar ar a cúl is ag líonadh na claise.
 D'imigh sí sin gan traochadh ina rás comhghnách, is ní
 fhéadfadh
 Seabhac, ag a bhfuil barr mire san aer, comhshiúl a choimeád léi.
 Ghearr sí roimpi mar sin trí luascadh na mara go buacach
 Is fear ar a bord chomh doimhin leis na déithe chun meabhraithe
 ina intinn,
 Laoch mór d'fhulaing go géar is go minic 'na chroí roimh an
 am seo,

Meascaithe riamh i gcogaí nó ag taisteal ar ólaithe an anró.
 Bhí sé ina chodladh gan cor as, is fulang na mblianta aige á
 dhearmad.
 Nuair bhí radharc acu soir ar an réiltín niamhrach ag éirí,
 Minic 'na theachtaire a thig ar an aer roimh lóchaint an lae ghil,
 Chríochnaigh an t-áthach a cúrsa agus bhuaile sí port in san
 Inis.
 Tá cuan áirithe in Itice ag Foircís Seanfhear na mara,
 Is failltreacha timpeall 'na bhfáinne ar an gcuan sin go
 seasaitheach scáfar
 Is dhá cheann tíre ann ag caitheamh amach in sa tsáile ar an dá
 thaobh.
 Brisid sin ólaithe móra do rúideas in aimsir na ngálaí
 Cruinn ina n-éadan amuigh; laistigh fanann áthach go socair
 Fiú gan slabhra as a ceann, ar an mball ródála do shroichint.
 Tá crann ola leis féin aige ceann cuain faoina bhileoga
 Leabhaire, agus faightear i gcóngar an chrainn uamhain
 chaithiseach cheomhar,
 Áit atá coisricthe riamh leis na Náiada bruinnealla an uisce,
 Is babhlaí cloiche istigh ann is crúscaí cloiche gur iontu
 A neadaíonn beacha is a gcuid cuasnóg acu á ndéanamh sa
 tséasúr,
 Is seolta an-mhóra de chloich ann 'na bhfionn lámha cliste na
 Nimfi
 Éadaí chorcar na farraige atá míorúlteach le feiscint.
 Briseann an fíoruisce choíche ann; is tá dhá dhoras san umhain
 seo,
 Ceann acu is a aghaidh ó thuaidh is gur tríd sin a shiúlann na
 daoine,
 Ceann eile is a aghaidh ó dheas, ach ní ghaibheann isteach ar an
 slí sin
 Duine dá maireann ar domhan; is é bóthar na ndéithe gan éag é.
 Bhí an cuan céanna ar a n-eolas, is shádar isteach ann, is bhagair
 Teann rámháíochta ar an gcladach go dtí leath faide na loinge
 iad.
 D'fhág gach fear acu a thocta agus léim as an mbád ar an
 dtalamh.
 Ba é a gcéad chúram ina dhiaidh Odaiséas as an áthach a
 thógaint
 Is clúid bhraillínte agus éadaí an ghléis a choinneáil ina thimpeall.

Lean sé ina thromshuan riamh, agus d'fhágadar thuas ar an dtráigh é,
 Is thógadar aisti na seoda do bhronn Faidhicéigh an mhórtais
 Roimh dhul abhaile ar an laoch, nuair mhúscaíl Pallas a bhféile;
 Agus ar eagla go mbeadh, roimh mhothú d'Odaiséas as a chodladh,
 Duine ag gabháil thar an áit, is go n-ardódh seoid leis, do thoghadar
 Ball i leataobh ón geonair ag bun chrann ola na huamhnach,
 Is chruachadar iad ar a chéile lena ais, agus rinneadar féinig lompó abhaile ansin. Níor dhearmad an Luascaire Cóstaí
 Ní dár fhógair sé cheana ar an bhfear dia-niamhrach Odaiséas
 Is b'iúd faoi dhéin Shéis mhóir leis, is loirg air comhairle agus dúirt leis:
 "A athair Oilimpigh, ní bhfaighead ar na déithibh a mhaireas i gcónaí
 Gradam 's onóir, nuair ná faighim feasta ó mhuintir an domhain iad.
 Féach ar an ndream Faidhicéach a mhaíos orthu féin gur dem' shliocht iad!
 Is ea, bhí i ndán d'Odaiséas tar éis mórán d'fhulang, mar thuigeas,
 Teacht faoi dheireadh ar a dhúchas; ní rabhas-sa neamhthoilteanach chuige,
 Ó bhí geallta agat féin i dtosach is gur chromais do cheann air.
 Ach féach! B'iadsan a leomhfadh é a sheoladh thar lear is a chuirfeadh
 Amhlaidh in Iticé i dtír é, is a bhéarfadh dó bronntaisí áille
 Atá aige idir ór agus bhróinse agus éadaí fite thar cuimse,
 Oiread 's ná tabharfadh sé riamh ó chogadh na Traí leis abhaile,
 Slán ó dheacair dá dtiocfadh, 's a chion féin sloide ina bhád leis."
 D'fhreagair é sin agus dúirt Séas chruinnithe scamail na spéartha:
 "Á! Cad is clos mar ghearán dom, a Luascaire láidir na cruinne?
 Níl easonóir á tabhairt duit ag dia; níorbh fhuiriste dhóibh sin Nóta easonórach a bhualadh ar an ndiacht acu is sine is is uaisle.
 Ach má dhiúltaíonn fear le muinín as a neart is a chumhacht duit
 Gradam is dual duit, ná féadfair é d'agairt i dtráth ar an té sin?

Oibrigh anois mar is toil leat 's ar chuma a thaitníos le do chroí féin."
 Dúirt ansin á fhreagairt Poiséadón Luascaire Cóstaí:
 "Á! Bheadh déanta fadó agam, a dhia dhúscamall, mar deirir,
 Ach táim fairitheach riamh ar do chuthach 's is fearr liom é a sheachaint.
 Is ea, is é is toil liom anois, long chaithiseach úd na bhFaidhicéach
 D'fhágáil scoiltithe i lár cheo diamhair na mara le linn di Filleadh ar an mbaile; do choisceadh sé sin ó dhaoine do sheoladh iad
 Feasta; agus cuirfeadh ansin cliath chnoc máguaird ar a gcathair."
 D'fhreagair é sin agus dúirt Séas chruinnithe scamail na spéartha:
 "Éist leis an gcomhairle do bheirim 's do b'fhearr do réir m'aigne dhuitse:
 Nuair bheidh radharc acu siúd ón gcathair ar ghluaiseacht na loinge
 Faoi lántseol, ansin déan carraig di i gcóngar an chósta,
 Is bíodh ar an bpatrún céanna, le halltacht a chur ar na daoineibh Uile, agus bailigh 'na dhiaidh cliath chnoc máguaird ar an gcathair."
 Is ea, níor thúisce do chuala Poiséadón Luascaire an domhain é Ná b'iúd leis go Sceiria mar a bhfuil na Faidhicéigh 'na gcónaí.
 D'fhan sé ansin; tar éis fairsinge a shiúl, dhruid ártach an ráis leis Faoi lántseol; ina cóngar do tháinig an Luascaire Cóstaí.
 Rinne sé carraig den ártach is phréambaigh go daingean i i dtóin phoill
 D'aon tréanbhuille dá láimh, agus d'fhill ón áit ina dhiaidh sin.
 B'iúd in sa chathair ag caint faoi ard-imshníomh agus líonrith Daoine Fhaidhicé na rámh fada caol, clúmhuintir na n-árthaí.
 Tharlódh fear ar a chomharsain ar shráid agus déarfadh mar seo leis:
 "Och! Och! Cé a chuir cosc leis an ártach i gcuilthe an tsáile Is í ag teacht chugainne go luath, agus radharc againn uirthi go hiomlán?"
 Sin é mar déanfaí caint, 's níor thuigeadar conas a tharla.
 Labhair Alcanús uasal 'na measc agus dúirt lena mhuintir:
 "Is iad atá fíoraithe dhúinne, mo dhiachair, na feasa ba chlos dom

Ó bhéal m'athar fadó. Is é a deireadh, go dtógfadh Poiséadón
 Tionlacan orainn lá éigin, a gheibheann gach a dtagann 'on tír
 uainn.
 Dúirt sé go mbrisfeadh an dia long bhreá d'árthaí na
 bhFaidhicéach
 Tar éis a leithéid sin de thuras ag filleadh dhi ar fharraige
 cheomhair,
 Agus go n-éireodh cliath mhór chnoc máguaird ar an gcathair.
 B'in é mar dúirt an seanóir, 's is i mbéal comhlíonta do chím é.
 Seo anois, bheirim an chomhairle seo dhaoibh, agus déanaidhse
 rud orm:
 Bíodh deireadh feasta le cóir a sholáthar chun fillte ar an
 mórmhuir
 D'aoinne do shroicheas an tír; is bunaídh mar onóir do
 Phoiséadón
 Íobairt dhá tharbha déag as an gcéad scoth, 's go ndéana sé trua
 dhínn,
 Is cliath mhór fhada na gcnoc nár ia máguaird ar an gcathair."
 Labhair seisean amhlaidh; bhí uamhan ar an slua is chóiríodar an
 íobairt.
 Le linn d'údair na gcumhacht is do chuallacht chomhairle
 sheanóirí
 Thír na Faidhicé a bheith timpeall ar altóir íobairte móire
 Agus a dTiarna Poiséadón á ghuí acu, do dhúisigh Odaiséas,
 Dhúisigh ar thalamh a shean ó shuan, 's níor aithin a shúile é
 Tar éis faid blianta ar an bhfán. Ba í Pallas Aitéine ba bhun leis;
 Chruinnigh iníon Shéis mhóir clúid cheo ar an áit chun go
 bhfaigheadh sí
 Caoi ar riocht bréige do chur air, 's go neosfadh sí féin dó gach
 aon ní,
 Agus go bhfanfadh as aithint do chéile is do chairde is do
 mhuintir
 Nó go n-agródh sé a gcionta ar an gcomplacht éilimh go
 hiomlán.
 Thaibhsigh go deoranta 'á chionn san a raibh ina thimpeall don
 mháistir,
 Idir chosáin is na failltreacha is chuanta a bheir ród dos na
 hárthaí
 Is chlocha gan slí chun a mbairr agus chrainn duilliúracha
 ramhra.

Phreab sé ina sheasamh go hobann is d'amharc ar thalamh a
 shinsear,
 Is chrom sé ar a chneadaigh ansin agus thóg a dhá láimh agus
 bhuaile leo
 Riamh agus choíche a chromáin, agus dúirt sé le gol is le
 caoineadh:
 "Cad é mar thalamh, mo dhiachair, é seo? Cé a bheadh ann mar
 dhaoine?
 Cé acu ina dtreibh fhiaín ghoirgeach dóibh is gan aird acu ar
 dhliethe,
 Nó an mbíonn fáilte roimh fhear coigríoch acu is urraim do
 dhéithe?
 Gach a bhfuil cruinnithe im' chongar do stór, cá gcuirfead i
 dtaisce é?
 Cá raghad féin? Nárbh fhearra dhom suaimhneas a cheapadh go
 fóillín
 Thall ar an dtalamh Faidhicéach? Do gheobhfainn rí cumasach
 eile
 A ghlacfaidh mé chuige go fial 's a sholáthródh cóir dom chun
 fillte.
 Ní fheadar anois cá gcuirfead mo mhaoín; ní ligfead go deimhin
 di
 A bheith mar a bhfuil sí, is a bheith ina sloid ag an gcéad fhear
 a thiocfadh.
 Ní róthuisceanach domsa do bhíodar, ag smaoineamh anois
 dom,
 Ná róchóir dom, mo bhrón, dream cumhachta agus comhairle
 Fhaeidhicé.
 Thugadar leo mé go trá chuain deoranta, tar éis a gheallúint dom
 Seoladh go cósta ard Iticé féin, agus b'iadsan ná dearna!
 Guím Séas chosanta lucht achainí go n-agraí orthu siúd é,
 Óir bíonn faire ar an saol aige is gheibheann fear an pheaca
 pionós uaidh.
 Ach caith súil ar do shaibhreas, a dhuine, agus comhairligh go
 cruinn é
 Is féach mura bhfuil seoid éigin san ártach sin ardaithe leo
 acu."
 Dúirt seisean amhlaidh, is chrom ar gach coire agus trípéad a
 chomhaireamh,
 Agus a raibh aige d'ór agus d'éadaí fite go hálainn.

Ní raibh ceann acu ar iarraidh, ach bhí an tír dhúchais, is chaoin sé
Is é ag máineáil ar an dtraigh agus búirtheach na mara ina
chluasa.

Lean sé ar a shíorochlán nó go dtáinig Aitéine ina chongar.
Is dealramh 'na cló le fear óg go mbeadh caoire de ghnáth aige á
n-aoireacht.

D'fhéach sí go naíonta ina haghaidh mar bhíonn clann ríthe ina
bhfeachaint.

Faoi ghile a dhá cois, sandailí, is bhí maide crúca 'na láimh
dheis.

Bhí lúcháir lena radharc ar Odaiséas. Dhruid sé ina cóngar,
Is labhair de ghuth ard leis an ndiabhean a bhí i riocht aoire
agus dúirt léi:

"Os leat féinig is túisce do bhuailim, a chara, sa tír seo,
Móra dhuit! Is ná bí chugam ar dhrochintinn ag tarlachaint liom
duit.

Saor dom na nithe seo, saor mé féin! Ó, breathnaigh mar ardaím
Chugat m'impí mar a dhéanfainn chun dé is mé ag breith ar do
ghlúine.

Inis an méid seo go fírinneach dom, mar tá gá agam le heolas:
Cé acu de thíorthaibh í seo? Cér díobh iad muintir na dútha?
Abair an failltreacha oileáin iad seo, nó an mbainid le ceann ard
Méiscreach de thíir mhórthóid atá ag caitheamh amach chun na
mara?"

Ag freagairt a laoich dúirt diabhean na súl glas Aitéine:

"Deoraí saonta is ea tú, nó is fada ó bhaile do tháinigis.

D'fhiafraís ainm na tíre seo dhíom. Bíodh a fhios agat, áfach,
Ná fuil an áit chomh mór san gan chlú, is gurb eolach dá lán é,
Pé acu go mairid i gcéin i dtreo éirí gréine agus meáin lae,
Nó i bhfad siar mar a gcailltear an ghrian in sa doircheacht
cheomhar.

Tá sé garbh go deimhin is ní oireann do ráiseanna capall;
Níl róbhocht, ar a shon san, is níl rófhairsing ach oiread,
Óir bíonn gráinne thar insint sa tír agus raidhse den bhfion
mhaith,

Is bíonn aici báisteach ins gach séasúr agus oícheanta drúchta.
Agus cothaíonn sí go hiontach na gabhair is na muca; tá gach
sórt

Adhmaid le fáil ann; ní feictear na féithreanna fíoruisce i ndisc
ann.

Chuaigh cáil Iticé i gcéin chomh fada le hIlíam, a dheoraí,
Is deirtear gur cathair í sin atá i bhfad ón dtalamh Acaeach."
Sin é mar dúirt sí; bhí áthas ar laoch an fhadfhulaing Odaiséas.
Mhothaigh sé milseacht an dúchais ansin, nuair chuala sé faisnéis
Phallas Aitéine na heagna, iníon Shéis Tiarna na Scéithe,
Is labhair sé léi de ghuth ard, níor fhreagair go fírinneach, áfach;
Luigh sé go fóill ar a scéal, óir bhíodh ag an máistir dea –
mheabhrach

Beartú gliocais ar intinn de shíor, agus dúirt leis an ndiabhean:
"Chloisinnse trácht á dhéanamh ar Iticé i gCréit leathanphlánach
Thall ar an dtaobh eile ' mhuir; b'ón dtír sin a bhuaileas le
gairid

Port anseo leis an stór seo; do thugas dom' chlainn a oiread eile
Is theithead le m'anam de chionn gur mharaíos mac Ídimineis ann.
Ba é Orsalacas é, fear tapaidh i rás, is do bheireadh
Barr ó fhearaibh na Créite ar a luaithe do bhíodh as a chosa.
Cheap sé mé d'fhágaint ar easpa na sloide a bhí buaite sa Traí
agam,

Bíodh is go raibh mórán dá dhuainéis facha ag mo chroise
Idir an coimheascar sa phlána agus cruatan ar ólaithe mara.
Thóg seisean orm nár fhan faoi thaoisíocht a athar go sásta
Thall, is gur throideas i gceannas ar bhuin chompánach liom féin
ann.

Ráinig sé ag filleadh ón dtalamh sa déanaí, is cheapas le cara
Post ganfhiosáíochta cois bóthair is shíneas le buille de spiara é.
Bhí an spéir míchta thar meon faoi dhoircheacht oíche, is ní
fhaca

Duine dá maireann an gníomh; níorbh eolach do neach gur
mharaíos é.

Ach tar éis eisean a thrascairt le bior géar bróinse do theithead
Láithreach chun loinge a bhí ar ród is chun lucht Féiniceach gur
leotha í,

Is thairgeas a sásamh dem' shloid dóibh siúd 's d'achainíos ar
mo ghlúinibh

Orthu mé a sheoladh go Piolas 's go rachainn i dtír in san áit
sin,

Nó go dtí Éilis na dteampall 'na bhfuil na hEipeigh i gceannas.
Ghluaiseadar, ach bagraíodh faoi ghála an-tréan as a gcúrsa iad,
Dá fheabhas dícheall ina aghaidh; feall chugamsa ní raibh ar a
n-intinn.

B'iúd ar an bhfán sinn riamh nó go dtánamar d'oíche ar an dtaobh seo,
 Is shámar go docht in sa chuan seo isteach. Ní tháinig i gcuimhne
 D'aoinne suipéar d'ullmhú, dá ghéire do bhíomar 'na ghátar,
 Ach chomh luath is ba thirim ar thráigh dúinn, shíneamar siar ann.
 Tar éis rámháiocht na tuirse do chloígh suan milis ansin mé.
 Thógadar siúd roimh imeacht mo chuid saibhris as bholg a loinge
 D'fhágadar láimh leis an mball é go rabhas ann im' chodladh ar an ngainimh.
 Chuadar gan mise san ártach, do ba é ceann sprice do bhí acu,
 Cathair na sluaite Siodóin, agus fágadh mé i m'aonar lem' léanta."
 Sin é mar dúirt; tig fáitheadh ar a béal ag Aitéine na súl glas.
 Rug sí ar láimh ar a laoch, is go hobann do chuir uirthi dealramh
 Mná móire áille a mbeadh ceard ina méara chun oibreacha bréatha,
 Is labhair ansin de ghuth ard agus dúirt leis go díograiseach mánla:
 "Bheadh sé ina rógaire chliste is 'na ghadaí shleamhain, an té a bhéarfadh
 Barr gach saghas camadaile uait féin, fiú amháin is gur diacht é.
 Siorchumadóir thú ná beadh lán boilg de chleasa go deo agat!
 Teach ar do dhúchas thar n-ais, is gan cuimhneamh id' cheannach ar rudaí
 A thaitin leat ó bhís beag, eachtraí píoráitithe is bréaga!
 Meáim gur ar chomhcheird dúinn 's nach ganntar a n-amhlachas eadrainn.
 Beirir an chraobh ó chách ar do líofacht chainte is ar bheartú,
 Is níl i measc dhéithe na spéartha aon dia chomh cáilmhear 's atáimse
 Maidir le meabhair is le cleasa, agus féach nár éirigh leat féinig Pallas Aitéine do dhiabhean, iníon Shéis, d'aithint is ise
 Choíche le d' thaobh is a'd' chosaint 's gach saghas cruatain a bheir ort.
 Roimhe seo, is mé faoi ndeara do mhuintir Fhaidhicé a bheith buíoch díot,

Is tagaim anois ar an bhfód seo go bhfaighir chun do bheartaithe cabhair uaim,
 Is d'fhonn go bhfolód leat an stór earraí a bhronn uaisle Fhaidhicé
 Ort sarar sheolais abhaile, is gur mise do mhúscail chun féile iad.
 Déarfaidh mé leat gach a gcaithfir id' chaisleán féinig de bhuaireamh
 D'fháil, agus creid mise leis gurb éigean duit foighneamh go deireadh
 Is gan fiú éachtaint a thabhairt d'aon fhear nó do mhnaoi ann gur tusa
 A tháinig thar n-ais tar éis blianta den bhfánaíocht; is ea, agus ní mór duit
 Fulang go ciúin 's luí thíos faoi theann 's lámh láidir na ndaoine."
 D'fhreagair is dúirt leis an ndiabhean an laoch ilbheartach Odaiséas:
 "Dá mheabhraí do bheadh aon fhear, a dhiabhean, ba dheacair dó tusa
 D'athaint ar tharlachaint ort — níl cló ná féadair a chur ort.
 B'eolach go maith dhom san am úd go mbíteá ag seasamh le fonn dom
 Nuair bhínn fairis an muintir Acaeach ag comhrac in Iliam.
 Tar éis dúinn fothracha a dhéanamh de ríchathair Phríaim ar a hardán
 Agus imeacht is na báid, is gur scaip diacht éigin na fianna,
 Ní fhacasa, a iníon Shéis, feasta thú féin; níor bhraitheas go dtáinís
 Riamh ina dhiaidh ar mo bhord chun do dhalta do chosaint ar anró.
 Bhíos gan sos ar an bhfán, is mé lán de dhoiléireacht an amhrais Riamh nó gur dheonaigh na déithe mé a shaoradh ó shaol ainnisíochta,
 Agus go ndúraís féin liom ar mhachaire méith na bhFaidhicéach Caint mhisniúil is gur sheolais mo chosa go cathair na bhfear sin.
 Guím thú anois ar mo ghlúine dar t'Athair, mar ní fhéadaim a shamhlú
 Fós gur in Iticé atáim, ach go mbrúim fém' chosa ar an uair seo

Talamh thar m'eolas nach í, is gur ag magadh faoi shaontacht an fhánaí

Ataiose le bréithre ná féadann ach m'aigne a bhréagadh chun suaimhnis.

Abair go fírinneach liom, an í sin tír dhúchais an deoraí?"

Agus ag freagairt a laoi ch dúirt diabhean na súl glas Aitéine:

"Tá an spioraid chéanna, mar chím, ag maireachtaint de shíor i do chliabhsa.

Agus sin é agat an fáth ná féadaim thú a thréigean sa donas, Tráth is go bhfuilir dea-labhartha agus beartaitheach agus dea-mheabhrach.

Fear nach tú, tar éis fillte ó shaol fánaíochta agus tuirse, Bheadh fonn láithreach air, cinnte, chun cuairde ar a chlainn 's ar a chéile.

Níl deabhadh ortsa le ceisteanna a chur ná éileamh ar fhaisnéis Nó go mbeidh triail agat bainte as do mhnaoi; is creid mise go bhfanann

Sise sa tigh comhghnách, is na deora á sileadh go deo aici Oícheanta is laethanta fada do leanas a chéile go brónach. Maidir liom féin, ní raibh amhras riamh agam, b'eolach go cinnte

Dhomsa go bhfillfeá abhaile lá éigin, gan aoinne den chomplacht Slán dá raibh farat sa bhád. Ach cath ar Phoiséadón ní chuirfinn, Óir ba dheartháir é do m'athair, 's mailís ann go nimhneach id' choinne

Riamh ó dhallais a mhac - dá chionn bhí cuthach go brách air. Seo, taispeáinim id' radharc fód Iticé, d'fhonn is go ngéillfir. Féach faoid' shúile i dtosach cuan Fhoircís Seanthear na mara, Is tá an crann ola leis féin aige ceann cuain faoina bhileoga Leabhaire, agus breathnaigh i gcóngar an chrainn uamhain chaithiseach cheomhar,

Áit atá coisricthe riamh leis na Náiada bruinnealla an uisce, Agus gur mhinic duit cuaird ar an seomra atá fairsing faoi áirse Is íobairt an-álainn a dhéanamh de bhuín bhandéithe na huamhnach.

Breathnaigh ar Néiriteas ard agus clúdach coillte ar a chliathán." Nuair bhí ráite aici, scaip sí an ceo agus do thaibhsigh an talamh.

B'éachtach an t-áthas a tháinig ar laoch an fhadfhulaing Odaiséas;

B'aoibhinn leis amharc a thíre agus phóg sé branar na beatha, Is thóg sé in airde a dhá láimh is ba bheannachtach d'éimh ar na Nimfi.

"Éistidh, a iníonacha Shéis liom! Ar measadh, a Nimfi, is, a Náiada,

Riamh dom go bhfeicfinn arís sibh? Anois is le hurnaitheibh ansa A bheannaím daoibhse is is mó fialbhronntas, mar fuaireabhair cheana,

A gheobhaidh sibh arís, má fhágann iníon Shéis bhuaite na sloide

Beo mé féin, 's má mhéadaíonn blianta agus cáil ar mo leanbh."

Agus le cion ar a laoch dúirt diabhean na súl glas Aitéine:

"Glac misneach! Is ná déanadh na nithe sin tinneas do t'aigne.

Téanam! Bailimis láithreach i ndiamhaireacht iarthar na huamhnach,

D'fhonn is go bhfanfaidh duit slán, gach a bhfuil agat d'ór is de sheoda,

Is déanfam 'na dhiaidh beartú conas b'fhearr d'éireadh leis an iarracht."

Sin é mar dúirt, is cheiliúir faoi scáth ceodhorcha na huamhnach, Is chuartaigh a raibh ann de phoill chun folaithe; bhailigh Odaiséas

Chuici isteach a chuid maoine, idir ór agus bhróinse dochaite, Is éadaí breátha dea-dhéanta do bhronn na Faidhicéigh go fial air.

Ba í a chuir i dtaisce go cruinn dó is a dhaingnigh an doras le líg mhóir,

Pallas Aitéine na heagna, iníon Shéis Tiarna na Scéithe.

D'fhanadar suite 'na dhiaidh sin ag bun chrann ola na huamhnach

Is rinneadar bás na mbodach sin de chomplacht éilimh a bheartú. Thosnaigh Aitéine na súl glas ar labhairt an athair agus dúirt sí:

"Éist liom, a mhic Laeirtéis, a laoi ch ilbheartaigh Odaiséas, Smaoin ar an bhfogha atá le tabhairt faoin gcomplacht éilimh gan náire

Tar éis trí mblian d'ardréim atá facht acu i gceannas do chúirte, Is céile do leapa acu á héileamh is luach acu á thairiscint uirthi.

Leanann sí, áfach, go diachrach 'na croí agus ag feitheamh led' theachtsa

Choíche is de shíor agus cuireann an complacht éilimh ar cairde

Á geallúint féin d'fhearaibh ar leith, is a mhalairt 'na hintinn."
 D'fhreagair is dúirt leis an ndiabhean an laoch ilbheartach
 Odaiséas:
 "Dóbair dom cinnte, mo léir, deargíde Agamamnoín mhic
 Aitréis
 D'fháil i mo thigh, mura bhfaighinn ód' bhéal cruinntuairisc, a
 dhiabhean.
 Seo anois, beartaigh dom conas a dhéanfad orthu agairt a
 gcionta:
 Seasaimh sa chomhrac le m'ais agus líon mé den mheanmain
 chéanna
 A thugais dom nuair bhí túir aolbhána na Traí againn á leagadh.
 Má bhír amhlaidh lem' thaobh is a'm' spreagadh le díograis, a
 Shúil Ghlas,
 Measaim ná caillfinn an lá in aghaidh trí chéad laoch in sa
 choimheascar
 Nuair a mhothóinn Bantiarna mo chosanta láimh liom is
 fabhrach."
 Agus ag freagairt a laoch dúirt diabhean na súl glas Aitéine:
 "Geallaim go mbeadsa led' thaobh, agus ní ganfhios domsa do
 bhéarfaidh
 Tráth dianoibre ort féin; bead leat, agus creid mé go bhfeicfear
 Urlár fairsing do halla á bhreacadh le fuil agus inchinn
 Chomplacht éilimh do mhná, cladhairí atá ag ídeach do bheatha.
 Ach ní mór dom do phearsa do chlaochló as aithint do dhaoine;
 Feofad an craiceann atá chomh líofa ar do ghéaga solúbtha,
 Is fágfad do bhaitheas gan finne na gruaige, is i gceirteacha lofa
 Geobhfad thú ar chuma go dtabharfaidh an duine do chífear thú
 fuath dhuit.
 Bhéarfaidh mé dhá fhiarshúil duit in ionad na súl seo is a
 dtaitneamh,
 Is féachfair ar theacht duit i láthair don chomplacht éilimh go
 gránna
 Agus do d' chéile is don oidhre do bhí, nuair d'fhágais, 'na leanbh.
 Gluais leat chun aoire na muc, is é do leas céadchuaire ar an té
 sin,
 Óir ní hamháin gur dea-aoire é, ach maireann sé dílis go deo
 dhuit
 Is tugann sé dúthracht dod' mhac is dod' mhnaoi Peanápla
 mheabhrach.

Gheobhair é i dteannta na muc, go bhfuil cróite acu ag Carraig
 an Phréacháin
 Le hais na dtoibreacha a líontar go fial ó fhéith Aratúsa,
 Is flúirse de mheas na daraí agus den bhfioruisce scáfar 'na
 gcomhair ann —
 Is iadsan an dá rud is fearr a bheathaíos blás méithe ar na muca.
 Fan in san áit sin go foighneach is fiafraigh gach cúrsa den aoire
 Le linn domsa d'imeacht go dtí Sparta na mbruinneall is áille
 D'fhonn Teilimiceas óg t'aonmhacsa do spreagadh chun fillte.
 Ghluais sé go tigh Mheinealáis atá i machaire mór Lacadaemóin
 Ionas go gcloisfeadh id' thaobh, dá mba bheo dhuit fós, focal
 éigin."
 Dúirt ansin á freagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:
 "Cén fáth dhuitse, is gach eolas agat, gan an focal a rá leis?
 Arbh amhlaidh ba mhian leat go raghadh sé im' dhiaidh ar an
 bhfán is ag fulang
 Bróin ar an sáile gan bharr, 's dream eile i mbun ídithe a
 bheatha?"
 Agus ag freagairt a laoch dúirt diabhean na súl glas Aitéine:
 "Creid mise leis, ní gá dhuit a bheith ina thinneas go rómhór.
 Mise do thionlaic ann é, chun go dtiocfadh mar thoradh ar a
 thaisteal
 Méid ar a chlú; tá sé socair go breá i bpálás an Aitréidigh
 Is níl aon chruatan ag breith air, ach gach ollmhaitheas 'na
 thimpeall.
 Chuaigh scata teallairí óga ina n-árthach go poll ganfhiosáíochta
 Is táid sin meáite ar a bhás sara bhfillfidh ar thalamh a shinsear;
 Ach sara n-éireoidh leo, beidh cuid acu féin in sa tuama,
 Deighilte ón gcomplacht éilimh a mhaireas ag ídeach do
 rachmais."
 Mhothaigh an laoch ansin slat draíochta ag Aitéine dá bualadh
 air.
 D'fheoigh sí an craiceann a bhí chomh líofa ar a ghéaga
 solúbtha,
 Is d'fhág sí a bhaitheas gan finne na gruaige, agus craiceann
 seanóirín
 Fhoirithe chaite do leath sí ar gach aon orlach dá cholainn.
 Thug sí dhó dhá fhiarshúil gan an taitneamh ba ghnáthach 'na
 shúile.
 Chuir sí ceirteacha gránna air in ionad a chlóa is a chóta;

Bhíodar go gíobalach smeartha agus míbholadh súigh gafa
tríothu;
Cheangail sí timpeall a ghualann seithe eilite luaithe, agus bhí
sin
Lom agus pollta, agus thug sí dhó maide agus mála na míghné
Bhí an iomláine ina ghiobail is corda ann lena ardach aniar air.
Bhí gach beartú déanta, agus scaradar láithreach le chéile,
Is d'imigh Aitéine go tír Lacadaemóin ar thóir mhac Odaiséis.

XIV

Shíulaigh an laoch an cosán caol garbh go barra na faille
Suas ón gcuan trí choill ar an leirg, 's mar d'ordaigh Aitéine,
Chuaigh mar a gcónaíodh aoire na muc d'aoiríodh ar an té ab
fhearr
Seilbh a mháistir thar aoinne den lucht seirbhíse do bhí aige.
Tharla sé i bhfascaín a bhí chun tosaigh ar áitreabh na ndaoine
air,
Clós ard breá comhchruinn scópúil a bhí tógtha san oscailt
Fhairsing le saothar an aoire dá mhucaibh 's a mháistir as baile
Is nárbh eol dá mháistreás ná do shean-Laeirteís a shaoirseacht.
Thóg sé an falla le clocha coiréil 's fás deilgne in airde air,
Is dlúth lena chéile lasmuigh bhí pollaí sáite aige timpeall
Déanta de chrannaibh daraí a bhí gearrtha agus cumtha aige
féinig.
Rinne sé dhá chró dhéag laistigh ann de leapacha cráinte
Gairid dá chéile agus bhíodh ins gach ceann acu sínte san oíche
Leathchéad cráin 's a mbanbhaí; faoin aer do ba ea d'fhanadh na
collaigh,
Agus de dheascaibh an chomplachta éilimh ba theirce go mór
iad,
Óir bhídís gan staonadh á n-ídeach ar bhordaibh na bhféastaí,
Is thugadh an t-aoire uaidh rogha in aghaidh an lae dá
chéiseanna méithe.
Bhí ceithre ghadhair ina mbun 's dhealraíodar le faolchoin, a
fuair riamh
Beatha is oiliúint ó aoire na muc, maor stiúrtha na feirme.
Bhí boinn leathair an uair sin á dtrial ar a chosa aige; bhíodar

Gearrtha aige as chraiceann dea-leasaithe bó; bhí triúr des na
giollaí
Thall is abhus ar a siúl do réir dualgais ag faire ar na muca,
Is d'imigh, mar d'ordaigh a mháistir, an ceathrú fear chun an
chaisleáin
Is muc aige roimhe á tiomáint chun an chomplachta éilimh; mar
caitheadh,
Ionas go mbeadh ábhar íobairte is sásamh a ngoile acu an lá sin.
Thaibhsigh do ghadhair sin na húlthairte baoithe go hobann
Odaiséas
Is ritheadar chuige le fuinneamh is gleo. Shuigh seisean go
ciallmhar
Síos mar a raibh sé; do shleamhnaigh an maide leis sin as a
dhearnain.
Dúchinníúint rōghrána a bhí roimhe ar an uair sin 'na chlós féin
Murach an t-aoire do theacht lena raibh ina chosa de luathacht
Chuige as an bhfascaín 'na ndiaidh, agus thit as a mhéireanna an
leathar.
Ghlaoigh sé go hard ar na gadhair agus scaip soir siar in sa
chlós iad
Is clocha dá raideadh aige leo, agus do labhair lena thiarna agus
dúirt leis:
"Dóbaí, a sheanduine, dhuitse go ndéanfadh an paca seo d'aon
ráib
Conablach díot, is go mbeadh clú gránna orm féinig dá
dheascaibh,
Is creid mé gur ghearraigh na déithe orm cheana mo dhóthain
de dhiachair.
Óir bíonn deora de shíor liom in éagmais an mháistir ba
bhreátha
Dár mhair riamh, is go gcaithim a mhuca do thógaint le n-ithe
D'fhearaibh nach é, is gurbh fhéidir go dtéann sé féin ar an uair
seo
Ocrach le fán trí thuaith is trí chathair gur deoranta a dteanga —
Más beo fós ar an saol dó is go bhfeiceann sé solas na gréine.
Ach ná bac sin, a sheanduine, ach téanam isteach sa bhothán seo
D'fhonn is go bhfaighir, leis, sásamh do mhiaín dá chuid bídh
agus fiona
Agus go neosfair cad as duit 's an ainnise a tharlaigh id' shiúl
duit."

B'in é mar labhair aoire iontach na muc, agus sheol 'on bhothán leis
 Is shocraigh go sámh ar an mbinse an seanóir, tar éis easair a leathadh
 Agus anuas uirthi sin seitheadh fiaghabhair faoina chuid fionnaidh.
 Ba í a leaba féin í sin, bog fairsing, is líonadh Odaiséas
 D'áthas na féile is na fáilte, agus labhair sé agus dúirt leis an aoire:
 "Guímse go bhfaighir ó Shéas is na déithe ná héagann, a thíosaigh,
 Rogha a bhfuil de mhianta i do chroí, mar ghlacais le féile is le fonn mé."
 Labhair Eomaeas dea-aoire na muc á fhreagairt is dúirt leis:
 "Duine ba shuaráí fós ná tú féin dá dtiocfadh, a dheoraí,
 Níor cheart liomsa neamhspeis ann; is ó Shéas chugainne do cuirtear
 Deoraithe is bacadh, 's an bronntas dá laghad, leis an ndéalbh is fial é
 Má bhíonn do réir ár ngustail, mar bíonn seirbhísigh sa chás sin,
 Is bíonn síoreagla ar a gcroí más amhlaidh 's ar caspa dea-mheabhrach
 Dá dtiarnaí. Ní lamhálann na déithe go bhfillfidh an tiarna
 A bhéarfadh le maiteas a chroí buanú neamhspleách dom i seilbh,
 Faoi mar is gnách do dheamháistir a riaradh ar dheamghiolla as a rachmas,
 Teach agus feirm thalún agus bean ardluachmhar in éineacht,
 Toisc gur sclábháí maith é is gur bheannaigh na déithe a chuid oibre.
 Thuirling a mbeannacht go fial ar an bhfeirm seo a fhairim im' stiobhard,
 Is cúiteamh ann gheobhainn óm' thiarna dá gcaitheadh sean-aois san oileán seo.
 Cailleadh é sin, is mo mhairg nach roimhe do cailleadh go hionlán
 Héilin 's a treabh, mar do síneadh a lán fear cogaidh dá deascaibh.
 Chuaigh seisean, leis, ina measc ar an bhfód ardeach atá timpeall
 Chathair na Traí agus do chomhraic mar gheall ar onóir Agamamnoín."

Labhair seisean amhlaidh, 's ba thapaidh a theann crios timpeall a chóta
 Is ghluais leis go cróite na muc gurbh iontu do shluaite na mbanbhaí.
 Bhailigh sé chuige dhá cheann acu is d'ardaigh leis iad agus sháigh iad
 Is tar éis fórdhóite do ghearraigh sé beag is ar bhearaibh do chuir iad
 Is róst leis an dtine agus thug go dtí an bord a bhí i láthair Odaiséis
 Feoil na muc óg as a teas ar na bearaibh, is chroith uirthi min bhán.
 Mheasc sé i mbabhla eidhneáin fion cumhra agus blastacht na meala ann,
 Is shuigh sé féin os a choinne agus mhisnigh cun bídh é á rá leis:
 "Caith, a fhir dheoranta, anois, gach a bhféadann na sclábhaithe a thabhairt duit.
 Feoil na mbanbhaí, mar ní bhfaigheann ach an complacht éilimh an mhuc mhéith,
 Is líonaid a mbolg gan aon choinsias ná taise dá mbuaireamh.
 Ní cúis thaitnimh an gníomh éagórach do dhéithibh an aoibhnis.
 Ach gheibheann ceart luach uathu agus beart do réir riail an dea-iompair.
 Dá ghoirgí slua naimhdeach ag ionsaí thalamh an choigrigh,
 Is gurb é toil Shéis chumhachtaigh go bhfaighid éacht sloide is a n-árthaí
 A líonadh go gunail is scoladh go cuantaibh an bhaile gan óspairt,
 Ní slán fós dá gcroí sin ó eagla agus géarghearradh coinsiais.
 Fuair ár naimhdene fios, ní foláir, ó dhia agus is eol dóibh
 Bás truamhéalach mo thiarna, is ní dhéanfaid go dlisteanach cúrsaí
 Éileamh a mhná; ní raghaid ar a ndúchas ach fanaid go breá bog
 Is lón ár dtíre acu á chaitheamh go tiarnúil amplach gan spáráil.
 Óir gach lá a shoilsíos ó Shéas nó go leanann an oíche é
 Bíonn acu beatha dá híobairt, 's ní ceann acu amháin é nó dhá cheann,
 Is discíd gach a bhfuil d'fhíon ann le síortharraing agus le síoról.
 Ní raibh teora le saibhreas an mháistir; ní raibh a oiread céanna

Bailithe riamh de shealúchas ag fear dár mhair ar an mórtír
 Ná i dtír Iticé féin; fiche fear is a rachmas le chéile,
 Nára comórtas do mhaoín Odaiséis é; sid é agat an t-áireamh:
 Dhá thréad déag ar an gcósta de bhuaibh, is a oiread céanna de
 chaoire,
 Is aoirí deoranta i bhfeighil ann, is a thuilleadh ann as Iticé a
 tháinig,
 Is aon tréad déag dá chuid gabhar atá ag féarach ar fhód an
 oileáin seo
 Thall in sa lúib sin is sia uainn féin, 's fir mhaithe ina gcúram.
 Caitheann gach aoire den dream sin an t-ainmhí is méithe dá
 stoc féin
 D'ardach in aghaidh an lae suas chun an chaisleáin 's cóip sin na
 bhféastaí.
 Táim mar an gcéanna i mbun tréada na muc a chothú agus a
 chosaint,
 Agus in aghaidh an lae chucu ní mór rogha muice do ligint."
 Bhí sé siúd lena linn sin ag ithe is ag ól ar a shástacht,
 Cíocrach is ciúin, agus crá aige don chomplacht éilimh á
 bheartú.
 Nuair bhí deireadh le bia aige is an misneach múscaíte arís ann,
 Líon Eomaeas an cupa do bhí aige agus shín chun a chóisirigh
 Lán d'fhíon láidir go barr é, agus thóg sé siúd é le háthas
 Is labhair sé le haoire na dílse go dúthrachtach buíoch agus dúirt
 leis:
 "Cérbh é an fear sin a cheannaigh thú féin lena ghustal, a chara,
 Fear chomh saibhir is láidir i lár na coda eile, mar deirir,
 Agus 'na theannta gur éag sé mar gheall ar onóir Agamamnoín?
 Fear chomh héachtach leis sin, ráineodh sé ar m'aitheantas,
 b'fhéidir.
 Abair liom a ainm; is eolach do Shéas is do dhéithe na síre
 Radharc agus scéal má fuaireas air sin, is a bhfuil agam siúlta."
 Ba é a dúirt aoire na muc, maor stiúrtha na sclábhaithe, á
 fhreagairt:
 "Níl, a sheanóir, fánaí dá n-inseann go bhfacadar eisean
 D'fhéadfadh a scéala go deo a chur 'na lúí ar a mhac 's ar a
 chéile.
 Níos lucht fáin é sin, a bheith ag cumadh na mbréag le
 neamhaistear;
 Is é is sia siar ina gceannsan mar chúram, an fhírinne d'insint.

Gach fear siúil acu riamh, tar éis cósta ár n-inise a tharraing,
 Seo leis go dtí an Bhanríon agus eachtraí éithigh 'na bhéal dí,
 Is ise go hardfhial leis is go leanann na ceisteanna a chéile
 Is éiríonn caoineadh gan mhoill agus líonann a súile de dheora
 Faoi mar is gnáthach do bhaintrigh gur cailleadh i gcéin a fear
 pósta.
 Níorbh aon nath agat féin scéal dealrach a chumadh, a sheanóirín,
 Dá mbeadh cóta agus clóca le titim dá bharr mar ghabháil ort.
 Maidir lem' Rí, ní foláir nó is fada atá feoil agus craiceann
 Bainte dá chreatlach ag éanlaithe is gadhair, is gur scartha don
 anam,
 Nó go bhfuil iasc tar éis beatha do dhéanamh dá chorp in sa
 tsáile
 Agus a chnámha ar chósta éigin go doimhin faoi dhuícheanna
 gainí.
 Pé acu do tharlaigh, is éag dó, agus diachair 'na dhiaidh ar a
 chairdibh
 Uile agus ormsa thar chách, óir pé treo a gheobhfad ar an saol
 seo
 Choíche ní bhfaighead aon mháistir atá chomh séimh is a bhí sé,
 Fiú dá sroichfinn arís mar a gcónaíonn m'athair 's mo mháthair
 Agus an teaghlach go dtánga ar an saol is gur thógadar ann mé.
 Cé go mothaím uaim iad is gur uaigneach atáim is gur bhreá
 liom
 Seasamh ar thalamh an dúchais 's an bheirt sin d'athfheiscint
 lem' shúilibh,
 Uaigneas is mó ná sin agus cumha ó d'imigh Odaiséas
 Braithim, a chara, is ar eigeann a ligeann an cion sin dá ainm
 Dul thar mo bhéal, mar do ghráigh sé thar cách mé is do chuir
 ionam ardspéis.
 Is é an deartháir is sine é, is i gcéin dó, is é sin a ghlaoim air."
 Nuair bhí an t-aoire ina thost, dúirt laoch an fhadfhulaing
 Odaiséas:
 "Ós bréagnú dhuit de shíor, a fhir chóir, 's nach toil leat in aon
 chor
 Géilleadh go bhfillfidh sé siúd, ach fanacht díchreidmheach id'
 chroí istigh,
 Ní haon insint a dhéanfad a thuilleadh go bhfillfidh Odaiséas —
 Bhéarfaidh mé mionn duit gur fíor é, is a luach ná tugtar dom
 láithreach,

Nár fhaighead éadaí breátha is an bruth orthu, cóta agus clóca,
Uaibhse go dtiocfaidh an lá agus go bhfillfidh an laoch ar a
theaghlach.

Roimhe sin, féach, dá ghéire é mo ghátar, ní ghlacfaid le haon
rud.

Óir ní gráine lem' chroí geata Háidéis féin ná a leithéid sin
D'fhánaí do dhéanfadh ar mhaithe lena uireasa steallaireacht
éithigh.

Deirim i bhfianaise Shéis is na ndéithe agus bhord seo na féile,
Is naomhthinteán Odaiséis arduasail go bhfuilim 'na láthair,
Gach a bhfuil ráite agam leatsa, go bhfaighir comhlionta go
luath é.

Sara mbeidh deireadh le laetha na bliana seo, fillfidh Odaiséas.
Idir an ré seo a cheiliúradh ón aer 's ré eile do theacht air,
Tiocfaidh an laoch ar a dhúchas thar n-ais 's agróidh ar an
ndream úd

Gach easonóir dá bhfuil déanta acu riamh dá mhac is dá chéile."

Labhair Eomaeas dea-aoire na muc á fhreagairt is dúirt leis:

"Duais sin do scéil, ní mise do dhíolfas, a sheandúine, leat í;

Ná ní feicfear, ach oiread, Odaiséas choíche ina theaghlach.

Ól ar do shuaimhneas, is labharfam ar nithe nach é, agus ná
bacsá

Cuimhne do mhúscailt im' mheabhair ar an ábhar sin arís, mar
is crá croí

Dhúinn más clos ó neach cur síos ar an dtiarna do b'fhearr
riamh.

Fág idir mhionn agus scéal - bead ag moladh leat - fillcadh
Odaiséis

Faoi mar bhímse de shíor 's mar bhíonn Peanápla ag tnúth leis,

Faoi mar bhíonn Laeirtéis seanóir 's Teilimiceas álainn.

Sin cúis eile le diachair ná scarfaidh liom, aonmhac Odaiséis.

Ghluais Teilimiceas uainne. Do ba é an ghéag úrmhar sa tigh é
Tógtha aige déithibh, is mheás, nuair d'fhásfadh 's go dtiocfadh
an t-aos dó,

Nár lú cáil é ná a athair, is taitneamh i bpearsain 's i ngné aige.

Bhí meabhair chruinn aige sin, atá millte aige dia des na déithe,

Muran duine éigin a rinne é. Go Piolas na gainimhe báine

D'imigh sé ar thuairisc an athar. Do bhailigh i bpost

ganfhiosáíochta

Daoine den chomplacht éilimh go buacach ag faire ar a sheoladh

Trasna na mara thar n-ais chun go gcuirfid in Iticé deireadh

Trína mharúsan le hainm 's le sliocht Aircéisias sinsear.

Fág sin, leis — cén mhaith bheith in amhras an mbéarfaidh an
dream air

Nó an éalóidh sé lena anam is láimh mhac Chronais 'na sciath
dhó?

Inis ina ionad san dúinn scéal t'ainnise féin, a sheanóirín.

Abair go firinneach liom, mar is mé atá piacalach chun eolais,

Cér díobh thusa is cad as duit, is cá bhfuil do chathair 's do
chine?

Cén saghas áirthaigh a bhí agat? Is a criú, cad a thug orthu thusa

A ligint in Iticé i dtír? Cén dúchas a mhaíd orthu féinig?

Labhair! Ní de chois, ar ndóigh, tháinís ar an gcósta seo
againne."

Labhair leis an aoire dá fhreagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:

"Gach a bhfuil fiafraithe agat, inneosad anois gan agó dhuit

Creid mé, dá mbeadh a oiread bídh 's a choinneodh ar feadh
aimsire fada

Sinn sa bhothán seo, agus fion dea-bhlasta dá réir, agus sánas

Suaimhneasach ceadaithe dhúinn, is go raghadh an chuid eile i
mbun oibre,

D'fhéadfainn leanúint ar mo scéal dobróin ar feadh bliana gan
traochadh,

Is ní bheadh deireadh agam fós lenar fhulaing an croí seo de
dhiachair

Is gach a bhfuil gafa agam tríd d'anró trí naimhdeas na ndéithe.

Maím orm féin gur i gCréit leathanphlánach a thánga ar an saol
seo

Is m'athair ina fhear ardsuibhir, 's a lán nach mé aige de chlainn
mhac

Dlisteanach ó mhnaoi phósta; do rugadh an t-ál sin 'na theaghlach

Agus do tógadh ann iad, ach ba dhaorbhean cheannaithe a
shaolaigh

Mise do laoch sin an chlú gurbh ainm dó Castór mac Húlaics.

Maoim orm féin gur dá chlainn mé, agus cé nár dhlísteanach
m'fhuilse,

Thóg sé ar chomhchéim riamh mé le macaibh a shaolaigh a
bhean dó.

Glóire ar an dtalamh mar dhia, bhí sin aige i ndúthaigh na
gCréatach

Toisc go raibh maoin aige is séan, agus clann a bhí cáilmhear i
ngníomhartha.
Ó bhandéithibh an bháis chuige ar deireadh do tháinig an
dúghlaoh,
Is chuaigh sé go Háidéas na scáth; agus eatarthu féinig ar
chrannaibh
Riar clann mhac an fhir mhóir sin go buacach an rachmas a bhí
aige,
Ach níor thugadar domsa ach na himill is teach ina dteannta.
D'éirigh liom cleamhnas a dhéanamh le dream ardsuibhir 'na
dhiaidh sin
Toisc go raibh sprid ionam 's gníomh; níor dhuine
neamhaistreach riamh mé
Ná ní striocfainn do namhaid. Mar imíonn fionncheo, do
cheiliúir sin,
Breathnaigh inniu, ar a shon san, an crann atá feoite is aithneoir
fós
Conas mar bhí. Táim cnaptha is cromtha ag an iomarca
callshaotha.
Bhronn Airéis is Aitéine san am faobhar misnigh ar m'aighe
Is neart an-tréan dá réir. Nuair thoghainn chun postanna catha
Rogha na bhfear cróga is go mbíodh agam creach dár naimhdebh
á beartú,
Ní bhíodh buaireamh ar m'intinn le meabhrú ar chreathaibh an
éaga;
B'amhlaidh a léiminn go fuíoch chun tosaigh 's go leagadh mo
spiara
Pé rud naimhdeach ná bíodh i bhfad romham ins na tréintibh ag
teitheadh.
B'in é mar bhínn in sa treis; ní thaitníodh saothrú na talún liom
Ná dianchúram sa teaghlach le páistí breátha do thógaint,
Ach bhí riamh agam éileamh ar árthaí luatha is ar rámháocht
Agus ar chogadh is ar shleatha dea-líofa is ar bhoghaithe agus
saigheadaí.
Gléasanna báis iad san, agus critheann a lán eile rompu,
Ach théadh m'intinnse leo, chuir déithe i mo dhúchas an tréith
sin.
Óir, ábhar suilt ar an saol seo ó dhuine go duine ní hionann.
Sara raibh tiormaithe ar thalamh na Traí ag clúchlannaibh Acaea,
Sheolas amach naoi n-uaire i mo chaptaen fear agus árthaí,

Is chreachas na daoine thar lear agus bhuas éacht sloide dá bharr
san.
Bhíodh céadrogha agam di sin, agus thiteadh a lán ina dhiaidh sin
Orm ar mo chrann; bhí rachmas ag teacht ar mo theaghlach, is
thuillfinn
Gradam is urraim thar barr sara fada ó mhuintir na Créite.
Ach nuair bheartaigh an dia leathan-radharcach do shlúaitibh
Acaea
Aistear na léanta ba mhó, d'fhág thall sínte a oiread san laochra,
Hordaíodh mise le hÉiminéis ardcháilmhear i gceannas
Loingse le seoladh go Traí; ní raibh aon leithscéal ann go
bhféadfainn
Diúltadh don iarracht dá chionn — bheadh náire na faiche dá
tabhairt dom.
Thall ansin naoi mbliana bhí clann na nAcaeach ag comhrac,
Scríosamar cathair Rí Priam in sa deichiú bliain agus chuamar
Trasna na mara thar n-ais. Scaip dia árthaí na nAcaeach,
Is donas dom féinig a cheap Séas mheabhraithe an tsaoil atá i
ndán dúinn.
Tar éis mí amháin dom ag baile agus rachmas an teaghlaigh im'
thimpeall
Is aoibhneas chuideachta mo chlainne is mo mhná, bhuaile
smaoineamh go grod mé
Loingeas a chóiriú arís agus seoladh go hÉigipt le fearaibh
Breátha mo bhuine; do rinneadh gan mhoill naoi n-árthach a
chóiriú,
Is bhailigh a lán mairnéalach. Ar feadh sé lá roimh an aistear
Bhíos-sa is mo lucht compán i mbun féastaí niamhracha a
chaitheamh.
Rinneas-sa dhóibh éacht stoic óm' pháirceanna féin a sholáthar,
Ábhar ofrála do dhéithibh ar dtúis 's ábhar feola dá bhfleatha.
Chuamar ar bord ar an seachtú lá is ó Chréit leathanphlánach
Sheolamar 's bhí gaoth díreach aduaidh ár séideadh go hálainn
Roimpi go réidh mar gluaistear le sruth; níor tharlaigh ar aon
bhord
Óspairt ná galar ar bith; inár suí feadh an taistil a bhíomar
Is d'fhágamar seoladh na mbád faoin ngaoith 's faoi fhearaibh na
stiúrach.
Cúig lá a bhíomar sa tsiúl chun ribhéar mór Éigipte a
shroichint.

Chuireas ar ród m'árthaí cois calaidh ar an Níle go socair;
 Dúirt le cuid éigin de m'fhoirinn fanacht ar na cóngair ar garda
 Is d'ordaíos d'fhearaibh nach iad dul suas ar na hardaibh ag faire.
 Bhí lán teaspaigh á sporadh agus chuadar mar tharraing a mian
 iad,
 Is ó ghoirt bhreátha na bhfear Éigipteach do thugadar sloid leo.
 Rinneadar treascairt na bhfear, d'ardaíodar a mná is a leanaí leo,
 Is níor rófhada ina dhiaidh sin gur cloiseadh an liúrach sa
 chathair,
 Agus le lóchaint an lae d'fhreagraíodar an glaoch agus tháinig
 Sluaite acu amach agus líonadh an plána de choisithe is
 mharcaigh
 Is glioscarnach arm faoin ngréin, is do leath Séas chaite na toirní
 Sceimhle ar mo bhuin, is ní leomhfhadh ansin aon fhear acu
 seasamh
 Is féachaint sna súile ar an namhaid, mar ní raibh ina dtimpeall
 ach uafás.
 D'iaigh arm namhad orthu láithreach, mharaíodar le sleathaibh a
 lán fear,
 Is thugadar leotha an chuid eile le saol sclábhaíochta do
 chaitheamh.
 Maidir liom féinig, do chuir Séas cuimhneamh im' mheabhair ar
 an uair sin,
 Is b'fhearra go mór dom go deimhin críochnú le cinniúint agus
 bás d'fháil
 Uathu ar an bhfód sin in Éigipt — bhí a oiread san léanta ag
 fanacht liom.
 Láithreach do bhaineas dem' cheann an cafarra dea-oibrithe
 miotail
 Is thógas dem' ghuailibh an sciath, 's óm' lámh síos ligeas an
 spiara
 Is chuas chun an rí agus i bhfianaise a chapall do chaitheas mé
 féin síos
 Is rugas ansin ar a ghlúine, agus dheonaigh le trua dhom mé a
 chosaint,
 Is d'ardaigh sé suas ar a charr agus thug leis ag sileadh na ndeor
 mé.
 Bhí slua ag brú inár dtimpeall 's gathaí á luascadh ina lámha acu
 Is fonn ar a gceol chun mo sháite agus fiúnach thar teorainn 'na
 aigne.

Choinnigh sé uathu mé ar eagla go gcuirfeadh i bhfeirg leis Séas
 mór
 Fáilte agus féile ná faightear dearmhadach ar agairt na gcionta.
 D'fhanas sa tír seacht mbliana, agus b'éifeachtach an cnuasach
 sin d'fhág mé
 Saibhir i measc Éigipteach; do thugadh gach aoinne dhom
 bronntas.
 Ach nuair tháinig an t-ochtú bliain, bhí nuacht ar na cóngair;
 Bhuaill Féiníeach liom ann, ba é máistir na gceardaithe bréag é
 Is mealltóir oilte na bhfear is gur mó duine léanmhar dá
 dheascaibh.
 Mheall seisean leis mé go port Féiníeach le líofacht a theangan,
 Is chuamar i dtír in san áit go raibh teach aige féin ann is seilbh,
 Agus im' chóisireach d'fhanas 'na theaghlach go deireadh na
 bliana.
 D'imigh na laethanta tharainn is chríochnaigh na míosa sa tír sin
 Is nuair bhí an geimhreadh ag ceiliúradh agus boigeacht an
 earraigh ag filleadh,
 Chóirigh sé dhomsa is dó féin bád farraige móire do sheoladh,
 Is mheall mé le caint chun go raghainn is mo stór liom go Libia
 fairis,
 Agus go ndíolfadh ar luach ardsclábhaí mise ar bheith thall
 dúinn.
 Bhíos, ag imeacht dom, in amhras, ach conas a dhéanfainn a
 mhalairt?
 Sheolamar, 's bhí gaoth díreach aduaidh ár séideadh go hálainn
 Roimpi go cósta na Créite, agus léirscrios ceaptha ag Séas dúinn.
 D'fhágamar Créit inár ndiaidh; níor nocht dúinn aon talamh eile,
 Is ní raibh feasta inár dtimpeall ach spéir agus sáile le feiscint.
 Lig mac Chronais ansin ar an aer crónscamall go hobann
 Díreach os cionn ár mbáid, agus dhorthaigh an mhuir lena scáth
 san.
 D'fhuarmáil toirneacha Shéis lena linn; leis an ártach do scaoil
 sé
 Splanc a bhain croitheadh go fiain as na cláracha. Líonadh de
 ruibh í,
 Is caitheadh de dheascaibh an bhuille mo lucht compánach san
 uisce.
 Bhíodar sa bhfarraige ar nós faoileán cois an árthaigh ag
 taoideáil

Timpeall; do dhiúltaigh an dia a bheith i ndán dóibh filleadh ar a ndúchas.

Ba é Séas féinig a thug, is mé geall le bheith báite le sáile
Agus le hainnise, an crann áibhéil as an ártach goib ghoirm
Cruinn isteach i mo bhacláinn chun éalaithe arís as an ndainséar.
D'fháisceas im' ghéaga é is d'imíos leis an sruth faoi shéideadh
drochghaoithe.

Leanas ar feadh naoi lá liom sa tsiúl sin, go dtí go dtug ólaí
Tréan in sa deichiú hoíche ar an dtráigh Theasprótach i dtír mé.
Fuaireas in aisce ardfhéile ansin ón nduine do ghlac mé,
Féadón Rí Theaspróite; do chonaic a mhac ar an dtráigh mé
Cloíte le tuirse is le fuacht, agus sheol mé suas chun an
chaisleáin.

Is gaibheadh mé in éadaí maithe ina dhiaidh sin, i gcóta is i gclóca.
Chuala-sa i dtaobh Odaiséis ón rí sin adúirt liom go dtug sé
Féile go fáilteach don laoch ar a bhealach thar n-ais chun a thíre,
Is thaispeáin iontas an stóir dom, a chruinnigh sé siúd ar a
thaisteal.

Bróinse agus ór agus iarann, go breá ciúrialta le gaibhneacht.
B'in a oiread stóir 's a chothódh deich nglúine, é féin agus a
oidhrí.

Is bhí sé fágtha go fóill aige i dteaghlach an taoisigh i dtaisce.
Dúrtas ansin liom 'na thaobh go raibh gluaiste le fios agus
comhairle

A chloisint i gcoill Dhódóna ón ndair ard scáfar go labhrann
Séas mór as a dhuilliúr, conas d'fhillfeadh ar Iticé an dúchais
Tar éis fiche bliain ar an bhfán dó, go hoscailte dána nó gan
fhios?

Mhionnaigh an Rí chomh maith, is ofrálaigh dí againn á
ndoirteadh

Is sinn ag scarúint, go raibh bád aige ar ród 's mairnéalaigh an
bháid sin

Ullamh le dul ar a bord agus eisean a thabhairt chun a thíre.
Lig sé ar dtús uaidh mise, óir ráinig ag gluaiseacht an uair sin
Bád Teasprótach go cuan Dhúlaicaim is margadh an ghráinne.
D'ordaigh sé dhóibh mé do thabhairt chun Acastais Prionsa na
dúthai

Slán folláin; ach do mhúscail drochaigne chugamsa sa dream úd
Ionas go mbeadh gach a bhfuil d'ainnisíocht ar an saol ag
gabháil dom.

Nuair bhí an t-ártach i bhfad ón gcuan is i bhfairsinge an tsáile
B'iúd iad meáite go gcaithfinn mo shaol faoi ama na daoirse.
Bhaineadar díom a raibh orm ansin idir chlóca agus chóta,
Is ghaibheadar 'na n-ionad mo bhaill ins na ceirteacha gránna do
chírse

Orm os do chomhair 's iad stollta drochfháiscithe timpeall mo
chabhlach.

Um thráthnóna do bhí cloch Iticé sroichte ag an mbád sin,
Is rinneadar mise do cheangal 'na bolg faoi bhainc mhaidí rámha
Is corda orm timpeall go teann, agus chuadar 'na dhiaidh sin i
dtír ann

Is fuairadar ullamh ar séirse agus chaitheadar béile cois
cladaigh.

Bhraitheas ag bogadh ar an uair sin an ceangal dem' bhallaibh le
saoráid,

Scaoilte aige dia, ní foláir; tharraingíós ar mo cheann an
drochbhalcais,

Síos feadh an chláir ládála do shleamhnaíos, thugas don tsáile
M'ucht, agus rinneas lem' lámha rámhaíocht. Níorbh fhada gur
chuireas

Stáir mhaith dhíom in sa tsnámh, is i bhfad óm' naimhde ar an
gcósta

Thiormaíos mar a raibh coill is dea-mhothall duilliúr ar a
crannaibh.

Shíneas ansin i bhfolach, 's níorbh fhada gur bhraitheas ag siúl
iad

Is liú acu dá thógaint go haer, ach níorbh é a leas, mar do
mheádar,

Dul níos sia ag póirseáil, agus chasadar síos ar an ártach
Is chuadar thar n-ais ar a bord. Is ea, rinne na déithe le saoráid
Mise do cheilt; chun duine dea-intinne a seoladh an fear seo
Beo, chun botháin fháiltiúil; bheith im' bheathaidh go fóill atá i
ndán dom."

D'fhreagair dea-aoire na muc Eomaeas a chóisireach is dúirt leis:
"Á, a dheoraí mhífhortúnaigh, go deimhin duit is éachtach a
chorraís

Croí seo mo chléibh lenar insis ar mhéid t'fhánaíochta is a
brónaí.

Tá rud amháin nach measaim gur fíor é, is ní chuirfir 'na luí orm
Eachtra sin theacht Odaiséis. Cad is gá dod' leithéidse de dhuine

Éitheach gan dealramh a chumadh? Is ea, maidir le filleadh mo thiarna,

Rómhaith is eol dom go raibh toil déithe 'na choinne le fuath dhó?

Thall in sa chomhrac le fearaibh na Traí, níor cheapadar bás dó, Ná bás d'fháil is a chairde ina bhun, tar éis buaite go glórmhar. Thógfadh an mhuintir Acaeach ansin leachtán le honóir dó, Is bheadh clú mór ar a mhac dá chionn feadh na mblianta ina dhiaidh sin.

Tá sé ina chnámharlach feasta gan ainm ag éanlaithe bréana. Mairim san áit iargúlta seo i bhfeighil mo chuid muc; ar an gcathair

Chítear an-annamh mé ag triall, má deir Peanápla mheabhrach Fios a chur orm faoi dheabha, nuair ráinigíonn nuacht aici cloiste.

Chím dream fiosrach ansin 's iad bailithe timpeall an scéalaí, Cuid acu lán de dhobhrón trína fhaid atá a máistir as baile, Is cuid acu ag ídeach a bheatha le háthas gan a agairt á mbuaireamh.

Ach níos mó ní bhacaim an chonstruáil is an fhiafraí Riamh ón lá sin gur mheall Aetólach go líofa le scéal mé, Tar éis dó a dhuine a mharú agus an chruinne do shiúl ina dhiaidh sin,

Tháinig go doras mo thise is na fáiltí geala do fuair ann. Dúirt seisean liomsa go bhfaca i gCréit i dtigh Ídiminéis é, Is árthaí briste ag an stoirm, go rabhadar san thall aige á ndeisiú, Is dúirt liom go dtiocfadh sa mheitheamh anall, nó sa bhfómhar ar a dhéanaí,

Is mórán sloide dá tabhairt aige leis, is a laochra ina theannta. Féachsa, a sheanóir róchráite, ó sheol diacht éigin im' threo thú, Ná tástáil bladar éithigh is ná bí ag d'iarraidh mé a bhréagadh Choíche, mar ní dá bharr san a gheobhair uaim urraim is féile, Ach gurb eagal liom Séas óstóir is gur trua liom do chás-sa." Dúirt leis an aoire, dá fhreagairt, an laoch ilbheartach Odaiséas: "Deirimse leat gan agó go bhfuil croí neamhchreidmheach id' chliabhsa.

Nuair mhionnafos duit, ní thiofá liom, is ní ghéillfir dom' bhréithre.

Is ea, más ea, déanfamna margadh, is a bhfuil de choinníollacha ag dul leis

D'fhógairt i láthair na ndéithe do mhaireas ar bheannaibh Oilimpis.

Má tharlaíonn sara fada go bhfillfidh do thiarna ar an dtigh seo, Geobhair in sa chóta go luath mé agus geobhair in sa chlóca, agus cuirfir

Sall mé go dtí Dúlaiciam do réir mar bhí meáite agam seoladh; Ach mura dtiocfaidh do rí, mura dtarlóidh do réir mar a dúrtsa, Scaoilfir do sclábhaithe fúm chun go gcaithfid den Charraig le faill mé,

Ionas nach leoimhte d'fhear déirce i mo dhiaidh mealltóireacht a dhéanamh."

Labhair aoire iontach na muc ansin á fhreagairt is dúirt leis:

"Sin é mar leathfadh dea-theist ar mo cháil is ar mo thréithibh, a dheoraí,

Láithreach i measc gach a bhfuil ar an saol, is a dtiocfaidh air choíche,

Clú an fhir chóir a thug cuireadh chun tí dhuit is féile dá réir sin,

Agus a thug fogha fút ina dhiaidh agus d'fhág thú gan anam! Is ea, ba mhuiníneach a dhéanfainn ar Shéas mac Chronais mo ghuíonna!

Ach is é tráth an tsuipéir é, is an lucht comrádaithe amuigh fós; M'anam gur mhaith liom a bhfillleadh ar an dtigh 's dea-bhéile do chóiriú."

B'amhlaidh don bheirt ag leanúint ar a gconbharsáid lena chéile Nuair dhruid sclábhaithe an tí leis an áit is a muca ina dteannta. D'iadar na cráinte istigh mar ar ghnách leo an oíche do chaitheamh,

Is chualathas in sa bhothán gnúsail ard mhuc ina gcróite.

Labhair aoire iontach na muc lena dhream compánach is dúirt leo:

"Tugaidh i leith rogha muice go ndéanfad í a threascairt dom' fhánaí

Cóisirigh as dúthaigh i gcéin, agus bainfeamna féinig suáilce as Tar éis a bhfuil fachta de dhua againn le muca gealthiaclacha a chothú,

Is cuallacht eile i mbun barr ár saothair a chaitheamh gan díol as."

Sin é mar dúirt, agus chrom ar an adhmaid a scoilteadh le faobhar nimhe,

Is thugadar siúd muc mhéith cúig mblian isteach in sa chábán,
 Is sheoladar chuige í go dtí an tinteán. Níor dhearmad an t-aoire
 Dualgas na ndéithe gan éag, mar bhí aigne dhiagaithe ginte ann.
 Bhearraigh sé táth guairí idir chluasa na muice gealfhiacraí
 Is ghuigh sé na déithe is mar thúis ofrála do chaith in sa tine
 iad,
 Is chuir in sa ghuí sin go bhfeicfeadh thar n-ais ina theaghlach
 Odaiséas.
 Leag sé an mhuc leis an spearra daraí a bhí fágtha gan
 scoilteadh,
 Is d'éalaigh a hanam; do ligeadh an fhuil di, ansin fordhódh í.
 Scaradh le chéile na baill; bhain siúd géiríocha de gach ball,
 Feoil amh, túis ofrála, agus d'fhill í i mblonaig le cáiréis,
 Is chroith uirthi roinnt plúir mhín agus chaith in sa tine le dó í.
 Gearradh go beag an chuid eile agus cuireadh ar bhearaibh le
 rósta í,
 Is nuair bhí róstaithe i gceart, ón dtine do tógadh na píosaí
 Is líonadh na miasa den bhfeoil, agus d'éirigh an t-aoire ina
 sheasamh
 Ionas go riarfadh ar chách, mar do bhí an ceart ginte ina
 choinsias,
 Agus ba ghairid go raibh seacht ranna aige déanta den bhfeoil
 sin.
 Ceadmhír mhuice do fuair Heirméis mac Mhaea agus na Nimfi;
 D'altaigh sé an bia dhóibh sin; ansin fuair gach duine cion
 uaidh,
 Is fuair Odaiséas curadhmhír, feoil droma na muice gealfhiacraí
 Agus do líon an onóir sin de ghairdeachas aigne an mháistir.
 Dúirt leis an aoire le buíochas an laoch ilbheartach Odaiséas:
 "Guím, a Eomaeais, go raibh Séas buíoch díot faoi mar atáimse,
 Tráth is go bhfaighim ód' láimh curadhmhír ar an aiste go
 bhfuilim."
 Labhair Eomaeas dea-aoire na muc á fhreagairt is dúirt leis:
 "Caith a bhfuil romhat ar do phláta, a fhir dheoranta chóir, agus
 bain as
 Sásamh do chroí. Bheir dia rud dúinn is eitíonn sé rud eile
 Do réir mar is toil leis féin; mar is féidir leis gach rud a
 dhéanamh."
 B'in é mar labhair, is d'ofráil dos na déithibh a mhaireas i
 gcónaí

Céadchuid feola agus fiona. D'Odaiséas scriosaire bailte
 Thug sé cupa na dí, is shuigh féinig i bhfianaise a choda.
 Ba é a riaráidh an t-arán, sclábhaí darbh ainm Measáilias,
 Duine do cheannaigh an t-aoire tar éis dá thiarna a bheith
 gluaiste
 Is nárbh eol dá mháistreás ná do shean-Laeirtéis go ndearna,
 Óir ba le seilbh leis féinig a cheannaigh sé ós na Tafaigh é.
 B'iúd leo ag síneadh na lámh chun an fhéasta a bhí ullamh 'na
 láthair,
 Is tar éis a bheith sásta don dúil in san ól is san ithe do bhí acu,
 Bhailigh Maesáilias an fuilleach den bhord; bhí a dhóthain ag
 gach fear
 D'fheoil is d'arán, is chuimhníodar ar chodladh na hoíche gan
 aon mhoill.
 Oíche an-tréan duibhré ba ea do thit; chuir Séas feadh na hoíche
 Tuilte, is do shéid gaoth láidir aniar a bheir uisce de ghnáth léi.
 Labhair Odaiséas ina measc ansin leis an aoire do thástáil,
 Is a fhéachaint an mbainfeadh an clóca dhe féin nó an iarrfadh ar
 dhuine
 Dá chompánaigh é a thabhairt, de chionn spéise do bhí aige ina
 chóisireach:
 "Éistidh liomsa, a Eomaeais", ar seisean, "'s, a mhuintir na
 feirme,
 Déanfaidh mé maíomh in bhur measc; is é an fion seo do
 ghriosaigh mé chuige,
 Comhairleoir éaganta a chuirfeadh an duine ba chiallmhaire ag
 amhrán
 Agus ag baothghairí agus ag rince le neart sceitimíní.
 Meallann sé, leis, chun cainte do b'fhearr gan riamh a bheith ráite.
 Ach ó thógas in airde mo ghlór, ní bhrúfaidh mé fúm é.
 "Dá bhfaighinn m'óige thar n-ais agus lúth sa chorp seo mar
 bhíodh ann!
 Amhlaidh is bhí faoi fhalla na Traí agam sa phost
 ganfhiosáochta
 Faoi stiúrú Mheinealáis mhic Aitréis agus Odaiséis,
 Is mé féin tofa ag an mbeirt mar thríú duine i mo chaptaen.
 Suas faoin gcathair do chuamar 's an falla go seasaitheach
 romhainn ann;
 Shíneamar faoinár n-airm in achrann na lutharnaí dlúithe
 Is éacht gíolcaí inár dtimpeall is taisriú curraigh sa bhfód fúinn.

D'éirigh an oíche go dona, do bhí gaoth bhioranta aduaidh ann
Is sioc á leanúint, is mar bharr air, na ceathanna sneachtaidh a
rinne

Lomar a reoigh is a chruaigh ina scrimh leacoighreach ar sciatha.
Clóca agus cóta do bhí ar gach fear acu seachas mé féinig,
Is bhíodar 'na gcodladh go sámh faoi chlúdú scéithe go guaille;
Ach nuair chuireas chun siúil, níor iarras ar m'fhearaibh an
clóca

De chion díth céille; ní tháinig im' smaoineamh go stangfadh an
sioc mé,

Agus ba leor liom mo sciath agus filleadh beag timpeall mo
chabhlach.

Nuair bhí dhá thrian oíche chun deiridh is na réaltanna ag ísliú,
Hobas le m'uilinn sa taobh Odaiséas a bhí ag codailt ann láimh
liom,

Is mhothaigh sé siúd ar an mball as a chodladh agus thug sé
dhom éisteacht.

Dúirt leis: "A mhic Laeirtéis, a laoiach ilbheartaigh Odaiséas,
Ní fada bhead ar na beoibh, ach claífidh an duibheaca chun báis
mé.

Óir níl clóca ar mo bhaill; dia fealltach a mheabhraigh ag teacht
dom

Gan a chur orm ach mo chóta, is anois is cinniúint é gan ealó."
Sin é mar dúirt, agus chruinnigh sé géireacht na meabhrach a bhí
aige

Díreach mar bheadh dáil chomhairle ina thimpeall nó
coimheascar na sleatha,

Is labhair sé de chogar an-íseal in aice mo chluaise agus dúirt
liom:

"Fansa gan focal, ar eagla go gcloisfeadh Acaeach den bhuin
thú!"

Agus 'na dhiaidh sin do thóg sé a cheann óna uilinn is dúirt leo:
"Eistidh, a chairde! Do tháinig im' chodladh ó dhéithe dhom
aisling.

Fada liom eadrainn 's an loingeas! Ba mhian liom teachtaire a
chur uainn

D'iarrfadh ar mhac Aitréis Agamamnón aoire na sluaite
Breis dá fhórsa sa ghéibheann a ligint i leith as an gcamtha."
B'in é mar labhair Odaiséas; ba é Tódhas Andraemóin an duine
D'éirigh go gasta is do scaoil dá chabhail clúid chorera a chlóca

Is b'iúd leis ag rith chun na mbád. B'iúd fillte mé láithreach 'na
bhrat san

Faoi shó suain nó go dtig Árōra ar an spéir 'na cathaoir óir.
Dá bhfaighinn m'óige thar n-ais agus lúth sa chorp seo mar
bhíodh ann,

Bhéarfadh duine éigin dá bhfuil i mbothán seo na muicithe clóca
Dhomsa le muintearas séimh is le meas, chomh maith, ar mo
phearsain.

Ach táim feasta gan urraim de chionn na drochbhalcaise atá
orm."

Labhair aoire iontach na muc Eomaeas á fhreagairt is dúirt leis:
"Sin scéal fóna, a sheanóir, atá inste gan cháim is go breá agat!
Ná ní raibh focal thar ceart ann ná rud nach tairbheach duitse.
Agus dá chionn san, anocht ach go háirithe, ní bheidh de cheal
ort

Éadach ná pé ní is ceart d'ainniseoirí a thagas ag d'iarraidh
Déirce; ach ar maidin go moch cuir slacht ar do bhalcais le
snáthaid.

Óir níl dlús clócaí againn sa tigh seo ná athrach cóta
D'fhear atá ina éagmais; ní bhíonn ach an t-aon chulaith amháin
ag an nduine.

Gaibh leis, ach nuair bheidh fillte aige mac Odaiséis ar an
ndúthaigh

Bhéarfaidh sé dhuit a bhfuil uait idir chlóca agus chóta le
caitheamh,

Is gheobhair uaidh cóir chun imeacht pé bóthar is mian leat a
thabhairt ort."

Dúirt seisean amhlaidh, is d'éirigh is bhailigh is shocraigh sé
craicinn

Ghabhar agus chaorach i gcógar na tine mar leaba don deoraí.
Shín Odaiséas ansin, agus leath an fear eile air an clóca
Dlúthfhite fairsing a bhíodh aige féinig mar mhalairt gabhála
Pé lá a d'iarrfadh sé cosaint in aghaidh an-tréine na stoirme.
B'amhlaidh d'Odaiséas sínte ina shuan, agus bhí na fir óga
Sínte ina gcodladh lena ais. Níor shásaimh an áit sin an t-aoire
Toisc gurbh fhada leis ón dtréad muc chun go ndéanfadh a leaba
ann.

Chrom ar é féin d'armáil chun gluaiste, is ba bhreá le hOdaiséas
A fheabhas a bhí spéis aige á chur i sealúchas an tiarna
imigéiniúil.

Chroch sé ar dtúis claíomh faobhrach ar ghualainn na
 hacmhainne tréine
 Is d'fhill air i gcoinne na haimsire an clóca ba raimhre a bhí fite,
 Is thóg leis craiceann a feannadh de ghabhar a bhí cothaithe mór
 groí.
 Bhí bior géar ar a mhaide mar chosaint ar ghadhar is ar ghadaí,
 Is d'imigh chun suain mar ar ghnáthaigh a chollaigh
 ghealfhiacлчаa síneadh,
 Thall faoi Charraig an Chabha gan lom ag an bhfeothain
 aduaidh air.

XV

B'eo lena linn Lacadaemón na bplánaí ag Pallas Aitéine
 Tarraingthe d'fhonn is go gcuirfeadh i gceann mhac niamhrach
 Odaiséis
 Cuimhne ar a bhóthar abhaile is go mbrostódh láithreach chun
 siúil é.
 Fuair sí ina luí Teilimiceas óg 's mac caithiseach Neastóir
 Faoin ndíon tosaigh i gcúirt Mheinealáis Aitréideach an ardchlú,
 Duine acu, mac Neastóir, ina shuan is 'na shámhchodladh sínte,
 Ach níor dhúnta do shuíl Theilimicis, b'amhlaidh a bhí aige
 Machnamh á dhéanamh ar a athair i ndoircheacht dhiamhair na
 hoíche.
 Sheasaimh Aitéine na súl glas i gcógar na leapa agus dúirt leis:
 "Cogar, a mhic Odaiséis Teilimiceas, feasta ní cóir duit
 Bheith ar an bhfán fada choíche ód' sheilbh is óna bhfuil fágtha
 D'anreibiliúnaigh id' thigh; tabhair aire ná déanfaid sin riaradh
 Is léirdhísciú gach ar leat, agus tú ag siúl bóthair gan tairbhe.
 Seo leat gan mhoill agus loirg ar Rí Meinealás an dea-chúnaimh
 Cóir chun imeacht sara bhfaighir ón gcaisleán gluaiste do
 mháthair.
 Comhairlíonn athair di is bráithre Eoramacas uasal a phósadh,
 Óir buann seisean go fuíoch ar an gcomplacht éilimh le
 bronnadh
 Stóir, 's ó sheachtain go chéile tá breis aige á tairiscint uirthi.
 Fair sara dtógfadh sí maoin ón dteaghlach i gan fhios don
 mháistir,
 Óir ní tusa atá dall ar an intinn a bhíos in sa ghnáthmhnaoi.

Ní bhíonn uaithi ach an teaghlach go bpósann isteach ann a
 mhéadú;
 Léi sin feasta ní cuimhin céadchlann ná céile na hóige;
 Ní réann marbh le beo, sin cailte é is ise gan spéis ann.
 Téirse thar n-ais agus ordaigh i mbun gach ar leat in sa
 chaisleán
 Pé bean a chionn tú le dílseacht is fonn chun a cúraim ag obair,
 Nó go mbeidh páirtí fionta le deonú déithe i do chomhairse.
 Tá comhairle eile agam duit, agus coinnigh i t'aighe go cruinn í:
 Tuig go bhfuil post ganfhiosáíochta ag an gcomplacht éilimh id'
 choinne
 Socraithe thall sa bhealach idir Iticé is Samas na bhfailltreach,
 Is táid sin meáite ar do bhás sara bhfillfir ar thalamh do shinsear;
 Ach sara n-éireoidh leo, beidh cuid acu féin in sa tuama
 Deighlite ón gcomplacht éilimh a mhaireas ag ídeach do
 rachmais.
 Tabhair bord leathan, ná seol do dhea-árthach i measc na
 n-oileán sin
 Is gluais feadh na hoíche chun cinn; gheobhair gaoth i do chúil
 ar an aistear
 Ó dhiacht áirithe thuas ná traochann a'd' chosaint 's a'd' shaoradh.
 Ach nuair thiofáidh do bhád faoin gcéad cheann tíre den
 dúchas,
 Lig uait í agus a foireann go sroichfid an chathair i t'éagmais,
 Is imighse i dtír; tabhair turas ar aoire na muc agus codail
 Oíche 'na thigh, agus cuirtear 'na theachtaire é suas chun an
 chaisleán,
 Óir ní hamháin gur dea-aoire é, ach maireann sé dílis go deo
 dhuit,
 D'fhonn is go gcloisfidh an Ríon Peanápla mheabhrach i dtráth
 uaidh
 Scéala go bhfuilirse slán agus fillte ó Phiolas abhaile."
 B'in é mar dúirt, is cheiliúir sí agus d'imigh go hardaibh
 Oilimpis.
 Bhuaíl Teilimiceas óg faoin éadach le barra na coise
 Mac Neastóir agus dhúisigh as mílseacht an chodlata é is dúirt
 leis:
 "Éirigh, a mhic Neastóir Peisistriteas. Gaibhse na capaill
 Is tabhair i leith iad chun an chairr agus ceangail go gcuirfeam
 chun bóthair."

Chualaigh a pháirtí a chaint, agus d'fhreagair is dúirt leis an bprionsa:

"Á, a Theilimicis dhil, dá mhéad fonn orainn chun bóthair,
Ní fhéadfam tiomáint trí dhoircheacht oíche, is is gearr atá an lá uait.

Fansa go bhféadfaidh an Rí Meinalás, Aitréideach na lansaí,
Bronntaisí a thabhairt chun an chairr is go gcuirfear i bhfóiribh a chéile ann,

Agus go bhfágfaidh sé slán leat is bréithre a chineáltais id' chluasa.

Óir nach cuimhin leis an gcóisiréach cóir faid a mhairfidh de laethe

Óstóir bhronnta na féile do thaispeáin muintearas sēimh dó?"

Labhair seisean amhlaidh, is chuaigh Áróra ar an spéir 'na cathaoir óir,

Is láithreach do tháinig an rí, Meinalás dea-chúntach i gcoimheascar,

Chucu tar éis leaba Héilin an fhoilt róchaithisigh d'fhágaint.

Chomh luath riamh 's thug mac Odaiséis faoi ndeara go dtáinig,

Chlúdaigh sé a chraiceann le deabha faoi chóta na gléigeile glaine,
Is leath sé an clóca ina dhiaidh sin ar leithead a ghuaile go fairsing

Is chuaigh sé amach chun an phrionsa agus sheasaimh lena ais agus dúirt leis:

"Géill dom, a Rí Meinalás Aitréideach 's, a thaoisigh na féinne,
Is lig, mar is mithid, chun siúil mé go bhfeicfidh mé talamh an dúchais,

Óir tá m'intinn le tamall ag tnúth leis an mbóthar abhaile."

D'fhreagair an Rí Meinalás dea-chúntach an laoch agus dúirt leis:

"Féach, ní choimeádfaidh mé thú, a Theilimicis uasail, a thuilleadh,

Ó taoi fonnmhar chun siúil; níor mhaith liom an tíosach a ghnáthódh

Féile thar teorainn a bheadh ina muirear ar deireadh ar a chóisiréach,

Ná níor mhaith liom neamhspeis — is é rogha, gach ní do bheith meonúil.

Tá chomh hólca lena chéile, do chóisiréach a sporadh chun bóthair

Nuair is é is mian leis, fanacht, nó an té do choimeád go bhfuil fonn air.

Fáilte roimh chóisiréach ag teacht, is ea an riail, agus cóir ag imeacht dó.

Fan ar a laghad nó go mbéara mé chugat is go gcuirfeadh sa charr duit

Bronntaisí áille is go bhfaighir orthu radharc, is go ndéanfaidh an bhantracht

Béile do chóiriú dhúinn in sa halla as an lón atá ullamh.

Agus cad é mar chlú sin, cad é mar choróin agus sásamh,

Gluaiseacht tar éis ár mbéile agus fairsinge thíreach amach romhainn!

Cuairt más toil leat a thabhairt ar a maireann i Heilleas 's in Argas,

Bhéarfaidh mé tionlacan duit, ceanglóid leis an bpolla mo chapaill

Is treoród t'aistear go cathracha fear; níl aoinne do ligfeadh

Folamh an bhuíon ó chúirt 's ná bronnfaidh rud éigin le breith linn,

Trípeád bróinse nó coire nó seisreach mhiúileach nó corn óir."

Labhair Teilimiceas óg leis an bprionsa go meáite agus dúirt leis:

"Creid mé, a mhic Aitréis Meinalás, a fhir stiúrtha na laochra,
Filleadh ar an ndúchas gur mian liom, mar níor ordaíos ag imeacht dom

D'aon duine faire a choimeád ar ar fhágas de sheilbh im' dhiaidh ann.

Tiocfaidh mo léirscrios féinig de chuardach seo m'athar, is baol liom,

Nó go mbeidh luach fiach mór, sara sroichfeadh an baile, ceiliúrtha."

Tar éis d'Ardrí Meinalás dea-chúntach an chaint sin a chlos uaidh,

D'ordaigh sé dá bhean chéile ar an mball 's dá mhná seirbhíse Béile do chóiriú dhóibh in sa halla as an lón a bhí ullamh.

Tháinig a chomharsa ar an uair sin, Eiteonas mac do Bhóidhiteas,
Tar éis leaba d'fhágaint go moch, is ba ghearr idir thigh agus caisleán.

D'ordaigh an Rí Meinalás dea-chúntach dá chomharsain an tine D'adhaint agus mairteoil d'fháil is do róstadh, agus rinne sé rud

air.

D'imigh sé féin go dtí seomra na seod a bhí cumhra le spíosaí,
Is níor gan choimhdeacht, ach Héilin lena ais is a mhac
Meigipintéis.

Thóg Meinealás Aitréideach cailís dhá chluais as an gciste,
Is d'ordaigh dá mhac babhla airgid a thabhairt leis. Bhí lena linn
seo

Héilin ag tógaint a rogha féin bronntais as ceann des na comhrai
A choinnigh i dtaisce na baill bhróidnéireachta d'oibrigh a
méara,

Is d'ardaigh an diabhean as a íochtar an fial acu ab áille is ba
thaibhsí

Agus ba mhó ciúirialacht; do lonraigh an fial seo mar réilteann.
B'iúd thar n-ais chun an tosaigh go raibh Teilimiceas fós ann
lad is na seoda; do labhair Meinealás órfholtach is dúirt leis:

"Filleadh do réir mar is mian le do chroí, a Theilimicis, guímse
Ó Shéas thorann na gcaortha atá pósta le Héire go bhfaighir é!
As a bhfuil bailithe istigh faoim' dhionsa de shaibhreas an tsaol
seo

Toghfad an chaithis is áille is is luachmhaire is bhéarfad duit féin f;
Babhla de ghaibhneacht ghil is ea a bhéarfaidh mé dhuit; tá sé
déanta

D'airgead pláta agus ciumhais óir bhuí mórthimpeall an bhéil
air.

Ba é Héafaestas a rinne, ó Fhaedamas Rí na Siodóine
Fuaireas é nuair bhíos tamall ag fáil óstaíochta ina theaghlach
Le linn m'aistir abhaile, is is toil liom anois é do thabhairt duit."
Nuair bhí labhartha ag an laoch Aitréideach, do thug sé don
phrionsa

Corn an dá chluais; do chuaigh Meigipintéis chuige ina dhiaidh
sin

Is d'fhág sé i bhfianaise an ógfhir an clúbhbabhla airgid ghléigil.
Agus ar deireadh tig Héilin na scéimhe is na leacan ab áille,
Is sheasaimh 'na láthair 's an fial ina lámha agus labhair agus
dúirt leis:

"Bheirim an bronntas seo uaim chomh maith leo, a linbh mo
chroí, dhuit,

Is coinnigh mar chuimhniú ar Héilin an mhaise seo d'oibrigh a
dhá lámh;

Is nuair éireoidh, mar ghuíonn tú le fonn, lá bhainis an tséin
duit,

Bíodh ag do chéile dá chaitheamh. Go dtí sin i dtaisce ag do
mháthair

Fanadh an fial. Guím slán go n-imír nó go stroichfir do phálás
Ceannard maorga is arís faoid' chois go mbeidh talamh do
shinsear."

Sin é mar dúirt, agus thug sí an fial dó is ghlac sé le bród é,
Is thóg Peisistríteas uaidh gach bronntas ag féachaint le hiontas
Orthu is i bhfóiribh a chéile do shocraigh in áras an chairr iad.
Sheol Meinealás órfholtach sa halla isteach an chuideachta,
Is fuaireadar rompu istigh suíocháin is cathaoireacha baclan.

Tháinig cailín seirbhíse agus dhoirt sí amach os a gcoinne
Ó chrúscá óir bhuí álainn i mbáisín airgid ghléigil

Uisce chun nite na lámh, agus leag bord líofa ina láthair.

B'eo maor mná le harán, 's níor spáráil sólaistí orthu.

Bhí mac gasta Bhóidhitis ag gearradh na feola is ag riaradh,
Is mac Mheinealáis cháiliúil ba é a líon dóibh fion as an
mbabhla.

Shíneadar lámha chun an bhídh a bhí ullamh rompu go blasta,
Is tar éis a bheith sásta don dúil in san ól is san ithe do bhí acu,
Smaoin Teilimiceas óg agus mac Neastóir ar a n-aistear.

Ghaibheadar a gcapaill arís faoin gcarr agus chuadar 'na suí ann.
B'eo leo amach idir phostaí an gheata ó iamh na macallaí.

Lean Meinealás Aitréideach amach chun tosaigh na cúirte iad
Is órchorr álainn 'na lámh á thabhairt aige chucu is é líonta
D'fhíon dea-bhlasta go barr chun go n-ólfadh an bheirt deoch
an dorais.

Sheasaimh sé le hais na gcapall is shín sé chucu é agus dúirt leo:
"Guím oraibh sonas, a fheara óga! Chun Neastóir aoire na
sluaite

Chomh maith, beiridh mo ghuise. Ba é athair na dílseachta
dhomsa é

Thall faoin dTraí nuair bhíodh cruachaimheascar ag clannaibh
Acaea."

Labhair Teilimiceas óg leis an bprionsa go meáite agus dúirt leis:
"Creid mé go neosfám go cinnte do Neastór gach a bhfuil ráite
Linne anseo agat, a dhalta na ndéithe. Go bhfaigheadsa mo ghuí,
leis,

Iticé a tharraing arís is Odaiséas d'fháil ina theaghlach

Is insint dó conas mar ghlacais-se liom chomh muinteartha id'
thigh féin,

Agus a mbeirim liom uait, a iomadúla is a luachmhaire atáid sin.”
Díreach is é tar éis labhartha do léim éan mór ar a láimh dheis,
Fiolar meareitill a bhí ann is gé bhán thaibhseach 'na chrúcaí,
Ceann mín d'ardaigh sé leis as an gelós. Lean fir agus mná é
Is liú acu á thógaint; i gcóngar an chairr is na muintire a dhruid
sé

Is roimhis na capaill amach ar an láimh dheis d'imigh sé.

Tháinig

Ardlúcháir ar an mbuín agus bhláthaigh an dóchas 'na gcroí
istigh.

Ba é Peisistriteas óg mac Neastóir ba thúisce do labhair leo:
“Abair”, ar seisean, “a Rí Meinealás, is, a thaoisigh na féinne,
Cé acu ar chugainne do lig Séas éachtach an tuar seo, nó
chugatsa?”

B'in é mar dúirt, agus chrom Meinealás laoch cogaidh ar
mhachnamh

Conas mar d'fhéadfadh a dhícheall an cheist sin do fhreagairt go
meabhrach.

Ach bhain Héilin na róbaí fada tosach de agus dúirt leo:
“Éistidh liomsa agus déanfad mo thairngreacht daoibh is
innesoad

Conas mar léiríonn déithe dom' mheabhair is mar mheasaim go
dtarlóidh:

Amhlaidh is tháinig an t-éan ó bheannaib a shinsear 's a neide
Agus gur ardaigh an ghé leis a fuair 'nár dtighne cothú méith,
Tar éis an-fhulaing 's a lán fánaíochta do chífear Odaiseas
Fillte ar a dhúchas 's ag agairt na gcionta - is ea, b'fhéidir go
bhfuil sé

Cheana ar an bhfód agus crá aige don chomplacht éilimh á
bheartú.”

Labhair Teilimiceas óg á freagairt go meáite agus dúirt sé:
“B'fhéidir, a mhámh san le Séas Toirneoir atá pósta le Héire;
Chugatsa do cuirfi anall ár n-urnaithe i leith is gur dhia tú.”
B'in é mar dúirt, 's thug sciúirse dá chapaill, a rinne go buacach
Siúl mear trasna na cathrach ag déanamh le fonn ar an bplána.
Bhíodar de shíor feadh an lae cos in airde is ag croitheadh na
cuinge.

D'imigh an ghrian ón spéir agus leath scáth oíche ar na bóithre;
Shroicheadar Fearae ar an am sin agus caisleán fáilteach
Dhiaicléis

Mac Ortalacais uasail a rugadh don abhainn-athair Ailféas.
Chaitheadar oíche ansin agus thug sé féile agus cóir dóibh.
Nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rósdeirg na Maidine,
Ghaibheadar a gcapaill arís faoin gcarr agus chuadar 'na suí ann.
B'eo leo amach idir phostaí an gheata ó iamh na macallaí.
Buille den sciúirse ansin agus ghluais an dá chapall le hardchroí,
Agus ba ghearr ina dhiaidh sin go bhfacadar Piolas ar a ardán,
Is labhair Teilimiceas prionsa le mac Neastóir agus dúirt leis:
“Cogar, an dtabharfá, a mhic Neastóir, geallúint dom go
ndéanfair

Do réir mar a deirim? Go deo sin muintearas ósta ina riail
dúinn,

Is ár mbeirt athar 'na gcairde is gur comhaos dúinne ina
theannta,

Is gur méadú comhintinne dhúinn comhthaisteal na gceantar.
Fág mé, a dhalta na ndéithe, ag an mbád, 's ná seol i leataobh mé
Ionas ná beidh an seanóir a'm' choimeád ar mo neamhthoil 'na
theaghlach

Is fonn air chun féile do thabhairt dom, is gá agam le
gluaiseacht gan aon mhoill.”

Sin é mar dúirt, agus bhí mac Neastóir in achrann na smaointe
Conas a gheallfadh 's a dhéanfadh dá réir is gan aithne a
bhriseadh,

Is tar éis dianmhachnaimh do mheáigh gurb é seo bóthar a leasa:
Chas sé na capaill i dtreo an luathbháid agus imeall na mara,
Is d'ardaigh as áras an chairr leis go dtí an bord deiridh gach
bronntas

Caithiseach óir agus éadaigh a thug Meinealás go flaithiúil
uaidh,

Is labhair ansin dáiríribh ag brostú an ógfhir is dúirt leis:
“Imigh anois ar a bord agus ordaigh don chriú do bheith gasta
Is bí sa tsiúl sara sroichfead an baile is gur clos don tSeanóir é.
Óir is é a thuigim im' cheann, agus is é rud a bhraithim im'
chroí istigh,

Toisc a an-tréine atá a thoil, ná ligfidh sé uaidh thú le saoráid,
Ach gur ag triall ort láithreach a thiocfaidh sé féinig, is geallaim
Ná raghaidh folamh thar n-ais. Creid uaim go mbeidh fearg thar
meon air.”

B'in é mar labhair, is thug sciúirse do chapaill na muingeacha
breátha

Is d'imigh sé leis chun na cathrach is shroich sé go tapaidh an caisleán.

Labhair Teilimiceas óg agus dúirt chun na foirne do bhrostú:
 "Cuirtear gach aon rud in áit is i bhfearas san ártach, a chairde.
 Téanaídh liomsa ar a bord agus bíodh ár slí dá chiorrú againn."
 Labhair seisean amhlaidh; do chualadar é agus do rinneadar rud air.

Chuadar gan mhoill ar a bord agus shuíodar in aice na maidí.
 Le linn saothair dó is íobairt is urnaithe a dhéanamh d'Aitéine
 Gairid do dheireadh na loinge, do tháinig an fear ina gcógar,
 Fáidh ó dhúthaigh i gcéin, gur ar teitheadh do tháinig as Argas
 Tar éis dó a dhuine a mharú ann; ba laoch é de shíolra

Mheileampúis

D'áitribh i bPiolas san am, in sa tír b'iomadúla dea-thréada,
 Agus a mhair faoi rachmas sa chaisleán ab áille sa tír sin.
 D'aistrigh sé, áfach, go dúthaigh nach í, ón ndúchas a theith sé
 Is ó Néileas ardmheanmnach ba mhó móráil in sa tsaol úd.
 Thóg Néileas ar feadh bliana go léir uaidh seilbh a mhaoine
 Trí láimh láidir, is eisean go fann lena linn sin ag fulang
 Cruatain i gcaisleán Philice is slabhraí tréana ar a ghéaga
 Teannta mar gheall ar iníon Néileis is an iarracht a thug sé
 Nuair bhí a mheabhair dúmhille aige diabhean de Mhná na Cinniúna.

Más ea, d'éalaigh sé ar deireadh ón ngéibheann lena anam, is bhagair

Táin bó géimneach go Piolas ó Philice, is d'agair ar Néileas
 Gníomh na neamhthrua; agus do shocraigh sé cleamhnas is rinne sé bainis

Dá dhearbhb-bhráthair ansin ina thigh, is ghluais féin leis go ceantar

Deoranta in Argas na n-each; do bhí i ndán dó sa tír sin ar deireadh

Ríocht agus réimeas a tharraing, 's a lán Airgibheach go humhal dó.

Thóg se go hard caisleán agus rinne sé cleamhnas sa dúthaigh,
 Is shaolaigh a bhean Antafaitéis céadghin is Maintias 'na dhiaidh dó.

Ba é Antafaitéis b'athair don laoch ardmheanmach Éicléis,
 Agus ba mhac d'Éicléis Aimfiarás mhúinte na féinne.

Thug Séas Tiarna na Scéithe is Apalló glórmhar don mhac sin

Grá croí is fabhar; níor mhair, dá ainneoin sin, go ré na seanaoise;

Bronntas a tugadh dá chéile ba chúis lena threascart i dTéibhe.
 D'fhág sé ina dhiaidh beirt mhac, Alcmaeón 's Amfalacas iad san.

Rugadh do Mhaintias, leis, beirt mhac, Polaiféidéis is Cléiteas.
 Thóg Áróra do shuíos sa chathaoir óir Cléiteas in airde
 Chuici le gean dá scéimh chun go mbeadh sé ar chuallacht na ndéithe.

Shácráil Féabas ina fháidh Polaiféidéis na meanman iontaí
 Ab fhearr fáidhíocht ar an saol tar éis d'Aimfiarás a bheith éagtha.

Chuir fearg a athar amach é chun fód Hipiréise do lonnú,
 Is thagadh na daoine as gach aird ansin chun feasa do chlos uaidh.

Mac dó ab ea a tháinig anois; Teoiclimineas ainm an té seo
 A dhruid ina leith nuair bhí Teilimiceas gnóthach le hofráil
 Fíona do dhoirteadh agus urnaithe a dhéanamh in aice na loinge.
 D'ardaigh an duine seo a ghuth agus labhair leis an ógfhear is duirt leis:

"Ó tharlaím leat, a chara, agus íobairt á déanamh anseo agat,
 Guím dar an íobairt seo féin, dar an dia dá dtugtar í, guím thú,
 Guím dar do cheann thú agus guím dar an mhuintir seo a chím i mbun t'árthaigh,

Tuairisc d'insint go cruinn gan agó dhom 's gan aon rud a cheilt orm:

Cér díobh thusa is cad as duit, is cá bhfuil do chathair 's do ghaolta?"

Labhair Teilimiceas óg á fhreagairt go meáite agus dúirt leis:

"Bhéarfaidh mé freagra gan cháim ar an gceist sin a chuiris, a dheoraí.

D'fhuil mhaith in Iticé dhomsa; ba é athair a bhí agam, Odaiséas,

Má bhí riamh ann — is cinnte gur éag is gur léanmhar an bás é.
 Thugas liom cairde agus sheolas i mbád crón trasna na mara
 D'fhonn is go bhfaighinn tasc éigin ar m'athair gur fada gan teacht dó."

D'fhreagair an mac diabhreá Teoiclimineas eisean is dúirt leis:

"Táim féin amhlaidh, ar fán óm' thír tar éis duine do threascart,
 Fear go bhfuil slua mór daoine ar a chúl idir bhráithre agus ghaolta

A mhaireas in Argas na n-each, 's ardhchumhacht acu i measc na nAcaeach.

Táimse á seachaint 's ag teitheadh ón éag 's ó lá na cinniúna, Is tuigim gur dán dom go deo a bheith i m'fhánaí ar thalamh na ndaoine.

Fáiltigh i t'áthachsa romham, ós deoraí atá ag achainí ort, Is ná lig dóibh mé a mharú, mar is cinnte go bhfuilid a'm' thóraíocht."

Labhair Teilimiceas óg á fhreagairt go meáite agus dúirt leis: "Glacaim thú, ós toil leatsa a bheith liom. Níor chóir go n-eiteoinn ort

Ionad sa bhád. Gheobhair thall gach a bhfuil d'óstáíocht ar mo chumas."

Sin é mar dúirt, agus thóg sé an spiara ó lámh an fhir eile, Is d'ardaigh sé leis é anonn chun an bháid 's d'fhág sínte ar a bord é.

Chuaigh féin inti ansin, mar ba mhithid di an fharraige a sheoladh.

Thiar ina deireadh do shuigh sé, agus shocraigh go fáilteach lena ais ann

Ionad don bhfánaí bhocht Teoiclimineas. Scaoileadh na cáblaí.

D'ordaigh an prionsa ansin dá lucht mairnéalach le griothal

Breith ar na fearaistí seoil agus rinneadar rud air le lántoil.

Shádar an crann mór giúise ina pholl, do dhíriodar in airde é,

Is rinneadar timpeall ansin diongbháil air le téadracha cnáibe.

Shíneadar seolta na loinge ina n-ionad le hiallacha leathair.

Dhíriigh Aitéine na súl glas 'na gcúl neart faobhrach na gaoithe;

Shéid sí go binn anamúil as an spéir orthu d'fhonn is go gcuirfeadh

Mireacht thar barr ina scoladh thar ólaithe goirte na mara.

D'éalaigh an t-áthach thar Chrúnaigh agus Chailcís na sruthanna geala.

D'imigh an ghrian ón spéir 's leath scáth ar na bóithre go hobann.

Timpeall Fhaea do chuaigh sí, is análacha an aeir ag fuinniú léi, Is choinnigh 'na dhiaidh cósta Éilis, go bhfuil na hEipeigh ina ríthe ann.

D'iompaigh ansin ar Oileánaibh na mBéar. Bhí an t-ógfhear ag machnamh

Cé acu ba dhán dó, imeacht leis an anam, nó a naimhde do bhreith air.

Bhí sa bhothán Odaiséas agus aoire na muc i mbun séire A chaitheamh is bhí na fir eile ina dteannta is ag ithe mar aon leo.

Tar éis a bheith sásta don dúil in san ól is san ithe do bhí acu, Dúirt Odaiséas ina measc, chun an aoire do thriail is ea a labhair sé,

Cé acu an raibh fáilte aige fós sa bhothán roimhe féinig, nó an amhlaidh

A bheadh sé ag tathaint air fágaint is bóthar na cathrach a thabhairt air:

"Éist, a Eomaeais, is sibhse atá páirteach ina obair, lem' bhreithre.

Is é rud is fearr liom, imeacht leis an lóchaint 'on chathair ag d'iarraidh

Déirce ann d'fhonn is ná beinn ort féin 's ar do mhuintir im' mhuirear.

Déansa dhom colas na háite, agus faighim chun an bhóthair dea-threoraí

A sheolfas mé suas; ach ar shroichint na háite dhom, caithfead i m'aonar

Siúl ó dhoras go doras le braon agus crústa do lorg,

Is má bhím ámharch, raghad chomh fada le teaghlach Odaiséis

Is gheobhaidh Peanápla mheabhrach a bhfuil óm' shiúlta agam d'eachtraí,

Nó bead tamall i measc scanróirí chomplacht an éilimh,

Is bhéarfaid dom béile as an bhflúirse ollmhaitheasaí a bhíos acu féinig.

Creid nach fada go bhfaighid seirbhís uaim do réir mar ba thoil leo.

Éist lena n-abraím is tuig mé go cruinn; gheobhair fíor gan agó mé;

Heirméis teachtaire déithe do bhronnas ar oibreacha daoine Taitneamh is clú, is é a dheonaigh mo bhua seirbhíse do thabhairt dom,

Is maídís le tascanna tí, níl aon fhear i dtánaiste dhomsa,

Pé acu a mbeadh tine le deargadh nó adhmaid na tine le scoilteadh,

Cliathán feola le rósta is le gearradh, nó babhla le riaradh —

Déanfad im' mháistir gan cháim gach a ndéanann a sclábhaithe d'uaisleacht."

Tharraing dea-aoire na muc tromosna agus d'fhreagair is dúirt leis:

"Ortsa go bhfóire na déithe! Cad é mar smaoineamh, a dheoraí, A tháinig i t'aigne? An amhlaidh is toil leat do threascairt san áit sin?

Dul faoin gcomplacht éilimh, 's gur eol duit a ngoirgeacht an-tréan

Agus a n-éirí in airde ná stadann go crannaibh na spéire!

Ní giollaí do leithéidese atá i seirbhís ag an ndream úd

Ach daoine óga atá gafa go niamhrach i gcóta is i gclóca,

Is ceann faoi ola acu cíortha go deas is a bhféachaint go hálainn.

Is iad atá umhal dóibh, 's bíonn acu boird chomh líofa le gloine

Faoi thromualach aráin agus feola agus áraistí fíona.

Fansa inár measc; níl aoinne atá míghnáíúil dod'

chuideachtain —

Nílím go deimhin, ná níl compánach dá bhfuil agam amhlaidh.

Ach nuair chífir thar n-ais san oileán mac dílis Odaiséis,

Téir chuige sin, agus bhéarfaidh duit cóta agus clóca le caitheamh,

Is gheobhair uaidh cóir le himeacht pé aird ar an dtalamh is mian leat."

D'fhreagair é sin agus dúirt laoch mór an fhadfhulaing Odaiséas:

"Guím, a Eomaeais, go raibh Séas mór ár n-athairne buíoch díot

Faoi mar atáim, 's gur tú a shaor ó shaol ainnisíochta agus fáin mé.

Laethanta siúil agus déirce, sin é díogha bheatha na ndaoine,

Agus is é rud is bun lena dtrioblóid, goile an drochratha

A fhágas ag caitheamh a saoil ar an bhfán faoi phianta agus léanta iad.

Ach ó taoise a'm' choimeád 's á rá liom fanacht leis an mac seo,

Lean ar an insint is tabhair faisnéis dom ar mháthair Odaiséis

Agus ar a athair a bhí, nuair d'fhág sé, i mbéal na seanaoise.

' Bhfuilid sin fós ina mbeathaidh abhus faoi thaitneamh na gréine,

Nó ' bhfuilid básaithe cheana is i ndúthaí Háidéis 'na gcónaí?"

D'fhreagair dea-aoire na muc, fear stiúrtha na n-oibrithe is dúirt leis:

"Scéal gach ar fhiafraí díom, inneosfad gan ceilt duit, a dheoraí.

Tá Laeirtéis 'na bheathaidh, ach iarrann ar Shéas faid a mhaireann,

De chionn tromuaigheas a theaghlaigh, an t-anam a mhúchadh 'na ghéaga.

Óir tá brón uafásach air riamh ó d'imigh a mhac uaidh,

Is brón ó cailleadh a bhean, bean chéile na hóige; do ba ise

A chuir barr cumha lena bás air is d'fhág a aos críonna gan sólás.

Cailleadh í sin leis an ndiachair a luigh uirthi d'éagmais a clúmhic,

Is fuair sí bás truamhéalach, leithéid is ná guífinn do dhuine

D'fhearaibh na háite seo a fhanas dea-intinneach domsa is dea-ghníomhach.

Faid a bhí sise ina beathaidh, dá mhéad í an diachair a chraigh í,

Théinn ar a tuairisc go minic ag fiosrú a lán di is ag caint léi,

Óir ba í féinig a thóg mé mar aon le hinín na ndea-róbaí

Citimíne bhreá sin, an cailín ba dhéanaí a rugadh dá hálbhach.

Thóg sí mar aon léi sin mé, is ba bheag nár mheas mar an gcéanna.

Ach nuair bhíomar araon faoi bhlás agus thaitneamh na hóige,

Phós an iníon i Sama, agus do bhuail éacht bronntais a muintir.

Ghaibh ar an uair sin an mháthair mé féinig i gculaith mhaith éadaigh,

Cóta agus clóca dom' chabhail agus sandailí leathair dom' chosa,

Is chuir ón dtigh faoin dtuaith mé, is ba mhó ná cheana do ghráigh mé.

Táim dá héagmais anois, ach do thit ó dhéithibh an tsonais

Beannachadh riamh ar mo shaothar 's ar bharra na ngort seo do chuirim.

Faighim béile uathu agus deoch agus iarsma le tabhairt ina dhéirc uaim.

Ón mbantiarna do tháinig 'na diaidh sin conas a gheobhainnse

Dúthracht i bhfocal nó i ngníomh, ó tharla mar dhonas don teaghlach

Sladaithe dána a chothú? Agus go mbíonn seirbhísigh i ngátar

Cainte do dhéanamh fo-uair lena máistreás, 's éisteacht a cainte

Is greim agus gloine do thógaint 'na láthair, 's ag filleadh ar an dtuaith dhóibh,

Bronntas a bhreith leo amach, chun a n-aigne a théamh lena saothar."

D'fhreagair fear iontach na mbeart Odaiséas agus dúirt leis an aoire:

"A aoire na muc Eomaeas, mo léir! Ní raibh ionat ach páiste Nuair nár mhór duit imeacht ar an bhfán ó mhuintir is ó thír. Abair an méid seo liom, áfach, is inis go firinneach cruinn é: Conas a tharla? Le linn cathair ard-sráidleathan a léirscrios, Áit ina rabhais ag maireachtaint le hathair is máthair an ghradaim?

Nó faoin dtuaith dhuit i t'aonar ag aoireacht na mbó nó na gcaorach,

Agus go dtáinig an namhaid is gur ardaigh leis thusa san ártach Trasna na dtonn go dtí teaghlach an duine seo a cheannaigh go daor thú?"

D'fhreagair dea-aoire na muc, fear stiúrtha na n-oibrithe, is dúirt leis:

"Ó tá an t-eolas sin uait, a fhir chóir, is gur chuiris an cheist orm,

Suigh faoi shuaimhneas ar t'uain i do thost, agus ól do chuid fiona.

Is iad seo na hoícheanta atá sách fada le codladh do dhéanamh Agus le heachtraí binne do chlos. Ní fearra dhuit iompó Fós chun do shuain, óir leanann a iomard féin codladh rófhada. Maidir le haoinne dem' lucht compán, más é a deir a chroí leis, Fágadh sé sinn 's codlaíodh, is amárach le lóchaint an lae ghil Itheadh sé proinn is bailíodh sé na cráinte agus leanadh á n-aoireacht.

Fanfam araon sa bhothán i mbun óil agus fleatha le chéile Agus is sásta a inneosfam, ag féachaint siar ar an saol dúinn, Eachtraí diachra dá chéile — tar a éis atá sásamh sa insint Léanmhar, an té a bhí i bhfad ar an bhfán is ag fulang an anró. Agus sid é agat mo scéal, ó chuiris go piacloch do cheist orm. Ní fheadar an gcualais trácht thar oileán gurb ainm dó Siria, Tá lastuas d'Ortaigia ar an dtaobh go gceiliúrann an ghrian uainn?

Níl slua mór in san áit, ach is maith fós a fhéadann a thalamh Caoire agus ba do chothú, is bíonn fion agus gráinne ann go flúirseach.

Ní chloíonn gorta go deo lucht sona an oileáin, ná ní chnagann Aon tsaghas galair dá mbíonn ina sciúirse do dhaoineibh an tsaoil iad;

Ach nuair thagann seanaois ar an muintir a mhaireas sa áit sin, Éalaíonn dia bhogha an airgid Apalló is Artaimís fairis Orthu gan choinne ón spéir, 's básaíonn lena saigheada gan phian iad.

Tá dhá chathair sa tír sin 's is eatarthu a roinntear an fearann, Agus an t-am seo do luaim ba é fear ag a rabhadar á rialú, M'athairse Citéiasias, a bhí chomh niamhrach le dia des na déithe. Bhuail Féiníscigh ann port, lucht cáiliúil sheolta na mara, Sladaithe cliste do bheir céad giúirléid leotha ina n-ártach; Is d'fhuil Fhéiniceach ba ea duine de bhantracht m'athar sa teaghlach,

Bean mhór álainn, is ceard ina méara chun oibreacha breátha. Rinne na cladhairí sin Féiniceacha an ainnir a mhealladh; Bhí níochán aici á dhéanamh, is shín fear léithi cois loinge. Leabaidh an aoibhnis 's an ghrá, nach í a bhuair riamh is a tharraing

Croí bog baineann na mban, fiú amháin 's iad fóna suáilceach. D'fhiafraigh an fear sin 'na dhiaidh cēr díobh í féin is cad as di, Is thaispeáin sise dhó an teach ceannard 'na raibh m'athair 'na chónaí.

'Maím orm féin mar dhúchas Siodóin clúchathair an bhróinse', Dúirt sí; 'b'iníon mé do dhuine ardsuibhir ann, Arabas uasal. Tháinig Tafaigh ar na ceantair, an dream píoráidithe a thóg mé Le linn fillte ón dtuaith dhom, is thugadar leo mé ina n-ártach Trasna na mara go teaghlach an fhir seo do cheannaigh go daor mé.'

D'fhreagair an fear go raibh sínte aici leis cois báid agus dúirt léi:

'Féach! Nár mhian leat filleadh ar an áit sin san ártach mar aon linn,

D'fhonn is go bhfeicfir arís teach ceannard t'athar 's do mháthar, Is iad féin, óir táid fós ina mbeathaidh 's i gcáil a bheith saibhir?'

Thaitin sé sin leis an ainnir is d'fhreagair le fonn agus dúirt leis:

'Ghlacfaínn leis sin dá dtabharfá féin 's mairnéalaigh an ártach Mionn dom go seolfar mé slán folláin thar n-ais ar an mbaile.' Sin é mar dúirt sí, is fuair uathu uile geallúint agus mionna, Is pé rud a chuaigh leis na mionna, do choinnigh na daoine sin nós air.

Labhair sise arís ina measc nuair tháinig a huain agus dúirt leo:
 'Bídh in bhur dtost! Ná cloisim ag labhairt, ná faighim ag
 beannú dhom
 Aon fhear d'fhoirinn an bháid, pé acu a mbuaileann ar bholg na
 sráide
 Liomsa nó le hais an tobair; ná tagadh go tigh an tseanóra
 Fear béalscaoilte le scéal, sara ndéanfadh, ar amhras a
 chaitheamh,
 Mise do cheangal go teann agus treascart daoibhse do bheartú.
 Coinnídh cluthar an rún, comhlíonaidh go tapaidh an ceannach,
 Is nuair bheidh last bhur mbáid chomh trom agus d'fhéadfadh sí
 a thabhairt léi,
 Cuirtear ansin faoi dheabha bhur dteachtaireacht chugamsa sa
 teaghlach.
 Bhéarfadsa liom d'ór buí gach a bhfaighead faoim' láimh ins na
 seomraí
 Is bhéarfad go toilteanach daoibh earra eile mar fhiacha pasáiste,
 Leanbh an mháistir seo féinig a bhfágtar sa teaghlach 'na bhun
 mé,
 Buachaillín cliste do chítear ag sodar im' dhiaidh ar mo shiúl dom.
 Seolfaidh mé liom chun an áthaigh an páiste, agus gheobhfar na
 mílte
 Ó lucht iasachta air sin, pé baile go ndíolfar an mac ann.
 Sin é mar dúirt sí, is d'imigh go caisleán m'atharsa láithreach.
 D'fhanadar siúd faid bliana san áit agus rinneadar mórán
 Nithe do cheannach, is líonadh an t-árthach de last roimh a
 n-aistear.
 Nuair bhí an ládáil déanta agus iad féin ullamh chun seolta,
 Ligeadar teachtaire chugainn leis an bhfaisnéis d'insint don
 chailín.
 B'iúd é máistir an ghliocais a tháinig 'on teaghlach 's a thug leis
 Muince go raibh clocha ómra ina timpeall ar crochadh ar an
 órshlait,
 Is bhí dream cruinnithe chuige sa halla, mo mháthair 's a
 bantracht,
 Ag d'iarraidh an mhargaidh a dhéanamh is bhí an ornáid acu á
 láimhseáil
 Is iontas 'na súile, is do sméid an ceannaí lena linn ar an gcailín,
 Is thuigeadar féinig a chéile agus d'imigh an fear chun an
 áthaigh.

Rug sí ar láimh orm féin agus sheol chun an dorais amach mé,
 Agus sa tseomra ard tosaigh do fuair sí boird agus cupaí
 Is comharthaí féasta a bhí déanta aige m'athair is muintir a
 chomhairle.
 Bhíodarsan imithe cheana ar an ndáil díospóireachta poiblí.
 Sciob sise léi trí coirn is do cheil faoi bhrollach a róba iad
 Is ghluais léi amach, agus leanas im' rud bheag bhídeach gan
 chiall í.
 D'imigh an ghrian ón spéir agus leath scáth oíche ar na bóithre,
 Is shiúlaigh an bheirt againn síos le tapúlacht go caladh na
 n-árthaí
 Is fuaireamar romhainn ann na fir Fhéiniceacha timpeall a
 luathbháirc.
 Thógadar sinne ar a bord, d'ardaíodar na seolta agus b'iúd leo
 Trasna na fairsinge is shéid Séas mór gaoth fhabhrach 'na
 gcúlaibh.
 Bhíomar ag gluaiseacht ar feadh naoi lá is naoi n-oíche ar an siúl
 sin,
 Is nuair thig solas an tseachtú lae ó Shéas ar an aer chugainn,
 Thóg Ríon Artaimís saighead agus d'aimsigh go hobann an
 bhean sin,
 Is thit sí sa log boilg loinge mar bhuaileann gainéad in sa
 mhórmhuir.
 Caitheadh sa bhfarraige a corp ina chonablach d'éisc agus róna,
 Is fágadh 'na héagmais mé féin agus diachair ag ithe mo chroí
 istigh.
 Seoladh go hlticé an t-árthach le fórsa na taoide is na gaoithe,
 Is cheannaigh an Rí Laeirtéis go daor ina dhiaidh sin lena ór mé.
 Is ea, b'ar an slí sin a leagas den chéad uair siúl ar an dtír seo."
 Dúirt á fhreagairt an laoch ó dhéithe do shíolraigh, Odaiséas:
 "Creid gurb éachtach a chorraigh do scéal, a Eomacais, mo
 chroíse,
 Gach a bhfuil ráite agat ann, agus gach a bhfuil beirthe de léanta
 ort.
 Más ea, do cheap Séas duitse de mhaitheas i dteannta na n-olc sin,
 Teaghlach an tséimhfhir a shroichint tar éis a bhfuil facht agat
 d'anró,
 Cara na míne a sholáthraigh le dúthracht duitse do dhóthain
 Bídh agus dí, agus maireachtaint i bhflúirse; ach meabhraigh mo
 chás-sa,

Teacht faoi dheireadh tar éis gach ar shiúl de shráideanna i m'fhánaí."

Sin é mar meileadh an oíche is an bheirt acu ag caint lena chéile, Is nuair bhí an oíche thar droim, d'éalaíodar chun suain is ba ghearr é;

D'éirigh an lá agus do ghluais Áróra ar an spéir 'na cathaoir óir. Dhruid Teilimiceas óg is a mhuintir le cósta, is do rinneadh Téadracha seolta do scaoileadh is an crann d'isliú agus do shíneadh

Faoi lántséirse, is do shádar an bád go dtí caladh le rámhaíocht. Chaitheadar ancaire amach agus rinneadar ceangal na gcáblaí. Tháinig na fir as an mbád is sheasaíodar ar chladach na mara, Is rinneadar béile d'ullmhú is fion lasrach a mheascadh sa bhabhla.

Tar éis a bheith sásta don dúil in san ól is san ithe do bhí acu, Mheáigh Teilimiceas láithreach ar labhairt leis an bhfoirinn is dúirt leo:

"Gluaisidh libh in sa bhád agus rámhaídh í go dtí an chathair. Raghaid faoin dtuaith agus tabharfad im' shiúl camchuairt ar na haoirí,

Is bead tráthnóna sa chathair tar éis gabháil timpeall na bhfeirmeach.

Cromfad le lóchaint an lae ghil ar fhéasta ár bhfillte do chóiriú, Is leagfar ar bord éacht feola agus babhlaí fiona dheabhlasta." Labhair Teoiclimineas fáidh rí-uasal is dúirt leis an bprionsa: "Cá ngeobhfad féin, a mhic ó, is cé chuige den uaisleacht a mhaireas

Faoi réim ríochta agus áthais in Iticé ghairbh na bhfailltreach? Nó arbh fhearr déanamh gan mhoill ar an gcaisleán 's labhairt le do mháthair?"

Labhair Teilimiceas óg lena chara go meáite agus dúirt leis: "Aon uair eile do ba é rud a déarfainn, an teaghlach seo againn A tharraing ar dtúis; ceal féile ann ní bhfaighir, ach is duitse ba mheasa

Saol ann go fóill, 's mé féinig as baile, is ní fhéadfadh mo mháthair

Féachaint id' dhiaidh, mar ní gnách di, is an complacht éilimh sa teaghlach,

Teacht ina bhfianaise, ach thuas is ea a fhanann 'na seomra i mbun fite.

Tá duine eile agam, áfach, go gcomhairleoinn cuairt ar a thigh duit;

Is é Eoramacas é, mac niamhrach Pholaib na céille.

Gradam mar tugtar do dhéithibh, in Iticé tugtar don bhfear sin; Óir is é is uaisle go mór é den bhuin sin, 's is mian leis go héachtach

Pósadh lem' mháthair, 's go sroichfeadh sé réim agus teideal Odaiséis.

Más ea, ní fheadar ach Séas in sa bhfairsinge spéirgheal Oilimpeach,

' Bhfuil lá dubh na cinniúna le breith orthu siúd sara bpósaí." Díreach is eisean ag labhairt, tig éan mear de léim ar a láimh dheis;

Seabhac a bhí ann, luath-theachtaire Apalló, is idir a chúcaí Strac sé colúr, 's thit cleití is clúmh ar an dtalamh 'na gciath uaidh

Leath slí anall ón ártach go fód Theilimicis féinig.

Ghlaoigh Teoiclimineas eisean ar leith ón bhfoirinn chun cogair, Is rug sé ar láimh air go tláth, agus labhair sé go dílis is dúirt leis:

"Dia, a Theilimicis, d'ordaigh an t-éan seo do theacht ar do láimh dheis.

Láithreach ar a fheiscint d'aithníos ó dhéithe gur ligeadh 'na thuar é.

Creid mé ná fuil dá bhfaightear in Iticé d'fáithe fola uaisle Aon thuil i dtánaiste dhaoibhse, agus leanfaidh an ceannas go deo agaibh."

Labhair Teilimiceas óg á fhreagairt go meáite agus dúirt leis: "Tú, a dheoraí, á rá liom, 's go raibh dia éigin a'd' fhreagairt! Nuair bheidh tugtha chun cinn, gheobhair dúthracht is bronnfadsa mórán

Ort, is an té a tharlós leat, adéarfaidh gur duitse is ró-aoibhinn."

Sin é mar labhair, is le cara na rún Péaraeas adúirt sé:

"Tú, a Phéaraeis, a thréanmhic Chlitis, is fearr dom a ghéilleas Dá bhfuil anseo d'fhiorchairde do thionlaic mé ar aistear go Piolas.

Glac m'fhear deoranta anois agus seol ar do theaghlach le fáilte é, Is tabhair dó go dílis onóir agus grá nó go bhfillfead á éileamh." Labhair Péaraeas ba cháilmhear i ngleo spiaráí agus adúirt leis:

"Fiú, a Theilimiceis óig, dá bhfanfa i bhfad i mbun feirme,
 Féachfad 'na dhiaidh; ní bheidh aon rud de cheal air a bhaineas
 le féile."
 Labhair seisean amhlaidh is chuaigh ar a bord agus d'ordaigh
 don bhfoirinn
 Dul chomh maith leis 'on bhád is na cáblaí móra do scaoileadh.
 Chuadar go tapaídh isteach agus shuíodar gan mhoill ar na
 tochtaí.
 D'fháisc Teilmiceas óg ar a chosaibh a shandailí áille,
 Is thóg sé spiara na treise, a raibh bior géar bróinse ar a bhara,
 Ó bhord loinge go gasta. Do scaoil na fir eile na cáblaí,
 Is shádar ar aghaidh go fuinniúil 's tharraingíodar an chathair
 mar d'ordaigh
 Flaith Teilmiceas dóibh, mac Odaiséis dalta na ndéithe.
 Ghluais an fear óg ar a bhóthar de choiscéim fhada gur shroich
 sé
 Dún mhórshluaite na muc agus tithe na feirme 'nar chónaigh
 Aoire na huaisleachta a bhí chomh séimh, chomh dílis dá
 thiarnaí.

XVI

In sa bhothán bhí an bheirt, ardaoire na muc is Odaiséas,
 Is céadphroinn acu á cóiriú leis an lá tar éis tine do dheargadh
 Is tar éis na bhfear eile do ligint ag seoladh na muc in sa
 bhfásach.
 Bhí Teilmiceas chucu, agus conairt na hulthairte baoithe
 Gan sceamh astu ar a theacht, ach go humhal ina thimpeall ag
 lútáil.
 Bhraith Odaiséas coiscéimeanna amuigh is lútáil sin na madraí,
 Is phreab ar a bhiorda agus labhair leis an aoire Eomaeas is dúirt
 leis:
 "Tá duine éigin ded' chairde, a Eomaeas, ag teacht ar na cóngair,
 Nó cuairteoir aithnidiúil, mar níl aon sceamh as na gadhair sin
 Ach lútáil acu á déanamh, 's is clos coiscéimeanna duine."
 Ní raibh deireadh na cainte aige fós nuair thaibhsigh a mhac féin
 Rompu sa doras. Do phreab Eomaeas 'na sheasamh le halltacht
 Is áraistí mheascaithe an fhíona, gur ráinigh sé gnóthach ansin
 leo,

Thiteadar glan as a lámha. Faoi dhéin a ógthiarna do chuaigh sé
 Is phóg sé go dílis ar a éadan 's ar dhá shúil álainne a chinn é,
 Is phóg ansin a dhá lámh, agus deora go fuíoch aige á sileadh.
 Amhail agus a fháiltíonn athair roimh aonmhac a theaghlach le
 hansacht,
 Nuair bhíonn fillte ar an mbaile tar éis naoi mbliana i gcoigrích
 dhó,
 Aonstór dílis a chroí, go raibh diachair ar a aigne mar gheall air,
 B'in é mar bhí Teilmiceas óg á mhúchadh le pógadh
 Is á theannfháscadh ag an aoire, ón mbás chuige i leith is gur
 éalaigh,
 Is bhí sé ag caoineadh is ag caint leis in éineacht is dúirt leis an
 ógfhear:
 "Á, a Theilimiceis ionmhain 's, a ghile mo chroí! Is is agamsa
 Ná raibh súil leat arís, ó sheolais go Piolas san ártach.
 Seo leat isteach sa bhothán; tar, a linbh na n-árann, go bhfaighe
 mé
 Lán súl d'aoibhneas is d'amharc ar t'aghaidh, 's ná fuilir ach
 fillte.
 Is ea, agus is annamh a chítear do theacht faoin dtuaith chun na
 n-aoirí.
 Cloír leis an gcathair de ghnáth; is an amhlaidh a thuigfead go
 bhfaighir ann
 Rogha caithimh aimsire ag féachaint ar chomplacht éilimh an
 chreachta?"
 Labhair Teilmiceas óg á fhreagairt go meáite agus dúirt leis:
 "Tiocfaidh mé, a uncail, le fonn. Mar gheall ort féinig do thánga
 Ionas go bhfaighinn ort radharc 's ód' bhéal féin ionas go
 gcloisfinn
 Scéala ar mo mháthair, an bhfanann sa teaghlach, nó ar thogh sí
 le pósadh
 Duine den chomplacht éilimh, 's an bhfaightear i leabaidh
 Odaiséis
 Nead damhán alla i mbun déanta a gcuid líontán d'éagmais
 chuideachtan?"
 D'fhreagair dea-aoire na muc, fear stiúrtha na sclábhaithe, is
 dúirt leis:
 "Creid mé go bhfanann do mháthair i gcónaí foighneach sa
 chaisleán
 Is diachair go géar ar a croí agus na deora de shíor aici á sileadh

Laethanta is oícheanta fada do leanas a chéile go brónach."
 B'iadsan na bréithre do fhreagair, is thóg ón ógfhear an spiara.
 Rinne an fear óg ansin siúl trasna na tairsinge cloiche.
 D'fhág Odaiséas, nuair chonaic ag teacht é, roimhis a shuíochán,
 Is choisc Teilimiceas óg ón dtaobh eile ' sheomra é agus dúirt leis:
 "Fan, a fhir dheoranta, id' shuí. Ní foláir nó is féidir go
 bhfaighmid
 Stól eile inár dtigh feirme; sid é againn an duine do gheobhfás é."
 Labhair seisean amhlaidh; do shuigh Odaiséas thar n-ais, is do
 rinne
 Aoire na muc carn glas lutharnaí is chuir lomra ar a bharra,
 Is nuair bhí an stól sin i gceart dó, do shuigh Teilimiceas síos
 air.
 Leag Eomaeas i láthair gach aoinne acu pláta den mhúiceoil
 Rósta as an méid d'fhan spártha ón mbéile do hitheadh aréir
 ann.
 Leag sé le séirse i gciscánaibh a ndóthain aráin ar an mbord
 dóibh,
 Agus i mbabhla eidhneáin mheasc fion croímhilis le n-ól dóibh.
 Shuigh sé féinig i bhfianaise an laoiach ardéachtaigh Odaiséas.
 Shíneadar lámha chun an bhídh a bhí ullmhaithe rompu go
 blasta,
 Is tar éis dá ndúil a bheith sásta do bhí acu san ól is san ithe,
 Labhair Teilimiceas óg le dea-aoire na muc agus dúirt leis:
 "A uncail, cad as don duine iasachta sin? Is mairnéalaigh na
 loinge
 A sheol é go hlticé leo, cén cine do mhaíd orthu féinig?
 Óir ní mheasaim go dtáinig de chois ar an bhfarraige
 chugainne."
 D'fhreagair dea-aoire na muc Eomaeas a cheist agus dúirt leis:
 "Gach a bhfuil fiafraithe, a linbh, agatsa, neosfad go fíor é.
 Maíonn sé air féinig go maireann a mhuintir i gCréit
 leathanphlánach,
 Is deir sé go bhfuil cuairt tugtha aige ar mhórán bailte ina ruaille
 Timpeall na cruinne do réir mar a bhí aiges na déithibh i ndán
 dó.
 Theith sé lena anam i dtír ó bhád Teasprótach le déanaí,
 Is tháinig isteach im' bhothán; tugaim suas ar do thrócaire féin é,
 Is déanfair leis pé rud is toil leat, ach tagann ar scór achainí
 chugat."

Labhair Teilimiceas óg á fhreagairt go meáite agus dúirt leis:
 "Táim géarghointe sa bheo, a Eomaeais, le bréithre do bhéilse.
 Conas a thig lem' leithéid fáiltiú roimh chóisireach im'
 theaghlach?
 Nach ógánach mé fós? Is an bhféadfainn le hacmhainn na ngéag
 seo
 Cosaint in aghaidh pé daoine gur mhian leo comhrac a chur
 orm?
 Féach chomh maith ar mo mháthair atá i gcás idir dhá
 chomhairle:
 Ní fheadar sí an bhfanfaidh sí faram 's an gcloífidh le cúram an
 pháláis
 Is urraim 'na croí dá cuing lena fear 's dá cáil i measc daoine,
 Nó an ngluaiseoidh le hAcaeach den chomplacht éilimh 'na
 timpeall,
 Pé duine dhíobhsan is uaisle is is mó a bheir bronntas 'na
 malairt.
 Ach ós amhlaidh a tháinig an deoraí isteach id' bhothánsa,
 Geobhfad féin eisean i gclóca is i gcóta de chéadscóth an
 éadaigh,
 Is bhéarfaidh mé claiomh dhá fhaobhair dó agus leathar do
 bhoinn a dhá choise,
 Is cóir le himeacht ar an muir pé aird in sa chruinne seo is fearr
 leis.
 Coinnighse, más é do thoil é, an fear i mbothán seo na feirme,
 Is ligfead na héadaí chuige agus fós a oiread bídh is a bheas
 uaidh,
 D'fhonn is ná beidh ort féin 's ar do mhuintir 'na mhuirear thar
 ghustal.
 Ach ní leoimhte dhó dul go dtí complacht éilimh an chaisleáin
 Choíche, mar tá a gceanndáine is a lán san thar teorainn is thar
 iompar.
 Tarcaisne dhubh dá bhfaigheadh sé, do b'éachtach a ghoillfeadh
 a náire orm;
 Agus is deacair mar chéim é don tsaighdiúir aonair dá threise é
 Comhrac in aghaidh mórshlua, mar is buach iomadúlacht na
 bhfórsaí."
 Agus ag freagairt a mhic dúirt laoch an fhadfhulaing Odaiséas:
 "Meáim nach miste dhom féin, a dhuine uasail, bheith páirteach
 sa chomhrá,

Is deirim gur goineadh mo chroí nuair chuala á insint agaibhse
Conas mar leanann an complacht éilimh id' theaghlach ag beartú
Gníomhartha thar fulang, dá uaisle tú féin 's gurb éigean duit
broic leo.

Abair, an bhfuilir dod' shaorthoil ag luí thíos fúthu, nó an
dtugann

Muintir na tíre dhuit fuath, agus fios diachta éigin 'na mbéal
duit?

Nó ' bhfuil a locht san le fáil ar dheartháireacha, ar gnáthach go
dtugann

Fear iontaoibh lena mbuín dá mhéad é naimhdeas 'na thimpeall?
Á, dá mbeinnse im' fhear óg ar an aigne atá agam faoi láthair,
Nó dá mba mhac d'Odaiseas mé, nó an laoch sin dá dtiocfadh
abhaile

Tar éis fánaíochta thar lear mar tá a dhealramh fós air go
dtiocfaidh,

B'fhearr liom go leagfadh gallóglach ar lár i mo cholainn gan
cheann mé,

Mura n-imeoinn go dtí teach mhac mór Laeirtéis, Odaiseas,
Ionas go mbeinn i mo sciúirse don uile bhithiúnach den dream úd.
Is dá mbeinn cloíte acu i m'aonar le racht iomadúlacht a
bhfórsaí,

B'fhearr liom im' chaisleán féinig an buille do shínfeadh gan
bhri mé

D'fháil agus éag sara bhféachfainn de shíor ar a n-oibreacha
gránna,

Cóisirigh bhochta á maslú acu siúd, agus bantracht an teaghlaigh
Á breith leo acu sna seomraibh áille chun fulang le náire,

Fíon á tharraing mar uisce agus bia dá chaitheamh gan teorainn,
Is ná fuil ach ragairne d'fháth leis, gan bun ná barr leis an
anspás."

Labhair Teilimiceas óg á fhreagairt go meáite agus dúirt leis:
"Gach a bhfuil fiafraithe agat, a fhir dheoranta, neosfad gan
cháim duit:

Muintir na háite, ní hamhlaidh atáid sin in earraid go léir liom,
Ná ní dhéanaim gearán ar dheartháireacha, ar gnáthach go
dtugann

Fear iontaoibh lena mbuín dá mhéad é naimhdeas 'na thimpeall.
Thoiligh mac Chronais ná beadh dearbh-bhráthair ag aon fhear
dem' chine.

Ba é Laeirtéis an t-aon mhac a bhí ag Airceísias sinsear,
Is bhí Odaiseas 'na mhac aonair dá athair; is tharla gur dósan
Nár saolaíodh ach mé féin, 's níorbh fhada é a thaitneamh dom'
chionnsa.

Agus sin é agat an fáth go bhfuil slua mór naimhdeach im'
thimpeall.

Óir a bhfuil d'uaisle ina ríthe in oileáin Dhúlaiciaim is Shama
Agus Sacantas na gcoillte is in Iticé ghairbh na mboirineach;
Táid uile ag éileamh mo mháthar mar mhnaoi agus ag ídeach an
teaghlaigh.

Is ní dhiúltaíonn sise dhóibh, is gur gráin léi cleamhnas a
dhéanamh,

Is níl clabhsúr ar a cumhacht; is é críoch a bheas orainne, dísciú
Gach a bhfuil ann, 's nach fada go gcríochnóid liomsa ina
theannta.

Titfidh na nithe sin, áfach, do réir mar is toil leis na déithe.
Imigh leat, a uncail, gan mhoill agus faigheadh Peanápla
mheabhrach

Scéala go bhfuilimse slán, agus fillte ó Phiolas abhaile.
Fanfad san áit seo go fóill, 's tair féin ón dteaghlach ar ais ann.
Ná faigheadh tuairisc ach ise; aoinné eile den mhuintir Acaeach
Bíodh gan a chlos ód' bhéal. Tá an iomarca namhad ar mo
thíse."

Labhair Eomaeas dea-aoire na muc á fhreagairt is dúirt leis:
"Tá a fhios agam, tuigim do bhri; tá meabhair ag an dteachtaire
a thoghais-se.

Inis an méid seo dhom, áfach, is cloisim go cruinn ina thaobh
uait:

Abair an ceart dom an bóthar go tigh Laeirtéis a thabhairt orm
Is é a chur in iúl dó? Dá mhéad é a dhiachair sin d'éagmais
Odaiseas,

Choinníodh súil ar an bhfeirm agus d'óladh is d'itheadh ag baile
Fairis an lucht seirbhíse ar na huairibh a thagadh an fonn air.
Ach ó thógais do sheol 's gur imís in san ártach go Piolas,
Deirtear go bhfanann sé suite gan greim ná bolgam a
chaitheamh,

Is ná breathnaíonn ar na goirt, 's gur ag síorolagón is ag
caoineadh

A chaitheann an t-am, is go mbraitear an fheoil ag ceiliúradh dá
chreatlach."

Labhair Teilimiceas óg á fhreagairt go meáite agus dúirt leis:
 "Creid gurb oth liom, ach ligfeam dó san, dá léanmhaire atáimid.
 Mura mbeadh orainn ach aon rud a ghuí agus go leanfadh sé
 láithreach,
 Ba é mian aigne ba thúisce do thiocfadh dom, m'athairse
 d'fhilleadh.
 Tairse gan mhoill thar n-ais tar éis tuairisc a thabhairt in sa
 chaisleán,
 Is ná siúil trasna na ngort ina dhiaidh sin, ach abair lem'
 mháthair,
 Chomh luath is a fhéadfaidh sí faoi dhiscreid, bean
 choimhdeachta a ligint
 Sall go dtí teach an tseanóra, is go bhfaighidh faisnéis as a béal
 san."
 Chorraigh an t-aoire chun siúil leis an gcaint sin is d'fháisc ar a
 chosa
 Sandailí is d'imigh 'on chathair. Ní gan fhios do Phallas Aitéine
 A d'fhág Eomaeas an fheirm, agus tháinig sí i leith i gcosúlacht
 Mhná móire áille a bhfuil ceard ina méara chun oibreacha
 breátha.
 Sheasaimh sí i bhfianaise dhoras an tí, agus thaibhsigh
 d'Odaiseas
 Gan Teilimiceas d'fháil aon radhairc, ná a bhraistint go raibh sí
 Láithreach, mar amharc soiléir ní lamháiltear do chách ar na
 déithe.
 Chonaic an laoch í, is chonaic na gadhair, is ní dhearnadar
 ulthairt
 Ach b'iúid roimpi le sceon 's gnúsaíl go dtí taobh eile ' chlós iad.
 Sméid sí sin lena malaí is ba leor é mar chomhartha d'Odaiseas;
 B'eo leis amach ón dtigh agus choinnigh sé falla na gearde
 Riamh nó go raibh sé ina láthair. Do chaintigh Aitéine agus
 dúirt leis:
 "Éist liom, a mhic Laeirtéis, a laoich ilbheartaigh Odaiseas,
 Tá in am feasta agat labhairt le do mhac is gan aon rud a cheilt
 air,
 Is déanfaidh sibh lá na cinniúna don chomplacht éilimh a bheartú
 Is gluaiseacht 'na dhiaidh sin go cathair an chlu. Ní fada do
 bheadsa
 Deighilte ó láthair an ghnímh, mar is fonnmhar atáim chun an
 chomhraic."

Sin é mar dúirt, 's thug buille dá hórshlait draíochta don rilaoch,
 Is gaibheadh ar an mball é i gclóca is i gcóta a bhí nite go
 gléigil,
 Is tugadh a scéimh dá phearsain go hobann is taitneamh na
 hóige.
 Tháinig dath donn ar a chraiceann thar n-ais agus borradh ar a
 ghiolla
 Is bhláthaigh go dúghorm láidir an fhéasóg timpeall a smige.
 D'imigh Aitéine ar an éacht sin a dhéanamh, is shiúlaigh
 Odaiseas
 Chun an bhotháin an athair; ach do bhreatnaigh a mhac air le
 halltacht
 Is d'iompaigh a shúile le sceon i leataobh ar fhaitíos go raibh
 diacht ann,
 Is bhí, nuair labhair, uafás agus uamhan ina ghuth, agus dúirt sé:
 "Ní mar a chéile do chlós, a fhir dheoranta, anois agus cheana.
 Tugadh duit athrach éadaigh, is athrach craicinn 'na theannta.
 Measaim gur dia tú de dhéithibh a mhaireas sa bhfairsinge
 spéirgheal.
 Fabhar dúinn deonaigh, is gheobhair ón bpobal na hiobairtí
 breátha
 Is bronnaisí óir d'obair cheirde; Ó! Déan orainn trócaire, a
 Thiarna."
 Agus ag freagairt a mhic dúirt loach an fhadfhulaing Odaiseas:
 "Nílim im' dhia! Leis na déithe gan éag cén fáth duit mé a
 shamhlú?
 Ach is mé t'athair, a mhic, gurbh éigean le fada dá chionn duit
 Fulang i mbrón 's luí thíos faoi theann 's láimh láidir na
 ndaoine."
 Labhair seisean amhlaidh, is phóg sé a mhac 's dá ghruanna do
 shil sé
 Sruthanna deor ar an dtalamh, na deora do choisc sé go dtí sin.
 Bhí Teilimiceas fós gan géilleadh go bhfaca sé a athair,
 Is chruinnigh sé a mheabhair is a chaint chun an té sin do
 fhreagairt is dúirt leis:
 "Tá diacht éigin 'am' mhealladh, agus ní tú m'athair Odaiseas.
 Sid é mar táthar a'm' bhréagadh, le caoineadh agus léan a
 bhreisiú dhom.
 Muintir an tsaoil seo gur dán dóibh bás, níl meabhair aige neach
 díobh

D'fhéadfadh na nithe seo a dhéanamh, ach nuair bhíonn lámh aige diacht ann,

Bíonn saoráid aici ar óige nó ar aois a chruthú mar is toil léi. Bhís id' sheanáir ó chianaibh, is balcaisí gránna ina gclúid ort, Is tá anois dealramh le dia agat dá maireann sa bhfairsinge spéirgheal."

Dúirt lena mhac á fhreagairt an laoch ilbheartach Odaiséas: "Iontas thar meon a bheith ort níor ghá, a Theilimicis, duitse Toisc go bhfuil t'athair thar n-ais; níor chóir go mbeadh alltacht dá chionn ort.

Bí lánchinnte ná fillfidh Odaiséas eile ar an bhfód seo, Ach gur mé féinig an fear, atá fillte thar n-ais ar an ndúchas Tar éis anró is fánaíochta, sa bhfichiú bliain ar mo shiúl dom. Tá an gníomh iontach seo déanta ag Aitéine na sloide do thógaint,

D'fhág 'na leithéid seo de chló mé, mar thoiligh is cumhacht aici chuige.

Rinne cosúil le fear déirce mé tamall, is tamall 'na dhiaidh sin Thug orm dealramh fir óig is i gcéadscóth an éadaigh do ghaibh mé.

Óir ní deacair do dhéithibh a mhaireas sa bhfairsinge spéirgheal Duine de shíolbhach an éaga do ghlóiriú ar domhan nó do shuarú."

Dúirt seisean amhlaidh is shuigh, agus d'fháise Teilimiceas láithreach

Timpeall ar a athair a ghéaga is é ag sileadh na ndeor is ag caoineadh.

Tháinig ansin orthu araon fonn goil 's d'ardaíodar le chéile Géarghlór caointe gan staonadh, mar lánú éanlaithe fiaine, Fiolair na mara nó badhba na gcrúcaí cama go mbaineann Buachaillí tuaithe a gcuid gearrcach den nid sara bhfásann a gcleití.

Shileadar sruthanna deor truamhéalach anuas ar a leicne, Is leanfadh an bheirt ar a ngol 's osnaíl nó go rachadh an ghrian faoi,

Murach gur fhiafraigh an mac ceist obann dá athair ag rá leis: A athair, a chroí, cén long gurbh inti go hIticé a sheolais? Cérbh iad foireann an bháid? Cén cine do mhaíd orthu féinig? Óir ní de chois, dar liomsa, do shroichis an cósta seo againne." Agus ag freagairt a mhic dúirt laoch an fhadfhulaing Odaiséas:

"Neosfad, a linbh na n-árann, an fhírinne dhuitse go hiomlán: Ba iad clúmhuintir na long, na Faedhicigh a sheol mé mar sheolaid

Daoine nach mise ar an muir, pé duine a thig chucu ina ghátar. Sheoladar mise i mo chodladh ina luathbhárc trasna na mara, Is cuireadh in Iticé i dtír mé is an rachmas a bhronnadar orm, Raidhse den ór is den bhróinse, agus éadaí fite go hálainn. Buíochas le déithe go bhfuil gach seoid acu folaithe in uamhain mhóir.

Mheabhraigh Aitéine dhom teacht ina dhiaidh chun na háite ina bhfuilim,

D'fhonn is go bhféadfainn led' chúnamh an bás dár naimhdeibh a bheartú.

Seo leat anois, déan áireamh an chomplachta éilimh dom tríd síos, Ionas go dtuigfead i gceart cé hiad is an méid atá ann díobh; Agus i m'aigne gan cháim socród ansin leis an machnamh Cé acu arbh fhéidir don bheirt againn féin gan cúnaimh fear eile Treabhadh inár n-aonar 'na n-aghaidh, nó an gá dhúinn páirtithe a lorg."

Labhair Teilimiceas óg á fhreagairt go meáite agus dúirt leis: A athair, do chuala-sa riamh go raibh clú mór ortsa i measc daoine,

Pé acu a mbeadh sleatha le caitheamh i gcoimheascar, nó comhairle le moladh.

Más ea, téann tú thar teorainn. Do scanraigh do chaint mé. Ní fhéadfadh

Aon bheirt fhear dul ag comhrac lena oiread san féinne dea-oilte.

Óir níl complacht an éilimh i dtaobh le deichniúr nó le fiche; Tá an líon níos iomadúla ná sin; sid é agat an t-áireamh.

Ó Dhúlaiciam amháin dáréag agus daichead a tháinig D'úrscóth na n-óglach, is seisear giollaí á leanúint chun an chaisleáin.

Ceithre fhear fhichead a tháinig 'na mbuín ógánach ó Shama, Is ó Shacantas do sheol scór ógfhear Acaeach anall chugainn, Agus as Iticé féin tá dáréag uaisle le comhaireamh, Is fairis an ndream sin Meadón fógróir agus file na mBéithe, Is beirt sheirbhíseach atá sáoilte chun riartha na feola. Más fogha dhúinn faoina oiread san namhad atá cruinnithe romhainn ann,

Is é is baol liomsa gur tusa do dhíolfas go trom is go tinn as,
'Chionn dul ag agairt a gcionta ar na daoine an-tréana gan taise.
Ach más cuimhneamh duit, a athair, ar aon chosantóir in sa treis
seo,

Meabhraigh go cruinn ar an té a bheadh fonnmhar chun
comhraic i bpáirt linn."

Agus ag freagairt a mhic dúirt laoch an fhadfhulaing Odaiséas:
"Déarfaidh mé leat cé hiad, agus tuigse na nithe do chloisfir,
Is meabhraigh an leor dár gcoimheascar Aitéine i gcuibhreann a
hAthar

Séas, nó an gcaithfidh mé cuimhneamh ar aon pháirtí seachas
iadsan?"

Labhair Teilimiceas óg á fhreagairt go meáite agus dúirt leis:
"Molaim an bheirt ghaiscíoch atá luaite agat, a athair, mar
chabhair dúinn,

Bíodh is gur suite ar na scamail atáid; mar is iad a bheir leotha
Barr ó dhaoineibh an tsaoil, 's ó dhéithibh a mhaireas go síoraí."

Agus ag freagairt a mhic dúirt laoch an fhadfhulaing Odaiséas:
"Meáim nach fada don bheirt sin ar deighilt ó chuilithe an
chomhraic,

Nuair bheidh triail ar an má idir an complacht éilimh is sinne,
Agus im' halla go mbeifear ag bualadh i gcomórtas na n-arm.
Gluais, a mhic ó, leat ar maidin le lóchaint an lae ghil abhaile;
Fill ar an gcomplacht éilimh neamhshrianta, agus téir 'na
gcuideachtain.

Níos deireanaí ná sin is ea a sheolfaidh an t-aoire mé 'on
chathair,

Is beidh orm dealramh seanóirín déirce atá cloíte ag an anró.
Má níd sin easonóir dom sa chaisleán, broiceadh do chroí leis
Is fanadh 'na mháistir ar t'olc agus iadsan go cruaidh ag gabháil
dom.

Má bheirid féin ar mo chosa, is go scuabaid an doras amach mé,
Nó má scaoilid liom urchar, ná déansa ach féachaint is
foighneamh.

Comhairlighse dhóibh lena linn teora éigin a chur lena bhfiantas;
Labhair leo is mánlacht id' ghuth; ní bhfaighir uathu éisteacht 's
ní dhéanfaid

Rud ort, tráth is go bhfuilid ag druidim le lá na cinniúna.
Tá bréithre eile le rá agam, is coinnigh id' mheabhair go soiléir
iad:

Nuair gheobhfad focal na faire ón ndiabhean Aitéine dheá –
chomhairleach

Sméidfidh mé ortsa lem' cheann, 's ar a thabhairt faoi ndeara
dhuít, déanfair

Gach a bhfuil d'airm le fáil mórthimpeall an halla do chruinniú
Is iad a stobháil i bhfad siar in sa tseomra ard daingnithe taisce.
Tóg iad uile, agus maolaigh an complacht éilimh le caint
shéimh,

Má bhíonn ceist acu á cur, nuair bhraithfid na hairm ar iarraidh.
'Thugas liom iad ón ndeatach,' déarfair, 'mar nílid a thuilleadh
Amhlaidh is d'fhág Odaiséas roimh a sheoladh go cathair na
Traí iad;

Aer díobhálach na tine ba bhun leis an máchail atá orthu.
Chuir mac Chronais im' cheann, fairis sin, baol eile ba mhó fós:
Nuair bheadh sibh ró-ólta, go n-éireodh eadraibh go fíochmhar,
Agus go ndoirtfí fuil, 's ná beadh ach náire ann i ndeireadh
Féasta agus éilimh; ní beag faobhar arm chun laochra do
ghríosadh."

Ná bíodh fágtha ach amháin dhá chlaíomh 's spiara i do dhiaidh
ann

Is dhá sciath leathair in áit go mbeidh caoi againn ar thuirling i
dtráth ann

Is iadsan a sciobadh de ráib, nuair a iompóidh Pallas Aitéine
Is Comhairleoir beartaithe Séas ár gcomplacht éilithe dá n-aire.
Seo focal scoir duit anois, agus coinnigh i gcuimhne go maith é:
Más tú mo mhacsa go fíor, is go ritheann id' chuisleanna
m'fhuilse,

Ná lig le hais t'anáile gur fillte ar a theaghlach d'Odaiséas.
Fág Lacirtéis gan eolas — ná habair le haoire na muc é,
Ná faigheadh aon tseirbhíseach, ná fiú Peanápla féin é.
Eadrainne déanfam amach cén éirim a thógann an bhantracht,
Is b'fhéidir go bhféadfam 'na theannta fo-fhear des na
sclábhaithe a thástáil

Is a fheiscint cé acu den dream a bheir dílseacht dúinne agus
urraim,

Is cé acu ná bíonn 'nár spéis, 's ná honóraíonn t'uaisle de
phrionsa."

D'fhreagair an rímhac niamhrach a bhréithre go réidh agus dúirt
leis:

"A athair, in aimsir an áir atá romhainn, léireofar mo mhianach

Duitse, agus meáim ná faighir go bhfuil éagantacht gafa lastuas díom.

Tá beart molta agat, áfach, is measaim le cead duit ná beadh sí Tairbheach dúinne sa treis; impím ort cuimhneamh arís air.

Is é mo bharúil go mbeadh moill ar do chúrsáil timpeall na bhfeirmeach

Ag d'iarraidh na n-oibrithe a bhrath, is cladhairí lena linn sin sa phálás

Is rachmas na háite acu á reic ar a suaimhneas gan aon rud a spáráil.

Is é a chomhairlím duit, do shúil a choinneáil ar na mná atá sa teaghlach,

Ionas go mbraithfir an dream reibiliúnach 's an dream atá dílis. Ní aontaím leat in aon chor i dtaobh lucht tuaithe do chuardach D'fhonn gach giolla do thriail - sin cúram nach miste dhó cairde,

Má thug Séas Ard-Tiarna na Scéithe go firinneach tuar duit." B'amhlaidh don bheirt sin i gcaint is i gcomhrá binn lena chéile. Seoladh i gcuin lena linn sin in Iticé an t-áthach dea-dhéanta A thug Teilimiceas óg ó Phiolas is foireann a chairde. Chuadar go deireadh na slí ródála agus léimeadar aisti. Suas ón imeall go barra na trá a tharraingiodar an t-áthach, Is d'ardaigh an bhuíon sheirbhíseach na gléasanna leatha le séirseáil.

Tugadh na bronntaisí anonn chun an tí ina raibh Clitias 'na chónaí Is ligeadh gan mhoill fógróir leis an scéala go teaghlach Odaiséis,

D'fhonn is go neosfaí láithreach don Rín Peanápla mheabhrach, Aistear a mic faoin dtuaith tar éis ordaithe d'fhoirinn an áthaigh Seoladh sa chuan isteach 's ná beadh de cheal eolais ar tharlaigh Eagla ar an máistreás chalma agus deora na trua lena súile. Bhuaíl fógróir sin na foirne agus aoire na muc lena chéile Agus an teachtaireacht chéanna ag an mbeirt á tabhairt chun an chaisleáin.

Chomh luath riamh is a bhíodar araon laistigh des na doirse, D'fhógair an giolla ón áthach i láthair na mban agus dúirt sé: "Insím filleadh do mhic ó Phiolas thar farraige, a bhanríon!" Sheasaimh dea-aoire na muc ina cóngar ansin agus dúirt léi Gach scéal d'ordaigh ar maidin a mac Teilimiceas d'insint, Is nuair bhí an fhaisnéis ráite aige sin tríd síos mar a fuair í,

D'fhág sé an chúirt is a tearmann is d'fhill ar an bhfeirm 's ar a chróite.

Bhí buairt éachtach ansin ar an gcomplacht éilimh is alltacht. Chuadar amach ón gcúirt agus trasna go falla agus geata, Is tríd sin arís agus shuíodar 'na gcruinniú síos ar an bhfaiche. Labhair Eoramacas breá mac Pholaib 'na measc agus dúirt leo: "B'ard sin, a chairde, mar éirim a thóg Teilimiceas Prionsa, Is thug sé a thaisteal chun críche d'ainneoin gach a ndúramar cheana.

Téanaídh faram anois, tarraingimis áthach sa tsáile, Rogha a bhfuil againn, agus sádh foireann rámhaithe mara gan mhoill í

Trasna le scéal dár lucht compánach 's le fógra chun fillte." Ní raibh ráite aige ar fad nuair chas Amfanamas timpeall Agus go bhfaca sé áthach ag tarraing an chuain is ar ród ann, Is seolta á bhfilleadh aige daoine is maidí á dtógaint 'na lámha acu.

Gháir sé go meidhreach, is d'iompaigh thar n-ais chun a chairde agus dúirt leo:

"Níl aon ghá againn le scéala do chur! Tá port acu buailte, Pé acu go bhfuairadar teachtaireacht dé, nó go bhfacadar féinig Áthach sa bhfairsinge amuigh, is nár fhéadadar breith uirthi choíche."

Sin é mar dúirt; d'éiríodar 'na seasamh is b'iúd chun na trá leo. Tháinig an fhoireann amach, tiormaíodh ar an gcladach an t-áthach,

Is d'ardaigh an bhuíon sheirbhíseach na gléasanna leatha le séirseáil.

Chuadar go láthair an aonaigh 'na slua, is níor ligeadar d'aoine Óg ná aosta de mhuintir na háite a beith páirteach 'na gcruinniú. Labhair Antanús mac Eoipéitéis 'na measc agus dúirt leo: "Féachaidh, mo chreach mé, mar d'fhuascail na déithe ón ngéibheann an fear sin!

Bhíodh lucht faire gach lá againn i síoruainíocht lena chéile Socraithe ar ardaibh na gaoithe, agus nuair a cheiliúradh an ghrian uainn,

Riamh níor caitheadh an oíche ar an dtír, ach i lár mara móire Scoltaí timpeall is timpeall san áthach go lóchaint an lae ghil, D'fhonn Teilimiceas óg a mharú tar éis teacht air i gan fhios. D'éalaigh sé leis ón líon, agus sheol diacht éigin abhaile é,

Is dúinne ní mór dá réir sin cinniúint dó san áit seo do bheartú,
Is gan dul as aige an uair seo, mar faid is atá sé ina bheathaidh,
Meáim ná féadaim go brách ár gcúram a stiúradh chun críche.
Tuigidh gur ábalta an mac é, is go bhfuil sé dea-chomhairleach
dea-mheabhrach,

Is nach 'nár bpáirt atá fabhar agus dílseacht na ndaoine le
hiompó.

Deirimse libh brostú sara nglaofaidh an mac seo chun aonaigh
Slua na nAcaeach, 's ní móide go gcuirfidh sé srian lena
chuthach,

Ach éireoidh sé le feirg 's inneosaídh don mhuintir a chúrsaí,
Is conas mar bhíomar ag beartú báis dó is go ndeachaigh an
gníomh dínn,

Is ní haon mholadh do gheobhfáir ar chlos ár gcoirthe ar an
gcruinniú.

Is é a ndianagairt is baol liom, is ordú sinne do dhíbirt
Ón dtír dhúchais, 's go racham i gcéin 'nár ndeoraithe ag
teitheadh.

Bíodh céadbhuille againn féin air, in áit iargúlta den tír seo,
Nó feadh an bhóthair ina aonar, 's a bheatha is a sheilbh, is linn
iad

Gan ach an riaradh le déanamh go cóir; socróm ar an gcaisleán
D'fhágaint i seilbh a mháthar is pé duine a gheobhfás i le
pósadh.

Ach mura bhféadann mo chomhairle taitniúint leis an ndáil, is
gur mian libh

Eisean d'fhanacht ina bheathaidh, is oidhreacht a athar 'na
sheilbh,

Ná cruinnimis feasta ina thigh, ná leantar ag ídeach
Rogha a chuid stóir ar an mbord; téadh cách thar n-ais chun a
thí féin,

Is bronnadh as sin a chuid rachmais, ag éileamh na mná dhó,
agus dise

Ligtear an té is mó a bhronnas a phósadh, ach an t-ádhdh a bheith
i ndán dó."

Labhair seisean amhlaidh, is bhí an lucht éilimh ag éisteacht 'na
dtost leis.

Ba é fear d'éirigh 'na dhiaidh is a labhair, Amfanamas uasal,
Rímhac glórmhar do Niseas de shíolbhach an taoisigh Airéitias.
B'ó Dhúlaiciam fairsing na bpáirceanna arbhair is na móinéar

D'fhág sé ina cheann lucht éilimh, is gheibheadh Peanápla
mheabhrach

Taitneamh 'na chaint thar a dtáinig, mar bhí sé go cóir ina chroí
istigh.

Agus b'ar mhaithe le muintir an éilimh do labhair agus dúirt leo:
"Ná beartaídh, a fheara ' chroí, más mian libh mo chomhairle
do ghlacadh,

Bás Theilimicis óig; mar is an-choir ghránna agus uafás
Doirteadh na rífhola, is faighidh, sara ndéanfar é, comhairle na
ndéithe.

Más é toil Shéis mhóir é is go dtugann sé reacht chun a dhéanta,
Bead rannpháirteach lem' láimh ann, is gríosód chuige gach
aoinne.

Ach má chuireann na déithe inár n-aghaidh, is é a mholaimse,
staonadh."

Labhair Amfanamas amhlaidh, is thaitin a chaint lena chairde.
B'iúd ina seasamh gan mhoill is ag déanamh ar áitreabh an Rí
iad,

Is chuadar isteach ann is shuíodar 'na líne i gcathaoireacha líofa.
Bhí rud nua dá thaibhreamh don Rín Peanápla mheabhrach.
Shocraigh sí ar sheasamh i láthair an chomplachta éilimh dá
ghráine iad,

Óir níor dhal ar a mbeartú báis dá mac ina chúirt í;
D'inis Meadón fógróir di a raibh cloiste aige féinig dá
gcomhrún.

Tháinig sí is bantracht choimhdeachta anuas go dtí halla na
bhféastaí

Mar a raibh complacht éilithe a pearsan, is chlúdaigh sí a leicne
Is sheasaimh sí láimh le piléar des na teanntaí a dhaingnigh an
halla,

Is cheartaigh i gcaint faoi leith Antanús fíochmhar is dúirt leis:
"A fhir dhúbheartaigh gan srian, a Antanúis, cloisim de theist
ort

Nach fearr aoinne ná tusa ded' lucht comhnaoise sa tír seo
Maidir le comhairle is le bréithre, ach a'm' bhriathar gur tú ná
fuil amhlaidh.

Rinnis, a gheilt, do mo mhac Teilimiceas poc na cinniúna
A bheartú, is níl aon chuimhneamh ar dhlithe na seanachainí
agat.

Ba é Séas d'achtaigh na dlithe, agus táid idir tú agus mo mhacsa,

Á chosc oraibh araon a bheith ag beartú i gcoinne a chéile.
 Ná feadaraís gur ag teitheadh roimh fhiúnach na ndaoine do
 tháinig
 T'athair 'on tigh seo san am; óir b'éachtach mar bhíothas i
 bhfeirg leis
 Toisc a bheith i gcuibhreann le dream píoráidithe ó Thafas is
 ionsaí
 A dhéanamh ar thír Theaspróite go raibh dlúthpháirt againn féin
 léi.
 Stracfaí a chroí sin amach leis an bhfonn chun a bhásaithe a bhí
 orthu,
 Is déanfaí a rachmas a reic, mar is mór a bhí dúil aige cách ann,
 Murach gur shaor Odaiséas é is gur mhaolaigh sé cuthach na
 ndaoine.
 Is ea, agus anois nach tusa atá ag caitheamh a stóir sin in aisce,
 Agus ag éileamh a mhná agus ag faire ar a leanbh a threascairt.
 Á! Is gráin liomsa do bhearta — ach staon agus coisc an chuid
 eile.”
 Labhair Eoramacas mac Rí Pholaib is dúirt leis an mbanríon:
 “A iníon Iciris uasail, a Ríon Peanápla mheabhrach,
 Glac misneach! A leithéid sin de bhearta, ná bíse ina dtinneas.
 Níl ar an saol is ní raibh, ná fós ní thiocfaidh an duine
 A leomhfas an lámh an-tréan chun do mhic Teilimiceas d'ardú
 Faid atá an t-anam im' chliabhosa agus radharc ar na daoine im'
 shúile.
 Deirim go neamhbhalbh é, gurb é rud a chífear an lá sin,
 Fuil chróndearg duine éigin ag síleadh ó bharra mo spiara.
 Óir cuimhnímse go ndearna Odaiséas úd na mbailte do léirscios
 Mise do chur ar a ghlúine go minic is blúire den rósta
 A thabhairt dom le caitheamh im' láimh, is go dtug fion dearg
 le n-ól dom.
 Is é Teilimiceas óg, dá chionn san, is dílse lem' chroíse
 D'fhearaibh an domhain, agus maidir le muintir an éilimh, ní
 baol dó
 Ó lámh aoinne acu an bás; lámh dé ní féidir a sheachaint.”
 B'amhlaidh dó á misniú san, ach bhí sé meáite ar an dtreascairt.
 D'imigh an bhanríon suas chun a seomraí niamhracha in airde,
 Is chaoín fear dílis a cléibh Odaiséas ann go dtáinig an codladh
 Milis anuas ar a súile le trócaire Aitéine na súl glas.
 Nuair bhí an ghrian ag imeacht, d'fhill aoire na muc ar Odaiséas

Agus a mhac, 's uainíocht ag an mbeirt ar a chéile dá déanamh
 Chun an tsuipéir d'ullmhú, is muc bhliana acu á róstadh. Do
 tháinig
 Pallas Aitéine an athair lena n-ais agus theangmhaigh
 d'Odaiséas
 Mac Laeirtéis arís lena slait agus rinne seanóir de,
 Is ghaibh é ina cheirteacha gránna thar n-ais sara bhféadfadh an
 t-aoire
 Máistir an tseanama d'aithint, is go bhfaigheadh Peanápla
 mheabhrach
 Scéal uaidh tráth is go mbeadh discríd ródheacair dá fhoighne.
 Ba é Teilimiceas Prionsa ba thúisce do labhair, agus dúirt sé:
 “Nach tú féin, a Eomacais? ' Bhfuil aon scéal nua acu sa
 chathair?
 Arbh amhlaidh a tháinig an complacht éilimh ar ais chun an
 chaisleáin?
 Nó an bhfuilid fós i mbun faire a choimeád ar mo thaisteal
 abhaile?”
 Labhair Eomacais dea-aoire na muc á fhreagairt is dúirt leis:
 “Ní raibh spéis agam ann chun siúl faoin gcathair is fiosrú
 A dhéanamh 'na thaobh; ba é caitheamh ba threise do ráinig i
 m'intinn,
 M'fhaisnéis d'insint go luath agus filleadh gan mhoill ar an áit
 seo.
 Bhuaíl faoin slí liom an teachtaire a chuaigh ód' bhád chun an
 chaisleáin,
 Is b'ón bhfógróir sin ba thúisce do chuala do mháthair an scéala.
 Tá nuacht eile dá éagmais agam, rud a chonac lem' shúile:
 Shiúlas ar chnoc Heirméis, go bhfuil radharc uaidh síos ar an
 gcathair,
 Is thaibhsigh an bád dom a ráinig ag seoladh isteach lena linn
 sin
 Roimpi sa chuan, agus bhí lánchomplacht fear ar a bord san,
 Is bhí lansaí dhá stoic agus sciatha ina gcomhair sin go
 flúirseach.
 Mheás gurbh iad a bhí ann, ach seachas an méid sin ní heol
 dom.”
 Labhair seisean amhlaidh, is tháinig ar bhéal Theilimicis fáthadh
 Is d'fhéach sé ar a athair go cruinn, ach do chúb ó fhéachaint an
 aoire.

Nuair bhí críoch lena saothar 's an béile sin leagaithe rompu,
Chaitheadar bia ar chomhrian, agus fuair gach fear chun a thola
é;
Tar éis dá ndúil a bheith sásta do bhí acu san ól is san ithe
Ba ea a chuimhníodar ar shuan agus d'éirigh a gcodladh go binn
leo.

XVII

Nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rósdeirg na Maidine,
D'fhág Teilimiceas óg mac an laoi dhianiamhraigh Odaiséas
Leabaidh a shuain, agus chuir ar a chosaibh a shandailí áille.
Thóg sé a spiara ard trom agus ghreamaigh go daingean 'na
láimh é.
Mheáigh sé ar ghluaiseacht 'on chathair, is labhair sé lena aoire
agus dúirt leis:
"A uncail, a chroí, is í an chathair mo thriall, chun go bhfeicfidh
mo mháthair
Mé lena súile, mar measaim go cinnte ná stadfaidh sí choíche
Dá holagón truamhéalach 's de shileadh na ndeor is de
chaoineadh
Nó go mbead féinig 'na láthair; is tógas na horduithe anois
uaim.
Seolsa ár ndeoraí bocht chun na cathrach, d'fhonn is go
n-iarrfaidh
Beatha ina déirc ann, 's an té sin gur toil leis, tugadh 'na ndéirc
dó
Greim agus bolgam. Is ró-iomadúil iad sluaite na mbochtán
Ionas go bhféadfainnse carthain a thabhairt dóibh, 's buairt dem'
chuid féin orm.
Más míchéadfach dá chionn san an deoraí, is dósan is measa,
Is níl aige a mhalairt le fáil; is í an fhirinne dhíreach mo
chaighdeán."
Dúirt lena mhac á fhreagairt an laoi ilbheartach Odaiséas:
"Níl aon éileamh agamsa, a fhir chóir, ar fhanacht mar a
bhfuilim.
Nuair bhíonn duine gan bhia, is fearr cathair ná tuath dhó mar
stáitse
Déirce do lorg; 's an té sin gur toil leis, tugadh sé déirc dom.

Nílím a thuilleadh san aois le fanacht i mbothánaibh na
bhfeirmeach
Is orduithe im' chluasa gan stad, 's rud a dhéanamh ar mháistir i
gcónaí.
Tabhair ort t'aistear, is gheobhfaid treorú ón nduine seo ar
t'fhocal,
Nuair bheidh teas in sa lá, agus go dtógfaidh mé goradh den
tine.
Óir tá mo bhalcaisí dona thar meon, is is baol liom ar maidin
Cloíochaint an tseaca, is an chathair i bhfad uainn, do réir mar
dúraís."
Labhair seisean amhlaidh; do ghluais Teilimiceas óg as an
seantán
Faoi rop siúil, is drochíde don chomplacht éilimh ar a intinn.
Nuair bhí siúlta aige suas go dtí caisleán taibhseach an bhaile,
Chuir sé i dteannta piléir mhóir aird ag an ndoras a spiara;
Trasna na tairsinge cloiche do chuaigh sé isteach ina dhiaidh sin.
Eoraiclia do thóg é, do ba ise ba thúisce do chonaic
Eisean ag teacht, 's lomraí aici á leathadh ar chathaoireacha
greanta.
Lom faoi dhéin an fhir óig ba ea do chuaigh faoi dheora, is do
chruinnigh
Mná a bhí ar lucht seirbhíse Odaiséis sa tseanaimsir 'na
thimpeall
Fáilteach ceanúil, 's chlúdaíodar a cheann is a ghuaile le pógadh.
Tháinig anuas as a seomra ansin Peanápla mheabhrach;
Bhí sí mar Artaimís mhaorga, is mar Ríon Afraidíte na
n-órdhual,
Is chaith sí go deorach a dhá géig timpeall a mic agus d'fháisc é,
Is phóg sí go dílis ar a éadan 's ar dhá shúil álainne a chinn é,
Is d'ardaigh a guth agus labhair trí ghol agus chneadaigh is dúirt
leis:
"Á! A Theilimicis ionmhain, 's, a ghile mo chroí! Is is agamsa
Ná raibh súil leat arís, ó sheolais go Piolas san ártach,
Gan fhios don tsaol is gan chead, chun go bhfaighfeá tuairisc ar
t'athair.
Inis, cé a tharla leat ann, agus cad atá feicthe ag do shúile?"
Labhair Teilimiceas óg á freagairt go meáite agus dúirt léi:
"Tuig dom, a mháthair, a chroí; ná múscail mo dheora, ná
corraigh

M'aighe le maoithneachas goil, ó chír nár thuirling an bás orm.
 Úraigh le níochán t'aghaidh, gaibh in éide ghlan-nite do
 phearsa,
 Is imigh leat suas chun do sheomraí in airde mar aon le do
 bhantracht,
 Is móidigh do dhéithibh Oilimpis go ndéanfaidh tú céadscóth an
 tréada
 D'oifrail, ach go dtoileoidh Séas agairt na gcionta do dhéanamh.
 Raghadsa go láthair an aonaigh le deoraí d'fháil ann do thugas
 Liom in sa bhád ar mo thaisteal anall; is ar m'orduithe inné dhó
 Tháinig sé sin is mo bhuíon chompanach i dtír ar an dtaobh seo.
 Bhí Péaraeas 'na measc, agus dúirt leis é a thabhairt chun a
 theaghlaigh,
 Ionas go bhfaigheadh ann fáilte is onóir nó go dtiocfaínn á
 éileamh."
 Labhair seisean amhlaidh, is sheasaimh a mháthair 's a béal ina
 chónaí.
 Chaith sí an t-uisce ar a haghaidh, ghaibh a pearsa in san éide
 ghlan-nite,
 Is mhóidigh do dhéithibh Oilimpis go ndéanfaí céadscóth an
 tréada
 D'oifrail ach go dtoileodh Séas agairt na gcionta do dhéanamh.
 Ghluais Teilimiceas óg ina dhiaidh sin amach as an halla,
 Is thóg sé a spiara thar n-ais. Bhí dhá ghadhar mheara dá
 leanúint,
 Is b'éachtach an niamh a bhí bronnta ag an ndiabhean Aitéine ar
 a dhealramh.
 Tháinig sé i láthair na ndaoine agus chas gach súil air ag
 dearcadh,
 Is bhailigh an complacht éilimh le lán is le mustar 'na thimpeall.
 Is caint fhabhrúil ina mbéal agus feall istigh dó ina n-intinn.
 Bhíodar 'na ngasra lena ais, ach do dhruid i leataobh gan
 teangmháil leo,
 Is mar a raibh Antafas suite agus Meantór is sean-Halatairséis,
 Triúr a bhí dílis dá athair 'na lá agus do chloígh lena chine,
 Stad sé agus shuigh ina measc, 's níor fhágadar cúrsa gan fiosrú.
 Dhruid Péaraeas 'na leith, fear cáilmhear i gcomhrac na lansaí,
 Is cóisireach fairis a sheol sé go láthair an aonaigh; ba ghasta
 A chuaigh Teilimiceas chucu le fáilte do chur roimh an ndeoraí.
 Ba é Péaraeas ba thúisce do labhair, agus dúirt leis an ógfhear:

"Lig mná éigin, a Phrionsa, go luath ód' thigh chun mo thise,
 Ionas go mbéaraid abhaile na bronntaisí a thug Meinealás duit."
 Labhair Teilimiceas óg á fhreagairt go meáite agus dúirt leis:
 "Fan le hathlá, a Phéaraeas; ní heol dúinn cad atá i ndán dúinn.
 B'fhéidir go bhfaigheadsa gan spás ó chomplacht éilimh an mhustair
 Treascairt an fhíll in sa chúirt, is go riaróid eatarthu
 m'oidhreacht.
 B'fhearr liom gur ortsa do thitfeadh mo stór ná ar dhuine den
 dream úd.
 Ach más mise do leagfas le buille cinniúnach an complacht,
 Gheobhad féin sásamh is gheobhairse as an stór d'aistriú chun
 mo thise."
 Sin é mar dúirt, agus sheol leis an deoraí bocht chun a thí féin.
 Nuair bhí siúlta acu suas go dtí caisleán taibhseach an bhaile,
 Bhaineadar díobh agus leagadar uathu ar chathaoireacha a
 gclócaí,
 Is chuadar ar leith chun sínte sna hiomair dhea-líofaithe
 níocháin.
 Tar éis dos na mná iad d'ionladh agus ola do chuimilt dá
 gceiceann,
 Ghaibheadar an bheirt acu arís ing gcótaí olla is 'na gclócaí,
 Is d'imigh na fir chun an halla thar n-ais agus shuíodar chun
 béile.
 Tháinig cailín seirbhíse agus dhoirt sí amach as a gcoinne
 Ó chrúscá óir bhuí álainn i mbáisín airgid ghléigil
 Uisce chun nite na lámh, agus leag bord líofa ina láthair;
 B'eo maor mná le harán, 's níor spáráil sólaistí orthu.
 Láimh le piléar os a gcomhair i gcathaoir bhí máthair an ógfhir
 Suite, is an snáithín caol á shníomh aici ar choigil le cáiréis.
 Shíneadar lámha chun an bhídh a bhí ullmhaithe rompu go
 blasta,
 Is tar éis dá ndúil a bheith sásta do bhí acu san ól is san ithe,
 Chrom Peanápla mheabhrach ar labhairt agus dúirt leis an
 bPrionsa:
 "Rachad arís, do réir dealraimh, a mhic, uait suas chun mo
 sheomra,
 Is sínfead arís in sa leabaidh atá seanchleachtaithe ar m'osnaí
 Agus ar shileadh mo dheor ón lá sin gur imigh Odaiséas
 Fairis an mbeirt Aitréideach go Traí, is ní thabharfair mar
 shásamh

Dom sara líonfaidh an halla de chomplacht éilimh an mhustair,
Focal a rá i dtaobh t'athar a theacht, más clos duit go
dtiocfaidh."

Labhair Teilimiceas óg á freagairt go meáite agus dúirt léi:
"Ná habair amhlaidh, a mháthair, mar neosfad an fhírinne tríd
síos.

Bhaineamar Piolas amach agus Neastór aoire na sluaite.
Ghlac sé sin mé go dúthrachtach séimh ina chúirt agus thug
dom

Féile agus grá mar a gheobhfadh mac díl ón athair a chífadh
Fillte é go nua tar éis blianta do chaitheamh i gcéin; do chuir
seisean

Romham, is a chlann mhac cáilmhear, an fháilte do bhí mar an
gcéanna.

Ach nuair d'iarras air scéal ar an rí mífhortúnach Odaiséas,
Dúirt nár chuala riamh ó neach cé acu marbh nó beo dhó.
Chuir sé ar aghaidh mé go dtí Meinealás laoch iontach na
spiaráí,

Is thug chun an aistir dom capaill, is car siúndálta go daingean.
Banríon Héilin as Argas a chonac 'na chúirt sin, gur fhulaing
Muintir na Traí is Airgíbhígh le hantóil déithe dá deascaibh.
Láithreach do chuir Meinealás dea-chúntach a cheist agus
d'fhiafraigh

Cad a bhí uaimse go dtánga ón mbaile go tír Lacadaemóin.
D'inseas ansin dó mo scéal agus dúirt leis an fhírinne tríd síos,
Agus ar a uain sin do fhreagair i gcaint fhadchúrsach is dúirt
liom:

"Faire go deo! Ba é ba mhian leis an gcomplacht meata go
bhfaighidís

Ionad i leabaídh an té a bhí ina phátrún d'fhearaibh ar
chalmacht.

Faoi mar a thioctadh an eilit go pruais leoin láidir 's a
chuirfeadh

Dhá lao mhaola ann chun suain, gan deighilt ó mháthair go fóill
dóibh;

Siúd léi ag inbhear di féin ar na hardáin choillte is ar mhóinéir
Uaithne cois abhann, ach filleann an leon ar an bpruais ina
dhiaidh sin,

Is déanann sé coscáirt de ráib ar an dá lao bhochta go gránna;
B'amhlaidh do Rí Odaiséas is don bhfeolbhach a dhéanfadh sé

dhíobh san.

Ó! Dar Séas is Aitéine is Apalló, dá mbeadh sé mar bhí sé
Lá sin na treise fadó, nuair bhíomar i mbánchathair Leisbis.
Sheasaimh sé is rinne babhta iomrascála le Filimiléidéis,
Is chaith ar an bhfód é de phleist, is chuir bród ar a raibh ann
d'Acaeigh.

Dá mbeadh seisean sa neart sin, 's an complacht éilithe dána
Thall as a chomhair, níorbh fhada dá moill ag fanacht lena
n-íde,

Ná níorbh fhada gur bréan dá saol cúirtéireachta a bheidís.
Maidir le t'fhiafraí dhíom is do dhá láimh fillte ar mo ghlúine,
Focal ní bhfaighir óm' bhéal chun do mheallta ó fhírinne an
chúrsa,

Ná ní neosfad duit bréag, ach a gcuala ó Sheanfhear na mara,
Saoi ná bíonn air dearmad, ní fholód ort aon rud dá ndúirt sé.
D'inis go bhfaca é sin in oileán agus deora ar a leicne
Toisc nár mhór dó fanacht lena neamhthoil i dteaghlach
Chalapsó

Diabhean mhara, is ná féadann sé filleadh ar a thír agus fonn air,
Óir níl ártach le fáil faoi mhaidí ráimha aige ná complacht
D'ardódh leo lena neart é thar dhromanna leathana an tsáile.
Sin é mar dúirt Meinealás mac Aitréis curadh na lansaí.
Bhí gach a raibh uaim déanta; le deonú déithe do fuaireas
Gaoth mhear im' chúl, b'iúd liom, faoi lántseol d'fhilleas
abhaile."

Labhair seisean amhlaidh, is chorraigh 'na croí lena bhréithribh a
mháthair.

Labhair Teoiclimineas fáidh diamhaorga ansin agus dúirt léi:
"Éist liom, a bhean ghradamúil mhac mór Lacirtéis Odaiséas:
Chír nár bh eolach go cruinn dó, ach meabhraigh na bréithre seo
a deirim.

Óir tá an tairngreacht cinnte, ní fholód ort tada de m'eolas.
Deirim i bhfianaise Shéis is na ndéithe agus bhord seo na féile
Is naomhthinteán Odaiséis arduasail go bhfuilim 'na láthair,
Deirim go bhfuil Odaiséas cheana féinig ar thalamh a dhúchais,
Suite nó ag siúl ann, 's ag fáil faisnéise ar na gníomhartha
gránna

Agus ag beartú dochair don chomplacht éilimh ina intinn.
B'in é ba bhrí leis an gcomhartha do léirigh na héanlaithe inné
dhom

Thall in sa bhád is gur éas ar do mhac Teilimiceas faire air." Bhí Peanápla mheabhrach ag éisteacht go géar agus dúirt leis: "Tú, a dheoraí, á rá liom, 's go raibh diacht éigin a'd' fhreagairt! Nuair bheidh tugtha chun cinn, gheobhair dúthracht is bronnfadsa mórán
Ort, is an té a tharlós leat, déarfaidh gur duitse is ró-aoibhinn."
B'amhlaidh i gcaint is i gcomhrá séimh lena chéile don triúr sin. Bhí an lucht éilimh san am seo os comhair rítheaghlach Odaiséis,
Is bhíodar ag caitheamh an gha is an chaidhte i gcomórtas le chéile.
B'iadsan na teallairí céanna ar an bhfaiche dhea-phalcaithe chéanna.
Nuair bhí tráth an tsuipéir ann, 's go dtáinig na hainmhithe méithe
Chucu as gach aird faoin dtuaith, is na tiománaithe a bhagair de ghnáth iad,
Chualathas dóibhsean Meadón fôgróir, an té ab fhearr a thaitníodh leo
Dá raibh san áit de ghiollaí, agus do bhíodh ar a bhféasta — is é dúirt sé:
"Ní beag daoibh, a ógánacha, an méid sin comórtaisí gaisce, Is téanaídh oraibh isteach chun go ndéanfam an féasta do chóiriú.
Óir ní miste do dhaoineibh a mbéile do chaitheamh 'na thráth féin." Sin é mar dúirt; d'éiríodar is ghaibheadar le fonn lena mholadh. Chuadar anonn d'aon bhuin chun na cúirte is isteach in sa halla. Bhual gach fear ar a stól nó ar dhrom a chathaoireach a chlóa, Is rinneadar treascairt 'na dhiaidh sin ar chéadscóth na ngabhar is na gcaorach,
Agus ar dhea-mhuca ramhra na blonaige báine is ar bhó bhreá. B'iúd leo i mbun a suipéir. B'ar an uair sin a chuimhnigh Odaiséas
Is aire na muc ar imeacht ón bhfeirm ar a slí chun an pháláis. Bhí an chéad fhocal 'na thaobh ag an aoire á rá leis an seanfhear: "T'aghaidh ós toil leat a thabhairt, a fhir dheoranta, inniu ar an gcathair,
Do réir mar d'ordaigh mo mháistir, is géillim dó, bíodh is go mb'fhearr liom

Tusa d'fhanacht i mo dhiaidh agus faire ar an áit a choinneáil dom.
Ach táim urramach dósan, 's is baolach go dtabharfadh a theanga orm
Íde, is is trom ar an ngiolla do luíonn béal máistir ag cáineadh. Téanam anois, más ea; tá mórchuid den lá gafa tharainn, Is b'fhéidir, le teacht tráthnóna, go raghadh sé ábhar i nglaise." Dúirt leis an aoire á fhreagairt an laoch ilbheartach Odaiséas: "Tá a fhios agam. Tuigim go maith. Bhí t'ordú i m'aighe cheana.
Cuirfeam sa tsiúl. Seo leatsa chun tosaigh is leanfad go spric thú.
Tabhair maide siúil dom mar theannta, má ráiníonn ceann agat gearrtha,
Óir dúraís, cuimhním, go bhfuil sleamhaineacht sa bhóthar a gheobhaimid."
Sin é mar dúirt, 's thar a ghuaile do bhual sac gránna na déirce Ná raibh ar fad ann ach giobail, is corda á gcoimeád lena chéile. Chuir Eomaeas 'na láimh, mar ba mhian leis, maide mar theannta.
Ghluaiseadar leo; agus do rinne na gadhair agus foireann na n-aoirí
Garda ar an bhfeirm ina ndiaidh. Sheol seisean 'on chathair a thiarna
Dílis i gcló agus i ndealramh seanóirín ainnise is déirce Cromtha ar a mhaide agus balcaisí dona ar a chraiceann mar chlúdach.
Bhíodar ag druidim san am seo le bun ghéarbhóthar na faille Gairid don chathair is láimh leis an gclúthobar gléigeal go dtriallann
Muintir na háite air chun uisce do tharraing as iomar a rinne Iticeas dóibh in san am, agus Néiriteas agus Polachtór. Dúilíocht uisce sa chré is ea a chothaíos coill scáfar na bhfearnóg.
Timpeall 'na bhfáinne, is an fíoruisce ag tuirling den chloich ina sconna.
Rinne na saoir altóir dos na Bruinnealla os cionn an tsrutháin sin,
Is d'fhágadh na daoine, ag gabháil thar an mball dóibh, tíolaicí uirthi.

Bhuail mac Dhoiliias leotha ansin darbh ainm Meilintéis,
 Is céadscoth de thréada na ngabhar á thiomáint aige roimhe
 chun féasta
 A dhéanamh don chomplacht éilimh, is dhá aoire eile ina
 theannta,
 Is b'iúd é láithreach ag caitheamh carúl géartharcasne chucu.
 Chorraigh sé croí Odaiséis lena bhuirbeacht ghránna; is é a dúirt sé:
 "Murab é seo an leá dia! Is mura tú an lom-amhghar á stiúradh!
 Thaitin le déithibh an dá mhar a chéile do cheangal ar
 chomhchuing.
 Cá bhfuil an slogaire seo agat á sheoladh, a mhucaoire na
 mallacht,
 Cráiteoir bacadh a ceapadh le bheith ina phláigh ar na féastaí.
 Is iadsan na guaille do luífean ar phostaí doirse go minic;
 Obair ar choire is ar oigheann ní iarrfaidh, ach ailpeanna feola.
 Dá bhfaighinn eisean in aimsir le faire a choimeád ar an stábla,
 Is aoileach a scuabadh as, is craobh agus easair a thabhairt chun
 na mionnán,
 D'ólfadh sé meadhg agus b'fhéidir go ramhródh sin dó na
 másaí.
 Ach níor fhoghlaim sé riamh ach amháin díomhaoiteas; ní toil
 leis
 Luí leis an obair; is fearr leis imeacht ó dhoras go doras
 Is fonn air chun déirce is an duibheagán boilg atá aige do
 líonadh.
 Deirimse leat gan agó, is gheobhair fíor sara fada mo bhréithre:
 Má théann seisean isteach faoi fhraitheacha an taoisigh Odaiséas,
 Déanfar sa halla dá cheann sprioc aimsithe urchar na stól cos,
 Is cífean go tiubh iad chuige is ag meilt a easnaíocha le buillí."
 Dúirt seisean amhlaidh, 's le linn dó gabháil thar an mbacach, do
 thug dó
 Truip sa cheathrúin; más ea, níor bhog ón gconair Odaiséas
 Choinnigh sé an fód go staidéartha, agus rinne sé machnamh ina
 intinn
 Cé acu arbh fhearr dó é siúd a ionsaí lena mhaide is a
 threascairt,
 Nó a chorp d'ardach san aer is a chloigeann a phléascadh le
 talamh.
 Rinne sé foighneamh leis, áfach, is bhrúigh faoi a chuthach. Do
 bhreathnaigh

Aoire na muc ins na súile ar an dteallaire is dhírigh air a
 aighneas,
 Is thóg sé a dhá láimh suas, agus ghuigh os ard agus dúirt sé:
 "A ainneara an tobair seo, a iníonacha Shéis, má d'íobair
 Odaiséas
 Dóiteán chnámha ceathrún na mionnán is na n-uan sa
 tseanaimsir
 Daoibh, 's iad fillte ina ngeir bháin shaibhir, go bhfaigheadsa mo
 ghuí uaibh,
 Eisean a theacht ar a dhúchas le tionlacan dhéithe na spéartha.
 Geallaim go mbainfidh sé dhíot na gothaí sin lán agus mustair
 Agus an fhéachaint anuas ar an bpobal is gnách leat sa chathair
 Le linn stádair 's neamhaistir, 's do thréada á lot le
 drochaoireacht."
 D'fhreagair Meilintéas aoire na ngabhar é sin agus dúirt leis:
 "Cad é mar ulthairt, mo dhiachair, a rinne madra oilc seo na
 tíre?
 Cuirfeadsa é siúd faoi bhanc na maidí, lá éigin, in ártach,
 Is seolfad i gcéin ó Iticé is díolfad ar mhargadh daor é.
 Ó láimh dhia bhogha an airgid go bhfaighe Teilimiceas Prionsa
 Saighead ar an lá seo, nó sínte ag an gcomplacht éilimh go dtite,
 Chomh cinnte agus gur diúltadh i gcéin uainn filleadh dá
 athair!"
 Sin é mar dúirt, agus d'fhág ann ag siúl níos moille ina dhiaidh
 iad.
 Ghluais sé ar aghaidh, 's níorbh fhada gur tharraing sé áitreabh
 an mháistir.
 B'iúd isteach leis, is fairis an gcomplacht éilimh do shuigh sé
 Síos os comhair Eoramacais uasail, an ridire ab fhearr leis.
 Leag seirbhísigh an halla cion duine den bhfeoil ina láthair,
 Is b'eo chuige ansin maor mná do sholáthraigh a dhóthain aráin dó.
 Nuair bhí aoire na muc is Odaiséas láimh leis an gcaisleán,
 Scoireadar tamall de shiúl. Tagann nótaí ceolmhara lire
 Cheana ina gcluasa ón dúigh. Phrioc Féimias file na téada
 Roimh amhrán. Rug a chóisireach ar láimh ar an aoire agus dúirt
 leis:
 "Is é pálás Odaiséis é sin, a Eomacais, go cinnte.
 B'fhuiriste d'aon neach an t-áitreabh i lár mórán acu d'aithint.
 Éacht mór saoirseachta tógtha as a chéile, agus fairsinge an
 chlóis sin

lata aige fál faoi dhaingin; is féach ar an ngeata dhá sparra.
Cosaint é sin ná maireann an té d'fhórsálfadh le hairm é.
Is é mo bharúil go bhfuil féasta istigh á sholáthar do bhuíonta,
Óir faoim' dhéin tagann boladh na feola as, is fuaimeanna lire
Ceolmhaire d'ordaigh na déithe do sheinm mar thionlacan
fleatha."

Labhair Eomaeas dea-aoire na muc lena dhuine agus dúirt leis:
"B'fhuiriste dhuitse é d'aithint; ní duine gan mheabhair tú chun
aon ghnó.

Is ea más ea, bíodh meabhrú againn ar conas a réifeam na
bearta.

Arbh é cúrsa do b'fhearr leat, tú a dhul ar an gcéad duine
isteach ann

Is a sheasamh i lár lucht éilimh, is mise d'fhanacht ar an dtaobh
seo?

Nó fan im' dhiaidh, más mian leat, is raghadsa ina lár ar an
gcéad fhear.

Ach ná moilligh anseo; má nír, 's má braithear amuigh thú,
Beidh ina bhagairt ar ball, nó ina bhurdáil. Beartaigh anois air."
Agus mar fhreagra air sin dúirt laoch an fhadfhulaing Odaiséas:
"Tá a fhios agam. Tuigim do bhrí. Táim eolach ar ábhar do
chomhairle.

Imighse romham isteach, agus fanfad id' dhiaidh ar an bhfód
seo.

Óir ní nuacht dom an buille is an t-urchar, is táim 'na dtaithí
sin.

Ginte i mo chroí tá an fulang, ó ghaibheas trí an oiread san anró
Anaithe ar muir is i gcogadh, agus tógfadh a bhfaighead lena
bhfuairas.

Ach is é miangas an bhoilg an aicid nach féidir le haoinne
Rún a choimeád uirthi, is nach mífhortúnach a rian ar na daoine!
Bíonn árthaí ag armáil dá chionn, 's mairnéalaigh ag taisteal
Fhairsinge loime na dtonn, agus naimhde acu á gcreachadh chun
sloide."

Le linn d'aoire na muc is don rí a bheith ag labhairt lena chéile,
Thóg seanghadhar a bhí sínte ina gcóngar a cheann is a chluasa.
Argas ab ainm dó is thug Odaiséas céadmhuineadh is oiliúint dó
Blianta ó shin 'na choileán, sarar imigh an taoiseach go hIlíam
Gan lá spóirt aige dá bharr; aosánaigh ba ea a thugadh amach é
Agus a scaoileadh i ndiaidh gabhar fiain agus giorraithe is fiatha é.

Bhí sé feasta gan aire, is a mháistir i gcéin, agus ráinigh
Sínte ar an gcarn mór aoiligh a cruachadh i bhfianaise an gheata.
B'fhluirseach san áit tuar stoic agus miúileach, is thagadh ag triall air
Sclábhaithe feirme Odaiséis lena gharraithe fairsinge a leasú.
Bhí an gadhar Argas ann sínte, agus míola ina scrin ar a chraiceann.
D'aithin sé díreach ansin gurbh é a bhí láimh leis, Odaiséas.
Rinne sé a chluasa do ligint anuas roimhe is a earball a chroitheadh,
Ach ní raibh aige a thuilleadh, le druidim go dlúth lena mháistir,
Neart ina chorp; nuair chonaic sé sin é, do thiormaigh sé cúpla
Deor dá shúile gan fhios d'Eomaeas, is dúirt leis á fhiosrú:
"Nach é an t-ionadh a leithéid sin de ghadhar a bheith sínte san
aoileach!

Tá sé go hálainn 'na dhéanamh; is deacair a bheith cinnte ar a shon san
Cé acu an raibh lúthacht 'na chosa do réir mar d'fhéach sé go gleoite,
Nó an bhfaigheadh, dála peataí a bhíos timpeall an bhoird aige daoine,
Beatha is coimeád ó thiarna chun mustair amháin agus scéimhe."
D'fhreagair dea-aoire na muc Eomaeas a dhuine agus dúirt leis:
"Siúd é an gadhar gur soiléir gur le máistir a cailleadh i gcéin é!
Dá mbeadh siúd ar an bpatrún céanna agus gníomh ann mar bhí ann
Blianta ó shin nuair d'fhág Odaiséas é is gur imigh go Traí uaidh,
Dhéanfá iontas, ar m'anam, dá lúthacht agus dá acmhainn.
Ní raibh seilg dá dtóireadh i ndoimhneacht dhiamhair na coille
D'éalaíodh uaidh faoi dheireadh, agus b'éachtach an boladh do bhí
aige.

Tá sé anois ar drochaiste; do ceapadh dá mháistir mar fhód báis
Talamh thar lear; is gan féachaint 'na dhiaidh is gan spéis ann don
bhantracht.

Óir nuair bhraitheann na daoir lámh smachtaithe an tiarna ceiliúrtha,
Ní bhíonn díograis 'na gcroí chun a n-oibreacha dualgais a dhéanamh.
Íslíonn Séas leathanradharcach an saordhuine ar leath na suáilce
Ón lá a chaitheann sé leor a ghabháil le coinníollacha daoirse."
Dúirt seisean amhlaidh, is ghluais sé isteach trí gheata na cúirte
Faoi dhéin halla na bhfleatha agus chomplacht uasal an éilimh.
Thuirling an dúchinniúint is an bás ar an uair sin ar Argas
Láithreach ar fhéachaint arís dó sa bhfichiú bliain ar Odaiséas.
B'fhada roimh aoine istigh ann do bhraith Teilimiceas Prionsa
Teacht an mhucaoire sa halla, is do sméid ar an nóimint sin chuige
Ag d'iarraidh air druidim 'na leith. D'fhéach seisean 'na thimpeall
is d'aimsigh

Stól a bhí ceapaithe i gcomhair ghiolla riartha na feola chun suite

Nuair bhíodh feoil aige á gearradh don chomplacht éilimh ar féasta.

D'ardaigh leis é, is mar a raibh Teilimiceas socraithe ina aonar
Leag é anuas os a choinne, agus shuigh féin síos agus fuair sé
Ó sheirbhíseach a chandam den bhfeoil, is arán as an mbascaed.
Agus thar doras ar shálaibh an aoire do tháinig Odaiséas;
Bhí sé i gcló agus i ndealramh seanóirín ainnise is déirce
Cromtha ar a mhaide, agus balcaisí dona ar a chraiceann mar
chlúdach.

Shuigh sé ansin ar an dtairsing de chrann fuinseoige sa doras,
Is bhí a dhrom luite aige i dteannta an dea-phosta chufróige do
líofaigh

Saor cliste adhmaid fadó agus a dhírigh le pluma ina sheasamh.
Thóg Teilimiceas óg as an mbascaed álainn bollóg mhór,
Is a oiread den bhfeoil is a líon a dhá bhois 's iad cuachta le
chéile,

Is d'ordaigh sé d'aoire na muc éirí is teacht chuige agus dúirt
leis:

"Beir leat an bronnas seo bídh chun an deoraí, is abair leis
uaimse

Siúl mórthimpeall is déirce ar an gcomplacht éilimh a lorg,
Óir más gáarach duine, ní dhéanfaidh an náire dhó beatha."
Sin é mar dúirt; chuaigh aoire na muc ar na bréithre do chlos
uaidh

Síos chun an deoraí bhoicht agus sheasaimh lena ais agus dúirt
leis:

"Bheir Teilimiceas óg duit na nithe seo, a chóisirigh, is deir leat
Siúl mórthimpeall is déirce ar an gcomplacht éilimh a lorg,
Is comhairlíonn duit fairis sin ná hoireann an náire do bhacach."
Dúirt leis an aoire, á fhreagairt, an laoch ilbheartach Odaiséas:
"Guím thú, a Shéis Ardri, Teilimiceas óg a bheith séanmhar
Choíche thar fhearaibh an tsaoil, is go n-éirí leis mar is mian
leis!"

Dúirt seisean amhlaidh, is thóg ina dhá lámh bronnas an
Phrionsa,

Is leag sé a bhéile ansin ag a chosaibh ar mhála na míghné.
B'sheo leis ag ithe le linn guth an fhile bheith ardaithe ag
amhrán,

Is ráinig sé réidh leis an mbia is amhrán ag an bhfile dá
chríochnú.

D'éirigh ansin gleo mór ag an gcomplacht éilimh sa halla.
Thuirling Aitéine agus dhruid sí le mac Laeirtéis Odaiséas,
Is mheabhraigh dó bruscar na fleatha ar an gcomplacht éilimh a
lorg,

Is aithne d'fháil ar an lucht mírialta is ar mhuintir an chroí
mhaith,

Cé nár intigh sí féin aon fhear acu d'fhuascailt ó léirscios.
Ghluais sé ar deiseal is d'iarr orthu déirce ina nduine is 'na
nduine,

Is bhí a lámh sínte aige, i leith is go raibh sé riamh ina bhacach.
B'iontasach leo é ina measc, ach bhíodar ag bronnadh air le trua
dhó

Is ceist ar a chéile acu á cur cér díobh é siúd is cad as dó.
D'airigh Meilintéas aoire na ngabhar a gcuid ceisteanna is dúirt
leo:

"Éistidh, a chomplacht éilimh na Banríona uaisle, le scéala
Atá agam i dtaobh an fhir iasachta sin: tá sé feicthe agam cheana
Thall ar an ard agus aoire na muc á stiúradh ar an áit seo.
Ach cén cine do mhaíonn sé air féin, ní heol dom in aon chor."
Chas Antanús go searbh le haoire na muc é agus dúirt leis:
"Fág faoi aoire na muc é! A bhrealláin, cén fáth duit an saghas
seo

A thabhairt leat 'on chathair? Ná raibh ár ndóthain fánaithe ag
teacht chugainn

Seachas é siúd, dream déirce gur gráin liom 's gur pláigh ar an
bhféasta iad?

Nár leor leatsa a raibh cruinnithe cheana sa tigh seo is ag ídeach
Bheatha do mháistir, is a rá nár mhór duit 'na dteannta a
leithéid seo?"

Labhair Eomaeas dea-aoire na muc á fhreagairt is dúirt leis:
"Aighneas dá shórt, a Antanúis, i mbéal fir uasail ní deas é!
Óir cé a sheolfadh i gcéin is a bhéarfadh a chuireadh do dheoraí,
Mura mbeadh fear ann le fáil d'fhearaibh dhéanta na maitheasa poiblí,
Fáidh, nó saor bád mór, nó clúlia leigheasta na ngalraí,
Nó file is ionmhain le déithibh 's a bheir dúinn aoibhneas ag
amhrán?

Cuirtear thar fhairsinge an domhain basadóirí i ndiaidh a leithéidí.
Cá bhfuil an té a loirgeodh déirceoir lena theaghlach a dhísciú?
Ach is é sásamh do chroíse a bheith goirgeach le muintir
Odaiséis

Thar a bhfuil eadrainn de chomplacht éilimh, is liomsa go mór-mhór.

Mise beagbheann ar do chumhacht faid atá Peanápla mheabhrach Fós ina beathaidh sa chúirt, is a mac Teilimiceas álainn."

D'fhéach Teilimiceas óg air go meáite ansin agus dúirt leis:

"Bí id' thost feasta! Ná téirigh go deo leis an bhfear sin chun aighnis.

Bíonn Antanús de shíor ar a dhícheall chun achrainn a dhéanamh

Is bréithre searbhachais 'na bhéal d'fhonn olc na cuideachtan a mhúscailt."

Dúirt, agus dhírigh i leith Antanús a chaint agus dúirt leis:

"Amhail agus athair le mac, a Antanús, bíonn tú i mo spéis-se, Is ód' chaint tuigim gur mhian leat mé a chlos á rá leis an ndeoraí

Bailiú leis óm' chúirt. Nár lige na déithe go ndéanfainn!

Tóg agus tabhair dó. Ní mór liom é sin duit; ba mhaith liom go mbronnfa.

Creid mé, maidir lem' mháthair nó aoinne den lucht seirbhíse A mhaireas i gcúirt Odaiséis, nach gá dhuit scáth do bheith rompu ort.

Ach nár chás duit go dtiocfadh id' cheann aon tsmaoineamh ar an bhféile!

B'fhearr leat go mór a bheith ag líonadh do bhoilg ná ag bronnadh ar do chomharsain!"

Labhair Antanús uasal ag freagairt an ógfhir is dúirt leis:

"Mórbhéalaí, a Theilimicis óig, agus buile gan srian léi!

Dá bhfaigheadh siúd mar a chéile ón gcomplacht éilimh 's a gheobhaidh uaim,

Thógfadh sé aghaidh sin na déirce ó dhoras an tí seo ar feadh ráithe."

Dúirt, agus shín sé a lámh faoin mbord agus tharraing sé chuige Stól as, ba ghnáthach 'na theannta dá chosa gealolaithe ar fhéastaí. Thug an chuid eile don bhacach a n-iarsmaí, is líonadh a mhála D'fheoil is d'arán, agus shíl gach a raibh ann go bhfillfeadh Odaiséas

Sall ar an dtairsing, 's go mblaisfeadh ar bhronn na hAcacaigh dá gcuid air.

Stad sé i ngiorracht d'Antanús is labhair sé chuige agus dúirt leis:

"Tabhair dom, a chara! Ní tú is suaraí liom de thaoisigh Acaca; Measaim go dtugairse leat barr uathu, tá dealramh an rí ort. Bhéarfairse dhom, dá réir, níos féile ná fear den chuid eile larsma t'aráin, agus leathfad do mholta go teorainn na cruinne. Óir bhí teaghlach liom féinig fadó agam, 's i mbéalaibh na ndaoine Clú seín orm agus maoine, is ba mhinic do bhronnas ar fhánaí Bocht dem' leithéidse, ba chuma cé hé is cad ab áil leis ag triall orm.

Bhfódh agam daoir ina mílte agus mórán eile ina dteannta A bhaineas le saol breá fairsing, le hardchlú rachmais is féile. Ach ba é toil Shéis mhóir mhic Chronais mé d'fhágaint á n-éagmais.

Scaoil sé mé ar aistear an-fhada go hÉigipt ar intinn mo scriosta Is dream píoráidithe im' theannta a chuir farraigí an domhain lena ré dhiobh.

Chuireas ar ród m'árthaí cois calaidh ar an Níle go socair; Dúirt le cuid éigin dem' fhoirinn fanacht ar na cóngair ar garda, Is d'ordaíos d'fhearaibh nach iad dul suas ar na hardaibh ag faire.

Bhí lán teaspaigh á sporadh agus chuadar mar tharraing a mian iad,

Is ó ghoirt bhréatha na bhfear Éigipteach do thugadar slaid leo. Rinneadar treascairt na bhfear, d'ardaíodar a mná is a leanaí leo, Is níor rófhada ina dhiaidh sin gur cloiseadh an liúrach sa chathair,

Agus le lóchaint an lae do fhreagraíodar an glaoch, agus tháinig Sluaite acu amach, agus líonadh an plána de choisithe is mharcaigh

Is glioscarnach arm faoin ngréin, is do leath Séas chaite na toirní Sceimhle ar mo bhuin ar an bhfód; níor leomhaigh aon fhear acu seasamh

Is féachaint sna súile ar an namhaid, mar ní raibh ina dtimpeall ach uafás.

D'iaigh arm namhad orthu láithreach, mharaíodar le sleaghaibh a lán fear,

Is thugadar leotha an chuid eile le saol sclábhaíochta do chaitheamh.

D'fhágadar mise ag fear iasachta, a ráinigh ag taisteal san áit sin, Déiméitéir mac Iasais go raibh réim rí is ardchumhacht aige i gCipir.

Thánga ó Chipir i leith, 's anró feadh na slí agam á fhulang."
 Labhair Antanús lánmhar ag freagairt an bhacaigh is dúirt sé:
 "Cén dia a sheol 'nár láthair an sciúirse seo a loiteas na féasta?
 Coinnigh amach as mo shlí, bíodh deighilt idir thú agus mo
 bhordsa,
 Nó gheobhair Éigipt is Cipir go luath óm' láimhse is go dóite.
 Nach tiarnúil an bacach é, is nach air atá an t-éadan gan náire!
 Gaibheann sé timpeall, is síneann a lámh chun gach aoinne, agus
 tugaid
 Síntiús fial as an dtaobhán teann dó, gan taise gan spárail,
 Óir tá stór an fhir thall acu á chaitheamh, is raidhse aige cách
 dfobh."
 Dúirt Odaiséas ilbheartach ansin tar éis druidim amach uaidh:
 "Níl mórchroí agat, mo dhiachair, mar shamhlódh aoinne led'
 dhealramh!
 Ní thabharfá fiú an tsalainn id' thigse don té a d'achaineodh ort,
 Tráth is go ndiúltair anois aige bord fir eile an t-arán dom,
 Agus gan ort ach é a thógaint amach, agus raidhse ar do lámh
 de."
 Sin é mar dúirt; ba ea ba threise do chuaigh Antanús chun
 fiúnaigh;
 Thit na maláí aige, agus d'fhéach sé go dubh ar a dhuine agus
 dúirt leis:
 "' gceistí! Deirimse leat ná tabharfair na cosa leat feasta
 Slán as an halla, ós amhlaidh a leomhann tú tarcaisne a rá liom."
 Dúirt, agus thóg sé an stól, agus d'aimsigh is bhuail in sa
 ghualainn
 Dheis é ag barr cnáimh droma. Más ea, chomh daingean le
 gallán
 D'fhan Odaiséas; níor leag Antanús é lena urchar.
 Chroith sé a cheann ina thost, agus díoltas go doimhin aige á
 bheartú.
 D'fhill sé thar n-ais ar an dtairsing, is shuigh uirthi, is leag os a
 choinne
 Mála na déirce a bhí lán, agus labhair leis an muintir is dúirt leo:
 "Éistidh, a chomplacht éilimh na Banríona uaisle, lem' bhréithre!
 Déarfad go hoscailte libhse mar mholann an croí seo i mo
 chliabh dom.
 Ní truamhéalach an cás, agus ní rodhiachrach mar scéal é,
 Buille don té má tugtar atá i mbun chosanta a shaibhris.

Ach is é a tharraing im' leithse ó láimh Antanúis an buille,
 Bolg an donais 's an chreachta, a bheir a oiread san pianta ar na
 daoine.
 Ach má mhaireann ar bith ar an dtalamh seo Mná na Cinniúna,
 Déithe le fulang na mbocht ar a ngéarleanúnaithe d'agairt,
 Uathu go bhfaighe Antanús an luathbhuille báis sara bpósfaidh!"
 Labhair Antanús mac Eoipéitéis á fhreagairt is dúirt leis:
 "Suigh, a fhir dheoranta, ag ithe go ciúin, nó téir go tigh eile.
 Maolaigh do chaint sara mbéarfaidh na hóglaigh ar chosa nó
 lámha ort,
 Agus tú a tharraing amach ina ndiaidh is do chraiceann a
 scáirseáil."
 Labhair seisean amhlaidh, ach thóg an chuid eile air go
 crannaibh na spéire é,
 Is d'ardaigh duine éigin de shlua sin an mhustair a ghuth agus
 dúirt leis:
 "Náire, a Antanúis, ort! Fánaí mífhortúnach a bhualadh!
 Duitse is cinniúnach é sin, más diacht é de dhéithe na spéartha.
 Óir tagann déithe i gcósúlacht na bhfear ó thíorthaibh i gcéin
 uainn;
 Níl aon dealramh ná tógaid, is cuardaíodh cathracha an domhain
 seo
 D'fhearaibh a mhaireas gan srian, is de dhaoine atá dílis dá
 ndlithé."
 B'amhlaidh don chomplacht éilimh ag labhairt, ach ba chuma
 leis siúd iad.
 Bhí Teilimiceas óg lándiachrach de dheascaibh an bhuille
 A tugadh dá athair, ach deoir níor shil, ar a shon san, dá shúile.
 Chroith sé a cheann ina thost, agus díoltas go doimhin aige á
 bheartú.
 Ach nuair chuala an Ríon Peanápla mheabhrach gur buaileadh
 Deoraí cóisirigh sa halla, do labhair agus dúirt lena bantracht:
 "Guímse go mbuailtear thú féinig, ag scaoileadh ó bhogha leat
 d'Apalló!"
 Mhúscaíl na bréithre sin caint Eoranaime maorbhean is dúirt sí:
 "Ár mallachta go léir dá dtiocfadh chun críche, ní mhairfeadh
 Aoinne acu siúd go dtí lóchaint na maidine gléigile amárach."
 D'fhreagair an Ríon Peanápla mheabhrach í sin agus dúirt léi:
 "A aintín dhílis, is gráin liom an bhuíon, is an dubh acu á
 bheartú,

Ach tá duibheacht an bháis in sa chroí ag Antanús thar cách díobh.
 B'in deoraí mífhortúnach ag gabháil mórthimpeall an halla
 Is déire aige á lorg ó dhuine go duine, mar chaitheann an dealbh.
 Bhí gach fear sa chuideachtaí ag tabhairt dó is a mhála acu á líonadh;
 Is bhuail sé siúd ar an dtaobh deas droma é sa ghualainn, le stól cos."
 Sin é mar bhí an Bhanríon Peanápla ag labhairt lena bantracht,
 Suite ina seomra ina measc di; agus lean Odaiséas ar a bhéile.
 Ghlaigh Peanápla chuici dea-aoire na muc agus dúirt leis:
 "Téir, a Eomaeais, anonn, agus abair im' pháirt leis an deoraí
 Teacht chugam, d'fhonn go mbeannód dó agus tamall a chaitheamh ag labhairt leis
 Is a fhiafraí an gcuala sé tuairisc ar m'fhear mífhortúnach Odaiséas.
 B'fhéidir go bhfaca sé féin é, mar tá an domhan siúlta aige, déarfáinn."
 D'fhreagair dea-aoire na muc Eomaeas an Ríon agus dúirt léi:
 "Óglaigh Acaea sa tigh, dá mba mhian leo éisteacht, a Bhanríon,
 Chuirfeadh an duine sin draíocht ar do chroí leis na heachtraithe atá aige.
 Bhí sé ar feadh trí lá is trí n-oíche á choimeád agam féin
 Thall im' bhothán, mar do tháinig sé chugam tar éis éalaithe as bád dó,
 Is ní raibh deireadh aige fós leis na léanta do bhí aige le hinsint.
 Amhail is a bítear ag féachaint ar fhile, ó dhéithe a bhfuil bua aige
 Chun croí daoine do leá leis na véarsaí álainne a deir sé,
 Agus go mbítear ar sciobadh chun éistithe leis, faid a chanann,
 B'in é mar mhealladh sé siúd mé le draíocht 's é suite ar mo thinteán.
 Deir sé gur cairde óstaíochta dá chéile é féin is Odaiséas,
 Agus gur dúchas dó Créit is na clanna ó Mhíonós a shíolraigh.
 Ghluais sé, agus mhair á luascadh ar na hólaithe choíche san anró,
 Is tháinig anseo. Dearbhaíonn sé go gcuala sé tuairisc Odaiséis
 Agus i dtír mhófhóid Theaspróite go bhfuil sé ina bheathaidh,
 Is nach rófhada uainn é, is neart stóir aige á thabhairt leis abhaile."

Labhair Peanápla mheabhrach ansin faoi líonrith is dúirt leis:
 "Téir, agus abair leis teacht chun go neosfaidh im' fhianaise a scéala.
 Suídís siúd lasmuigh, agus neamhaistear ar bun acu is imirt,
 Nó, más mian leo, istigh; tá aigne gan bhuaire ag an mbuinn sin,
 Óir tá a rachmas 'na ndiaidh aige baile gan bearna do dhul ann,
 Is fion is arán, is gan aoinne á mblaiseadh ach roinnt seirbhíseach.
 Inár gcaisleán is ea a bhíonn gach maidin a dtitim 's a dtuirling,
 Is mairt agus caoire agus gabhair acu á n-íobairt is féasta dá chaitheamh
 Is fion dearglasrach á ól gan staonadh acu is raidhse dá reic ann,
 Óir ní hann d'fhear leigheasta na pláighe seo in ionad Odaiséis.
 Á! Dá dtiocfadh, dá bhfillfeadh an tiarna ar a mhac 's ar a dhúchas,
 Ní bheadh moill orthu ag agairt a ngníomhartha an-tréana ar an ndream úd."
 B'in é mar dúirt sí. Do lig Teilimiceas sraoth, agus b'éachtach
 D'fhuaimnigh an teach le macalla. Do gháir Peanápla láithreach
 Is d'athnasc le díograis an chaint ar an aoire Eomaeas is dúirt leis:
 "Téir, a Eomaeais, is brostaigh an deoraí chugamsa! Ná cloisir
 Sraoth sin mo mhic ar mo bhréithre? Nach éiritheach leatsa mar chomhartha é?
 Chiallaigh sé treascairt don chomplacht éilimh gan teasargain d'aon tsaghas
 D'aoinne acu; fear ón éag 's ó lá na cinniúna ní éalóidh.
 Rud eile seachas é sin, agus coinnigh id' chuimhne é le rá leis:
 Más léir domsa ar a chaint gur fíor gach a n-inseann an deoraí,
 Geobhfaidh mé in éadaí breátha é dá bharr san, i gcóta is i gclóca."
 Sin é mar dúirt, is anonn ar a chlos san a shiúlaigh an t-aoire;
 Sheasaimh sé láimh lena chóisiréach is labhair ina chluais agus dúirt leis:
 "Éist, a fhir chóir, a leithéid seo; tá glaoite aige máthair an Phrionsa ort,
 Ríon Peanápla mheabhrach. Is mian léi tuairisc a céile
 D'fhiosrú dhíotsa, dá mhéad atá fulaingthe cheana de chumha aici.
 Más léir dise ar do chaint ná fuil dearmad in aon rud a neosfair,

Geobhaidh sí i gcóta is i gclóca dá bharr thú, na nithe atá ag teastáil
 Uaitse go géar, agus líonfair do bholg sa cheantar seo ag d'iarraidh
 Déirce, agus carthain le fáil, pé duine gur mian leis í a thabhairt duit."
 D'fhreagair é sin agus dúirt laoch mór an fhadfhulaing Odaiséas:
 "Raghainn, a Eomaeais, le fonn, agus neosfainn an fhírinne láithreach
 D'inín Iciris mhóir, Banríon Peanápla mheabhrach -
 Creid mé gur mise atá eolach air sin; d'fhulaingíós mar an gcéanna -
 Ach táim scanraithe im' chorp ag an gcomplacht bagrach éilimh
 Agus a lán an-tréan ná stadann go crannaibh na spéire.
 Féach, nuair bhíos ó chianaibh ag siúl go neamhchiontach sa halla,
 Agus le hurchar an fhir sin gur goineadh go piantach mo ghuala,
 Lámh i mo pháirt níor thóg Teilimiceas féin nó duine eile.
 Abair, dá réir sin, le Ríon Peanápla foighneamh 'na seomra
 Nó go gceiliúrfaidh an ghrian, dá phiactaí atá sí chun eolais.
 Beidh cead fiafraithe ansin aici ar chúrsaí fillte a fir chéile,
 Stól cois tine má thugann sí dhomsa, óir tá mo chuid éadaigh
 Dona thar meon, mar is eol duit; is ort a bhí céadachainí agam."
 Dúirt seisean amhlaidh, is d'imigh an t-aoire thar n-ais ar a chlos uaidh.
 Labhair Peanápla chuige is é ag teacht thar tairsing is dúirt leis:
 D'fhágais é id' dhiaidh, a Eomaeais! Cad é atá in aigne an bhacaigh?
 Scanradh thar meon roimh dhuine ba ea a bhain dó nó náire ná ligfidh
 Teach ar an dtaobh seo de thigh dó? Ní oireann an náire do bhacach."
 D'fhreagair an t-aoire Eomaeas an Bhanríon uasal is dúirt léi:
 "Labhrann sé do réir réasúin, is ar dhuine nach é do bheadh amhras
 Is eagla ina bheathaidh roimh lán agus ghníomhartha an-tréana na bhfear sin.
 Foighneamh is ea a iarrann sé ortsa is fanacht le ceiliúradh na gréine.

Agus is amhlaidh is fearra go mór duit féinig, a Bhanríon, Labhairt leis an bhfánaí i t'aonar, is a eachtraí a chlos ar do shuaimhneas."
 Labhair Peanápla mheabhrach ag freagairt an aoire agus dúirt leis:
 "Níl sé gan mheabhair, ár nduine, is is cliste mar chaitheann sé tuairim
 Conas mar bheadh, óir measaim ná fuil ar an saol a leithéidí
 D'fhearaibh gan srian, nó dream feillbheartach i dtánaiste dhóibh sin."
 Sin é mar dúirt Bantiarna na cúirte, agus d'imigh an t-aoire Síos go dtí an complacht éilimh tar éis a bheith réidh lena chúram.
 Sheas sé ag taobh Theilimicis óig, agus chrom sé ina leith sin
 Is dúirt sé de chogar 'na chluais, d'fhonn 's nár chlos ní don chuideachtain:
 "Bead ag imeacht liom, a chara. Ar na muca agus eile ní mór dom
 Daingniú do dhéanamh, do chuidse is mo chuidse; fair féin in san áit seo
 Gach a bhfuil fút; tá t'anam i dtreis! Agus beartaigh i t'aigne
 Dochar a sheachaint; tá a lán des na huaisle drochintinneach chugatsa.
 Iadsan go dtreascara Séas sara dtig leo sinne do chreachadh!"
 Labhair Teilimiceas óg á fhreagairt go meáite agus dúirt leis:
 "Déanfaidh mé, a uncail, mar deirir. Seo, ith do shuipéar agus gluais leat.
 Fill ar an muintir seo ar maidin, is tabhair neart ainmhithe breátha
 Leat chun a mboird; faoi dhéithibh is fúm fág cúram na cúirte."
 Shuigh Eomaeas arís ar a stól dea-líofa chun béile,
 Is fuair sé dóthain a chroí dá raibh ann le n-ól is le n-ithe.
 D'fhíll sé ina dhiaidh sin ar chróite na muc; d'fhág halla agus tearmann
 Lán des na cóisirigh — is cheana do bhíodarsan luite le haoibhneas
 Rince agus amhrán binn, mar do bhí an lá ag druidim le deireadh.

XVIII

Tháinig bacach nóalta, do chaitheadh a laethanta ag d'iarraidh
Déirce ó dhóras go chéile sa chathair, 's a bheireadh go fuíoch
ann

Barr ó chách lena ghoile chun bídh agus dí, agus gan neart ann
Riamh ná fuinneamh, is é taibhseach thar meon ina chabhail is
'na ghéaga.

Ón gcéad lá dá shaol, ón máthair a thug ar an saol é,
Fuair Arnaeas mar ainm, ach thugadh na hógfhir air Íreas,
Toisc nár dhiúltaigh do neach pé teachtaireacht d'iarr air a
dhéanamh.

Ba é a bhí uaidh ar a theacht, Odaiséas a thiomáint as a thigh
féin,

Is thug sé go dána ar an mball aghaidh tharcaisniúil dó agus
dúirt leis:

"Gread ón dtairsing go luath, a sheanóir, sara mbéarfainn ar
chois ort!

Ná hairíonn tú an chuideachta is go bhfuilid ag sméideadh orm
chuige

Agus a'm' adhaint chun an ghnímh sin; is náireach liom, áfach, é
a dhéanamh.

Éirigh gan mhoill as an áit, 's ná corraigh chun coimheascar na
lámh mé."

Thit na malaí ag Odaiséas ilbheartach, is d'fhreagair is dúirt leis:

"Níl, a fhir bhoicht, éagóir i do choinne agam déanta ná ráite;

Nó má gheibhir breis féile ó neach, ní mór liom é sin duit.

Féach! Ná tógfaidh an tairsing araon sinn? Duitse ní ganntar

Gorta le stór daoine eile; óir chím go bhfuil dealramh an
bhacaigh

Ort ar mo nós-sa, is go riara na déithe ollmhaitheasaí eadrainn!

Ná bí fonnmar chun comhrac na ndorn, 's ná gríosaigh chun
oilc mé,

Sara mbeadh fuil leat 'na slaoda is go mbuailfinn i gcliabhach 's
i mbéal ort

Buille dá chríne mo lámha. Agus b'in bua d'fhágfadh amárach
Suaimhneas agamsa san áit seo, mar mheasaim dá dheascaibh ná
fillféa

Choíche ar an dteaghlach seo a luaitear le mac Laeirtéis
Odaiséas."

Le racht feirge ansin dúirt Íreas na déirce dá fhreagairt:

"Féach murab é an rithe seama gan dealramh is clos ag an sutha!
Labhrann ar nós seanchrúnca sa chúinne. Má ghaibhimse de
dhoirne air,

Cuirfidh mé teinn air is scaipfear amach as a dhrandail na fiacra,
Is fágfar é ar chuma na muice do théas ag bradaíocht ar na
barraí.

Fáisc ort feasta, go bhfeicfidh a bhfuil in sa halla seo an comhrac
Eadrainn; 's an amhlaidh a raghaidh an seanóirín síos leis an
ógfhear?"

B'amhlaidh don bheirt sin ag labhairt is ag gríosú a chéile le
hardchroí,

Suite ar an dtairsing araon in sa doras ab airde sa tír dóibh.

Thug Antanús tréan tiarnúil faoi ndeara a ngothaí sin

Is rinne sé gáire go sásta agus dúirt le cuideachtaí an éilimh:

"A amhlachas riamh go dtí inniu níor tharla, a chairde, sa
chaisleán,

Amharc is ábhar an tsuilt atá seolta aige déithibh sa treo seo.

Tá an deoraí seo agus Íreas ag aighneas go géar is i reachtaibh

Gabháil dá ndoirne ar a chéile; seo libh agus cuirfeam ag bruíon
iad."

Labhair seisean amhlaidh, is b'iúd go gealgháiriteach iad chun an
dorais

Is timpeall ar bheirt sin na nglobal do chuadar ag seasamh 'na
bhfáinne.

Labhair Antanús mac Eópéitéis 'na measc agus dúirt leo:

"Éistidh, a chomplacht éilimh na gaisce, le tairiscint uaimse!

Tá na goilíocha sin gabhar ar an dtine le haghaidh an tsuipéir
dúinn

Líonta de gheir agus d'fhuil; pé duine den bheirt a bhuafas,

Éiríodh 's tógadh a rogha des na sólaistí sin chun a bhéile,

Is bíodh sé feasta ina bhall dár bhféasta, is ní ligfeam do
bhochtán,

Seachas é sin suí síos 'nár measc ná déire a bhailiú uainn."

Labhair Antanús amhlaidh, is mhol an chuideachta go groí leis.

Smaoin Odaiséas ilbheartach go glic agus dúirt leis an
gcomplacht:

"Deacair, a chairde, dar liom, do sheanóir atá cloíte ag an anró
Comhrac a sheasamh le hógfhear, ach cuireann an cladhra seo
goile

D'fhiachaibh ar m'aois é do dhéanamh is dul faoi theanna na ndoirne.
 Más ea, cuireadh gach n-aon faoi bhrí mhionn láidir é féinig
 Gan poc fealltach a thabhairt dom de chionn go bhfuil páirt aige
 d'Íreas,
 Ionas go bhfágfaí ar lár mé sa bhrúin seo de dheascaibh an
 bhuille."
 Dúirt, agus chuireadar uile iad féin faoi bhrí mhionna móra,
 Is nuair bhí ar bhain lena móid comhlíonta do réir sheanrátaí,
 Labhair Teilimiceas uasal go maorga ina measc agus dúirt sé:
 "Creid, a fhir dheoranta, mé, má chuireann do mheanma chróga
 ort
 Fonn chun troda leis seo, nach gá dhuit drochamhras ar aoinne
 D'fhearaibh Acaea; beidh treis lena lán aige, an té a leagfas lámh
 ort.
 Gheobhaidh sé mé féinig ina aghaidh, mar is mé crann féile na
 háite,
 Is gheobhaidh Eoramacas tréan agus gheobhaidh Antanús uasal,
 Taoisigh an chomplachta éilimh is daoine staidéartha i mbun
 faire."
 Labhair seisean amhlaidh, is mhol a raibh ann leis. Do cheangail
 Odaiséas
 Timpeall a choim a chuid global, is nocht sé leis sin don
 chuideachtain
 Péire ceathrún breá córach, 's ba leathan na guaille do nocht sé
 Agus an cliabhach, 's ba theann a chuid géag, is do thuirling
 Aitéine
 Láimh leis is mhéadaigh scrathaíocht agus acmhainn in aoire na
 sluaite.
 Alltacht thar meon leis an radharc ar an gcomplacht éilimh a
 tháinig,
 Is bhíodar ag dearcadh ar a chéile agus fear acu ag rá le fear eile:
 "Lean ár nÍreas gan sásamh gur tharraing sé tubaist air féinig,
 Is do réir na gceathrún sin a nocht an seanóir faoi bhalcaisí
 stróicthe,
 Ní rófhada go gcuirfear as aithmeannas Íris an samplóir."
 Dúradar amhlaidh, is bhí tuar donais 'na scamall ar Íreas;
 Thug dá ainneoin sin an lucht seirbhíse air é féinig a ghiortáil
 Is eagla ar a chroí, agus do braitheadh an craiceann ag crith ar a
 ghéaga.

Thug Antanús aghaidh dó, agus labhair leis go borb is dúirt leis:
 "B'fhearr duit, a bhambairne ghroí, gan a bheith ar an saol is
 gan teacht air,
 Má thig crith ar do bhaill agus má taoi sceimhlithe id'
 bheathaidh
 Roimhis an seanduine sin atá tnáite aige bliantaibh an anró.
 Deirim go hoscailte leat, 's comhlíonfar é, creid mé, mar deirim:
 Má bhuann seisean inniu, má gheibheann an fear maith sa
 bhrúin ort,
 Caithfead ar bord crónbháid thú, agus scolfar thú anonn mar a
 gcónaíonn
 Eiciteas an-tforánach 'na sciúirse do mhuintir an tsaoil seo.
 Bainfidh sé dhíot lena chlaíomh idir shrón agus chluasa gan
 taise,
 Is gearrfaidh sé an fhireannacht díot agus bhéarfaidh dá chonairt
 le n-alpadh."
 Sin é mar dúirt; ba ea ba mhó do chrith géaga an fhir dhéirce le
 scanradh.
 Sádh isteach é sa láthair, 's ba ghearr go raibh garda ag an
 mbeirt suas.
 Chrom Odaiséas an fhadfhulaing ar mhachnamh go mear lena
 linn sin
 Cé acu do b'fhearr tréanbhuille na treascartha a thabhairt ar an
 bhfód dó,
 Nó rébhuille do shínfeadh a namhaid ar an dtalamh i bhfanntais.
 Agus ag machnamh go ciúin dó, ba é bóthar a leasa, mar
 mheáigh sé,
 Rébhuille a thabhairt, is gan amhras a mhúscailt in aigne na
 n-uaisle.
 Thógadar lámha chun buailte; thug Íreas a bhuille sa ghualainn
 Dheis dá namhaid, agus d'aimhsigh sé sin faoin gcluais feadh a
 mhuiníl é,
 Is bhrúigh sé na cnámha, agus shéid fuil dhearg 'na bhéal as a
 scornaigh.
 Thit sé le geoin in sa tsmúid, bhí gíoscán fiacal le clos uaidh,
 Is raid sé an fód lena shála; den chomplacht fear ní raibh aoinne
 Ná raibh na lámha aige ar leathadh is an t-anam ag titim le gáire
 as.
 Rug Odaiséas ar a chois, agus tharraing thar tairsing amach é
 's trasna na gearde is amach trí gheata na cúirte ar an bhfaiche.

Shocraigh sé a dhrom leis an bhfalla ansin, chuir a mhaide ina láimh dheis,

Is d'fhéach ar an samplóir bocht agus chomhairligh go réidh é agus dúirt leis:

"Lonnaigh ansin is coimeád ón ngeata na gadhair is na muca, Is ná bí ag d'iarraidh a bheith i do mháistir ar dheoraithe is bhacaigh

Feasta, a ainniseoir, ar fhaitíos go mbeadh breis ainnisíochta le breith ort."

Labhair sé leis amhlaidh, is chroch ar a dhrom sac gránna na déirce

Ná raibh ar fad ann ach giobail is corda á gceangal le chéile.

D'fhill sé ansin ar an dtairsing is shuigh, agus ghaibh an chuideachta

Thairis le gáirí geala, agus bhíodar á mholadh is ag rá leis:

"Séas is na déithe ná héagann go dtuga, a fhir dheoranta, dhuitse Rogha gach dúlach is pé rud ar domhan go bhfuil t'aighe luite air,

Óir chríochnaís le do dhorn bóithreoiracht shutha na déirce Timpeall na gceantar, 's is gearr go mbeidh ártach á thabhairt chun an chósta

Sall go dtí Eiciteas Rí, atá ina phláigh is 'na scanradh do dhaoine."

Dúradar amhlaidh; ba thuar bua is áthais a mbréithre d'Odaiseas.

Thug Antanús goile a raibh geir agus fuil ann mar líonadh

Te ón dtine ina láthair; do thóg Amfanamas uasal

Péire bollóg as ciseán agus leag iad láimh leis an mbochtán,

Is d'ól sé a shláinte as cupán breá óir 's ghuigh séan air, á rá leis:

"Móra dhuit! Sonas go bhfille, a sheanóirín dheoranta, fós ort, Bíodh is go bhfuil mífhortún faoi láthair 'na rabharta ag gabháil ort."

Dúirt ansin á shreagairt an laoch ilbheartach Odaiseas:

"Éist, a Amfanamais, liom; taibhsír dom id' dhuine staidéartha;

Is nach dual athar duit é? Tá clú i nDúlaiciam ar Níseas,

Is bhíodh gach n-aon, nuair bhíos ann, á mholadh go crannaibh na gréine,

Toisc go raibh rachmas thar meon aige is maitheas is féile dá réir ann.

Ba é sin t'athair, a deirtear, is samhlaím mánlacht led' phearsain,

Is labharfad go hoscailte leat, agus aire dom' chaintse b'fholláin duit.

Saol chomh hainnis 's a chaitheann an daoná, níl aige rud beo Dá bhfuil ag tarraing anáile is ag gluaiseacht ar thalamh na beatha.

Óir faid a bheireann na déithe suáilceas 'na shaol agus neart dó, Meánn sé go saonta ná beidh aon diachair le fulang go deo aige; Ach nuair thig mífhortún ar a thóir ó dhéithibh an tsonais, Maireann sé i gcoinne a thola is ní bhíonn ach ag broic leis an anró.

Óir bíonn aighe cháich ar an saol seo do réir mar a cheapann Athair na ndéithe is na ndaoine go bhfaighidh sé ó mhaidin go chéile.

Maidir liom féin, bhí a dhealramh air tamall gur séanmhar go deo mé,

Is bhínn ceandána an-tréan agus bearta gan trua agam á ndéanamh,

Is chuirfinn muinín as deartháireacha is athair le seasamh i nguais dom.

Ná bíodh duine go deo, dá réir sin, gan aird ar na dlithe,

Is pé dea-bhronntas a thig ó dhéithibh dhó, caitheadh go ciúin é.

Féach a bhfuil d'obair gan náire ag an gcomplacht éilimh á déanamh,

Rachmas an laoiach acu á reic, 's easonóir ar a chéile acu á caitheamh,

Is mise á rá leat anois nach fada dhó feasta as an dtír seo

A dhúchais 's a chairde, ach go bhfuil ar na cóngair. Go seola na déithe

Tusa chun baile as a bhóthar, is nárab i ndán duit go dtarlóidh Ortsa ar an lá sin go bhfillfidh 'na chuthach ar thalamh a shinsear.

Óir ní mheasaim ná beidh fuil dhearg i réiteach an chuntais Idir an complacht éilimh is é siúd, nuair shroichfidh a theaghlach."

Sin é mar dúirt, agus dhoirt ofráil 's d'ól fíon as an gcupa,

Is thug sé an t-áras thar n-ais d'fhear stiúrtha na sraitheanna comhraic.

D'imigh sé sin leis anonn go dtí taobh eile ' sheomra agus buairt air,

Agus le tuaradh drochíde bhí a cheann ar a ghuaillibh ag corraí.
Ní raibh fuascailt i ndán dó; do shocraigh Aitéine go
dtabharfadh

Buille de lansa ó lámh Theilimicis bás ar a lá dhó.

B'iúd é láithreach thar n-ais sa chathaoir a bhí fágtha aige
roimhe.

Chuir lena linn sin an diabhean Aitéine na súl glas in intinn

Iníon Iciris mhóir Banríon Peanáppla mheabhrach

Taibhsiú i láthair an chomplachta éilimh le súil is go
n-adhanfadh

Searc níos treise ina gcroí, agus don iarracht chéanna go
dtuillfeadh

Méadú gradaim in aigne a céile is a mic lena beartú.

Rinne sí gáire fhórsálta agus dúirt sí le duine dá bantracht:

"Braithimse d'fhonn ar mo chroí, a Eoranaime, is braithim den
chéad uair,

Taibhsiú i láthair an chomplachta éilimh, dá ghráine liom riamh
iad.

Bhéarfaidh mé comhairle dom' mhac, is go stiúra sí ar bhóthar a
leasa é,

Gan a bheith choíche i gcuideachtain na slua an-srianta sin
éilimh.

Óir más milis a gcaint, bíonn smaointe drochíde ina meabhair
dó."

D'fhreagair an bhean tí chóir Eoranaime is dúirt lena máistreás:

"Gach a bhfuil ráite agat liom, tá ráite go ciallmhar, a infon ó!

Téir agus tabhair do dheachomhairle dod' mhac, is ná folaigh
do chúis air.

Ach níor mhór neart uisce agus ola do chuimilt dod' leicne

Sara n-imeoir, is gan t'aghaidh a bheith smeartha le mogaill na
ndeor seo

A bhíos ód' ghruanna gan sos á sileadh, is ní mholaim mar nós
é.

Cuimhnigh ar bhreáthacht do mhic atá fása go hálainn mar
ghuíteá

Déithe na spéartha ina chomhair, agus féasóg mhín ar a ghialla."

Labhair Peanáppla mheabhrach ag freagairt a cainte agus dúirt léi:

"Cé gur ar mhaithe liom é, ná bíse, a Eoranaime, ag tathant

Ormsa mo chraiceann a ghlanadh agus ola do chur ar mo leicne.

Rinne na déithe do mhaireas ar beannaibh Oilimpis go séanmhar

M'áilleacht a lot ar an lá sin gur imigh sé féin in san ártach.

Ordaighse láithreach im' pháirt d'Átainé is Hipidimia

Teacht agus coimhdeacht a dhéanamh is seasamh lem' thaobh in
sa halla,

Óir i gcuideachtain na bhfear sin i m'aonar, ba náireach liom
seasamh."

Sin é mar dúirt, is amach ar a hordú d'imigh an tseanbhean,

Ionas go dtabharfadh a scéala don bheirt is go spreagfadh chun
deabhaidh iad.

Bhí rudaí eile dá dtaibhreamh do dhiabhean na súl glas Aitéine;

Thuirling dá toil suan sámh ar inín bhoicht Iciris uasail.

Chodail sí sínte i gcathaoir is a cabhail is a géaga gan corraí

Scortha ó shaothar; do thug bandia na nglas-súl lena linn di

Tréithe den scéimh shíoraí, chun go meallfadh sí dearca na
dtaoiseach.

D'oibrigh sí ar dtúis ar a haghaidh leis an sú sin taitnimh is
draíochta

A bhíos aige Rín dea-chorónta Chitéire dá chur uirthi féinig

Nuair a intíonn dul ag rince mar aon leis na Grása geanúla.

Chuir sí breis maorgaíochta agus airde ansin lena pearsain,

Is d'fhág sí a craiceann ar ghile na slisneog saite den eabhar.

D'imigh an bhandia léi tar éis cúram an mhaisithe a dhéanamh,

Is tháinig an bheirt bhan coimhdeachta aníos ón halla mar
d'ordaigh

Teachtaire a máistreás dóibh; is do thréig suan milis í láithreach,

Agus ar dhúiseacht di chuimil sí a lámh dá leicne agus dúirt sí:

"Ó! Nárbh aoibhinn an codladh do mhaolaigh dom géireacht
mo léanta!

Bás ciúin séimh dá leithéid go dtuga Artaimís dia geannmnaíochta

Dhomsa ar an mball, agus nárab i ndán dom a thuilleadh na
blianta

A thabhairt faoi bhrón 's faoi dheora is mo chroí á bhrú leis an
síorthocht

Uaignis i ndiaidh m'fhir phósta a rug barr ó laochraibh Acaea."

Sin é mar dúirt, agus d'fhág sí na seomraí gléigeala in airde,

Is níorbh ina haonar a thuirling, ach beirt bhan coimhdeachta
taobh léi.

Tháinig an Bhanríon álainn i láthair chuideachtain an éilimh,

Is sheasaimh sí lámh le piléar dár dhaingnigh fraitheacha an
halla,

Is choinnigh a leicne i bhfolach faoi scáth binne báine dá bairéad,
 Agus an bheirt bhan óg gach taobh di go dílis ar garda.
 Bhí crith fanntaise ar ghlúine na bhfear, mar leáigh sí le searc iad,
 Is ba é guí is miangas gach aoinne go sínfeadh sé léithi ina leabaidh.
 D'iompaigh sí féin chun a mic Teilimiceas óg agus dúirt leis:
 "Do réir mar is clos dom, a mhic, níl meabhair ná croí agat ar fónamh.
 B'fhearr, nuair bhís id' pháiste, do chiall chun do leasa do dhéanamh.
 Agus anois taoi fásta agus aos agat 's dealramh an fhir ort,
 Is aon duine deoranta a thiocfadh 's a chífedh do mhéid is do bhreáthacht,
 Déarfadh gur oidhre ardrachmais tú féin 's gurb aoibhinn do t'athair;
 Is níl, ar an gcuma go mbíodh, meabhair cheart agat feasta ná croí cóir.
 D'fhágais inniu cead raide ag an té a thug masla do dheoraí,
 Is cén clú a bheas ar an dtigh go bhfuil cóisireach suite go ciúin ann,
 Má mhaslaíonn scanróir lena bhuille go goirgeach trom é?
 Pé treo a gheobhfairse ar an saol, náireofar thú i mbéalaibh na ndaoine."
 Labhair Teilimiceas óg á freagairt go meáite agus dúirt léi:
 "Níorbh ort d'fhéadfainn a thógaint go bhfuil i bhfeirg, a mháthair.
 Meabhraím gníomhartha na mac seo, is is eol dom a mbíonn acu á dhéanamh,
 Is aithnínm cóir 's éagóir thar a chéile - ní leanbh mé feasta.
 Ach téann díom gach cúrsa do bheartú ar fónamh go ciallmhar.
 Óir bíd siúd ar mo thise gan sos agus cuirid amú mé,
 Níl ar a n-intinn ach feall, is gan fear i mbun cosanta agamsa.
 Creid mé leis, áfach, go ndeachaigh ar an mbruín idir Íreas 's an deoraí
 Críoch bun os cionn lena raibh ón gcomplacht éilimh, mar thaispeáin
 Fánaí aosta na déirce ardacmhainn is bhuaigh sé go fuíoch ann.
 Guím Séas athair an tsaoil is Aitéine is Apalló go bhfeictear

Complacht éilimh mo mháthar a bhíos in sa teaghlach seo againne,
 Dream acu amuigh in sa gheaird 's dream eile istigh in sa halla
 Cloíte is a cheann aige cách á chroitheadh is gan fónamh 'na mbaill dóibh,
 Amhlaidh is chíféa ag geata na gearde sean-Íreas an mhála
 Suite is a cheann chomh corrach le ceann fir mheisce ar a ghuaillibh
 Is gan ina chosa a oiread nirt 's a choimeádfadh é díreach 'na sheasamh,
 Ná neart fillte ar a thigh — níl áis ag an nduine ina ghéaga."
 Nuair bhí an t-aighneas chun deiridh a bhí idir an mac is an mháthair,
 Labhair Eoramacas tréan leis an Rín Peanápla is dúirt léi:
 "A iníon Íciris uasail, a Ríon Peanápla mheabhrach,
 Dá mbeadh radharc ag a maireann d'Acacéigh in Argas Iónach
 Ortsa, ba lia ná inniu a bheadh complacht éilimh le lóchaint
 Mhaidine sa halla seo amárach, mar aon linn suite chun féasta,
 Óir tá beirthe agat leat ó rímhnaibh álainne an tsaoil seo
 Craobh mhaorgaíochta agus scéimhe, agus mheabhrach staidéartha ina dteannta."
 Labhair Peanápla mheabhrach ansin á fhreagairt is dúirt leis:
 "Gach a raibh ionamsa d'fheabhas, a Eoramacaís, scéimh agus breáthacht,
 D'fhág toil déithe dá gceal mé san am sin gur seoladh go hliam
 Slua na nAcacéach, is gur imigh Odaiséas céile mo chroí leo.
 Á! Dá bhfillfeadh sé sin is go mbeadh, mar a bhíodh, ina cheann dom,
 B'áille agus b'fhairsinge clú mé sa tsaoil - mar atá, is é mo chion de,
 Diachair amháin, 's cumhacht neimhe go gnóthach le m'ainnise a mhéadú.
 Ní fhéadaim an lá sin a dhearmad gur fhág sé talamh a shinsear,
 Conas mar rug sé ar chaol láimhe deise orm, agus go ndúirt liom:
 'Tá neart bailithe, a bhean, d'ardlaochra Airgibheacha in éide,
 Is meáimse, ó chathair na Traí ná fillfidh gach aoinne gan mháchail;
 Óir tá muintir na Traí, mar a deirtear, 'na dtréanfhearaibh catha,
 Caithid na sleagha go mear agus scaoilid go gasta na saigheada,

Stiúraid capaill na luachos is cairr gurbh fhéidir de sciúird leo
 Críochnú is réiteach a dhéanamh tar éis lae choimheascair ar
 chóimheidh.
 Ní fheadar an ligfidh na déithe dhom teacht, nó an bhfuil
 treascairt i ndán dom
 Thall faoi fhalla na Traí. Faoid' láimhse atá a bhfágaim san áit seo;
 M'athair 's mo mháthair, is ort atá féachaint 'na ndiaidh in sa
 teaghlach,
 Is tabhair breis dúthrachta dhóibh, ós fada thar farraige a
 bheadsá.
 Agus an leanbh seo againn, nuair chífir ag fás air an fhéasóg.
 Pós le do rogha féin d'fhear agus fág ar an lá sin an teach seo.
 Labhair seisean amhlaidh an lá úd, is tháinig a ndúirt sé chun
 críche;
 Agus is gráin liom an oíche do chuirfeas i leabaidh fhir eile
 Mise, mo léir, agus Séas a'm' scarúint ó laethanta an tsonais.
 Is féach go bhfuil crá croí is aigne de bhreis ar mo phósadh ag
 gabháil dom:
 Tá dream ógfhear a'm' éileamh gan nós seanmhuintire a
 choinneáil.
 Bíonn lucht éilimh de ghnáth i gcomórtas le chéile ar
 fhlaithiúlacht,
 Nuair bhíonn uathu bean uasal 's iníon duine shaibhir a
 phósadh.
 Bagraíd tréada na gcaorach 's na mart ar an bhfód, agus cóirid
 Féasta do mhuintir na mná, agus an t-éacht seod álainn 'na
 lámha acu,
 Is ní bhíonn beatha dhuine eile acu á reic is á caitheamh in
 aisce."
 Sin é mar dúirt, is bhí áthas ar laoch an fhadfhulaing Odaiséas
 Toisc go raibh mealladh na mbronntas 'na caint, is go ndearna sí
 a n-aigne
 A bhogadh le mílseacht a teangan, is í meáite ar a mhalairt 'na
 hintinn.
 Labhair Antanús mac Eoipéitéis á freagairt is dúirt léi:
 "A iníon Icris uasail, a Ríon Peanápla mheabhrach,
 Aon fhear d'fhearaibh Acaea do bhéarfais id' láthair a bhronntas,
 Glac leis, is tagaimse leat nár dheas uainn bronntas a dhiúltadh.
 Creid mé leis, áfach, ná raghaidh fear dinn chun na feirme nó in
 aon áit

Sara mbeidh rogha idir na huaisle seo déanta is go bpósfair an té
 sin."
 Labhair Antanús amhlaidh, is mhol gach fear lena ndúirt sé.
 Scaoil gach fear acu a ghiolla sa tsiúl lena bhronntas a thabhairt
 leis.
 Tugadh ar ball ón gcathair chun Prionsa Antanús róba
 Fada den éadach ab áille agus sárobair shnáthaide fuaite air,
 Is dó dhéag d'órbhróistibh air is fearas chun iata ar gach ceann
 díobh.
 Fuair Eoramacas slabhra go raibh barr ceirde ina dhéanamh;
 D'ór gach lúb 's clocha ómra air ag taitneamh ar ghileacht na
 gréine.
 Fáinní cluas ba ea do thug giollaí Eoradamaí chuige
 Is péarlaí crochta as an bhfáinne ina dtriopall; ba niamhrach an
 mhaise iad.
 Tugadh mar sheoid ó thigh Phéasandair ba mhac do Pholachtór
 Práisléad álainn; ba ghearr go raibh bronntas le tabhairt aige
 cách díobh.
 D'fhill Peanápla ansin ar a seomraí gléigeala in airde,
 Is d'ardaigh a beirt bhan coimhdeachta a bronntaisí álainne suas
 leo.
 Chasadar siúd ar an rince is ar aoibhneas is mhílse na n-amhrán
 Is leanadar riamh ar an spórt nó go scoirfeadh an oíche dá gceol
 iad.
 Ach nuair leath dúscáth faoin oíche sa deireadh ar a
 n-aoibhneas,
 Hadhnadh sa halla ansin trí háraistí tine ar a stáití
 D'fhonn go mbeadh solas 'na gcomhair; bhí beart crín choille
 ins gach áras,
 Stálaithe is tirim thar meon, ó chianaibh le tuaite do scoilteadh,
 Is gríos dearglasta ón dtine ina mheasc, is do bhíodh ar a
 n-uainibh
 Bantracht oibre an chaisleáin i mbun soilse a chothú. Sara fada
 Chualadar ordú séimh ón laoch ilbheartach a dúirt leo:
 "Téidh, a chailíní an teaghlaigh is fada atá d'éagmais a mháistir,
 Suas chun an tseomra go mbíonn bhur mbanríon mhaorga ina
 suí ann.
 Fanaidhse suite ina timpeall is déanaidh cuideachta dá huaigneas,
 Is bíodh an choigeáil in bhur lámha dá casadh nó an olann á
 cardáil.

Dóibhsean is leor mé féinig mar ghiolla le soilse a sholáthar.
 Fiú más rince é go teacht Áróra ar an spéir 'na cathaoir óir,
 Ní bhead cloíte acu siúd, mar táimse seanoilte ar an gcruatan."
 Dúirt seisean amhlaidh, is bhíodar ag dearcadh ar a chéile le
 gáirí,

Is thosnaigh an té ba dhathúla Meileantó ar aithis a thabhairt dó.
 Ghlac Peanápla í sin ó Dhoilias a hathair le tógaint,
 Is thóg mar inín léi féin í agus thugadh a rogha dhi de
 bhréagáin.

Níor thua léithi ina dhiaidh Peanápla bhocht, is le haimsir
 Thug sí ina croí d'Eoramacas grá agus do shíneadh sí suas leis.
 Labhair sí go tarcaisniúil ar an mball agus dúirt le hOdaiséas:
 "Léan ort! A fhánaí chráite, an bhfuil breallaí gafa lastuas díot?
 Is ná taibhreofa ar thuirling sa cheartain 's an oíche do thabhairt
 ann

Nó i dtigh lóistín éigin? Ach teacht isteach in sa halla
 Is aighneas i láthair an chomplachta uaisle do stealladh, is ná
 glacair

Eagla dá laghad! An de dheascaibh an fhíona do tharla, nó ar
 cheap Dia

Amhlaidh do mheabhair, 's go bhfuil féith bhrilléise ó dhúchas
 id' theangain?

' Bhfuilir go héadrom sa cheann toisc buachaint ar Íreas na
 déirce?

Fan ar do chéill sara mbeadh fear is fearr ná Íreas i dtreis leat,
 Is cruacht agus fuinneamh 'na dhoirne do dhéanfadh do
 chloigeann a bhriseadh

Agus tú a bhagairt amach as an dtigh agus breasal na fola ort."
 Thit na malaí ag Odaiséas, agus bhreathnaigh go géar uirthi is
 dúirt léi:

"Gheobhaidh Teilimiceas uaimse gearán ar an gcaint sin, a
 stiúnsaí,

Láithreach, is béarfaidh sé ort agus stracfaidh do bhaill as a
 chéile."

Sceimhligh na bréithre sin iad, 's isteach uaidh leotha ina
 dtáinrith

Is laige ina nglúine, mar mheádar gur lomdairíribh a labhair sé.
 D'fhan Odaiséas ina sheasamh i solas na n-áraistí tine
 Is rinne na lasracha geala a chothú. Má rinne, sa chroí dhó
 Bhí rudaí eile á dtaibhreamh, 's ní hiad nár cuireadh i gcrích fós.

Níor lig Pallas Aitéine do chomplacht lánmhar an éilimh
 Traochadh sa tsíorasachán go bhfuil faobhar air chun duine do
 bheoghoint,

D'fhonn is gur géire do ghoillfeadh ar mhac Laeirtéis Odaiséas.
 Ba é Eoramacas cruaidh mac Pholaib a dhírigh ar dtúis air
 Íde droch-bhéil is an slua ag gáirí faoin dtarcaisne. Dúirt sé:
 "Éistidh, a chomplacht éilimh na clú-bhanríona, lem' bhréithre,
 D'fhonn is go gcloisfidh sibh uaim gach a n-ordaíonn m'aighe a
 rá libh.

Níorbh é neamhthoil na ndéithe gur shroích siúd teaghlach
 Odaiséis.

M'anam gur léir ó chloigeann an duine go bhfeicim ag eascar
 Lasracha tóirse, is a bhaitheas gan aon ribe gruaige ar a
 líofacht."

D'iompáigh sé ar fhear léirscriosta na mbailte ansin agus dúirt
 leis:

"Ní fheadar an gcaithfeá agamsa, a fhir dheoranta, tamall in
 aimsir?

Chuirfinn anonn tú go ceann an oileáin ar na gortaibh, ar phá
 maith,

Is d'fhágfaínn thú i gcúram na gcloch a bhailiú is crainn arda do
 phlandú.

Bhéarfad do dhóthain aráin gach lá dá mairfir ann sin duit,
 Is gheobhair uaim éadaí olla ar do chraiceann is bróga ar do
 chosa.

Ach níl foghlamtha riamh ach drochnósa agat. T'uchtas ní
 thabharfair

Choíche do shaothar na bhfód; is é is fearr leat, siúl ar na tithe
 Ag d'iarraidh na déirce go bhféadfair do dhuibheagán goile do
 lionadh."

Dúirt ansin á fhreagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:

"M'anam gur mhian liom go mbeinn, a Eoramacais, leatsa i
 gcomórtas

Saothair i dtúis bhreá shamhraidh, in aimsir na laethanta fada,
 Fairsinge mhóinéir romhainn, is corrán cam faobhrach im' láimh
 ann

Is arm chomh maith leis agatsa, go mbeadh triail eadrainn ar obair
 Gan tráth béile go titim na hoíche agus fear ann go clabhsúr;
 Nó go mbeadh seisreach damh le tiomáint agam, rogha na
 foláíochta,

Mór rua is gléas ina gcráiceann, gan aon spáráil ar an mbia dhóibh,
 Comhaos dóibh, comhtharraing, is neart nach féidir a
 thraochadh,
 Gort ceithre n-acra le briseadh agus fód atá ag géilleadh don
 chéachta,
 Chifeá an ndéanfadh mo shoc tríd sin clais dhíreach a ghearradh.
 Nó bíodh cogadh idir thíorthaibh ag ardmhac Chronais inniu
 féin
 Á ghríosú, agus go bhfaighinn dhá ghatha agus sciath ins na
 lámha seo
 Agus cafarr geal bróinse go dlúth leis na huiseanna a luifeadh,
 Chifeá ansan fara laochra na lann mé chun tosaigh sa
 choimheascar,
 Is ní hag fonóid faoim' ghoile le teallaireacht aighnis a bheifeá.
 Tá lán fút, a dhuine uasail, 's do chroí gan taise don bhfulang,
 Is bíonn á thaibhreamh do t'aighe gur fear mórhábhachta tú is
 gaiscíoch,
 Toisc go dtaithir dream beag 's nach iad rogha calmachta an
 dream sin.
 Dá mbeadh fillte ar a thír ag an dtréanfhear comhraic Odaiséas,
 Doras an tí seo, dá airde is dá leithead é, measaim go samhlódh
 Duitse go mbeadh róchúng, nuair chaithfeá teitheadh le t'anam."
 Sin é mar dúirt, is do mhéadaigh i gcroí Eoramacais fiúnach.
 Thit na malaí aige is do bhreathnaigh go dubh ar an mbacach is
 dúirt leis:
 "Fágfadh ciméar sara fada ort, a chladhaire, mar gheall ar an
 mbéal sin,
 Is aighneas i láthair an chomplachta uaisle do stealladh, is ná
 glacair
 Eagla dá laghad. An de dheascaibh an fhíona do tharla, nó ar
 cheap Dia
 Amhlaidh do mheabhair, 's go bhfuil féith bhrilléise ó dhúchas
 id' theangain?
 ' Bhfuilir go héadrom sa cheann toisc buachaint ar Íreas na
 déirce?"
 Labhair seisean amhlaidh, is ghlac chuige stól. Ach d'isligh
 Odaiséas
 Roimhe agus shuigh aige cosa Amfanamais. D'imigh an t-urchar
 Thairis san aer agus bhuail maor riaraithe an fhíona sa láimh
 dheis.

Scaoileadh an crúsca de phreib as a láimh agus thit sé go
 glórach,
 Is leagadh le geoin ar a dhrom é féin 's bhain smúit as an urlár.
 Thosnaigh an complacht éilimh ar liúraigh i halla na scáth dubh,
 Is d'fhéach fear thall is abhus le faitíos ar a chomharsain is dúirt
 leis:
 "Léan ar an bhfánaí liath nár thogh áit eile chun donais
 Seachas an áit seo! Is gan gleo chomh gránna san eadrainn a
 mhúscailt.
 Táthar in earraid le chéile i dtaobh bacaigh 's ag dearmad an
 aoibhnis,
 Is ár bhféastaí gan suáilce ó bhuaigh na droch-thréithe ar an
 bpléisiúr."
 Labhair Teilimiceas Prionsa mar údar 'na measc agus dúirt leo:
 "Táthaoi ar buile, a chuideachta, gan iompar an bhídh is na dí
 agaibh!
 ' Bhuil dia i mbun bhur sportha chun beart bhur n-aimhleasa a
 dhéanamh?
 B'fhearra tar éis togha féile do chách dul ag triall ar a leabaidh,
 Nuair thig fonn air; ná ceaptar go bhfuil uaim aoinne do
 ruagairt."
 B'in é mar labhair sé, go dána. Do chuireadar graine orthu
 féinig
 Is iontas thar barr ar a n-aighe gur labhair Teilimiceas amhlaidh.
 Chrom Amfanamas tréanmhac Nísis de shíolbhach Airéitias
 Láithreach ar rún meonaíochta do thairiscint dóibh, agus dúirt
 leo:
 "Tá a bhreith tugtha go cóir, is do réir mar a thuigimse, a chairde,
 Níor cheart aighe an té a bheadh ag fáil aon locht air chun
 achrainn.
 Láimh an-tréan ar an ndeoraí fain ná leagtar, ná ar aoinne
 Dhíobhsan a mhaireas ag freastal i dteaghlach an Taoisigh
 Odaiséas.
 Déanadh anois maor fiona cupán dí milse do mheascadh
 D'fhonn is go ndoirtfeam o fráil, is abhaile chun suain go
 n-imeom linn.
 Fanadh an deoraí bocht seo chun codlata i dteaghlach Odaiséis,
 Is bíodh Teilimiceas óg ina spéis, mar is chuige do tháinig."
 Labhair seisean amhlaidh, is mhol an chuideachta go léir lena
 ndúirt sé.

Múilias, giolla a tháinig ar bhuin Amfanamais uasail
 Ó Dhúlaiciam anall, ba é a mheasc dóibh fion in sa bhabhla.
 Chuaigh sé ansin á riaradh orthu timpeall. Do dhoirt an
 chuideachta
 Ofráil fiona do dhéithibh an tsonais, is d'óladar deocha,
 Is nuair bhí a gcion aige déithe is go bhfuairadar féinig a
 ndóthain,
 D'imigh gach aoinne acu síos faoin gcathair ag triall ar a
 leabaidh.

XIX

Fágadh sa halla ina ndiaidh sin an dialaoch foighneach Odaiséas,
 Is teascairt don chomplacht éilimh le cúnaimh Aitéine aige á
 beartú.
 Thug sé gan mhoill dá mhac Teilimiceas orduithe is dúirt leis:
 "Caithfear anois, a mhic ó, gach arm d'aistriú chun na taisce.
 Tóg iad uile, agus maolaigh an complacht éilimh le caint
 shéimh,
 Má bhíonn ceist acu á cur, nuair bhraithfid na hairm ar iarraidh.
 'Thugas liom iad ón ndeatach', a déarfair, 'mar nílid a
 thuilleadh
 Amhlaidh is d'fhág Odaiséas roimh a sheoladh go cathair na
 Traí iad;
 Aer díobhálach na tine ba bhun leis an máchail atá orthu.
 Chuir diacht éigin im' cheann, fairis sin, baol eile ba mhó fós:
 Nuair bheadh sibh ró-ólta, go n-éireodh eadraibh go fíochmhar,
 Agus go ndoirtfí fuil, 's ná beadh ach náire ann i ndeireadh
 Féasta agus éilimh; ní beag faobhar arm chun laochra do
 ghriósú!"
 Labhair seisean amhlaidh, is ghéill Teilimiceas láithreach dá
 athair;
 Ghlaigh sé ar a bhanaltra dhílis, ar Eoraiclia, agus dúirt léi:
 'Coinnigh, a bhanaltra chóir, istigh faoin dteaghlach an
 bhantracht,
 s beadsa i mbun airm seo m'athar a bhreith liom anonn chun an
 tseomra.
 'éach, táid caite gan spéis, ón lá do sheol m'athair as baile,
 'hall is abhus, is dá áille do bhíodar, tá smálacha an deataigh

Orthu le fada; do bhíos-sa san am ró-óg chun a saortha.
 Slán ó dhochar na tine ba mhian liom feasta go mbeidís."
 D'fhreagair a bhanaltra mhaith sean-Eoraiclia agus dúirt leis:
 "Creid mise, a linbh, gur bhreá liom go dtógfá d'éirim i t'intinn
 Aire don teaghlach a thabhairt is a bhfuil i do sheilbh a chosaint.
 Ach cé a bhéarfas an tóirse le solas a dhéanamh sa tslí dhuit,
 Tráth is go bhfuilir ag cosc ar na mná teacht chugat agus
 soilsiú?"
 Labhair Teilimiceas óg á freagairt go meáite agus dúirt léi:
 "Déanfaidh an deoraí an gnó; díomhaointeas ní ceadaitheach
 d'aoinne
 A itheas a chuid de m'aransa, dá fhaid ó bhaile do tháinig."
 Dúirt seisean amhlaidh, is choinnigh an tseanbhean béal ina
 cónaí,
 Is d'iaigh sí glas ar na doirse ar na mná a bhí istigh in sa phálás.
 B'iúd ansin Odaiséas is a mhac ríniamhrach ag obair;
 Bhí na cafairr agus sciatha na ndronn acu á n-ardach amach leo,
 Is lansaí faobhracha, is rompu do shiúlaidh Pallas Aitéine
 Is lampa óir bhuí aici ina láimh gurbh álainn an lonradh a leath
 uaidh.
 Thóg Teilimiceas ceann dó agus dúirt sé go hobann lena athair:
 "A athair, cad é an mhíorúilt seo do chím 'nár dtimpeall lem'
 shúile?
 Féach fallaí an chaisleáin agus síomáil chaithiseach adhmaid
 Is fraitheacha giúise is piléir ag imeacht chomh díreach in airde,
 Taibhsíd uile dom radharc chomh soilseach le lasrachaa tine.
 Cinnte, tá diacht istigh dá maireann sa bhfairsinge spéirgheal."
 Dúirt lena mhac, á fhreagairt, an laoch ilbheartach Odaiséas:
 "Éist! Brúigh t'aigne fút agus ná cuir ceisteanna a thuilleadh.
 Bíonn aige déithibh Oilimpis a nósanna féin, is is díobh san.
 Gluais leat, a mhic chun do leapa, agus fág mar a bhfuilim i
 m'uath mé,
 D'fhonn is go n-iarrfaidh mé breis faisnéise ar na mná is ar do
 mháthair.
 Beidh sise i m'fhianaise ag caoineadh, agus cuirfidh sí tuairisc
 gach aon rud."
 Labhair seisean amhlaidh, is chuaigh Teilimiceas uaidh as an halla
 Is lasracha dearga tine mar sholas dá shiúl nó gur shroich sé
 Seomra agus leaba inar ghnách suan milis a theacht air gach
 oíche,

Agus go lóchaint an lae feadh na hoíche sin inti do chodail.
D'fhan Odaiséas dialaoch ina dhiaidh sin ina aonar sa halla,
Is treascairt don chomplacht éilimh le cúnamh Aitéine aige á beartú.

Tháinig anuas as a seomra an Ríon Peanápla mheabharach,
Is dhealraigh le hArtaimís iontas a scéimhe is le diabhean na seirce,

Is níor ina haonar a tháinig, ach beirt bhan coimhdeachta léithi.
Le hais na tine ina comhair shocraíodar chun suite cathaoir di.
Ba é an té a rinne an chathaoir, Icmilias saor, agus inti
Leabaigh sé airgead is eabhar, is shnaidhm sé go deas lena híochtar

Stól cos. Leathadar lomradh air sin faoi chosaibh a máistreás,
Agus do shuigh ansin Banríon Peanápla mheabhrach.

Tháinig 'na slua ghéag-gheal na cailíní amach as a seomra,
Is bhíodar ag ardach na mbord agus iarsmaí flúirseacha aráin leo
Agus na gcorn as a mbíodh lucht mórtais ag ibhe na bhfionta.
Gríosach na n-áraití tine do leagadar síos ar an urlár,
Is líonadar iontu thar n-ais neart adhmaid chun solais is teasa.
Thosnaigh Meileantó ar an dtarcaisne arís agus dúirt le hOdaiséas:

"Arbh amhlaidh, a dheoraí, ataoi le fanacht ár gcrá feadh na hoíche

Timpeall an tí ag póirseáil agus dearcadh ar na mná agat á dhíriú?
Gread leat an doras amach, a dhonáin, 's bí sásta led' bhéile,
Nó mura ndéanfair, imeoir ar do bhóthar is tóirse dá shá leat."
Thit na malaí ag Odaiséas ilbheartach is d'fhreagair is dúirt léi:
"Cén fáth dhuitse ag gabháil dom le faobhar nimhe, a óinseach na buile?

Arbh é mo shalachar is gráin leat, 's na héadaí suaracha a chaithim,

Is beatha na déirce sa tír? Ní foláir dúinn géilleadh don ghátar.
Fánaíthe is baciaigh, is amhlaidh a ceapadh an tslí seo mar dhán dóibh.

Óir bhí teaghlach liom féinig fadó agam, is i mbéalaibh na ndaoine

Clú séin orm agus saibhris, 's ba mhinic a bhronnas ar fhánaí
Bocht dom' leithéidse, ba chuma cé hé is cad ab áil leis ag triall orm.

Bhíodh agam daoir ina mílte agus mórán eile ina dteannta

A bhaineas le saol breá fairsing, le hardchlú rachmais is féile.
Ach ba é toil Shéis mhóir mhic Chronais mé d'fhágaint á n-éagmais.

Féach romhat féinig, a bhean, sara gcaillfeá barra na scéimhe
Agus do réim dá chionn san i lár na coda eile den bhantracht.
B'fhéidir gur dán duit fearg do mháistreás fós, nó go bhfillfeadh
Rí Odaiséas ar a thír; níor mheath súil fós lena theacht ann.
Ach más fíor go bhfuil cailte is gan filleadh ar a dhúchas i ndán dó,

Tá Teilimiceas óg ina dhiaidh ann, is faobhar ag Apalló
Dá thaispeáint dó go hard; níl bean mhírialta sa tigh seo
A dhéanfas i gan fhios dó coir, ní faoi bhun aoise dhó a thuilleadh."

Sin é mar dúirt, agus chuala an Ríon Peanápla a bhréithre,
Is d'iompaigh le holc uirthi siúd agus thug aghaidh bhéil di agus dúirt léi:

"Cad é mar éadan an chaint sin, a bhean mhadrúil! Ní hi gan fhios

Domsa do rinnis an dubh, agus díolfaidh do cheann as go daor fós.

B'eol duit an rud a bhí uaim, mar do chualais cheana dá rá mé,
Deoraí bocht san na déirce, go raibh fúm labhairt leis im' halla
Is fiafraí i dtaobh m'fhir phósta go bhfuilim i ndiachair á éagmais."

Dúirt, agus ghlaigh sí chuici a bean tí Eoranaime is dúirt léi:
"Beir leat i leith suíochán, a Eoranaime, is lomradh anuas air,
Ionas go bhféadfaidh an deoraí suí is gach ar eolach dó d'eachtraí,

Is éisteacht, freisin, lem' bhréithre, mar tá a lán ceisteanna agamsa air."

Sin é mar dúirt, agus bhrostaigh an bhean agus d'iompar thar n-ais léi

Suíochán líofa, is do leag cois tine é is do bhuail air an lomradh,
Is nuair bhí socair 'na chomhair, shuigh laoch an fhadfhulaing Odaiséas.

Chrom Peanápla mheabhrach ar labhairt ansin agus dúirt leis:
"Is é rud is mian liom ar dtúis d'fhiafraí, a dhuine dheoranta, dhíotsa,

Cér díobh thusa is cad as duit, is cá bhfuil do chathair 's do mhuintir?"

Dúirt ansin á freagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:
 "Níl fear a déarfadh, a bhean, ó cheann ceann fhairsinge an
 domhain leat,
 Aon fhocal cáinte, mar d'éirigh do chlúsa go crannaibh na spéire
 Faoi mar a raghadh clú rí gan cháim go bhfuil eagla na ndéithe
 air
 Is lucht saighdiúrtha iomadúil faoina orduithe i dtír ag
 maireachtaint,
 Is eisean ag cloí leis an gceart, is go dtugann an talamh go
 torthúil
 Eorna is cruithneacht, is go mbíonn meas aibí ina ualach ar
 chrannaibh,
 Uan ag an gcaora agus gamhain ag an mbó, agus i gciúnas na
 mara
 Iasc ina ráthanna ar fáil, is a mhuintir go saibhir ag gnóthú.
 Más ea, fiafraighse dhíom ar do thinteán aon rud is mian leat,
 Seachas an cheist sin a bhain le mo chine is le dúthaigh mo
 shinsear,
 D'fhonn is ná cuirfear le linn a bheith ag cuimhniú siar ar mo
 shaol dom
 Tocht ar an gcroí seo de bhreis, mar is léanmhar an fear mé is
 ní ceart dom
 Suí faoi dhion tí dheoranta is glór olagóin agus caointe
 Á thógaint go deo; ní folláin síorghol 's ní molta mar nós é.
 Chasfadh, le cráiteacht, duine ded' mhná nó tú féin liom gur
 éirigh
 Iomarca fiona i mo cheann is gur mhúscaíl sé tuile na ndeor
 ann."
 Labhair Peanápla mheabhrach ansin á fhreagairt is dúirt leis:
 "Gach a raibh ionamsa d'fheabhas, a fhir dheoranta, scéimh agus
 breáthacht,
 D'fhág toil déithe á gceal mé san am sin gur seoladh go hIliam
 Slua na nAcaeach, 's gur imigh Odaiséas céile mo chroí leo.
 Á! Dá bhfillfeadh sé sin is go mbeadh, mar a bhíodh, ina cheann
 dom,
 B'áille agus b'fhairsinge clú mé sa tsaol — mar 'tá, is é mo chion de,
 Diachair amháin, 's cumhacht neimhe go gnóthach le m'ainnise a
 mhéadú.
 Óir a bhfuil d'uaisle i gcumhacht in oileáin Dhúlaiciaim is
 Shama

Agus Shacantas na gcoillte is in Iticé mhéiscreach na
 bhfailltreach,
 Táid uile a'm' éileamh mar mhnaoi do m'ainneoin is ag ideach
 an teaghlaigh.
 Fáilte ní chuirim dá chionn san roimh fhear achainí ná roimh
 chóisireach
 Faoi mar ba chóir, ná roimh theachtair a ligeann na daoine le
 gnó chugam,
 Ach bíonn m'aigne ag leá i gcónaí agus ag tnúth le hOdaiséas,
 Is bíonn lena linn sin an dream úd ag tathant an phósta do shíor
 orm,
 Is nímse mo dhícheall 'na n-aghaidh chun an lae a chur ar cairde
 le cleasa.
 Mheabhraigh an dia dhom ar dtúis linéadach ba mhín fada
 fairsing
 D'fhi feadh na laethanta thuas; bhí seol scópúil agam leata,
 Is deirinnse leotha: 'A fheara uaisle do tháinig ag d'iarraidh mo
 phósta,
 Ó tharlaíonn ná maireann mo chéile, gur cailleadh Odaiséas,
 Scoiridh den tathant go fóill, nó go bhféadfaidh mé an t-éadach
 seo a chríochnú,
 D'fhonn is nach obair in aistear dom' shnách atá sníte go breá
 agam.
 Is é an seanlaoch Laeirtéis a gheobhfar lá éigin sa bhrat sin,
 Nuair bheidh scartha lena anam 's go sínfidh an bás ina shuan é,
 Ionas ná féadfar a rá chun mo náirithe i measc bhan Acaea,
 Dá mhéad saibhreas a bhuaigh sé, gur síneadh gan clúd ar a
 mharbh!
 B'iad san mo bhréithre, agus chuireas 'na luí orthu siúd le mo
 mhealladh iad.
 Bhínn ina dhiaidh sin de ló agus an anairt fhairsing á fi agam,
 Is bhíodh agam snách istoíche dá scaoileadh le solas na dtóirsí.
 Mar sin i gan fhios ar feadh trí mblian lean mealladh na n-uaisle,
 Ach nuair tháinig an ceathrú bliain ' chionn chasta na séasúr,
 Lig mná éigin dem' theaghlach gan taise gan náire mo rún leo,
 Is rinneadar siúd éaló orm im' sheomra agus thugadar aghaidh
 dom,
 Is b'éigean dom saothar an róba do thabhairt chun críche dem'
 neamhthoil.
 Níl aon dul agam feasta ó phósadh le fear acu. Ní fhéadaim

Aon bheart eile do cheapadh; tá m'athair 's mo mháthair ag gabháil dom
 Riamh agus choíche go bpósfad, is braitheann mo mhac go neamhfhoighneach
 Iadsan ag ídeach a bheatha, mar tá aos fir aige is tuiscint
 Chruinn in sa reic; níl duine do b'fhearra ná eisean i gcúram
 Teaghlaigh, 's le fabhar Shéis mhóir, beidh cáil air i mbéalaibh na ndaoine.
 Inis, pé ar domhan é, do chine is cad as duit; ní hamhlaidh a saolaíodh
 Thusa ó chorp na daraí nó na cloiche, mar chanann filí dhúinn." Dúirt ansin á freagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:
 "Tuigim, a bhean ghradamúil chlúmhac Laeirtéis Odaiséas, Nach am suaimhnis dom é nó go bhfaighir faisnéis ar mo chine. Géillim, inneosfad duit é; creid, áfach, go dtiocfaidh dod' chionnsa
 Diachair de bhreis ar mo chroí leis an scéal 's leis an gcuimhne, is nach ionadh é,
 Nuair bhíonn duine ar an bhfán ó thíre chomh fada is atáimse, Gafa ina shiúl trí mhórán bailte, is gur fhulaing sé mórán. Sid é mo scéal, agus freagra ar a bhfuil agat díomsa dá fhiafraí. Mílte thar fairsinge anonn atá talamh na Créite sa mhórmhuir, Fód fíorálainn torthúil, 's mórtimpeall air ólaithe an tsáile. Tá slua dhaoine ann thar comhaireamh, is deich 's ceithre fichid de bhailte.
 Iontach a bhfuil de chiníocha ann, is nach lia cine ná teanga. Maireann Acaigh san áit, is Ciodónagh, is Créataigh den bhunstoc;
 Tá sliocht laochra Peileasgaigh ansin, agus Dóraigh na dtrí dtreabh. Cnósas is ainm do mhórchathair ann, go raibh Míonós 'na rí uirthi,
 Dá raibh ar feadh naoi mblian Séas mór ina dhlúchara comhairle.
 Mac ab ea m'athair dósan, Deocailíon an ainm a glaodh air, Agus do saolaíodh mise agus Ídiminéis dó ina theaghlach. Chuaigh mo dheartháir ins na báid ghob géar ag cur cogaidh ar Iliam
 Fairis an mbeirt Aitréideach. Ba shine é ná mé agus ba threise. Fágadh 'na dhiaidh ag an mbaile mé féin. Is é is ainm dom, Actón.

Bhíos san oileán nuair tháinig Odaiséas; ghlacas im' chúirt é; Óir níor mhór dó gabháil i leith Chréite mar gheall ar na gálaí A shéid é as chúrsa na Traí nuair sheol sé timpeall Mhailia. Cuan Amnasais go bhfuil uamhain Éiléitia sa bhfaill ann, B'in é an ród contúrtach do tharraing, is dóbair gan teacht dó. Dhírigh sé suas ar an gcathair is loirg sé Ídiminéis ann; Dúirt sé go rabhadar 'na gcairde óstaíochta is gur mheas sé go hard é.
 Ach bhí lóchaint an lae naoi n-uaire nó deich in san oirthear Ó sheol seisean i loingeas na mbád gob géar leis go hIliam. Ghlacas im' theaghlach an laoch, agus níor spárálas air aon rud; Fuair seisean uaim barr féile sa tigh a bhí ag pléascadh le rachmas.
 Agus a lucht compánach a ráinig ag seoladh mar aon leis, Thógas-sa plúr ón dtuaith agus fion dearglasrach 'na dtómas Is éacht mart méith chomh maith, chun go bhfaighidís sásamh a ndúlach.
 Dhá lá dhéag faoim' dhíon d'fhan buíon na nAcaeach go ságach Is anaithe aduaidh ann le toil dé naimhdigh a shéid 's a choimeád iad
 Teanntaithe; ar tír fiú amháin ní féadfaí seasamh 'na coinne. Mhaolaigh an ghaoth ar an dtreas lá déag, agus sheoladar leotha."
 B'amhlaidh dó is éitheach á rá aige agus dealramh na firinne á chur air,
 Is bhí a dhá súil sin ag leá leis an éisteacht 's ag síleadh ar a gruanna,
 Faoi mar léann barr sneachtaidh ar mhullaibh arda na bhfuarbheann,
 Nuair bhíonn gaoth bhog ag séideadh tar éis cruaghaoithe a thug ann é,
 Is tuile go tréan ins na haibhnte i laethanta choscartha an tsneachtaidh,
 B'amhlaidh don leá gheal deor sin anuas ar a leicnibh áille, Is chaoin sí an té a bhí ina shuí lena taobh, is do mhothaigh Odaiséas
 Tocht truamhéala ar a chroí nuair bhreathnaigh ar dhiachair a chéile.
 Ach d'fhan mogaill a shúlsan, i leith is gur d'iarann nó d'adhairc iad,

Gan cor astu, agus d'fhéad sé na deora do chosc lena ghliocas.
 Nuair bhí silte go leor ag an mBanrín léanmhair is caointe,
 D'athnasc ansin ar a céile na bréithre a bhí ráite aige is dúirt leis:
 "Caithfirse comharthaí cruinne do thabhairt, a fhir dheoranta,
 anois dom,
 D'fhonn is go measfad an fíor go raibh m'fhear ina chóisireach
 id' theaghlach
 Do réir mar is clos ód' bhéal dom, 's a chompáin chróga mar
 aon leis.
 Inis dom go beacht baill éadaigh an duine agus conas mar
 bhíodar,
 Is conas mar thaibhsigh sé féin, 's cérbh iadsan, na cairde do
 lean é."
 Dúirt ansin á freagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:
 "Creid mé gur deacair a rá leat, a bhean, tar éis aimsire fada,
 Conas mar thaibhsigh 's mar bhí. Tá an fichiú bliain againn
 cheana
 Ó sheol seisean amach ar an muir is gur fhág sé mo thírse.
 Déarfadh mé leat cén chaoi a samhlaím dom i m'aigne inniu é.
 Is é saghas clóca do chaitheadh san am sin an Taoiseach
 Odaiséas,
 Corcra is dubailt raimhre ann, is bhí bróiste óir air mar
 cheangal,
 Is dhá cheap ann do bhioráin, agus ceardobair greanta ar a
 thosach,
 Íomhá gadhair, agus idir á dhá chois tosaigh i ndúghreim
 Lao fia sceimhlithe ag únfairt — do b'iontach le cách é mar
 obair.
 D'ór ab ea an dá ainmhí; bhí an lao dá stracadh ag an madra,
 Is coir fhianbhuile ag a chosa á dtabhairt d'fhonn éalaithe amach
 uaidh.
 Cóta olla mine a bhí timpeall a chabhlach, do thógas-sa ceann
 de,
 Is é chomh líofa le craiceann oinniúin is ar bháineacht an lae
 ghil.
 Bhíodh ardiontas san áit á dhéanamh den chóta ag an
 mbantracht.
 Caithim rud eile do rá, agus is rud é ba chóir duit a thuiscint:
 Ní fheadar ar chaith Odaiséas, nuair d'fhág sé an baile, an
 ghabháil sin;

B'fhéidir go bhfuair ó chara dá bhuin ina bronntas sa bhád í,
 Nó i gcaisleán ar a dhul ann ar cuairt, mar is mó cara a bhí aige,
 Óir, ar a ndeachaigh go Traí, ní raibh mórán laochra dá
 phatrún.
 Uaimse do fuair clafomh bróinse agus clóca den chorcar is áille,
 Dúbalta trom, agus cóta go troigh a raibh frainse scothóg air,
 Is d'fhágas go hurramach slán leis ag triall in sa bhád dó thar
 chaladh.
 Bhí maor fairis ba shine ná é de bheagán, mar is cuimhin liom,
 Á leanúint chun an chogaidh; sid é agat, a bhean, mar a bhí sé:
 Cromshlinneánach, is folt fada búclach air 's duibheacht ina
 chraiceann.
 Déarfad leat ainm an fhir, Eorabaitéis. Chuir Odaiséas ann
 Spéis thar a raibh aige d'fhearaibh, mar thagadh a n-intinn le
 chéile."
 Dúirt, is ba threise do dhúisigh sé fós fonn goil in sa Bhanrín,
 De chionn is gur aithin gach comhartha dá dtug Odaiséas go
 soiléir di.
 Ghoil sí a raibh ina ceann, agus nuair bhí caointe aici a dóithin,
 Chrom sí arís i gcionn tamaill ar labhairt, agus dúirt leis an
 bhfánaí:
 "Bhí roimhe seo is mé ag smaoineamh ar t'anró im' hallasa, a
 dheoraí,
 Trua agam dod' chás, ach feasta beidh urraim im' chroí dhuit is
 dúthracht.
 Gach ball éadaigh ar chuimhnigh do scéal dom air, mise do thug
 dó
 Úr as an bhfilleadh ón gcomhra é is do cheangail air bróiste na gile
 D'fhonn go maiseodh sé mo laoch; is a rá ná faighidh sé go
 brách uaim
 Fáilte ina theaghlach mar cuirtear roimh fhánaí ar theacht ar a
 dhúchas.
 Nár mhífhortúnach an lá d'Odaiséas nuair sheol chun go
 bhfeicfeadh
 Fallaí Thraí na mallacht nach ceart dom a hainm a luachaint!"
 Dúirt ansin á freagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:
 "B'fhearr liom, a bhean ghradamúil chlúmhaic Laeirtéis Odaiséas,
 Ná beadh leicne na háille dá lot agat amhlaidh, 's ná brisfi
 Croí róléanmhar do chléibh is fear céile dá chaoineadh go deo
 agat.

Nílím a'd' cháineadh dá chionn! Cén bhean ná caoinfeadh an céile

A shín léi is iad ina lánúin óig is gur shaolaigh sí clann dó —
Is ea, ní áirimse Odaiséas, a bhí i dtánaiste, deirtear, do dhéithe.
Tiormaigh do shúile, ar a shon san, is creid gach a n-abraím
anois leat:

Labhramse leat gan agó, is ní fholód aon bhlúire den scéala ort —
Chuala-sa i gcóngar an chósta seo, i dtír Theasprótach an
mhórfhóid,

Trácht thar Odaiséas, daoine á rá liom go bhfuil sé ina
bheathaidh

Agus go bhfillfidh sé fós ar a dhúchas, go bhfuil aige á thabhairt
leis

Éacht stóir bhronnta do loirg sé ar dhaoine, gur chaill sé ar an
mórmhuir

Dea-bháid threafa na dtonn agus dílhompánaigh a thaistil
Is Inis na dTrí mBeann fágtha ina dhiaidh aige. Deirtear gur
fhuathaigh

Séas agus Heilias é, mar gur mhairbh a mhuintir a mhairt sin.
Shroicheadar uile dá chionn tón phoill faoi thonnaibh na suaille.
Shnámaigh sé féin ar a chile gur ardaigh na hólaithe isteach é
Ina aonar i dtír na bhFaithicéach, an fháig atá gaolmhar le
déithe.

Thugadar san na honóracha is dual dos na déithe le fonn dó,
Is bhronnadar mórán seod air, 's ba thoilteanach leo é do
sheoladh

Slán ar a dhúchas, 's is fada do bheadh ceann sprice aige sroichte
Murach gur shocraigh le dúil in sa tairbhe go dtabharfadh sé
timpeall

Fairsing ar thuatha na bhfear, 's go mbaileodh sé saibhreas sa
tsiúl dó.

Féach gurb ábalta an fear é, agus maidir le héirimí saolta
Nár bh inchurtha aon duine i gcomórtas ar ghnó le hOdaiséas.
Féadón an Rí Teasprótach do ba é a thug tuairisc an fhir dom.
Mhionnaigh an Rí chomh maith, is ofrálaigh dí againn á
ndoirteadh,

Is sinn ag scarúint, go raibh bád aige ar ród 's mairnéalaigh an
bháid sin

Ullamh le dul ar a bord agus eisean a thabhairt chun a thíre.

Lig sé ar dtúis uaidh mise, mar ráinigh ag gluaiseacht an uair sin

Bád Teasprótach go cuan Dhúliciaim is margadh an ghráinne.
Nocht seisean iontas na seod dom, a chruinnigh an laoch ar a
thaisteal;

B'in a oiread stóir is go mairfeadh sé féin deich nglúine air is a
oidhrí,

Is bhí sé fágtha go fóill aige i dteaghlach an taoisigh i dtaisce.
Dúirt ansin liom 'na thaobh go raibh gluaiste le fios agus
comhairle

A chloisint i gcoill Dhódóna ón ndair ard scáfar a labhrann
Séas mór as a duilliúr, conas d'fhillfeadh ar Iticé an dúchais
Tar éis fiche bliain ar an bhfán dó, go hoscailte dána nó i gan
fhios?

Tá sé slán, dá réir sin; tá siúd ar a bhóthar 's ag druidim
Libhse go luath, is ar deighilt ó chairde ní fada do bheidh sé
Is ón dtír dhúchais; is bhéarfaidh mé mion duit gan iarraidh gur
fior dom.

Deirim i bhfianaise Shéis a bhfuil barr agus svae aige thar
dhéithe,

Is naomhthinteán Odaiséis arduasail a bhfuilim 'na láthair,
Gach a bhfuil ráite agam leatsa, go bhfaighir comhlíonta go
luath é

Idir an ré seo a cheiliúradh ón aer 's ré eile do theacht air."
Labhair Peanápla mheabhrach ansin á fhreagairt is dúirt leis:
"Tú, a dheoraí á rá liom, 's go raibh diacht éigin a't' fhreagairt!
Nuair bheidh tugtha chun cinn, gheobhair dúthracht is
bronnfadsa mórán

Ort, is an té a tharlós leat, adéarfaidh gur duitse is ró-aoibhinn.
Ach ní hamhlaidh a bheas; is é atá dá thuaradh i mo chroí agam
Riamh, ná fuil teacht ar a dhúchas i ndán d'Odaiséas, is ná
faighirse

Árthach chun seolta, mar níl aon údar de bhun in san áit seo
A d'fhéadfadh, mar d'fhéad Odaiséas, murab aisling gur mhair a
leithéid ann,

Deoraithe a ghlacadh le hurraim, is cóir chun a n-aistir a
thabhairt dóibh.

Déanaidhse, a mhná, a chosa d'ionladh ar a laghad is a leaba do
chóiriú

Láithreach le tocht agus súsaí gléigeala is pluideanna ramhra,
D'fhonn is go luifidh sé inti go lóchaint na maidine go teolaí.
Gheobhaidh sé an t-ionladh san iomar ar maidin is cuimilt na hola

Ionas go bhféadfaidh sé suí is Teilimíceas láimh leis sa halla
Is féasta do chaitheamh. Is mairg don té sin a leomhfadh le díomas
A bheith ag gabháil dó, sin fear ná beidh aige féinig sa tigh seo
Aon ní buaite dá bharr, ach a mhalairt, d'ainneoin a mbeidh
d'ole air.

Conas, a dheoraí, a leanfadh an teist agat ormsa go mbeirim
Barr ó mhnáibh an domhain uile i leith meabhrach is beartaithe
cliste,

Más é t'aiste ag mo bhord, a bheith mighnéúil as do phearsain
Agus gan ort ach drochbhalcais. Is gearr cart aoinne ar an saol
seo;

Duine a bhfuil doicheall 'na chroí is gan riamh aige ach intinn
an doichill,

Ní bhfaigheann seisean dá bharr ach drochaighe na ndaoine is a
mallacht,

Faid is a mhaireann sé beo; tar éis bháis dó, is beag ar gach
aoinne é.

Ní mar an gcéanna do dhuine an dea-chroí ina bhfuil intinn na
féile;

Pé treo a ghaibhidh trí fhairsinge an domhain, pé bóithre do
shiúlaid,

Leathann na deoraithe a chlú, is bíonn a uaisleacht á moladh ag
an saol mór."

Dúirt ansin á freagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:

"Creid mé, a bhean ghradamúil chlúmhaic Laeirtéis Odaiséas,
Éileamh ní mhaireann agamsa ar an súsa geal gléigeal 's an
plaincéad

Ón lá d'fhágas im' dhiaidh radharc mhullaí sneachtaidh na
Créite

Is bád maith fúm á bhagairt ag lucht rámh fada ar an mórmhuir.
Sínfidh mé siar mar ba ghnách liom ar oícheanta a chaitheas gan
chodladh,

Mórán oícheanta fada agus leaba na hainnise crua fúm

A chaitheas ag foighneamh go ndeachaigh Áróra ar an spéir 'na
cathaoir ghil.

Ná ní háthasach domsa ar an ábhar gur thairgis, a bhean, dom
Ionladh na gcós, óir breith ar mo chosa ní ligfinnse d'aoinne
Dhióbhsan a chím mórthimpeall 'na mná seirbhíse sa tigh seo,
Mura bhfuil seanbhean chríonna ann, staidéartha do réir a cuid
blianta,

Is gafa aici trín oiread fulaing 's a thit ar mo chrann ar an saol
seo;

Bean dá leithéid níor lag liom go ndéanfadh mo chosa do
láimhseáil."

Labhair Peanápla mheabhrach ansin á fhreagairt is dúirt leis:

"A fhánaí dhílis, mo lámh duit gur fíor nár tháinig 'on tigh seo,
Bíodh is gur mó fear deoranta a glacadh ann cheana le féile,
Fear chomh meáite ina mheabhair chomh niamhrach 'na chaint
is ataoise.

Tá sa chaisleán a leithéid sin de mhnaoi, bean chríonna
staidéartha

A thóg m'fhear bocht 'na bhunóic ina baclainn ar theacht ar an
saol dó,

Agus a thugadh cothú dhó ina buime is a bhíodh ina chúram.

Ní mór a fhéadann sí a dhéanamh anois, ach nífidh do chosa.

A Eoraiclia, mo ghraidhn í do mheabhair chinn, éirigh is
ullmhaigh

Ionladh do chosa an té atá ina chomhaos, deir sé, don mháistir;

Is d'fhéadfadh na lámha is na cosa a bheith cheana mar sin ag
Odaiséas;

Óir, más ainnis dá shaol, téann críne go luath ar an nduine."

Sin é mar labhair sí, is d'fholaigh an tseanbhean a haghaidh lena
bosa;

Shíl sí na deoracha teo, agus de ghlór gear diachaire dúirt sí:

"Fóiríor! Cabhair níor fhéadas a thabhairt duit, a linbh! Do thug
Séas

Fuath dhuit thar fhearaibh an domhain, dá mhéad í t'urraim do
dhéithe,

Riamh romhat níor dhóigh duine do Shéas mór scaoilte na toirní

A oiread ceathrún mart méith, níor bhronn a oiread íobairtí áille air

Agus a thugais-se féin dó agus guí agat á déanamh go sroichfeá

Faoi shó blianta seanaoise, is go dtógfá rímhaic id' theaghlach.

Is nach duit féinig amháin nár lig sé filleadh ar an ndúchas!

B'fhéidir gur fhulaing sé sin, nuair tharla dó bord agus leaba

D'fháil ó thiarnaí féile ina gclúchaisleánaibh i gcéin uainn,

Tarcaisne bhéil mhínáirigh na mban seirbhíse ina theannta,

Faoi mar atáid, a fhir bhoicht, madraí sin an tí seo ag fonóid fút.

Is é a bhí uaitse, asachán agus náire a gearúl san a sheachaint,

Nuair dhiúltaís dá n-ionladh, ach ní dom' neamhthoilse do

chuala

Iníon Iciris mhóir Banríon Peanápla ag ordú.
Nífead do chosa, dá réir sin, ar son Bhantiarna na n-árann;
Déanfad é, leis, ar do shonsa, óir bogadh le diachair do léanta
Croí seo mo chléibh. Agus déarfad rud eile de bhreis, agus creid
é:

Fánaíthe tuirse agus donais, is minic a dtuirling sa tigh seo;
Tagaid i gcuimhne dhom, glórtha agus cosa agus féachaint a lán
díobh,

Is riamh níor bhraitheas an dealramh a chím agat féin le
hOdaiséas."

Dúirt ansin á freagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:

"Is é sin a deir gach a bhfaca araon sinn riamh, a bhean aosta.
Dealraíod sinn lena chéile go mór, mar a rinnis ag labhairt duit
Agus ag cuimhniú siar duit ar dhealramh do mháistir, gan
amhras."

Labhair seisean amhlaidh; do thóg an bhean aosta sin iomar geal
líofa

A bhí aici chun ionladh na gcos, agus dhoirt ann uisce go
flúirseach,

Fuar i dtosach, is ar fiuchaidh 'na dhiaidh sin, is d'aistrigh
Odaiséas

Ón dtinteán a chathaoir agus chas i leith dhoirche an halla.

Tháinig go hobann 'na cheann, nuair bhéarfadh an bhean ar a
chosa,

Eagla go bhfeicfeadh an chneá sin a nochtódh láithreach a rún
di.

Dhruid sise i leith; bhí a Tiarna á ní aici, is d'aithin sí láithreach
Rian sin na cneadha do fuair ó chollach na fiacaile gile

Lá amuigh ar shliabh Pharnáis 's Átalacas fairis 's a chlann mhac.

Ba é siúd athair a mháthar, gan aon fhear i dtánaiste riamh dó
Maidir le goid 's mionn meallta; b'in bua a bhí bronnta air ag
Heirméis

Dia na gadaíochta, mar dhóigh an dea-laoch mar onóir dó go
minic

Cnámha mionnán agus uan, agus tharraing dá chionn san 'na
pháirt é.

Sheol Átalacas, uair, go hoileáinín Iticé an bhairr mhaith,

Is fuair nuashaolaithe i dteaghlach a chliamhain mac óg dá inín
féin.

Thaispeáin Eoraiclia an bhunóc dó agus chuir ar a ghlúine í

Nuair bhí an béile chun deiridh, is ba sholmanta a labhair agus
dúirt leis:

"Cuimhnigh ar ainm anois, a Átalacais; ainmigh léithi
Leabh do linbh go bhfuiltear ag guí chomh fada is ag tnúth
leis."

Labhair Átalacas críonna ansin á freagairt is dúirt leo:

"Tugaidh, a chliamhain, is, a iníon, ar an bpáiste seo an ainm a
déarfad:

Tá mo chuid namhad, idir fhearaibh is mhnáibh, iomadúil ar an
saol seo,

Agus is minic 'na gcoinne do b'éigean dom oideas a cheapadh,
Is bíodh Odaiséas ar an mac dá réir sin mar ainm; 's ar theacht dó
Níos déanaí ina fhear fásta go dtí seanteaghlach a mháthar
Thoir aige bun Pharnáis mar a bhfuil mo chuid saibhris i dtaisce
Geallaim go bhfaighidh a oiread stóir sara bhfillfidh 's a líonfas
de bhród é."

Tháinig an tráth, agus chuaigh Odaiséas chuige ag éileamh an
bhronntais,

Is fuair roimhe fial fáiltiúil Átalacas féin is a chlann mhac.

Ghlacadar san le barróga is le bréithre na mílseachta an
t-ógfhear;

D'fhill Amfaité máthair a mháthar a géaga ina thimpeall

Is chlúdaigh go dílis a cheann is a dhá shúil gheala le pógadh.

Labhair Átalacas críonna agus d'ordaigh dá chlúmhacaibh
breátha

Féasta do chóiriú láithreach, is rinneadar rud ar a n-athair.

Bagraíodh tarbh i leith, ceann cúig mblian; mhairbh an chlann é,

D'fheannadar é is d'ullmhaíodar an corp. B'iúd deighilte as a
chéile é

Is gearrtha le ceird go hoiriúnach 's na píosaí curtha ar na
bearaibh.

Róstadh go haireach an fheoil agus riaradh a chion ar gach
n-aon di.

Feadh an lae fhada do bhíodar mar sin nó gur imigh an ghrian
faoi

Suite go súgach chun boird is ag roinnt lena chéile go sásta.

D'imigh an ghrian ón spéir agus tháinig an oíche ar an
gcuallacht;

Chuaigh gach n-aon chun a leapa agus d'éirigh a gcodladh go
binn leo.

Nuair bhreac oirthear na spéire le ladhair rósdeirg na Maidine,
Chuadar ag fiach ar an genoc; b'iúd rompu go hálainn an
chonairt

Is clann Átalacais mhóir ina ndiaidh, is an laoch mear Odaiséas
Gluaiste faru. Faoi scáth dúchoillte do ghaibheadar ar chliathán
Géar Pharnáis; níorbh fhada go rabhadar i gclasa na ngaoithe.
Soilsíonn fáinne na gréine ar an uair sin aníos in sa bhfloraí
Ó chiúindoimhneacht na mara agus scaoileann ar ghortaibh a
ghileacht.

Bhí gleann mór ann is bhí an lucht dúiste ar a bhruaich, agus
rompu

Rinne na gadhair bolathaíl ar an dtóir, agus tháinig 'na ndiaidh
sin

Clann Átalacais thréin, agus tháinig an Taoiseach Odaiséas
Láimh leo ar shálaibh na ngadhar agus spiara ina ghlaic aige á
luascadh.

Ráinig sa lutharnaigh dhlúith sa ghleann sin pruais muice móire
Níor fhéad gaoithe na taise aon tsiolla do shéideadh sa láthair,
Is ní bhfaigheadh gatha na gréine gabháil trí scáfaireacht choíche
ann,

Ná braon fearthana ach oiread, bhí fás chomh tiubh ar a chéile
Casta agus fillte; bhí éacht duilliúr ar an dtalamh 'na chosair.
Cloistear don chollach 'na luí trup chosa na ndaoine is an
chonairt

Fhíochmhar ag druidim 'na ghaire; de ráib bhí a nead aige
fágtha;

B'iúd é i radharc, 's ar a dhrom guairí ar nós moinge ina
seasamh

Is lasracha tine ina shúile. Ar an gcéad duine dhírigh Odaiséas
Chuíge agus crann fada spiara ina láimh theann láidir in airde,
Ullamh is fonnmhar chun saite, ach do bhain sé siúd an tosach
de

Is rop sé a namhaid lastuas dá ghlúin 's thug mata den bhfeoil
leis;

Ach bhí an fogha cliathánach, 's ní dheachaigh an fhiacail go
cnámh ann.

Ón dtaobh deas de, do bhuail Odaiséas in sa ghualainn an
collach

Cruinn lena spiara; do chuaigh glan tríd is amach ar an dtaobh
thall,

Is thit sé ar an bhfód sin le géim dhóláis; scar a anam leis
láithreach.

Thóg clann mhac Átalacais chríonna ar a gcúram an collach.
D'fháisceadar, freisin, an gearradh a bhí facht ag an dTaoiseach
Odaiséas

Laoch ardghaisce, go hoilte, agus chanadar ortha na fola air.
Coisceadh an fhuil, agus filleadh go deafach ar theaghlach an
athar.

Lonnaigh sé ann faoi aire Átalacais éachtaigh 's a chlainne;
Thugadar leigheas dó agus sláinte agus bhronnadar seoda go fial
air,

Is chuireadar siar faoi áthas thar n-ais é go talamh an dúchais,
Iticé bheag, mar a rabhadar ag feitheamh leis, a athair 's a
mháthair.

Leotha do b'aoibhinn a theacht; d'fhiosraíodar go piacalach gach
aon ní,

Is conas mar fuair sé an chneá, is do fhreagair a n-oidhre go
cruinn iad,

Is d'eachtraigh mar chuathas ag fiach is mar sádh é le fiacail an
chollaigh

Lá amuigh ar shliabh Pharnáis fara clainn Átalacais aosta.
D'aithin an chailleach an chneá chomh luath is a láimhsigh sa
níochán

Í lena dearnacha, is lig sí don chois titim uaithi go hobann.
Thuirling an colpa ar an mbróinse go trom, baineadh glór as an
iomar,

Is leagadh den bhuille ar a thaobh é, agus d'imigh an t-uisce
feadh an urláir.

Mhothaigh sí bród agus diachair 'na haigne; líonadh a dhá súil
Láithreach de dheora; ní fhéadfadh sí labhairt aige tocht ina
scornaigh.

Rug sí ar shmig Odaiséis agus tháinig a caint di agus dúirt sí:
"Nach tú Odaiséas, a uain ghil mo chroí, is níor éirigh led'
bhuime

Tú fein d'aithint go deo, nó gur láimhsíós géaga mo mháistir!"
Sin é mar dúirt, agus chas sí i dtreo Pheanápla a dearcadh
D'fhonn is go dtuigfeadh sí uaithi go raibh a fear céile sa halla.
Ach níor ligeadh go bhféachfadh sí sin ná go dtógfadh sí ceann de;
D'iompaigh Aitéine i leith eile a cuid smaointe. Bhí lámh dheas
Odaiséis

Sínte go grod aige amach, agus beirthe aige ar sciúch ar an gcailligh,

Is tharraing sé chuige í go teann lena láimh chlé is dúirt sé go dian léi:

"Arbh amhlaidh is mian leat mo léirscrios, a bhuime, is go dtugais-se dhomsa

Cíoch ar do bhrollach im' naí dhom? Anois, tar éis fulaing is fáin dom,

Táim in sa bhfichiú bliain ar an ndúchas, ar thalamh mo shinsear.

Ach más eol duit é sin, má ligeadh dod' mheabhair dul amach air, Coinnigh 'na rún é is ná faigheadh aoinne eile den teaghlach an t-eolas.

Má gheibheann, mise á rá leat go bhfeicfidh tú fíoraíthe fós é: Nuair a iompóidh dia an mámh dhom ar chomplacht éilimh an mhustair,

Bíodh is gur tusa mo bhuime, ní ligfear leat t'anam an lá sin Nuair bheidh mná seirbhíse an chaisleáin ag mo láimhse dá mbású."

Is é a dúirt Eoriclia ina banaltra dhílis á fhreagairt:

"Cén saghas bréithre, a mhic ó, atá éalaithe chugam thar do bhéalsá?

Tuigir le fada, mar mheasaim, gur daingean í m'intinn gan géilleadh.

Bead chomh righin leis an gcloich, chomh stóinsithe dúr leis an iarann.

Seachas é sin tá rud eile le rá agam, is coinneigh id' mheabhair é: Nuair a iompóidh dia an mámh dhuit ar chomplacht éilimh an mhustair,

Gheobhair ó thúis deireadh scéal ar na mná seirbhíse sa tigh uaim,

Mná gan spéis i t'onóir agus mná gan peaca i do choinne."

Dúirt ansin á freagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:

"Ní bheidh gá agam, a bhuime, leis sin. Cad chuige go neosfá? Tógfadsa ceann go haireach díobh siúd is aithneod thar a chéile iad.

Coinnigh an scéal seo ina rún, agus fág faoi dhéithibh a dtiocfaidh."

Dúirt seisean amhlaidh, is d'imigh an chailleach anonn chun go mbéarfadh

Uisce na gcos chuige arís, óir doirteadh a raibh in san iomar. Nuair bhí an níochán déanta is gur chuimil sí ola dá chosa, B'iúd aige arís an chathaoir á tarraing i gcóngar na tine D'fhonn is go ndéanfadh sé a ghoradh, agus d'fholaigh sé an chneadh lena bhalcais.

Chrom Peanápla mheabhrach ar labhairt an athuir agus dúirt leis:

"Tá ceist eile agam ort, is gan inti ach moill bheag, a dheoraí. Óir tá an tráth inár gcóngar ar milis ann suaimhneas na leapa Dhóibhsean a bhfeadann an suan teacht orthu dá léanmhaire a bhraithid.

Maidir liom féin, níor ordaigh na déithe aon teorainn lem' dhiachair.

Aon tsólás feadh an lae ní bhfaighimse ach cneadach is caoineadh

Is féachaint i ndiaidh mo chuid oibre is na mban seirbhíse sa teaghlach.

Ach nuair thagann an oíche is go dtiteann an codladh ar a dtiteann,

Sínim im' leabaidh, 's is géar i mo chroí thrombhrónach a bhraithim

Mórán cealg iomaird agus clipid chun síorolagóin mé.

Bímse cosúil le hinín bhoicht Phandair, an sínéalach donnghlas A ardaíos amhrán álainn in aimsir athnuachan an earraigh,

Suite i bhfolach di sna crannaibh is dlúithe duilliúr ar a géagán, Agus ar minic á chasadh aici a port is macalla dá mhúscailt;

Caoineann sí Itileas dílis, an leanbh a bhásaigh sí féinig,

Mac Rí Séiteas a céile, le faobhar scine bróinse is le buille.

Braithim mo chroí á stracadh mar sin, ó chomhairle go chéile, Cé acu do b'fhearra dhom cloí le mo mhac is a bhfuil aige a chosaint,

Seilbh is bantracht an teaghlach is díon ard fairsing an chaisleáin,

Is dílseacht do m'fhear a choimeád is mo mhórchlú i mbéalaibh na ndaoine,

Nó arbh fhearr fós dom mo phósadh le rogha fear uasal Acaea A leanas sa halla seo a'm' éileamh 's ag tairiscint sheoda gan teorainn.

Faid is ba faoi bhun aoise is gan meabhraíocht chéile dom' leanbh,

Ní raibh pósadh ar mo cheart ná teach m'fhir phósta do thréigean.
 Tá sé anois thar na déagaibh is méid agus aigne an fhir ann,
 Is níorbh fhearr rud leis anois ná go rachainn thar n-ais as a phálás;
 Óir is é a bhuaireamh go bhfuil lucht éilimh ag ídeach a shaibhris.
 Fág sin, is éist leis an dtaibhreamh a rinneadh dom 's mínigh a bhrí dhom:
 Tá fiche gé agam a bhfeicim go minic ag caitheamh an ghráinne iad
 Tar éis dóibh teacht isteach ón uisce, is is aoibhinn an radharc iad.
 Thuirling go hobann den chnoc, in san aisling, fiolar an ghoib chaim,
 Is bhris sé muineál gach gé acu is do mhairbh iad. Bhíodar im' láthair
 Sínte ina ruachosair chró, is léim seisean go haer geal na ndéithe.
 Thógas-sa gol gan staonadh san aisling is deora lem' shúile,
 Is bhí slua bhan foilt álainn im' thimpeall de shíolbhach Acaea,
 Is an-truamhéil orm féin ó threascair an fiolar mo ghéanna.
 Tháinig an fiolar thar n-ais agus shuigh ar an mbundlaoi is labhair liom,
 Faoi mar bheadh glór duine, lem' chaoineadh do chosc, agus dúirt sé:
 'Glac misneach, mar ní haisling é sin ach dea-fhírinne a thioctas,
 A iníon Iciris éachtaigh an chlú atá leata go fairsing.
 Is é an t-ál géanna do chomplacht éilimh, is mise a bhí i m'fhiolar
 Mharfach ó chianaibh, is mé t'fhear céile atá fillte ar a dhúchas,
 Is gach duine riamh acu siúd, fúlaingeoidh ruathreascairt mo láimhe.'
 Labhair seisean amhlaidh, is láithreach do thréig suan milis mo shúile.
 D'fhéachas amach, agus bhí m'ál géanna i mo radharc in sa gheaird thíos
 Le hais an dromlaigh, is gob gach gé mar ba ghnách in sa ghráinne."
 Dúirt ansin á freagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:

"Ón mbrí sin, a bhean uasal, ní féidir le haoinne don aisling Casadh a thabhairt. Chualais id' shuan ó bhéal Odaiséis féin Conas a thioctas chun críche. Ar an gcomplacht éilimh go cinnte Tioctaidh an léirscios; ní raghaidh fear díobh ó Mhná na Cinniúna."
 Labhair Peanápla mheabhrach ansin á fhreagairt is dúirt leis:
 "Rud gan treoir is ea an aisling, ní beacht brí a focal, a dheoraí,
 Ná ní thagann chun cinn gach a dtaibhsíonn iontu do dhaoine.
 Tá dhá gheata ann ar tríothu do ligtear na haislingí baotha,
 D'adhairc atá geata acu déanta, agus d'eabhar na gile an geata eile.
 Maidir le samhluithe a thig trí gheata geal eabhair na dtaibhreamh,
 Bíd sin ag éamh ar na daoineibh i gcaint ná déantar amach di.
 Ach a leithéid sin a théas trí gheata na hadhairce dea-líofa,
 Tugann sé radharc dos na daoine ar an ní fíorófar 'na saol fós.
 Níor thríd, áfach, do tháinig an bhrionglóid iontach a bhí agam;
 Meáim nárbh ea, ba ró-aoibhinn dom' féin is dom' leanbh dá mb'fhiar í.
 Neosfad rud eile dhuit, freisin, is coinnigh id' chuimhne go maith é:
 Maidin an lae mhífhortúnaigh a scarfas le teaghlach Odaiséis Mé féin, tá sí ag teacht. Dá réir sin, bunóidh mé comórtas Dóibhsean, comórtas na dtua. Bhí dhá cheann déag ag mo Thiarna
 Dhíobh, agus chuireadh 'na seasamh mar theanntaí cile ina ró iad.
 Uathu do théadh ansin tamall maith agus scaoileadh sé saighead uaidh
 Trí gach poll acu siar. Tairgeod dóibh siúd an comórtas.
 Is é atá ar m'intinn, an té is saoráidí a chamfas a bhogha san,
 Agus a scaoilfeas a shaighead trí dhá thua dhéag sin an Mháistir,
 Eisean a thoghadh is a leanúint, is go bhféadfadh mar aon leis an teach seo
 A ghlac mé im' nuachar fadó is é lán d'ollmhaitheasaí an tsaoil seo,
 Is nach dóichíde dhom féin, fiú i dtaibhreamh na hoíche, é do dhearmad."
 Dúirt ansin á freagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:
 "Déantar, a bhean ghradamúil chlúmhaic Laeirtéis Odaiséas

Deabhaidh le comórtas na dtua sin sa halla, ná cuirtear ar cairde é.

Creid mé gur túisce do thiocfaidh Odaiséas féin ar an bhfód seo
Ná a bheidh bogha sin an laoih láimhseálta go ceart ag an gcomplacht

Agus an tsreang acu teannta is an tsaighead trí phollaibh na n-iarannaí."

Labhair Peanápla mheabhrach ansin á fhreagairt is dúirt leis:

"Faid a bheifeása le m'ais, a fhir dheoranta, im' halla is gur clos dom

Binneas do chainte, go deo ní thitfeadh an codladh ar mo shúile.
Ach níor ceapadh do dhaoine maireachtaint choíche gan chodladh;

Rinne na déithe do mhaireas i gcónaí an dlí sin do dhaoine,
Is titeann an codladh ar gach aoine dá siúlann ar thalamh na beatha.

Agus is mithid dom féin dul suas agus doras mo sheomra
D'iamh orm is síneadh sa leaba ar gnách inti cneadach is gol dom

Is deora do shileadh gan sos ó sheol Odaiséas chun go bhfeicfeadh

Fallaí Thraí na mallacht, nach cóir dom a hainm a luachaint.
Suaimeas go raibh agam inti! Agus codailse féinig sa tigh seo,
Pé acu go sínfir ar bhrat, nó go gcóireoid leaba is tocht fút."
Sin é mar dúirt, agus ghluais chun a seomraí gléigeale in airde,
Is níorbh ina haonar a chuaigh, ach a buíon bhan coimhdeachta léi.

Thionlaic a bantracht suas í agus shroicheadar seomra na leapa.
Chaoín sí ansin a fear céile Odaiséas nó gur thuirling mar shólás
Suan ar a fabhraí anuas ó dhiabhean na súl glás Aitéine.

XX

Chuaigh Odaiséas dialaoch sa phasáiste chun tosaigh a chodladh.
Leath sé ar an urlár seithe do bhí gan leasú, agus anuas air
Mórán lomraí caorach de ghnáthbhúistéireacht na n-óglach;
Is nuair bhí sínte ina leabaidh, do bhuail Eoranaime brat air.
D'fhan sé ansin ina dhúiseacht is a aigne ar séirse le beartú
Íde don chomplacht éilimh. Do ghaibh thar a bhráid as an halla

Trúp na mban óg dár ghnáthach an oíche do thabhairt leis an ndream sin,

Is cúrsaí magaidh ar siúl acu is caint phléisiúrtha le chéile.
D'éirigh an croí aige ina gcoinne, agus tháinig le fíoch is le hól dóibh

Smaointe ina rás ina cheann. Bhí tamall aige idir dhá chomhairle
Cé acu an imeodh sé de sciurd ina ndiaidh is gach duine acu a bhású,

Nó arbh fhearr fós ligint dóibh, 's gurbh í sin an oíche ba dhéanaí

A bheadh acu i dteannta a leannán. Bhí a chroí istigh ag últhairt le cuthach,

Faoi mar bheadh cráin ghadhair ag sceamhaíl faoin bhfear ná haithníonn sí

Timpeall ar ál a coileán is gan neart ná treoir acu féinig.

Cuireann sí scaimh chun catha uirthi féin; rinne amhlaidh an laoch sin

Últhairt 'na chliabh lena ghráin don drochiompar ina fhianaise a tharla.

Chrom sé ar labhairt lena chroí, is bhí a ucht lena dhorn aige á bhualadh.

"Broic leis", ar seisean, "a chroí! D'fhulaingís madrúlacht ba mheasa

Ná sin féin ar an lá úd gur alp béal allta an Chioclópaigh
Seisear ded' shárfhearaibh groí. Níor chaill misneach, is led' bheartú

Tugadh amach as an uamhain mé gur shíleas gur inti dom' threascairt."

Dúirt seisean amhlaidh ag ceartú an chroí mhífhoighnigh 'na chliabh féin,

Is fuair sé géilleadh ón gcroí sin, do bhrúigh faoi féin is do rinne

Fulang gan staonadh. Ó thaobh taobh b'iúd é ag únthairt sa leabaidh,

Faoi mar a iompaíonn fear ó thaobh taobh goile atá líonta
D'fhuil is de bhlonn i mbladhair dearglasrach na tine le séirse,
Is gurb é sásamh is mó aige, a thapúla do chífidh sé rósta é;
B'amhlaidh ag únthairt don laoch ó thaobh taobh, 's a intinn ag beartú

Conas a dhéanadh sé fogha faoi lucht mínáireach an éilimh,

Slua acu agus eisean ina aonar. Do thuirling Aitéine ar an uair sin
 Síos ón spéir i gcosúlacht mhná, agus do tháinig 'na chongar
 Is sheasaimh lena ais agus bhreathnaigh anuas air is labhair agus dúirt leis:
 "Nach tú is mífhortúnaí des na fearaibh! Gan codailt duit choíche,
 Is nach é do theaghlach é seo? Is ná fuil do bhean chéile aige baile ann
 Agus an mac sin a nguifeadh gach fear a leithéid aige féinig?"
 Dúirt ansin á freagairt an laoch ilbheartach Odaiseas:
 "Ní dúraí ach a bhfuil do réir chirt agus chórach, a dhiabhean.
 Dá ainneoin sin agus uile, tá an cheist seo a'm' chur go dtí m'aon bheart:
 Conas a dhéanfaidh mé fogha faoi lucht mináireach an éilimh,
 Is iad san i bhfóiribh a chéile istigh 's mé féinig i m'aonar?
 Tá ceist eile ina diaidh, is gur mó atáim buartha dá cionn san:
 Má threascaim na bithiúnaigh, le toil Shéis mhóir is led' thoilse,
 Cá ngeobhfad feasta ar mo theitheadh? Sin deacair ar cheart duit a réiteach."
 Dúirt ina dhiaidh á fhreagairt an diabhean Aitéine na súl glas:
 "Nach tú an ceann atá dúr! Bíonn cairde ann is laige ná mise,
 Is bítear i dtaobh leo, dream gearrshaolach gan bearta mar 'ta agam;
 Is cuimhnigh gur dia mé féinig, 's go mbím i mbun cosanta i gcónaí
 Dhuitse is gach saothar. An gcreidfir, a dhuine, mé á rá gan agó leat?
 Leathchéad cathanna fear, dá mbeidís bailithe timpeall,
 Is iad armálta chun áir agus meáite ar an bhfaobhar a thabhairt dúinn,
 Dhéanfá fós a gcuid caorach is bó san a bhagairt 'na dtáin romhat.
 Is ea, géill feasta do shuan. Mar is éachtach an crá a bheith ag faire
 Gan súil d'iamh feadh na hoíche. Tá fuascailt láithreach i ndán duit."
 Sin é mar dúirt, agus dhoirt ar an uair sin an codladh ar a shúile,
 Is d'imigh, 's an cúram sin déanta aici, an diabhean thar n-ais go hOilimpeas.

Nuair bhí an laoch faoin gcumhacht sin a scoireas de ghéagaibh an tuirse
 Agus an buaireamh den aigne, do dhúisigh a chéile imshníomhach,
 Is d'éirigh ar thocht bog a leapan aniar is do thosnaigh ar chaoineadh,
 Is nuair bhí dóthanach cortha den chaoineadh sin, d'ardaigh an Bhanríon
 Urnaithe d'Artaimís ag d'iarraidh a choimirce d'fháil, agus dúirt léi:
 "A Artaimís éachtach, a dhiabhean, iníon Shéis mhóir, is é mo ghuí ort,
 Saighead faoim' chliabh ód' bhoghasa do scaoileadh agus m'anam a thógaint
 Láithreach, nó fós go n-imeoinn in bhur mbaclainn, a Dheamhna na Stoirme,
 Agus go mbearfaí m'anam go tapaidh ar bhóithribh an cheoidh libh
 Agus go gcaithfí ar imeall na trá is sia siar den aigéan é,
 Faoi mar a thógabhair libh sa tseanaimsir iníonacha Phandair.
 Rinne dilleachtaithe dhíobhsan sa teaghlach le buille na ndéithe
 A mhairbh a n-athair 's a máthair; do thóg Afraidíte uirthi a gcúram
 Is chothaigh 'na ngátar le cáis is le mil dhea-bhlasta is le fion iad.
 Fairis sin, thar gach a raibh ar an saol seo de mhnáibh, do thug Héire
 Áilleacht is eagna dhóibh; do thug Artaimís maorgacht is airde,
 Is trí mhórfhabhar Aitéine do fuaireadar oilteacht i gclúcheird.
 Lá dá ndeachaigh Afraidíte ar a son san go mullach Oilimpis
 D'fhonn is go bhfaigheadh sí don ál ó Shéas mór scaoilte na toirní
 Críoch dheaphósta agus shéin. Ach do b'eolach do Shéas gach a dtarlódh,
 Sonas nó donas na ndaoine a bhfuil bás faoi dheireadh ag fanacht leo.
 Sciob Spioraidí sin na Stoirme na maighdeana leotha ar an uain sin
 Is d'fhágadar iad faoi riail Dhiabhan na Cinniúna is an díoltais.
 Guímse go bhfaighead ó dhéithe ceiliúradh mar sin as an mbeatha

Nó go gcuire Artaimís bhúclach a saighead tríom d'fhonn is go dtaibhseoidh

Scáth Odaiséis dom sa domhan uafáis faoi fhódaibh na tuama
Is nár thugad aoibhneas go deo d'fhear ná fuil i dtánaiste dhósan.

Bíonn saghas bróin ar an saol ná sáraíonn fulang an duine,
Nuair a bhíonn croí feadh na laethe dá bhriseadh le gol, ach go dtagann

Codladh gan bhuaire istoíche, mar fágann an codladh dá dhearmad

Sonas is donas araon chomh luath agus a iann sé na fabhraí.
Cuireann na déithe mar aon le mo dhiachair drochthaibhrithe chugamsa:

Óir bhí seisean lem' thaobh, taibhsíodh dom, san oíche seo sínte
Is dhealraigh dom' shúile mar bhí, nuair d'imigh i dteannta na bhfiann uaim,

Is mealladh mo chroí leis, mar mheás nárbh aisling ach firinne a bhí agam."

Dúirt, agus láithreach do chuaigh Áróra ar an spéir 'na cathaoir óir.

Chuala Odaiséas mór ina leabaidh a caoineadh is a bréithre,
Is chrom sé ar mhachnamh go dian agus shamhlaigh dó ina aigne go hobann

Ise a bheith le hais a leapa os a chionn agus aithint 'na súile.
Bhailigh sé a lomraí suas is an clóca gur chodail sé iontu
Is d'fhág ar chathaoir in sa halla; agus craiceann na bó do bhí fúthu,

Thug leis amach é, agus d'ardaigh a lámha chun Séis agus dúirt sé:

"A Athair na ndéithe, ó seoladh ar thirim 's ar fhliuch chun mo tíre

Trín bhur dtoilse mé féin, tar éis éacht anró do thoiliú dhom,
Cloisim ar ball focal éiritheach cainte ó dhuine do dhúiseos
Láithreach istigh, is amuigh taibhsíodh comhartha eile ded' chumhacht dom."

Labhair seisean amhlaidh ag guí, agus ba chlos d'Ard-Athair na comhairle é.

Thoirnigh sé láithreach go hard ó mhullaí lasracha Oilimpis
Trí lár scamall anuas, agus líon sin d'áthas Odaiséas.

Chuala an laoch ina dhiaidh ó dhaor mná an focal a bhí uaidh.

Labhair sí lena ais mar a raibh teach bróinte aige Prionsa na tíre
Is daorbhean i mbun gach bró ag sclábhaíocht, dáréag i mbun oibre

A thugadh do mhuintir an teaghlaigh cothú na cruithneachta is na heorna.

Bhíodar 'na gcodladh ar an uair seo tar éis a gcuid meilte do chríochnú

Seachas an t-aon bhean amháin ná raibh neart na coda eile ina géaga.

Stad sise a bró, is thug comhartha dá-Tiarna is na bréithre seo dúirt sí:

"A athair a bhfuil ann, a Shéis atá id' mháistir ar dhéithe is ar dhaoine,

B'éachtach an splanc is an toirneach a scaoilis i spéartha na réaltann

Is gan fiú scamaill i radharc! Ó, is comhartha uait é do dhuine éigin.

Breathnaigh im' mhnaoi bhoicht mise, agus comhlíon, freisin, mo bhréithre:

Guím gurab é, a Shéis chumhachtaigh, an lá is deireannaí go mbeidh aoibhneas

Féasta ag an gcomhlacht éilimh i bpálás niamhrach Odaiséis.
Sin dream d'fhág mé gan lúth leis an iomarca saothair is tuirse,
Is mé ag meilt mine dá mbord; gurab í a bhfleadh dhéanach inniu í!"

Sin é mar dúirt sí ag guíochaint, is thaitin a glór le hOdaiséas,
Is toirneacha Shéis chomh maith. B'in é agairt na gcoirthe aige, mheáigh sé.

Bhailigh na mná seirbhíse istigh ina theaghlach ar maidin,
Is dhúisigh a saothar thar n-ais ar an dtinteán anam na tine.
Phreab Teilimiceas óg as a leabaidh is dealramh na diachta air
Tar éis dó a chuid éadaigh a chur air, is shocraigh a chlaíomh ar a ghuaile.

Faoi chosa gléigeala líofa do cheangail sé sandailí áille,
Is ghlac ina láimh sleadh mhór go raibh bior géar bróinse ar a barra.

Stad sé ag an dtairsing is d'iompaigh chun Eoraiclia agus dúirt léi:

"Conas, a bhuime na dílse, do thugabhair cúram don deora?
An bhfuil sé i ndea-leabaidh shuain, nó sínte i mball éigin gan aird air?

Dá sheabhas meabhair ag an máthair seo agam, tarlaíonn a leithéid di,
 Géilleadh don lfonrith go hobann is barr na honórach a thaispeáint
 D'fhearaibh gan mhaith, is togha duine do ligint chun bóthair gan spéis ann."

Agus ag freagairt an fhlaith dúirt Eoraiclia dhea-mheabhrach:
 "Níl sin déanta aici, a dhalta; ná bí á cáineadh san éagóir.
 Fuair sé cathaoir 'nár measc agus d'ól a oiread fiona is ba mhian leis,
 Is maidir le bia, fiafraíodh de, agus dúirt nár theastaigh a thuilleadh.
 Nuair bhí déanach san oíche is gur mhithid dó cuimhneamh ar chodladh,
 D'ordaigh do mháthair dá lucht seirbhíseach a leabaidh a chóiriú.
 Dála a leithéid a bhfuil cruatan is mífhortún gafa lastuas de, Éileamh ní raibh ag an bhfear sin ar shuan faoi phluideanna i leabaidh;
 Shín sé ar chraiceann a bhí gan leasú sa phasáiste chun tosaigh, Is lomraí caorach anuas air; do leathamar féinig air clóca."
 B'in é mar dúirt sí; do shiúil Teilimiceas óg as an halla, Spiara ina láimh agus péire de ghadhair luathchosacha fairis.
 Chuaigh sé go láthair an aonaigh go dtagadh na huaisle le chéile ann.
 Láithreach do labhair leis an lucht seirbhíseach an tseanbhean mhaorga
 Eoraiclia b'iníon d'Óps mac Phéiséanóir is dúirt leo:
 "Brostaídh! Scuabaidh an teach. Seo, feicim ar séirse gach aoinne.
 Fliuchtar an t-urlár rompu, agus bíodh ar chathaoireacha an halla
 Súsaí corcra á leathadh; agus téidh agus gealaídh le spúinsí Gach uile bhord acu san, agus glanaídh go gléigil na babhláí Fíona is na coirn dhá chluais, is le háraistí gluaiseadh a thuilleadh
 Sall chun an tobair ag triall ar an uisce agus filltear go luath leis. Óir ní fada go bhfeicfear an complacht éilimh sa halla;
 Tiocfaid ar adhmhaidin chugainn, mar tá féile agus saoire sa chathair."

Dúirt, agus thugadar cluas di agus rinneadar rud uirthi láithreach.
 Chuaigh fiche bean acu ag tarraing as doimhneacht dhorchá an tobair,
 Is rinne an chuid eile istigh gnáth-thascanna an teaghlaigh go hoilte.
 Tháinig an complacht éilimh le mustar, is chuadar ag obair Láithreach ar adhmaid a scoilteadh go ceardúil. D'fhill na cailíní Is uisce ón dtobar acu leo. Lean aoire na muc agus bhí aige Trí chéis mhéithe á dtiomáint, b'iad rogha gach a raibh ins na cróite iad.
 Scaoil sé tamall ag féarach sa pháirc bhreá le hais an tí iad, Is labhair sé i gcaint mhín mhánla ansin agus dúirt le hOdaiséas:
 "Cogar, a fhir dheoranta dhil, ' bhfuil a bhféachaint sin éirithe séimh duit,
 Nó an bhfuilid fós ag gabháil duit 's an tarcaisne chéanna go deo acu?"

Dúirt ansin á fhreagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:
 "Gráinneacht a n-oibre, a Eomacais, go n-agra na déithe ar an ndream sin,
 Agus an lán atá fúthu is a ndéanaid de bhearta thar fulang Gan rian scrupaill ná náire do theacht orthu i dteaghlach duine eile!"

B'iadsan na bréithre do bhí dá labhairt ag an mbeirt sin le chéile. Tháinig Meilintias aoire na ngabhar ina dhiaidh sin 'na gcóngar, Is rogha a chuid gabhar aige á mbagairt chun béile a sholáthar don chomplacht.
 Ní raibh seisean ina aonar; bhí beirt mhaor eile ina theannta. Rinneadar ceangal na ngabhar faoi stua mór ard na macallaí; D'iompaign an t-aoire agus dúirt sé go tarcaisniúil le hOdaiséas:
 "Déirc agat fós á bailiú, a dhuine dheoranta, is uaisleacht an tí seo
 Fós á crá agat gan cuimhneamh id' cheann ar an ndoras a thabhairt ort!
 M'anam gur dóigh liom ná scarfaidh an bheirt againn fós lena chéile
 Sara mbeidh triail againn bainte as na hailt, mar is tú an duine déirce
 Atá gan dealramh gan srian! Ná fuil aon áit eile a bhfuil féasta ann?"

Sin é mar dúirt. Níor thug Odaiséas ilbheartach air freagra.
Chraith sé a cheann ina thost, agus díoltas go doimhin aige á
bheartú.

Tháinig an tríú duine, Filéitias, d'fhearaibh na maoirse,
Is bó sheasc d'uaisleacht an éilimh is dorn gabhar méith aige á
mbagairt.

B'iad a thug ón míntír iad san idir ainmhithe is fhearaibh,
Rámhaithe a bhíos in sa bhealach i mbun seirbhíse le bád róid.
Cheangail sé sin a chuid stoic faoi stua mór ard na macallaí,
Is dhruid sé le haoire na muc ansin agus cheistigh é is dúirt leis:
"Cogar liom, a aoire na muc, cé hé an duine nua seo do
bhraithim

Tagaithe chun an chaisleáin? Cad a mhaíonn sé air féinig mar
chine?

Cá bhfuil an mhuintir ar díobh é agus talamh a shinsear, an
ndúirt sé?

Tá sé ina bhochtán bocht, is dealraíonn sé le prionsa ina
dhéanamh.

Sin é mar bhriseann na déithe le hanró taistil na daoine
Nuair bheartaíd dóibh creach, fiu amháin más ríthe i gcoróin
iad."

Dúirt, agus dhruid leis an bhfear, is le hardú láimhe do
bheannaigh

Is d'fháiltigh sé roimhe go cneasta agus dúirt sé go dúthrachtach
séimh leis:

"Móra, a sheanáir, 'nár dtír duit, is bíodh faoi láthair go bhfuilir
Báite aige rabhartaí an donais, go bhfille le haimsir an séan ort!
Níl dia a mhaireas, a Shéis, is cinniúnaí d'fhearaibh ná tusa.
Tú féin Athair na ndaoine, agus ligeann tú chucu gan taise
Brón agus pian, chun an chine do tháinig led' thoil ar an saol
seo.

Bhris tríom allas amach, líon deora mo shúile ag breathnú dhom
Ortsa, agus tháinig mo thiarna Odaiséas chun mo chuimhnte,
mar samhlaím

Éadaí stollta dá sórt leis, ag siúl ar na daoine dhó ina fhánaí,
Má tá fós ina bheathaidh is radharc aige ar thaitneamh na gréine.
Ach más caillte dhó cheana agus áitreabh go brách aige i
Háidéas,

Léanmhar mo shaol dom i ndiaidh Odaiséis sin a thug, is mé
beag fós,

Aidhmeannas maoir dom sa tír Cheifilléineach ag faire ar a
bhólacht.

Táid sin anois ina dtréada thar comhaireamh, is ní gan mo dhuasa
A tháinig an méadú mór ar an stoc leathanéadanach adharcach.
Is féach go bhfuil máistirí eile sa chaisleán d'ordaigh go dian
dom

Iadsan a bhagairt anall chun a bhféasta, gan spéis in sa leanbh
D'fhág sé siúd in sa tigh, is gan eagla roimh shúile na ndéithe.
Nach é fonn atá anois ar an gcomplacht, seilbh mo Thiarna
A riaradh eatarthu féin, ó tá sé le blianta gan filleadh!
Admhaím féin trím' mhachnamh gur fada dhom idir dhá
chomhairle

Is m'aigne ar séirse ina thaobh. Faid a mhaireann an t-oidhre, ní
cóir liom

Gluaiseacht thar teorainn go críocha cine eile is mo bhólacht a
bhagairt

Romham go dtí páirceanna nua. Faighim, áfach, gur déine ná sin
orm

Foighneamh le brón i mbun tréad atá titithe ar mháistirí eile;
Agus is fada do bheinn, ní cheilfead é, teite go caisleán
Mórthiarna eile ar an bhfán, óir broicim le gníomhartha thar
fulang.

Bheinn, ach amháin ar chuma éigin go gceapaim go bhfillfidh
mo Rí bocht,

Agus go scaipfidh 'na dtáinrith an complacht éilimh 'na phálás."
Dúirt ansin á fhreagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:

"A aoire na mbó, do réir dealraimh, ní duine gan mhaith nó gan
mheabhair tú.

Tuigim go cinnte go bhfuilir i t'fhear discréide agus céille.
Ligfead leat rún, dá réir sin, is bhéarfad 'na theannta dhuit
mionn air:

Deirim i bhfianaise Shéis é, is i bhfianaise halla na féile,
Agus i radharc thinteán Odaiséis go raibh fáilte i mo chomhair
air:

Táir ar an bhfód, is le linn a bheith ann duit, fillfidh Odaiséas.
Creid mé go bhfeicfir led' shúile sa tigh, más é sin is toil leat,
Treascairt an chomplachta éilimh a chíf faoi láthair 'na máistrí."
Láithreach baill, ar an scéal sin a chlos, dúirt aoire na mbó leis:
"Tusa, a fhir dheoranta, á rá san, is go raibh mac Chronais a'
t'fhreagairt!

Gheobhfása colas mo nirt is a bhfeadann mo lámha ar an uair sin."
 Agus do ghuigh Eomaeas na déithe go dil mar an gcéanna
 Ag d'iarraidh go bhfillfeadh a Thiarna Odaiséas ardmheabhrach
 abhaile.

B'in é mar chaintigh an triúr sin i gcomhrá rúin lena chéile.
 Bheartaigh an complacht éilimh in aghaidh Theilimicis choíche
 Conas mar gheobhfadh sé drochíde; ach do léim éan mór ar a
 láimh chlé,

Fiolar in airde san aer, is colúr faoi sceimhle ina chrúcaí.

Thóg Amfanamas ceann de mar thuar, agus labhair agus dúirt
 leo:

"Bíodh is go leanfam gan sos, ní thiocfaidh, a chairde, go deo
 linn.

Treascart an oidhre do dhéanamh. Is fearr dúinn cuimhneamh ar
 fhéasta."

Labhair Amfanamas amhlaidh, is thaitin a chaint leis an
 uaisleacht.

Chuadar 'na ngasta isteach i gcaisleán Rí éachtaigh Odaiséas,
 Is chaitheadar uathu istigh ann ar stóil 's ar chathaoireacha a
 glócaí.

B'iúd ó láthair an aonaigh thar n-ais mac dílis Odaiséis;

Tháinig sé i gcóngar an triúir agus bheannaigh sé dhóibh lena
 láimh dheis,

Is rug ar an bhfánaí bocht agus sheol isteach in san halla é.

Ráinig an complacht éilimh i mbun seirbhíse sa phálás:

B'amhlaidh a bhí a ngiollaí faoin gcathair ag bagairt na mart
 méith

Rompu go hionad na híobairte, is slua dhaoine Iticé in éineacht

Cruinnithe faoi choill scáfar an dé chianbhualtigh Apalló.

Mhairbh an complacht éilimh a gcion molt mór agus gabhar
 méith

Is céiseanna ramhra as na cróite agus bó des na buaibh sin a
 tháinig.

Rinneadar rósta na gcrathach 's a riaradh, is fion ins na babhláí

A mheascadh go ceart. Leag aoire na muc a gcuid corn ar an
 mbord dóibh;

Ba é a riar orthu bollóga, Filéitias máistir na mbómhaor,

Is na ciseáin dea-chló; ba é a riar fion orthu, Meilintias.

Shíneadar lámha chun an bhídh a bhí ullmhaithe rompu go
 blasta.

D'fhág Teilimiceas óg d'aon ghnó an fear siúlach Odaiséas
 Le hais na tairsinge cloiche sa halla, agus shocraigh 'na láthair
 Suíochán suarach an bhacaigh is bord beag cúng chun a bhéile.
 Chuir sé ina chomhair air a chion des na crathacha, is líon ina
 dhiaidh sin

Fíon i gcupán óir lonraigh is labhair de ghuth ard agus dúirt
 leis:

"Suigh in san áit sin i bhfochair na bhfear agus ól do chuid
 fíona.

Tarcaisne thagartha an chomplachta éilimh is liomsa a coimeád
 uait

Is buillí is bagairt a lámh, mar ní haon teach ósta do chách é;

Is é pálás Odaiséis é, agus táim ann ina ionad 'na sheilbh.

Coiscidh, a chomplacht éilimh, an fonn sin chun aithise is
 buailte

A bhíos oraibh; déanfar sa tsli sin na bruíonta is an
 t-achrann a sheachaint."

Labhair seisean amhlaidh; do chuireadar scaimh orthu féinig,
 mar b'iontach

Leo a thiarnúla do labhair Teilimiceas leotha go hobann.

Chrom Antanús mac Eoipéitéis ar labhairt agus dúirt leo:

"Glór oidhre óig an chaisleáin, dá ghéire do ghoilleann sin
 orainn,

Ní mór broic leis, a chairde. Do chualabhair conas mar bhagair.

Dá mba é toil Shéis mhóir mhic Chronais é, is fada do bheadh
 siúd

Ciúnaithe againne sa tigh seo, dá bhinne do thugann sé caint
 uaidh."

Dúirt Antanús é sin; níor thug Teilimiceas aird air.

Nuair bhí a roinnt spólaí dea-rósta acu is bainte de bhearaibh

Gearradh 'na bpáirteannaibh iad agus rinneadar féasta go cáiliúil.

Chuir lucht riartha na míreanna a chion díobh láimh le
 hOdaiséas;

Fuair seisean uathu mar thógadar féin, óir b'in é mar d'ordaigh

Oidhre agus máistir an tí Teilimiceas mac Odaiséis dóibh.

Níor lig Pallas Aitéine do chomplacht lánmhar an éilimh

Traochadh sa tsíorasachán go bhfuil faobhar air chun duine do
 bheoghoint.

D'fhonn is gur ghéire do ghoillfeadh ar mhac Laeirtéis Odaiséas.
 Ráinig ar chomplacht éilimh na máistreás taoiseach ó Shama;

Brútach gan bhéasa ba ea é, Stéisipeas ab ainm don duine.
 B'éachtach a mhórálaí a bhí siúd as a rachmas, is tháinig
 Éileamh ina intinn ar chéile Odaiséis nuair b'fhada gan teacht
 dó.
 D'ardaigh sé a ghlór agus dúirt sé le complacht éilimh an
 mhustair:
 "Éistidh, a chomplacht éilimh an mhórtais, go gcloisfidh sibh
 rud uaim:
 Tugadh a chion dár bhféasta don deoraí, díreach mar a ordaíonn
 Dlithe na féile; ar ndóigh, níor dheas ar an gcaolchuid go
 bhfágfaí
 Cóisireach a thagas 'on tigh faoi scáth Theilimicis uasail.
 Tá fúm féinig mo bhronntas a thabhairt faoi leith, chun go
 bhféadfaidh
 Seisean ar uain rud a bhronnadh ar an ngiolla atá ag freastal ar
 ionladh
 Nó ar aoinne eile dá bhfuil i gcaisleán Odaiséis i mbun oibre."
 B'in é mar dúirt, 's as a láimh mhóir d'urchar do scaoil leis an
 ndeoraí
 Crúb bhó a fuair sé sa mhéis; ach do chuaigh sin folamh, mar
 d'iompaigh
 Seisean go héascaidh a cheann i leataobh, is do rinne ina chroí
 istigh
 Gáire, is ba shearbh do bhí; bhain an chrúb ardpheist as an
 bhfalla.
 Cheartaigh an Prionsa go géar Stéisipeas na gráine agus dúirt
 leis:
 "Á, a Stéisipis an chroí dhuibh, b'fholláin duit go cinnte gur
 folamh
 D'imigh an t-urchar a chaithis, 's gur éirigh lem' chóisireach é a
 sheachaint.
 Gheobhfaí i lár t'inní, mura mb'amhlaidh é, barra mo spiara,
 Is ní bheadh t'athair i gcúram do phósta; is anall chun do
 thóraitmh
 Trasna do gheobhfadh. Creid mise ná broicfidh mé feasta le
 gníomhartha
 Bodaigh á ndéanamh im' thigh. Táim fásta chun meabhrach is
 colais;
 Tuigim an mhaith is an t-olc; roimhe seo ní raibh ionam ach
 páiste.

Bíodh gurb éigean dom féachaint im' theaghlach ar ragairne
 choíche,
 Caoire gan traochadh á dtreascart is fionta gan teorainn á
 slogadh
 Is ídeach aráin — cad is fiú fear aonair is céad ina choinne?
 Faighim uaibh, áfach, go stadfar de bheartú naimhdis i
 m'aghaidh féin!
 Nó más é bhur n-intinn is rún, faobhar básaithe a thabhairt
 dom,
 Níl aon chol agam leis; b'fhearr liomsa, admhaím gan agó
 dhaoibh,
 Bás d'fháil uaibh 's ná feicfinn de shíor bhur n-oibreacha
 gránna,
 Cóisirigh bhochta gan sos á masladh, agus bantracht an tí
 agaibh
 Á mbreith libh ins na seomraí áille chun fulang le náire."
 Labhair seisean amhlaidh i láthair na slua; chuir a bhréithre ina
 dtost iad.
 D'fhreagair ar deireadh agus dúirt Agalás mac uasal Dhamastóir:
 "Tá an bhreith tugtha go cóir, is do réir mar a thuigimse, a
 chairde,
 Níor cheart aigne an té sin a gheobhfadh aon locht air chun
 achrainn.
 Láimh an-tréan ar an ndeoraí fain ná leagtar, ná ar aoinne
 Dhíobhsean a mhaireas ag freastal i dteaghlach an Taoisigh
 Odaiséas.
 Ligtear dom, áfach, le haghaidh Theilimicis óig is a mháthar
 Focal dea-mhuinteartha a rá; is é is mian liom, go ngeobha sibh
 ar aon leis.
 Faid is a mhair aon dóchas sa chroí agaibh go bhfillfeadh
 Odaiséas
 Agus go bhfeicfi an Tiarna dea-mheabhrach thar n-ais ina
 theaghlach,
 Níor thógtha oraibh fanacht is go ndéanfaí foighne is go gcuirfi
 Moill ar an gcomplacht éilimh sa tigh; ba é bealach na céille é,
 Faid is ab fhéidir go bhfillfeadh an Prionsa Odaiséas ar a
 chaisleán.
 Ach níl amhras anois ná go bhfanfaidh sé choíche gan filleadh.
 Téir agus suigh síos le hais do mháthar is comhairligh go réidh
 di

Pé fear is uaisle den bhuin seo is is mó a bheir spré dhí do phósadh,
 D'fhonn is go mbeir faoi áthas i seilbh na hoidhreacht is dual duit,
 Is feoil agus fion ar do bhord, agus ise i mbun teaghlaigh duine eile."

Labhair Teilimiceas óg go staidéartha dá fhreagairt is dúirt leis: "Dearbhím duitse, a Agaláis, dar Séas is dar athair na léanta D'imigh le blianta as an saol, nó i bhfad ón dtalamh seo ina fhánaí,
 Ná bíonn pósadh mo mháthar á mhoilliú agamsa, ach go n-abraim
 Léi an té is fearr léi a phósadh, is go mbronnfad go fial uirthi freisin.
 Ach ní lamhálan an urraim dom' bhéalsa na bréithre do chuirfeadh
 D'fhiachaibh ar mháthair imeacht. Nár lige na déithe dhom choíche é!"

Labhair Teilimiceas amhlaidh. Sa chomplacht éilimh do hardaíodh
 Gáire gan sos; chuir Pallas Aitéine orthu sult na neamh-mheabhrach.
 Bhíodar ag síorgháirí, is béal fir gan smacht aige féin air.
 Taibhsíodh braonacha fola ar an bhfeoil dóibh láithreach, is líon suas
 Deora ina súile, agus bhí fonn caointe agus goil ar gach aoinne.
 Labhair Teoiclimineas niamhrach 'na measc ansin agus dúirt leo: "Cad atá éirithe dhaoibh, a fheara mífhortúnacha? Doircheacht Oíche oraibh timpeall a chím, 's clúdaíonn ó bhaitheas go glúin sibh.
 Cloisim san aer olagón agus chím faoi dheora na leicne
 Is fuil ar na fallaí silte is ar shíomáil álainn na geláirach.
 Chím lán d'amhailteanna tosach an tí, tá an halla seo lán díobh,
 Is fonn orthu síos go dtí réigiún ifrinn is oíche. Do múchadh Solas na gréine ar an aer, tá dúcheo leata ar an dtalamh."

Labhair seisean amhlaidh, is d'ardaigh an dream sin gáire le sult faoi.
 Chrom Eoramacas tréan mac Pholaib ar labhairt agus dúirt leo: "Tá geiltíocht ar an té sin is déanaí a tháinig thar lear chugainn. Stiúraidh an doras amach é, agus meabhraíodh roimhis go sroichfidh

Margadh an bhaile, ó cheapann go bhfuil sé ina oíche san áit seo."

Labhair Teoiclimineas niamhrach go dána á fhreagairt is dúirt leis:
 "Creid, a Eoramacais, uaim ná fuil gá agam le fear chun mo stiúrtha.
 Tá dhá shúil agam féin 's dhá chluais, agus cosa dea-shiúil fúm, Is tá meabhair stóinsithe im' cheann agus ciall nach féidir a lochtú.
 Geobhfad lena gcabhair sin amach, óir-chím an chinniúint atá ag déanamh
 Oraibhse, a chomplacht éilimh, 's gan seachaint an bhuille aige fear díobh
 Ná cumhacht éalaithe as teaghlach an dialaoich éachtaigh Odaiséas
 Tar éis a bhfuil déanta agaibh d'aithis do dhaoine is de bheartuithe gránna."

B'in é mar dúirt, agus d'imigh amach leis as halla is as caisleán. Ghluais sé go teach Phéaracais, is fáiltíodh roimhis go fial ann. Bhreathnaigh an complacht éilimh a chéile is leibhéal acu á dhéanamh
 Faoi Theilimiceas óg, is fonóid faoi chóisirigh an tí acu.
 Is é sórt cainte ba chlos ó chuid des na teallairí óga:
 "Tíosach is mífhortúnaí ná tú, a Theilimicis, níl ann Maidir le cóisirigh. Féach ar an bhfánaí bacaigh atá agat Tugtha inár measc, agus craos air chun bídh agus fiona, ach gan riamh air
 Fonn corpshuaite nó saothair, ach a oiread le cloich ar an dtalamh.
 B'in duine eile ó chianaibh a sheasaimh le tairngreacht a fhógairt?
 Dá ngeobhfása lem' chomhairle, do chuirfinn in aisce ar do leas tú. Beir ar na cóisirigh sin, faoi thochtaí ceangail i mbád iad; Seoltar go Sicile leotha agus titfidh rud éigin dá mbarr ort."

Labhair lucht éilimh mar sin leis, ach ceann níor thóg sé dá mbréithre.
 D'fhan sé ina thost agus a athair á fhaire aige, ag feitheamh le cor uaidh
 Nuair bheadh ullamh chun fogha faoin gcomplacht éilimh gan náire.

Agus i gcúinne den halla is i bhfianaise an dreama do shocraigh
Iníon Iciris mhóir, Banríon Peanáppla mheabhrach,
Suíochán álainn di féin chun go gcloisfeadh sí caint na
cuideachtan.

Is ó! Ba ghealgháiriteach d'ullmhaigh an bhuíon anspásach a
bhféasta

Milis is bríomhar, mar b'éachtach ar leagadar d'ainmhithe
chuige.

Tháinig suipéar ina dhiaidh, is míthaitneamh le cur i gcomórtas
Choíche ní bheidh lena bhlas san, a rinne laoch láidir is diabhean
Ullamh 'na gcomhair, ó thuilleadar é lena mbeartuithe gránna.

XXI

Shocraigh an diabhean Aitéine na súl glas ansin ar a mheabharú
D'inín Iciris mhóir Peanáppla chiallmhar go gcuirfeadh
Muintir a héilimh ag plé leis an mbogha agus na liathcheannaibh
iarainn,

D'adaigh i halla Odaiséis an comórtas 's an treascairt a lean é.
Tháinig sí anuas dá seomra sa dréimire fada agus thug léi
Eochair 'na láimh bhreá chumtha; do b'álainn dea-fhearasta an
gléas í;

Bróinse ba ea an t-ábhar a bhí inti, agus bhí cluas eabhair 'na
barra.

Chuaigh sí agus buíon bhan coimhdeachta léithi gur
shroicheadar seomra

D'iarthar an teaghlaigh 'na raibh stór éachtach de sheodaibh an
Mháistir,

Gléasanna bróinse agus óir agus iarainn den ghaibhneacht ba
dheise.

Bhí an bogha bríomhar dea-luascach i dtaisce sa tseomra agus
láimh leis

Cás 'na raibh beart mór saighead a bhí léanmhar dá lán ar an lá sin.
Fuair sé ar fhód Lacadaemóin le féile mhac Eoraitis iad san,
Ífiteas álainn a bhí do réir phatrúin déithe ina phearsain.

Thall i Meiséine fadó ba ea do tharlaigh an bheirt ar a chéile;
Bhíodar i dtigh Ortalacais mheabhraigh; ba é cúram Odaiséis,
Éileamh na bhfiach a bhí amuigh aige a chine ar an muintir
Mheiséineach.

Óir bhí trí chéad caoire ina gcreich aige fearaibh den tír sin
Ardaithe leotha ina mbádaibh as Iticé is maoir ina dteannta.
Cuireadh de thoisc ina ndiaidh, nuair bhí ina aosánach,

Odaiséas,

Slí mhór fhada ó bhaile; lig a athair is muintir a chomhairle é.

Ba é a thug Ífiteas ann, tóraíocht ar a láracha caillte;

D'imigh an dá cheann déag, agus faoi gach láir acu correach.

B'iad na dea-láracha céanna ba thrúig chinniúna agus bháis dó

Nuair thug cuairt, lá d'áirithe, ar Earcail na saothar ba mhó clú,

Laoch mórmheanman a shíol ó Shéas Ardathair na ndéithe.

Mhairbh an fear an-tréan é ina thigh, is go raibh ann 'na

chóisireach,

Gan aon urraim 'na chroí róchruidh dos na déithe a bhí ag faire
air,

Ná d'fhialnósaibh an bhoird; sheol chuige é agus threascair lena
ais é,

Is choinnigh 'na stáblaí féin ardláracha luatha na dteannchrúb.

Bhuail Odaiséas, nuair bhí sé ar a dtóir, leis is fuair an dea-
bhogha uaidh.

Bhíodh sé á iompar ag Eoraiteas mór in san am, agus d'fhág
siúd,

Nuair bhí ar leabaidh a bháis ina chaisleán ard, ag a mhac é.

B'iad nithe a bhronn Odaiséas air, a shleagh theann láidir 's a
chlaíomh géar,

Is bhunaigh sé muintearas leis agus dúthracht, ach ní raibh i
ndán dóibh

Féasta dá chéile do thabhairt; sara mb'fhéidir é sin, d'imir Earcail
Treascairt ar Ífiteas groí, go raibh dealramh na diachta ina
phearsain.

Agus an bogha sin a bhronn sé, ní thug Odaiséas leis thar lear é
Sall chun na Traí nuair sheol lena loingeas, ach fágadh i dtaisce é

Riamh ina thigh ón lá sin, mar chuimhniú dílis ar chara,

Bíodh is go mbíodh aige roimhis á thabhairt leis ar thalamh an
dúchais.

Tháinig an Bhanríon mhaorga ansin chun an tseomra agus
shiúlaigh

Suas ar an dtairsing daraí; rinne ceardaí cáilmhear go hoilte

Líofa fadó lena phlána is do dhírigh do réir na dorú í

Is thóg an dá phosta ina seasamh is chroch orthu comhlain an
dorais.

Scaoil sise láithreach an iall a bhí ag ceangal an gheamhail leis an bpost,
 Is chuir sí an eochair sa pholl agus bhuail as a ghreamanna an sparra
 Is sháigh sí roimpi agus ghéill an dá chomhlain le géim di mar dhéanfadh
 Tarbh ag fearach i bpáirc; mar an gcéanna do ghéim an dá chomhlain
 Faoi luí is fhórsa na heochrach, is leathadar roimpi go hobann.
 Shiúil sí isteach ar an urlár ard sin go raibh ann i dtaisce
 Comhraí móra a choimeád faoi chumhracht luibheanna na héadaí.
 Sheas sí ar bharraíocha na gcos agus shín agus bhain sí den dola
 Bogha a fir chéile sa chás ardniamhrach a choinnigh i dtaisce é.
 Shuigh sí sa tseomra ansin agus thóg sí an cás ar a glúine
 Is rinne sí caoineadh ar feadh tamaill, le linn bogha an Tiarna do thabhairt as.
 Nuair bhí a dóthain den chaoineadh is de shileadh na ndeor ag an mBanrín,
 Dhírigh sí ar halla na bhfear 's ar an gcomplacht éilimh a coiscéim
 Agus an bogha teannluascach á iompar 'na láimh aici, is fairis
 Cás 'na raibh beart mór saighead a bhí léanmhar dá lán ar an lá sin.
 Thionlaic a beirt bhan coimhdeachta í ag iompar an chomhra a bhí líonta
 D'fhearaistí bróinse agus iarainn le haghaidh chaitheamh aimsire an Ardri.
 Tháinig an Bhanríon álainn i láthair chuideachtain an éilimh
 Is sheasaimh sí láimh le piléar dár dháingnigh fraitheacha an halla,
 Is choinnigh a leicne i bhfolach faoi scáth binne báine dá bairéad,
 Agus an bheirt bhan óg gach taobh di go dílis ar garda.
 D'ardaigh sí láithreach a guth chun an chomplacht éilimh is dúirt leo:
 "Éistidh, a chomplacht éilimh an lán, go bhfuil rachmas an tí seo
 Riamh agus choíche dá ideach agaibh in bhur bhfleadh, is a mháistir
 Gluaiste le fada ar an bhfán, 's nár fhéadabhair riamh feadh na mblianta

Aon leathscéal dá laghad a ghabháil ann ach insint gur mhian libh
 Mise do thógaint mar mhnaoi agus go mairfinn im' chéile aige fear díobh.
 Seo anois, a chomplacht éilimh, comórtas atá agam á fhógairt:
 Fágfaidh mé fúibh bogha mór Odaiséis Ardtaoiseach a láimhseáil.
 Is é atá ar m'intinn, an té is saoráidí a chamfas a bhogha san,
 Agus a scaoilfeas a shaighead trí dhá thua dhéag sin an Mháistir,
 Eisean a thoghadh is a leanúint, is go bhfágfadh mar aon leis an teach seo,
 Ghlac mé im' nuachar fadó is é lán d'ollmhaitheasaí an tsaoil seo,
 Is nach dóichíde dhom féin, fiú i dtaibhreamh na hoíche, é do dhearmad."
 Sin é mar dúirt, is thug d'aoire na muc Eomaeas a hordú,
 Bogha an Rí a thairiscint dóibh is na hiarannaí liatha mar aon leis.
 Thóg Eomaeas go deorach an bogha agus do thairg sé dhóibh é,
 Is líon tuile dheor súile aoire na mbó ar bhogha an Tiarna d'fheiceáil dó.
 Labhair Antánús leo go searbhasach bearrtha agus dúirt leo:
 "Stadaidh, a chlann ramhar Lóbais, gan smaointe thar chúram an lae agaibh!
 Náire oraibh, a aráí an tuathail, ag síleadh na ndeor is ag corraí
 Croí mná uaisle ina cliabh. Nach leor díse a bhfuil uirthi cheana
 D'ualach an bhróin, bás léanmhar an chéile atá cailte fadó aici?
 Fanaidh go ciúin ag an mbord agus caithidh an béile, nó gluaisidh
 Is caoinidh amuigh, agus fágaidh i measc na cuideachtan an bogha seo
 Ina ábhar comórtais neamhtheinn ag an gcomplacht éilimh; mar measaim,
 Maidir le harm seo an Rí, ná teannfar go héascaidh an tsreang ann.
 Óir níl laoch 'nár measc, níl duine dá bhfeicim san áit seo
 Atá i gcomhnard leis an dTaoiseach Odaiséas. Chonac lem' shúile é,
 Is cuimhním fós air, dá óige do bhíos ar an uair sin de pháiste."
 Labhair seisean amhlaidh, is dóchas 'na chroí dá ainneoin sin go ndéanfadh
 Teannadh na sreinge is go scaoilfeadh an tsraighead trí phollaibh na n-iarannaí.

Ba é a bhí i ndán dó ar a shon san, gur túisce ná aoinne do
gheobhfhadh sé
Saighead ina bhéal ó láimh Odaiséis, go raibh náire aige á
tabhairt dó
Is buíon chompán aige á séideadh chun masla, ina shuí dhó sa
halla.
Labhair Teilimiceas óg ina measc san ar a uain agus dúirt leo:
"Ó! Murab éadrom an ceann a thug Séas mac Chronais dom
féinigh!
Cloisim mo mháthair á rá, agus is ciallmhar an bhean í, go
bhfágfaidh
Díon an chaisleáin seo is go raghaidh ina céile d'fhear eile ar a
thinteán,
Is nímse dá chionn gáirí is tá bród ar mo chroí de cheal
meabhrach.
Ach pé ar domhan é, tá bean ina hábhar comórtais agaibhse,
Is níl a leithéid sin, a chomplacht éilimh, ar thalamh Acaea
Ná i naomh-Phiolas na dteampall ná in Argas ná i gcathair
Mhicéine,
Ná i dtír Iticé féin ná i gceantair an chósta os a coinne.
Ach cén fáth dhom ag moladh mo mháthar? Is eolach sin
daoibhse.
Seo libh, gan aon leathscéal ná righneas, ná fanaidh a thuilleadh
Cúthail ag seachaint an bhogha sin, ach feicim sibh feasta á
theannadh.
Tabharfaidh mé féin, chomh maith, faoin mbogha mór
d'fháscadh le foirneart,
Is má éiríonn liom, 's go scaoilfeadh mo shaighead trí phollaibh
na n-iarannaí,
Ní bheidh mairg ansin ar mo chroí, má thréigeann mo mháthair
Díon an chaisleáin le fear eile, mar beadh féin fágtha ina diaidh ann
Ábalta ar fhearaistí m'athar a láimhseáil feasta go hoilte."
Dúirt seisean amhlaidh ag caitheamh na fallainghe corcra siar
uaidh,
Is phreab sé ina sheasamh is scaoil dá ghuaillibh a chlaíomh ina
dhiaidh sin.
Chrom sé ar thrinse do rómhar ansin, fada singil, is shocraigh
Líne na dtuaite ina seasamh, is dhírigh 'na ró le dorú iad.
Bhuail sé is dhaingnigh an chré lena mbun; bhí an uaisleacht ag
déanamh

lontais dá cheird cháiréiseach san obair ná faca sé roimhe.
Chuaigh sé ina sheasamh ansin ar an dtairsing is rinne sé faoi
thrí
Iarracht thréan ar an mbogha mór d'fháscadh; bhí creathadh aige
á bhaint as,
Is faoi thrí b'éigean dó staonadh, dá mhéad é a dhóchas go
ndéanfadh
Bogha an Rí d'fháscadh, is go scaoilfeadh a shaighead trí
phollaibh na n-iarannaí.
D'fháisc sé an ceathrú huair air, is b'fhéidir go mbeadh aige an
uair sin,
Murach gur shméid Odaiséas air 's gur éirigh dá chionn as an
iarracht.
Labhair Teilimiceas láidir i measc na cuideachtan is dúirt leo:
"Beadsa go deo, do réir dealraimh, gan neart is gan misneach,
mo dhiachair!
Arbh amhlaidh a bheinn mós óg chun go gcuirfinn muinín as
mo ghéaga,
Nuair bheadh fear ag gabháil dom, gur leor chun mo chosanta
ina aghaidh iad?
Ach ní mhaím orm acmhainn atá in aon tánaiste dhaoibhse;
Tugaidhse anois faoin mbogha, críochnaímís feasta comórtas."
Sin é mar dúirt, agus d'isligh an bogha is bhuail ceann de ar an
urlár,
Is shocraigh é i dteannta na gelár moirtísithe plánaithe an dorais;
D'fhág sé láimh leis an tsaighead, is a ceann leis an ngeamhal,
ina seasamh,
Is chuaigh sé thar n-ais ina shuí sa chathaoir sin gur éirigh sé
aisti.
Labhair Antanús mac Eoipéitéis 'na measc agus dúirt leo:
"Tugtar anois faoin mbogha ag gabháil timpeall ar deiseal, a
chairde.
Tosnaímís leis an té sin go líontar an fion i dtosach dó."
Dúirt Antanús amhlaidh, is thaitin a thairiscint leo.
Ba é an chéad duine den tslua a phreab suas, Leoidéis mac
Éanaips,
D'fhairleadh na hfiobairtí dhóibh; ba le hais bhabhla álainn an
fhíona
A shuíodh sé san áit ab iargúlta. Ba é an t-aon duine amháin é
gur ghráin leis

Goirgeacht an chomplachta éilimh, is chuireadh gach teallaire acu olc air.

B'eisean an duine ba thúisce acu ag tógaint an bhogha agus na saighde.

Sheasaimh sé suas ar an dtairsing is thug faoin arm a lúbadh, Ach níor cheangail an tsreang ann; do thuirisigh an tarraing a lámha

Míne neamhchruaite, is do labhair leis an gcomplacht éilimh is dúirt leo:

"Ní fhéadaim, a chairde, é a theannadh; seo, baineadh fear eile agaibh triail as.

Fágfaidh an bogha faoi dheoidh mórán des na laochraibh is uaisle

Brúite ina gcroí agus 'na n-anam, mar b'fhearra go deimhnitheach bás d'fháil

Ná a bheith i bhfoighid gan an duais sin gur mian linn í agus go mbíimid

Bailithe choíche san áit seo is ag súil léi maidin is oíche.

Má tá fós 'n 'ur measc a leithéid sin, a shúleas go bpósfaidh

Ríon Peanápla, a bhíodh ina céile san am ag Odaiséas,

Triaileadh sé láithreach an bogha seo, agus feiceadh dó féinig an bhféadfaidh.

Geallaim go mbeidh bean eile de mhná dea-ghafa na tíre

Á torú aige gan mhoill lena rachmas; is féadfaidh an bhean seo Pósadh ansin leis an té atá i ndán di is is féile do bhronnfas."

Dúirt seisean amhlaidh 'na measc, 's ghaibh leor leis an mbogha do chur síos uaidh,

Is shocraigh é i dteannta na gclár moirtisithe plánaithe an dorais. D'fhág sé láimh leis an tsaighead, is a ceann leis an ngeamhal, ina seasamh,

Is chuaigh sé thar n-ais ina shuí sa chathaoir sin gur éirigh sé aisti.

Labhair Antanús leis go scarbhasach tagartha is dúirt leis:

"Faire go deo, a Leoidéis, an chaint sin a ligint thar t'fhiacal!

Bhí sí go dian is go géar, agus líonann sí d'olc ar a clos mé.

Fágfaidh an bogha seo, dar leat, mórán dár laochraibh is uaisle

Brúite ina gcroí agus ina n-anam, de bhrí nach dtig leat é d'fháscadh.

Ach is í an fhírinne ghlan ná raibh ón mbroinn ionat ginte

Dúchas an duine atá oile ar na boghaite is na saigheada do láimhseáil.

Tá uaisle eile ar an gcomplacht éilimh is féadfaid é d'fháscadh."

Dúirt, agus thug ordú do Mheilintias na ngabhar agus dúirt leis:

"Brostaigh, is bíodh agat tine sa halla á deargadh, a Mheilintias,

Is fág stól mór lena hais agus lomraí caorach anuas air,

Is beir leat amach ón stór ailp mhór ghroí gheire go bhféadfaidh

Cuid dár n-óglaigh an bogha sin a shmeardh le méithreas 's a bhogadh,

Agus go mbainfeamna triail as á fhéachfaint le chéile i gcomórtas."

Dúirt seisean amhlaidh, is mhúscail Meilintias anam na tine,

Is d'fhág sé stól lena hais agus lomraí caorach anuas air,

Is thug leis amach ón stór ailp mhór ghroí gheire, is do rinne

Buion na bhfear óg ardiarracht ar bhogha an Rí a bhogadh, ach do chuaigh díobh

Fáscadh do dhéanamh; dá theinne do rinneadar tarraing, b'fhada as dóibh.

D'fhan Antanús tréan 's Eoramacas maorga gan tabhairt faoi,

Is iadsan amháin; ba iad taoisigh na buíne agus rogha na bhfear maith iad;

Beirt aoirí sin na muc is na mbó, do bhí dílis d'Odaiséas,

Chuadar le chéile ón mbord is d'imíodar le chéile as an halla.

D'éirigh a Máistir 'na ndiaidh agus lean sé amach as an gcúirt iad.

Tar éis dóibh gabháil trí gheata na gearde is amach ar an bhfaiche,

Labhair Odaiséas leis an mbeirt de ghuth binn bog mánla agus dúirt leo:

"A aoire na muc, agus, a aoire na mbó, cé acu ab fhearr dom é d'insint

Daoibh, nó an scéal a choimeád? Tá mo chroí á chomhairleach é a rá libh.

Arbh amhlaidh a thaitneodh libh, dá dtiocfadh Odaiséas chugainne go hobann,

Comhrac a dhéanamh 'na pháirt, dá seolfadh dea-sheans ar an bhfód é?

Cé acu don chomplacht éilimh a raghadh sibh i gcabhair, nó d'Odaiséas?

Abraídh liom cad a deir bhuir gcroí is bhuir n-aighe anois libh."

D'fhreagair gan mhoill ar a chlos fear maoirseachta an stoic agus dúirt leis:

"A Athair na ndéithe, chun críche go dtugair an ghuí sin, a Shéis mhóir!
 Máistir an tí seo go bhfille ar a thigh, agus dia chun a sheolta ann!
 Chífeá an neart atá ionamsa ansin agus gníomhartha na ngéag seo."
 Agus do ghuigh Eomaeas na déithe go díl mar an gcéanna
 Ag d'iarraidh go bhfillfeadh a Thiarna Odaiséas ardmheabhrach abhaile.
 Nuair bhí a dheimhniú facht ag an Rí cén intinn a bhí acu,
 Labhair sé arís á bhfreagairt, is thug dóibh eolas, á rá leo:
 "Táim ar an bhfód in bhur bhfianaise, an té d'fhulaing a oiread san anró,
 Fillte sa bhfichiú bliain ar mo dhúchas 's ar thalamh mo shinsear!
 Ní fheicim, ach sibhse, aon duine ar mo lucht seirbhíse gur mhian leis
 Mise do theacht, ó bhéal aoinne eile san áit seo ní chuala Guí chun radharc orm d'fháil, is go bhfeicfeadh im' theaghlach arís mé.
 Neosfadh go firinneach daoibh gach a meáim in bhur bpáirtse do dhéanamh:
 Claíochaint an chomplachta éilimh má thugann na déithe dom' láimhse,
 Geallaim go ndéanfaidh mé cleamhnas don bheirt agaibh;
 tabharfaidh mé saibhreas
 Daoibh, agus tógfaidh mé dhaoibh tithe cónaithe i gcóngar mo thí féin.
 Déanfaidh mé muintearas gaoil ó inniu libh; creididh go mbeidh sibh
 'N 'ur gcompáin 's in 'ur gcairde dom' mhac Teilimiceas feasta.
 Féadfaidh mé comhartha do nochtadh mar urra leis sin is mar dheimhniú,
 D'fhonn go n-aithneoidh sibh an té seo is go dtabharfaidh sibh géilleadh dá ndúirt libh;
 Nochtfaidh an rian ar mo chneas d'fhág collach na fiacaile báine Lá ar chliathán Pharnáis, agus clann Átalacais faram."
 Sin é mar dúirt, agus nocht sé le tógaint na balcaise an chneá mhór.

Bhreathnaigh an bheirt ar an gcneá agus mheabhraíodar féachaint a máistir.
 Tháinig na deora ina súile agus d'fháisceadar timpeall Odaiséis Greim barróige agus bhrúdar a bpóga ar a cheann 's ar a ghuaile.
 Phóg Odaiséas mar an gcéanna go dílis a gcinn is a lámha san, Is chíf an ghrian ag dul faoi sara raghadh a gcuid caointe chun deiridh
 Murach gur chuimhnigh a máistir ar stad a chur leotha is go ndúirt sé:
 "Éirídh feasta as an gcaoineadh is an gol, sara bhfeicfeadh an duine
 A thiocfadh amach as an halla é is go neosfadh istigh ina dhiaidh sin.
 Singil ab fhearr dúinn filleadh is gan dul ann i bhfóiribh a chéile.
 Raghaidh mise romhaibh, agus tagaidh im' dhiaidhse. Sid é agaibh an socrú:
 Gach a bhfuil cruinnithe im' halla de chomplacht éilimh an mhórtais,
 Labharfaidh ag diúltadh go láidir don bhogha agus na saigheada do thabhairt dom.
 Dá ainneoin sin agus uile, beir chugam, a Eomaeas, sa halla iad, Is tabhair i mo lámha isteach iad, agus abair le bantracht an teaghlach
 Doras na mbíomaí tréan idir ghrianán 's halla do dhúnadh; Is má ráiníonn á gclos ón iamh seo na bhfear ar an dtaobh seo, Cneadach nó glór buillí, ná déanadh an té sin a chloiseas Gluaiseacht thar doras, ach fanadh i mbun a cuid oibre ar a suaimhneas.
 Fágfaidh mé fútsa mar thasc, a Philéitias, geata na cúirte A dhúnadh go daingean le sparra is an cábla do cheangal go teann faoi."
 Sin é mar dúirt, agus ghluais isteach trí dhoras an pháláis Is chuaigh sé thar n-ais ina shuí sa chathaoir sin gur éirigh sé aisti. B'iúd leis an mbeirt sheirbhíseach thar n-ais ina dhiaidh chun an halla.
 Bhí faoin dtacaid seo an bogha ag Eoramacas cróga dá láimhseáil Ó cheann ceann faoi ghoradh na tine; bhí ag dul de dá ainneoin sin

Riamh é d'fháscadh, is is gointe a bhí a chroí mórálach dá dheascaibh.

Tharraing sé cnead mhór dhoimhin agus d'éigh os ard agus dúirt leo:

"Sin dó croí dhom, mo dhiachair, mar gheall orm féin 's oraibh uile,

Is ní ceal cleamhnais is treise atá ag luí orm, dá mhéad a mhothaím é.

Óir tá slua bhan Acaeach in oileáinín Iticé féinig

Ná diúltódh dár n-iarraidh, 's i mórán cathrach eile.

Ach nuair shmaoinim i m'aighe ar dhiancart niamhrach Odaiséis, Agus a laige atáimidne lena ais, 's nach féidir linn bogha an Rí D'fháscadh; beidh náire orainn choíche dá chionn ag a mairfidh sa tsaol fós."

Labhair Antanús mac Eoipéitéis á fhreagairt is dúirt leis:

"Chífir nach amhlaidh a bheas, a Eoramacais. Tá a fhios agat féin é.

Tá naomhfhéile ar an lá seo aige muintir na háite do dhia mór Áirithe, is cé a bheadh ag tabhairt faoi bhoghaite do tharraing air. Lig dóibh

Is ná bí a'd' bhuaireamh. Is fágfaim na tuaite go léir ina seasamh Faoi mar atáid. As an dtrínse ina bhfuilid a mbaint sin ní móide D'aoinne do thig faoi dhéin chúirt mhac Laeirtéis Odaiséas. Seo, bíodh céadbhraon fiona aige giolla na dí orainn á riaradh D'fhonn is go ndéanfaim ofráil agus boghaite solúbtha do dhearmad.

Tugtar roimh éirí gréine ordú do Mheilintias aoire

Dorn gabhar biata do bhagairt i leith, gur de chéadscóth na dtréad iad,

Ionas go ndófam ceathrúna don chlúshaigheadóir sin Apalló, Is tabhairt ansin faoin mbogha agus comórtas na hainnre a chríochnú."

Labhair Antanús amhlaidh, is thaitin a thairiscint leo.

Tháinig na giollaí do dhoirteadh an t-uisce ar a lámha roimh an mbéile,

Tháinig na hógfhir ag líonadh na mbabhláí fiona go barra, Ghluaiseadar timpeall ag riaradh ofrála ins na coirn ar gach aoinne.

Tar éis na hofrála do dhoirteadh agus a oiread san d'ól is ba mhian leo

Labhair Odaiséas ilbheartach ar intinn chalaoise agus dúirt leo: "Éistidh, a mhuintir gur mhian libh an Bhanríon cháilmhear a phósadh,

Faid a bheidh rún á rá agam, go n-abraíonn mo chroí liom é a nochtheadh,

Is guím Eoramacas uasal thar cách 's Antanús maorga Ós é féin ó chianaibh a thug uaidh comhairle na céille, Scor faoi láthair den bhogha, faoi dhéithibh an cúrsa seo d'fhágaint,

Agus go dtabharfaidh an dia bua ar maidin don té sin is fearr leis.

Ligtear dom, áfach, an bogha breá líofa do thógaint, go ndéanfadh

Triail in bhur measca dem' lámha is dem' neart, chun go bhfeiceadh an bhfanann

Aon rian ionam den lúth is den ghaisce do bhíodh i mo ghéaga, Nó an bhfuilid cailte go léir aige saol fánaíochta is neamhaire."

Labhair seisean amhlaidh, is chuir orthu racht díbheirge is díomais,

Is eagla a chroí ar gach óglach go bhfáscadh an seanduine bogha an Rí.

Labhair Antanús leis go searbhasach tagartha is dúirt leis:

"Muran tú díogha na ndroch-chóisireach, gan tuiscint i t'aighe ar aon ní!

Is ná gaibhir leor leis an bhféasta inár dteanntana, flatha na tíre, Suite ag an mbord duit gan bhuaire, is do chion dár mbia agat 's go bhféadair

Éisteacht lenár gcomhrá is ár gcaint, 's nár ligeamar romhatsa D'aon fhear déirce nó cóisireach a bheith 'nár gcuibhreann ag éisteacht.

Is é atá ag teacht leat, an fion dea-bhlasta, a chuir mearbhall gránna Riamh ar an slogaire craois nach dtig leis é a bhlaiseadh le meonaíocht.

Ba é an fion céanna do loit clúlaoch, Eoraitíon Ceinteár, Lá dá raibh sé ina chóisireach i gcúirt Phéiritíúis chróga Le linn chuairte do thug ar na Lapataigh; d'ól sé thar meon de, Chuairt sé ina cheann, is do náirigh é féin le drochiompar fir bhuile.

Phrioc sé na laochra chun oilc, d'ionsaíodar an t-amhantarán d'aon ráib,

Is chaitheadar doras amach é, tar éis srón is cluasa do bhaint de
Le faobhar lansa, agus d'imigh sé leis ina bhrútach ar báiní
Is fíoch agus mearbhall ar a aigne de dheascaibh ar fhulaing sé
uathu.

Bhí Ceinteáir agus daoine ón lá sin in earraid le chéile,
Ach ba dhó féinig ar dtúis, is de bharr meisceoireachta, a
theagmhaigh.

Gheobhair fíor mise go gcaoinfirse, leis, é má dhéanair an bogha
sin

D'fháscadh; ní hamhlaidh a tabharfar dá bharr 'nár dtaobhna de
thír duit

Muintearas séimh; is in ártach a cuirfear thú is seolfar anonn tú
Treasna i leith Eicitis Rí, atá ina phláigh is 'na sciúirse do
dhaoine,

Is ní bheidh dul agat uaidh. Fan suite ar do shuaimhneas,
adeirim,

Is ól do chuid fiona gan treis leis na fearaibh is óige ná tusa."

Labhair Peanápla mheabhrach ag freagairt an Taoisigh is dúirt leis:

"Faire! A Antanúis uasail, ní réann sé le ceart ná le córtas
Cóisireach bocht d'aithisiú, atá tógtha ag mo mhacsa ina
theaghlach.

Arbh amhlaidh a shílir i t'aigne, má fháscann an cóisireach
bogha mór

Thiarna Odaiséas le muinín as an acmhainn a bhraitheann 'na
dhá láimh

Thréana, go dtabharfaidh sé leis mé is go mbeadsa mar chéile
aige feasta?

M'anam gur súil í sin ná síltear dó féin, is ní ganntar

D'aon fhear agaibhse a bheith gruama mar gheall air ag
caitheamh na féile

Atá aige le fáil in sa halla, mar níl aon dealramh dá laghad leis."

Labhair Eoramacas groí mac Pholaib á freagairt is dúirt léi:

"A infon Iciris uasail, a Ríon Peanápla mheabhrach,

Ní mheáimid go mbeidh seisean a'd' thabhairt leis. Tá sé gan
dealramh.

Náire a bhí orainn go mbeadh caint fhear agus bhan orainn
choíche,

Agus gur chlos á rá ag duine coiteann de mhuintir Acaea:

'Sin dream suarach go deimhin atá ag éileamh na mná sin an
tsárthir,

Is gan a oiread nirt ina ngéaga agus d'fháiscfeadh an bogha sin a
bhí aige.

Agus cad deirir ansin ná go dtig fear siúil agus déirce,

Is d'fháisc sé an t-arm gan dua is chuir saighead trí phollaibh na
n-iar'nnai.'

Sin é mar déarfaidh na daoine, is do b'aithis a gcaint sin go deo
dhúinn."

Labhair Peanápla mheabhrach ansin á fhreagairt is dúirt leis:

"Creid, a Eoramacais, uaimse go deo i measc daoine ná faighfí
Dea-chlú ar lucht de bhur sórtsa, do-leanas gan urraim ag ideach
Rachmas duine uasail 'na thigh. Cén tábhacht an drochttheist sin
a dúrais?

Féach ár gcóisireach féin; sin strapaire láidir dea-dhéanta,

Is ná fuil maíte aige air féin go raibh a athair 'na Thiarna ina
dhúthaigh?

Tugtar dó an bogha líofa álainn le tástáil, d'fhonn is go
bhfeicfeam.

Cuirim in iúl mo gheallúint, agus beidh comhlíonta mar
gheallaim:

"Má éiríonn leis é d'fháscadh, le fabhar ardghlórmar Apalló,
Geobhfad é sna héadaí is breátha dá bhfuil agam, cóta agus
clóca,

Is bhéarfad dó gatha deas gear a choinneós fobha gadhar agus
fear uaidh,

Is bhéarad dó claiómh dáshaobhrach, is sandailí maithe dá chosa,
Is gheobhfaidh uaim ártach is foireann le dul chun na tíreach is
mian leis."

Labhair Teilimiceas óg lena mháthair go réidh agus dúirt léi:

"Liomsa is ea an teideal, a mháthair, de bhreis ar a maireann
d'Acaeigh,

Chun bogha m'athar a thabhairt nó a dhiúltadh do pé fear is toil
liom.

Ní d'aon tiarna a bhfuil réim aige in Iticé gharbh na
bhfailltreach

D'oireann sé, ná d'aon taoiseach oileáin i leith Éilis na gcapall.

Fiú amháin dá mba é ab fhearr liom, go dtabharfaínn don
choisireach le breith leis

Bogha an Rí, níl orthu fear d'fhórsálfadh a mhalairt go deo orm.

Gluais leat 'on tseomra agus bí i mbun na gcúraimí a bhaineas
leat féinig,

Oibreacha seoil is coigeálach, is stiúraigh do bhantracht is
 ordaigh
 Tascanna dhóibh, agus fág faoi fhearaibh le tarraing 's le réiteach
 Bogha an Rí, is fúmsa thar cách, mar is mé féin máistir an tí
 seo."
 Chorraigh a bhréithre ina croí an bhanríon, agus d'fhill ar a
 seomra,
 Is chrom sí ar mhachnamh ar a fheabhas a bhí ciall a raibh ráite
 ag a mac léi.
 Chuaigh sí sa dréimire suas fara bantrachaht ba ghnách ina
 teannta,
 Is chaoín sí istigh Odaiséas a fear grách, nó gur thuirling an
 codladh
 Sámh ar a fabhraí anuas ó mhéireanna Aitéine na súl glas.
 Bhí an bogha luascach á iompar ag aoire na muc chun an
 bhacaigh
 Nuair phléasc liúrach amach ón gcomplacht éilimh sa halla.
 Sid é ba chlos dó á rá leis ag fear des na teallairí óga:
 "A aoire gan rath is gan mheabhair, cé chuige go bhfuil ag
 iompar
 Bhogha sin an Rí? Is é a gheobhair sara fada, go n-íosfaidh an
 chonaírt
 Ghadhar luathchosach a thógais-se féin thú, is na muca i do
 thimpeall
 Agus tú i t'aonar gan teasargain chugat, má thugann Apalló
 Cluas dár nguí go toiliúil, is na déithe do mhaireas go síoraí."
 Chuala an t-aoire iad 's lig síos láithreach an bogha mar a raibh
 sé,
 Óir bhí scanradh air de chionn iomadúlacht ar liúigh air sa halla.
 Ón dtaobh eile do scaoil Teilimiceas fógra agus dúirt leis:
 "A uncail, ar aghaidh leis an mbogha! Raghaidh díot sinn uile
 do shásamh.
 Cé gurb óige go mór mé ná tú, bé go gcuirfinn an ruaig ort
 Sall chun na feirme le clocha, mar tá neart lámhe agam de
 bhreis ort.
 Dá mbeinn deimhnitheach glan mar an gcéanna go mbéarfainn
 liom barr nirt
 Óna bhfuil bailithe im' thimpeall de chomplacht éilimh sa
 phálás,
 Creid mise leis nárbh fhada go gcuirfinnse fuath an chaisleáin seo

Orthu, is gur ghairid dá moill mar a mbíonn rún dubh acu á
 bheartú."
 Sin é mar dúirt. B'in ag cromadh don chomplacht éilimh ar
 gháirí,
 Is mhaolaigh ar ghéireacht an oile a bhí adhanta ina gcroí chun
 an Phrionsa.
 Thóg Eomac an bogha is chuaigh trasna leis, sall chun an
 dorais,
 Is sheasaimh in aice fhear na meabhrach Odaiséas, 's d'fhág ina
 lámha é,
 Is ghlaigh chuige amach ón dteaghlach ar Eoraiclia agus dúirt
 léi:
 "A Eoraiclia na céille, ordaíonn Teilimiceas duitse
 Doras na mbíomaí tréan idir ghrianán 's halla do dhúnadh;
 Is má ráiníonn á gclos ón ianm seo na bhfear ar an dtaobh seo
 Cneadach nó glór buillí, ná déanadh an té sin a chloiseas
 Gluaiseacht thar doras, ach fanadh i mbun a cuid oibre ar a
 suaimhneas."
 Sin é mar dúirt, agus d'eist sí siúd leis gan freagra do thabhairt
 air.
 D'iaigh sí go daingean na doirse idir iarthar an tí agus an halla.
 D'imigh Filéitias aoire gan focal amach chun an gheata,
 Is dhún sé geata na cúirte agus chuir a dhá sparra ina theannta.
 Ráinigh an cábla paipiris a tháinig as ártach, ar aghaidh an tí,
 Is cheangail sé leis an dá sparra, agus d'fhill ansin ar an halla.
 Chuaigh sé thar n-ais ina shuí sa chathaoir sin gur éirigh sé
 aisti,
 Is d'fhair sé as sin Odaiséas, go raibh brí an bhogha cheana aige
 á tástáil.
 Bhí sé á chasadh ina lámha, is á mhionscrúdú leis ó cheann
 ceann,
 D'eagla na hadhairce a bheith pollta, is an Máistir i gcéin, ag an
 míol críon.
 Cloisfi fear acu á rá tar éis iompaithe i leith chun a chomharsan:
 "Breitheamh maith boghaite é siúd; tá sé oile go deimhin ar a
 n-ionramh.
 Thabharfainn na móide go bhfuil a leithéidí ag baile aige i
 dtaisce,
 Nó go bhfuil a intinn ar ghléas dá shórt san a dhéanamh. Mar
 féach air,

Fánaí dona na mbóithre is an bogha chomh gasta aige á láimhseáil."

Labhair fear eile de theallairí óga na buíne agus dúirt leo:
"Guím aige straeire na ród a oiread seans go mbeidh rath feadh a shaoil air

Agus atá anois féin aige ar bhogha an rí a lúbadh agus d'fháscadh!"

Labhair lucht éilimh mar sin. Bhí an laoch ilbheartach Odaiséas Tar éis an uile orlaigh den bhogha a bhí tógtha ina lámha aige do scrúdú.

Chomh saoráideach 's a ní saoi eolach le ceol is le héigse Agus a mhéara i mbun téide dá cheangal ar phionna dá lire Is lúb ag an dá cheann snaidhmthe ar photóig dheacha na caorach,

D'fháisc Odaiséas bogha Ífitis mhóir gan ach oiread dá dhua d'fháil.

D'fhonn is go dtuairilfeadh ansin é, do tharraing sé an tsreang lena láimh dheis,

Is thug sí go binn nóta uaithi, leithéid is a sheinneann an fháinleog.

B'éachtach an buaireamh a thit ar an gcomplacht éilimh, is d'iompaigh

Lí gach fir; labhair toirneacha Shéis mar chomhartha cinniúna.

Líon ardghairdeachas croí chlúlaoch an fhadfhulaing Odaiséas,

Tuar bua chuige mar chuir mac Chronais na hintinne caime.

Thóg sé an t-aon tsaighead sheang, a bhí fágtha ar an mbord ina haonar

Sínte; istigh faoi chlúdach a gcáis fós, dlúth lena chéile,

Bhí na cinn eile, gur ghearr ón uaisleacht Acaeach a dtástáil.

Bhuaile sé an eag ar an sreing, tharraing saighead agus sreang lena mhéara;

D'aimsigh sé díreach ar aghaidh, gan fágaint an stóil ar a raibh sé.

Ní raibh tua nár imigh an tsaighead chinn bhróinse amach tríthi

Ón bpoll coise ba thúisce go dtí an ceann deireannach siar díobh.

D'iompaigh an laoch ar a mhac Teilimiceas a aghaidh agus dúirt leis:

"Há! A Theilimicis dhil, níor náirigh an cóisireach, a fuair uait Féile, do chúirt; níl sprioc uaim díobh is níor dhuamhar an gnó dhom

Bogha an Rí d'fháscadh. Tá m'fhórsa agam fós go hiomlán, agus níor cheart

D'aithis an chomplachta éilimh, 's go rabhadar ag féachaint anuas orm.

Tá an uair tagaithe anois chun suipéir d'ullmhú don chuideachtain

Uasail seo, faid atá an lá againn, 's de bhreis air 'na dhiaidh sin go leanfadh

Ceol 's amhráin, óir níl a leithéid ann le féasta do mhaisiú."

Dúirt, agus thóg a mhaláí, agus do chroch Teilimiceas calma Mac Odaiséis sin an chlú claiomh faobhrach timpeall a ghualann Is rug lena láimh ar a spiara agus sheasaimh in aice lena athair Cois na cathaoireach i ngléas agus glioscarnach bhróinse ar a phearsain.

XXII

Bhain Odaiséas ilbheartach go hobann de balcais an bhacaigh Is chuaigh sé in airde ar an dtairsing de léim lena bhogha agus a chás groí

Lán d'uail eiteallach shaighead, agus scaoil sé in imeall a chos iad Láithreach amach, agus labhair leis an gcomplacht éilimh is dúirt leo:

"Cuireann sin deireadh, a chuideacahta, le cluiche neamhtheinn an chomórtais.

Tá sprioc eile agam feasta, atá saor go dtí an nóimint seo ar aimsiú;

Féachfad an bhféadfad í a bhualadh is an dtabharfaidh Apalló mo ghuí dhom."

Sin é mar dúirt, agus fút, a Antanúis, do dhírigh sé a urchar.

Bhí do dhá láimh ar an uair sin ar órchupa caithiseach fiona,

Corn dáchlusach, gan smaoineamh id' cheann ach an corn sin a thógaint

Is milseacht na dí sin a bhlaiseadh, is is beag a bhí smaointe ar do dhíth féin

Taibhrithe dhuit! Cé a cheapfadh, i lár lucht cóisireach ar fhéasta,

Aon fhear amháin a bheith ann, dá mhéad í a ghaisce, do leomhfadh

Seasamh in aghaidh slua ina aonar, is íde chinniúnach a thabhairt air?

Scaoil Odaiséas faoin ógfhear is bhuail lena shaighid é sa scornaigh.

Pholl sí an fheoil bhog mhaoth, is amach trí bhaic a mhuiníl léi. Scar a dhá láimh leis an gcorn agus thit sé de dheascaibh an bhuille

Dá shuíochán i leataobh; as pollaíocha na sróna ina slaodaibh Fúscann feadán ramhar fola; ar an mbord 's é ag titim do bhuail sé

Buille dá chois agus leag é, agus scaipeadh a raibh air feadh an urláir

Is meascadh le smúit feoil rósta is arán. Nuair chíd fear ag titim, Tógann an complacht éilimh sa halla ardliúrach, is preabaid As a gcathaoireacha suas agus rithid le fuadar sa phálás, Is cuartaíonn súile go géar na fallaí mórthimpeall an tseomra. Ní raibh sciath orthu ar crochadh ná spiara maith láidir le tógaint.

D'iompáigh an dream, is le cuthach thar meon d'aithisíodar Odaiséas.

"B'anbheart fear d'aimsiú dhuit", ar siad. "Ní ligthe dhuit feasta Dul i gcomórtas. Tá léirscios i ndán, a fhir dheoranta, dhuitse. Óir tá an t-uasal is mó gurb í tír Iticé a dhúchas Treascartha agat, agus íosfaidh na badhba do mharbh san áit seo."

Bhíodar san amhras; ba léir nár mheádar gur mhairbh sé an duine

Dá thoil mheanmnaigh féin, is na brealláin bhochta, ní tháinig Riamh ina gceann go raibh fód dúthreascartha sroichte aige cách díobh.

Thit na malaí ag Odaiséas ilbheartach, is labhair sé agus dúirt leo:

"Ní raibh an cuimhneamh ba lú agaibh, a chonairt gan náire, go bhfillfinn

Choíche ar mo thíir ó Thraí, agus do bhíobhair ag ídeach mo theaghlaigh

Is bantracht mo thí agaibh á mbreith libh le fórsa chun leapa na drúise,

Is bhíobhair ag éileamh mo mhnása le pósadh is a céile ina bheathaidh.

Níor ghlac eagla na ndéithe do mhaireas sa bhfairsinge spéirgheal Sibhse, ná eagla go dtiocfadh fear éigin ag agairt na gcionta. Tuigidh anois go bhfuil creach daoibh uilig in áirithe 'á chionn san."

Labhair seisean amhlaidh; gach aoinne den dream sin, do ghlasaigh le scanradh

Is bhreathnaigh 'na thimpeall ag féachaint an bhféadfadh an t-anam a bhreith leis.

Níor leomhaigh duine ach amháin Eoramacas freagra do thabhairt air.

"Más tú go fíor Odaiséas Tiarna Iticé", ar seisean, "a tháinig, Chomharthaigh do ráite go ceart gach a ndearna ár dTaoisighne riamh ort,

Is éacht éagóra acu déanta id' halla is id' pháirceanna feirme. Más ea, an duine ba bhun leis go léir, tá sé sínte agat cheana. Ba é Antanús é, mar do ba é faoi ndeara a bhfuil déanta, Is ní raibh a dhúil in sa chleamhnas i gcomhnard riamh leis an éirim

D'éirigh ina aigne ar chumhacht nár thug mac Chronais chun cinn dó,

Réim rí d'fháil ar an gcathair is dea-bhailte Iticé a rialú Tar éis t'aonmhacsa do threascairt le feall, tar éis teacht air i gan fhios.

Tá a dhán facht aige anois, tá sé marbh mar thuill sé, agus déansa

Trócaire ar mhuintir do thíre, agus féachamna chuige go ndéanfam

Cúiteamh 'na dhiaidh seo dhuit féin 'na bhfuil ólta againn 's ite i do phálás.

Bhéarfaidh gach aoinne den bhfáinne seo fear fiche bó dhuit ina éiric,

Is gheobhair uainn fós éacht bróinse agus óir nó go dtabharfaidh an leorghníomh

Sásamh dod' chroí, is admhaím go bhfuil cúis agat chugainn nó go bhfaighir é."

Thit na malaí ag Odaiséas ilbheartach; do labhair agus dúirt leis: "Oidhreacht uile bhur sean, a Eoramacais, gach a bhfuil ann daoibh,

Bíodh is gur toil libh é a thabhairt dom mar éiric, 's a thuilleadh ina theannta,

Deirim ná tabharfainnse sos ó threascart dom' láimh nó go ndíolfadh
 Complacht éilimh mo chéile as a dteallaireacht mhórtais go hiomlán.
 Rogha an dá dhíogha atá romhaibh in sa halla seo, seasamh im' choinne
 Feasta ar an bhfód seo, nó teitheadh ón mbás, más féidir é a sheachaint,
 Is níl fear daoibh, mar mheáimse, ó léirscrios a bhéarfas leis a anam."

Labhair seisean amhlaidh 'na measc; tig crith ar a nglúine is a gcroíthe
 Cloiseadh arís dóibh glór Eoramacaís. Labhair agus dúirt leo:
 "Sos ní thabharfaidh an duine seo, a chairde, dá ghéaga dochortha,
 Ó tá an bogha mór líofa ina lámha, is beart saighead in sa chás sin.
 Leanfaidh sé ag lámhach ón dtairsing go dtí go mbeidh gach a bhfuil ann dinn
 Sínte gan anam. Is linn, ar an ábhar sin, cuimhneamh ar chomhrac.
 Nochtaidh na cláimhte ar an mball; cuiridh boird ina bhfascain i gcoinne
 Léim chinniúnach na saighead; dírimis lom ar an namhaid seo
 D'aon ráib, d'feachaint an bhféadfam é a shá ó thairsing is dhoras,
 Is déanamh go luath ar an gcathair is cúnamh a mhúscailt le hardliú.
 B'fhéidir ansin nárbh fhada go gcuirfí críoch lena lámhach seo."
 B'in é mar labhair leis an gcomplacht éilimh, is tharraing chun catha
 Cláimh mór bróinse dáfhaobhrach, 's le búir ard dhiamhair an chuthaigh
 Phreab sé ina sheasamh chun ionsaithe, ach bhain Odaiséas an tosach de;
 Scaoil sé saighead ina threo, agus do bhuail faoin gcín é sa chiabhlach.
 D'fholaigh an bior mear géar in san ae; bhog a mhéireanna láithreach
 Greim dá chlaíomh; chrom ceann agus cabhail lena chéile chun tosaigh

Is thit sé de phleist ar an mbord, is do scaipeadh a bhéile feadh an urláir
 Agus a chorn dáchluasach; do bhuail sé an talamh lena éadan
 Is ciach an iomaird ar a anáil, agus raid a dhá chois a chathaoir uaidh
 Is leagadar síos í, agus tháinig an scamall ar deireadh ar a shúile.
 Thug Amfanamas fogha faoin laoch ardcháilmhear Odaiséas.
 D'éirigh sé, tharraing sé cláimh, ghluais d'fhonn is go sáfadh an Taoiseach
 Siar ón stáitse, ach do bhain Teilimiceas Prionsa tosach de.
 Tháinig sé aniar air le lansa agus thug buille idir na guaille
 Is sháigh sé le fórsa ina dhiaidh nó gur nocht bior bróinse as an mbrollach.
 Thit sé go glórach 'na chorp, smiotadh a éadan i gcoinne an urláir.
 D'fhág Teilimiceas láithreach a namhaid, ar an lansa do shá tríd,
 Is d'fhág ann an t-arm; ba bhaol leis go ndéanfadh fear éigin den uaisleacht
 É d'ionsaí lena chlaíomh dá bhfanfadh sé nóimeant ag tarraing Sleagha as an gcorp, nó go gcleófeadh, 's é cromtha os a chionn san, le buille é.
 B'iúd leis de sciúird chun an dorais, is labhair sé lena athair is dúirt leis:
 "Bhéarfaidh mé sciath chugat, a athair, ar ball, is dhá spiara chun comhraic,
 Agus cafarr mór bróinse chun baitheas is uiscanna a chlúdach,
 Is geobhfad mé féinig in éide, agus aoire na muc mar an gcéanna
 Is aoire na mbó; níor mhiste go bhfaighimis culaithirt chatha."
 Dúirt ar an mball á fhreagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:
 "Faid atá saigheada agam fágtha chun cosanta, beir leat i leith iad.
 Rith, sara bhféadfaid mé a shá ón ndoras, i m'uath dhom sa bhearnain."
 Dúirt seisean amhlaidh, is rinne Teilimiceas láithreach mar d'ordaigh.
 Ghluais sé go mear chun an tseomra go raibh na dea-fhearaistí i dtaisce ann,
 Is thóg ceithre sciath ann is ocht sleagha géara agus ceithre chafarr breá

Bróinse a raibh struic ar gach ceann a bhí déanta de ruaimnigh
chapaill.
Thug sé chun a athar a bheart; ghaibh seisean é féin ar an gcéad
fhear,
Is rinne an dá aoire iad féin a ghabháil mar an gcéanna san éide,
Is chruinnigh an triúr acu timpeall an laoich ardmheabhraigh
Odaiséas.
Maidir leis sin, faid a mhair aon tsaighead ina bhosca mar
chosaint,
Lean á scaoileadh, is an complacht éilimh, ina nduine is 'na
nduine,
Bhíodar 'na thigh aige á lámhach 's cliathánach le chéile aige á
leagadh.
Ach nuair chuaigh dá shaigheada ar an mboghadóir, chrom ar a
mhalairt.
Bhí sé réidh leis an mbogha mór feasta, agus láimh leis an
ndoras
Shocraigh sé i dteannta an philéir é agus fhalla geal gléigeal an
phóirse.
Chuir sé mar gharda ar a ghuaile ansin sciath cheathair-
bhileogach,
Is chuir ar a cheann saighdiúrtha cafarr gurbh álainn a
ghaibhneacht,
Is ardstruic ruimní capaill ag luascadh as a mhullach go scanrúil,
Is ghlac chuige dhá stoc thréana go raibh gatha bróinse ar a
mbarra.
Bhí doras eile sa bhfalla a raibh comhla istigh is amuigh air,
Is slí amach tríd 'on phasáiste thar stáitse na tairsinge móire.
Ba é sin an t-aon bhearna eile chun éalaithe amach, agus ráinigh
Aoire na muc ina sheasamh ar garda air mar d'ordaigh Odaiséas.
Labhair Agalás de ghuth ard leis an gcomplacht éilimh is dúirt
leo:
"Ná raghadh fear againn suas is amach san athdhoras, a chairde,
Agus an scéala do thabhairt leis is cúnamh a mhúscailt sa
chathair?
Bé nárbh fhada dhó siúd go mbeadh a urchar deireanach caite."
Dúirt ar an mball á fhreagairt Meilintias aoire na ngabhar leis:
"Tá sé dodhéanta, a Ardtiarna Agalás. Róghairid dó, is baol
liom,
Tá geata fairsing na cúirte, is is cúng é béal an phasáiste.

D'fhéadfadh fear misnigh an áit sin a chosaint in aghaidh a
bhfuil ann dinn.
Tá ball, áfach, sa tigh, ina bhfaighead gléas comhraic i dtráth
dhaoibh,
Seomra na taisce; do ba ann, is ní hin aon pholl eile, mar
mheasaim,
D'fholaigh an mac is an t-athair gach éide agus arm roimh an
am seo."
D'imigh Meilintias aoire na ngabhar, ar a chomhairle do rá leo,
Trí fhuinneog thiar in sa halla agus shroich seomra arm
Odaiséis,
Is bhailigh sé beart chuige, dhá sciath dhéag 's a oiread céanna
de spiaráí
Is a oiread cafarr go raibh struic ar a mbarra de ruaimnigh
chapaill.
Bhrostaigh sé ar ais agus thug sé don chomplacht éilimh an
gléas sin.
Tháinig critheagla ar ghlúine Odaiséis agus crith ar a chroí istigh
Chomh luath is chonaic sé an dream á ngabháil in sa éide is ag
croitheadh
Spiaraí fada ina lámha; b'in iompó má, mar do mheáigh sé.
Chas sé go grod ar a mhac Teilimiceas a aghaidh agus dúirt leis:
"Á, a Theilimicis, rinne bean éigin acu airm as an bpálás
Is éide do thabhairt dár naimhde le feall, nó Meilintias
b'fhéidir."
Labhair Teilimiceas óg ardchiallmhar á fhreagairt is dúirt leis:
"Orm féin tá cion mo dhearmaidí, a athair, is ní har dhuine eile
A chuirfeadh é. Tá doras láidir ar sheomra na bhfearas sin d'fhágas
Oscailte im' dhiaidh, is do b'fhearr ná agamsa a bhí faire ag fear
díobh.
Téir, a Eomaeais, a chroí, dún 's daingnigh doras an tseomra
Is cuir, leis, tuairisc an té sin a rinne inár gcoinne an bheart seo;
Fiafraigh ar bhean des na mnáibh é, nó do réir mar mheáimse,
Meilintias."
B'iadsan bréithre na bhfear sin i gcomhrá rúin lena chéile.
D'imigh Meilintias aoire na ngabhar an athuair chun an tseomra
D'fhonn is go dtabharfadh leis gléas, ach ní i gan fhios d'aoire
na muc é.
Chuir sé in iúl d'Odaiséas, a bhí láimh leis, an bheart agus dúirt
leis:

"Cogar, a dhalta na ndéithe, is, a mhic Laeirtéis Odaiséas,
 D'imigh an t-áirseoir úd, go rabh amhras á chaitheamh againn
 air,
 Sall chun an tseomra thar n-ais; tabhair ordú cinnte ar an bhfód
 dom
 Cé acu an maród é siúd nuair gheobhad faoim' ghéagaibh é
 cloíte,
 Nó arbh fhearr leatsa go dtabharfainn i t'fhianaise é, d'fhonn is
 go n-agróir
 Gach a bhfuil beartaithe is déanta de choirthibh id' thigh aige
 siúd air?"

Dúirt leis an aoire dá fhreagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:
 "Beadsa ag coimeád ceann cuinge le complacht éilimh an
 mhustair
 Fara mo mhac in sa halla, dá éachtaí a dhéanfaid a ndícheall.
 Téidhse agus casaidh a chosa is a ghéaga thar n-ais agus caithidh
 Síos in sa tseomra go grod é agus ceanglaídh cláracha thiar leis.
 Casaidh ansin téadán ina thimpeall is snaidhmídh go teann é,
 Is tógaidh i dteannta piléir é agus fanadh sé in aice na
 bhfraitheach,
 D'fhonn is go gcrochfaidh sé tamall á chéasadh ina bheathaidh
 go dóite."

Sin é mar dúirt, is ba bhreá leo a chlos agus rinneadar rud air.
 Chuadar i gan fhios anonn chun an tseomra; do ráinig sé istigh
 ann
 Is cuardach na ngléasanna comhraic ar siúl aige in iarthar an
 tseomra.
 Láimh le piléaraibh an dorais a bhíodar ag feitheamh amuigh
 leis.
 Tháinig Meilintias aoire na ngabhar thar an dtairsing is ualach
 Éide dá thabhairt leis 'na lámha; bhí cafarr fíorálainn i gceann
 díobh
 Is bhí an lámh eile ag coimeád seanscéithe a bhí breac leis an
 gclúmh liath.
 Bhíodh sí á hiompar sa chath ag an laoch Laeirtéis ina óige,
 Is bhí anois caite gan aird is fuáil a cuid iallacha scaoilte.
 D'ionsaigh an bheirt é de ráib agus rugadar láithreach ar stuaic air
 Is leotha isteach tharraingíodar is chaitheadar síos é go cráite
 Is d'fháisceadar lámha agus cosa le snaidhmeanna piantacha
 corda

Tar éis iad d'fhiaradh is a lúbadh go teann taobh thiar de mar
 d'ordaigh
 Mac Laeirtéis na n-éacht, laoch mór an fhadfhulaing Odaiséas.
 Chasadar rópa ina thimpeall ansin agus chuireadar snaidhm air
 Is thógadar drom le piléar é go raibh sé i gcóngar na
 bhfraitheach.
 D'aithisigh aoire na muc Eomaeas é is dúirt go magúil leis:
 "Sin dea-stáitse go deimhin duit chun faire na hoíche, a
 Mheilintias,
 Sínte ar an dtocht breá bog atá tuillte le saothar an lae agat!
 Ní i gan fhios duitse do thiocfaidh an Lóchaint as abhainn an
 Aigéin mhóir
 Suite dhi ar ór a cathaoireach san am go dtaithir a bheith ag
 bagairt
 Ghabhar chun an chomplachta éilimh i gcomhair ardfhéasta do
 chóiriú."

B'in é mar fágadh an fear sin i ngreim ag an gcorda cinniúnach.
 Ghlacadar chucu a gcuid arm, an bheirt, agus d'iadar an doras
 Is d'fhuilleadar leotha ar an bhfear ardchúinseach dea-mheabhrach
 Odaiséas.
 B'in dhá bhuín acu ar tinneall chun catha; ar an dtairsing do
 sheasaimh
 Ceathrar fear, is a lán fear cróga sa halla ina gcoinne.
 Tháinig Aitéine na súl glas, iníon Shéis mhóir, ina láthair,
 Is dhruid lena laoch agus dealramh le Meantór 'na caint is 'na
 cló aici.
 Bhraith Odaiséas lena radharc ardáthas ina aigne is dúirt léi:
 "Fuascail mé, a Mheantóir, i nguais; bíodh cara seanaimsire id'
 chuimhne,
 D'fhónaíodh duitse san am; comhaos comhchuibhreann ba ea
 dhúinne."

Dúirt, agus thuairimigh 'na mheabhair a bheith ag labhairt le
 hAitéine na gcoimheascar.
 Chonaic an complacht éilimh an duine; idir bhagairt is ghleo
 dhóibh,
 Thóg Agalás mac Dhamastóir a ghuth, is ba shearbh a dúirt sé:
 "Ná téadh comhairle Odaiséis ná a mhilseacht, a Mheantóir, 'na
 luí ort,
 D'fhonn is go saorfair é féin, tarraingeoidh sé cathanna linn ort.
 Clois ár n-intinn sa chúrsa, sid é mar a cuirfear i gcrích é:

Nuair bheid siúd, idir athair is mhac, ar an bhfód againn sínte,
Geobhfaimid ortsa le cláimhte mar aon leo, toisc go motháimid
Intinn mhailíse agat chugainn, agus díolfair led' cheann as do
naimhdeas.

Tar éis bhur ngníomhartha foréigin a chríochnú dhúinne le
faobhar nimhe,

Gach a bhfuil láithreach id' sheilbhse, amuigh faoin dtuaith nó
aige baile,

Cuirfeam go léir é le stór Odaiséis, is ní ligfear dod' chlainn
mhac

Feasta maireachtaint id' thigh, is ní shiúlfaidh t'iníonacha breátha
Ná do bhean chéile le mustar ar shráideannaibh Iticé an
dúchais."

Labhair seisean amhlaidh; do chuala Aitéine é is ba mhóide dá
holc é.

D'iompáigh sí ortsa, a Odaiséis, is d'fhonóid thú le ráitibh a
fiúnaigh:

"Cá bhfuil an neart, a Odaiséis, is an mheanma", ar sise, "do
bhí agat

Nuair bhí Héilin fhionnghuailleach an ríghin i dtreis idir
fhearaibh?

Rinnis ar feadh naoi mblian in sa Traí síorchogadh dá cionn san,
Agus is mó fear cróga do threascair do bhuille sa bhrúin ann,
Is tógadh led' chruinnbheartú cathair bhreá shráidfhairsing an Rí
Priam.

Ach cén fáth, tar éis baile agus rachmas a shroichint, go
bhfaighim thú

Caoiteach i láthair an chomplachta éilimh de chionn do
dhroch-mhisnigh?

Seasaimh, a chara na n-árann, le m'ais agus féach ar mo
ghníomhsa,

D'fhonn gurb eol duit mo chalmacht i bhfianaise namhad is go
bhfeicfir

Scór na gcomaoineach á ghlanadh aige Meantór mac Alcamais
leatsa."

Dúirt, is más ea, níor thug sí barr lena cúnamh go fóill dóibh.
B'amhlaidh a mheáigh sí ar acmhainn a laochra is a gealmacht a
thástáil,

Idir Odaiséas féin agus a ógmhac éirimeach cáilmhear.
Suas in sa halla dheatúil ón urlár d'éirigh ar sciathán

Is thuirling ar chearchaill mhóir, is is i gcló fainleoige do bhí sí.
Ghríosaigh an laoch Agalás lucht éilimh na Ríona chun catha.

Bhí Eorannas fós agus Déimiptilimeas fágtha,

Mhair Amfamadón, mhair Péasandar is Polabas meabhrach;

B'iadsan na daoine ba chróga den chomplacht éilimh a bhí fós

Ullamh chun coimheascar na bhfear in sa halla is an t-anam i
dtreis ann.

Cloíte aige ceathanna saighead ón mbogha mór d'éag an chuid
eile.

Labhair Agalás ina measc de ghuth ard chun go gcloisfeadh gach
aoinne é:

"Cuirfeamna cosc faoi dheoidh lena ghéaga dochortha seo," ar
seisean;

"Baois ab ea béal mór Mheantóir, is tar éis a bhfuil maíte aige,
d'imigh,

Is níl ar an nóimint seo fágtha ach an ceathrar i mbearnain an
dorais.

Déanaidh mar deirim, dá réir sin; ná scaoileadh gach aon fhear a
shleagh uaidh;

Caitheadh an seisear seo againne chun tosaigh, is guímse go
dtuga

Séas dúinn clú i measc daoine gur sinne do threascair Odaiséas.

Nílím i spéis na coda eile, má thiteann sé siúd ar an gcéad
fhear."

Dúirt seisean amhlaidh, 's an seisear chun tosaigh, do scaoileadar
uathu

Urchair, ach d'oibrigh Aitéine go ndeachaigh gach ceann acu
folamh.

Chuaigh sleagh dhuine acu saite i bpiléar mór dhoras an halla,

Sháigh bior géar cinn eile acu i gcláracha láidre an dorais,

Is buaileadh an falla le ceann des na crainn fhuinseoige agus
bhróinse.

Aoinne den cheathrar do theip ar an gcomplacht éilimh a
bhualadh,

Is labhair ansin agus dúirt laoch mór an fhadfhulaing Odaiséas:

"Labhram, a chairde na n-árann, ar m'uain agus deirim anois
libh

Spiraf do chaitheamh in imeall an chomplachta éilimh gur mian
leo

Éide ár marbh a shlad tar éis gach a bhfuil scoite acu cheana."

Dúirt, is scaoileadar sleagha, agus d'aimsigh gach fear acu a dhuine.

Ó láimh thréin Odaiséis fuair Déimiptilimeas spiara;
Bhuail Teilimiceas óg Eoraidéis; bhuail an mucaoire
Eiliteas; aoire na mbó ba é a shín Péasandar le buille.
Chuireadar san greim fiacal in urlár halla na bhféastaí.
Chúlaigh an complacht éilimh le sceimhle go hiarthar an halla;
B'iúd leis an gceathrar ar aghaidh lena spiaráí do bhaint as na corpáin.

Chruinnigh an complacht éilimh thar n-ais agus scaoileadar uathu

Urchair, ach d'oibrigh Aitéine go ndeachaigh formhór acu folamh.

Chuaigh sleagh dhuine acu sáite i bpiléar mór dhoras an halla,
Sháigh bior géar cinn eile acu i gcláracha láidre an dorais,
Is buaileadh an falla le ceann des na crainn fhuinseoige agus bhróinse.

Bhuail Amfamadón uasal le buille dá spiara in sa riosta
Lámh Theilimicis óig; ní raibh ann ach an craiceann a scáirseáil.
Chuir Stéisipeas a spiarra thar scéith Eomaeais is thug dó
Scríobadh ar an ngualainn, b'in thairis an t-urchar is thit ar an dtalamh.

Rinne Odaiséas ardmheabhrach na gcleas iomadúil is a mhuintir
Spiaraí géara ansin faoin gcomplacht éilimh a scaoileadh.
Bhuail laoch scriosta na mbailte Eoradamas tréan lena urchar;
Bhuail Teilimiceas óg Eoramadón; bhuail an mucaoire
Polabas; d'éirigh le haoire na mbó Stéisipeas a leagadh,
Gointe le sleagh sa chliabhlach, is d'éigh sé go maíteach is dúirt leis:

"Feasta ní bheir mórbhéalach, a mhic Pholatairséis an mhagaidh,
Is beidh srian éigin led' bhaois; faoi dhéithe na spéartha is ea a fhágfair

Breith ar imeachta na ndaoine, mar is iadsan is treise dá maireann.

Glacsa mo bhronntas mar chúiteamh sa chrúib ó chianaibh a scaoilis

Faoinár dTiarna Odaiséas nuair bhí ina fhear déirce ina thigh féin."
Chualathas aoire na mbó á rá san. Do thuirling Odaiséas
Láithreach 'na n-imeall is sháigh lena spiara Agalás mac Dhamastóir.
Bhuail Teilimiceas Prionsa le sleagh Léacratas uasal

Mac Eoéanóir sa bholg is sháigh sé an miotal amach tríd.

Thit sé gan anam de phleist agus chnag sé an talamh lena éadan.
Nochtaigh Aitéine ar an uair sin an sciath 'na bhfuil briseadh na mílte,

Lasrach in airde sna fraitheacha is sceimhligh sí aigne na nambad léi.

Theitheadar timpeall sa halla mar chíféa i bpáirceanna tréad bó
Nuair a mhothaíod ionsaí pianchealgach chuile na mire
A bhíos ag imeacht ins na laethanta fada le brothall an tséasúir.
Bhí an dream eile mar fhiolair na gerúcaí lúbtha is na gcamghob
A fhágas na beanna le fogha faoi shlúa ghearréanlaithe a dhéanamh

Is iadsan ag teitheadh le sceimhle ón aer is ag tuirling ar talamh;
Léimid anuas agus cuirid chun báis iad 's níl ar a gcumas
Comhrac ná fós éaló, is lucht tuaithe le spéis ann ag faire.
B'amhlaidh don cheathrar ar thóir lucht éilimh sa halla is ag teannadh

Buillí leo soir siar; b'uafásach an gleo é is ba ghránna
Bhí glór cloigeann á scoilteadh, agus fuil ina slaoda feadh an urláir.

Chaith Leoidéis é féin aige cosaibh Odaiséis agus rinne
Breith ar a ghlúine le glór achainí is truamhéile agus dúirt leis:
"Táim ag do ghlúine, a Odaiséis, bí carthanach trócaireach domsa,

Óir ní dhearnasa riamh in sa teaghlach le duine ded' bhantracht
Míchaint ná míghníomh, ach ba ghnáthach mar bhéas dom is cúram

Aoinne den dream sin a chosc ag a mbíodh a leithéid de dhrochiompar.

Fóill ar a láimh ní dhéanfadh na fir ná rud orm choíche,
Is ba é a gceanndáine ba bhun leis an fde uafásach a bhain dóibh.

Gnó sagartóireachta dhóibh gan a thuilleadh ina theannta má rinneas,

Arbh amhlaidh a sínfear 'na measc mé gan barra na maitheasa i ndán dom?"

Thit na maláí ag Odaiséas ilbheartach is dúirt sé go fíochmhar:
"Gnó sagartóireachta dhóibh má mhaír ort féinig go ndéantá,
Déarfainn gur mhinic 'na measc in sa halla seo a cloiseadh mar ghuí uait

Gan a bheith choíche ar mo chrannsa go bhfeicfinn athaoibhneas
an dúchais,

Agus go sínfeá féin le mo mhnaoi is go mbeadh clann agat léi.
Ón mbás cruaidh, dá réir sin, is cóir gan ligint duit éaló."

Sin é mar dúirt, 's lena láimh theann théagartha thóg sé den
talamh

Claíomh Agaláis, a lig siúd as a ghlaic nuair tharlaigh an buille
Báis dó; do bhuail Odaiséas Leoidéis cruinn sa mhuinéal leis
Is le linn labhartha dhó fós in sa tsmúid síos d'imigh a
chloigeann.

Bhí uain dhubh na cinniúna á seachaint go fóill ag an bhfile
Féimias mac Theirpias gurbh éigean dó canadh ar a bhfleadha.
Bhí sé ina sheasamh i gcóngar an chúldorais úd in sa halla,
Is lire na gceolta ina lámha agus é féin idir dhá chomhairle
Cé acu arbh fhearr éaló leis amach agus teitheadh go haltóir
Shéas mór chosanta an iaimh, go raibh éacht de cheathrúna na
mart ann

Dóite ina lá ag Laeirtéis seanóir is 'na dhiaidh ag Odaiséas,
Nó dul suas chun a Thiarna is é féin ag a chosa do chaitheamh.
Agus ag machnamh dó, mheáigh gurb é a leas druidim in aice
Thiarna Odaiséas clúmhac Laeirtéis is breith ar a ghlúine.
Síos uaidh lig sé a lire dhea-chabhaiteach go réidh ar an dtalamh
Idir an babhla geal fiona is cathaoir stodaí airgid bhánfhinn,
Is chuaigh faoi dhéin Odaiséas agus rug sé ar ghlúinibh a
Mháistir

Is bhí truamhéile ina ghuth nuair rinne achainí agus go ndúirt
leis:

"Táim ag do ghlúine, a Odaiséas, bí carthanach trócaireach
domsa.

Cuimhnigh go dtiocfaidh an lá go mbeidh aithreachas ort má
mharaíonn tú

File do chanas amhráin dos na déithe is do mhuintir an tsaoil seo.
D'fhoghlamas éigse asam féin, is do chuir dia binn na filíochta
Cúrsaí an eachtraithe im' mheabhair; ná hiarr im' dhiaidh an
amhránaíocht

Mholta mar chanfainn do dhia, is nár mheasair mo scornach a
ghearradh.

Beidh Teilimiceas féin, do mhac ionmhain, ina urra gur fíor dom
Nach de mo dheoin féin riamh ná ar m'iarraidh ach oiread a
thógas

Luach m'amhrán tar éis féasta ón gcomplacht éilimh id'
theaghlach,

Ach gurb amhlaidh a chuir forneart orm d'fhiachaibh é a
dhéanamh."

Labhair seisean amhlaidh, is bhí Teilimiceas gairid dó ag
éisteacht,

Is chuir sé láithreach a ghuth lena ghuí sin is dúirt sé lena athair:
"Fóill ar do láimh, 's ná mairbh an duine neamhchiontach led'
lansa,

Is caithfear Meadón fógróir, leis, a shaoradh ón dtreascairt, mar
bhíodh sé

Riamh in sa teaghlach seo againn nuair bhíos-sa i mo leanbh im'
chúram;

Críochnaithe mura bhfuil cheana ag Filéitias nó aoire na muc
leis,

Nó faoi t'ionsaí féin in sa halla is an t-eanach a bhí ort."

Sin é mar dúirt; do Mheadón, ná raibh easpa na céille air, ba
chlos é,

Faoi shuíochán ina chnap dó, agus seithe a bhí feannta le déanaí
Fillte aige timpeall air d'fhonn lá dubh na cinniúna do
sheachaint.

Phreab ó ghabhal na cathaoireach is bhain sé craiceann na bó
dhe

Is rith faoi dhéin Theilimicis óig agus rug ar a ghlúine

Is labhair leis de ghlór achainí a bhí fiorthruamhéalach is dúirt
leis:

"Táim ann, a chara; seo mé! Déan trócaire is abair le t'athair
Gan mé do threascairt le faobhar an chlaímh a oibríonn sé le
sárneart,

Is fearg 'na chroí chun an chomplachta éilimh le ragairne d'idigh
Rachmas a thí, is nár thug na brealláin ort féinig ach
neamhthor."

Bhí fáthadh an gháire ar do bhéal, a Odaiséas, nuair labhrais á rá
leis:

"Glac misneach! Téir slán, taoi saortha le hiarraidh an té seo,
D'fhonn is go dtuigfir id' cheann, is don té a tharlós leat go
neosfair

Gurab é leas gach n-aon an dea-ghníomh agus nárab a mhalairt.
Fágaidh an halla gan mhoill agus fanadh an bheirt agaibh suite
Thall ón gcoscairt san iaimh, tú féin agus file na n-eachtraí,

Faid is a bheadsa i mbun cúraim a chaithfeadh a dhéanamh sa phálás."

Sin é mar dúirt, agus d'imigh an bheirt acu amach as an halla, Is shuíodar ar leithrigh amuigh aige bun altórach an Dé mhóir, Is dearcadh is gach treo acu á chaitheamh i leith is go léimfeadh an bás as.

Dhearc Odaiséas faoin dteaghlach go géar is gach aird sara mbeadh fear

Fós i bhfolach ann 'na bheathaidh 's ag dul ó lá na cinniúna. Más ea, is é rud a chionn, iad sínte in sa tsmúit 'na gcuid fola, Gach mac máthar, mar chlais mhór éisc a bheadh imithe in achrann

Mhogaill na líonta agus tarraingthe amach leo ag iascairí i gcúilín

Trá mara léithe is go bhfeicfí ar shaothar a mbéal go mothaídh fós

Tnúth lena bheith faoi thoinn 's iad caite ina gcarn ar an ngainimh

Thirim go scarfaidh an dé faoi thaitneamh na gréine is a teas leo; B'amhlaidh don chomplacht éilimh in imeall a chéile ina luí dhóibh.

Labhair Odaiséas lena mhac Teilimiceas óg agus dúirt leis: "Glaoigh ar mo bhanaltra dhílis, ar Eoraiclia, a mhic ó, chugam; Braithim ar m'aighe láithreach rud éigin ba mhaith liom a rá léi."

Sin é mar labhair, agus rinne Teilimiceas óg rud ar a athair. Shuaigh sé doras an tseomra, is ar Eoraiclia do ghlaigh sé: "Gaibh i leith, brostaigh," ar seisean, "a bhanmhaor aosta go bhfágtar

Fút a bheith i bhfeighil sheirbhís na bantrachta i dteaghlach Odaiséis.

Seo, déan deabhadh, tá m'athair, le horduithe a thabhairt duit, ag glaoch ort."

B'in é mar dúirt. Pé ní a bhí le rá aici, do bhrúigh sise fúithi é. D'oscail sí comhlain an dorais a dheighil ón halla na seomraí, Is tháinig isteach Teilimiceas roimpi agus ise ar a shála.

Fuair sí istigh Odaiséas agus slua mór treascartha corpán Is meascán fola le smúit streancálta ar a phearsain, mar bheadh leon Tar éis deargbhéile do dhéanamh de mhart feirmeora ag imeacht leis

Is a ucht as ag sileadh le fuil atá ag rith ina slaoda ar an dá thaobh

Óna chorránaibh anuas, 's gurb éachtach an scanradh mar radharc é;

B'amhlaidh d'Odaiséas smeartha ó ghuaillibh anuas go dtí cosa. Chomh luath is chionn sí na mairbh 's an neart mór fola a bhí silte,

Bhí sí ar tí liú do thógaint, mar b'éachtach an obair go deimhin é.

Ach dá mhéad a bhí fonn ar a croí, níor lig Odaiséas di, Is labhair de ghuth ard is le díograis thar meon á cosc agus dúirt léi:

"Brúigh fút t'áthas, a sheanbhean, id' chroí; ná tóg t'ailliliú orthu!

Ní nár ordaigh na déithe, a bheith gairdeach os cionn na bhfear marbh.

Daorbhreith na ndéithe do thug orthu a n-íde, agus olcas a mbeart féin;

Óir meas madra ní bhíodh ag an ndream sin ar aoinne den tsaol seo

A thagadh 'na leith, pé acu íseal nó uasal, ba chuma go léir leo. De chionn ceanndáine do shroich cách díobh lá dubh na cinniúna.

Ach tabhair cuntas anois dom ar bhantracht an teaghlach, is abair

Cé acu den bhuín nár choinnigh onóir dom is cé acu a d'fhan dílis."

D'fhreagair a bhanaltra féinig sean-Eoraiclia agus dúirt leis: "Neosfad, a linbh mo chléibh in sa tslánchruinne, an fhírinne dhuitse.

Leathchéad ban seirbhíse is ea a mhaireas sa teaghlach seo againne;

Mhúineamar dóibh leis na cianta a bhfuil d'oibreacha i dteaghlach le déanamh,

Cardáil olla agus sníomh is a mbaineann le fulang na daoirse. Tá dáréag orthu a bhfuil mínáirí gafa lastuas díobh Gan meas madra acu ormsa ná fiú ar Pheanápla féinig.

Níl Teilimiceas óg ach fásta is ní ligfeadh a mháthair Ceannas dó ar bhantracht an tí ná go dtabharfadh sé orduithe fós dóibh.

Fansa go raghaidh mé in airde go seomraí geala mo mháistreás
Is labhairt léi féinig - do chuir diacht mhaith ó neamh ina
codladh í."

Dúirt ansin á freagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:

"Fan! Ná dúisigh go fóill í, ach abair anois leis na mná úd
Teacht, a leithéidí a mbíodh reibiliúntaíocht ghránna acu á
beartú."

Dúirt seisean amhlaidh, is chuaigh an bhean aosta isteach as an
halla

Is thug sí a teachtaireacht dóibh sin istigh agus bhrostaigh
amach iad.

Ghlaoigh sé ar a mhac Teilimiceas óg is ar aoire na mart méith
Is aoire na muc chuige féin agus thug dóibh orduithe is dúirt
leo:

"Cromaidh anois ar na coirp d'aistriú is ordaídh dos na mná é;
Is ná spárálar 'na dhiaidh ar na boird 's na cathaoireacha breátha
Spúinse na bpoll iomadúil 's glantóireacht uisce ina shlaoda.

Tar éis a bheith cóirithe gléasta thar n-ais dá bhfuil in sa
chaisleán,

Seolaidh amach libh na mná sin as halla na saoirseachta
niamhraí,

Is idir an teach comhchruinn is an falla ard timpeall na cúirte
Stadaidh an bhuíon 's imrídh faobhar fada bhur gcláimhte ar
gach n-aon díobh,

Léithi go scarfaidh an t-anam 's go ndéanfaidh sí dearmad ar
aoibhneas

Bhaclainn a leannáin féinig den chomplacht éilimh sa oíche."

B'in é mar dúirt, agus tháinig an bhuíon sin i bhfóiribh a chéile,
Is ardolagón acu á thógaint is deora go fras acu á sileadh.

Ba é céadtasc a bhí rompu, na corpáin d'iompar amach leo

Is d'fhágaint feadh an fhalla ina ró faoi phoirtic na cúirte
dea-iata,

Á dteanntú lena chéile; do fuaireadar orduithe is fórsáil

Chuige ón dTiarna Odaiséas; faoi chaitheamh do rinneadar
iompar.

Níor spárladh 'na dhiaidh sin ar bhoird 's ar chathaoireacha
breátha

Spúinse na bpoll iomadúil 's glantóireacht uisce ina shlaoda.

Rinne Teilimiceas óg ansin agus aoire na mart méith

Is aoire na muc urlár an dea-theaghlaigh a scríobadh le sluaiste

Is d'ardaigh na sclábhaithe ban úd an tsluaisteáil ghutaídh amach
leo.

Tar éis a bheith cóirithe gléasta thar n-ais dá raibh in sa
chaisleán,

Sheoladar leotha na mná sin as halla na saoirseachta niamhraí,
Is idir an teach comhchruinn is an falla ard timpeall na cúirte
Teanntaíodh iad in sa chúngrach gan aon tslí éalaithe choíche as.
Chrom Teilimiceas óg ardmheabhrach ar labhairt agus dúirt leo:
"Nárab é choíche mo thoil bás glan faobhair bhróinse do
thabhairt dóibh

Tar éis a bhfuil tugtha acu siúd d'easonóir agus d'aithis lem' ré
dhom

Agus dom' mháthair, is lúf leis an gcomplacht éilimh san oíche."
Sin é mar dúirt, agus shín cábla áthaigh ghoib ghoirm in airde
Timpeall an tí chomhchruinn agus trasna go barra piléir mhóir,
Is d'fheistigh go teann chomh hard é is go raghadh d'aon duine
acu bonn d'fháil.

Dála mar beirtar ar smólaigh na sciathán fada ins na líonta
Nó ar na colúir nuair léimid 'on líon atá i luatharnaigh rompu
Ag d'iarraidh na nide do tharraing 's gur gránna í a leaba ina
hionad,

B'amhlaidh do cheannaibh na mban ina líne, is i lúib a sealáin
féin

Fáscadh ar mhuinéal gach mná chun go bhfaighidís díogha na
drochíde,

Is coir lena gcosa acu á dtabhairt acu tamaillín, 's níorbh fhada
go deimhin é.

Thugadar leotha as an dtigh 's trí gheata Meilintias aoire

Is bhearradar glan de le faobhar gan trócaire a shrón is a
chluasa;

Stracadh na baill rúncheilte as is caitheadh 'na bhfeoil chun na
ngadhar iad,

Is le racht feirge 'na dhiaidh sin do ghearradar cosa agus lámha
dhe.

Fuaireadar uisce ansin agus níodar a gcosa is a lámha féin,

Is chuadar isteach mar a raibh Odaiséas; b'in críochnaithe a
n-obair.

Labhair seisean lena bhuime sean-Eoraiclia agus dúirt léi:

"Tabhair roinnt sulfair i leith, a bhean aosta, agus adaigh dom
tine

D'fhonn an drochaer ón halla do ghlanadh, agus glaoigh ar mo chéile

Ríon Peanápla chugam is a bantracht choimhdeachta léithi;
Is cuir deabhadh chugam ar na mná seirbhíse as gach aird in sa teaghlach."

Agus á fhreagairt ansin dúirt Eoraiclia na dílse:

"Níl aon locht ar do bhréithribh, a mhic; táid ráite go ciallmhar. Ligtear dom athrach cóta do bhreith chugat, áfach, is clóca, D'fhonn is ná fanfair id' sheasamh sa halla agus leithead do ghuaile

Gafa sa cheirt sin; is aiste é go mbeadh míchéadfa dá dheascaibh."

Dúirt ansin á freagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:

"Tine atá uaim in sa halla, agus adhantar ar dtúis ar an mball í." Sin é mar dúirt, is gan mhoill rinne Eoraiclia mar d'ordaigh. Thug ar an bhfód chuige tine agus sulfar, is d'oibrigh Odaiséas Nó go raibh deatach an tsulfair ar fuaid tí is halla agus gearde. Chuaigh an bhean chríonna ansin trí fhairsinge theaghlach Odaiséis

Is d'inis don bhantracht an scéal agus chuir orthu deabhadh chun a Máistir.

Thángadar chuige as a seomra agus tóirí lasta ina lámha acu. Timpeall mhuinéal Odaiséis b'in fáiscithe a ngéaga le fáilte, Is phógadar ceann agus guaille le grá agus le dílseacht dá dtiarna,

Is rugadar greim ar a lámha, is ba mhilis leis sin mar do tháinig Fonn mór caointe air is goil; ní raibh bean nár aithin sé ann díobh.

XXIII

B'iúd leis an gcailligh sa dréimire suas is í ag gáire le hardchroí D'fhonn is go neosfadh sí láithreach don Mháistreás teacht a fir chéile,

Leathghlún thar leathghlúin agus leathchos thar leathchois le fuinneamh.

Sheasaimh sí ag iarthar na leapa agus labhair leis an Rín agus dúirt léi:

"Dúisigh, a chroí, a Pheanápla, dúisigh go bhfeicfir led' shúile

Radharc faoi dheireadh go gcaithir do laethanta ag súil is ag tnúth leis.

Tháinig Odaiséas, tháinig abhaile is is fada thar am dó!

Agus an complacht éilimh go mbímis cráite acu, cuallacht Ídithe a stóir agus smachtaithe a mhic, mhairbh seisean go léir iad."

Dúirt léi, á ceartú, Banríon Peanápla mheabhrach:

"Tá geilt déanta aige déithibh, a bhanaltra, dhíotsa mar thig leo, Dá fheabhas meabhair aige duine, é d'fhágaint go hobann á héagmais;

Chomh maith, d'fhéadfadh a gcumhacht duine stóinsithe a dhéanamh den éagann.

Chuireadar fán ar do chéillse, agus bhí fód ortsa go dtí seo.

Cén fáth dhuitse, agus mé chomh léanmhar 's atáim, ag fonóid fúm,

Is eachtra gan dealramh id' bhéal, is a'm' mhúscailt mar gheall air as aoibhneas

Codlata mhilis a chloígh mé is a bhuail brat trócaire ar m'fhabhraí.

Níor chodlaíos chomh sámh ó ghluais Odaiséas chun go n-ionsódh

Cathair na Traí sin gan rath, gur peacúil dom a hainm a luachaint.

Síos leat anois, agus iompaigh thar n-ais chun an halla do choiscéim.

Aon bhean seachas tú féin dá mbíonn in sa teaghlach seo ag obair,

Chugam dá leomhfadh sí teacht leis an scéal seo is go mbrisfeadh mo shuan leis,

Chuirfinnse fuath na poiceála uirthi láithreach is síos chun an halla

Gheobhfhadh sí uaim; murab amhlaidh sin duitse, is de bharr do sheanaoise é."

Labhair, á freagairt, an bhuime sean-Eoraiclia agus dúirt léi:

"Fútsa ag fonóid! Nár chás dom, a linbh! Is fíor dom go dtáinig Tiarna Odaiséas is go bhfuil sé sa tigh; is mar deirim a tharla.

Ba é an deoraí sin a fuair ó chách easonóir in sa halla é.

B'fhada do b'eolach dod' mhac Teilimiceas óg gurb ann dó;

Más ea, choinnigh le céill ina rún a raibh beartaithe ag a athair,

Nó go mbeadh agairt a dtroim lándéanta aige ar fhearaibh an mhustair."

B'in é mar dúirt, agus léim sí sin as a leabaidh le háthas,
 Rug sí barróg ar an gcailligh 's na súile aici líonta de dheora,
 Agus do labhair faoi líonrith ná féadfadh sí a chosc agus dúirt léi:
 "Más fionscéala gan dearmad, a bhanaltra, d'inis do bhéal dom,
 Má shroich seisean an baile go firinneach, faoi mar deirir,
 Conas a rinne sé lámh ar an gcomplacht éilimh gan náire,
 Is eisean ina aonar, is iadsan 'na dtrúip faoin dteaghlach i
 gcónaí?"

Labhair sean-Eoraiclia ansin á freagairt is dúirt léi:

"Radharc air ná eolas ní bhfuairesas; amháin is go n-abraím go
 gcuala

Cneadach is teascairt na bhfear; faoi sceimhle do bhíomarna suite
 Thiar sa cheathrúin linn féin, is na doirse orainn iata go
 daingean,

Nó go dtig glaoch as an halla ód' mhac Teilimiceas ormsa
 Faoi dheoidh; b'amhlaidh a fuair ordú óna athair chun glaoite.
 Chím ansin Odaiséas ina sheasamh i measc na bhfear marbh.
 Bhíodar 'na thimpeall 'na luí; ba é an t-urlár palcaithe a leaba
 Bhásaithe in imeall a chéile; ba bhreá leat é d'fheiscint mar leon
 romhat

Streancálta ó sháil baitheas le meascán fola agus smúite.
 Táid sin i bhfóiribh a chéile ag geata na cúirte ar an uair seo,
 Is eisean i mbun ghlantóireacht a theaghlach le lasracha sulfair;
 Réileán tine aige lasta, agus dúirt sé liom fios a chur ortsá.
 Téanam, go bhfaighidh bhur n-aighe araon bhur sásamh den
 áthas

Tar éis a bhfuil fulaingthe agaibh feadh na mblian; Ó! téanam
 go bhfeicfir

Lánchomhlíonadh ar an ndóchas atá chomh fada sa chroí agat;
 Eisean 'na bheathaidh thar n-ais ar a thinteán féin, is go
 bhfaigheann sé

Tusa is a mhac 'na chaisleán, is an complacht éilimh a bhunaigh
 A oiread san oile dó, tá agairt a ndearnadar déanta aige ar chách
 díobh."

Dúirt Banríon Peanápla mheabhrach ag freagairt na caillí:

"Ná bí ag tógaint, a bhuime, go fóill liú mórtais is gáirí.
 Eisean d'athfheiscint 'na theaghlach, is eol duit go maith gurb
 aoibhinn

Linne go léir é, agus liomsa thar cách 's leis an mac seo do bhí
 againn.

Ach a bhfuil eachtraithe agatsa mar scéal, ní féidir gur fíor é.
 Dia des na déithe is ea d'imir an treascairt ar uaisleacht an
 éilimh,

Is díbheirg 's gráin air mar gheall ar a dteallaireacht chéasta is a
 gcoirthe.

Óir meas madra ní raibh ag an ndream sin ar aoinne den tsaol
 seo

A thagadh 'na leith, pé acu íseal nó uasal, ba chuma go léir leo,
 Is ba é a gceanndáine do thug orthu a n-íde, ach i dtaobh
 Odaiséis de,

Chaill sé i gcéin lá an fhille ar a dhúchas 's an t-anam mar aon
 leis."

D'fhreagair an bhanaltra dhílis sean-Eoraiclia agus dúirt léi:

"Cad é mar chaint atá éalaithe, a linbh, thar theorainn do
 bhéilse!

Deirir, is t'fhear istigh ar a thinteán, ná fuil i ndán dó
 Filleadh ar a theaghlach go brách! Bhís riamh díchreidmheach i
 t'aighe.

Tá comhartha eile agam fós duit, is ceann nach féidir a
 bhréagnú:

Rian sin na cneatha do fuair t'fhear céile ó fhiacail an chollaigh,
 Thógas-sa ceann de is a chosa dá ní agam, is láithreach ba mhian
 liom

Labhairt leat féin ina thaobh, ach rug a dhá lámh ar mo
 scornaigh,

Agus le hábaltacht mheabhrach do choisc orm focal a rá leat.
 Téanam! Ar mhaith leat go gcuirfinnse m'anam i ngioll go
 bhfuil amhlaidh?

Is ea, más bréag atá ráite ag mo bhéal, faighim díogha na
 drochíde uait."

Labhair Peanápla mheabhrach á freagairt ansin agus dúirt léi:

"Deacair, a bhanaltra, a chroí, dul amach ar na bearta do
 cheapadh

Déithe na síre, dhuit féin fiú amháin, dá fheabhas í do
 chlisteacht.

Téanam ag triall ar mo mhac, pé ar bith domhan é, d'fhonn is
 go bhfeicfead

Treascartha an complacht éilimh, 's an té sin a bhásaigh go léir iad."
 Dúirt, agus chuaigh in sa dréimire síos, is ag tuirling di,
 mhachnaigh

Cé acu do dhéanfadh, fanacht i leataobh ón gcéile is é a cheistiú,
Nó dul suas chuige is ceann agus lámha lena pógadh do
chlúdach.

B'iúd léi síos, b'iúd trasna na tairsinge cloiche is isteach léi.
Díreach os coinne Odaiséis ba ea do shuigh sí i solas na tine
Lastall uaidh cois falla is é féin i gcathaoir ag piléar ard
Suite is a dhearca ar an dtalamh ag feitheamh le focal a
thiocfadh

Ó bhéal bhean na suáilce ar an gcéad radharc d'fháil lena súile
air.

D'fhan sise i bhfad ina tost; bhí a haigne á dalladh le halltacht.
Uaireanta dhealraigh a súile ceannaithe an fhir thall le hOdaiséas,
Is théadh di, ina dhiaidh sin, ar uainibh, mar gheall ar an
mbalcais, é d'aithint.

Labhair Teilimiceas óg faoi dheireadh go searbh is dúirt léi:
"Cad chuige, a mháthair liom féinig, go bhfanair, a mháthair
gan nádúir,

Amhlaidh ar deighilt ó m'athair, 's ná beifeá suite lena ais sin
Á fhiafraí agus ag labhairt leis i dtaobh gach ar cheart ar an uair
seo?

Níl bean eile ar an saol chomh dúchríoch leatsa, do shuífeadh
Amhlaidh i bhfad ón bhfear trí anró do gheobhfadh ar a nós seo
Agus a thiocfadh thar n-ais in sa bhfichiú bliain ar a dhúchas.
Ach tá croí i gcónaí níos crua ná an chloch i do chliabhsa."
Labhair Peanápla mheabharrach ansin á fhreagairt is dúirt leis:
"Foighnigh, a linbh! Is amhlaidh a stalcaidh an aigne is an croí
ionam;

Níl ar mo chumas-sa bréithre do labhairt ná ceisteanna
d'fhiafraí,

Ná fiú féachaint ar a aghaidh os a chomhair. Más fíor gurb é seo
M'fhearsa Odaiséas is go dtáinig abhaile, ní mór ná go
bhfaighimid

Slí níos fearr, níos cinnte, chun aithne d'fháil, mar tá eadrainn
Comharthaí ceilte nach eol ach amháin dúinn féin seachas
aoinne."

Sin é mar dúirt, 's bhí meangadh ar fhear mór an fhadfhulaing
Odaiséas.

Labhair sé go réidh lena mhac Teilimiceas óg agus dúirt leis:
"Glacsa mo chomhairle, a mhic ó, ní miste dhuit ligint dod'
mháthair

Mé a thástáil, 's ní fada go raghaidh ar a mhalairt de thuairim.
Ó táim salach anois is drochéadaí fillte ar mo chraiceann,
Measaim gur lag lem' mhnaoise a admháil gur mise a fear céile.
Bítear i dtinneas rud eile, le slí ár leasa do bheartú.

Óir mura ndéantar ach aon fhear amháin d'aon dúthaigh a
threascairt,

Aon fhear amháin, is gan puinn ina dhiaidh chun na fola sin
d'agairt,

Ó lucht gaoil is ó thír ní mór d'fhear an mharaithe teitheadh.
Cé atá básaithe againn! Bun chosanta an bhaile, na hóglaigh,
Scoth thír Iticé féin; níor chás duit machnamh go cruinn air."
Labhair Teilimiceas óg ardmheabharrach á fhreagairt is dúirt leis:
"A athair, a chroí, féach féinig 'na dhiaidh sin, mar deirtear gur
tusa

Rogha chomhairleoirí an tsaoil, agus nuair bhíonn ganntar le
beartú,

Tóg a bhfuil d'fhearaibh ar domhan, níl aoinne acu i dtánaiste
dhuitse.

Fág fúinn féin tú a leanúint, tá fonn orainn chuige is ní bhraithfí
Aon cheal misnigh ar aoinne, do réir mar lamhálann a neart dó."
Dúirt lena mhac, á fhreagairt, an laoch ilbheartach Odaiséas:
"Déarfaidh mé leat, dá réir sin, an chomhairle do b'fhearr, mar
is dóigh liom.

Déanfam ar dtús ionladh is malairt éadaí a chur orainn féinig,
Is ordaigh do bhantracht an teaghlaigh a ngúnaí féile a bheith
umpu.

Múscldh an file ina dhiaidh sin le nótaí ceolmhara a lire
Fonn inár gcosa chun rince na gcor mear meidhreach ar urlár,
Ionas go gceapfaidh an té do ráiníos ag gabháil thar an
gcaisleán,

Nó do chónaíos ins na tithe inár ngaobhar, go bhfuil bainis ar
siúl ann;

D'fhonn is ná cloisfear abhus agus thall in sa chathair gur tharla
Treascairt an chomplachta éilimh go sroichfeam na páirceanna
tuaithe,

Agus go bhféadfam i measc úlloirdí móra na feirme
Beartú do réir mar a bhronnfaidh an tAthair Oilimpeach an
t-ádh orainn."

Labhair seisean amhlaidh, is d'éist a raibh ann leis is rinneadar
rud air.

Níodar ar dtúis iad féin agus chuireadar umpu dea-chótaí,
Is ghléas mná an tí iad féin; rug an file ar an uair sin ar lire
Chabhaiteach an cheoil, agus mhúscaíl go tapaidh ina aigne gach
aoinne

Fonn chun na n-amhrán álainn a chlos is chun rince go hoilte.
Bhí an teach fairsing go glórach le buillí chosa na bhfear tréan
Agus na mban com seang a bhí fáiscithe i gcreasa go niamhrach.
Ba é rud a dúrthas i measc pé daoine do chualaigh amuigh é:
“Ár mBanríon go raibh slua dá héileamh, sin fear acu á pósadh.
Is nár lag sin di mar bheart, nár chloígh sí le cúirt an fhir chéile
A shnaidhm léi in óige is i mbláth, is nár fhan nó go dtiocfadh
abhaile!”

B'iúd í a gcaint, ach is dóibh nárbh eol cad a tharla sa chúirt
sin.

Nigh Eoranaime maorbhean 'na chaisleán féinig an t-ardlaoch
Prionsa Odaiséas mórchroíoch, agus chuimil sí ola dá
chraiceann.

Mhaisigh Aitéine le barr gach scéimhe ó bhaitheas go sáil é,
Is chuir lena mhéid is lena airde, agus scaoil sí go bláfar na locaí
Síos ón gceann ina dtriopaill ar nós iasaintí ina séasúr.
Gaibhneacht óir in san airgead gheal mar leabaíonn an dea-
cheardaí

A fuair ó Phallas Aitéine agus ó Héafaestas an oilteacht
Chríochnaithe atá aige ar a cheird, fear dhéanta na
n-oibreacha is áille,

B'in é mar mhaisigh an diabhean le taitneamh a ghuaile is a
cheann san.

Chuaigh as an iomar amach i gcosúlacht dhéithe na síre,
Is d'imigh thar n-ais agus shuigh sa chathaoir sin gur éirigh sé
aisti,

Thall os coinne a bhanchéile, agus labhair sé chuici agus dúirt
léi:

“Ó! Mura diamhair an bhean tú thar mhná mistéireacha an tsaol
seo!

Croí tur tirim id' chliabhsa tá curtha aige déithibh Oilimpis.
Níl bean eile ar an saol chomh dúrchroíoch leatsa, do shuífeadh
Amhlaidh i bhfad ón bhfear trí anró do gheobhfadh ar mo nós-sa
Agus a thiocfadh thar n-ais in sa bhfichiú bliain ar a dhúchas.
Seo leat, a bhanaltra, cóirigh mo leabaidhse, d'fhonn is go
raghaidh mé

Láithreach chun suain; mar is iarann atá in ionad chroí mo
bhanchéile.

Labhair Peanápla mheabharach ansin á fhreagairt is dúirt leis:
“Tusa atá diamhair! Ní mórtas atá orm, ní fhéachaim anuas ort,
Ná ní hionadh liom t'fhocail, mar tá a fhios agam conas mar
fhéachais

Nuair sheol t'árthach as Iticé amach faoi shá maidí fada.
Seo leat, a Eoraiclia, agus cóirigh a leaba gan mhoill dó
Lasmuigh d'fhallaí an tseomra arbh í a cheard féinig a thóg iad.
Tarraing an t-iompar amach as an áit sin is leath air na héadaí,
Súsaí is lomraí boga is brailíní geala den chéadscóth.”

Labhair sise amhlaidh ag triail a fir chéile; do thaibhsigh
Odaiséas

Lasta le feirg is d'fhreagair sé a bhean ródhúis is dúirt léi:
“Á! Dúraís in sa chaint sin, a bhean, rud a ghoilleas go géar
orm!

Cé hé d'aistrigh an leaba? Ba chruaidh fiú amháin é don té a
bheadh

Oilte ar an obair thar barr, mura bhfaigheadh cabhair dé des na
déithibh

D'fhéadfadh gan amhras í a bhogadh chun aon áite eile le
saoráid.

Ach níl aon fhear beo, dá bhláfaire í a óige, do dhéanfadh
Í d'aistriú gan a lán dá dua d'fháil; cuireadh sa leabaidh
Éacht déantúis is ceirde; mé féin, gan fear liom, a rinne í.
D'fhás laistigh dár gcúirt crann ola a bhí mór fadbhileogach
Is é i mbláth breáthachta is nirt, agus raimhre philéir ina
thréanstoc.

Thógas 'na thimpeall an seomra go hard, chríochnaíos é le
saoirseacht

Dhlúth chloch mór cearnógach, is shíneas an díon thar a bharr.
Chuireas le rogha siúiniéireachta ansin doras dubalta teann air.
Bhearras go lom istigh ann an crann mór mothallach ola
Is ghearras 'na dhiaidh sin le tál agus chuimlíos líofa go préimh
é

Lem' cheardaíocht shároilte gan cháim 's dhíriós leis an bpluma
é.

B'in é mo thaca, agus phollas le tráthar tríd agus tríd é,
Is cheanglas go téagartha teann leis na poill gach posta den
leabaidh,

Is chuireas mar mhaise uirthi ansin obair óir agus airgid is eabhair,
 Is trasna ar an iompar do theannas na strapáí craoraga leathair.
 Sin é mo chomhartha is mo rún duit, a bhean, is ní fheadar an bhfanann
 Fós ar a láthair mar bhíodh, ár leabaidh, nó an amhlaidh a rinne
 Lámh aoinne í d'aistriú tar éis teanntú an chrainn sin a ghearradh."
 B'in é mar dúirt, 's á chlos di, do lagaigh a croí agus a glúine.
 D'aithin sí gach comharthú dá raibh tugtha go cruinn ag Odaiséas.
 Tháinig a deora, agus rith sí ina leith agus d'fháisc sí na géaga
 Timpeall mhuinéal Odaiséis agus phóg sí a cheann agus dúirt leis:
 "Ná bíodh doicheall dá chionn i do chroí chugam féinig, a Odaiséis,
 Óir nach tú an té is ciallmhaire ar domhan? Ach do thoiligh na déithe
 Brón dúinn, toisc gurbh éadmhar an radharc leo sinne le chéile
 Is aoibhneas na hóige is a bláth inár saol nó go dtiocfadh an aois dúinn.
 Ná bíodh oile agat chugam, 's ná tóg ar do chéile, achainím ort,
 Nár thaispeáineas mo ghrá ar chéadradharc mar dhéanaim anois é.
 Óir bhíodh riamh agus choíche critheagla ag gabháil dom go dtiocfadh
 Deoraí d'fhánaithe an domhain is go meallfadh sé mé lena bhréithre
 Bladarta binne — ní bhíonn ó shlua acu ach sochar a n-éithigh.
 Héilin as Argas, iníon Shéis mhóir, ní dhéanfadh sí choíche Searc agus suan le fear deoranta breá dá dtuigfeadh í féinig
 Is conas mar rachadh fiann fhíochmhar Acaea ar a tóir ina n-árthaí
 D'fhonn í a thabhairt leo ar ais go dtí talamh a sinsear 's a teaghlach.
 Dia ba ea do ghríosaigh a croí chun na hoibre gan náire do dhéanamh,
 Is ní raibh sise ina hintinn riamh lánmheáite ar an bpeaca
 A thug mallacht uirthi féin, is gur fhás ár léanta dá dheascaibh.

Ach ó d'eachtraigh do bhéalsa le comharthaí cruinne agus cinnte
 Scéal ár leapan araon, nár ligeadh í d'fheiscint sa tigh seo
 D'aoinne ach amháin tú féin agus mise agus duine den bhantracht,
 Achtairís, bean ó m'athair a fuaireas ag gluaiseacht i leith dhom,
 Is ná bíodh neach seachas í i mbun doirse ár seomra do ghardáil,
 Caithim ar deireadh a admháil, dá dhúire é an croí seo, gur fíor duit."
 Sin é mar dúirt, is ba mhóide ina céile do mhúscaíl sí fonn goil.
 Chaoín sé is a bhean ghrá chroí agus a pháirtí dílis 'na bhaclainn.
 Aoibhinn do lucht longbhriste sa tsnámh radharc d'fháil ar an dtalamh,
 Foireann gur sloigeadh a n-árthach sa mhuir trí bhuile Phoiséadóin,
 Smiotaithe le fogha gaoithe agus tuargaint ólaithe ramhra,
 Agus gur bheag ón bhfarraige léith isteach ar an gcladach
 D'éalaigh ag snámh trí tharrac, is screamh ar a gceirceann le sáile.
 Áthasach leo fód tirim a shiúl tar éis éalaithe as léirscrios.
 B'amhlaidh an uair sin do b'áthasach léi radharc d'fháil ar a céile,
 Is ó bhánghéibheann a géag a mhuinéal ní scoirfeadh sí feasta.
 Ladhar rósdearg an Lae d'éireodh faoi dheireadh ar a gcaoineadh,
 Murach an bheart ina bhfabhar a cheap diabhean, Aitéine na súl glas.
 Choinnigh sí ar theorainn a ceantair an Oíche go fada; san oirthear
 Mhoilligh sí ar imeall na mara Áróra gan dul 'na cathaoir óir,
 Is níor lig cuingir na n-each luathchosach a cheangal don pholladh -
 Is iadsan Lampas is Faetón, a níos Áróra do tharraing -
 D'fhonn go n-imeoidís suas chun solas na ndaoine do thabhairt leo.
 Faoi dheoidh dúirt lena mhnaoi an laoch mór ilbheartach Odaiséas:
 "Lig dom a rá leat, a chéile mo chroí, nár chuireamar fós dínn
 Deireadh na gcros; tá saothar amháin romham, mór fada faghastrach;

A fhaid ní heolach 's a mhéid, ach amháin nach mór dom é a chríochnú.
 Caithfidh mé fulang mar labhair béal scáth Théirisias fáidh liom,
 Nuair chuas síos, lá cinnte, go dtí teach chónaithe Háidéis,
 Ionas go dtabharfadh sé dhomsa is dom' chairdibh an t-eolas abhaile.
 Téanam 'on leabaidh, a bhean, dá bhrí sin, le chéile go mblaisfeam
 Milseacht an tsuain agus aoibneas i mbaclainn a chéile go síoch grách."
 D'fhreagair ansin agus dúirt lena fear Peanápla mheabhrach:
 "Gheobhair luí i leabaidh ar ball, chomh luath, a fhir chéile, is a thiocfaidh
 Éileamh i t'aighe ar shuan, ó thug toil déithe mar fhabhar duit
 Filleadh ar do chaisleán breá ceannard is ar thalamh do shinsear.
 Chuir diacht éigin id' cheann, ar a shon san, labhairt ar na crosaibh
 Atá romhat fós, agus inis dom iad, mar is cinnte go bhfaighidh mé
 Eolas an scéil, lá éigin; ní hé an fios láithreach is measa."
 Dúirt lena mhnaoi, á freagairt, an laoch ilbheartach Odaiséas:
 "Ó! muran tú atá doshásta, a bhean chéile, is go leanair ag tathant
 Ormsa mo scéal rúin d'insint; ach biodh agat, neosfad gan ceilt é.
 Ní bheidh áthas dá chionn ort, áfach, ná níl a leithéid sin
 Ormsa ach oiread, mar d'ordaigh an fáidh dom go bhfeicfinn im' shiúlta
 Éacht mór bailte, agus maide deas rámha agam á iompar ar ghualainn
 Nó go mbeadh tír faoim' chois, is gan eolas na mara ag a muintir,
 Is ná gnáthaí aon tsalann a mheascadh le pé rud a chaithid.
 Ní taibhrítear don dream sin na báid atá daite go craorag
 Ná na maidí a ghníós gnó sciathán ar na hólaithe d'árthaí.
 D'inis sé comhartha den tír sin go cruinn dom, is ortsá ní cheilfead.
 Fear siúil eile ar mo shlí nuair bhuailfidh liom agus go ndéanfaidh
 Tagairt don mhaide ar mo ghualainn ag glaoch bos chráite air mar ainm,

D'ordaigh an fáidh dom mo mhaide a chur sáite ansin in sa talamh,
 Is íobairt a dhéanamh san áit do Phoiséadón Tiarna na mara,
 Reithe agus tarbh d'ofráil ann is collach chlite na gcráinte,
 Is gluaiseacht abhaile ina dhiaidh chun go n-adharfainn le híobairtí fiala
 Déithe na síorbheatha séanmhaire a mhaireas sa bhfairsinge spéirgheal,
 Do réir an tseanordaithe is dual. Ón muir is ea a thiocfaidh dom, dúirt sé,
 Éag saoráideach tar éis na seanaoise do chaithfeas go mín mé,
 Is tuatha an oileáin faoi shó. 'Gach a ndúrt, comhlíonfar,' ar sé liom."
 Labhair Peanápla mheabhrach ag freagairt a céile agus dúirt leis:
 "Má chomhlíonann na déithe go séanmhar duit ré na seanaoise,
 Bíodh súil mhaith agat fós go bhfuil seachaint an donais i ndán duit."
 B'in é mar bhí an lánú sin i gcomhrá milis le chéile.
 Chóirigh an bhanaltra dhílis le cabhair Eoranaime dhóibhsean
 Leabaidh na mínéadaí lena linn faoi sholas na dtóirsí.
 Tar éis dóibh pluideanna breátha do leathadh ar an leabaidh le cáiréis,
 Chuaigh an bhean aosta thar n-ais chun a seomra agus shín sí chun suain ann.
 Thóg Eoranaime tóirse ina lámha agus chuaigh chun na lánún,
 Óir ba í féin seirbhíseach a seomra, agus sheol chun a leapa iad,
 Is d'fhág lena chéile ann sin. Nuair bhíodar ar deireadh ina n-aonar,
 Chuadar le háthas 'na luí i seanghnáthóig leabaidh an phósta.
 Thug Teilimiceas óg agus buachaill na mbó is an mucaoire
 Sos ón rince dá gcosa is do chosa na mban a bhí leotha,
 Is shíneadar féin chun suain faoi scáthanna fairsinge an halla.
 Nuair bhí sásamh a geroí dá síorghrá fachtá ag an lánún,
 Fuaireadar sásamh na cainte is a scéalta dá chéile acu á n-eachtraí.
 Dúirt pátrún sin na mban gach iomard dár fhulaing sa chaisleán;
 Thrácht sí ar threibh na mallacht, ar an gcomplacht éilimh, a chíodh sí,
 Is mairt agus éacht méithchaorach mar gheall uirthi féin acu á dtreascairt

Choíche gan traochadh agus crúscaí fiona gan teora acu á dtarraingt.

D'inis Odaiséas féin a raibh fágtha d'iomard aige ar naimhde Riamh ó shin, is ar fhulaing sé féin d'ainnisíocht agus d'anró; D'inis sé leis, d'éist sise le bród, 's níor lig sí don chodladh Teachta ar a súile go raibh gach scéal díobh eachtraithe tríd síos. Thosaigh le conas mar chloígh sé na Cicinigh, agus 'na dhiaidh sin,

Conas mar tharraing sé tír mhórthóid lucht lótais a chaitheamh. D'eachtraigh sé coirthe an Chioclópaigh is conas mar d'agair sé féin air

Bás dhream curanta a bháid, d'alp siúd gan taise mar bhéile. Thrácht sé ar Aeólas gaofar a thug barr féile ina thigh dó Is cabhair chun imeacht. Níor dhán dó go fóill dul thar n-ais ar a dhúchas,

Áfach; do rug stoirm greim ar na báid agus d'ardaigh chun siúil iad

Siar léi ar ólaithe an éisc agus Máistir na maraithe ag cneadaigh. Tharraing sé, dúirt sé, ina dhiaidh Téilipíleas cathair ar chósta Laestragóine na mbrútach a scrois idir thearaibh is bháid iad, Gach fear díobh, ach amháin Odaiséas 's a raibh fairis san ártach.

Bhí mealltóireacht is draíocht agus beartaithe Chirce ar na scéalta

A dúirt sé, is a thuras in ártach ar hallaí dreoite na marbh, D'fhonn feasa d'fháil ar a chúrsa ón bhfaidh Téirisias Téibeach, Agus go bhfaca san áit sin na cairde do chomhraic i dTraí leis, Is anam na máthar a shaolaigh é féin is a thóg ina pháiste é. D'eachtraigh sé ar ghlór binn ard Shíreanaí ceolmhara an mheallta,

Is conas mar sheol thar na Fochaisí Fáin is Charaibdís an scanraidh,

Agus an t-arrachtach Scille ná téann fir thairsi gan chinniúint. Rinne fir ocracha a bháid mairt Heilias niamhraigh a threascairt, Dúirt sé, agus scaoil Séas éachtach na dtóirneach anuas as na spéartha

Caor dhearglasrach in imeall an ártach, is mhairbh in éineacht Foireann na bhfear, ach do thug sé féin leis an t-anam as éirleach,

Is tharraing oileán Ógaigia agus fuair ann an diabhean Calapsó,

A choinnigh le searc ina lúib é is gur mhian léi snaidhmeadh mar mhnaoi leis

Faoi dhíon cabhaiteach a huamhnach 's a thug dó cothú agus a gheall dó

Parthas beatha gan bhás is gan aois feadh na laethanta síoraí, Is nár dheachaigh bréithre agus mílse ar a shon san i bhfeidhm ar a chroí istigh.

D'inis sé a thuirling i dtír na bhFaidhicéach i ngátar 's in anró, Is conas mar thugadar ann dó gach urraim is dual dos na déithibh,

Agus mar ligeadar uathu é ina n-ártach go talamh a dhúchais Tar éis neart seod idir bhróinse agus ór agus éadach a bhronnadh air.

B'in deireadh scéalta ag an laoch, agus thit suan milis 'na dhiaidh air

Is d'fhuascail a ghéaga ó thuirse agus a aigne ó mheabhraithe saolta.

Bhí rudaí eile dá dtaibhreamh do dhiabhean na súl glas Aitéine Chomh luath is shíl sí gur leor a raibh facht ag a laoch geal Odaiséas

D'aoibhneas i mbaclainn a chéile agus d'aoibhneas an tsuain ina leabaidh.

Mhúscaíl sí ag imeall na mara Áróra le dul 'na cathaoir óir Suas ar an aer chun na ndaoine do shoilsiú. D'éirigh Odaiséas Láithreach as leabaidh a shuain agus labhair lena chéile agus dúirt léi:

"Trínár ndóthain araon des na crosa, a bhean dílis, atáimid Gafa; do bhás faoi dheora ag fanacht leis an bhfear go raibh a fhánaíocht

Lán d'anró; do choisc Séas agus déithe nach é le cinniúintí Mise ar mo dhúchas a tharraing, dá ghéire do theastaigh sé riamh uaim.

Linne ba mhinic is b'fhada ba mhian luí i leabaidh le chéile: Fuaireamar é, agus anois, gach a bhfuil in sa tigh seo dem' sheilbh.

Fansa ina bhun; gach ar ídigh an complacht éilimh dem' thréada, Tógfad le foghail ina chúiteamh a lán, agus bronnfaidh mo mhuintir

Mórán eile ina theannta go líonfar na loic mar a bhídís.

Rachaidh mé uaitse go dtí m'úlloirdí scáfara feasta

D'fhonn aghaidh m'athar d'athfheiscint, atá síorchráite do
m'éagmais.
Dá mhéad ciall atá id' cheann, ní miste dhuit comhairle do chlos
uaim:
Leathfaidh le héirí gréine ina ráfla uafáis idir dhaoine
Bású an chomplachta éilimh go ndearna sa teaghlach a
dtreascart.
Téir chun do sheomraí in airde is do bhantracht chomhdeachta
farat;
Fan ansin, ná glac cuairteoir, ná fiafraigh rud d'aoinne."
Sin é mar dúirt, agus chuir gabháil niamhrach na n-arm ar a
ghuaille,
Is mhúscaíl 'na dhiaidh as a suan Teilimiceas 's aoire na mart
méith
Is aoire na muc, agus culaithirt chogaidh a chur orthu d'ordaigh,
Is níor dhiúltaíodar dá ghlór, ach i mbróinse iad féinig do
ghaibheadar.
Leathadh na doirse, do chuadar amach, ba chun tosaigh
d'Odaiséas.
Bhí an chéad solas ag breacadh, ach choinnigh Aitéine ina
dtimpeall
Clúdach na hoíche go fóill, agus sheol as an gcathair go luath
iad.

XXIV

Ghlaoigh Heirméis Cilléineach amach ar na hanmain chloíte
A scar leis an gcomplacht éilimh; do bhí slat álainn 'na lámha
aige,
Is í an tslat óir í go gcuireann sé draíocht léi ar shúile na
ndaoine
Do réir mar is toil leis, 's is léi a dhúisíonn sé na daoine as a
gcodladh.
Chuir sé sa tsiúl léithe iad, agus leanadar eisean ag gíoglaigh.
Dála na sciathán leathair in uamhain mhóir dhiamhair ag cíteall
Timpeall 's ag gíoglaigh sa doircheacht thiar, má thiteann den
bhfalla
Ceann acu anuas toisc greama a chailliúint 's iad lúbtha ina
chéile,

B'amhlaidh sin dóibh ag leanúint is ag gíoglaigh; b'iúd é chun
tosaigh
Heirméis Lia á stiúradh ar chosánaibh na bhfáiseanna dreoite.
Ghaibheadar thar theorainn shruthán an Aigéin is na Carraige
Báine,
Ghaibheadar thar gheata na Gréine is ar aghaidh trí dhúthaigh
na nAisling,
Agus ba ghearr ina dhiaidh go dtí an Móinéar Asfadail sroichte
iad,
Mar a bhfuil cónaí ar anmain 'na scáthanna daoine tar éis bháis.
Fuaireadar ann scáth mhac Phéileis, Rí niamhrach Aichilléas,
Is bhí Patraclas mar aon leis is Prionsa Antalacas éachtach,
Agus an laoch mór Acaes do b'áille ina phearsain 's 'na
dhealramh
D'fhearaibh Acaea na sárfhear i dtánaiste d'ollmhac Phéileis.
B'iadsan an triúr a bhí timpeall air sin, nuair tháinig 'na ngaire
Anam a dtaoisigh 's a gcomhshaighdiúra Agamamón mac
Aitréis
Faoi bhuaire; is iad a bhí ag siúl lena thaobh san, na daoine do
básaíodh
Fairis i dtigh Aegastais ar lá dubh úd na cinniúna.
Ba é an Péileideach an t-anam ba thúisce do labhair, agus dúirt
sé:
"Mheámar, a mhic Aitréis, go raibh bronnta aige Tiarna na
gcaor ort
Fabhar i laethe do shaoil thar ar mhair d'ardlaochraibh ar
talamh,
Toisc go raibh réim ardrí agat ar shluaite na féinne ba chróga
A chomhraic ar phlána na Traí úd ba dhuaisiúil d'fhearaibh
Acaea.
Ach ar a shon san, do bhí i ndán duitse go mbéarfadh roimh am
ort
Lámh na cinniúna ná féadann an té a saolaítear í a sheachaint.
Á! Nárbh fhearra go mór duit 's onóracha is ceannas an rí agat
Titim ar pháirceanna Thraí, dá mba dhán duit treascart san am
úd.
Thógfadh gach aicme d'Acaea sa tír sin an tuama ba mhó dhuit,
Is ní bheadh deireadh go deo leis an ardchlú a thiocfadh dod'
mhac uait.
Faoi mar atá, ní mó is trua dán ná an bás sin a rug ort."

Labhair scáth mhac Aitréis á fhreagairt is dúirt leis an rílaoch:
 "Aoibhinn, a mhic Phéiléis, duit, a Aichilléis a dhealraigh le déithe!
 D'éagais i bhfad ó Argas i dTraí mar ar leagadh id' thimpeall
 Mórán d'fhianna na Traí is mórán, leis, d'uaisleacht Acaea
 A throid ar a chéile do chorp a bhí sínte go mór fada maorga
 Eadrainn i nguairneán smúite gan cuimhniú ar ionramh na
 gcapall.

Bhíomar ag coimheascar ar feadh an lae fhada, agus choíche ní
 thaibhreodh

Aoinne den tslua sin ar stad, ach gur stad Séas féinig le stoirm
 sinn.

Siar chun na mbád tráthnóna as an gcomhrac ag iompar do
 choirp linn,

Shíneamar siar é ar leabaidh 's le níochán mallbhog uisce
 Ghlanamar é agus d'olaíomar, 's id' thimpeall do shil na
 hAcaeigh

Deora ina sruthanna teo, agus le cumha is mó loca do bearradh.
 Tháinig do mháthair aníos fara buin bhandéithe as an mórmhuir
 Chomh luath is chualaigh an scéala, agus leath ar an bhfarraige
 go diamhair

Geoin ard, ionas go dtáinig critheagla ar fhiannaibh Acaea.
 Raghaidís láithreach ag teitheadh chun folaithe i mbolg na
 n-árthaí

Murach gur stad fear iad a bhí lán d'ardeagna na sinsear,
 Neastór; minic do ba eisean an té ab fhearr comhairle ar na
 taoisigh,

Is labhair leo anois agus dúirt chun go stiúrfadh ar bhóthar a
 leasa iad:

"Fóill oraibh, a fhearchona Argais! Is, a óglacha Acaea, ná
 teithidh!

Siúd í a mháthair a thug fara buin bhandéithe as an mórmhuir
 D'fhonn is go mbeidh sí ar thóramh an mhic mhórchlú seo atá
 sínte."

Sin é mar dúirt, agus dhíbir as muintir Acaea an faitíos sin.
 Sheasaimh an trúp i do thimpeall, iníonacha Sheanfhear na mara,
 Is rinneadar caoineadh go géar 's olagón truamhéalach mar
 gheall ort,

Is chuireadar ort róbaí síoraíochta mar chaitheann na déithe.
 Chan Naoi mBéithe na ndán 's uainíocht ar a chéile acu á
 déanamh

Caoineadh; ní fheicfeá Airgibheach ansin nárbh éigean dó deora
 A shilt, chomh mór san a chorraigh amhrán binn diachrach na
 mBéithe iad.

Seacht déag d'oícheanta is laethanta lean ag an ndream sin in
 éineacht

Caoineadh do bháis, idir dhéithe na síre agus dhaoine
 neamhbhuana.

Tháinig an t-ochtú lóchaint déag, is do dhómar ar charn thú
 Is neart méithchaorach againn agus mart camadharcach á
 n-íobairt:

Dódh thú in éide na diachta is a lán ola cumhra ar do chraiceann
 Agus a lán meala milse, agus rinne éacht d'fhearaibh Acaea
 Máirseáil mhór faoi airm mórthimpeall an chairn ar ar dódh thú,
 Coisithe groí is dea-mharcaigh, is b'éachtach an torann a bhí
 acu.

Tar éis a bheith dóite aige bladhair Héafaestais dod' chorp ina
 iomláine,

Le céadlóchaint an lae do bailíodh do chuid cnámh geal, a
 Aichilléis,

Is cuireadh in ola is i bhflon gan lagú. Ba í do mháthair a thug
 dúinn

Crúsca óir ghil chun na taisce; do bhronn Dianasa an t-áras
 Niamhrach san am uirthi, dúirt sí, agus ba é Héafaestas a rinne é.
 Sin é an coimeád atá fachta ag do chnámha geala, a Aichilléis an
 ardchlú,

Is cnámha Phatraclais faru, do maraíodh romhat, planda
 Mheinéitias;

Trí chéile ann de 'ur gcnámha, is ar leithrigh fágadh sa chrúsca
 Cnámha Antalacais óig sin go dtugta gradam thar cách dó
 D'fhearaibh an chamtha tar éis bháis d'fháil do Phatraclas ba
 dhílse.

Chrom ár slua Airgibheach 'na dhiaidh sin ar chruacha na cré
 oraibh,

Is b'éachtach an tuama is ba ghlórmhar a thógamar duitse agus
 dóibh ann,

Ós cionn faille go hard 's radharc fairsing ar Heilléaspont uaithi,
 Ionas go dtaibhseodh d'fhearaibh i gcéin ar an bhfarraige in
 ártach,

Dóibh sin a sheolas inniu, agus thairsi ina dhiaidh seo do
 sheolfas.

D'achain do mháthair ansin rogha duaiseanna ar dhéithe agus
d'fhág sí
Gach a raibh bronnta uirthi dhíobh chun treise idir uaislibh
Acaea.
Chonaic do shúile cluichí a lán laochra do rinneadh led' linn féin
Timpeall na tuama tar éis bháis rí agus na hóglaigh ar páirc ann
Á ngiortáil féin suas, á gcóiriú féin chun na treise;
Ach ba é an t-iontas ba mhó riamh ort dá bhfeicfeadh do dhá
shúil
Áilleacht na seod treise úd le honóir duit a thairg an diabhean
Téitis na dtroithe geala airgid; ba rún croí déithe go deimhin tú.
Is ea, fiú amháin sa bhás níor chaillis do ghlóire, ach go deo deo
Leanfaidh do chlú sárnamhrach i measc gach a maireann, a
Aichilléis.
Ach cad a bhuas-sa dhom féin nuair thugas an cogadh chun
críche?
Ba é a bhí beartaithe ag Séas tar éis fillte dhom, díogha na
drochíde
Faoi dhúlámha Aegastais an fhíll agus chéile na mallacht."
B'amhlaidh don bheirt sin ag labhairt ina gcomhrá thíos lena
chéile.
Tháinig an Seoltóir chucu, do mhairbh an t-arrachtach Argas,
Is anmain an chomplachta éilimh 'na dhiaidh, a bhí cloíte ag
Odaiséas.
Láithreach ar radharc d'fháil orthu, do shiúlaigh an bheirt ina
gcóngar;
D'éirigh le hanam an Ardri chróga Agamamnón mac Aitréis
Mac cáiliúil Mheilinéis, Amfamadón, d'aithint 'na measc san,
Toisc a bheith cheana ina chóisireach in Iticé i dteaghlach an
Phrionsa.
Ba é an tAitréideach ba thúisce do labhair dá scátha is a dúirt
leis:
"Cad a bheir daoibhse, a Amfamadóin óig, faoin ndomhan sa
doiléireacht
In bhur scoth fear comhaoise do thuirling? Is léir nach ar
mhalairt
D'fhearaibh a bheartódh aoinne agus céadscóth i gcathair á
thoghadh aige.
Cé acu sa tseol daoibh cloíte ag Poiséadón Tiarna na mara
A thóg in bhur gcoinne na gálaí crua agus na hólaithe fada?

Nó an bhfuil léirscrios ar tír nuadhéanta aige naimhde gan trua
oraibh
Le linn creach d'ardú libh, na ba agus na caoire do b'áille?
Nó an rug bás oraibh ag d'iarraidh a gcathair a thógaint 's a
mbantracht?
Freagair mo cheist: maím orm gur chóisireach id' theaghlach
fadó mé.
Bé nach cuimhin leat an chuairt sin a thugas ar mhuintir do
thíse
D'fhonn diantathant a dhéanamh, mé féin 's Meinealás, ar
Odaiséas
Is é a thabhairt linne go hIlíam 's a bháid is a rámhaithe fairis?
Mí mór fada ina dhiaidh is ea do bhíomar ag seoladh ar an
mórmhuir
Tar éis bua an áitimh sin d'fháil ar Odaiséas scriosta na
mbailte."
Fuair sé freagra gan mhoill ó scáth Amfamadóin. Dúirt sé:
"Fíor sin, a mhic Aitréis, a ardri shlua féinne Agamamnón.
Gach aon rud acu is cuimhin liom, a dhalta na ndéithe, mar
dúraís,
Is neosfaidh mé dhuit tríd síos gan agó is gan pointe do cheilt
ort
Scéal na droch-chríche is na híde do fuaireamar 's conas a
tháinig.
B'fhada gan teacht d'Odaiséas agus bhíomar ag éileamh a mhná
san,
Is bíodh is gur ghráin léi an pósadh, ní thabharfadh eiteach ná ní
gheobhfadh leis,
Is dúchinniúint agus bás á mbeartú dhúinne ina croí aici.
Bheartaigh sí an mealladh seo dhúinn: bhí seol scópúil aici leata,
Is deireadh sí linn — a fheara uaisle do tháinig ag d'iarraidh mo
phósta,
Ó tharlaíonn ná maireann mo chéile, gur cailleadh Odaiséas,
Scoiridh den tathant go fóill, nó go bhféadfaidh mé an
t-éadach seo a chríochnú,
D'fhonn is nach obair in aistear dom' shnách atá sníte go breá
agam.
Is é an seanlaoch Laeirtéis a gheobhfad lá éigin sa bhrat sin,
Nuair bheidh scartha lena anam is go sínfidh an bás ina shuan é,
Ionas ná féadfar a rá chun mo náirithe i measc bhan Acaea,

Dá mhéad saibhreas a bhuaigh sé, gur síneadh gan clúid ar a mharbh.
 B'iadsan a bréithre, agus chuir sí ina luí orainn iad lena mealladh.
 Bhíodh sí feasta do ló agus an anairt fhairsing dá fi aici,
 Is bhíodh aici an snách istoíche dá scaoileadh le solas na dtóirsí.
 Mar sin i gan fhios ar feadh trí mbliain lean mealladh na n-uaisle,
 Ach nuair tháinig an ceathrú bliain ' chionn chasta na séasúr
 Is mórán míosa a dhul tharainn is mórán laethanta a chríochnú,
 Fuaireamar cruinnfhaisnéis ar a birt ó dhuine dá bantracht,
 Is tháingamar d'óiche uirthi féin agus obair an lae aici dá scaoileadh.
 Leis sin, b'éigean di a saothar a thabhairt chun críche dá neamhthoil.
 Nuair bhí an t-éadach seo fite is gur thaispeáin dúinn ina róba é,
 Is bhí, tar éis nite go gléigeal, ar niamhraíocht ghréine agus ghealaí,
 B'é sin an t-am, le drochthoil diachta éigin, gur seoladh Odaiséas
 Chugainne, ní fheadar cad as; b'ar an lúib dá thalamh ba shia uainn
 D'imigh sé i dtír, 's gurbh ann a bhí aoire na muc ina chónaí.
 Bhuaill mac óg Odaiséis sa bhothán sin lena athair tar éis dó Seoladh isteach lena bhád ó Phiolas na gainimhe báine.
 Rinneadar ide chinniúnach don chomplacht éilimh a bheartú
 Thall lena chéile, agus aistear 'na dhiaidh sin go cathair an ardchlú;
 Shroich Teilimiceas chugainn ina fhear tosaigh; 'na dhiaidh sin do tháinig
 A athair in éadaí gránna, agus fairis an t-aoire ina ghiolla.
 Bhí sé i gcló agus i ndealramh seanóirín ainise is déirce
 Cromtha ar a mhaide agus balcaisí dona ar a chraiceann mar chlúdach.
 Ní raibh daonna inár measc, fiú amháin ár ndaoine ba shine,
 D'fhéad, nuair thaibhsigh sé sin 'nár láthair go hobann, é d'aithint;
 Tarcaisniú le drochbhéal is le buille is ea a bhíomar a dhéanamh.
 D'fhan sé siúd ar feadh tamaill 'na chaisleán féinig ag fulang
 Le cruachaitheamh na lámh 's le fonóid ár mbuine go foighneach.

Ach nuair dhúisigh a mheanma le toil Shéis Tiarna na Scéithe,
 D'aistrigh sé gach arm faobhair le cabhair Theilimicis uainne
 Sall chun seomra na taisce agus d'iaigh orainn glas an dá sparra,
 Is d'ordaigh ansin dá mhnaoi leis an ngliocas thar teorainn a bhí ann
 Saigheada is an bogha agus na hiarannaí pollta do thairiscint dúinne,
 Is b'in gléas treise ba thrúig dhúthreascatha d'fhearaibh an donais.
 Níor fhéad aoinne againn sreang bhogha an tsárfhir a theannadh — b'fhada as dúinn.
 Ach nuair bhí an bogha éachtach á iompar anonn chun Odaiséis
 Agus le tabhairt dó ina lámha, d'éigh gach a raibh ann againn d'aonghuth
 Gan mian a aigne do shásamh, dá dhéine do phléifeadh sé chuige,
 Is bhí Teilimiceas óg ar an aon fhear a dúirt leis é a ghlacadh.
 B'iúd é ag breith ar an arm, laoch mór an fhadfhulaing Odaiséas;
 Rinne sé an teannadh gan dua, scaoil saighead trí phollaibh na n-iarannaí,
 Chuaigh ar an dtairsing 'na sheasamh is d'fholmhaigh an bosca dá shaigheada
 Is fearg ar lasadh ina shúile, is do lámhach Antanús uasal.
 D'aimsigh sé roimhis amach agus faoin gcuid eile den chomplacht
 Scaoil sé saigheada na bpian agus shín sé in imeall a chéile iad.
 Níor fhan amhras againn ná go raibh diacht éigin 'na gcuibhreann,
 Óir b'iúd iad ag imeacht le racht fiain cuthaigh is ag teannadh Buillí linn soir siar; b'uafásach an gleo é, is ba ghránna
 A bhí glór cloigeann á scoilteadh, agus fuil ina slaoda feadh an urláir.
 B'in é mar treascaradh sinn, a Agamannóin, is fágadh na mairbh Sínte gan adhlacadh is táid fós amhlaidh i dteaghlach Odaiséis.
 Óir ní heolach go fóill é do ghaoltaibh i dtithe na n-uaisle
 A thiocfadh 'na leith leis an gcrónfhuil a ghlanadh as a gcréachta le níochán,
 Agus a chaoinfeadh is iad faoi chlár mar ba dhual dá bhfuil éagtha."

Labhair scáth mhac Aitréis á fhreagairt is dúirt leis an ógfhear:
 "Aoibhinn, a Odaiséis, duitse, a ardmhic Lacirtéis na gclúbheart!
 B'éachtach na tréithe go cinnte do bhuaigh a leithéid sin de
 mhnaoi dhuit;

Is ó! Nár mhór an tsuáilce do bhí i bPeanápla ríbhean
 Iníon Iciris mhóir nár dhearmaid riamh a hOdaiséas,
 Sárfhear a phós ina hóige í! Agus choíche dá réir sin ní éagfaidh
 Clú a mórmhaitheasa, is tabharfaidh na déithe do mhuintir an
 tsaoil seo

Mar phátrún 's ábhar éigse is amhrán, Peanápla mheabhrach.
 Iníon Thindiréis d'oibrigh an chreach, níorbh amhlaidh a bhí sí;
 Mhairbh sí an céile do phós ina hóige í, is déanfaidh sí
 d'fhearaibh

Pátrún dánta uafáis, agus fágfaidh ar mhná faid a bheid ann
 Díogha an droch-chlú, fiú amháin ar an mnaoi gur suáilceach a
 gníomhartha."

B'amhlaidh don bheirt sin i gcaint is i gcomhrá diamhair le
 chéile,

Háidéas na scáth ina dtimpeall, 's an talamh mar dhíon os a
 gcionn ann.

Chuaigh Odaiséas is a bhuíon faoin dtuaith, agus shroicheadar
 láithreach

Feirm bhreá shaothraithe Rí Lacirtéis, go ndearna sé talamh
 Fónta san am di le teann sclábhaíochta agus leasaithe i gcónaí.
 B'ann a bhí teach aige is timpeall an tí sraith mhór de
 bhothánaibh,

Baill a bhí ceapaithe d'fhearaibh a thugadh a ndaorsheirbhís dó;
 B'iontu chun codlata is bídh is ar uairibh an tsosa dá dtuirling.
 Ráinig bean aosta ó Shicil ar dhaoraicme oibre an tseanóra
 D'fhéachfadh 'na dhiaidh ina theaghlach i bhfad ón gcathair le
 dúthracht.

Labhair Odaiséas leis an mbeirt aoirí is lena mhac agus dúirt leo:
 "Téigidhse isteach in sa tigh is i gcomhair ár mbéilene meáin lae
 Básaídh rogha muice méithe, ach déanfadsa m'athair a thástáil
 Cé acu a n-aithneoidh sé a mhac tar éis breathnaithe tamall go
 cruinn orm,

Nó ' chionn aimsire i gcéin dom, an raghaidh dá shúile mé
 d'aithint."

Labhair seisean amhlaidh, is thug dos na haoirí a airm agus a
 éide.

B'iúd leo ag brostú isteach in sa tigh, agus d'imigh Odaiséas,
 D'fhonn is go mbraithfeadh 'na thimpeall, go húlloird thorthach
 na feirme.

Doilias ceann na bhfear oibre ar a shiúl níor thaibhsigh dá
 shúile,

Ná sclábhaí ná mac leis; bhíodarsan uilig i gcúram
 Clocha a bhailiú feadh na ngort chun falla do chur ar an úlloird,
 Is d'imigh an seandúine ina fhear cinn riain chun a stiúrtha
 farótha.

Chuartaigh an laoch agus fuair in san úlloird a athair ina aonar
 Is planda á rómhar aige isteach; ba bhrocach é cóta an tseanóra
 Is gránna thar meon faoi roinnt paistí, is ar a loirgne chaith sé
 Dhá cholpán seithe bó is iad paistithe in aghaidh gach a
 scriobfadh,

Is lámhainne ar a lámha mar chosaint ar dheilgne; in airde ar a
 cheann bocht

Chaith sé cafarr seithe gabhair, is ba bhrónaí d'ainnise an fhir é.
 Díreach ar a athair d'athfheiscint do laoch an fhadfhulaing
 Odaiséas,

Crom faoi ama na haoise agus líonta de dhiachair an chroí
 istigh,

Stad faoi chrann piorra mór ina sheasamh is tháinig a dheora.
 D'fhan sé tamall ag machnamh is bhí á thaibhreamh dó ina
 intinn

A athair a phógadh is a ghéaga a chaitheamh 'na thimpeall is
 eachtraí

A dhéanamh ar chúrsaí a shaoil 's ar a theacht thar n-ais ar a
 dhúchas,

Is tuigeadh 'na dhiaidh dó go mb'fhearr é a thástáil, b'fhéidir, is
 a cheistiú.

Agus ag machnamh dó, mheas faoi dheoidh gurb é rud ab fhearr
 dó,

A intinn a cheilt agus a athair le bréithre fonóideacha a thástáil.
 Díreach ansin ina threo leis an smaoineamh sin d'imigh
 Odaiséas;

Chrom fós a athair a cheann chun na cré ag rómhar timpeall a
 phlanda.

Sheasaimh a rímhac niamhrach lena ais agus dúirt sé lena athair:
 "Ní tú, cinnte, a sheanóir, ná fuil oilte ar an gcúram a leanas
 Gairdín. Táthar ag tabhairt ardaire dhó. Ní fheicim ag fás ann

Aon chrann ola ná piorra, ná a bhfuil in san iamh seo de
ghlasraí.
Tá níos mó agam le rá leat, is ná glac fearg mar gheall air:
Níl an t-an-aire agat féin; tá an chríneacht 's a hainnise gafa
Lastuas díot; tá do chraiceann salach 's do chuid éadaigh go
gránna.
Ní mar gheall ar do leisce ná tugann do mháistir duit aire.
Ní shamhlódh sé go deimhin sclábhaíocht leat, an té do
bhreathnódh ort,
Maidir le gné agus le déanamh; is léir go bhfuil dealramh le rí
agat.
Féachann tú dhomsa mar fhear dár ghnách tar éis folcadh agus
béile
Codailt i leabaidh na míne go sámh, mar is dual do sheanóirí.
Abair an méid seo liom, áfach, is inis go fíor gan agó é:
Cé hé an fear dá bhfuil ag sclábhaíocht? Cé leis an gairdín?
Freagair 'na thaobh seo mé, leis, go soiléir, mar ba mhaith liom
a bheith cinnte:
Abair an amhlaidh in Iticé a bheinn? Sin é mar a dúirt liom
Duine a bhuaill liom 's mé ag druidim i leith, ar an mbóthar
anois beag,
Fear ná raibh róchruinn, mar ní thógfadh air féin a bheith
cainteach
Ná fiú éisteacht lem' chaint, nuair loirgeas go piacloch air
tuairisc
Chóisirigh a bhí agam san am, cé acu an bhfuil sé fós ina
bheathaidh,
Nó an bhfuil básaithe cheana agus áitreabh go brách aige i
Háidéas.
Neosfaidh mé a scéala san duitse, agus tabhairse dhom aire agus
éist liom:
Blianta ó shin thugas féile agus óstaíocht d'fhear i mo thírse
A tháinig ar cuairt, fear breá, chomh mór níor thaitin riamh
liom
Aoinne a sheol ó thíorthaibh i gcéin is a thuirling im'
theaghlach.
Mhaigh sé air féinig gur d'Iticé a chine, agus dúirt ina theannta
Gurbh é an Rí Laeirtéis, ba mhac d'Aircéisias, a athair.
Ghlacas im' theaghlach é sin agus thugas dó féile go
neamh-mhion;

Fuair mo choigríoch óstóir croíúil, mar ba shaibhir é an
teaghlach.
Nuair bhí seisean ag fágaint, bhronnas go fial mar ba chóir air:
Fuair sé uaim seacht dtallaintí óir d'ardghaibhneacht an ghabha
ghil,
Is babhla chun fiona, den airgead ba dhílse agus bláthanna
greanta air;
Thugas de chuilteanna dhá cheann déag, 's a oiread eile de
chlócaí,
Agus 'na dteannta san ceathrar ban a bhí álainn 'na bpearsain
Is oilte ar an obair is deise; thóg sé féinig a rogha dhiobh."
Tháinig na deora lena athair is d'fhreagair sé a mhac agus dúirt
leis:
"Táir in sa tír gan agó, a bhfuil do cheist mar gheall uirthi, a
dheoraí,
Ach tá ceannas ag lucht an-tréan ann 's ag teallairí gránna.
Féile na seod iomadúil, is in aistear a bhronnais air sin iad.
Dá mbuailfeása led' chóisireach in Iticé an dúchais 'na
bheathaidh,
Bheadh comhardú agat le fáil agus bronnadh na seod ag imeacht
duit,
Is féile an dea-chroí mar is córtas, an té a thug dúinn í, go
bhfaigheadh uainn.
Abair an méid seo liom, áfach, is inis go fírinneach cruinn é:
Cén fhaid blian ó thugais an fhéile don bhfear sin, a dheoraí,
Cóisireach gan rath; má mhair agam féin mac riamh, ba é siúd é
D'fhearaibh an donais; i bhfad ó chairde, ó dhúthaigh a shinsear
A fágadh sa mhuir é ina bhéile ag an iasc, nó d'ith ar an
dtalamh
Éanlaithe is ainmhithe fiaine é ina chonablach. Caoi ag a
mháthair
Ní raibh ar eisean a chaoineadh tar éis brat a fhilleadh ar a
mharbh,
Ná agam féin; níor chaoín Peanápla mheabhrach, an chéile
A bhuaigh sé le mórán spré, leis na gnátha ba dhual dá bhfuil
éagtha,
Eisean ar leabaidh a bháis; ní dhearna sí dúnadh na súl dó.
Teastaíonn faisnéis uaim ina theannta san, d'fhonn a bheith
cinnte:
Cér díobh thusa is cad as duit? Inis dom do chathair 's do chine.

Cá bhfuil an t-árthach ar ród a thug chugainne thú féin is do
chomplacht
Tréan mairnéalach? Nó an amhlaidh a rinnis-se margadh le
captaen
Báid nach leat? Is ar sheoladar leo tar éis tiormaithe dhuitse?"
Dúirt ansin á fhreagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:
"Gach a bhfuil d'eolas agamsa, a sheanóir, inseod duit tríd síos.
Fánaí as Alabas mise, tá caisleán breá agam san áit sin.
Mac rí mé, mac Aiféidis a shíol ó Rí Polaipéamón;
Is é m'ainm féinig, a sheandúine, Eipéiríteas. Cuireadh amú mé
Is shéid deamhan éigin i leith ó Shicil an t-árthach ar ród ann.
Is í seo an cúigiú bliain ó chuireamar slán le hOdaiséas
Thall i mo dhúthaigh 's go dtug sé cúl leis an dtír 's leis an
gcaisleán.
Ní raibh an rath air; más ea, taibhsíodh tuair mhaithe ag imeacht
dó,
Éalaithe ar thaobh láimhe deise, is ba shásta dhom féin ag cur
sláin leis.
Chomh maith, b'áthasach dósan, is súil ag an mbeirt againn ná
raghadh
Faid saoil tharainn gan caoi againn arís ar an bhféile is ar
bhronnadh."
Sin é mar labhair; thit diachair 'na dúscamall láithreach ar a athair.
Thóg sé cré na talún lena dhá ladhair, 's chaith ar a cheann í
Is mheasc lena liathfholt í ag olagón is ag cneadaigh gan
staonadh.
Chorraigh a léanta Odaiséas, agus bhraith sé ina shróin ar an
uair sin
Priocadh a thig roimh ghol nuair bhreathnaigh sé a athair ag
caoineadh.
Rith sé de sciúird chuige anonn agus d'fháisc is phóg é agus
dúirt leis:
"A athair, is mé dhuit an duine atá ar iarraidh, 's go bhfuilir
a'm' cheistiú,
Fillte in sa bhfichiú bliain ar mo thír is ar thalamh mo shinsear.
Coisc t'olagón agus éirigh as caoineadh is as deora do shileadh.
Óir tá ní agam le rá leat — ní mór dúinn déanamh go gasta.
Rinneas inné sa chaisleán ár gcomplacht éilimh a bhású.
D'agraíos orthu mo náire is mo threighid is a n-iomarca
coirthe."

Labhair ansin Laeirtéis ag freagairt a mhic agus dúirt leis:
"Más tú féinig mo mhac Odaiséas atá tagaithe abhaile,
Beidh comharthaí agat le rá liom, is comharthaí cinnte a
chreidfinn."
Dúirt ansin á fhreagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:
"Breathnaigh mar chéadchomharthú dhuit ar rian seo na cneadha
do fuaireas
Maidin ar Chnoc Pharnáis nuair rop torc fiain mé lena fhiacail.
B'amhlaidh a bhíos ann ar cuairt, ó d'ordais féin dom 's mo
mháthair
Triall ar a hathair thar lear, Átalacas, d'fhonn is go bhfaighinn
uaidh
Bronnta na seoda a gheall, nuair tháinig, go solmanta dhomsa.
Déarfad an chuid des na crainn in san úlloird álainn seo a
thugais
Domsa ins na blianta fadó, nuair bhínn a'd' bhodhradh lem'
fhiafraí.
Leanainn im' pháiste agus d'fhairinn an chos agat timpeall an
ghairdín,
Is ó chrann crann acu bhíodh ár siúl 's tú á n-ainmniú dhom.
Trí cinn déag des na crannaibh piorraí sin is deich ' chrannaibh
úll dom
Thugais, is daichead den tsraith chrann fige; agus róite na
bhfiniún,
Gheallais-se dhíobh leathchéad dom, is ráinigh chun aibithe a
shéasúr
Féinig ag gach uile ró, is bhíodh caortha ar gach dath ina
dtriopaill,
Do réir mar a leanadh an samhradh ó Shéas, is 'na meáchain
anuas díobh."
Sin é mar labhair, agus lagaigh an t-athair 'na chroí agus ina
ghlúine.
Ní fhéadfadh sé gan gach comhartha acu d'aithint a thug
Odaiséas dó.
Timpeall a mhic ródhílis do bhuail sé a lámha; lena bhaclainn
D'fháisc Odaiséas an fhadfhulaing an fear a bhí titithe i
bhfanntais.
Ach nuair mhúscaíl an mheabhair ann arís is go dtáinig a anáil
dó,
Fuair sé thar n-ais urlabhra agus dúirt ar an mball le hOdaiséas:

"A Athair na ndéithe! Ós cinnte gur beo fós déithe in Oilimpeas,
 Má hagraíodh ar an gcomplacht éilimh a dteallaireacht ghránna.
 Ach táim eaglach go bhfeicfeam go luath chugainn féin sara fada
 Sluaite na nlticéach fiain, is go raghfarr le scéala ar an mórthír
 D'fhonn gach cathair a bhuaireamh 's an slua Ceifilléineach a ghríosú."
 Dúirt ansin á fhreagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:
 "Glac misneach! Ná bíodh imshníomh mar gheall air a'd' chiapadh,
 A athair, ach téanam anois chun an tí atá láimh leis an úlloird.
 Tá Teilimiceas óg curtha romham agam 's aoire na muc méith
 Is aoire na mbó; d'ordaíos-sa don triúr acu béile do chóiriú."
 Tar éis labhartha amhlaidh le chéile chuadar anonn chun na cúirte,
 Is nuair shiúláíodh thar doras isteach in sa tseomra, d'airíodh
 Aoire na muc agus aoire na mbó is Teilimiceas rompu,
 Is mórán feola acu á gearradh agus fion dearglasrach á mheascadh.
 Fuair Laeirtéis na meanman móire ina thigh lena linn sin
 Ionlath ón Sicileach mná, agus líofaigh sí a chraiceann le hola
 Is ghaibh sí i gclóca ardálainn a chabhail; is tháinig Aitéine
 Láimh leis is d'oibrigh a draíocht agus mhaorgaigh sí aoire na ndaoine
 Is d'fhág níos mó is níos raimhre le feiscint é seachas mar bhíodh sé.
 Ghluais sé amach as an iomar, is b'éachtach thar meon lena mhac é
 Nuair bhí radharc aige ar a athair a dhealraigh le déithe na síre.
 D'ardaigh sé a ghuth leis an ionadh a tháinig go grod air is dúirt leis:
 "A athair, is cinnte gur chuir diacht éigin de dhéithe na síre
 Feabhas ar do ghné is ar do mhéid, is gur fearr a bhreathnaí
 dom ná cheana."
 Labhair Laeirtéis seanóir ardmheabhrach á fhreagairt is dúirt leis:
 "A Athair na ndéithe, a ard-Shéis, is, a Aitéine na bhfeart, is, a Apalló!
 Dá bhfaighinn neart ins na géaga seo inné sa chaisleán sin againne
 Faoi mar a bhí agam fadó, agus an slua Ceifilléineach a'm' leanúint

Nuair ghéill Néiriceas don bhfogha, dún láidir na faille ar an mórthír,
 Is dá bhfaighinn airm ar mo ghuaile le seasamh id' pháirt is mo bhuillí
 Cosanta a dhéanamh in éadan an chomplachta éilimh, is iomdha Fear acu a leagfainn ar lár is go líonfadh an t-áthas do chroise."
 B'in é mar bhíodh i gcaint is i gcomhrá milis le chéile.
 Nuair bhí a saothar chun deiridh ag an dtriúr 's gurbh ullamh don bhféasta,
 Shuíodh in ordú síos ar na stóil 's ar chathaoirreacha baclann.
 Bhíodh ag tabhairt faoin mbéile gan mhoill, agus tháinig i láthair
 Doilias aosta chun bídh agus fairis thainig a chlann mhac.
 D'fhágadar obair na ngort nuair d'imigh an Sicileach mná sin
 Doras amach 's gur ghlaoigh; ba í an tseanbhean an mháthair a thóg iad
 Is d'fhéachadh i ndiaidh an tseanóra go lách ó lagaigh na blianta é.
 Nuair bhí radharc acu san agus meabhrú maith ar Odaiséas,
 Stadadar, leath slí an tseomra, le halltacht. Dhírigh sé orthu
 Carúl muinteartha grinn agus fáilte, agus dúirt leis an ngasra:
 "Suigh, a sheanóir, chun do bhéile, agus cuiridh an taom anbhá dhíobh.
 Táimid faid gach 'n fhaid ag fanacht agus fonn chun bídh seo
 Orainn is sinne go hocrach sa tseomra is ag feitheamh go deo libh."
 Sin é mar dúirt; leath Doilias a ghéaga ar an mball agus rinne Sciúird faoi dhéin Odaiséis is phóg sé go dílis a ríostaí,
 Is d'ardaigh le líonrith is dúthracht a ghuth agus labhair agus dúirt leis:
 "D'fhillis, a chroí, faoi dheoidh, do réir mar ghuimisne go ndéanfá,
 Cé gurbh é sin an tsúil nár síleadh — na déithe do sheol thú.
 Móra dhuit, sláinte go bhfaighir, is go dtuga na déithe dhuit sonas!
 Aon ní amháin go mba mhaith liom a bheith cinnte dhe, is abair go fíor liom:
 ' Bhfuil Peanápla mheabhrach tar éis an dea-scéala do chloisint
 Cheana go bhfuilirse fillte, nó an gcuirfeamna teachtaire chuici?"
 Dúirt ansin á fhreagairt an laoch ilbheartach Odaiséas:

"Tá a fhios aici, a fhir chóir. Cad ab áil leat séirse ina thaobh san?"

Dúirt seisean amhlaidh, is shuigh an seanóir ar a stól chun an bhéile

D'imigh a chlann mhac suas chun an chlúlaoich iontaigh Odaiséas,

Is rinneadar fáilte a rá mar an gcéanna is a lámha do thógaint, Is taobh lena n-athair, le Doilias, shuíodar ansin ina n-ordú.

B'in é mar chóirigh an dream sin sa chúirt is mar chaitheadar béile.

Scaoilte sa chathair anois bhí Ráfla ina theachtaire mire, Is dúchinniúint aige is treascairt an chomplachta éilimh á hinsint. Agus ba ghearr go raibh sluaite as gach ard ag bailiú lena chéile, Is bhíodar le canrán 's caoineadh ar an dtaobh amuigh ' theaghlach Odaiséis.

Thugadar leo na coirp agus d'adhlaic gach treibh acu a mairbh. Iadsan a tháinig thar lear ó chathracha thall ar an mórthír, Síneadh in árthaí a gcoirp sin is sheol lucht iascaigh abhaile iad. D'imigh an slua tromchroíoch ina dhiaidh sin go láthair an aonaigh,

Agus ar bheith ann le chéile agus socraithe dhóibh ina gcruinniú,

D'éirigh an Prionsa Eoipéitéis 'na lár agus thosnaigh ar labhairt leo

Is cuimhniú géar ina cheann ar a mhac Antanús uasal, Eisean ba thúisce a bhí lámhachta ag an saigheadóir éachtach Odaiséas.

Shíl sé le linn a óráide na deora go fuíoch agus dúirt leo:

"Sin fear, a chairde, do rinne dúchoirthe ar an muintir Acaeach. D'ardaigh sé scoth na bhfear óg ón dtír leis thar lear 'na chuid árthaí;

Chaill sé na hárthaí céanna is an bhuíon chompánach a bhí aige. Mhairbh sé ar theacht dó thar n-ais plúr breá thiarnaí Cheifilléine.

Seo libh, anois, brostaídh, sara bhféadfaidh sé Piolas a tharraing. Nó chomh fada le hÉilis go bhfuil na hEipeigh ann i gceannas. Beidh ceann faoi orainn go deo má thugann sé an t-anam as seo leis.

Óir náireofar i measc gach a dtiocfaidh go brách ar an saol sinn, Dár neart uile má théann fuil ropairí a dhoirteadh do bhásaigh

Clann is deartháireacha linn; níor bheo liom mo bheatha ina dhiaidh sin.

B'fhearr liom go mór bás d'fháil 's a bheith áirithe ar shluaite na marbh.

Ach téanaídh, sara mbainfid tosach dinn 's seoladh thar lear uainn."

Labhair sé ag sileadh na ndeor agus chorraigh chun trua na hAcaeach.

Tháinig Meadón ina gcóngar 's an té ar bhronn déithe filíocht air

Ó chaisleán Odaiséis chomh luath is a scoireadh dá suan iad.

Sheasadar cruinn ina lár, is ar a raibh ann chuireadar alltacht.

Fear ardchéille Meadón, agus labhair sé ina measc agus dúirt leo:

"Éistidh lem' ghlór, a fheara Iticé an chlú; is é a deirim go cinnte,

Nár gan cúnamh na ndéithe do rinne Odaiséas gach a ndearna.

Chonaic mo shúilese dia des na déithibh a sheasaimh sa chomhrac

Láimh leis, 's a dhealraigh im' thuairim 'na ghné agus 'na thréithe le Meantór.

Uaireanta sheasadh an dia sin i bhfianaise an Taoisigh Odaiséas

Is thaibhsigh a bheith á spreagadh, agus uaireanta sciurdadh ag múscailt

Sceimhle sa chomplacht éilimh, a thit ann in imeall a chéile."

Labhair seisean amhlaidh, is fear ní raibh ann nár ghlasaigh le scanradh.

D'éirigh is labhair ina measc an seanóir clúchlama Halaiteirséis

Mac Mastóir, d'fhéach roimhe agus siar, murab ionann is iadsan,

Is rinne óráid lena mhuintir a chur ar a leas, agus dúirt leo:

"Éistidh anois le mo ghlórsa, a fheara dílse, agus lena leithéid seo:

Trín bhur meatacht féin is ea a tharla an obair chinniúnach.

Níor thoil libhse dom' réir 's do réir Mheantóir aoire na ndaoine

Clabhsúr d'fhógairt fadó leis an saol dícheille do ghnáthaigh

Bhur glann mhac, go raibh dúchoir le barr ceanndáine acu á déanamh;

Bhíodar ag reic gach ar shealbhaigh an Rí agus ag tabhairt easonóra

Dá mhnaoi chéile, agus creach ar a cheann ná tarraingeodh aon fhear."

Dúirt seisean amhlaidh, is suas ina seasamh le liúraigh 'na choinne
 Phreab níos mó ná a leath, ach d'fhan an chuid eile acu suite.
 Níor leo a thaitin dea-bhréithre an tseanóra; Eoipéitéis an duine
 A chreideadar; láithreach bhí gach fear acu in airm is in éide.
 Nuair bhí a gcabhlacha gafa go breá i gclúid lasrach an bhróinse,
 Chuadar le chéile ar an bpáirc mhóir fairsing ar sciorta na cathrach,
 Is thóg Eoipéitéis an ceannas le héagantacht éadrom a mheabhrach.
 Mheáigh sé treascairt a mhic féin d'agairt, ach is é a bhí i ndán dó,
 Druidim le ham na cinniúna is gan filleadh ón gcomhrac 'na bheathaidh.
 Dhírigh Aitéine in Oilimpeas ar Shéas mac Chronais is dúirt leis:
 "A athair na ndéithe, is, a mhic mhóir Chronais, a Thiarna na dtiarnaí,
 Freagair mo cheist agus nocht dom an ní atá folaithe i t'intinn:
 Abair an gcaithfidh a bheith ina choimheascar mhillteach 's 'na chogadh
 Eatarthu ar dtúis, nó ina chlár síochána agus muintearais láithreach?"
 Labhair lena iníon agus dúirt Séas Máistir na scamall a chruinniú:
 "Och, cén fáth dhuit, a iníon, á fhiafraí sin is a'm' cheistiú?
 Nach tú féinig a bheartaigh i t'intinn an cúrsa mar tharla,
 Filleadh Odaiséis ar a dhúchas is agairt a gcoirthe ar an ndream úd?
 Déan mar is toil leat a dhéanamh; ach molaim an réiteach is cóir liom.
 D'agair an Prionsa Odaiséas ar an gcomhlacht éilimh a mbearta;
 Clár síochána bunaítear le mionn; rialaíodh sé go deo iad;
 Ordaím féinig i ndearmad go ligid sin doirteadh fola
 Mac is dearthár; bídís síoch grách lena chéile mar bhídís
 Cheana, agus gaibhidís leor faid a mhairfid le saibhreas is síocháin."
 D'ordaigh sé amhlaidh d'Aitéine, is ba í a bhí fonnmhar chuige.
 Ghluais sí síos léi ar a fhocal 'na lasair ar bheannaibh Oilimpis.
 Nuair bhí sásamh a ndúla acu i dtigh Laeirtéis dá mbéile,
 Thosnaigh ar labhairt leo is dúirt laoch mór an fhadfhulaing Odaiséas:

"Téadh fear éigin amach agus féachadh an bhfuilid sin chugainne."
 Buachaill le Doilias d'éirigh 's phreab chun an dorais ar a ordú.
 Sheasaimh sé ar thairsing is chonaic ag druidim 'na gcóngar an tslua sin,
 Is labhair ar an mball de ghuth ard faoi líonrith is dúirt le hOdaiséas:
 "Táid 'nár gcóngar; is linn ár n-airm 's ár n-éide do ghlacadh."
 Dúirt, agus láithreach chuadar is ghaibheadar a gcabhlacha in éide,
 Triúr Odaiséis is é féin, agus seisear le Doilias aosta;
 Is ea, is fiú amháin Laeirtéis is Doilias féin, b'ina measc dóibh,
 Is níor mhór dóibh, dá léithe a locaí, saighdiúireacht a dhéanamh.
 Níor thúsce iad faoi airm is ag lonradh go gléigeal in éide,
 Ná a leath doirse a gcaisleáin 's ghluaisíodar ar shálaibh Odaiséis.
 Tháinig iníon Shéis mhóir ina gcóngar, Aitéine na súl glas,
 Is shamhlaigh a gné agus a guth, nuair bheannaigh sí dhóibhsean, le Meantór.
 Bhí, lena radhare, ardáthas ar laoch an fhadfhulaing Odaiséas,
 Is láithreach labhair agus dúirt lena mhac Teilimiceas dílis:
 "Measaim gur gearr, a mhic ó, go mbeidh caoi agat 'na lár san ar fhoghlaím,
 Nuair bheidh an éide dá tuargain is cé is fearr calmacht á thástáil,
 Gan smál náire do thabhairt ar na sinsir go mbíodh orthu romhatsa
 Barr bua ar laochra an domhain ' chionn gníomhartha fearúlachta is gaisce."
 Labhair Teilimiceas óg ardchiallmhar á fhreagairt is dúirt leis:
 "A athair, a chroí, bí ag faire, agus chífir, do réir mar a deirir,
 Planda den mheanmain atá ionam, ná déanfaidh do chine do náiriú."
 Sin é mar labhair. Líon bród Laeirtéis is dúirt sé de ghuth ard:
 "Áthasach liomsa ar an lá seo thar laethanta, a dhéithe na dílse!
 Mac liom is mac le mo mhac cé is fearr díobh d'fhéachaint le chéile."
 Tháinig Aitéine na súl glas in aice an tseanóra agus dúirt leis:
 "Achain, a rogha chompánaigh, 's, a mhic Aircéisias, cúnamh

Mhaighdean na súl glas is Séas Ardathair na ndéithe is na ndaoine,
 Is aimsigh do naimhde ina dhiaidh sin le spiara na scáthanna fada."
 Dúirt, agus líon a hanál d'ardmheanmain an seanduine cróga.
 Rinne sé guí dá réir ar iníon Shéis Athair na ndéithe,
 Is d'aimsigh 'na dhiaidh sin a naimhde le spiara na scáthanna fada,
 Is bhuaíl Eoipéitéis go cruinn trí chliathán bróinse a chafarra.
 Níor fhéad sin an dea-urchar a chosc, ach d'imigh an bior tríd,
 Is thit sé de phleist ar an dtalamh le fothrom arm agus éide.
 Luíodar chun catha isteach, Teilimiceas niamhrach 's Odaiséas,
 Is fuair lucht tosaigh a mbeara sa bhfeoil 'gus a gclaímhte.
 Sínní ar sheasaimh de naimhde ar an bhfód sin gan filleadh go brách dóibh,
 Murach Aitéine na súl glas, iníon Shéis Tiarna na scéithe
 D'éigh ar an slua de ghuth ard is gur choisc sí an coimheascar ag rá leo:
 "Éistidh, a fheara Iticé liomsa, agus stadaidh de chomhrac an chruatain,
 D'fhonn is go dtabharfar an treis gan doirteadh na fola chun réitigh."
 Labhair leo amhlaidh, an diabhean; ghlasaíodar san uile le scanradh,
 Is le racht eagla agus creatha do thit a gcuid arm ar an dtalamh
 Síos as a lámha nuair cloiseadh san aer fuaímh ghuth na bandé.
 Siar chun na cathrach leo gan uathu ach an t-anam a thabhairt leo.
 Ba é barr sceoin mar bhúir laoch mór an fhadfhulaing Odaiséas,
 Is chruinnigh é féin agus d'ionsaigh a naimhde mar fhiolar ag tuirling.
 Scaoil mac Chronais anuas caor bhrúideach 'na leith ar an uair sin,
 Is thit sí i bhfianaise iníon ghlas-súileach an Athar is treise.
 Labhair, nuair tharlaigh, Aitéine na súl glas is dúirt lena laoch geal:
 "Éist liom, a mhic Lacirtéis, a dhalta ilbheartaigh Odaiséas,
 Fóill ar do láimh agus téadh cogadh muintire láithreach chun deiridh,
 Sara mbeidh ardmhac Chronais in earraid leat, Séas leathanradharcach."

Labhair sí leis amhlaidh, Aitéine, agus ghéill sé le gairdeachas croí dhi.
 Clár síochána rinne faoi bhrí mhionn idir an dá thaobh,
 Pallas Aitéine na súl glas, iníon Shéis Tiarna na Scéithe,
 Is dealramh 'na gné agus 'na guth, mar thaibhsigh dá raibh ann, le Meantór.

Liosta Ainmneacha

(Tugtar leagan Laidine nó Béarla idir lúibíní i gcás ainmneacha traslitrithe. Is do na leathanaigh a fhreagraíocht na huimhreacha.)

A

Abhainn Dubh an Chaoite is an Chrá, 188
 Abhainn Fhíochmhar na Lasarachá Tine, 188
 Acaea (Achaea), xvi, 12, 16, 20, 23, 34-39, 54, 56, 58-59, 61, 128, 157, 197, 208, 210-211, 221, 256-257, 273, 321, 324, 330, 335, 338, 349, 363, 364, 386, 394, 426, 433-437
 Acaech (Achaean), xvi, 4, 8-10, 14, 18-20, 23, 27, 36, 39, 45-46, 58, 61, 67-68, 76, 80-81, 93, 128, 134, 144-145, 147, 149, 208-211, 221, 241, 243, 257, 262, 266, 278, 291, 293, 297, 302, 311, 320, 337, 348, 350-351, 392, 395, 398, 434, 448-449
 Acastas (Acastus), 260
 Achtairis (Achoris), 427
 Adrasta (Adreste), 53
 Acaas (Aias), xiv, 35, 68, 208, 210-211, 433
 Acaas (Aeacus), 208
 Acaia (Aeaea), 174, 193, 214, 224
 Acaiteis (Aeetes), 174, 217
 Aegae (Aegae), 96
 Aegastus (Aegisthus), xii, 2, 11, 38-42, 48, 205, 433, 436
 Acaia (Aeaeon), 148
 Acaiptias (Aegyptius), 16
 Acail, an (Aeolia), 169, 171
 Acaolus (Aeolus), xiii, 169, 171, 199, 430
 Aeson (Aeson), 200
 Aesopas (Asopus), 200
 Aetolach (Aetolian), 262
 Aetón (Aethon), 350
 Aetopach (Ethiopian), 1, 52, 92
 Acaidite (Aphrodite), xvi, 49, 58, 135, 137-139, 307, 369
 Agamamón (Agamemnon), xi, x, xii, xiv, xv, 2, 11, 37, 39, 40-41, 68-69, 71, 128, 157, 197, 205, 246, 250, 252, 266, 433, 436-437, 439
 Agalás (Agelaus), 379-380, 404, 407,

409-410, 412

Aichilléas (Achilles), xi, xiv, 35, 49, 93, 128, 208, 210-211, 433, 435-436
 Aifeideas (Aphedias), 444
 Aigéan, an t-, 174, 188, 191, 196, 214, 433
 Ailcipe (Alcippa), 53
 Ailcméine (Alcmene), 20, 200
 Ailféas (Alpheus), 49, 275
 Ailfiarás (Amphiaraus), 276-277
 Ailfióin (Amphion), 200-201
 Aincialas (Anchialus), 7, 15
 Ainnir, an, 81
 Aintiapa (Antiope), 200
 Aircéisias (Arceisius), 78, 255, 293, 442, 451
 Airéis (Ares), xvi, 130, 135-139, 145, 210, 256
 Airéite (Aretia), xiii, 115, 117-118, 121, 125, 141-142, 203, 233-234
 Airéiteas (Aretus), 46-47
 Airéitias (Aretias), 302, 343
 Airgibheach (Argive), xvi, 3, 22, 42, 55, 59, 93, 204, 208-209, 211, 276, 337, 435
 Airiadna (Ariadne), 202
 Áise Bheag, an, x
 Aisling, an, 433
 Aitéine (Athene), xii, xiv-xvi, 2-3, 5-8, 11, 13, 16, 20, 25-26, 30-32, 34, 37, 39, 40, 43-46, 48, 61, 68, 78-79, 81, 85, 96, 98, 100, 102, 104, 106, 109, 111-112, 113-117, 124, 133, 144-145, 159, 210, 213, 240, 242, 244-248, 256, 268, 276, 278, 294-299, 304, 308, 311, 319, 330, 334-336, 344, 346, 361, 366, 368-369, 382, 396, 407-411, 424, 427, 431, 432, 446, 450-453 *féach* Pallas
 Aitéine
 Aithin, an (Athens), 42, 115, 202
 Aitréas (Atreus), xi, 2, 37, 40, 50, 56, 60, 66, 69, 71, 157, 205, 206-207, 246, 265-266, 271, 311, 433-434, 436-437, 440

Aitréideach (Atreidae), 36-37, 41-42, 49, 51, 54-55, 93, 247, 268, 270, 272-273, 309, 350, 436
 Alabas (Alybas), 444
 Alachtór (Alecto), 49
 Alcamas (Alcimus), 408
 Alcandra (Alcandre), 53
 Alcanús (Alcinous), xiii, 101, 106-111, 113, 115-121, 123-131, 134-135, 139-141, 143, 145, 147, 203-204, 231-234, 237
 Alcmaeón (Alcmaeon), 277
 Alóeas (Aloeus), 202
 Amfaitrite (Amphitrite), 97, 217-218
 Amfalacas (Amphilochus), 277
 Amfamadón (Amphimedon), xv, 409-410, 436-437
 Amfanamas (Amphinomus), 301-303, 332, 342-344, 376, 403
 Amfaité (Amphithee), 359
 Amfaitríon (Amphitryon), 200
 Amatióin (Amythaon), 200
 Amnasas (Amnisus), 351
 Andraemón (Andraimon), 266
 Antaclas (Anticlus), 59
 Antafaitéis (Antiphates), 173, 177, 276
 Antafas (Antiphus), 17, 308
 Antaicia (Anticleia), xiv, 194
 Antalacas (Antilochus), 35, 56, 208, 433
 Antanús (Antinous), xiv-xv, 14, 19, 27, 73-78, 115, 301, 303, 319-320, 322-324, 329-332, 338-339, 377, 385, 387-389, 392-394, 399, 401, 439, 448
 Antioghóine, viii
 Apalló (Apollo), 41, 61, 106, 115, 124, 134, 138, 144, 154, 276, 283, 287, 311, 336, 347, 376, 392, 395-396, 399, 446
 Arabas (Arybas), 283
 Aratúsa (Aretusa), 247
 Argas (Argus), xvi, 2-3, 12, 38, 40-41, 52, 55, 70, 76, 80, 83-84, 87, 117, 138, 180-181, 208-209, 271, 276-278, 310, 317, 337, 386, 426, 434, 436
 Argó, 217
 Arnacas (Arnaeus), 328
 Áróra (Aurora), 56, 81, 86, 96, 102, 150, 175, 189, 214, 220, 267, 270, 277, 286, 340, 356, 370, 427, 431
 Artacia (Artacie), 173
 Artaimis (Artemis), xvi, 53, 86, 104, 106, 197-198, 202, 283, 285, 307, 335, 346, 369-370
 Asfadal (Asphodel), 210, 211

Asfaióin (Asphalion), 57
 Astairis (Asteris), 81
 Ataca (Attice), 41
 Átainé (Autonoe), 335
 Átalacas (Autolycus), 194, 358-361, 390, 445
 Atlas (Atlas), 2, 121

B

Baile Átha Cliath, iii, viii-ix, xviii
 Bhé, an, 1, 128, 144, 297, 434-435
 Beaginis, 152
 Béar Mór, an, 92
 Bóidhiteas (Boetus), 271, 273
 Bóidhiteis (Bootes) 91
 Bóthar na Trá, iii
 Breatnach, Colm, xix
 Bhruinneal, an, 313

C

Cacónach (Cauconian), 44
 Cadmas (Cadmos), 94, 200
 Calicis (Chalcis), 278
 Calapsó (Calypso), xii-xiii, 1, 70, 82, 84-85, 88-92, 94-95, 121-122, 142, 148, 231, 311, 430
 Caraidís (Charybdis), xiv, 218, 223-224, 230-231, 430
 Carlow, iv
 Charraig, an, 263
 Carraig an Chabha, 268
 Carraig an Phréacháin, 247
 Carraig an Tobair, viii
 Charraig Bhán, an, 433
 Cartlann an Cholaiste Ollscoile, BÁC, ix, xviii
 Casandra (Cassandra), xi, 206
 Castór (Castor), 255
 Céachta, an, 92
 Ceifilléine (Cephalenia), 448
 Ceifilléineach (Cephalenian), 375, 446
 Ceintéar (Centaurus), 393-394
 Céiteach (Cetian), 210
 Cias (Chios), 38
 Cicmeach (Cicones), xiii, 149-150, 153, 430
 Cilléineach (Cyllenian), 432
 Cimireach (Cimmerian), 191
 Cioclópach (Cyclops), xiii, xvi, 3, 17, 100, 120, 151-153, 158-161, 163-164, 166-168, 177, 185, 222, 367, 430
 Ciodóinia (Cydonia), 42
 Ciodónach (Cydonian), 350

- Cipir (Cyprus), 52, 139, 321-322
 Circe (Circe), xiii, 142, 175, 177-187, 189-193, 214-216, 220, 223-225, 430
 Citéire (Cythera), 136, 150, 335
 Citésias (Ctesius), 283
 Citimine (Ctimene), 281
 Cléiteas (Cleitus), 277
 Climin (Clymenus), 47
 Climiné (Clymena), 202
 Clotaemnéistre (Clytaemnestra), xii, 41, 206-207
 Clitias (Clytus), 287, 300
 Clitinéas (Clytoneus), 130
 Clocha Fáin, xiv *féach* Fochaisí Fáin, na
 Clóiris (Chloris), 201
 Cluain Life, viii
 Cnoc Pharnáis, 445, *féach* Parnás
 Cnósas (Cnossus), 350
 Comhairleoir, an, 299
 Coláiste Charraig an Tobair, viii
 Coláiste Iognáid, viii
 Coláiste na Croise Naofa, viii
 Coláiste Ollscoile na Gaillimhe, viii
 Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, viii
 Corcaigh, ix
 Cornille, viii
 Cósta Aeigéach, an, x
 Crataes (Cratais), 219
 Chrét, an (Crete), 38, 42, 202, 241, 255, 257, 259, 262, 290, 324, 350, 351
 Créatach (Cretan), xiv, 255, 350
 Créteas (Cretheus), 199-200
 Créón (Creon), 200
 Críost, x, xvi
 Croimias (Chromius), 201
 Cronas (Cronos), xv, 2, 3, 14, 35-36, 56, 75, 170, 213, 229, 232, 255, 259, 263, 299, 321, 342, 347, 375, 377, 386, 398, 401, 450, 452
 Crúnach (Crouni), 278
 Cú Ifrinn, 213
- D
 Damastór (Damastor), 379, 410, 407
 Danach (Danaan), xvi
 Dante, viii
 Deamhna na Stoirm, 369
 de Bhailis, Máirtín, SJ, viii
 de Brún, Pádraig, an Monsignor, ii, iii, viii, x, xvii, xviii-xix
 Déifibeas (Deiphobus), 59, 145
 Deilís (Delphi), 128, 212
 Déiméitéir (Demeter), 86, 321
 Déimídiceas (Demodocus), 127, 129, 135, 139, 143-144, 146, 232
 Déileas (Delos), 106
 Déimptilimeas (Demoptolemus), 409-410
 Deocailón (Deucalion), 350
 Dia (Dia), 202
 Diaicléis (Diocles), 49, 274
 Diaiméid (Diomedes), 38
 Diaiméideis (Diomedes), 37
 Dianásas (Dionysus), 202, 435
 Dódóna (Dodona), 260, 355
 Doilias (Dolius), 77, 314, 340, 447-448, 451
 Doirseoir, an, 201
 Domhan, an, 212
 Domhanchlann, an, 124
 Domhan Thíos, an, 188, 192, 201
 Dórach (Dorian), 350
 Dulaiciam (Dulichium), 9, 148, 260, 263, 293, 297, 302, 332, 344, 348, 355
 Dimeas (Dymas), 101
 Dumhach Thrá, iii
- E
 Éacailia (Oechalia), 134
 Eachtar (Hector), xi
 Éadapús (Oedipus), viii, 200
 Éanaps (Oenops), 387
 Earcail (Hercules), 134, 200, 212, 383
 Éatópach, xiii, 1, 52, 92
 Eiceafón (Echephron), 46, 47
 Eicinéas (Echeneus), 118, 203
 Eiciteas (Echetus), 332, 394
 Éicléis (Oicles), 276
 Éidite (Eidothee), 62
 Eifialtéis (Ephialtes), 202
 Eifire (Ephyre), 9, 28
 Éigipt, an (Egypt), 42, 52-53, 57, 62, 67, 257-258, 321-322
 Éigipteach (Egyptian), 63, 258-259, 321
 Éileitia (Eileithyie), 351
 Éilis (Elis), 73, 241, 278, 395, 448
 Éiliseach (Elysian), 70
 Éiliteas (Elatas), 410
 Eilpéanór (Elpenor), 189, 192, 214
 Einipéas (Enipeus), 199
 Eipéach (Epeian), 241, 278, 448
 Eipéas (Epeius), 144, 210
 Eipéiríteas (Eperitus), 444
 Eipiciste (Epicaste), 200
 Éipiteas (Epirus), 113
 Éire, viii

- Eiribeas (Erebus), 188, 192, 211, 217
 Eirictéas (Erechtheus), 115
 Eirifile (Eriphyle), 202
 Eirimbeach (Erempi), 52
 Eiteonas (Eteonoss), 50, 271
 Eoibé (Euboea), 38, 124
 Eoéanór (Euenor), 24, 411
 Eoiméileas (Eumelus), 79
 Eointéis (Euanthes), 154
 Eoipéitéis (Eupheithes), 14, 74, 301, 323, 338, 377, 387, 392, 448, 450, 452
 Eomaeas (Eumaeus), iv, 250, 252, 254, 260, 264-265, 267, 279-280, 282, 285, 288, 290-291, 293-294, 305, 313, 315, 317, 319, 324, 326, 373, 376, 385, 390-391, 397, 405, 407, 410
 Eoirialas (Euryalus), 130-131, 140
 Eorabaitéis (Eurybates), 353
 Eoradamas (Eurydamas), 339, 410
 Eoraidéis (Euryades), 410
 Eoraicia (Eurycia), xiv-xv, 15, 29, 77, 307, 344-345, 357-358, 362, 371-372, 397, 414-415, 417-421, 425
 Eoraidice (Eurydice), 47
 Eoraimeadúsa (Eurymedusa), 113
 Eoraiteas (Eurytus), 134, 382, 383
 Eoraitiún (Eurytion), 393
 Eoralacas (Eurylochus), 177-179, 185-186, 191, 222, 225, 227
 Eoram (Eurytus), 167
 Eoramacas (Eurymachus), iv, 14-15, 22-23, 73, 268, 287, 301, 304, 315, 330, 337, 339-342, 380-381, 389, 391-395, 401-402
 Eoramadón (Eurymedon), 115, 410
 Eoramantas (Eurymanthus), 104
 Eoranaime (Eurynome), 323, 334, 347, 424, 429, 366
 Eoramas (Eurynomus), 17, 409
 Eorapalas (Eurypylus), 210
- F
 Faea (Phea), 278
 Faedamas (Phaedimus), 72, 272
 Faedra (Phaedra), 202
 Faedhicé (Phaece), 92, 101, 104, 109-114, 117, 139-142, 203, 237-239, 242-243
 Faedhicéach (Phaeacian), xiii, xiv, 82, 94, 96, 100, 107-108, 111, 115-116, 118-119, 126, 129-130, 132-133, 135, 140, 145, 203, 232, 236-239, 243, 245, 297, 354, 431
 Faestas (Phaestus), 42
 Faetón (Phaethon), 427
 Faetúsa (Phaethusa), 219
 Fánaithe, na, 217 *féach* Clocha Fáin, na
 Fochaisí Fáin, na
 Faraire, an, 117
 Faras (Pharos), 62
 Féadón (Pheidon)
 Fathach, an, 115, 120
 Féabas Apalló (Phoebus Apollo), xvi, 128, 154, 277
 Fearae (Pher(a)e), 49, 79, 274
 Féimias (Pheimius), 6, 12, 315, 412
 Féinice (Phoenice), 52
 Féiniceach (Pheonician), 241, 259, 283, 285
 Feiréis (Pheres), 200
 Filceach (Phylac), 33
 Filéitias (Philoctetus), 374, 376, 391, 397, 413
 Filice (Phylace), 201, 276
 Filictéitéis (Philoctetes), 38, 134, 374
 Filiméileidéis (Philomelides), 61, 311
 Fióló (Phylo), 53-54
 Fitia (Phthia), 209
 Fochaisí Fáin, na, 430 *féach* Clocha Fáin, na
 Foircis (Phorcys), 3, 235, 244
 Froinias (Phronius), 30, 73
 Frontais Oinéatóir (Phrontis Onetor), 42
- G
 Gabha Oilimpis, 136, 139
 Gaillimh, viii, ix, x
 Gearacstas (Geraestus), 38
 Geataí na hAislinge, 80
 Giorae (Gyrae), 68
 Glaschú, xvii
 Gorgó (Gorgo), 214
 Goirtin, 42
 Göttingen, viii
 Grása, na, 101, 139, 335
 Gráinseach Mhóicléir, viii
 Ghréig, an, xi, xvi, 20
 Gréagach, x, xi, xiii, xvi
 Ghrian, an, 64, 226, 228, 433
- H
 Háidéas (Hades), xv, xvi, 46, 57, 81, 101, 168, 187-190, 192, 193, 196, 198, 206, 208, 211, 213-215, 228, 254, 256, 280, 374, 428, 440, 442
 Halas, 130

Halatairséis (Halitherses), 22, 25, 308, 449
 Héphaestas (Hephaestus), xvi, 72, 109,
 116, 135-139, 272, 424, 435
 Héibe (Hebe), 213
 Hélias (Helios), xiii-xiv, 1, 136-137, 139,
 174, 194, 219, 221, 224-225, 229, 354,
 430
 Héilin (Helen), xi, xiii, 49, 53-55, 57,
 59-60, 70, 250, 270, 272, 274, 310,
 408, 426
 Héilleas (Hellas), xvi, 12, 76, 80, 209, 271
 Heilléanach (Hellenic), xvi
 Heilléaspont (Hellespontus), 435
 Héire (Hera), 68, 143, 213, 217, 272, 274,
 369
 Heirméis (Hermes), xii-xiii, xv-xvi, 2,
 82-84, 89, 138, 179-180, 213, 229,
 264, 279, 305, 358, 432-433
 Heirmíóna (Hermione), 49
 Hipidímia (Hippodameia), 335
 Hipiréise (Hiperesie), 277
 Hipiría (Hyperia), 100
 Hipiteas (Hippotas), 169, 171
 Hoiméar, viii, x-xii, xv-xvii
 Húlaics (Hylax), 255

I

Iardan (Iardanus), 42
 Iarthar, an t-, x
 Iásan (Iason), 86, 217
 Iasas (Iasus), 201
 Icmúlias (Icmalius), 346
 Icireas (Icarus), 12, 18, 21, 79, 207, 304,
 326, 334-335, 337-338, 358, 364, 382,
 394, 440
 Ídiminéis (Idomeneus), 241
 Íficléas (Iphiclus), 201
 Ífimidia (Iphimedeia), 202
 Ífigéine, viii
 Ífiteas (Iphitus), 382-383
 Ífítime (Iphthime), 79
 Íliam (Ilium), x, 144, 147, 149, 194, 197,
 241, 243, 337, 351
 Íleas (Ilus), 9
 Ínis, an, 235
 Ínis Hélias, 224
 Ínis na dTri mBeann, 354
 Ínis na Siréanaí, 221
 Iognáid Naofa, viii
 Íolcas (Iolcus), 200
 Íonó (Ino), 94, 99
 Íónach (Ionic), 337
 Íosa Críost, viii

Íreas (Irus), xiv, 329-331, 337, 340, 342
 Ísmíreas (Ismarus), xiii, 149, 154
 Íticé (Ithaca), xi-xiv, 1, 6, 9, 14, 16-17,
 22, 24-25, 55, 70, 72, 74, 81, 148,
 167-168, 185-186, 188, 191, 196, 204,
 208, 227, 235-236, 239, 241, 252, 255,
 260-261, 269-273, 285, 287, 290, 297,
 300, 349, 355, 358, 383, 386, 392, 395,
 400-401, 408, 436, 442, 449, 452
 Íticéach (Ithacan), 446
 Íticeas (Itacus), 313
 Ítleas (Itylus), 363

L

Lá, an 427
 Lacadaemón (Lacadaemon), 43, 49, 60,
 76, 82, 247-248, 268, 310
 Laicircéis (Laerces), 47
 Lacirtéis (Lacirtes), xiv-xv, 7, 15, 19, 53,
 70, 77, 89, 126, 148, 167-168, 184,
 186-188, 193-194, 205, 213, 228, 245,
 248, 254, 265-266, 281, 285, 292-294,
 299, 305, 311, 319, 328, 341, 349-350,
 353, 356, 365, 377, 392, 406-407, 412,
 437, 440, 442, 445-446, 450-452
 Laestragóine (Laestrygon), 430
 Laestragónach (Laestrygonian), xiii,
 172-174, 177
 Lampaitia (Lampetie), 219, 228
 Lampas (Lampus), 427
 Lamas (Lamus), 172
 Laodamas (Laodamos), 119, 130-131,
 133, 139
 Lapatach (Lapithae), 393
 Léacratas (Leocritus), 24, 410
 Lear, 130
 Léató (Leto), 104, 202, 212
 Léide (Leda), 201
 Léimneas (Lemnos), 136
 Leisbeas (Lesbos), 38, 61, 311
 Leocaité (Leucothea), 94-95
 Leoidéis (Leoides), 388, 411-412
 Libia (Libya), 52, 259
 Lóbas, 385
 Lóchaint, 407
 Luath-Chos mac Dréimire Loinge
 (Thoon), 130

M

Mac an Bheatha, Proinsias, viii-ix, xix
 Mac an Ghoib (Proreus), 130
 Mac an Mharai (Nauteus), 130
 Mhac an tSaoi, Máire, iii, ix, xix

Mac Bord Árthaigh (Anchialus), 130
 Mac Cóil, Liam, xix
 Mac Con Mara (Ocealus), 129
 Mac Giolla Céasla (Elatreus), 129-130
 Mac Giolla Crainn (Acroncos), 129
 Mac Gilleathain, Iain, xvii
 Mac Liam, Tomás, xix
 Mac Mathúna, Séamas, xix
 Mac na Cinniúna, 276, 323
 Mac Ólaí, 130
 Mac Rámhaí (Eretmeus), 130
 Mac Stiúrach (Prymneus), 130
 Mac Tomáis, Seoirse, ix
 Maca (Maia), 264
 Maera (Maera), 202
 Mhaidin, an, 16, 46, 65, 71, 90, 101, 125,
 153, 159, 164, 169, 176, 232, 275, 360
 Maigh Nuad, viii
 Mailia (Malea), 42, 68, 150, 351
 Maintias (Mantius), 276, 277
 Maol mac Lir, 130
 Marón (Maron), 154
 Maratón (Marathon), 115
 Mastór (Mastor), 22, 449
 Meadón (Medon), 75-76, 297, 303, 312,
 413, 449
 Meamnón (Memnon), 210
 Meantór (Mentor), 24-25, 30, 32, 40, 74,
 308, 407-409, 449, 453
 Measáilias (Mesaulios), 265
 Meigipintéis (Megapenthes), 49, 272
 Meigire (Megara), 200
 Meileampús (Melampus), 201, 276
 Meileantó (Melantho), xiv, 340, 346
 Meilínéas (Melaneus), 14, 436
 Meilintéas (Melantheus), xiv, 314-315,
 319
 Meilintias (Melanthius), 373, 376, 389,
 392, 404-407, 417
 Meinealás (Menelaos), xi, xiii, 10, 13,
 37-38, 40-43, 49-51, 53-57, 59-61, 70,
 72, 145, 207, 247, 265, 268, 270,
 272-275, 309-311, 437
 Meincétiás (Menoetius), 435
 Meintéis (Mentes), 4
 Meirmir (Mermerus), 9
 Meiscéine (Messene), 382
 Meiscéineach (Messenian), 382
 Micéanae, 42
 Micéine (Mycena), 20, 386
 Midheach, Maitiú, SJ, viii
 Mimeas (Mimas), 38
 Miniach (Minyae), 201

Mionós (Minos), 202, 211, 324, 350
 Mirmideon (Myrmidon), 38, 49
 Mirmideonach (Myrmidian), 209
 Mná na Cinniúna, 276, 323 365, 369
 Móinéar Asfadaíl, 211, 433
 Molláí, 180
 Múlias (Mulius), 344
 Mhuir Acigéach, an, x

N

Nábalas (Naubolus), 130
 Naera (Neaera), 219
 Náfuilaon (nach bhfuil aon), 161-163, 165
 Náiaida (Naiadaí), 235, 244, 245
 Naoi mBeithe na ndán, 434
 Násacá (Nausicaa), xiii, 101-102, 104,
 107, 110-111, 113, 143
 Násatús (Nausithous), 100, 115, 146
 Neastór (Nestor), xi-xiii, 10, 32, 34-35,
 39-41, 44-48, 50-51, 54-56, 60, 67,
 209, 268-269, 273-275, 310, 434
 Nēamón (Noemon), 30, 73-74
 Néian (Neion), 7, 34
 Néiléas (Neleus), 31, 34, 39-40, 46,
 200-201, 276
 Néiriceas (Nericus), 447
 Néiritas (Neritus), 148, 244, 313
 Neoptolamas (Neoptolemus), 209
 Níle, an (Nile), 62, 67, 258, 321
 Nímlí, na (Nymphí), 226, 235, 245, 264

O

Ó Baoighealláin, an tAth., viii
 Ó Ceallaigh, Pádraig, SJ, viii
 Ó Coigligh, Ciarán, iii-iv
 Ó Coindealbháin, Máire Ní
 Choindealbháin, ix
 Ó Conaire, Rhóda Uí Chonaire, iv
 Odaiséas (Odys(s)eus), xi-xv, 1-5, 7-9,
 13-14, 16-19, 22, 24-26, 28-31, 34,
 35-37, 39, 44, 46, 53-54, 58-59, 61, 73,
 75-79, 81-82, 84, 87-92, 94-96,
 98-100, 104-106, 108-110, 112-115,
 117-119, 121, 124-125, 128-129,
 132-133, 135, 140-145, 147-148,
 167-168, 172, 178, 181, 183-185, 194,
 198, 203-205, 207-208, 213, 217-218,
 221, 225, 228, 231, 234-236, 238,
 240-241, 243-255, 260-262, 264-268,
 270, 273-274, 277, 279-280, 282, 285,
 287-296, 298-300, 304-307, 309,
 311-313, 315-320, 322, 324, 328-330,
 332, 337-338, 340-361, 364-366, 368,

- 370-371, 373-379, 381-383, 385-394,
396-423, 425-428, 430-432, 436-441,
444-452
Ó Dúláine, Connla, SJ, viii, xix
Ó Fearghail, Aindrias, SJ, viii
Ógaigia (Ogyge), xii-xiv, 3, 107, 121,
231, 430
Ó hÉigearthaigh, Seán, ix-x
Ó hÉigearthaigh, Brighid Uí Éigearthaigh,
ix
Oiche, an, 427
Oileáin na mBéar, 278
Oílimp(eas) (Olympus), 2, 4, 45, 51, 55,
67, 86, 102, 109, 121, 136, 138, 180,
202, 213, 227, 229, 263, 269, 308, 334,
345, 368-370, 424, 446, 450
Oílimpeach (Olympian), xi, xv-xvi, 76,
136, 236, 287, 423
Oileas (Oileus), 68
Oinéatór (Onetor), 42
Ó Lúing, Seán, xix
Óps, 15, 28, 372
Oraistéis (Orestes), 2, 11, 42, 69, 207
Orcamanas (Orchomenus), 201, 207,
Óiríón (Orion), 86, 92, 202, 211,
Ollscoil Ghöttingen, viii
Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, viii
Ó Mealláin, Seán, an tAth., xi
Orsalacas (Orsilochus), 241, 275
Ortaigia (Ortygia), 86, 282
Ortalacas (Ortilochus), 49, 382
Osa, 202
Ótas (Otus), 202
- P**
Pádraig Naofa, viii
Pallas Aitéine (Pallas Athene), xvi, 5, 9,
12, 30, 32-33, 36, 45, 59, 80, 109,
113-114, 126, 236, 238, 241-242, 245,
268, 294, 299, 305, 341, 345, 377, 380
Páca (Paeon), 57
Pafas (Paphos), 139
Pandar (Pandareus), 363, 369
Panaipéas (Panopeus), 212
Páras (Paris), viii, xi
Parnás (Parnassus), 358-361, 390, 445
Patraclás (Patroclus), 35, 208, 433, 435
Peanaípla (Penelope), xii-xvi, 8, 12, 20, 26,
53, 76, 78-80, 89, 207, 246, 254, 262,
269, 279, 293, 299-300, 303-305, 307,
309, 312, 320, 323-325, 334, 337-338,
340, 346-348, 355, 357-358, 361, 363,
365-366, 382, 388, 394-395, 415,
418-422, 425, 428-429, 440, 443, 447
Péaraeas (Peiraeus), 287, 308-309, 381
Péaró (Pero), 201
Péasandar (Peisandros), 339, 409-410,
Péiléas (Peleus), 128, 202, 209, 211, 433,
434
Peileasgach (Pelagias), 350
Péileideach (Peledian), 433
Péilian (Pelion), 202
Peilias (Pelias), 200
Peiribé (Periboea), 115
Peiriclimineas (Periclymenus), 201
Peirse (Perse), 174
Peirseas (Perseus), 46-47
Peirsifine (Persephone), xvi, 187-190,
192, 198-199, 205, 214
Péiseánór (Peisenor), 15, 17, 28, 372
Peisistriteas (Peisistratus), 33, 46, 48, 54,
269, 273-274
Péiléas (Peleus), 128, 200, 208-209, 211,
433-434
Peiriméidéis (Perimedes), 191, 222
Péiritiús (Peirithous), 214, 393
Piolas (Pylos), xii, 4, 10, 23, 27-29, 31,
32, 72-74, 76, 82, 200-201, 207, 241,
254, 269, 275, 276, 287, 289, 293, 300,
307, 310, 386, 438, 448
Píria (Pieria), 83
Plútarc, viii
Poiséadón (Poseidon), xii-xiii, xvi, 1, 3,
32-33, 38, 43, 63, 68, 94-95, 98, 110,
115, 122, 137-139, 146, 158, 163, 168,
195, 200, 205, 237-238, 244, 427, 429,
436
Polab(as) (Polybus), 14, 22, 53, 139,
409-410, 287, 301, 304, 341, 380, 394
Poladamna (Polydamna), 57
Polacasta (Polycaste), 48
Polachtór (Polyctor), 313, 339
Polaideicéis (Polydeuces), 201
Polaiféamas (Polyphemus), xii, xvi, 3,
163, 165, 194
Polaiféidéis (Polyphides), 277
Polaipéamón (Polypemon), 444
Polaitéis (Polites), 177
Polatairséis (Polyterses), 410
Polainéicéis (Polynices), 202
Polla, an, 92
Pontanús (Pontonous), 119, 128, 233
Priam(as) (Priam(us)), xi, 35-36, 206, 210,
243, 257, 408

- Praimniach (Pramnian), 178
Proicris (Procris), 202
Próitéas (Proteus), xiii, 62, 63
R
Racine, viii
Radamantas (Rhadamanthus), 70, 124
Ráfla, 448
Réatran (Reithron), 7
Réicséanór (Rhexenor), 115, 118
Ribhéar, an, 98
Rieu, E.V., xvii
- S**
Sacantas (Zacynthos), 9, 148, 297, 349
Salmóinéas (Salmoneus), 199
Sama(s) (Sama(s)), 9, 74, 81, 148, 269,
281, 293, 297, 347-348, 377
Saor Loingse, 130
Sceiria (Sceria), xiii, 82, 101, 115, 237
Scille (Scylla), xiv, 217-218, 223-224,
226, 230-231, 430
Scireas (Scyros), 209
Séiteas (Zethus), 200, 263
Séas (Zeus), xi, xiii-xvi, 1, 2, 13-14, 21,
26, 31, 33, 36-37, 42-45, 48, 50-51, 55,
57, 61, 63, 67, 71, 78, 81, 85-87, 89,
93, 97, 104, 106-109, 112-114,
118-119, 121-122, 124-125, 128,
137-138, 142-144, 149, 150-153,
157-158, 161, 163, 166, 169, 199,
200-201, 206, 211-213, 226, 228, 230,
232-233, 237-239, 241-243, 245,
250-252, 254, 257-260, 262-265, 272,
274, 276, 280-281, 285, 287-293,
299-300, 303, 308, 311, 315, 318, 321,
336, 338, 350, 355, 357, 368-371,
374-375, 377, 380, 383, 386, 390, 398,
407, 409, 426, 430-431, 434, 436, 439,
445, 450-453
Séicspéir (Shakespeare), viii
Sicil, an t-, (Sicilia), 381, 440, 444
Sicileach (Sicilian), 446-447
Sintiach (Sintious), 136
Síodóin (Sidonia), 72, 242, 283
Síodónach (Sidonian), 52
Síreanáil (Sirenes), xiv, 216, 220-222, 430
Siria (Syria), 38, 282
Sisifeas (Sisyphus), 212
Sofóicléas, viii
Solama (Solyma), 92
Sowerly, Robin, xvii
Sparta (Sparta), xi, xiii, 4, 10, 23, 28-29,
49, 207, 247
- Spartach (Spartan), 201
Spioraidí na Stoirmne, 369
Sráid Oilibhéir Pluincéid, Corcaigh, ix
Sruth an Aigéin Mhoir, 214
Steifir (Zephyr), 64, 117, 170
Stéisipeas (Ctesippus), xv, 378, 410
Stiocs (Styx), 88, 188
Straitias (Stratius), 46-47
Stocán, an, 188
Súil Ghlas, 246
Súiniam (Sunium), 41
- T**
Tafach (Taphian), 4, 7, 15, 265, 283
Taigeatas (Taigetis), 104
Talamh na Scáth, 176
Tantalas (Tantalus), 212
Teach Mhanresa, viii
Teaspróite (Thesprotia), 26, 304
Teasprótach (Thesprotian), 260, 290,
354-355
Téibeach (Theban), 190, 196, 208, 430
Téibhe (Thebes), 53, 200, 277
Teileamón (Telemon), 210-211
Téilifeas (Telephus), 210
Téilim (Telemus), 167
Teilmiceas (Telemachus), xii-xv, 4-6, 8,
11-15, 19, 20-21, 23, 25, 27-32, 34, 39,
40, 44, 46-48, 50-51, 53-55, 57, 59-60,
71, 73-74, 76, 81-82, 197, 247, 254,
268-278, 286-292, 295-298, 300-301,
303-310, 312, 315, 317-318, 320,
323-325, 330, 334, 336, 340, 343,
343-345, 347, 356, 371-372, 376-381,
386-387, 390, 395-399, 403, 405,
410-417, 419-420, 422-423, 429, 432,
438-439, 446, 451, 452
Téilipéas (Telepylus), 172, 430
Teimise (Temesa), 7
Teinideas (Tenedos), 37
Téirisias (Teiresias), xiii, 187-188, 190,
192, 194, 196, 208, 224, 428, 430
Teirpias (Terpius), 412
Téiseas (Theseus), 202, 214
Teoiclimineas (Teoclymenus), xv, 277,
278, 286-287, 311, 380-381
Thomson, Katharine, ix, xix
Tidéas (Tydeus), 38, 59
Tindiréas (Tyndareus), 201, 440,
Tiobraid Árann, viii
Tioró (Tyro), 20, 199
Tiotónas (Titonus), 81
Tír lucht lótais a chaitheamh, 150

- Tír na dTafach, 7, 15
 Tistéis (Thyestes), 68
 Títas (Tityos), 124, 212, 210
 Tódhas (Thoas), 266
 Tódhósa (Thoosa), 3
 Tón (Thon), 57
 Traí, an (Troy), x-xiii, 1, 3, 8-9, 12-13, 16, 34-35, 39, 41, 49, 52, 54, 58-59, 61-67, 82, 93, 128, 134, 144, 145, 147, 149, 157, 170-171, 181, 196, 204, 208-210, 221, 241, 246, 250, 256-257, 262, 265, 273, 309-310, 317, 337-338, 351, 353, 366, 383, 400, 408, 419, 430, 433-434
 Traíánach (Trojan), 59, 210 *féach* Traíoch
 Traícia (Thrace), 139
 Traíoch, xi, xiii *féach* Traíánach
 Trasaiméidéis (Thrasymedes), 33, 46-47
 Treighdín (Triad/Pleiads), 91
 Trínicia (Trinacia), xiv, 194, 219
 Triúr, 120

Tá aistriúchán an Mhonsignor de Brún ar cheann de na saothair Ghaeilge is cúasaí agus is tarraingtí. Tá fineáilteacht agus fileatas as cuimse ag roinnt leis. Ba dheacair cuimhneamh ar aon phíosa Gaeilge dá fhad atá chomh hinféite agus ag an am céanna a léiríonn acmhainn teanga chomh suntasach. Ar deireadh thiar is é gaisce an Mhonsignor de Brún gur éirigh leis aistriúchán atá chomh dúchasach sin ar leibhéal na teanga a chumadh gur comaoin *An Odaisé* ar litríocht laochais na Gaeilge a mbaintear a oiread taitnimh aisti agus a bhaintear as scéalaíocht na Ríthe, an Rúsaíocht, agus an Fhiannaíocht, leith ar leith. Is curadhmhír feasta *An Odaisé* i gcoire feasta na litríochta dúchasai.

Nuair a dhéanfar athmhéas ar litríocht na 20ú haoise aithneofar an Monsignor de Brún mar mháistir ar an teanga agus mar fhile ríchumasach. Is é an trua é a oiread sin de sheoda liteartha an Bhrúnaigh a bheith ag bailiú deanaigh i gCartlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Nára fada go bhfeictear déantúis liteartha uilig an fhile agus an scoláire rídhúthrachtaigh seo i gcló i bhfoirm leabhair.

£10

KG
£10.00



Coiscéim, 127 Bóthar na Trá, Dumbach Thrá, Baile Átha Cliath 4